

Ceachtanna Séasúracha

Ceacht 1: An Bás agus an Bheatha Shíoraí

Ceacht 2: An Carghas: Tréimhse chun machnamh a dhéanamh

Ceacht 3: Ag smaoineamh ar Naomh Pádraig

Ceacht 4: Muire, Máthair Íosa

Ceacht 5: Rosh Hashanah, Yom Kippur agus Sacút

Ceacht 6: Pesach (Cáisc na nGiúdach) agus Béile Seder

Ceacht 1: An Bás agus an Bheatha Shíoraí

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Íosa Críost

- Is ó Íosa a fhaighimid sonas síoraí agus taispeánann sé dúinn an bealach go dtí a Athair trína chuid oibreacha ghrá agus slánaithe ach go háirithe trí na sacraimintí

An Bheatha Shíoraí

- Trí ghrásta agus trí thrócaire Dé, tugtar dóchas do Chríostaithe go bhfaighidh gach duine a thugann grá do Dhia agus do dhaoine eile, an bheatha shíoraí le Dia sna flaithis
- Guíonn an Eaglais ar son slánú do chách
- Is ionann sonas na bhFlaitheas agus maireachtáil le Dia agus le gach duine naofa i gcaidreamh eolais agus grá go deo na ndeor

Traidisiúin Reiligiúnacha Eile

Giúdachas

- Tá dlúth-bhaint idir Críostaithe agus Giúdaigh sa chreideamh atá acu agus na bealaí a dhéanann siad Dia a adhradh

Ioslam

- Tá na Moslamaigh ag fanacht le lá na cinniúna agus mar sin tá meas acu ar an saol morálta

BRIATHAR DÉ

An Scrioptúr Naofa

Saol Poiblí Íosa

- Eoin 14:1-4. 'I dteach m'Athar ...'

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

An Bhliain Liotúirgeach

- Ar Fhéile na Naomh Uile déanaimid ceiliúradh ar na naoimh ar fad, aitheanta agus anaithnid agus iarraimid a gcuid paidreacha agus a n-idirghuí (an ceangal a dhéanamh le comaoin na naomh: féach an snáithe ar an gCreideamh Críostaí)
- Ar Lá Féile na bhFíréan Uile atá Marbh déanann an Eaglais comóradh ar na hanamacha i bPurgadóir atá ag fanacht le hionghlanadh ar a gcuid peacaí sula dtéann siad isteach sna flaithis agus guíonn an eaglais ar a son

Urnaí

Urnaí Fhoirmeálta

- Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna.

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

CUSPÓIR FOGHLAMA 2

An Eaglais Chríostaí

b. Ón Luath-Eaglais go dtí an lá atá inniu ann.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Fiosrú faoin tábhacht a bhaineann le Críostaithe aitheanta áirithe ó thréimhsí éagsúla staire.

c. Adhradh agus Urnaí.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- A aithint gur féidir go mbíonn baint ag an urnaí agus ag an adhradh le hócáidí agus le háiteanna speisialta.



SULA DTOSAÍONN TÚ

Cuireann an ceacht seo leis an méid a d'fhoghlaim na páistí faoin mbás agus faoin mbeatha shíoraí sa chlár roimhe seo. Go traidisiúnta, is í mí na Samhna an mhí nuair a chuimhníonn an Eaglais ar na mairbh. Tréimhse atá ann chun cuimhne a thabhairt ar an am atá caite agus chun cuimhneamh a dhéanamh ar na daoine a roinneamar ár saol leo agus atá marbh anois. Cuimhnimid orthu siúd atá imithe romhainn 'marcáilte le comhartha an chreidimh'.

Agus muid ag druidim le Lá na Naomh Uile agus le Lá na bhFíréan Uile atá Marbh, cabhraimid leis na páistí labhairt faoi dhaoine a

raibh aithne acu orthu agus a fuair bás, daoine a bhfuil cuimhní cinn coinnithe beo fúthu ag na scéalta a insítear agus a athinsítear fúthu. Cabhraimid leis na páistí a thuiscint go nglatar orainn uile a bheith inár naoimh agus gur féidir linn a iarraidh ar na naoimh idirghabháil a dhéanamh le Dia ar ár son.

I rith na seachtaine, foghlaimeoidh na páistí freisin go dtugtar meas do na mairbh i ngach cultúr ar domhan. Sa chomhthéacs seo cloisfidh siad faoi nósanna agus deasghnátha sna traidisiúin Ghiúdacha agus Moslamacha.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Naomh:** Duine atá ar neamh anois. Ba dhuine é/i a chaith saol maith, a thaispeáin grá do Dhia agus do dhaoine eile. Fuair sé/sí bás i staid na ngrást. Is eiseamláirí dúinn inniu iad na naoimh.
- **Lá na Naomh Uile:** Tá Lá na Naomh Uile ar an 1 Samhain. Tugaimid onóir do na naoimh go léir ar an lá sin. Tugaimid onóir freisin do na naoimh nach bhfuil ainmnithe fós. Tugaimid Sollúntas na Naomh Uile ar an bhféile seo freisin.
- **Lá na bhFíréan Uile atá Marbh:** Tá Lá na bhFíréan Uile atá Marbh ar an 2 Samhain. Cuimhnimid ar dhaoine a fuair bás agus guímid ar a son. Tugaimid Cuimhneachán na bhFíréan Uile atá Marbh ar an lá seo freisin.
- **Traidisiúin:** Nósanna agus cleachtais atá ann le fada. Téann siad ar aghaidh de ghnáth, ó ghlúin go glúin.
- **Síve:** Seachtain caointe a bhíonn ag Giúdaigh nuair a fhaigheann duine den teaghlach bás.
- **Cuimhneachán:** Ciallaíonn an focal sin 'i gcuimhne ar'. Úsáidimid an focal go minic ag caint ar shiombail nó ar dheasghnáth. Úsáidimid siombail nó deasghnáth i gcuimhne ar dhuine a fuair bás.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Leathanach bán A4 agus ábhair dhathúcháin do gach páiste
- Cóip den teimpléad 'Eolas faoi na Naoimh' (thíos) do gach grúpa páistí. B'fhéidir go mbeidh gá ann go ndéanfadh na páistí taighde ar líne freisin.
- Cóip den teimpléad leis an gcroí (thíos) agus roinnt ábhar dhathúcháin do gach páiste

Féachaimis ...

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Baineann an scéal agus na ceisteanna a leanann é le heispéireas na breoiteachta agus leis an seans atá ann bás a fháil. Má bhí eispéireas pearsanta ag páiste sa rang ar an mbás le déanaí, b'fhéidir nach cóir an scéal seo a insint anois.

SCÉAL

Clíona agus an Chloch Mhara

Bhraith Clíona trí chéile. D'inis sí faoi rún le Seán agus le Fíona. 'Tá imní orm,' a dúirt sí leo, 'Tá mé beagnach cinnte go bhfuil rud éigin ar siúl sa bhaile.'

'Cad atá i gceist agat?' d'iarr Seán.

'Níl a fhios agam go díreach,' d'fhreagair Clíona, 'ach bíonn Mam agus Mamó i gcónaí ag cogar le chéile le déanaí, agus nuair a thagaim isteach sa seomra, stopann siad.'

'Is fuath liom nuair a dhéanann daoine fásta é sin,' arsa Fíona, 'an gceapann siad nach bhfuil ciall againn.'

'B'fhéidir go bhfuil do mháthair agus do Mhamó ag smaoineamh ar aistriú go teach nua?' Mhol Seán.

D'fhan Clíona an-chiúin. Ní raibh sí cinnte go raibh sé chomh simplí le sin.

Ansin tráthnóna amháin tháinig glaoch go fón mháthair Chlíona. Bhí máthair Chlíona sa chithfholcadh agus ní raibh Mamó le feiceáil in aon áit. D'fhreagair Clíona an fón, agus bhí a fhios aici láithreach gurb í a hAintín Máirín a bhí ar an fón.

'Tá mo Mham sa chithfholcadh,' chuir Clíona in iúl dá haintín.

'Ceart go leor!' A d'fhreagair a haintín, 'Inis dom ... cén chaoi a bhfuil Mamó?' Bhí Clíona buartha anois. Lean a haintín ar aghaidh, 'tá mé cinnte nach bhfuil sí ag tnúth leis an obráid ...' Thug a haintín faoi deara go raibh Clíona ciúin anois.

'Clíona? An bhfuil tú fós ann, Clíona?' a ghlaigh sí.

Ach leag Clíona an fón, rith sí an doras amach agus síos léi go dtí an cladach in aice an tí. Bhí smaointe buartha ina ceann aici, agus ba chuma céard a rinne sí, níorbh fhéidir léi an ruaig a chur orthu. 'Tá Mamó ag fáil bháis ... is é sin é ... sin an fáth nár inis siad dom é ...' Ó bhí Clíona ina leanbh, bhí sí féin agus Mamó mór le chéile. 'Is cosúil nach bhfuil grá aici dom,' shíl Clíona léi féin, 'dá mbeadh, déarfadh sí liom go raibh sí tinn.'

Bhí Clíona chomh tógtha sin lena



smaointe brónacha nach bhfaca nó nár chuala sí a Mamó ag teacht. Bhraith sí buille bog ar a gualainn agus, nuair a chas sí timpeall, chonaic sí Mamó.

'A Mhamó,' a bhéic sí in ard a cinn is a gutha agus barróg á tabhairt aici di. Ansin d'iompaigh an bheirt acu agus shiúil siad in uillinn a chéile ar ais go dtí an teach.

'Céard atá ag tarlú, a Mhamó?' d'iarr Clíona, agus deora ina súile aici. 'Tá tú tinn agus tá tú ag fáil bháis ... nach ea?'

'Tá brón orm, Clíona,' thosaigh Mamó, 'ba chóir dom a insint duit ...'

Rinne Clíona sméideadh cinn, agus í ag smaoineamh léi féin gur ceart an méid a dúirt Mamó.

'Tá tú ag dul chuig an ospidéal, nach bhfuil tú ... agus ansin beidh tú ag fáil bháis ... toisc go bhfuil tú aosta ... agus faigheann daoine aosta bás san ospidéal an t-am ar fad.' Focail chrua a bhí ráite ag Clíona, agus ar shlí amháin theastaigh uathí gur ghortaigh siad Mamó.

Ach shín Mamó a lámh amach agus rug sí greim ar lámh Chlíona. 'Tá an ceart agat faoi mé a bheith tinn, Clíona. Agus táim ag dul i mbun obráide amárach. Agus tá an ceart agat, is duine aosta mé, agus faigheann daoine aosta bás toisc gur mhair siad i bhfad agus ní bhíonn an neart céanna acu is a bhíonn ag daoine óga.'

Fad is a bhí Mamó ag caint, chonaic sí an phian ar aghaidh Chlíona. Bhí a fhios ag Mamó nach bhféadfadh sí an ruaig a chur ar phian

...

...

Chliona faoi mar a rinne sí nuair a bhí Cliona óg. Ach bhí a fhios aici go bhféadfadh sí iarracht a dhéanamh cabhrú le Cliona tuiscint a fháil ar an méid a bhí ag tarlú. 'Tá a fhios agat go bhfuil na máinlianna san ospidéal an-oilte agus go ndearna siad an obráid seo go minic cheana. Mar sin, ní dóigh liom go bhfuil bás in ann dom an uair seo.' Bhí an chosúlacht ar ghuth Mhamó go raibh an ceart aici an uair seo. 'Ach gheobhaidh mé bás lá éigin,' lean Mamó, 'is cuid den saol é sin. Agus nuair a thiocfaidh an lá sin, b'fhéidir go mbeidh tú an-bhrónach, agus d'fhéadfá a bheith in éagmais na gcomhraite agus na siúlóidí agus na nithe eile a bhíodh againn.'

Ansin thóg Mamó cloch álainn réidh as a póca, agus dúirt sí, 'Nuair a bheidh mé marbh, beidh an grá a bhí againn dá chéile fós ann. Ní féidir an grá sin a stopadh.' Chuir sí an chloch mhara go cúramach i lámh Chliona. 'Beidh mé i gcónaí leatsa. Beidh mé ar

neamh ag maireachtáil le Dia agus leis na daoine eile go léir a fuair bás romham. Agus beidh mé ag tabhairt aire duit an t-am ar fad.' Thosaigh an teas ó lámh Chliona ag téamh an chloch mhara. 'Ní bheidh tú in ann mé a fheiceáil, ach beidh tú in ann mo láithreacha a mhothú i gcónaí ... ní gá duit ach a bheith socair, ciúin agus a bheith ag éisteacht.'

Chuir Mamó a lámh thar an chloch mhara i lámh Chliona. 'Coinnigh an chloch seo ... cuirfidh sí i gcuimhne duit an spraoi go léir a bhí againn, agus nuair a ghlacfaidh tú i do láimh í, braithfidh tú mise agus beidh a fhios agat go bhfuil grá agam duit i gcónaí.' Rug Cliona greim láidir ar an gcloch mhara agus mhothaigh sí níos fearr.

Tháinig an Luan agus bhí a obráid ag Mamó. Agus bhí sí ceart go leor ... ní bhfuair sí bás an uair seo.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna simplí seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 114 de leabhar na bpáistí freisin**.

- Cén fáth ar cheap Cliona go raibh rud éigin ar siúl sa bhaile?
- Cá ndeachaigh Cliona nuair a fuair sí amach go raibh rud éigin cearr le Mamó?
- Conas a mhínigh Mamó do Chliona faoin áit a raibh sí ag dul agus cad a tharlódh ann?
- Ar cheap Mamó go raibh sí gar don bhás?
- Cad a dúirt Mamó faoin méid a bhí le tarlú nuair a gheobhadh sí bás ag an deireadh?
- Cheap Mamó go gcabhródh an chloch mhara le Cliona amach anseo? Conas?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an gcaidreamh a bhí ann idir Cliona agus a seanmháthair?
- Cén fáth, dar leat, ná inis máthair agus seanmháthair Cliona di faoin méid a bhí ag

tarlú? Cén tuairim atá agat faoi dhaoine fásta ag coinneáil rudaí ó pháistí? An bhfuil uaireanta ann nuair is maith an rud é a léithéid a dhéanamh?

- An dtuigeann tú cén fáth go raibh Cliona ag mothú gortaithe agus feargach? An raibh an ceart aici a bheith mar sin? Cé leis/léi a labhraíonn tú nuair a bhíonn tú gortaithe agus feargach?
- Cad a chuidíonn leat nuair a bhíonn tú brónach nó uaigneach?
- Cá háit a ndúirt Mamó Chliona léi go n-imeodh sí nuair a bhfaigheadh sí bás? Cé a dúirt sí a bheadh in éineacht léi ansin? Cén chuma atá ar neamh, meas tú? Conas a shamhlaíonn tú neamh?
- Cén fáth ar thug Mamó Chliona an chloch mhara di? An bhfuil bealaí eile ann chun grá duine a fuair bás a thabhairt chun cinn?

Spreag na páistí chun beagán ama a chaitheamh leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 114 dá leabhar.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

MO PHICTIÚR DE NEAMH

Nóta: Beidh leathanach A4 agus ábhair dhathúcháin ag teastáil ó gach páiste.

Dírigh aire na bpáistí chuig an ngníomhaíocht **ar leathanach 114 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh pictiúr de neamh a dhéanamh ag baint úsáid as focail, dathanna, siombailí agus/nó líníochtaí.



GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

MO SHIOMBAIL

Nóta: Beidh leathanach A4 agus ábhair dhathúcháin ag teastáil ó gach páiste.

Tabhair cuireadh do na páistí siombail a dhéanamh de dhuine nó rud atá tábhachtach dóibh, ag baint úsáid as na treoracha seo, nó treoracha cosúil leo:

- Smaoinigh ar dhuine atá an-tábhachtach i do shaol, nó peata atá mar cara speisialta agat. Is féidir leis an duine nó an peata seo a bheith beo nó a bheith marbh.
- Smaoinigh ar an bhfáth go bhfuil/go raibh grá agat dóibh, ar an bhfáth go dtaithníonn/gur thaitin sé leat a bheith leo, ar an méid a dhéanann/a rinne sibh le chéile, mar a mhothaíonn/mhothaigh tú in éineacht leo, srl.

- Anois smaoinigh ar shiombail don duine nó don pheata sin, rud éigin a thugann chun cinn iad, den chineál duine/peata atá/bhí iontu agus de na rudaí a dhéanann/a rinne sibh le chéile. D'fhéadfadh dath a bheith mar shiombail agat; d'fhéadfadh sé a bheith ina amhrán; d'fhéadfadh sé a bheith cosúil le croí, bláth, peil, hata, srl. Is féidir é a bheith mar rud ar bith a chuidíonn leat cuimhneamh ar an duine/bpeata sin, fiú nuair nach bhfuil siad go fisiciúil in éineacht leat.



PAIDIR

Nóta: Tabhair cuireadh do na páistí a siombail a chur ar an mbord/an deasc os a gcomhair amach. B'fhéidir gur mhaith leat roinnt ceoil machnamhach a sheinm agus na páistí ag gluaiseacht isteach san urnaí seo.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Tá Dia i gcónaí linn. Tá Dia linn ina chuid Bhriathra sa Bhíobla, nuair a cheiliúraimid na sacraimintí, agus sna daoine a mbuailimid leo gach lá.

Is maith an rud é cuimhneamh go mbíonn Dia linn nuair atáimid áthasach agus nuair atáimid brónach.

Is maith an rud é cuimhneamh go mbíonn Dia linn nuair atáimid feargach agus nuair atáimid lúcháireach.

Dúnaimis ár súile anois chun láithreachta Dé le gach duine againn, a mhothú anseo agus anois. (Sos)

Anois, oscail na súile agus féach ar an tsiombail a chruthaigh tú le déanaí. Smaoinigh ar an gciall atá ag an tsiombail duit féin agus cé/cad a chuireann sé i gcuimhne duit. (Sos)

Inniu smaoinímid ar na daoine go léir a roinnimid grá leo. (Sos)

Tá Dia sa ghrá a fhaighimid ó na daoine lena mairimid. (Sos)

Tá Dia sa ghrá a fhaighimid ónár gcairde agus ónár ngaolta. (Sos)

Le linn mhí na Samhna cuimhnímid, ar bhealach speisialta, ar na daoine nach bhfuil linn níos mó. Ar *Chuimhneachán na bhFíréan uile atá Marbh*, smaoinímid ar na daoine go léir a fuair bás. (Sos)

Iarraimid ar Dhia, a bheith leo siúd atá brónach agus uaigneach inniu, toisc nach bhfuil duine éigin a roinn siad grá leo, in éineacht leo a thuilleadh. (Sos)

Guímid go mbeidh na daoine go léir a fuair bás fillte i ngrá agus i dtrócaire Dé, i suaimhneas na bhflaitheas, agus sinn ag guí le chéile:

Gach duine: Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna, agus go lonraí solas suthain orthu. Áiméan.

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

GNÍOMHAÍOCHT ATHGHAIRME

TEAGASC ÍOSA FAOIN BHEATHA SHÍORAÍ

Iarr ar na páistí an méid is cuimhin leo, faoin gcaoi ar chuidigh Íosa agus a lucht leanúna le daoine tuiscint a fháil ar cad a tharlaíonn tar éis bháis, a roinnt leis an rang.

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar

teideal 'Beatha tar éis Bháis' ar leathanaigh 114-115 dá gcuid leabhar a léamh, áit a bhfaighidh siad dhá shliocht as an gclár InGrá Dé roimhe seo, in éineacht le sliocht nua ó Naomh Pól. Feicimid níos géire ar an sliocht nua sin ó Phól sa Scriptúr Naofa a leanann.

AN SCRIPTÚR NAOFA

MÚINEANN NAOMH PÓL FAOI BHEATHA TAR ÉIS BHÁIS

Tar éis d'Íosa fillleadh ar a Athair ar neamh, chabhraigh Naomh Pól le lucht leanúna Íosa tuiscint a fháil ar an rud a theastaigh ó Íosa go gcreidfeadh siad faoi bheatha tar éis bháis. Dúirt Naomh Pól:

Níor mhaith liom, a bhráithre, go mbeadh sibh aineolach i dtaobh na marbh i dtreo nach mbeadh sibh dobrónach ar nós na ndaoine eile atá gan aon dóchas. Creidimid go bhfuair Íosa bás agus gur aiséirigh sé; ar an gcuma chéanna an mhuintir a fuair bás i bpáirt le Críost, tabharfaidh Dia iad siúd leis ón mbás chomh maith. (1 Teasalónaigh 4:13-14)

Déan comhrá leis na páistí faoin sliocht seo trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur orthu:

- Cén fáth ar chreid Naomh Pól nár cheart dúinn a bheith brónach nuair a fhaigheann gaol nó

cara linn bás?

- Cé acu de na sleachta Scriptúrtha ar leathanach 115 de do leabhar a thabharfá do dhuine a raibh brón mór orthu tar éis bás cara acu? Cén fáth?

Insíonn Naomh Pól dúinn freisin, ó d'éag Íosa agus gur aiséirigh sé go beatha nua, mar an gcéanna, gheobhaimid bás agus beimid aiséirithe chun na beatha nua freisin (1 Corantaigh 15:20). Íosa féin a dúirt:

"Mise an t-aiséirí agus an bheatha;
An té a chreideann ionamsa,
fiú amháin má fhaigheann sé bás, mairfidh sé,
agus gach duine a mhaireann is a chreideann ionamsa,
ní bhfaighidh sé bás choíche." (Eoin 11:25-26)

AG COMHRÁ

FAOI DHAOINE A FUAIR BÁS

Tosaigh trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur:

- An cuimhin leat féin nó do mhuintir duine ar bith a fuair bás, ball teaghlaigh, cara nó comharsa? Conas a dhéanann tú/sibh é sin? (*m.sh. trí cuimhneamh orthu ag an Aifreann nó Aifreann a bheith ceiliúrtha ina onóir, trí guí ar a son, trí cárta cuimhneacháin a choimeád, trí ghrianghraf díobh a bheith in áit speisialta, trí chuairt a thabhairt ar an uaigh, srl.*)

Ansin mínigh do na páistí go leagann an Eaglais mí iomlán ar leataobh, mí na Samhna, le cuimhneamh agus guí ar son gach duine a fuair bás. Eagraítear

cruinnithe speisialta chun an Eocairist a cheiliúradh ar son na marbh.

Déanann Caitlicigh ceiliúradh ar **Fhéile na Naomh Uile**, nó Lá na Naomh Uile, ar an 1 Samhain gach bliain. Ar an lá seo tugaimid ómós do **na naoimh go léir**, ní amháin do na naoimh is cáiliúla cosúil le Naomh Pádraig agus Naomh Bríd a bhfuil a lá féile féin acu, ach tugtar ómós freisin do gach teaghlach agus do gach duine a mhair le grá agus atá anois le Dia ar neamh.

Creidimid go dtugann na naoimh agus gach duine a fuair bás treoir agus cabhair dúinn ar ár dturas tríd



an saol. Iarraimid orthu guí ar ár son agus cabhrú linn maireachtáil go maith.

- Cad is ciall le bheith ina naomh? Cé a éiríonn leo a bheith naofa?
- Cé a shochraíonn go bhfuil duine éigin naofa?
- Cad iad na naoimh atá ar eolas agat? An bhfuil ainm naoimh ort?
- Conas a d'fhéadfadh naomh cabhrú linn? Cathain a bhféadfá cabhair a iarraidh ar naomh? An bhfuil aithne agat ar dhuine ar bith a ghuíonn chuig naomh ar son rud faoi leith? (*m.sh. Naomh Antaine, a nguíonn daoine chuige chun cabhrú leo earraí caillte a fháil*)
- Cé hé an naomh is fearr leat? Cén fáth? Cén naomh a bhféadfá guí a dhéanamh chuige/chuici? Cén fáth?

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Na Naoimh' ar leathanach 115 dá leabhar a léamh. D'fhéadfadh na páistí tabhairt faoin gCleachtadh Dialainne ar an leathanach céanna freisin.

Déanann Caitlicigh **Lá na bhFíréan Uile** atá

Marbh a cheiliúradh ar an 2 Samhain. Ar an lá sin, cuimhnímid ar dhaoine a fuair bás agus guímid ar a son. Eagraíonn go leor paróistí aifreann speisialta le cuimhneamh a dhéanamh ar pharóistigh atá tar éis bás a fháil. Bíonn paidreacha ag roinnt paróistí freisin sna reiligi áitiúla. Iarrann clubanna agus cumainn éagsúla (clubanna spóirt, gasóga, srl.) ar an sagart Aifreann a cheiliúradh le cuimhneamh ar dhaoine a bhí ina mbaill den chlub nó den chumann. Ceann eile de na bealaí atá againn chun onóir a thabhairt do na mairbh ná trí aire a thabhairt dá n-uagheanna agus trí ómós a thabhairt do reiligi, mar is áiteanna naofa iad.

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Tugaimid onóir do na naoimh agus do gach duine a fuair bás' ar leathanaigh 115-116 dá leabhar a Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Tugaimid onóir do na naoimh agus do gach duine a fuair bás' ar leathanaigh 115-116 dá leabhar a léamh. Ansin spreag iad chun dul i ngleic leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 116.

GNÍOMHAÍOCHT TAIGHDE

CLEAHTADH MEAITSEÁLA: 'CUIR AITHNE AR NA NAOIMH'

Nóta: Beidh cóip den teimpléad (thíos) 'Cuir Aithne ar na Naoimh' ag teastáil ó gach grúpa páistí. Beidh ar na páistí dul ar líne freisin chun cuid de na sonraí a chuardach.

- Tabhair cuireadh do na páistí foirmiú i ngrúpaí beaga agus tabhair cóip den teimpléad do gach grúpa.
- Iarr orthu an teimpléad a chríochnú trí línte a tharraingt chun sonraí cearta gach naomh a mheaitseáil.
- De réir mar a oibríonn na páistí, cuir ceisteanna orthu agus tabhair moltaí dóibh chun cabhrú leo na míreanna a mheaitseáil i gceart.

Seo thíos na sonraí cearta agus roinnt sonraí breise faisnéise duit féin:

Naomh Pádraig: Creidtear gur tháinig Naomh Pádraig ón mBreatain Bheag. Tá a lá féile ar an 17 Márta agus is é naomhphátrún na hÉireann é. Mhúin sé faoin dTríonóid Naofa agus an tseamróg á úsáid aige. Bhí sé i mbraighdeanas in Éirinn ach d'éalaigh sé ar deireadh. Chuala sé guth Dé ag iarraidh air siúl i measc muintir na hÉireann arís.

Naomh Bernadette Soubirous: Rugadh Bernadette i Lourdes na Fraince sa bhliain 1844. Tá a lá féile ar an 16 Aibreán agus is í pátrún na ndaoine atá tinn í. Tháinig an Mhaighdean Mhuire i láthair le Bernadette agus d'fhiafraigh sí di séipéal

a thógáil san áit inar nocht sí í féin. Tá Lourdes anois ar cheann de na suíomhanna oilithreachta is mó éilimh ar domhan.

Naomh Proinsias: Ba as Assisi san Iodáil, Proinsias. Tá a lá féile ar an 4 Deireadh Fómhair. Tá sé mar naomhphátrún ar ainmhithe agus ar an dtimpeallacht, mar bhí an-ghrá aige d'ainmhithe agus don dúlra. Chuala sé guth Dé ag iarraidh air an Eaglais in Assisi a athnuachan agus a shaol a chaitheamh le bochtaineacht, agus mar sin thug sé uaidh a chuid sealúchais. Ba é a bhunaigh an t-ord rialta a dtugtar na Proinsiasaigh orthu.

Naomh Jeanne d'Arc: Rugadh Jeanne d'Arc i Domrémy sa Fhrainc sa bhliain 1412. Tá a lá féile ar an 30 Bealtaine agus tá sí mar naomhphátrún ar An Fhrainc agus ar shaighdiúirí. Threoraigh sí saighdiúirí na Fraince in aghaidh na Sasanach agus í ocht mbliana déag d'aois. Dódh í go luath ina dhiaidh sin.

Naomh Antaine as Padua: Rugadh Antaine sa Phortaingéil sa bhliain 1195. Tá a lá féile ar an 13 Meitheamh agus tá sé mar naomhphátrún ar rudaí atá imithe in easnamh, ar chúiseanna caillte agus ar anamacha atá caillte. Guíonn daoine chuig Naomh Antaine chun na rudaí seo a fháil ar ais. Nuair a goideadh leabhar na Salm uaidh, ghuigh sé go láidir go bhfaigheadh sé ar ais é. Thóg an gadaí



an leabhar ar ais go luath, agus mar thoradh ar seo rinneadh Antaine ina naomhphátrún maidir le rudaí caillte. Bhí Naomh Antaine ina bhall de ord rialta na bProinsiasach.

Naomh Thérèse Lisieux: Rugadh Naomh Thérèse in Alençon sa Fhrainc sa bhliain 1873 agus chuaigh sí isteach sa Clochar Cairmilíteach in Lisieux. Tá a lá féile ar an 1 Deireadh Fómhair agus is í naomhphátrún na misean í mar gheall ar a grá speisialta do na misin. Tugtar an ‘Bláth Beag’ uirthi go grámhar.

Naomh Treasa de Kolkata (Calcúta): Tugtar Máthair Treasa ar Naomh Treasa de Calcúta de ghnáth. Rugadh í i dteaghlach Albánach i Skopje (atá anois mar chuid den Mhacadóin) sa bhliain 1910. Tá a lá féile ar an 5 Meán Fómhair. Is í naomhphátrún Kolkata í (Calcúta roimhe seo), áit

ar chaith sí a saol mar misinéir ag cabhrú le daoine bochta sa chathair sin. Mar thoradh ar an obair seo bronnadh Duais Nobel na Síochána ar Mháthair Treasa sa bhliain 1979.

Naomh Vailintín: Rugadh Naomh Vailintín i Terni san Iodáil sa bhliain 226. Tá a lá féile ar an 14 Feabhra agus tá sé ina naomhphátrún ag leannáin, ag beachairí agus orthu siúd a bhfuil titimeas orthu. Sagart Caitliceach ab ea Vailintín. Cuireadh i bpríosún é toisc gur rinne sé iarracht daoine a thiontú go dtí an Chríostaíocht agus toisc gur phós sé lánúineacha freisin. Bhí sé de nós aige nótaí a thabhairt agus a fháil fad is a bhí sé i bpríosún agus chuir sé seo tús leis an dtraidisiún cártaí a thabhairt ar Lá Naomh Vailintín. Tá taisí de Naomh Vailintín in Eaglais Shráid na mBráithre Bána, i mBaile Átha Cliath.

DÁN

Cuir an dán seo in aithne na bpáistí. **Tá an dán ar leathanach 117 dá leabhar freisin.**

Na Naoimh Uile, Na Fíréin Uile

Cuimhnigh ar dhaoine
A choinnigh an creideamh
A d’iompigh i gcónaí chun guí,
A léirigh grá Íosa
Ina saol ó mhí go mí.

Cuimhnigh ar dhaoine
Ag an am seo den bhliain
A chónaíonn le Dia gach lá,
Na Naoimh is na Fíréin Uile,
A chónaíonn le Dia i ngrá.

Tar éis do na páistí an dán a chloisteáil/a léamh, tabhair cuireadh dóibh a gcuid freagraí air a roinnt agus na ceisteanna seo á gcur orthu:

- An maith leat an dán seo? Cén fáth nó cén fáth nach maith leat é? Cé acu linte is fearr leat?
- An gcuireann an dán seo duine ar bith i gcuimhne duit a raibh aithne agat orthu agus grá agat dóibh agus a fuair bás?
- Cad iad na focail a léiríonn an dóchas Críostaí agus an creideamh go mbeidh an bheatha shíoraí acu siúd a thug grá do Dhia agus don chomharsa?

AG COMHRÁ

FAOI THRAIDISIÚIN GHIÚDACHA A BHAINNEAN LEIS AN MBÁS

Tá deasghnátha agus nósanna reiligiúnacha ag daoine a bhaineann le creidimh eile chun cuimhneamh agus onóir a thabhairt do na mairbh. Faighimis amach faoi roinnt Traidisiúin Ghiúdacha a bhaineann leis an mbás.

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal ‘Traidisiúin Ghiúdacha a bhaineann leis an mbás’ ar lch 116 dá leabhar, a léamh.

B’fhéidir gur mhaith leat na sonraí breise seo, faoi thraidisiúin agus nósanna Giúdacha maidir leis an mbás, a roinnt leis na páistí:

- Tosaíonn **Síve** díreach tar éis an adhlactha agus leanann sé ar feadh seacht lá.
- Le linn Síve, ní ghlacann caointeoirí páirt i gcóisirí, ceolchoirmeacha, seónna, scannáin nó imeachtaí den chineál céanna.
- Suíonn caointeoirí ar stóil/cathaoireacha ísle mar bhealach chun brón a chur in iúl.
- Deirtear paidreacha áirithe chun bás gaolta a cheiliúradh, chun beatha daoine a cheiliúradh, agus chun cabhrú le caointeoirí. Ceann de na paidreacha is ea ‘Go dTabharfaidh Dia Sólás Duit’.

AG COMHRÁ

FAOI THRAIDISIÚIN IOSLAMACHA A BHAINNEANN LEIS AN MBÁS

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Traidisiúin Ioslamacha a bhaineann leis an mBás' ar lch 116 dá leabhar, a léamh.

Mínigh do na páistí, sa chultúr Ioslamach, go

nglactar le bás agus breathnaítear air mar chuid nádúrtha den bheatha. Cabhraíonn an creideamh leo go bhfuil an duine marbh imithe ar aghaidh chuig saolré taitneamhach.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad le haghaidh machnaimh chiúin a ghlacadh:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Déan iarracht neamh a shamhlú ... Samhlaigh go bhfuil sé cosúil leis an mothúchán is sona ar bhraith tú ariamh ... níos síochánta ná sliabh clúdaithe le sneachta ... níos foirfe ná an pictiúr is fearr a chonaic tú riamh ... Samhlaigh na fuaimeanna ... fuaimeanna milis, sona ... Tá gach duine cairdiúil lena chéile ... Na daoine go léir a bhfuil grá agat dóibh agus a fuair bás – tá siad ann ... ní

fhéadfadh aon rud a bheith níos foirfe ... Níl aon cheist gan fhreagairt ... Dúirt Íosa linn go bhfuil go leor seomraí i dTeach an Athar agus gheall sé go ndéanfadh sé áit a ullmhú do gach duine againn ansin. Agus tá tusa san áireamh! ... Le do ghuth inmheánach, iarr ar Dhia aire a thabhairt do na daoine sin a bhfuil aithne agat orthu agus a fuair bás ... agus iad a thabhairt go dtí an áit a d'ullmhaigh Íosa dóibh ... Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

D'fhoghlaim na páistí gur cuid den saol an bás. Ach creideann Críostaithe gur gheall Dia an bheatha shíoraí ar neamh do dhaoine a thugann grá do Dhia agus do dhaoine eile. Spreagann an Eaglais Chaitliceach ómós mór do na mairbh. Cuimhnímid

orthu ar Lá na Naomh Uile ar an 1 Samhain agus Lá na bhFíréan Uile atá Marbh ar 2 Samhain. D'fhoghlaim na páistí freisin faoi thraidisiúin Ghiúdacha agus Ioslamacha a bhaineann leis an mbás.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

CROÍ CUIMHNEACHÁIN

Nóta: Teastóidh cóip den teimpléad croí uait (thíos) agus roinnt ábhar dathúcháin do gach páiste.

- Tabhair cóip den teimpléad do gach páiste.
- Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh ar dhuine a bhfuil aithne acu orthu agus a bhfuil grá acu dóibh atá ina gcónaí in áit i bhfad i gcéin nó a fuair bás.
- Iarr orthu ainm an duine a bhfuil siad ag smaoineamh orthu a scríobh ag barr an chroí.

Ansin tabhair cuireadh dóibh rud éigin a scríobh faoin ainm a thagann isteach ina gcuid aigne nuair a smaoiníonn siad ar an duine seo.

- Tabhair am do na páistí a 'gcroí' a mhaisiú.



PAIDIR

Nóta: Roghnaigh ceathrar léitheoir.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Múinteoir: Cuimhnimis inniu orthu siúd a fuair bás. Tá a fhios againn go mbeidh an bheatha shíoraí acu siúd a fuair bás le creideamh i gCríost. Gheall Íosa go ndéanfadh sé áit do gach duine againn ar neamh. Táimid ag tnúth le bheith aontaithe le Dia agus leis na naoimh go léir ar neamh i ndiaidh an bháis.

Léitheoir 1: Ar son baill teaghlaigh, gaolta, cairde agus comharsana a fuair bás. A Thiarna, déan trócaire.

Gach duine: A Thiarna, déan trócaire.

Léitheoir 2: Ar son siúd nach bhfuil éinne ann chun guí ar a son. A Chríost, déan trócaire.

Gach duine: A Chríost, déan trócaire.

Léitheoir 3: Ar son siúd go léir atá brónach agus ag caoineadh toisc gur chaill siad duine éigin a

roinn siad grá leo. A Thiarna, déan trócaire.

Gach duine: A Thiarna, déan trócaire.

Léitheoir 4: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Eoin.

Gach duine: Glóir duit, a Thiarna.

Léitheoir 4: Dúirt Íosa: *Is iomaí áras i dteach m'Athar. Mura mbeadh, d'inseoinn daoibh é. Óir táim ag dul ag cur áite i gcóir daoibh, agus má théim agus áit a chur i gcóir daoibh, tiocfaidh mé arís agus tógfaidh mé sibh chugam féin; i dtreo, an áit ina mbeidh mise, go mbeidh sibhse chomh maith. Tá eolas na slí agaibh mar a bhfuilim ag dul.* (Eoin 14:2-4) Soiscéal an Tiarna.

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.

Múinteoir: Chuir Dia, an t-Athair, Íosa chugainn chun an bealach chuige a thaispeáint dúinn. Cabhraigh linn an Tiarna a leanúint go laethúil agus a bheith dílis i gcónaí. Guimis le chéile.


Gach duine: Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna, agus go lonraí solas suthain orthu. Áiméan.

Comhartha na Croise

Cuir Aithne ar na Naoimh

Naomh		Áit dúchais		Lá Féile		Naomhphatrún		Scéal/Eolas faoin naomh
Naomh Pádraig		An Phortaingéil		1 Deireadh Fómhair		An Fhrainc agus saighdiúirí		I bpríosún agus martraíodh é de bharr lánúin a phósadh
Naomh Bernadette (Soubirous)		Terni, An Iodáil		5 Meán Fómhair		Leannáin, beachairí agus titimeas		Nuair a goideadh leabhar na Salm uaidh, ghuigh sé go láidir go bhfaigheadh sé ar ais é. Thóg an gadaí an leabhar ar ais go luath
Naomh Proinsias		Alençon sa Fhrainc		14 Feabhra		Na misin		Mhúin sé faoin dTríonóid Naofa agus an tseamróg á úsáid aige
Naomh Jeanne d'Arc		Skopje (An Mhacadóin)		17 Márta		Éire		Tugtar an 'Bláth Beag' uirthi go grámhar
Naomh Antaine		An Bhreatain Bheag		16 Aibreán		Kolkata (Calcúta)		Thug sé uaidh a chuid sealúchais
Naomh Thérèse Lisieux		Lourdes na Fraince		30 Bealtaine		Ainmhithe agus an timpeallacht		Bhuaigh Duais Nobel na Síochána
Naomh Treasa de Kolkata (Calcúta)		An Fhrainc		13 Meitheamh		Rudaí atá imithe in easnamh, cúiseanna cailte agus anamacha atá cailte		Threoraigh sí saighdiúirí na Fraince agus í ocht mbliana déag d'aois
Naomh Vailintín		Assisi, An Iodáil		4 Deireadh Fómhair		Daoine breoite		D'fhiafraigh Muire di séipéal a thógáil san áit inar nocht sí í féin

Croí Cuimhneacháin



Ceacht 2: An Carghas: Tréimhse chun machnamh a dhéanamh

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Tá Dia i láthair inár gcroí istigh ‘mar is ann a mhairimid agus a ghluaisimid agus atáimid’

Rúndiamhair Íosa Críost

- Threoraigh an Spiorad Naomh Íosa isteach san fhásach, áit ar cuireadh cathú air agus nuair a d’fhill sé bhí sé lán le cumhacht an Spioraid Naoimh
- Ba é an misean a bhí ag Íosa, bheith ag seanmóireacht, agus Ríocht Dé a thabhairt chun críche

BRIATHAR DÉ

An Scrioptúr Naofa

Saol Poiblí Íosa

- Lúc 4:1-13. Cathú Íosa
- Lúc 4:16-22. Spiorad an Tiarna

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

Urnaí Fhoirmeálta

- Déanaigí aithrí agus creidigí sa soiscéal

An Bhliain Liotúirgeach

- Tráth é an Carghas chun seans a thabhairt do Chríostaithe machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a gcaitheann siad a saol
- Tráth é an Carghas nuair a ghlacaimid páirt in imeachtaí athmhuintearais, aire do na bochtáin san áireamh
- Tráth é an Carghas chun aithrí agus athmhuintearas a dhéanamh, rud a chuireann i gcuimhne do Chríostaithe go ndúirt Íosa linn ‘déanaigí aithrí agus creidigí sa soiscéal’

Na Sacraimintí

- Tugann an Spiorad Naomh cúnamh dúinn fás agus athrú (iompú)
- I Sacraimint an Athmhuintearais, faigheann Críostaithe grásta ó Dhia chun leasaithe a dhéanamh ina saol agus chun a bheith níos dílse do aitheanta Dé sa todhchaí

ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

CUSPÓIR FOGHLAMA 2

An Eaglais Chríostaí

c. *Adhradh agus Urnaí*.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Paidreacha a chumadh le haghaidh ócáidí speisialta.

CUSPÓIR FOGHLAMA 2

An Mhoráltacht

1. *Féinmheas*.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- A aithint gur indibhidí iad a bhfuil grá agus meas orthu.
- Machnamh ar fhás agus ar fhorbairt a n-intinne agus a gcoirp.
- Forbairt a dhéanamh ar a scileanna fisiceacha, spioradálta, morálta, mothúchána agus sóisialta féin.



SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá rithim ann sa nádúr. Tugann gach séasúr nádúrtha a dhathanna uathúil féin leis: gorm an oighir sa gheimhreadh agus dath dearg an gheimhridh ar na caora; glas an bheatha nua a bhíonn againn san earrach; buí na gréine a bhíonn againn sa samhradh chomh maith le dathanna na mbláthanna; san fhómhar bíonn dathanna an bháis againn – donn, donnrua agus ór.

Tá a rithim féin ag an Bhliain Liotúirgeach freisin. Tarraingíonn gach séasúr isteach muid trína deasghnátha ar leith. Tugann gach séasúr den Bhliain Liotúirgeach am dúinn chun a bheith aireach, am le bailiú le chéile mar phobal Críostaí, am chun guí agus am chun ceiliúradh a dhéanamh. Tá a dhathanna siombalacha féin ag gach séasúr liotúirgeach. Feicimid na dathanna seo in éidí an tsagairt ag an Aifreann. Is é *corcra* dath na haithrí agus an mhachnaimh; is é *dearg* an dath a úsáidtear chun ceiliúradh agus áthas a chur in iúl; is é *bán* dath na síochána agus an áthais; is é *glas* dath tráth saor na bliana, nuair

a dhéanaimid ceiliúradh ar an bhfás agus ar an bheocht sa Eaglais. Is é glas dath an earraigh agus na beatha nua.

Tosaíonn séasúr an Charghais le Céadaoin an Luaithrigh. Le linn an ama seo iarrann an Eaglais orainn smaoineamh faoinár gcaidreamh le Dia agus le daoine eile. Caitheann an sagart éidí corcra ag an Aifreann, a chuireann i gcuimhne dúinn gur tréimhse an bhróin agus na haithrí atá ann. Le linn an Charghais dearbhaímid an maitheas a fheiceann Dia i ngach duine againn, agus tugaimid chun cinn na hamanna nár mhaireamar ar aon dul leis an mhaitheas seo, deirimid go bhfuil brón orainn agus, cinnte faoi ghrá neamhchoinníollach Dé dúinn, déanaimid iarracht maireachtáil arís faoi mar a iarrann Íosa orainn.

Cuireann an ceacht seo lena bhfuil ar eolas cheana féin ag na páistí faoi Bhliain Liotúirgeach na hEaglaise, agus suíonn sé an Carghas inti, mar thréimhse athraithe agus claochlaithe, laistigh de.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Cathú a chur ar:** Duine a spreagadh chun an rud mícheart a dhéanamh, trí bhreab nó rud éigin eile a thairiscint dó.
- **Cathú:** Tarraingt láidir chun an rud mícheart a dhéanamh.
- **Diabhail:** Tugaimid diabhail ar aingil an uabhair. Bhí siad go maith nuair a chruthaigh Dia iad. Ach d'iompaigh siad ó Dhia. Rinne siad olc. Ba é Sátan an diabhal a chuir cathú ar Íosa.
- **An Bhliain Liotúirgeach:** Ainm ar ghluaiseacht na séasúr a cheiliúrtar i bhféilire na hEaglaise.
- **Aithrí a dhéanamh:** Nuair a dhéanaimid an rud mícheart, tagann athrú intinne orainn. Iarraimid maithiúnas ar Dhia. Tugaimid aithrí air sin.
- **Staon ó:** Má staonann duine ó rud, ní bhacann sé leis. Iarrann an Eaglais orainn staonadh ó rudaí a thaithníonn linn i rith an Charghais. De ghnáth, teastaíonn féinsmacht chun é sin a dhéanamh. Caithimid a bheith sásta íobairtí a dhéanamh.
- **Troscadh:** Gan bia a ithe ar feadh tréimhse ama. Iarrann an Eaglais ar dhaoine fásta troscadh a dhéanamh ar Chéadaoin an Luaithrigh. Itheann daoine fásta béile mór amháin agus dhá bhéile bheaga an lá sin. Is comhartha é go bhfuil siad ag déanamh aithrí. Smaoiníonn siad ar an daichead lá a chaith Íosa ag troscadh san fhásach ar feadh daichead lá.
- **Urnaí Achainí:** Nuair a dhéanaimid achainí i bpaidir, iarraidimid rud éigin ar Dhia.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Bileog de pháipéar daite A4 agus píosa gearr ribín nó banda beag leaisteach do gach páiste
- Trí pháisa de pháipéar nó cárta daite (m.sh. corcra/buí/dearg) do gach páiste, ach déanfadh cártaí bána mura bhfuil na dathanna eile ar fáil
- Luaithreach, má tá sé ar fáil

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

FAOI FHÁSAIGH

Nóta: Taispeáin na híomhánna fásaigh atá ar líne ar an gclár bán.

Tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a chaitheamh chun féachaint ar íomhánna na bhfásach. Iarr orthu íomhá amháin a roghnú a thaitníonn go mór leo.

Ansin díriú na páistí chun scrúdú a dhéanamh ar na híomhánna a roghnaigh siad le cúram agus aire, agus na ceisteanna seo á úsáid agat:

- Cad a fheiceann tú? Conas a dhéanfa cur síos ar an áit seo?
- An gceapann tú go bhfuil beatha san áit seo? Cén cineál beatha a mhairfeadh san áit seo? Cén cineál daoine (más ann dóibh) a mhairfeadh nó a oibreodh nó a rachadh tríd an áit seo?

Anois tabhair cuireadh do na páistí a shamhlú go bhfuil siad chun am a chaitheamh san áit seo leo féin.

Tá go leor bia, uisce agus foscadh acu chun maireachtáil ann agus tá siad sábháilte ó gach contúirt. Treoraigh a smaointe le ceisteanna cosúil le:

- Conas a chaithfeá do chuid ama, dar leat? Cad a dhéanfa ar dtús? Cad faoi a bheifeá fiosrach?
- Cad nach bhféadfá a dhéanamh san áit seo? Cad a bheadh in easnamh ann? Cad a thaitneodh leat?
- An mbeadh sé éasca a bheith leat féin san áit seo? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?
- Cén fáth ar roghnaigh tú íomhá fásaigh amháin seachas ceann eile? Cad a tharraing tú chuig an íomhá sin?
- Dá mbeifeá i do ghníomhaire turasóireachta a raibh grá agat do fhásaigh, agus gur theastaigh uait go dtiocfadh daoine chuig an bhfásach a roghnaigh tú, conas a mheallfa iad go dtí an áit seo? Smaoinigh ar ainm tarraingteach a d'fhéadfá a thabhairt ar an áit seo.
- An gceapann tú go mbeadh sé éasca nó deacair turasóirí a mhealladh chuig an bhfásach? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?

CLEACHTADH DIALAINNE

BLAG FAOI FHÁSACH

Tabhair cuireadh do na páistí blag fásaigh dar teideal 'Mo Fhásach: ... (ainm/teideal don fhásach) a scríobh'. Tá siad chun ligean orthu gur chaith siad deireadh seachtaine san fhásach, agus blag a scríobh faoin eispéireas a bhí acu ann leo féin.

ROINN I BPÉIRÍ

BLAG FÁSAIGH A ROINNT

Roinn an rang ina mbeirteanna. Iarr ar gach péire a gcuid blaganna a roinnt agus labhairt fúthu.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnimid go bhfuil Dia linn. Tá Dia anseo linn anois.

Tugaim cuireadh daoibh na súile a dhúnadh ... cuir na cosa ar an urlár ... agus tabhair aire dod' anáil mar a théann sí isteach agus mar a fhágann sí do chorp. (Sos)

Is é an t-am ceann de na bronntanais is mó a thug Dia dúinn.

Bronntanas ó Dhia atá san am atá againn le chéile inniu.

Bíodh am ciúin againn inniu. (Sos)

De réir mar a chiúnaíonn do chorp, tabhair faoi deara na fuaimeanna taobh amuigh agus taobh

istigh den seomra ranga. (Sos)

Bí eolach freisin ar an gciúnas i do chorp féin. (Sos) Agus tú i do shuí san áit chiúin seo, smaoinigh ar an méid ba mhaith leat a rá le Dia anois i gciúnas do chroí ... tá Dia ag éisteach leat i gcónaí ... (Sos)

Tá Dia i gcónaí ag cumarsáid leat ... Éist leis an méid a d'fhéadfadh Dia a bheith á rá leat anois (Sos)

Mar a ullmhaíonn tú chun imeacht ón am ciúin seo, gabh buíochas le Dia as bronntanas an ama. (Sos) Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

Guímis le chéile anois na focail a mhúin Íosa dúinn.

Gach duine: Ár nAthair atá ar neamh...

Comhartha na Croise

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

FAOI THRÉIMHSÍ CIÚINE

Déan comhrá leis na páistí faoi am a thógáil amach as ár saol gnóthach chun smaoineamh agus machnamh a dhéanamh linn féin, ag baint úsáid as na ceistanna seo nó ceistanna den chineál céanna:

- Cá dtéann tú nuair is mian leat a bheith in áit chiúin leat féin? Cad a thabharfá leat?
- Cad é mar a bheadh sé am a chaitheamh leat féin gan teicneolaíocht ar bith? Cad a d'fhéadfá a dhéanamh ina ionad? An ndearna tú féin nó do theaghlach/na daoine atá tú i do chónaí leo iarracht riamh lá/deireadh seachtaine a chaitheamh gan teicneolaíocht? An bhfuil sé éasca do dhaoine am ciúin a dhéanamh dóibh

féin? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?

- An bhfuil aithne agat ar aon charachtar/charachtair sa Bhíobla a chuaigh isteach san fhásach? Cad a tharla nuair a bhí siad san fhásach? Cad mar gheall ar Mhaois? Cad faoi na hIosraeilítigh nuair a bhí siad ag dul go dtí an Tír Tairngire? Céard faoi Eoin Baiste?

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Ní mór dúinn tréimhsí ciúine a bheith againn' ar leathanach 118 dá leabhar, a léamh. Iarr orthu beagán ama a chaitheamh leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.

AG COMHRÁ

ROIMH AN SLIOCHT SCRÍOPTÚRTHA

Insíonn Naomh Lúcas dúinn an scéal faoi na rudaí a tharla nuair a chuaigh Íosa isteach san fhásach tar éis a bhaisteadh in Abhainn na hIordáine (Lúcas 4:1-13). Ach sula gcloiseann na páistí an scéal sin, b'fhéidir gur mhaith leat roinnt faisnéis chúlra a thabhairt dóibh.

- Lá amháin, tamall sular thosaigh Íosa ag seanmóireacht agus ag múineadh go poiblí, sula raibh aithne ag a lán daoine air agus faoi na rudaí a dúirt sé agus a rinne sé, agus sular thuig siad go raibh sé difriúil ó aon mhúinteoir eile a chuala siad riamh, agus sular thosaigh na sluaite á leanúint, threoraigh an Spiorad Naomh Íosa isteach san fhásach chun roinnt ama a chaitheamh ann leis féin.
- Ní smaoineamh neamhghnách a bhí ann go rachadh Íosa chuig an bhfásach mar rinne go leor dá shinsir a leithéid roimhe, agus bheadh a gcuid scéalta cloiste ag Íosa sa tsionagóg agus sa bhaile agus é ag fás. Ní thugann na Soiscéil sonraí dúinn faoi na smaointe a bhí ag Íosa nuair a chuaigh sé isteach san fhásach leis féin, ach is féidir linn a shamhlú ... B'fhéidir go raibh saol an-ghnóthach ag Íosa agus go raibh am ag teastáil uaidh a bheith leis féin; b'fhéidir go raibh sé tuirseach agus go raibh beagán ama ag teastáil uaidh ó gach rud; b'fhéidir go raibh gá aige dul go háit éigin gan aon rud ag cur isteach air; b'fhéidir gur theastaigh uaidh machnamh agus guí a dhéanamh faoina shaol agus cad a d'fhéadfadh sé a dhéanamh anois os

rud é go raibh sé baiste ag Eoin in Abhainn na hIordáine. B'fhéidir gur ceann de na cúiseanna seo nó b'fhéidir gur meascán de na cúiseanna seo go léir, an fáth go ndeachaigh Íosa isteach san fhásach lá amháin agus glaoch an Spioraid á leanúint aige.

- Is dócha gur chaith Íosa an chéad chúpla lá ag iarraidh a bhealach a dhéanamh timpeall an fhásaigh, féachaint nach ndeachaigh sé amú, agus ag iarraidh gnáthamh de chineál éigin a leanúint dó féin. Déanaimis an radharc a shamhlú ... Ní raibh teach ná sráidbhaile le feiceáil in áit ar bith. Bhí gaineamh agus deannach agus fásra tirim mórthimpeall air. Samhlaigh Íosa ina shuí faoi cibé scáth a d'fhéadfadh sé a fháil chun é féin a chosaint ó theas cruua na gréine i rith an lae, agus é ina luí ar a dhroim i bhfuacht na hoíche ag faire ar na réaltaí a bhí breactha ar fud na spéire. Agus samhlaigh é, nuair a dhúsigh sé gach maidin, ag tosú ar an ngnáthamh simplí céanna a leanúint arís. Is féidir linn a shamhlú gur mó a bhí Íosa socraithe i bpatrún, gur níos fearr a mhothaigh sé. Agus de réir mar a mhothaigh sé níos fearr, is ea is mó a bheadh cuimhne aige ar ghrá na ndaoine uile ina shaol. Agus an grá seo á mhothú aige, is ea is mó a líonfaí é le grá Dé. Agus bhí Dia an-ghar dó.
- Ansin lá amháin, nuair a bhí a daichead lá san fhásach ag teacht chun deiridh, dhúsigh Íosa ina ghnáthbhealach ach bhí a fhios aige

láithreach go raibh rud éigin athraithe. Bhí rud éigin difriúil – d’fhéadfadh sé é a mhothú ina chnámha. Ba é sin an lá a tháinig an Diabhal

chuige. Cloisimis anois mar a insíonn Naomh Lúcas an scéal.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Sa Bhíobla is minic a úsáidtear an uimhir daichead mar uimhir speisialta, mar uimhir naofa a bhfuil brí faoi leith aici seachas an bhrí liteartha. Seo a leanas samplaí ón tSean-Tiomna ina sonraítear an uimhir daichead sa scéal: Geineasas 7:12 (Le linn an Tuile Mhór báistí bhí sé ag báisteach ar feadh daichead lá agus daichead oíche); Gníomhartha 7:30 (Tar éis do Mhaois an Éigipteach a mharú, d’éalaigh sé go Midián, áit ar chaith sé daichead bliain ag tabhairt aire dá thréada san fhásach); Eacsadas 24:18 (Bhí Maois ar Shliabh Shíonáí ar feadh daichead lá agus daichead oíche); Deotranaimí 8:2-5 (Bhí na hIosraeilítigh ar strae san fhásach ar feadh daichead bliain). Sa Tiomna Nua cloisimid go ndearna Íosa troscadh ar feadh daichead lá san fhásach sular chuir sé tús lena shaol poiblí. Agus, tar éis a Aiséirí, bhí tréimhse daichead lá ann sular fhill sé ar a Athair ar neamh.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

Íosa á Phromhadh ag Sátan (Lúcas 4:1-13)

Tháinig Íosa, agus é lán den Spiorad Naomh, ar ais ón Iordáin, agus seoladh faoi luí an Spioraid san fhásach é go ceann daichead lá, á **phromhadh** ag an **Diabhal**. Agus níor ith sé aon ní sna laethanta sin, agus nuair a bhí siad caite bhí ocras air.

Dúirt an diabhal leis: “Más tú Mac Dé, abair leis an gcloch seo arán a dhéanamh di.”

Agus d’fhreagair Íosa é: “Tá scríofa: ‘Ní ar arán amháin a mhairfidh an duine.’ ”

Agus tar éis don Diabhal é a sheoladh suas ar ard, thaispeáin sé dó ríochtaí uile na cruinne i nóiméad aimsire; agus dúirt an Diabhal leis: “Tabharfaidh mé duit an forlámhas seo uile agus a nglóir siúd, óir is ar mo láimh a tugadh é, agus tugaim do cibé is áil liom é. Dá bhrí sin, má dhéanann tusa adhradh i mo láthair, is leat é uile.”

Dúirt Íosa leis á fhreagairt: “Tá scríofa: ‘Adharfaidh tú an Tiarna do Dhia, agus is dó



amháin a bheidh tú ag seirbhís.’ ”

Ansin sheol sé go hIarúsailéim é, chuir sé ar bhinn an Teampaill é agus dúirt leis: “Más tú Mac Dé, caith tú féin as seo síos; óir tá scríofa: ‘Tabharfaidh sé ordú dá aingil mar gheall ort, chun go ngardálfáidís tú’; agus: ‘Iompróidh siad ina lámha tú, le heagla go mbuailfeá do chos faoi chloch.’ ”

Dúirt Íosa leis á fhreagairt: “Tá ráite: ‘Ní bhainfidh tú triail as an Tiarna do Dhia.’ ”

Agus tar éis don Diabhal é a phromhadh i ngach slí, d’fhág sé é nó go dtiocfadh an uain.

Tar éis duit an sliocht a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna simplí seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 119 dá leabhar freisin**.

- Cá fhad a d’fhan Íosa san fhásach?
- Cad é an chéad phromhadh a chuir an Diabhal ar Íosa? Cén freagra a thug Íosa air?
- Cad é an dara promhadh a chuir an Diabhal ar Íosa? Cén freagra a thug Íosa air?
- Cad é an promhadh deiridh a chuir an Diabhal ar Íosa? Cén freagra a thug Íosa air?
- Cad a rinne an Diabhal nuair a thuig sé nach raibh ag éirí leis Íosa a phromhadh?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cén fáth, dar leat, go ndeachaigh Íosa isteach san fhásach? Céard a cheap sé a tharlódh fad is

a bhí sé ann? Cad nach raibh aige fad is a bhí sé ann? Cé a bhraith sé ina éagmais?

- Cad a tharla nuair a bhí sé san fhásach? Cén chaoi a d’fhéadfadh Íosa guth an Diabhail a chloisteáil?
- Cérbh é an promhadh is deacra a bhí ag Íosa agus é san fhásach? Cén fáth?
- Cad a bhí an Diabhal ag mothú nuair a chonaic sé frithghníomhuithe Íosa?
- Cén fáth, dar leat, a dhiúltaigh Íosa moltaí an Diabhail?
- Cén cineál promhaidh a chuirtear ar dhaoine inniu? Conas a d’fhéadfadh le fógraíocht daoine a mhealladh? Céard faoi na meáin shóisialta?
- Cad iad na cineálacha promhaidh a chuirtear ar pháistí i Rang a Cúig sa lá atá inniu ann?
- Conas is féidir libhse promhadh a dhiúltú?

Tá an sliocht faoi Íosa á phromhadh ag Sátan san fhásach le fáil ar leathanach 119 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí chun an sliocht a léamh dóibh féin agus ansin beagán

ama a chaitheamh leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Bhí tú ag obair leis an nóisean maidir le tarraingt siar i spás ciúin an fhásach. Chun taithí a thabhairt do na páistí ar an gcaoi a bheadh sé le bheith in áit chiúin, b'fhéidir gur mhaith leat an eispéaras seo a leanas a thabhairt dóibh. Tabhair cuireadh do na páistí nóiméad suaimhnis a bheith acu taobh istigh den seomra ranga. D'fhéadfadh clog a bhualadh, nó fuaime ó ghléas ar bith, a bheith mar chomhartha do na páistí bogadh isteach i gciúnas le linn an Charghais. D'fhéadfaí é a dhéanamh le linn an cheachta reiligiúin nó ag amanna éagsúla i rith an lae. Ag fuaime an chloig stadfaidh na páistí leis an méid atá á dhéanamh acu agus fanfaidh siad ciúin agus socair ar feadh tamaill ghairid (tosaigh le tríocha soicind b'fhéidir agus, le himeacht ama agus le cleachtadh, téigh go dtí nóiméad iomlán). Ná tabhair treoir ar bith leis an dtréimhse suaimhnis seo. Nuair a bheidh an t-am thart, b'fhéidir gur mhaith leat bogadh ar aghaidh le hobair an lae nó b'fhéidir gur mhaith leat a iarraidh ar na páistí iontráil a dhéanamh sa dialann don Oideachas Reiligiúnach.

AG COMHRÁ

FAOIN MHAITHEAS ATÁ IONAINN GO LÉIR

- Tosaigh trí cuireadh a thabhairt do na páistí an t-alt dar teideal 'An Mhaitheas atá Ionainn' ar leathanach 120 dá leabhar a léamh.
- Ansin spreag na páistí chun smaoineamh ina dtost faoi na hamanna nuair nach maireann siad maidir leis an mhaithreas a fheiceann Dia iontu.
- Faoi dheireadh, tabhair cuireadh do na páistí samplaí a roinnt leis an rang.

GNÍOMHAÍOCHT (CUID 1)

MO MHAITHEAS

Nóta: Maidir leis an ngníomhaíocht seo agus an ghníomhaíocht a leanann é, tabhair bileog de pháipéar daite A4 agus píosa ribín nó banda beag leaisteach, do gach páiste. Tabhair cuireadh do na páistí an dá ghníomhaíocht a dhéanamh ar an mbileog A4 amháin. Nuair a bheidh na gníomhaíochtaí críochnaithe, iarr ar na páistí a mbileoga a rolladh i scolla agus an scolla a dhaingniú leis an ribín/banda.

- Dáil amach an páipéar agus na ribíní/bandaí leaisteacha.
- Tabhair cuireadh do na páistí smaoineamh agus ansin scríobh ar thaobh amháin dá leathanach trí nó ceithre rud fúthu féin atá go maith.
- Is féidir leo na ráitis a dhathú le líníochtaí nó siombailí.

Nuair a bheidh an obair seo críochnaithe acu, tabhair cuireadh dóibh machnamh/tochailt níos doimhne trí na ceistanna seo nó ceistanna den chineál céanna a chur orthu:

- Uaireanta ní mhairimid maidir leis an mhaithreas a fheiceann Dia ionainn. Uaireanta déanaimid agus deirimid rudaí a chuireann bac lenár

mhaithreas. Cathain a tharlódh a leithéid? Conas a chabhródh an Spiorad Naomh linn?

- Cén chaoi a mhothaíonn sé nuair nach mairimid maidir leis an mhaithreas atá ionainn?
- Cén chaoi a mbíonn sé nuair a chuirtear cathú orainn rudaí a dhéanamh nó a rá a chuireann bac leis an mhaithreas atá ionainn féin nó i ndaoine eile? Cathain a d'fhéadfadh sé sin a tharlú? Ar tharla sé ariamh duit?
- Cén t-ainm atá ar an sacraimint, áit a ndeirimid le Dia go mbíonn brón orainn toisc nár mhaireamar maidir leis an mhaithreas atá ionainn, agus ina ndéanaimid grá Dé dúinn a cheiliúradh? Cad a tharlaíonn i Sacraimint an Athmhuintearais?
- Insíonn an Soiscéal de réir Lúcaís dúinn gur



stiúir an Spiorad Naomh Íosa isteach san fhásach. An gceapann sibh gur chabhraigh an Spiorad Naomh le hÍosa nuair a bhí sé á phromhadh ag an Diabhal?

- Conas a d'fhéadfadh an Spiorad Naomh cabhrú leatsa nuair a bhraitheann tú gan maireachtáil maidir leis an mhaitheas atá ionat? An féidir leat smaoineamh ar am nuair a bhí tú ar tí rud a dhéanamh, rud a dhéanadh dochar duit féin nó do dhuine eile, ach gur stad tú agus smaoinigh

tú faoi na rudaí a bhí tú ar tí a dhéanamh - agus ní dhearna tú iad? An dóigh leat gur chabhraigh an Spiorad Naomh leat ar bhealach ar bith? Conas a cheapann tú gur féidir linn an Spiorad Naomh a chloisteáil ag caint linn?

Spreag na páistí chun roinnt ama a chaitheamh le 'Smaoinigh air seo ...' atá ar leathanach 120 dá leabhar.

GNÍOMHAÍOCHT (CUID 2)

SEOLTA FAOI LUÍ AN SPIORAID NAOIMH

- Tabhair cuireadh do na páistí an dá abairt thíos a scríobh ar an dtaobh eile dá gcuid bileoga daite A4:
 - » Ba mhaith liom maireachtáil maidir leis an mhaitheas a fheiceann Dia ionam.
 - » A Spioraid Naoimh, cuidigh liom le do thoil.
- D'fhéadfadh na mic léinn cliste sampla amháin nó níos mó a ainmniú d'amanna nuair a bhí cúnadh ón Spiorad Naomh ag teastáil uathu:
 - » A Spioraid Naoimh, cuidigh liom le do thoil

nuair... (m.sh. a chuirtear cathú orm rud a dhéanamh, go bhfios dom atá mícheart; iarrann mo Mham orm rud éigin a dhéanamh ach i ndáiríre táim ag iarraidh dul amach ag imirt; iarrann duine éigin orm rud a dhéanamh go bhfios dom go bhfuil sé mícheart, srl.)

- Ansin iarr ar na páistí a mbileoga a shíniú, iad a rolladh suas cosúil le 'scrollaí' agus iad a dhaingniú leis an ribín/leasteach.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

EMOJI DEN SPIORAD NAOMH

Dírigh aire na bpáistí chuig an gcéad ghníomhaíocht **ar leathanach 120 dá leabhar** a thugann cuireadh dóibh emoji den Spiorad Naomh a chruthú. Cuirfidh sé seo i gcuimhne dóibh go bhfuil an Spiorad Naomh ann i gcónaí, chun cabhair agus treoir a thabhairt dóibh.



ATHBHREITHNIGH

CÉADAOIN AN LUAITHRIGH AGUS AN BHLIAIN LIOTÚIRGEACH

Tabhair cuireadh do na páistí an méid atá ar eolas acu faoin gCarghas agus faoin **bhliain liotúirgeach** a thabhairt chun cuimhne trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a úsáid:

- Cén chuid den bhliain liotúirgeach atá gar dúinn/ag tosú anois?
- Cad a tharlaíonn sa Charghas? Cén séasúir eile den Bhliain Liotúirgeach atá ar eolas agat? Cad a iarrann an Eaglais orainn a dhéanamh le linn na hAidbhinte/na Nollag/na Cásca?
- Cad a iarrann an Eaglais orainn a dhéanamh le

linn séasúr na hAidbhinte?

- Cad a iarrtar orainn a dhéanamh i rith séasúr an Charghais?
- Cad é an chéad lá den Charghas? Cathain a chríochnaíonn an Carghas? Cé mhéad lá atá ann idir tús an Charghais agus deireadh an Charghais? (Daichead a ceathair)

Ansin tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'An Carghas' **ar leathanach 120 dá leabhar**, a léamh.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Tá go leor scéalta sa Bhíobla faoi dhaoine a chuaigh isteach san fhásach chun am a chaitheamh leo féin, agus faoi dhaoine a chuaigh faoi stiúir Dé/an Spioraid Naoimh isteach ann freisin, áit ar mhothaigh siad Dia ag déanamh cumarsáid leo. Chaith Íosa daichead lá san fhásach. Le linn an ama sin bhí sé á phromhadh ag an Diabhail. Dhiúltaigh Íosa promhadh an Diabhail. Teastaíonn amanna ciúine uainn go léir ionas go mbeimid in ann teagmháil a dhéanamh leis an gcuid is doimhne dúinn féin agus le guth Dé ag labhairt linn inár gcroí. Le linn an Charghais impíonn an Eaglais orainn am a chaitheamh ag smaoineamh ar an gcaoi ina bhfuilimid ag maireachtáil agus ar an méid a d'fhéadfaimis a dhéanamh chun teagmháil a dhéanamh le plean Dé dúinn, ionas gur féidir linn a bheith chomh maith agus is féidir linn a bheith.

AG COMHRÁ

ROIMH NA GNÍOMHAÍOCHTA

Tabhair cuireadh do na páistí comhrá a dhéanamh faoi ghealltanas don Charghas ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad is gealltanas don Charghas ann?

- Cé a dhéanann gealltanas don Charghas?
- Cén cineál gealltanais don Charghas a d'fhéadfadh daoine a dhéanamh?

GNÍOMHAÍOCHT

CÁRTAÍ LE GEALLTANAS DON CHARGHAS

Nóta: B'fhéidir gur mhaith leat trí stiall de pháipéar nó cárta daite (*m.sh. corcra/buí/dearg*) a thabhairt do gach páiste, ach is leor cártaí bána muna bhfuil na cinn daite ar fáil.

- Tosaigh trí a mheabhrú do na páistí go n-iarrtar orainn guí, **staonadh** ó chuid de na rudaí is maith linn, agus tabhairt do dhaoine eile, i rith an Charghais.
- Is é an tasc atá ag na páistí ná cárta amháin a scríobh a bhaineann le **'Guí'**, cárta eile a bhaineann le **'Staonadh'**, agus an tríú cárta a bhaineann le **'Tabhair do dhaoine eile'** a scríobh. Iarr ar na páistí ceann de na trí theideal sin a scríobh ar thaobh amháin de gach cárta.
- Ansin scríobhfaidh na páistí gealltanas amháin a bhaineann leis an teideal ar gach cárta.
- Spreag na páistí a gcártaí a scríobh i modh dearfach, ag cur an bhéim ar an méid a déarfadh siad, a dhéanfaidh siad, a bheidh siad srl. seachas an rud nach ndéanfaidh siad.

Samplaí:

D'fhéadfadh go n-áireofaí le cárta **Urnaí**: 'Abair paidir ar son...' (*agus ainm, m.sh. máthair, deirfiúr, athair, seanmháthair, srl.*); nó d'fhéadfaí paidir áirithe a thabhairt le rá.

D'fhéadfadh cárta faoi **Staonadh** rud éigin a mholadh a d'fhéadfaí a dhéanamh laistigh de thréimhse ghearr (*m.sh. fón póca a mhúchadh inniu; níos lú ama a chaitheamh ag imirt cluichí fiseáin/ag féachaint ar an dteilifís; gan milseáin a ithe le linn an Charghais, srl.*)

D'fhéadfadh cárta faoi **Tabhairt do Dhaoine Eile** bealaí a lua ina d'fhéadfadh na páistí cuid dá gcuid ama/sealúchais a thabhairt do dhaoine eile (*m.sh. a sean bhréagáin agus leabhair atá léite acu a thabhairt do charthanas nó do pháistí a bhfuil níos lú bréagán acu; inis dá dtuismitheoirí go caithfidh siad roinnt ama ag cabhrú sa bhaile gan á iarraidh, mar shampla an gairdín a lomadh, aire a thabhairt don leanbh, a seomra a ghlanadh; cabhrú le duine ar scoil a bhfuil cabhair ag teastáil uathu lena gcuid obair bhaile*).

IONTRÁIL SA DIALANN

MO GHEALLTANAS DON CHARGHAS

Gach seachtain le linn an Charghais, iarr ar na páistí gealltanas a scríobh faoi rud éigin a dhéanfaidh siad an tseachtain sin, sa dialann don Oideachas Reiligiúnach.

GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

ÓN GCARGHAS GO DTÍ AN CHÁISC

- Tabhair cuireadh do na páistí breathnú ar an raon focal atá ar taispeáint ar an scáileán agus na focail a aithint a bhaineann leis an gCarghas.
 - Is iad na focail a bhaineann leis an gCarghas ná:
 - » Céadaoin an Luaithrigh
 - » Fásach
 - » Guí
 - » Tabhair do dhaoine eile
 - » Troscadh
 - » Staonadh
- » Machnamh
 - » Domhnach na Pailme
 - » Sacraimint an Athmhuintearais
 - » Gealltanais

Teachtaireacht na Cásca: ‘Saolaítear ár gcreideamh maidin na Cásca: Tá Íosa beo! Tá an eispéaras seo ag croí na teachtaireachta Críostaí.’ (Tvuít ón bPápa Proinsias, 1 Aibreán 2018)

GNÍOMHAÍOCHT

URNAÍ ACHAINÍ/URNAÍ MAITHIÚNAIS

Dírigh aire na bpáistí chuig an dara gníomhaíocht **ar leathanach 120 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh **urnaí achainí** nó **urnaí maithiúnaís** a scríobh. Is féidir leo an urnaí seo a úsáid le linn séasúr an Charghais. Úsáidfear na paidreacha seo sa tSeirbhís Urnaí a leanann.

PAIDIR

Nóta: B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do pháiste an sliocht a léamh ó leathanach 119 dá leabhar, an scéal faoi phromhadh Íosa ón Soiscéal de réir Lúcaís. Ba chóir go mbeadh a n-Urnaí Achainí féin/Urnaí Maithiúnaís ar láimh ag na páistí freisin. Beidh deis ann luaithreach a dháileadh, más féidir, le linn an urnaí. Má thoghann tú an rogha sin, d'fhéadfá roinnt ceoil cúlra machnamhach a roghnú roimh ré agus é a sheinm mar a fhaigheann na páistí an luaithreach.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnimid go bhfuil Dia linn.

Éistimis anois le scéal promhadh Íosa mar atá sé ar fáil sa Soiscéal de réir Naomh Lúcaís.

Léitheoir: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Lúcaís.

Gach duine: Glóir duit, a Thiarna.

Tháinig Íosa, agus é lán den Spiorad Naomh, ar ais ón Iordáin, agus seoladh faoi luí an Spioraid san fhásach é go ceann daichead lá, á phromhadh ag an Diabhal. Agus níor ith sé aon ní sna laethanta sin, agus nuair a bhí siad caite bhí ocras air.

Dúirt an diabhal leis: “Más tú Mac Dé, abair leis an gcloch seo arán a dhéanamh di.”

Agus d'fhreagair Íosa é: “Tá scríofa: ‘Ní ar arán

amháin a mhairfidh an duine.’ ”

Agus tar éis don Diabhal é a sheoladh suas ar ard, thaispeáin sé dó ríochtaí uile na cruinne i nóiméad aimsire; agus dúirt an Diabhal leis: “Tabharfaidh mé duit an forlámhas seo uile agus a nglóir siúd, óir is ar mo láimh a tugadh é, agus tugaim do cibé is áil liom é. Dá bhrí sin, má dhéanann tusa adhradh i mo láthair, is leat é uile.”

Dúirt Íosa leis á fhreagairt: “Tá scríofa: ‘Adharfaidh tú an Tiarna do Dhia, agus is dó amháin a bheidh tú ag seirbhís.’ ”

Ansin sheol sé go hIarúsailéim é, chuir sé ar bhinn an Teampaill é agus dúirt leis: “Más tú Mac Dé, caith tú féin as seo síos; óir tá scríofa: ‘Tabharfaidh sé ordú dá aingil mar gheall ort, chun go ngardálfadís tú’; agus: ‘Iompróidh siad ina lámha tú, le heagla go mbuailfeá do chos faoi chloch.’ ”

Dúirt Íosa leis á fhreagairt: “Tá ráite: ‘Ní bhainfidh tú triail as an Tiarna do Dhia.’ ”

Agus tar éis don Diabhal é a phromhadh i ngach slí, d'fhág sé é nó go dtiocfadh an uain.

Soiscéal an Tiarna.

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.

Múinteoir: Le linn an Charghais bímid ag lorg athmhuintearais lena chéile, le Dia agus le cruthú Dé.

Tugann an múinteoir cuireadh do gach páiste (más mian leo) a n-Urnaí Achainí /Urnaí Maithiúnaís a léamh.

Freagra (tar éis gach paidir): Éist lenár n-urnaí agus freagair sinn, A Thiarna.

Múinteoir (*Sa chás nach mian le páiste a (h)urnaí a léamh b'fhéidir gur mhaith leat an méid seo a leanas a rá*):

Iarraimid ar Dhia éisteacht le paidir ... (*ainm an pháiste a ainmníú*)

Gach duine: Éist lenár n-urnaí agus freagair sinn, A Thiarna.

Múinteoir: Tugaim cuireadh daoibh anois teacht ar aghaidh chun luaithreach a fháil.

Mura bhfuil luaithreach ar fáil, b'fhéidir gur mhaith leat gach páiste a bheannú, trí chomhartha na croise a ghearradh le huisce coisricthe ar a gcláir éadain,

agus na focail seo á rá agat ag an am chéanna: 'Déan aithrí agus creid sa soiscéal.'

Múinteoir: Thóg an Spiorad Íosa isteach san fhásach ionas go bhféadfadh sé a bheith níos gaire do Dhia an t-Athair.

Go gcabhróidh an Spiorad Dé céanna linne

maireachtáil chomh maith agus is féidir linn.

Go mbeidh Spiorad Dé linn inniu agus gach lá dár saol.

Gach duine: Glóir don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh.
Áiméan.

Comhartha na Croise



Ceacht 3: Ag smaoineamh ar Naomh Pádraig

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair na hEaglaise

- Na Naoimh: Naomh Pádraig

An Bheatha Shíoraí

- Purgadóir: 'Gach duine a fhaigheann bás i ngrásta agus i gcairdeas Dé... Cé go bhfuil siad cinnte go mbeidh slánú síoraí acu, bíonn orthu íonghlánadh a fháil tar éis a mbáis le go mbainfidh siad amach an caighdeán naofachta a theastaíonn chun lúcháir agus aoibhneas Dé a roinnt' (ChEC 1030-31; ChEC 1054)

Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta

- Déanann an Eaglais naoimh de dhaoine faoi

leith de bhrí go raibh siad an-naofa agus go bhfuil sí cinnte go bhfuil siad sna flathis agus de bhrí gur eiseamláirí a gcuid naofachta dúinn ar fad

- Tá na rudaí a chuaigh i bhfeidhm ar na naoimh níos tábhachtaí ná a gcuid gníomhartha féin

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

- Neartaíonn urnaí ár gcairdeas le hÍosa

Urnaí Fhoirmeálta

- Glóir don Athair

Paidreacha Breise

- Lúireach Phádraig

ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

CUSPÓIR FOGHLAMA 2

An Eaglais Chríostaí

- Ón Luath-Eaglais go dtí an lá atá inniu ann. Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:
 - Fáil amach faoin dóigh ar tháinig an Chríostaíocht go hÉirinn.

2. Adhradh agus Urnaí.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:

- A aithint gur féidir go mbíonn baint ag an urnaí agus ag an adhradh le hócáidí agus le háiteanna speisialta.



SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá sé tábhachtach do leanaí a thuiscint nach mbaineann oidhreacht agus cultúir amháin le healaíontóirí cáiliúla, le ceoltóirí nó le daoine stairiúla. Cruthaíonn gach duine againn an cultúr, lá i ndiaidh lae, ag déanamh rudaí laethúla agus ag maireachtáil gach lá. Déantar an cultúr a chruthú agus a athchruthú i gcónaí inár bpobail éagsúla, bíodh sé sin laistigh dár dteaghlach, dár scoil, dár gceantar, inár ngrúpaí eitneacha nó inár ngrúpaí reiligiúnacha. Trí theanga chomhroinnte, stair chomhroinnte, traidisiúin roinnte, luachanna comhroinnte agus, go deimhin, tírdhreach comhroinnte, bíonn tuiscint againn ar ár fhéiniúlacht, ar na daoine lena mbainimid, agus ar na daoine a chuidíonn linn fás agus borradh ar domhan.

Léiríonn oidhreacht chultúrtha ár nasc lenár stair féin, nasc a chruthaigh ár saol sa lá atá inniú ann agus tá an chumhacht aici tionchar a imirt

ar ár dtodhchaí. Go minic bímid chomh báite inár n-oidhreacht chultúrtha go nglacaimid léi go deonach – agus nach bhfeicimid an méid atá ann dúinn nó an méid gur féidir linn cur léi. Go minic nuair nach mairimid léi trí imirce, nó nuair a chuirtear dúshlán romhainn faoinár dtraidisiúin chultúrtha, is ansin a thosaímid ag machnamh ar an tionchar atá aici orainn.

Sin é an fáth go bhfuil sé tábhachtach nascadh le cultúir éagsúla. Osclaíonn sé dúinn an tuiscint go bhfuil go leor ‘bealaí le bheith’ ar domhan. Tá sé de chumas, ag teagmháil le cultúir eile, chun cabhrú linn ár n-oidhreacht chultúrtha féin a scrúdú, cultúir nua éagsúla eile a bhreathnú agus, sa tslí sin, na gnéithe dár n-oidhreacht chultúrtha féin gur cóir dúinn a chosaint a aimsiú, agus na gnéithe gur cóir a fháil réidh leo a aithint freisin.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Traidisiúin:** Nósanna agus cleachtais atá ann le fada. Leanann siad ar aghaidh ó ghlúin go glúin.
- **Oidhreacht:** Rudaí, mar shampla traidisiúin agus teanga, a thagann anuas chugainn ó ghlúin eile.
- **Cultúr:** An cineál saoil a bhíonn ag pobal nó ag grúpa daoine. Nascann an cultúr le chéile muid mar phobal. Tá baint ag creideamh, traidisiúin, nósanna agus luachanna le cultúr.
- **Oidhreacht Chultúrtha:** Nósanna, cleachtais, áiteanna, ealaín, luachanna a bhaineann le pobal ar bith agus a thagann anuas ó ghlúin go glúin.
- **Bigil:** Tréimhse gan chodladh chun faire a choinneáil nó guí a dhéanamh.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Agus cuntas a choimeád ar a gcuid oibre a bhaineann leis an dtionscadal ‘Cuardach Oidhreachta’, b’fhéidir go mbeidh ábhair éagsúla ag teastáil ó na páistí; féach na moltaí a ghabhann leis an ngníomhaíocht
- Leathanach A4 agus roinnt ábhair dhathúcháin do gach páiste
- Leathanach A3 agus roinnt ábhair dhathúcháin do gach péire páiste
- Fótachóip a dhéanamh agus gach ceann de na fíricí faoi Naomh Pádraig a ghearradh amach. Féach an teimpléad thíos.

Féachaimis ...

SCÉAL

Buaileann Traidisiúin na Síne agus Traidisiúin na hÉireann le Chéile!

D'fhéach Yan Yan agus Síomón ar a dtriúr mac beag bídeach suite in aice lena chéile sa chruib. Bhí Síomón ar tí rud a rá nuair a ghlaoigh a ghuthán póca. Bhí sé ar an bhfón ar feadh nóiméad nó dhó sular ghlaoigh sé chuig Yan Yan, 'mo Mham atá ann, agus tá sí ag iarraidh a fháil amach cad iad na hainmneacha a thabharfaimid do na buachaillí. Deir sí go bhfuil ainmneacha deasa Gaeilge ar eolas aici ... ainmneacha cosúil le Liam agus Seán agus Conchúr.'

Go tobann bhraith Yan Yan in éagmais a máthair agus a hathair féin sa tSín. Bhí a fhios aici go mbeadh siadsan ag smaoineamh ar ainmneacha Síneacha a bhain leis an teaghlach Shen leis na cianta. Ainmneacha bródúla cosúil le Tao-ran agus Wang agus Ling. Murab ionann agus tuismitheoirí Shíomóin, ní iarrfaidís. D'fhanfaidís go dtí go n-inseofaí leo iad. Sin é bealach na Síne.

'Tabharfaimid dhá ainm do gach leanbh,' a dúirt Yan Yan le Síomón, 'ainm Síneach agus ainm Éireannach.' Agus b'shin deireadh leis an scéal!

Lá amháin, go gairid i ndiaidh do na buachaillí teacht abhaile, rinne tuismitheoirí Yan Yan scaidhpeáil. Bhí siad le teacht chun na buachaillí a fheiceáil agus bheidís ag fanacht go dtí ceiliúradh céad lá breithe a ngarmhac.

'Cad atá i gceist acu?' D'iarr Síomón.

'Bhuel,' a dúirt Yan Yan, 'sa tSín cuirtear béim mhór ar an aon chéad lá a chaitheann leanaí ag tús a saol. Tagann teaghlaigh agus cairde le chéile le béile domplagáin agus núdail a ithe, agus bíonn seodghlas fadsaolaí á caitheamh ag an leanbh timpeall an mhuiníl mar chomhartha dea-ádh agus dea-shláinte.'

'Níor chuala mé riamh faoi sin,' arsa Síomón, agus amhras air. 'Ní dhéantar a léithéid anseo in Éirinn.'

'Beidh spraoi againn leis,' arsa Yan Yan le Síomón, 'fan go bhfeiceann tú. Agus ar aon nós, déanfaidh Baba agus Mama an cócaireacht go léir. Ní bheidh orainn tada a dhéanamh.'

Bhí tuismitheoirí Síomóin, Peadar agus Máire, ag tnúth le bualadh le tuismitheoirí Yan Yan. Thosaigh siad ag cleachtadh conas 'haileo' a rá i Sínis. Rinne Yan Yan gáire agus iad ag cleachtadh 'ni hao' ar feadh



tamaill. Ach theastaigh ó athair Shíomóin go bhfoghlaimidh Yan Yan conas fáilte a chur roimh a cuid tuismitheoirí go hÉirinn i nGaeilge, mar sin mhúin sé léi conas 'Fáilte Romhat' a rá. Ansin, bhí seans ag Peadar a bheith ag gáire faoi iarrachtaí aisteacha Yan Yan.

Bhreachnaigh Síomón agus Yan Yan ar an bhféilire agus thosaigh siad ag gáire arís nuair a thug siad faoi deara go dtitfeadh an céad lá ó rugadh an triúr ar an 17ú Márta, Lá Fhéile Pádraig. Ansin tháinig dreach tromchúiseach ar aghaidh Shíomóin. 'Níl mé cinnte cad a dhéanfaimid,' a dúirt sé. 'Bíonn mo thuismitheoirí páirteach i bparáid Lá Fhéile Pádraig i gcónaí. An gcaithfidh an ceiliúradh a bheith go díreach ar an gcéad lá?'

'Caithfidh cinnte,' a dúirt Yan Yan. 'Beidh mo thuismitheoirí ar buile muna mbíonn sé ansin. Traidisiún fiorthábhachtach atá ann do mhuintir na Síne.'

Chuaigh Síomón chun comhrá a dhéanamh lena thuismitheoirí. Mhínigh sé cé chomh tábhachtach is a bhí sé dó féin agus do Yan Yan go mbeadh traidisiúin na Síne agus traidisiúin na hÉireann acu mar chuid dá saol araon. 'Cad a dhéanfaimid?' a d'iarr sé.

'Ná bíodh imní ort ar mhac,' arsa Peadar. 'Nach féidir linn comhréiteach a dhéanamh? Bíonn an pharáid ann ar maidin. D'fhéadfadh tuismitheoirí Yan Yan freastal ar an bparáid leis na leanaí. D'fhéadfaidís iad féin a ghléasadh in éadaí Sínise traidisiúnta, fiú amháin na buachaillí. Is féidir leo bratach na Síne a iompar más mian leo, chomh maith.'

'Is smaoineamh iontach é sin,' arsa máthair Shíomóin. 'Ansin is féidir an ceiliúradh Síneach a bheith againn san iarnóin. Sin go maith, mar baineann an dá chultúr linn go léir anois. Beidh teaghlaigh Shen agus teaghlaigh Hayes ag comhrá faoin lá seo leis na blianta amach anseo.'



I ndiaidh duit an scéal a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna simplí seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 122 dá leabhar freisin:**

- Cén fáth ar ghlaigh máthair Shíomóin? Cad a theastaigh uaithi a fháil amach?
- Cén fáth a ndúirt Yan Yan gur chóir do na buachaillí dhá ainm a fháil?
- Cén ócáid a raibh tuismitheoirí Yan Yan ag súil lena ceiliúradh?
- Cén ócáid eile a bhí le ceiliúradh ar an lá céanna?
- Cén fhadhb a tháinig chun cinn maidir leis an dá ócáid?
- Cén réiteach a bhí acu ar an bhfadhb?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cén fáth go raibh paráid Lá Fhéile Pádraig chomh tábhachtach sin do Mháire agus do Pheadar?
- Cén fáth go raibh an ceiliúradh céad lá breithe chomh tábhachtach sin do Yan Yan agus dá tuismitheoirí?
- Cad a tharlódh muna ndeachaigh Peadar agus Máire go dtí an ceiliúradh céad lá breithe agus dá rachaidís go dtí an pharáid ina áit?

Cad a cheapfa a dhéanadh Síomón? Conas a bhraithfeadh Yan Yan agus a tuismitheoirí, meas tú?

- An mbaineann tú le teaghlach a bhfuil **dhá chultúr** aige? An bhfuil aithne agat ar aon duine a bhaineann le teaghlach mar sin? Cad a d'fhéadfadh a bheith mar an gcéanna/difriúil dá rachfá isteach i dteach a bhfuil dhá chultúr aige nó i dteach a bhfuil cultúr amháin ann? Cad faoi rudaí cosúil le teanga, bia, éadaí, maisiúcháin?
- Tá a **thraidisiún uathúla** féin ag gach teaghlach. Cad iad na traidisiúna atá ag do theaghlach féin?
- An bhfuil a fhios ag éinne cén bhrí atá ag an bhfocal '**oidhreacht**'? Dá ndéarfadh duine gur as Oidhreacht na hÉireann iad, cad a bheadh i gceist acu? An mbeadh sé sin difriúil ó dhuine a bheadh ag teacht ó oidhreacht na Polainne/na Fraince/na hIodáile?
- Dá ndéarfainn, 'Tá gach rud faoinár gcultúr foirfe', cad a déarfá? An bhfuil gnéithe dár gcultúr Éireannach ann ba mhaith leat a athrú? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?

Tabhair cuireadh do na páistí beagán ama a chaitheamh leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 122 dá leabhar.

CLEACHTADH DIALAINNE

BÍMIS AG BREACADAÍL

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 122 dá leabhar** a thugann cuireadh dóibh trí fhocal a roghnú a dhéanann cur síos ar na rudaí is fearr faoin dteaghlach/faoi na daoine a chónaíonn siad leo. Iarr ar na páistí na focail sin a scríobh ar leathanach glan sa dialann don Oideachas Reiligiúnach, ag fágáil spás idir na focail. Ansin iarr orthu bheith ag breacadaíl timpeall na bhfocal

gan mórán ama a chaitheamh ar an méid atá á dhéanamh acu.

Sula gcuireann tú an tionscadal thíos ar eolas na bpáistí, iarr orthu an t-alt dar teideal 'Cuireann traidisiún agus oidhreacht lenár bhféiniúlacht' ar leathanach 123 dá leabhar a léamh.

TIONSCADAL

FAOIN GCUARDACH OIDHREACHTA

Nóta: Ag glacadh cúinsí áirithe do rang san áireamh, b'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do na páistí ceann de na tionscadail seo a leanas a dhéanamh. Is féidir an tionscadal a dhéanamh ina n-aonair nó i ngrúpaí. B'fhéidir go mbeidh tú in ann cuid de na hábhair a chomhtháthú le Curaclam Staire Rang 5/B7. Agus an obair á dhéanamh acu, spreag na páistí raon foinsí a úsáid chun cabhrú leo féin, mar shampla grianghraif, agallaimh, ag bailiú scéalta, drámaíocht, srl.

Oidhreacht Teaghlach

- Déan cur síos ar thraidisiúin do theaghlach – maidir leis an Nollaig, an Cháisc, laethanta saoire, srl.

Oidhreacht Áitiúil

- Tabhair cuireadh do scéalaithe áitiúla, ceoltóirí, ealaíontóirí, ceardaithe, rinceoirí, staraithe nó daoine as an ngrúpa oidhreacht áitiúil isteach sa seomra ranga. Déan an méid a fhoghlaimíonn tú uathu faoin oidhreacht áitiúil a chlárú.

Oidhreacht na Scoile

- Déan traidisiúin do scoile a chlárú – maidir le spórt, ceolchoirmeacha, turais, srl.

Grúpaí Oidhreacht Náisiúnta

- Déan taighde ar na grúpaí éagsúla a bhfuil baint acu le hOidhreacht Náisiúnta agus cláraigh obair ghrúpa amháin acu.

GNÍOMHAÍOCHT

MO SHIOMBAIL CHULTÚRTHA

Nóta: Beidh leathanach A4 agus roinnt ábhaí dhathúcháin ag teastáil ó gach páiste.

Tabhair cuireadh do na páistí siombail a tharraingt agus a dhathú a léiríonn an cultúr lena mbaineann siad. Cuir i gcuimhne dóibh gur féidir dath a úsáid go siombalach, agus spreag iad chun smaoineamh go cúramach ar na dathanna a úsáideann siad agus a siombail á tarraingt acu.

PAIDIR

Nóta: Tabhair cuireadh do na páistí a siombail a chur ar an mbord/an deasc os a gcomhair amach. B'fhéidir gur mhaith leat roinnt ceoil machnamhach a sheinm agus na páistí ag gluaiseacht isteach san urnaí seo.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Inniu bhíomar ag caint faoinár gcultúr agus ár n-oidhreacht. Tá ár dteaghlach/na daoine a gcónaímid leo mar chuid den chultúr sin. Cuirimid go léir lenár n-oidhreacht chultúrtha.

Tabhair cúpla nóiméad anois le breathnú ar na siombailí a rinne tú chun léiriú a dhéanamh ar an gcultúr lena mbaineann tú. (Sos)

Smaoinigh ar na dathanna a d'úsáid tú, agus cén fáth a roghnaigh tú na dathanna sin agus nár roghnaigh tú dathanna eile. B'fhéidir go gcuireann siad duine éigin i gcuimhne duit. (Sos)

Smaoinigh ar cén fáth ar tharraing tú siombail ar leith agus ná tharraing tú ceann eile. (Sos)

Tugaim cuireadh duit do chuid súl a dhúnadh ar feadh nóiméid anois agus a shamhlú gur féidir le do shiombail labhairt! Smaoinigh ar an méid a d'fhéadfadh sé a rá leat faoi do theaghlach/na daoine a gcónaíonn tú leo. (Sos)

Anois smaoinigh ar gach duine i do theaghlach/na daoine a gcónaíonn tú leo, nó na daoine i do phobal. Samhlaigh a n-aghaidheanna - ceann i ndiaidh a chéile. (Sos)

Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach agus i do chuid focail féin, gabh buíochas le Dia as bronntanas na ndaoine a bhfuil grá agat dóibh, agus as na daoine a dtugann grá duit. (Sos)

Gabh buíochas le Dia as bronntanas na scoile agus as na cairde atá agat inti. (Sos)

Gabh buíochas le Dia as bronntanas do chomharsana agus do phobal. (Sos)

Gabh buíochas le Dia as an tír ina cónaíonn tú. (Sos)

Anois is féidir leat do shúile a oscailt agus guímis an *Glóir don Athair* le chéile.

Gach duine: Glóir don Athair, agus don Mhac ...

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

FAOI OIDHREACTH CHEILTEACH CHRÍOSTAÍ

Tabhair cuireadh do na páistí an méid atá ar eolas acu faoi Oidhreacht Cheilteach Chríostaí a thabhairt chun cuimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- An bhfuil aon finscéalta/scéalta ársa ar eolas agat a chuidíonn linn cuimhneamh ar ár oidhreacht Cheilteach? (*m.sh. Cú Chulainn, Fionn Mac Cumhaill*)
- An bhfuil aon scéalta/finscéalta faoi na naoimh

atá ar eolas agat a chuidíonn linn cuimhneamh ar agus foghlaim faoinár Oidhreacht Chríostaí?

Dírigh aire na bpáistí chuig na pictiúir de naoimh Éireannacha ar leathanach 123 dá leabhar, agus tabhair cuireadh dóibh an méid is cuimhin leo a fhoghlaim faoi na naoimh seo a roinnt.

GNÍOMHAÍOCHT ATHGHAIRME

NAOMH PÁDRAIG

Déan comhrá leis na páistí faoin méid atá ar eolas acu cheana féin faoi Naomh Pádraig, agus na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna a n-úsáid agat:

- Conas a tháinig Naomh Pádraig go hÉirinn ar dtús?
- Cár chaith sé a chuid blianta tosaigh in Éirinn?

- An bhfuil dáta Lá Fhéile Pádraig ar eolas ag éinne? Cén fáth go gceiliúraimid an fhéile ar an lá sin? (*Deirtear go bhfuair Naomh Pádraig bás ar an lá sin.*)
- An féidir le héinne gearrscéal/finscéal atá ar eolas acu a insint faoi Naomh Pádraig?

SCÉAL

Naomh Pádraig agus Rí Laoghaire

D'iarr Dia ar Naomh Pádraig filleadh ar Éirinn agus teachtaireacht na Críostaíochta a scaipeadh ar fud na tíre. Ag an am sin tír phágánach a bhí in Éirinn, agus í rialaithe ag draoithe Ceilteacha agus ag Ard-Rí Laoghaire, a bhí ina chónaí i dTeamhair, i gContae na Mí. Bhí a gcuid dlíthe agus custaim féin ag na Ceiltigh agus thug siad adhradh do dhéithe págánacha.

Ar dtús níor éist éinne le teachtaireacht Phádraig. Níor theastaigh ó na Ceiltigh a chloisteáil faoi Dhia, agus bhraith na draoithe faoi bhagairt leis an méid a bhí le rá ag Naomh Pádraig. Ach bhí Pádraig cróga agus daingean agus lean sé ar aghaidh lena sheanmóireacht.

Bhí féile Cheilteach na Bealtaine ann (Féile na dTinte) mar fhéile mhór chun tús an tsamhraidh a cheiliúradh agus an bua a bhí ag solas an tsamhraidh thar dhorchadas an gheimhridh a chur in iúl. Go traidisiúnta, lasfadh Ard-Rí na hÉireann dóiteán ar bharr Chnoc na Teamhrach ag an am seo, agus bhainfí úsáid as an tine seo chun na tinte eile go léir ar fud na hÉireann a lasadh.

Mar sin, nuair a las Naomh Pádraig



dóiteán ar Chnoc na Sláine chun Aiséirí Chríost a chomóradh um Cháisc, sular las Ard-Rí Laoghaire a dhóiteán, ní raibh an tArd-Rí sásta. D'fhéadfaí Cnoc na Sláine a fheiceáil ó Chnoc na Teamhrach.

Mar sin, chuir Laoghaire na draoithe chuig Cnoc na Sláine féachaint cad a bhí ar siúl, agus d'inis siad leis go raibh cumhachtaí draíochta ag tine Naomh Pádraig toisc nach raibh siad in ann í a mhúchadh. Ansin thug siad rabhadh don Rí dá mba an rud é nár mhúch sé dóiteán Phádraig, go

...

• • •

mbeadh sé ar lasadh go deo.

Níorbh fhéidir le Rí Laoghaire tine Phádraig a mhúchadh, mar sin chuir sé fios air. Bhí an-áthas air leis an méid a dúirt Pádraig leis faoi Dhia, faoin Tríonóid Naofa, agus faoi mar a chuir Dia Íosa chugainn, le léiriú dúinn conas maireachtáil agus conas grá a roinnt, agus d'athraigh sé ina Chríostaí. Thug sé cead do Phádraig taisteal go neamhshrianta ar fud na hÉireann ag craobhscaoileadh teachtaireacht na Críostaíochta, agus de réir a chéile rinneadh Críostaithe de mhuintir na hÉireann.

Duine cliste ba ea Pádraig.

Nuair a bhíodh sé ag múineadh faoin gCríostaíocht, is minic a bhain sé úsáid as custaim Cheilteacha a bhí ann cheana féin. Mar shampla, bhí a fhios ag Naomh Pádraig gur planda sácráilte ba ea an tseamróg do na Ceiltigh, agus mar sin d'úsáid sé í chun rúndiamhair na Tríonóide a chur in iúl dóibh – go bhfuil Trí Phearsa san aon Dia amháin: Athair, Mac agus Spiorad Naomh. Choinnigh sé seamróg in airde agus dúirt sé, 'An bhfeiceann sibh go bhfuil trí dhuilleog na seamróige seo aontaithe ar aon ghas amháin? Ar an gcaoi chéanna, tá Trí Phearsa na Tríonóide aontaithe in aon Dia amháin?'

Tar éis duit an scéal a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna simplí seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 123 de leabhar na bpáistí** freisin.

- Cad a d'iarr Dia ar Naomh Pádraig a dhéanamh?
- Cérbh iad ceannairí na hÉireann sa ré Cheilteach?
- Cén t-ainm a bhí ar an bhféile Cheilteach a chuir tús leis an samhradh?
- Cé a lasadh an tine ar Chnoc na Teamhrach i gcónaí?
- Cén fáth ar las Naomh Pádraig tine ar Chnoc Shláine?
- Cad a chuaigh i bhfeidhm go mór ar Rí Laoghaire chun é a iompú don Chríostaíocht?
- Cén tsiombail den Tríonóid Naofa a d'úsáid Naomh Pádraig chun múineadh do na daoine faoi Dhia?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cén fáth, dar leat, nár theastaigh ó na draoithe a chloisteáil faoin gCríostaíocht? (*Bhí eagla orthu nach mbeadh siad ina gceannairí níos mó/ eagla go mbeadh Naomh Pádraig mar ceannaire ag na daoine/eagla orthu go gcaillfí traidisiúin agus creidimh na gCeilteach.*)
- An gceapann tú go raibh Naomh Pádraig cróga? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Cad is cuimhin leat a fhoghlaim faoin dTríonóid Naofa?
- An gceapann tú gur bealach maith a bhí ann an tseamróg a úsáid chun múineadh faoin dTríonóid Naofa? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Samhlaigh dá mba an rud é gur ghabh Rí Laoghaire Pádraig agus é a chur ar ais go dtí an Bhreatain Bheag. Cén difríocht a bheadh ar Éirinn anois?

CLEACHTADH DIALAINNE

CÉARD A CHEAPFADH NAOMH PÁDRAIG?

- Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 123 dá leabhar** a thugann cuireadh dóibh alt a scríobh faoi chéard a cheapadh Naomh Pádraig faoi conas a cheiliúraimid Lá Fhéile Pádraig in Éirinn anois.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

AR AN LÁTHAIR AR CHNOC NA TEAMHRACH

Nóta: Beidh leathanach A3 agus ábhair dhathúcháin ag teastáil ó gach péire páiste.

- Déan comhrá leis na páistí faoi Naomh Pádraig ag lasadh tine ar Chnoc Shláine. Tabhair cuireadh dóibh na draoithe agus Rí Laoghaire ar Chnoc na Teamhrach a shamhlú, nuair a chonaic siad an tine sin – agus cad a d'fhéadfadh siad a rá lena chéile faoi.
- Tabhair cuireadh do na páistí oibriú i mbeirteanna. Tabhair leathanach A3 agus roinnt ábhair dhathúcháin do gach péire páiste.
- Tarraingeoidh gach páiste ceann de na cnoic agus ansin is féidir leo figiúirí maide de Rí Laoghaire agus de na draoithe a chur leis, le boilgeoga cainte ag léiriú an chomhrá a d'fhéadfadh a bheith ar siúl eatarthu.



- D'fhéadfadh na páistí imeall an phictiúir a dhathú le siombailí Naomh Pádraig.

GNÍOMHAÍOCHT LE COMHAD FÍRICÍ

FOGHLAIMEOIMIS NÍOS MÓ!

Nóta: Beidh cóip de na míreanna (gearrtha amach) ón dteimpléad 'Fíricí faoi Naomh Pádraig' (thíos) ag teastáil uait. Tá gach ceann de na míreanna uimhrithe.

- Tabhair ceann de na píosáí páipéir do gach páiste ina bhfuil fíric faoi Naomh Pádraig ann. Tá 24 fíric ann, mar sin b'fhéidir go mbeidh ort níos mó ná ceann amháin a thabhairt do pháiste nó dhó, ag brath ar líon na bpáistí i do rang.
- Ansin glaoigh amach na huimhreacha in ord

agus tabhair cuireadh don pháiste a bhfuil an fhíric chomhfhreagrach acu seasamh suas agus an fhíric a léamh amach don rang.

- Nuair a bheidh na fíricí go léir léite amach, déan comhrá leis na páistí faoi na cinn nach raibh ar eolas acu roimhe seo agus cé na cinn a cheap siad a bhí an-suimiúil.
- B'fhéidir gur mhaith leis na páistí an fhíric is spéisiúla a chlárú sa dialann don Oideachas Reiligiúnach agus í a mhaisiú.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: I Rang a Ceathair d'fhoghlaim na páistí faoi oilithreachtaí agus, maidir le Naomh Pádraig, d'fhoghlaim siad faoi Chruach Phádraig mar shuíomh oilithreachta. Cuir na nithe seo i gcuimhne na bpáistí sula dtugann tú an t-eolas seo a leanas dóibh faoi Phurgadóir Phádraig i Loch Dearg, Contae Dhún na nGall.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Faigheann daoine áirithe bás i gcairdeas le Dia ach níl siad réidh fós le dul isteach i láithreachta Dé ar neamh. Caithfidh siad am a chaitheamh á ionú sula mbíonn siad réidh chun 'Dia a fheiceáil'. Tugtar Purgadóir air seo. Gríosann an Eaglais muid guí ar son daoine atá i bPurgadóir.

SCÉAL

Purgadóir Phádraig

Suíomh oilithreachta ársa is ea Purgadóir Phádraig. Tá sé ar Oileán Phurgadóir Phádraig i Loch Dearg, Contae Dhún na nGall. Tá an suíomh ann ón 5ú haois. De réir na scéalta, thaispeáin Críost uaimh do Naomh Pádraig ar an oileán. Chreid daoine gurbh é sin an bealach isteach go Purgadóir. Caitheann roinnt daoine

tamall i bPurgadóir, sula mbíonn siad réidh chun dul isteach ar neamh.

Tá daoine ag dul ar oilithreachta (ar thuras) go Loch Dearg leis na céadta bliain. Caitheann siad trí lá ann agus leanann siad traidisiún Naomh Pádraig. Siúlann siad an cosán céanna a shíuil seisean. Bíonn siad ag urnaí, ag troscadh

...

(itheann siad béile simplí amháin gach lá), agus ag siúl go cosnocht. Déanann siad bigil ar feadh 24 uair an chloig.

Gan bhróga, gan chodhladh agus gan mórán bia, díríonn na hoilithrigh ar na rudaí

atá fíorthábhachtach sa saol. Tuigeann siad cé chomh láidir is atá siad agus tuigeann siad cé iad na daoine agus cad iad na rudaí atá tábhachtach. Nuair a bhíonn daoine ar an oilithreach, tugann siad onóir do Naomh Pádraig freisin.

Nuair a bhíonn an scéal léite agat seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna simplí seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 124 de leabhar na bpáistí** freisin.

- Cá bhfuil Purgadóir Phádraig? Cén fáth ar thug daoine an t-ainm sin ar an áit?
- Cá fhad a leanann an oilithreach? Cad a dhéanann na daoine i Loch Dearg?
- Cén tairbhe a fhaigheann daoine as an oilithreach seo?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cad a tharlaíonn ar an oilithreach go Loch Dearg agus ar go leor oilithreachtaí eile? (*m.sh. urnaí, troscadh, ag siúl go cosnocht*)

- Ar ghlac tú páirt riamh in urnaí siúil? (*m.sh. mórshiúl, turas na croise, ag sochraid*)
- Conas a chuidíonn urnaí agus troscadh linn, dar leat, díriú ar na rudaí tábhachtacha sa saol? Cad iad na rudaí tábhachtacha atá i gceist? An gceapann tú go bhfuil go leor rudaí ann nach féidir le hairgead a cheannach? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?

Tá an scéal faoi Phurgadóir Phádraig le fáil freisin ar leathanach 124 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí an scéal a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé le an ghníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.

CLEACHTADH DIALAINNE

BLAG A SCRÍOBH

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 124 dá leabhar** a thugann cuireadh dóibh a shamhlú gur thug siad cuairt ar Loch Dearg, agus iarrtar orthu blag a scríobh dá gcairde faoi.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid ... is féidir na súile a dhúnadh más mian libh. Smaoinigh ar na traidisiúin go léir a roinneann tú le do theaghlach ... breithlaethanta ... an Nollaig ... an Cháisc ... Samhlaigh na daoine i do theaghlach ag miongháire agus iad sásta a bheith le chéile ar na hócáidí seo ... Déan machnamh ar na traidisiúin atá againn ar scoil ... Dráma na Nollag ... an lá spóirt ... an searmanas leis an Bhratach Ghlas ... Le do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Dia as bronntanas na dtraidisiún agus

na gcustam ... Samhlaigh go bhfuil tú ag paráid Lá Fhéile Pádraig ag ceiliúradh gach rud maith faoinár gcultúr Éireannach ... éist leis an gceol, féach ar na taispeántais ildaite, mothaigh boladh na veaineanna bia ... mothaigh an ghrian ar do dhroim ... Tá tú mar chuid de na traidisiúin seo, is cuma ar rugadh tú in Éirinn nó i dtír eile ... Is cuid de cheiliúradh ar chultúr na hÉireann tú ... ní bheadh sé mar an gcéanna gan tú! ... Iarraimid Beannacht Dé ar ár gceiliúrthaí go léir... ar ár gcuid nósanna agus traidisiúin reiligiúnacha go léir ... Iarraimid ar Dhia iad siúd a ghlacann páirt iontu a bheannú ... go mbeidís fáilteach agus lúcháireach do chách ... Nuair a bheidh tú réidh, oscail na súile.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Tugann a lán teaghlach nua-aimseartha Éireannach cultúir agus traidisiúin éagsúla le chéile, agus cuireann sé seo leis an saibhreas atá againn go léir. Lonnaigh Naomh Pádraig a theachtaireacht Chríostaí laistigh de nósanna agus de thraidisiúin Cheilteacha an ama in Éirinn. Sa tslí sin léirigh siad bríonna Críostaí seachas creidimh págánacha na hÉireann Ceiltí. Cé go raibh go leor deacrachtaí ag Pádraig, lean sé lena sheanmóireacht, agus d'iompaigh a lán daoine in Éirinn go dtí an Chríostaíocht. Tá go leor finscéalta ann faoi Naomh Pádraig agus b'fhéidir nach bhfuil cuid acu fíor. Ach tá fíricí ann freisin atá tógtha óna chuid scríbhinní féin. Is cosúil gur scríobh Naomh Pádraig an phaidir cháiliúil *Lúireach Phádraig*, a tháinig anuas chugainn tríd na haoiseanna.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

CRUTHAIGH LÚIREACH/SCRÍOBH PAIDIR

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoi earraí a chaitheann siad chun iad féin a chosaint ó dhíobháil nuair a bhíonn siad ag imirt spóirt (*m.sh. cosaint fiacra, loirgneáin, clogad*). Cuir ceisteanna orthu cosúil le:

- Cad iad na bealaí ina gcosnaíonn na nithe seo tú? Cad a tharlódh mura gcaithfeá iad?
- Dá mbeifeá ag dul isteach i gcath, cad a d'fhéadfá a chaitheamh chun tú féin a chosaint? (*m.sh. clogad, camouflage, veist philéardhíonach, mufaí cluas*)

Ansin iarr ar na páistí an t-alt dar teideal 'Lúireach Phádraig' **ar leathanach 124 dá leabhar** a léamh, áit a bhfeicfidh siad íomhá de Lúireach.

Iarr ar na páistí an phaidir *Lúireach Phádraig* ar an leathanach céanna a léamh agus labhairt faoi na bealaí a raibh Naomh Pádraig ag glaoch ar Chríost len é a chosaint. Ansin cuir ceisteanna cosúil leo seo orthu:

- Cén cineál contúirtí a d'fhéadfadh a bheith ag Naomh Pádraig?
- Cén cineál contúirtí atá romhainn inniu?

Faoi dheireadh, tabhair cuireadh do na páistí Lúireach a chruthú sa dialann don Oideachas Reiligiúnach agus paidir a scríobh ag iarraidh cosaint ar Dhia.

PAIDIR

URNAÍ SIÚIL

Nóta: D'fhéadfaí an urnaí siúil seo a dhéanamh lasmuigh faoin aer, muna bhfuil drochaimsir ann.

Leanann na páistí an múinteoir, a shiúlann i mbís timpeall spás mór.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Inniu cuimhnímid ar urnaí ársa ár n-sinsear ...

Agus muid ag siúl, guímid ...

Agus muid ag guí, iarrfaimid beannacht ó naoimh na hÉireann.

Naomh Pádraig ...

Gach duine: Guigh orainn.

Múinteoir: Naomh Bríd ...

Gach duine: Guigh orainn.

Múinteoir: Naomh Caoimhín ...

Gach duine: Guigh orainn.

Múinteoir: Naomh Colm Cille ...

Gach duine: Guigh orainn.

Múinteoir: Naomh Colmán ...

Gach duine: Guigh orainn.

Luaigh naomh nó dhó áitiúil. Freagraíonn na páistí le 'Guigh orainn'.

Déan ciorcal.

Múinteoir: Guímis *Lúireach Phádraig* le chéile anois.

Gach duine: Críost liom.

Críost romham.

Críost i mo dhiaidh.

Críost ionam.

Críost ar mo lámh dheas.

Críost ar mo lámh chlé.

Críost i mo chuideachta is cuma cá dtéim.

Críost mar chara agam, anois is go buan. Áiméan.

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise

Fíricí faoi Naomh Pádraig

1. Is dócha gur sa Bhreatain a rugadh Pádraig do thuismitheoirí saibhre gar do dheireadh an 4ú aois.
2. Bhí Pádraig thart ar sé bhliain déag d'aois nuair a gabhadh é agus tógadh mar sclábhaithe é ag píoráidí Éireannacha, a bhí faoi cheannas Niall Naoi nGiallach.
3. Le linn a ghabhála ar Shliabh Mis, tháinig Pádraig níos gaire do Dhia.
4. De réir scríbhinní Phádraig, labhair guth leis i mbrionglóid – guth a chreid sé a tháinig ó Dhia - ag rá leis go raibh sé in am dó Éire a fhágáil.
5. Ar deireadh shocraigh Pádraig sa Fhrainc, áit a ndearna sé staidéar i mainistir ar feadh dhá bhliain déag. Le linn na tréimhse seo tháinig sé ar an eolas gur glaoth é chun na págánaigh in Éirinn a iompú don Chríostaíocht.
6. Deir Pádraig linn freisin go bhfuair sé an dara comhartha – i mbrionglóid dúirt aingeal leis filleadh ar Éirinn mar mhisinéir.
7. Glaodh Pádraig chun na Róimhe sa bhliain 432, áit a ndearna an Pápa Celestine easpag de sular imigh sé ar a mhisean go hÉirinn.
8. Tháinig Pádraig agus fiche is a ceathair dá lucht leanúna go hÉirinn i rith an gheimhridh sa bhliain 432.
9. Thug Rí Laoghaire cuireadh do Phádraig agus dá lucht leanúna teacht go Teamhair. Nuair a bhí sé ann, tharraing Pádraig seamróg ón talamh agus rinne sé iarracht a mhíniú do na draoithe agus don rí, díreach mar a bhíonn trí dhuilleog ag an tseamróg ag teacht ó ghas amháin, gur comhartha é go bhfuil Trí Phearsa san aon Dia amháin - an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh – an Tríonóid Naofa.
10. Bhí Rí Laoghaire an-tógtha ag teagasc Phádraig agus roghnaigh sé glacadh leis an gCríostaíocht. Thug sé saoirse do Phádraig an Chríostaíocht a scaipeadh ar fud na hÉireann freisin.
11. Thaistil Pádraig ar fud na hÉireann, ag bunú mainistreacha ar fud na tíre. Bhunaigh sé scoileanna agus séipéil freisin, rud a chabhraigh leis na Gaeil a iompú don Chríostaíocht.
12. Lean misean Phádraig in Éirinn ar feadh tríocha bliain. Tar éis an ama sin, chuaigh Pádraig go Contae an Dúin. Ceaptar go bhfuair sé bás uair éigin idir na blianta 463 agus 493.

13. Tá a lán eolas againn faoi Naomh Pádraig óna scríbhinní féin. Is é an Confessio (focal a chiallaíonn ‘Admháil’) an scríbhinn is cáiliúla a rinne sé.
14. Tá an iomann ‘Críost liom’ bunaithe ar Lúireach Phádraig - ceann eile de scríbhinní an naoimh.
15. Sa lá atá inniu ann, ainmnítear go leor áiteanna adhartha Caitliceacha ar fud an domhain in onóir Naomh Pádraig, lena n-áirítear Ardeaglaisí i gCathair Nua Eabhrac, i mBaile Átha Cliath, agus i Toowoomba san Astráil.
16. Baineann go leor finscéalta le Pádraig. Creidtear gur ardaigh sé daoine ó mhairbh agus gur thiomáin sé na nathracha go léir as Éirinn.
17. Déantar Lá Fhéile Pádraig a cheiliúradh ar an 17 Márta ar fud an domhain.
18. Tá baint ag Lá Fhéile Pádraig le gach rud Gaelach: na dathanna glas agus ór, an tseamróg agus ádh.
19. Lá traidisiúnta is ea Lá Fhéile Pádraig le hathnuachan spioradálta agus le paidreacha a rá do mhisinéirí ar fud an domhain.
20. Creid nó ná creid é, ba é an dath gorm (seachas glas) a bhain le Naomh Pádraig ó thús! Sa naoú aois déag, áfach, toghadh an dath glas mar shiombail d’Éire agus do gach rud Gaelach.
21. Tá scrín i Loch Dearg i gContae Dhún na nGall in onóir Phádraig. Deir finscéal linn gur mharaigh Naomh Pádraig ollphéist an locha sin agus mar thoradh air sin tháinig dath dearg ar uisce an locha.
22. Téann go leor daoine go Loch Dearg ar oilithreacht trí lá idir an 1ú Meitheamh agus an 15ú Lúnasa.
23. Ceaptar gur bhunaigh Naomh Pádraig traidisiún a bhaineann le bliain bhisigh. Is féidir le mná ceiliúr pósta a chur ar fhir i rith na bliana sin. Deirtear sa scéal gur tharla sé seo toisc go ndearna Naomh Bríd gearán do Phádraig go raibh mná tuirseach de bheith ag fanacht le fir ceiliúr pósta a chur orthu.
24. Tá an-tóir ar Chruach Phádraig, i gContae Mhaigh Eo mar láithreán oilithreachta. Gach bliain téann na mílte oilithrigh an sliabh seo in airde ar an Domhnach deireanach de mhí Iúil.

Ceacht 4: Muire, Máthair Íosa

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Is é Dia an grá
- Is bronnantas ó Dhia é an creideamh agus is tríd a chuirimid ár muinín in aire Dé

Rúndiamhair Íosa Críost

- Is ionann Íosa agus 'Tá Dia linn' (Ímeánúéil)

Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta

- Tá gach Críostaí páirteach i dtógáil Ríocht Íosa

Muire

- Thug Dia grásta speisialta do Mhuire dá misean
- Ghlac Muire lena ról i bplean Dé don slánú

nuair a ghlac sí go toilteanach lena cúram le bheith mar mháthair Dé

- Ba bhean lán le creideamh, umhlaíocht agus eagna í Muire
- Tháinig méadú ar chreideamh Mhuire
- Thug Muire a saol dá Mac agus a chuid oibre

BRIATHAR DÉ

An Scrioptúr Naofa

Páis agus Bás Íosa

- Eoin 19:25-7; Mth 27: 55-6. Na mná ag an gcrois agus 'a bhean seo é do Mhac'

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí Fhoirmeálta

- Sé do bheatha, a Mhuire/Hail Mary

ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

CUSPÓIR FOGHLAMA 2

An Eaglais Chríostaí

3. Adhradh agus Urnaí.

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- A aithint gur féidir go mbíonn baint ag an urnaí agus ag an adhradh le hócáidí agus le háiteanna speisialta.
- A aithint go bhfuil ionaid adhartha ar leith ann nach mór urraim a bheith againn dóibh.



SULA DTOSAÍONN TÚ

Cuireann gach cultúr a dheabhóid do Mhuire in iúl i modh uathúil speisialta. Léireoidh deabhóidí ar leith do Mhuire in aon chultúr stair, traidisiúin agus teanga an chultúir sin. D'fhoghlaim na páistí cheana féin faoi cuid de na scrínte náisiúnta agus faoi na teidil éagsúla a úsáidtear ar fud an domhain chun onóir a thabhairt do Mhuire: Cnoc Mhuire in Éirinn (Muire Chnoc Mhuire); Lourdes sa Fhrainc (Muire Lourdes); agus Guadalúip i Meicsiceo (Muire Ghuadalúip).

Is í an Mhaighdean Ghorm in Czestochowa an t-íocón urramach do Chaitlicigh na Polainne ar fud na domhan. Tá bunús an íocóin seo sáite sa mhiotaseolaíocht agus san fhinscéalaíocht. Insíonn scéal amháin dúinn gur scríobh Naomh Lúcas an t-íocón den Mhaighdean Ghorm fad is a d'inis Muire dó faoi shaol Íosa. Sa tslí seo bhí Naomh Lúcas in ann sonraithe pearsanta faoi Íosa a chur sa Soiscéal.

Sa bhliain 1382 thóg Prionsa Ladislaus na Polainne an t-íocón ón Úcráin. Níos déanaí, nuair a ionsaíodh a chaisleán, d'aistrigh sé an t-íocón go séipéal i Czestochowa le go mbeadh sé sábháilte, ach mo léan, chaith namhaid saighead isteach i scornach na Maighdine. Sa bhliain 1430 rinneadh ionsaí ar an séipéal i Czestochowa. Bhuaíl bradaí an t-íocón faoi dhó lena claíomh, ach sula raibh sé in ann é a bhualadh don tríú huair, thit sé ar an talamh le géarphian. Tá gearrthaí an chlaímh agus an chréacht a rinne an saighead fós le feiceáil ar an íocón.

Go luath ina dhiaidh sin tugadh Banríon agus Cosantóir na Polainne ar Mhuire Czestochowa. Tugann na mílte oilithrigh cuairt ar íocón na Maighdine Goirme gach bliain, agus tarlaíonn imeachtaí míorúilteacha, cosúil le leigheasanna, le linn na n-oilithreachtaí seo.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Oilithreacht:** Turas chuig áit naofa. Téann daoine ar oilithreacht ar chúiseanna éagsúla: cúnamh Dé a lorg, grá a thaispeáint do Dhia, aithrí a dhéanamh nó buíochas a ghabháil.
- **Oilithreacht Mhuire:** Oilithreacht chuig áit naofa, a bhfuil baint ag an Mhaighdean Bheannaithe Mhuire léi.
- **Íocón:** Is ón nGréigis a thagann an focal 'íocón'. Íomhá nó pictiúr is brí leis. Íomhánna naofa is ea íocóin. Tarraingíonn siad aird an duine. De ghnáth, ní bhíonn fráma ar íocón. Is ar adhmaid a bhíonn an pictiúr nó an íomhá, de ghnáth. Tugaimid íocónagrafaíocht ar an staidéar a dhéanann daoine ar íocóin. Is íocónagrafadóirí na daoine a scríobhann (a dhéanann) íocóin.
- **Deabhóidí Mhuire:** Traidisiúin, paidreacha agus deasghnátha a thugann onóir do Mhuire. Paidir thábhachtach ar fud an domhain is ea *An Choróin Mhuire*.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Páipéar, ábhair dhathúcháin, gliú agus siosúr do gach grúpa páiste
- Páipéar, ábhair dhathúcháin, gliú agus siosúr do gach grúpa páiste (arís)

Féachaimis ...

GNÍOMHAÍOCHT ATHGHAIRME

MUIRE

Nóta: Mar a mhalairt ar an ngníomhaíocht seo, b'fhéidir gur mhaith leat an Ghníomhaíocht 'Tástáil Do Chuimhne!' a dhéanamh ar leathanach 126 de leabhar na bpáistí, a thugann cuireadh dóibh obair i mbeirteanna nó i bhfoirne agus liosta de dheich gceist a dhéanamh faoi Mhuire gur féidir leo a chur ar an gcuid eile den rang.

Tabhair cuireadh do na páistí an méid atá ar eolas acu faoi Mhuire a thabhairt chun cuimhne trí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt. Is féidir leis na páistí obair ina n-aonair nó i ngrúpaí:

- Cén baile ina raibh cónaí ar Mhuire? (Nazarat)
- Cad a d'iarr an t-Aingeal Gaibriél ar Mhuire a dhéanamh? (Le bheith ina máthair do Mhac Dé)
- Cén freagra a thug Mhuire? ('Féach, mise banóglach an Tiarna; déantar liom de réir d'fhocail.' [Lúcás 1:38])
- Cár rugadh Íosa? (Beithil)
- Cad a d'iarr Mhuire ar Íosa ag an mbainis i gCána? (Dúirt sí le hÍosa nach raibh aon fhion ag an óstach agus d'iarr sí air cabhrú.)
- Cad is scrín do Mhuire ann? (Áit naofa a bhfuil baint ag an Mhaighdean Bheannaithe Mhuire léi)
- Ainmnigh aon scrínte in onóir Mhuire a chuala tú futhu cheana. (Lourdes, Guadalúip, Fatima, Cnoc Mhuire)
- Cén dá phaidir atá foghlamtha agat a bhfuil baint acu le Mhuire? (Sé do Bheatha, a Mhuire, agus An Magnificat)
- Ainmnigh trí cháilíocht atá ag Muire.
- Nuair a bhí Íosa ag fáil bháis ar an gCros, cad a d'fhiafraigh sé de Mhuire? (Le bheith ina Máthair orainn)

AG COMHRÁ

FAOI MUIRE

Déan comhrá leis na páistí faoi Mhuire, ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth, dar leat, go bhfuil áit speisialta inár gcroíthe againn do Mhuire?
- Cén fáth gur theastaigh ó Íosa go mbeadh Muire ina Máthair orainn freisin?
- Cén cineál bean, dar leat, ab ea Muire? An féidir leat smaoineamh ar aon cháilíochtaí a bhí aici agus a thaithníonn go mór leat?
- Cén cineál máthair d'Íosa ab ea í? Cad a rinne sí dó? Cén cineál caidrimh, dar leat, a bhí eatarthu?
- Uaireanta is maith le daoine íomhá/grianghraf a bheith acu de dhuine a bhfuil grá acu dóibh ionas gur féidir leo é a choinneáil in áit speisialta agus féachaint air ag am ar bith is maith leo. An féidir leat smaoineamh ar dhuine ar bith, a bhfuil aithne agat orthu, agus a dhéanann amhlaidh? Cá gcoinníonn siad an grianghraf den duine is breá leo? An bhfuil a léithéid de ghrianghraf agat? Cá gcoinníonn tú é?
- Cén fáth gur mhaith leat pictiúr de dhuine speisialta a bheith agat?
- Ní raibh aon cheamaraí ann nuair a bhí Muire, Máthair Dé, ar domhan, mar sin as cá háit a fhaighimid ár n-íomhánna de Mhuire? Cén cineál íomhánna de Mhuire atá againn? Cá bhféadfá íomhánna de Mhuire a fheiceáil?

AG COMHRÁ

FAOIN BHEANNACHT 'SÉ DO BHEATHA, A MUIRE'

Déan comhrá leis na páistí faoin phaidir 'Sé do Bheatha, a Mhuire' ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad í an phaidir is mó a bhaineann le Muire? Cad é an chéad líne den phaidir sin?
- Cad is ciall le 'Sé do Bheatha, a Mhuire'? Cén fáth go dtosaíonn an phaidir le 'Sé do Bheatha'?
- An bhfuil a fhios ag aon duine conas 'Sé do Bheatha' a rá i mBéarla? I bhFraincis? Sa Spáinnis? In aon teanga eile?
- Díriú aire na bpáistí chuig an t-alt dar teideal 'Sé do Bheatha, a Mhuire' **ar leathanach 126 dá leabhar**, áit a fhoghlaimíodh siad conas 'Sé do Bheatha, a Mhuire' a rá i Spáinnis, Fraincis agus i mBéarla.

Spáinnis: *Dios te salve, Maria*
Fraincis: *Je vous salut, Marie*
Béarla: *Hail Mary*

- Cé acu de na bealaí seo chun 'Sé do Bheatha, a Mhuire' a rá is fearr leat? Cén fáth?

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

COLLÁIS DE 'SÉ DO BHEATHA, A MHUIRE'

Nóta: *Beidh páipéar, ábhair dhathúcháin, gliú agus siosúr ag teastáil ó gach grúpa páiste.*

- Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar. Tabhair ceann de na frásaí 'Sé do Bheatha, a Mhuire' sna teangacha difriúla do gach grúpa: Béarla, Gaeilge, Fraincis agus Spáinnis.
- Tabhair cuireadh do gach páiste focal amháin a thógáil ón bhfrása, é a scríobh amach agus a mhaisiú. Ansin iarr ar gach grúpa an frása iomlán a chur le chéile agus a ghreamú san ord ceart ar an bpíosa páipéir.
- Tabhair cuireadh do na grúpaí go léir a gcuid frásaí a chur le chéile agus colláis de 'Sé do Bheatha, a Mhuire' a dhéanamh.

- Inis do na páistí go mbeidh siad ag foghlaim conas 'Sé do Bheatha, a Mhuire' a rá sa Pholainnis níos déanaí sa tseachtain, mar sin ba chóir dóibh roinnt spáis a fhágáil saor chun é sin a chur leis an gcolláis.

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.



Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

FAOI FHINSCÉALTA AGUS ÍOCÓIN

Tabhair cuireadh do na páistí an méid atá ar eolas acu faoi fhinscéalta agus íocóin a thabhairt chun cinn agus a roinnt, agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad is finscéal ann? An bhfuil aon fhinscéalta ar eolas agat? (*B'fhéidir go gcuimhneoidh na páistí ar roinnt finscéalta ón gclár I nGrá Dé, mar shampla, Naomh Caoimhín ó Ghleann Dá Loch ó Rang a Trí/B5, nó Naomh Bríd*

ó Rang a Ceathair/B6, nó Naomh Pádraig ón Tríú Rang/B5 agus ón gceacht roimhe seo sa rang seo.)

Céard é an finscéal is fearr leat?

- Cad as a dtagann finscéalta, dar leat? Cén fáth, an gceapann tú, gur maith linn cuimhneamh

agus athinsint a dhéanamh ar fhinscéalta ó t-am atá thart?

- An bhfuil a fhios ag éinne cad is íocón ann? Cá háit a bhfeicfeá íocón? An féidir leat íocón ar bith a ainmniú? (*B'fhéidir go gcuimhneoidh na páistí ar íocón Rublev faoin dTríonóid Naofa*)

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Íocóin' ar leathanaigh 126-127 dá leabhar a léamh.

Ansin inis do na páistí go bhfuil siad chun éisteacht le finscéal anois faoi bhunús íocóin na Maighdine Goirme.

SCÉAL

Naomh Lúcas agus an tÍocón de Mhuire Ghorm

Lá amháin thug Lúcas cuairt ar Mhuire, máthair Íosa. Ní raibh sé ar intinn aige cuairt a thabhairt uirthi ach os rud é go raibh sé an-te an mhaidin sin stop sé chun deoch uisce a fháil sula ndeachaigh sé ar aghaidh go dtí an margadh.

Agus é ina shuí sa chlós ag ól an uisce a thug Muire dó, d'fhéach Lúcas ar Mhuire fad is a bhí sí ag dul isteach agus amach as an teach, obair an lae ar siúl aici. Fad is a bhí arán á bhácáil ag Muire don bheile meán lae, bhreathnaigh sé ar a lámha ag múnú an taois i gcruth álainn.

'An bhfanfaidh tú go mbeidh an t-arán bÁCáilte?' a ghlaigh Muire agus an t-arán á cur ar an dtine aici. Agus nuair a shiúil sí ina threo, chuir a siúlóid a mac Íosa i gcuimhne dó. Bhraith Lúcas in éagmais a chara Íosa agus bhí a fhios aige gur bhraith Muire ina héagmais freisin. Cé go bhfuair Íosa bás, mhair sé ina gcroíthe i gcónaí.

Is ag an nóiméad sin a raibh smaoineamh ag Lúcas. Ar bhealach amháin, smaoineamh amaideach a bhí ann. Ach anois is arís thaitin sé le Lúcas smaoineamh amaideacha a bheith aige. Bheartaigh sé ar phortráid de Mhuire a phéinteáil. Anois ní raibh a fhios ag Lúcas an raibh sé fiú go maith ag péinteáil. Ach uair amháin nuair a bhí sé ar a chuid taistil,



chonaic sé go ndearna péintéir cáiliúil portráidí álainn ar phíosáí adhmaid. D'fhéadfadh sé féin a léithéid a dhéanamh. Mar sin, shocraigh sé triail a bhaint as.

'Cad a theastaíonn uait a dhéanamh?' a d'iarr Muire air, nuair a thug sé a chuid péinteanna agus scuaba agus stól go dtí a teach go luath maidin amháin. 'Tá an iomarca oibre le déanamh agam,' a dúirt sí, agus í ag iarraidh gan misneach a thabhairt do Lúcas. 'Agus ar aon nós, tá mé ró-shean agus caite le péinteáil.'

Ach cheap na comharsana gurb é an smaoineamh is fearr a chuala siad le fada. Agus mar sin rinneadh socrú, agus thosaigh Lúcas ag obair.





• • •

Fad is a bhí Muire ina suí don phortráid, thaitin sé go mór léi a bheith ag labhairt faoina mac, Íosa. Mar sin, de réir mar a roghnaigh Lúcas umbar dóite álainn dá haghaidh, d'éist sé lena scéalta faoi bheatha Íosa. Agus mar a chruthaigh sé a súile donna álainn, d'éist sé leis an mbrón a bhí i gcroí Muire nuair a chéasadh Íosa ar an gcros. Agus nuair a rinne sé staidéar ar a lámha láidre, chuala sé an t-áthas ina guth nuair a rinne sí cur síos ar bhoige lámh bheag Íosa agus an chaoi a nasc siad lámha le chéile agus iad ag siúl le chéile trí shráideanna Nazarat. D'inis Muire le Lúcas faoin mbród a bhí uirthi nuair a chonaic sí an méid a rinne Íosa agus faoin mbealach a bhí ag Íosa i gcónaí áthas a chur uirthi, rud nach bhféadfadh le duine ar bith eile ar domhan a dhéanamh.

Tar éis achar fada, toisc go bhfuil obair an íocónagrafadóra mall agus mionchúiseach, tháinig lá an nochta. Bhailigh gach duine thart - shuigh an teaghlach, na cairde agus na comharsana ar an dtalamh agus d'fhan siad go foighneach. Le cúram ollmhór, bhain

Lúcas an sean-éadach a chlúdaigh an íocón. Níor bhog duine ar bith. Ní dúirt éinne focal ar bith.

Ba í Muire an chéad duine a labhair. 'Ach,' a dúirt sí, 'Ní mise atá ann. Tá an bhean sin an-óg ... agus tá sí go hálainn. Agus an buachaill beag,' a dúirt sí, 'Ní raibh mé ag súil len é a fheiceáil i mo baclainn agam.'

Bhreathnaigh Lúcas ar Mhuire nuair a d'ardaigh sí a lámh chun na deora te ar imeall a súile a bhraith. Go tobann, thosaigh na comharsana ag comhrá le chéile. 'Cén chaoi a ndearna tú é?' 'Cén chaoi a ghabh tú a híomhá chomh foirfe sin?'

'D'éist mé le Muire,' a d'fhreagair Lúcas. 'Lá i ndiaidh lae d'éist mé lena scéalta, d'éist mé lena háthas, agus d'éist mé lena brón. Ach thar aon ní eile d'éist mé lena grá ... agus ...' Stad Lúcas, agus é ag iarraidh na focail chearta a fháil chun rud éigin a mhíniú nach bhféadfadh sé a mhíniú go hiomlán, 'Bhí mé ag guí fad is a bhí mé ag péinteáil ... agus mo lámha a chuir críoch leis an obair.'

Tar éis duit an scéal a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna simplí seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 127 de leabhar na bpáistí freisin**.

- Cén fáth, meas tú, ar theastaigh ó Naomh Lúcas pictiúr de Mhuire a péinteáil?
- Cad a dúirt Muire faoi Íosa nuair a bhí Naomh Lúcas ag péinteáil?
- Cén fáth a raibh iontas ar Mhuire nuair a bhí an

t-íocón críochnaithe? Cad leis a raibh sí ag súil?

- Cad a cheap na comharsana faoin íocón?
- Nuair a d'fhiafraigh na comharsana de Naomh Lúcas conas a d'éirigh leis íomhá Mhuire, a scríobh, mhínigh sé: 'Bhí mé ag guí fad is a bhí mé ag péinteáil ... agus rinne mo lámha an chuid eile.' Cad a bhí i gceist aige, meas tú? Cé a bhí ag cuidiú leis/á spreagadh, meas tú?

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Agus tú ag iniúchadh íomhá den Mhaighdean Ghorm leis na páistí sa ghníomhaíocht a leanann, b'fhéidir gur mhaith leat cuid den eolas seo a leanas a roinnt leo:

- Tá an t-íocón tar éis bogadh idir roinnt tíortha thar na mblianta.
- Creideann daoine gur chosain an t-íocón muintir na Polainne ó chogadh agus ó chontúirt.
- Rinneadh damáiste do aghaidh na Maighdine Goirme faoi dhó – uair amháin le saighead agus an dara huair le claíomh. In ainneoin deisiúcháin a dhéanamh ar an íocón anois is arís, tagann na marcanna ar ais.
- Is cosúil gur péint donn a bhí ar aghaidh na Maighdine ar dtús, ach tá dath níos doimhne agus níos duibhe tagtha uirthi le himeacht aimsire mar gheall ar an easpa solais agus toisc gur rinneadh damáiste deataigh don íocón ó na coinne a dódh ina onóir.
- Tá go leor míorúiltí curtha i leith na Maighdine Goirme.
- Sa lá atá inniu ann is féidir an Mhaighdean Ghorm a fheiceáil i séipéal atá faoi chúram na nAithreacha Phóil in Czestochowa na Polainne.
- Tagann na milliúin oilithreach as gach áit ar domhan, chun na Polainne, chun guí a dhéanamh don Mhaighdean Ghorm.
- Tugtar 'Banríon na Polainne' nó 'Muire Czestochowa' ar an Mhaighdean freisin agus tá a lá féile ar an 26ú Lúnasa.

GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

AN MHAIGHDEAN GHORM

Dírigh aire na bpáistí chuig an íocón den Mhaighdean Ghorm **ar leathanach 128 dá leabhar** nó chuig **póstaer uimh. 10** agus tabhair cuireadh dóibh nóiméad a thógáil chun staidéar a dhéanamh ar an íomha.

De réir mar a dhéanann siad machnamh ar an íocón, b'fhéidir go gcuirfeá na ceisteanna seo a leanas nó a leithéid de cheisteanna orthu, ag stopadh idir gach pointe machnaimh:

- Cad a thugann tú faoi deara faoi Mhuire? Faoi na héadaí atá á caitheamh aici; faoi na dathanna agus na patrúin ar a cuid éadaí;

faoina haghaidh?

- Cad a thugann tú faoi deara faoi Íosa? Faoin aois atá aige; faoina éadaí; faoina bhfuil ina lámh aige; faoin áit a bhfuil sé ag pointeáil; faoin treo ina bhfuil sé ag breathnú?

Tabhair cuireadh do na páistí an t-eolas a léamh faoin íocón den Mhaighdean Ghorm atá ar leathanach 128 dá leabhar. Is ansin a fhoghlaimoidh siad freisin conas 'Sé do bheatha, a Mhuire' a rá i bPolainnis (Zdrowas Mario).

CLEACHTADH DIALAINNE

AN MHAIGHDEAN GHORM

Iarr ar na páistí scríobh faoi na gnéithe den íocón a théann i bhfeidhm orthu nó a bhfuil spéis acu iontu, sa dialann don Oideachas Reiligiúnach. B'fhéidir gur mhaith leo tús a chur lena n-iontráil leis na focail: 'Nuair a fhéachaim ar an íocón den Mhaighdean Ghorm tugaim faoi deara ...'

GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

LÉARSCÁIL DE SCRÍNTE MHUIRE

Iarr ar na páistí na scrínte seo a leanas a aimsiú ar léarscáil den domhan: Cnoc Mhuire, Lourdes, Guadalupe agus Czestochowa.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

COLLÁIS DE 'SÉ DO BHEATHA, A MHUIRE'

Nóta: Beidh páipéar, ábhair dhathúcháin, gliú agus siosúr ag teastáil ó gach grúpa páiste.

- Tabhair cuireadh do na páistí an frása 'Zdrowas Mario' a scríobh amach agus é a mhaisiú, faoi mar a rinne siad roimhe seo leis na frásaí i nGaeilge, Spáinnis, Béarla agus Fraincis.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, iarr ar ghrúpa amháin nó níos mó a bhfrása a chur leis an gcolláis 'Sé do bheatha, a Mhuire'.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

D'fhoghlaim na páistí go bhfuil deabhóid dhomhain ag an Eaglais Chaitliceach ar fud an domhain do Mhuire, Máthair Dé – ár Máthair freisin. Is áiteanna naofa iad scrínte Mhuire i gCnoc Mhuire, in Lourdes, i nGuadalúip agus in Czestochowa. Bailíonn oilithrigh le chéile as tíortha ar fud an domhain chun onóir a thabhairt do Mhuire ag na scrínte sin. Leis na céadta bliain rinne ealaíontóirí agus dealbhóirí go leor íomhánna iontacha de Mhuire. Cuidíonn na híomhánna seo linn teagmháil leis an gcomhbhá, an eagna, an creideamh agus an grá atá ag máthair Mhic Dé.

CLEACHTADH DIALAINNE

MO PHAIDIR ACHAINÍ CHUIG MHUIRE

- Tabhair cuireadh do na páistí machnamh a dhéanamh ar feadh nóiméid ar achainí nó paidir ar mhaith leo a dhéanamh chuig Muire. Cuir i gcuimhne dóibh gurb í Muire a Máthair agus go bhfuil grá aici dóibh mar a bhíonn ag máthair. Is féidir leo guí chuig Muire as aon rud a theastaíonn uathu: sábháilteacht, neart, dóchas, leigheas, srl. Is féidir leo a iarraidh ar Mhuire freisin guí chuig a Mac, Íosa, ar a son agus ar son a dteaghlach.
- Iarr ar na páistí a achainí a scríobh sa dialann don Oideachas Reiligiúnach agus é a choinneáil os a gcomhair amach le linn an ama urnaithe.

PAIDIR

Nóta: Roghnaigh léitheoir.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Éistimis anois le sliocht ón Soiscéal de réir Naomh Eoin. Sa sliocht seo insíonn Íosa, agus é ag fáil bháis ar an gCros, go bhfuil Muire mar mháthair ag Eoin. Seasann Eoin do gach duine againn. Is í Muire ár máthair freisin. Tá Muire réidh i gcónaí chun sinn a threorú chuig a Mac, Íosa.

Léitheoir: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Eoin.

Gach duine: Glóir duit, a Thiarna.

Léitheoir: *Bhí ina seasamh le hais chros Íosa, a mháthair, agus deirfiúr a mháthar, Máire Chlópas, agus Máire Mhaigdléana. Nuair a chonaic Íosa a mháthair agus an deisceabal a ghráigh sé ina sheasamh lena hais, dúirt sé lena mháthair: “A bhean, sin é do mhac.”*

Ansin dúirt sé leis an deisceabal: “Sin í do mháthair.” Agus ón uair sin amach ghlac an deisceabal isteach ina bhaile féin í.
(Eoin 19:25-27)

Soiscéal an Tiarna.

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.

Múinteoir: Déanaimis cuimhneamh inniu ar Mhuire, Máthair Dé, agus ár Máthair freisin, agus sinn ag rá: A Mhuire Chnoc Mhuire ...

Gach duine: Sé do bheatha, a Mhuire, guigh orainn.

Múinteoir: A Mhuire Lourdes ...

Gach duine: Je vous salut, Marie, guigh orainn.

Múinteoir: A Mhuire Guadalúip ...

Gach duine: Dios te salve, Maria, guigh orainn.

Múinteoir: A Mhuire Czestochowa ...

Gach duine: Zdrowas Mario, guigh orainn.

Múinteoir: Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, guigh an phaidir achainí chuig Muire, a scríobh tú i do chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach.

Guíonn na páistí go léir a n-achainíocha go ciúin.

Múinteoir: Guímis Sé do Bheatha, a Mhuire, le chéile anois. Tá focail sa chéad chuid den phaidir seo bunaithe ar an gcuntas sa Soiscéal de réir Lúcais nuair a chuir Dia an t-aingeal Gaibriél chuig Muire chun a iarraidh uirthi a bheith ina máthair dá



Mhac, Íosa.

Gach duine: Sé do bheatha, a Mhuire,
Atá lán de ghrásta,
Tá an Tiarna leat.
Is beannaithe thú idir mhná,
Agus is beannaithe toradh do bhroinne, Íosa.
A Naomh Mhuire, a mháthair Dé,

Guigh orainn, na peacaigh,
Anois agus ar uair ár mbáis.
Áiméan.

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise

Ceacht 5: Giúdachas (1): Rosh Hashanah, Yom Kippur agus Sacút



NÓTA DON MHÚINTEOIR: Baineann na nótaí seo a leanas ar an gcuraclam agus ar an ábhar tosaigh ar an nGiúdachas le Ceachtanna 5 agus 6.

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Is é Dia an grá
- Tá grá Dé buanseasmhach, neamhchoinníollach agus síoraí

Traidisiúin Reiligiúnacha Eile

- Tá an cine daonna ar fad mar aon chlann amháin de bhrí gur chruthaigh Dia an duine ina íomhá agus ina chosúlacht féin
- Ba chóir go léireofaí meas agus grá dóibh siúd nach bhfuil na cleachtais chéanna reiligiúnacha acu is atá againne

Giúdachas

- Sa chonradh le hÁbrahám agus le Maois nochtaítear na hIosraelitigh mar phobal tofa Dé
- Tá dlúth-bhaint idir Críostaithe agus Giúdaigh sa chreideamh atá acu agus na bealaí a dhéanann siad Dia a adhradh
- Ceiliúradh an Pesach; bia kosher; teacht le chéile clainne; fáilte roimh an strainséir; bia speisialta; Rosh Hashanah. Yom Kippur (maithiúnas, leorghníomh)
- An Chríostaíocht ag cur an Ghiúdachais i gcrích

ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

1. Mac Dé.

Ba chóir do mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltáí:

- A chloisteáil faoi choincheapa amhail gealltanas agus tairngreacht - Míocá 5:2-5; Íseáia 7:14.

CUSPÓIR FOGHLAMA 3

An Mhoráltacht

b. Meas ar a chéile.

Ba chóir do mhúinteoirí deiseanna a chur ar fáil do dhaltáí:

- Bheith eolach faoi chultúir agus faoi chreidimh nach mbaineann leo agus meas a léiriú orthu.

SULA DTOSAÍONN TÚ

Cuireann an t-ábhar sa cheacht seo leis an méid a d'fhoghlaim na páistí sa chlár faoin nGiúdachas roimhe seo. Sa cheacht seo déanaimid iniúchadh ar thrí fhéile Giúdacha – Laethanta Naofa Rosh Hashanah, Yom Kippur agus Sacút.

Sa chlár roimhe seo cuireadh an Giúdachas i láthair ar bhealach comparáideach trí scéalta faoi thríúr cairde – Moslamach amháin, Caitliceach amháin agus Giúdach amháin. Úsáidtear an scéal arís mar bhealach chun cuidiú leis na páistí páirt a ghlacadh i gcuid de na ceiliúrthaí agus na deasghnátha i saol na

nGiúdach. Díríonn scéal na bliana seo ar bheirt chara, Roibeard agus Josh. Giúdach is ea Josh. Nuair a thugann an múinteoir cuireadh don rang páirt a ghlacadh i gcomórtas chun foirgneamh i gcruth neamhghnách a thógáil, socraíonn an bheirt chara chun sukkah a thógáil – foirgneamh sealadach, cosúil le puball, a tógadh i ngairdíní Giúdacha le linn féile Sacút. Cuireann Sukkah na botháin inar chónaigh na hIosraeilítigh i gcuimhne dóibh nuair a bhí siad ag fánaíochta san fhásach, ar feadh daichead bliain.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Rosh Hashanah:** Féile chun tús Bhliain Nua na nGiúdach a cheiliúradh.
- **Yom Kippur:** Is é lá an aithreachais, an lá is beannaithe sa bhliain do na Giúdaigh. Tugaimid Lá an Leorghnímh air freisin.
- **Sacút (Sukkot):** Féile Ghiúdach; tugaimid Féile na dTaibearnacal air freisin.
- **Bar Mitsveá/Bat Mitsveá:** Is searmanas Giúdach é. Tar éis an tsearmanais, tugaimid Iníon na hAithne ar chailín agus tugaimid Mac na hAithne ar bhuachaill. Ciallaíonn sé seo go bhfuil na buachaillí agus na cailíní sean go leor chun na haitheanta atá leagtha amach sa Tóra a choinneáil.
- **Sukkah:** Struchtúr speisialta atá cosúil le puball. De ghnáth, tógann Giúdaigh iad sa ghairdín ar chúl an tí, ag féile Sacút. Smaoiníonn na teaghlaigh ar na pubaill nó na botháin inar chónaigh na hIosraeilítigh nuair

a bhí siad ag fánaíochta san fhásach, ar feadh daichead bliain.

EOCHAIRFHOCAIL EILE ÓN GCLÁR GO DTÍ SEO:

- **An tSabóid:** Lá adhartha Giúdach.
- **Tóra:** An chuid sin den Scriptúr Eabhraise ina bhfuil an chéad chúig leabhar den Sean-Tiomna.
- **Kippah:** Bairéad cúil a chaitheann buachaillí/fir Ghiúdacha.
- **Shema:** Paidir ghearr Eabhraise.
- **Kiddush:** Cupán beannachta.
- **Challah:** Cineál aráin, a chuireann an manna a d'ith na hIosraeilítigh le linn a gcuid ama san fhásach, i gcuimhne na nGiúdach.
- **Aron Kodesh, nó an Áirc Naofa:** An áit naofa sa tsionagóg ina gcoinnítear na scrollaí.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóip den teimpléad 'Réalta Dháiví' (thíos) do gach páiste

Féachaimis ...

GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

QUIZ AR AN NGIÚDACHAS

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Tá sé mar aidhm ag an quiz seo athbhreithniú a dhéanamh ar an eolas atá foghlamtha ag na páistí cheana féin sa chlár. B'fhéidir gur mhaith leat an deis seo a ghlacadh chun comhrá gairid a dhéanamh leis na páistí faoi na gnéithe áirithe seo den Ghiúdachas sula dtugann siad faoi ábhar na bliana seo.

Tabhair cuireadh do na páistí tabhairt faoin quiz. Tá na ceistanna thíos **ar leathanach 130 de leabhar na bpáistí freisin.**

Seo a leanas na ceistanna agus tá na freagraí i gcló iodálach:

1. Cén t-ainm atá ar lá adhartha na nGiúdach? (*An tSabóid*)
2. Ainmnigh leabhar naofa na nGiúdach, ina bhfuil an chéad chúig leabhar den Sean-Tiomna. (*Tóra*)
3. Cá mbailíonn na Giúdaigh le chéile chun guí? (*Sionagóg*)
4. Cé a threoraíonn na daoine agus iad ag guí? (*Raibí*)
5. Cén t-ainm atá ar an áit sa tsionagóg ina gcoimeádann Giúdaigh a gcuid scrollaí sácráilte? (*Aron Kodesh nó An Áirc Naofa*)
6. Cén t-ainm atá ar an mbairéad cúil, a chaitheann fir agus buachaillí Giúdacha? (*Kippah*)
7. Cad é an *Shema*? (*Paidir ghearr chuig Dia*)
8. Cad is mezuzah ann? (*Bosca beag, greamaithe do dhoras Giúdach, ina gcoimeádtar an Shema*)
9. Cad is tallit ann? (*Seál a chaitheann fir Ghiúdacha*)
10. Cad é an Kiddush? (*Paidir a deirtear os cionn an fhíona ag béile na Sabóide*)

COMHAD FÍRICÍ

GIÚDACHAS

Nóta: Tá an Comhad fíricí seo a leanas **ar leathanach 131 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Tá thart ar cheithre mhilliún déag Giúdach ar fud an domhain inniu.
- Slíocht Abrahám is ea na Giúdaigh. Tugann Giúdaigh onóir d'Abrahám mar is é Athair an Chreidimh é.
- Tugaimid an Tanakh ar Scriptoráir Naofa na nGiúdach. Tá an Tóra, an chéad chúig leabhar den Sean-Tiomna sa Tanakh. Tá leabhair na bhfáithe (Nevi'im), agus bailiúchán scríbhinní faoi stair na nGiúdach (Ketuvim) sa Tanakh freisin. Nuair a chuirimid Tóra, Nevi'im agus Ketuvim le chéile faighimid TaNaKh – scriptúir na nGiúdach.
- Is féilte Giúdacha iad **Rosh Hashanah** (Bliain Nua na nGiúdach), **Yom Kippur** (Lá an Leorhánimh), **Pesach** (Cáisc na nGiúdach), **Sacút** (Féile na dTaibearnacal), **Púirim** agus **Hanukkah** (Féile na Soilse).
- Ceiliúránn buachaillí Giúdacha an **Bar Mitsveá** ag trí bliana déag d'aois agus ceiliúránn cailíní Giúdacha an **Bat Mitsveá** ag dhá bhliain déag d'aois. As sin amach, tá siad freagrach as na haitheanta a choinneáil faoi mar atá siad leagtha amach sa Tóra.
- Is í Réalta Dháiví an tsiombail Ghiúdach is tábhachtaí.
- Smaoiníonn na Giúdaigh ar an gconradh, a rinne Dia lena mhuintir trí Mhaois. Tugann siad onóir don chonradh.
- Tugaimid Seder ar Bhéile Cháisc na nGiúdach. Ag an mbéile sin, smaoiníonn na Giúdaigh ar an turas a rinne an Cine Tofa, tríd an bhfásach go dtí an Tír Tairngire. Threoraigh Maois iad. Ceiliúránn na Giúdaigh Cáisc na nGiúdach, nó Pesach, ina dtithe.
- Tá dlíthe dochta ag Giúdaigh maidir le bia. Mar shampla, tá cead acu feoil a ithe, ó ainmhithe a bhfuil crúba scoilte orthu agus a bhíonn ag cogaint na círe, mar shampla, ba agus gabhair. Tá cead acu iasc a ithe, má bhíonn eítí agus scálaí air, mar shampla, bradán agus trosc. Leanann na Giúdaigh treoirlínte diana nuair a réitíonn siad an bia. Bia caisir (kosher) a

thugann siad air.

- Ceann de na paidreacha Giúdacha is tábhachtaí ná an *Seama*. Guíonn Giúdaigh an *Seama* gach lá.
- Ba Ghiúdaigh iad Muire agus Iósaef agus thóg siad Íosa sa chreideamh Giúdach.
- Bhí eolas ag Íosa ar na scríoptúir Ghiúdacha.

D'úsáid sé sleachta as na scríoptúir, nuair a bhí sé ag múineadh.

Dírigh aire na bpáistí chuig an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 131 dá leabhar.

PAIDIR

Nóta: *Is féidir leis na páistí an Seama a rá ó leathanach 133 dá leabhar.*

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Guimis le chéile an Phaidir Ghiúdach, an *Seama*.

Gach duine: Éist, a Iosrael: an Tiarna ár nDia, an t-aon Tiarna. Gráigh an Tiarna do Dhia ó do chroí go hiomlán, ó d'anam go hiomlán, agus ó do neart go hiomlán. Na briathra seo a ordáim duit inniu, bídis greanta ar do chroí. Déan iad a theagasc go

dúthrachtach do do chlann, agus iad a aithris dóibh i do shuí i do theach duit, nó ag siúl na slí, nó i do luí nó ag éirí duit. Ceangail iad mar chomhartha ar do láimh, agus mar shuaitheantas ar d'éadan. Scríobh iad ar ursaineacha do thí agus ar do gheataí. (Deot. 6:4-9)

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.



SCÉAL

Léigh an scéal seo a leanas do na páistí, a chuireann na féilte Giúdacha Rosh Hashanah, Yom Kippur agus Sacút in aithne dóibh.

Tionscadal Scoile Josh agus Roibeard

Tháinig lá an léirithe ar deireadh agus bhí an rang ar fad ar bís. Bhí Bean Uí Chiara tar éis tionscadal a thabhairt don rang ina raibh orthu mionsamhail de fhoirgneamh neamhghnách a dhéanamh, agus iad ag obair i mbeirteanna. Chuaigh na páistí os comhair an ranga ina mbeirteanna, mhínigh siad a gcuid dearaí agus labhair siad faoina gcuid mionsamhlachta. Bhí iontas ar an rang nuair a chonaic siad an teach crainn i bhfoirm spáslong, a rinne Luca agus Léan, agus bhain siad taitneamh as a bheith ag féachaint ar Artem agus ar Pheadar nuair a léirigh siad an chaoi a d'oscail agus a dhún an cró na gcearc a rinne siad. Ar deireadh, bhí sé in am do Josh agus Roibeard.

D'fhéach an rang nuair a thug Roibeard agus Josh rud éigin cosúil le bosca os comhair an ranga. Bhí sé clúdaithe le héadach ionas nach bhféadfadh le haon duine é a fheiceáil. Nuair a chuir siad ar an mbord é, ghlac an bheirt acu imeall an éadaigh agus, i ndiaidh comhaireamh go dtí a trí, tharraing siad an clúdach chun struchtúr iontach a nochtadh. Shuigh an rang ar fad faoi dhubh-iontas nuair a thug Josh agus Roibeard cuairt threoraithe dóibh ar an sukkah le trí thaobh, agus an díon déanta as craobhóga beaga agus duilleoga. Mhínigh Josh, ball de na Giúdaigh, gur chuir an sukkah na 'pubaill' nó na hárais sealadacha, i gcuimhne na nGiúdach, inar mhair na hIosraeilítigh le linn dóibh a bheith ag fánaíocht san fhásach.

Ansin dhírigh Roibeard aire an ranga ar an taobh istigh den sukkah, agus ar an mbord Lego clúdaithe le bia samhailteach agus málaí codlata déanta as sean-phíosáí d'ábhair ildaite. Diaidh ar ndiaidh, mhínigh sé conas a itheann teaghlaigh Ghiúdacha a gcuid béilí sa 'phuball', a bhíonn tógtha sa ghairdín, le linn féile Sacút, agus má bhíonn an aimsir go maith, codlaíonn siad sa sukkah freisin. 'Ná bígí trína chéile anois,' arsa Josh, 'tugtar Sacút ar an bhféile, ach sukkah a thugtar ar an bpuball.' Dúirt Josh freisin go dtarlaíonn féile Sacút i mí Mheán Fómhair nó i mí Dheireadh Fómhair.

Ansin d'iarr Pól, 'Cad iad na traidisiúin eile atá agat?'

Dúirt Roibeard, a bhí ina chomharsa



béal dorais agus ina chara ag Josh, 'Inis dóibh faoi Rosh Hashanah agus faoi Yom Kippur.'

Bhreathnaigh Josh ar Bhean Uí Chiara féachaint an raibh sé sin ceart go leor léi, agus d'aontaigh sí. 'Bhuel,' a dúirt sé, 'féile dhá lá is ea Rosh Hashanah, a cheiliúraimid i Meán Fómhair nó i mí Dheireadh Fómhair. Cuireann an féile seo tús le Bliain Nua na nGiúdach. Ar an bhféile seo ithimid arán speisialta, a dtugtar challah air. An rud a thaithníonn go mór liomsa ná nuair a thumaimid arán agus úlla i mil. Ciallaíonn an traidisiún seo go mbímid ag súil le bliain mhilis amach romhainn.'

'Cad faoi Yom Kippur?' d'iarr Siómón.

'Bhuel, is é Yom Kippur an lá is beannaithe i mbliain na nGiúdach,' a mhínigh Josh. 'Ithimid béile mór le chéile an oíche roimh ré, agus ar an bhféile féin téimid go dtí an tsionagóg chun guí. Déanaimid aithrí agus troscadh. Ní dhéantar obair ar bith ar an lá sin.'

'Cad is brí le haithrí?' d'fhiafraigh Proinsias.

'Bhuel, iarraimid maithiúnas ar a chéile, as na drochnithe a rinneamar ar a chéile. Agus ansin bíonn sé in am tosú arís,' d'fhreagair Josh.

Ansin phointeáil Clodagh chuig an sukkah, agus dúirt, 'ní thuigim, cén fáth nach bhfuil ach trí bhalla ag an sukkah agus go bhfuil poill sa díon ann? Ní foirgneamh daingean atá ann, nach ea?'

'Ó tá an ceart agat, nach soiléir an chúis atá le sin,' arsa Josh. Ní cóir go leanfadh an foirgneamh. Léiríonn sé dúinn nach maireann rud ar bith i ndáiríre, agus is féidir linn réaltaí na hoíche a fheiceáil trí na poill sa díon. Cuireann siadsan i gcuimhne dúinn go mbíonn Dia i gcónaí ann.'



...

Shocraigh na páistí d'aon ghuth gur bhuaigh sukkah Josh agus Roibeard an comórtas don mhionsamhail is fearr.

'An bhfuil ceisteanna ar bith eile ann sula gcríochnóimid?' d'iarr Bean Uí Chiara.

'Tá ceist agamsa,' arsa Liam. 'Cén chaoi

a deir tú 'Athbhliain faoi mhaise duit' i dteanga na nGiúdach?'

'Tugtar *Eabhrais* ar theanga na nGiúdach,' d'fhreagair Josh, 'agus in Eabhrais deirimid *Shanah tovah*, rud a chiallaíonn "Athbhliain faoi mhaise duit!"

'Shanah Tovah,' a dúirt an rang ar fad, agus shuigh Josh agus Roibeard ar ais ina suíocháin agus iad an-sásta leo féin.

Tar éis duit an scéal a léamh seiceail tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna simplí seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 132 de leabhar na bpáistí freisin**.

- Céard é **sukkah**? Cathain a úsáideann na Giúdaigh é?
- Cé a bhain úsáid as sukkah ar dtús?
- Cén fáth a mbíonn poill sa díon?
- Cad a cheiliúránn na Giúdaigh ag féile Rosh Hashanah?
- Cén t-ainm atá ar an arán a itheann na Giúdaigh le linn Rosh Hashanah?
- Tumann na Giúdaigh arán agus úlla i mil. Cad is brí leis an traidisiún sin?
- Cad a tharlaíonn le linn Yom Kippur?
- Conas a ghuíonn na Giúdaigh 'athbhliain faoi mhaise' ar a chéile?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Ciallaíonn Rosh Hashanah go litriúil 'an bhliain amach romhainn'. Dúirt Josh gur mhínigh an traidisiún arán a thumadh in úlla agus i mil go

mbeadh an t-ádh leo sa bhliain amach rompu. Cén cineál bliana a bheadh i mbliain milis? Cén cineál bliana a bheadh i mbliain ghéar?

- An gcuireann Yom Kippur aon rud sa Traidisiún Caitliceach i gcuimhne duit? (*Carghas, athmhuintearas*) An gceapann tú gur maith an rud é a rá le Dia agus le duine a ghortaigh tú, go bhfuil brón ort? Cén fáth nó cén fáth nach maith an rud é?
- Cad atá ar eolas agat faoi shionagóg? (*Áit adhartha Ghiúdach*) Cá bhfaighfeá sionagóga in Éirinn? (*Baile Átha Cliath agus Corcaigh*) Ar thug éinne anseo cuairt riamh ar shionagóg? Inis dúinn faoi sin.
- Ciallaíonn Bar/Bat Mitsveá gur duine fásta atá i mbuachaill/gcailín Giúdach agus geallann siad go gcloifidh siad leis na haitheanta sa Tóra. Cad a cheapann tú a dhéanfaidh Josh difriúil nuair is bar mitsveá é? (*m.sh. guí níos rialta, troscadh, an Tóra a léamh, tabhair do charthanas*) An gcuireann an Bar/Bat Mitsveá deasghnáth nó searmanas ar bith eile i gcreideamh eile i gcuimhne duit?

CLEACHTADH DIALAINNE

CÓIPEÁIL AGUS MAISIGH

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 132 dá leabhar** a thugann cuireadh dóibh litreacha na beannachta '*Shanah tovah*' sa chló Eabhraise a chóipeáil agus a mhaisiú sa dialann don Oideachas Reiligiúnach.

שנה טובה

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

D'fhoghlaim na páistí faoi fhéilte móra Giúdacha: Rosh Hashanah, Yom Kippur agus Sacút. Féile dhá lá is ea Rosh Hashanah, a cheiliúránn tús Bhliain Nua na nGiúdach. Itheann an teaghlach arán ar a dtugtar *challah* chomh maith le húlra ón bhfómhar, tumtha i mil, mar chomhartha ar an dóchas atá acu go mbeidh bliain bhinn amach rompu. Tréimhse atá sa Bhliain Nua chun machnamh a dhéanamh ar conas is féidir leo a bheith chomh maith agus

a iarrann Dia orthu. Struchtúr speisialta atá cosúil le puball is ea Sukkah. De ghnáth, tógann na Giúdaigh iad sa ghairdín ar chúl an tí, ag féile Sacút. Smaoiníonn na teaghlaigh ar na pubaill nó na botháin inar chónaigh na hIosraeilítigh nuair a bhí siad ag fánaíocht san fhásach, ar feadh daichead bliain. Cuimhníonn siad freisin go mbíonn Dia leo i gcónaí. Itheann agus codlaíonn an teaghlach sa sukkah i rith an ama seo.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

RÉALTA DHÁIVÍ

Nóta: Beidh cóip den teimpléad 'Réalta Dháiví' (thíos) ag teastáil ó gach páiste.

- Tabhair cuireadh do na páistí liosta a dhéanamh de na gnéithe den Ghiúdachas a bhfuil cur amach acu orthu ó Rang a Trí/B5 agus ón gcaibidil seo.
- Ansin déan na teimpléid a dháileadh amach agus tabhair cuireadh do na páistí chun pictiúir

agus/nó siombailí a tharraingt timpeall na réalta chun na gnéithe is fearr leo den Ghiúdachas a léiriú.



PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Inniu tabharfaimis beannacht shíochánta dá chéile agus dóibh siúd atá gaolta linn.


Iarraimid ar Dhia, ár dteaghlaigh agus na daoine a mhairimid leo, a bheannú le síocháin ...
Iarraimid ar Dhia, ár gcairde agus ár gcomhaltai ranga a bheannú le síocháin ...
Is cuimhin linn grá Dé.

Agus muid ag ardú ár ngéaga go hard, molaimid Dia.

Seasaimis go ciúin.
Beirimis greim láimhe ar a chéile agus cuimhnímis gur luachmhar muid uile i súile Dé.
Iarraimid ar Dhia, an Spiorad Naomh a sheoladh chugainn chun cuidiú linn cuimhneamh a dhéanamh ar a ghrá i gcónaí.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
Gach duine: Áiméan.

Comhartha na Croise

Réalta Dháiví





Ceacht 6 Giúdachas (II): Pesach (Cáisc na nGiúdach) agus Béile Seder

SULA DTOSAÍONN TÚ

Chreid clann Iosrael in aon Dia amháin agus lean siad Maois isteach san fhásach. Faoi dheireadh shroich siad an Tír Tairngre agus rinne siad rince le háthas. Gach bliain cuimhníonn na Giúdaigh ar an ócáid seo le béile speisialta a ithe, ar a dtugtar an béile Seder, nó Béile Cháisc na nGiúdach, air. Ag an mbéile speisialta seo bailíonn siad mar theaghlach agus roinneann siad bia speisialta le chéile, – bia a chabhraíonn leo grá Dé dóibh a mheabhúrú mar náisiún roghnaithe agus mar phobal tofa scartha ó dhaoine eile. Tá scéal Cháisc na nGiúdach ar eolas ag na leanaí cheana féin. Tosaíonn an ceacht seo le hathbhreithniú

ar a bhfuil foghlamtha ag na leanaí cheana féin faoin nGiúdachas sa cheacht roimhe seo.

Déanaimid iarracht anois cuidiú leis na páistí nasc a dhéanamh idir scéalta bunaidh an Ghiúdachais – faoi Abrahám agus turas Mhaois agus Iosrael go dtí an Tír Tairngre – leis an bhféile Ghiúdach bhliantúil de *Pesach* (Cáisc na nGiúdach). Le linn an cheachta spreagfar na páistí chun roinnt focal Eabhraise a fhoghlaim – focail a bhaineann leis an mbia agus leis an mbéile agus roinnt paidreacha Eabhraise a aithris.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Plague:** An unwelcome outbreak of **Plá:** Briseann ráig de rud éigin olc amach, mar shampla galar nó fíniú feithidí nó ainmhithe srl.
- **Béile Seder:** Béile speisialta a itheann na Giúdaigh. Smaoiníonn siad siar ar conas a d'éalaigh a gcuid sinsear as sclábhaíocht san Éigipt go saoirse sa Tír Tairngire. Is é an béile Seder an príomhrud ag Pesach na nGiúdach, nó Cáisc na nGiúdach..

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Ceithre choinneal
- Cóip den teimpléad (thíos) 'Cleachtadh Meaitseála Bia Seder' do gach grúpa páiste
- Pláta páipéir, sé chás borróige, siosúr, gliú agus cóip den teimpléad 'Na Siombailí a bhaineann le Béile Seder' do gach páiste.

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

FAOIN GIÚDACHAS

Tabhair cuireadh do na páistí cuimhneamh ar a bhfuil foghlamtha acu cheana féin i mbliana faoin nGiúdachas trí na ceisteanna seo a chur orthu nó ceisteanna den chineál céanna:

- An féidir leat féilte ar bith a cheiliúránn na Giúdaigh a ainmniú? (*Yom Kippur, Rosh Hashanah*).
- Cén t-am den bhliain a cheiliúrtar na féilte seo?

(*Meán Fómhair/Deireadh Fómhair*)

- An cuimhin leat an méid a itheann daoine Giúdacha nó nach bhfuil cead acu a ithe? Cad é an téarma le haghaidh bia a cheadaítear faoi dhlí na nGiúdach? (*Bia Caisir/Kosher*)
- An féidir leat aon chustam nó éadaí Giúdach a ainmniú?

SCÉAL

Léigh an scéal seo do na páistí. Cuideoidh sé leo cuimhneamh ar phríomhimeachtaí ó scéal bunaidh Giúdachais a chuala siad sa chlár roimhe seo.

Scéal Cháisc na nGiúdach

Bhí Maois ina chónaí i Midián, áit a raibh sé ina aoire. Lá amháin, chonaic sé radharc an-aisteach - bhí tor trí thine, ach ní raibh an tor á dhó ag na lasracha. Ansin chuala Maois guth Dé ag labhairt leis. Dúirt Dia, 'Téigh go dtí an Éigipt agus abair le Faró mo mhuintir a ligean saor.'

Ag an am seo bhí na hIosraeilítigh, sinsir na nGiúdach, faoi sclábhaíocht san Éigipt. Mar sin, d'imigh Maois agus a dheartháir Áróin chuig Faró agus d'éiligh siad air na hIosraeilítigh a ligean saor. Thosaigh Faró ag gáire agus dhiúltaigh sé é sin a dhéanamh. Bhagair Maois agus Áróin an rí Faró. Dúirt siad go gcuirfeadh Dia deich bplá uafásacha ar an Éigipt, dá ndiúltódh Faró na hIosraeilítigh a ligean saor.

Chuir Dia naoi bplá ar an Éigipt - fuil, froganna, míolta, ainmhithe fiáine, ainmhithe a bhí tinn, neascóidí, cloichshneachta, lócaistí agus dorchadas. Ach ní ligfeadh Faró fós do na hIosraeilítigh imeacht saor. Dúirt Dia le Maois gur chóir do na hIosraeilítigh uan a íobairt. Dúirt sé leo ursaineacha na ndoirse a mharcáil le fuil an uain. Rachadh 'Aingeal an Bháis', a bhí le teacht, thar na tithe sin agus bheadh siad slán ón deichiú bplá. Ansin sheol Dia an deichiú



plá. An oíche sin tháinig Aingeal an Bháis isteach i dtithe na nÉigipteach agus mharaigh sé an chéad mhac i ngach teaghlach Éigipteach.

An mhaidin dár gcionn threoraigh Maois na daoine as an Éigipt. Ach nuair a shroich siad an Mhuir Rua bhí siad sáinnithe, mar bhí arm na nÉigipteach taobh thiar dóibh. Ní raibh siad in ann éalú. Ansin dúirt Dia le Maois a lámh a shíneadh amach thar an uisce, agus go míorúilteach, scar na huiscí. Bhí na Iosraeilítigh in ann siúl ar thalamh tirim. Ach, a luaithe agus a rinne na hÉigiptigh iarracht iad a leanúint, bádhdh iad.

Ceiliúránn na Giúdaigh an eachtra seo ag Pesach, nó Cáisc na nGiúdach - tháinig na hIosraeilítigh saor ó sclábhaíocht san Éigipt agus tháinig na chéad mhac slán ón mbás.



Tar éis duit an scéal a léamh seiceail tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna simplí seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 135 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Cén teachtaireacht a chuala Maois, ag teacht ón tor, a bhí trí thine?
- Cé a bhí in éineacht le Maois nuair a chuaigh sé chuig Faró chun a iarraidh air na hIosraeilítigh a ligean saor?
- Cad a tharla nuair a dhiúltaigh Faró na hIosraeilítigh a shaoradh?
- Cé na treoracha ó Dhia a thug Maois do na daoine faoi Aingeal an Bháis? Cad a bhí le déanamh acu chun a dteaghlaigh a chosaint?
- Cé a bhí maraithe ag Aingeal an Bháis agus cé na daoine a spáráil sé?
- Cé a threoraigh na hIosraeilítigh trasna na

Mara Rua?

- Cathain a cheiliúránn Giúdaigh na himeachtaí seo?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cén fáth, dar leat, a bhreathnaíonn na Giúdaigh ar Maois mar an duine is tábhachtaí sa Bhíobla?
- Cén béile an-tábhachtach a d'ith Íosa agus a chuid aspail ag ceiliúradh Cháisc na nGiúdach? (*Bhí Íosa agus na haspail ag ceiliúradh Cháisc na nGiúdach ag an Suipéar Déanach, an oíche sula bhfuair sé bás.*)

Tá scéal Cháisc na nGiúdach ar leathanaigh 134-135 de leabhar na bpáistí freisin. Spreag an páistí chun an scéal a léamh dóibh féin.

CLEACHTADH DIALAINNE

SAMHLAIGH!

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 135 dá leabhar** a thugann cuireadh dóibh a shamhlú gur duine de na hIosraeilítigh iad a d'éalaigh as an Éigipt an oíche sin, faoi cheannas Mhaois. Iarrtar orthu giota a scríobh sa dialann don Oideachas Reiligiúnach, ag cur síos ar a cuid mothúchán.

PAIDIR

Nóta: *Beidh ceithre choinneal ag teastáil uait.*

Comhartha na Croise

Múinteoir: Lasaimid ceithre choinneal inniu. Agus na coinnle á lasadh againn déanfaimid cuimhneamh ar na scéalta agus ar na paidreacha atá coitianta do Chríostaithe agus do Ghiúdaigh araon. Cuimhnimid freisin gur thug Dia na Deich nAithne do Mhaois ar Chnoc Shíonáí.

Is é an freagra ar ár bpaidreacha inniu ná: Barukh atah Adonai. Is beannaithe thú, a Thiarna.

Gach duine: Barukh atah Adonai.
Is beannaithe thú, a Thiarna.

Múinteoir (*ag lasadh an chéad choinneal*): Agus muid ag lasadh ár gcéad choinneal, cuimhnimid ar Abrahám, ár n-athair sa chreideamh.

Gach duine: Barukh atah Adonai.
Is beannaithe thú, a Thiarna.

Múinteoir (*ag lasadh an dara choinneal*): Agus muid ag lasadh ár dara choinneal, cuimhnimid ar an Cháisc, nuair a d'imigh Aingeal an Bháis thar thithe na nIosraeilíteach, agus maraíodh páistí na nÉigipteach.

Gach duine: Barukh atah Adonai.
Is beannaithe thú, a Thiarna.

Múinteoir (*ag lasadh an tríú choinneal*): Agus muid ag lasadh ár tríú choinneal, cuimhnimid ar conas a threoraigh Maois na hÉisraeilítigh tríd an Mhuir Rua chun saoirse sa Tír Tairngire.

Gach duine: Barukh atah Adonai.
Is beannaithe thú, a Thiarna.

Múinteoir (*ag lasadh an ceathrú choinneal*): Agus muid ag lasadh ár gcoinneal deiridh, cuimhnimid ar na hAithne a thug Dia do Mhaois ar Chnoc Shíonáí.

Gach duine: Barukh atah Adonai.
Is beannaithe thú, a Thiarna.

Múinteoir: Bímis ciúin ar feadh nóiméid: Smaoinimid ar ár dteaghlaigh agus ar na daoine a roinnimid grá leo ...

Smaoinimid ar ár gcairde agus ar ár ngaolta ...

Smaoinimid ar pháistí uile an domhain ...

Iarraimid grá agus beannach ó Dhia. (Sos)

Gach duine: Barukh atah Adonai.
Is beannaithe thú, a Thiarna.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'An Béile Seder' ar leathanach 135 dá leabhar a léamh.

GNÍOMHAÍOCHT MHEAITSEÁLA

CUIR NA BIANNA LE CHÉILE

Nóta: Beidh cóip den teimpléad 'Bianna den Bhéile Seder a chur le chéile' (thíos) ag teastáil ó gach grúpa páiste.

- Os rud é go ndéantar na bianna Seder a léiriú agus a mhíniú **ar leathanach 136 de leabhar na bpáistí**, fiafraigh dóibh a gcuid leabhar a choinneáil dúnta agus an cleachtadh seo a chríochnú acu. Is féidir leo a gcuid freagraí a sheiceáil ansin ag úsáid an eolais ina gcuid leabhair.

- Tabhair cuireadh do na páistí foirmiú i ngrúpaí de cheathrar nó cúigear, agus tabhair cóip den teimpléad do gach grúpa.
- Tabhair cuireadh do na páistí labhairt faoin siombalachas taobh thiar de gach ceann de na bianna Seder agus ansin línte a tharraingt a mheaitseálann na bianna sa cholún ar chlé leis na tuairiscí sa cholún ar dheis.
- Taispeánann an chairt seo a leanas na míreanna san ord ceart.

Nóta: Beidh pláta páipéir, sé chás borróige, siosúr,

Lorga uaineola rósta	D'íobair na hIosraeilítigh uan mar íobairt speisialta ag Caisc na nGiúdach.
Ubh bhruite	Seasann sé do chiorcal na beatha, don earrach agus don athnuachan.
Raidis fhiáin	Seasann sí do sclábhaíocht uafásach.
Haroset	Seasann an mhilseacht don tsaoirse. Léiríonn cuma an bhia seo an moirtéal a d'úsáid na sclábhaithe Iosraeilíteacha chun brící a dhéanamh d'Fharó.
Peirsil	Seasann sí do theacht an earraigh, agus don rath a bhí ar na hIosraeilítigh.
Leitís	Seasann an leitís searbh don saol crua a bhí ag na sclábhaithe san Éigipt.
Sáile	Léiriú ar dheora agus ar allas na sclábhaithe.
Matzah	An slimarán a d'ith na sclábhaithe agus iad ag teitheadh ón Éigipt.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

gliú agus cóip den teimpléad 'Na Siombailí a bhaineann le Béile Seder' (thíos) ag teastáil ó gach páiste.

- Tabhair pláta páipéir, sé chás borroige agus cóip den teimpléad do gach páiste.
- Iarr ar na páistí dath a chur ar na siombailí agus iad a ghearradh amach.
- Tabhair cuireadh do na páistí gach siombail a ghreamú le cás borroige.
- Iarr ar na páistí imeall an phláta a dhathú agus na cásanna borroige a ghreamú leis an bpláta i gciortal.



GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Samhlaigh gur duine de na hIosraeilítigh tú ag teitheadh ón sclábhaíocht san Éigipt ... Smaoinigh ar conas a bhraitheann tú nuair a thagann tú chun na farraige ... Samhlaigh an t-iontas agus an taitneamh a bhí ort nuair a d'ardaigh Maois a lámh in airde agus scar na huiscí ... Mothaigh an faoiseamh agus tú in ann siúl ar thalamh tirim chun na sábháilteachta ... Sa Soiscéal de réir

Mhatha, deir Íosa linn 'Gur féidir le Dia gach rud a dhéanamh' ... Cuir do mhuinín i nDia anois agus, le do ghuth inmheánach, iarr ar Dhia tú a choinneáil slán agus chun tú a threorú, mar a threoraigh Maois clann Iosrael ... Smaoinigh orthu siúd atá fós i sclábhaíocht inár ndomhan inniu ... Go mbeidh Dia in éineacht leo agus iad a threorú chuig saoirse agus sábháilteacht ... Gabh buíochas le Dia as an tsaoirse atá againn chun ár reiligiún a chleachtadh go sábháilte ... Iarr ar Dhia cabhrú linn meas a léiriú i gcónaí do reiligiúin agus do thraidisiúin daoine eile ... Nuair atá sibh réidh, is féidir na súile a oscailt.

AG COMHRÁ

FAOI DHEASGHNÁTHA AGUS BÉILÍ

- An gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach do na Giúdaigh cuimhneamh ar an méid a tharla nuair a threoraigh Maois a sinsir, clann Iosrael, ón sclábhaíocht? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- Cuimhníonn na Giúdaigh agus gabhann siad buíochas. An bhfuil sé tábhachtach buíochas a ghabháil? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- Cad iad na himeachtaí is cuimhin libh agus a cheiliúránn sibh mar theaghlach? Conas a chuimhníonn sibh agus a cheiliúránn sibh na himeachtaí sin? An mbaineann bianna difriúla leis na ceiliúrthaí seo? An bhfuil sé tábhachtach na hócáidí seo a cheiliúradh? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- Cad air a chuimhnímid agus a cheiliúraimid mar Phobal Críostaí? Um Cháisc? Um Nollaig? I mí na Samhna?
- An bhfuil sé tábhachtach don phobal Críostaí cuimhneamh ar na hócáidí sin agus iad a cheiliúradh? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Ceiliúrann teaghlaigh Ghiúdacha béile speisialta, an Béile Seder, gach bliain le linn fhéile Pesach. Ag an mbéile, cuimhníonn siad ar conas a d'éalaigh a sinsir, na hIosraeilítigh, ón Éigipt go saoirse sa Tír Tairngire. Itheann siad bianna ar leith ag an mbéile Seder, agus tá brí shiombalach dhomhain ag gach ceann acu.

RÓLIMIRT

AN BÉILE SEDER

- Roinn an rang ina mbeirteanna. Glacann páiste amháin i ngach péire an ról a bhíonn ag leanbh Giúdach atá ag ullmhú Béile Seder.
- Glacann an páiste eile páirt linbh atá ar cuairt agus nach bhfuil eolas ar bith acu faoi nósanna nó traidisiúin Ghiúdacha.
- Samhlaíonn siad agus déanann siad a gcuid comhrá le chéile.
- Má bhíonn an t-am ann is féidir le cúpla péire a rólímirt a chur i láthair don rang iomlán.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Rinneamar iniúchadh ar thraidisiúin chreidimh na nGiúdach i rith na seachtaine seo agus d'fhoghlaimíomar níos mó faoi stair agus faoi chreideamh na nGiúdach. D'fhoghlaimíomar freisin faoin stair atá comónta idir Críostaithe agus Giúdaigh.

Guímis ar son pobal na nGiúdach ar fud an domhain, ionas go gcaithfí leo le meas agus le dínit. Is é an freagra ar an bpaidir inniu ná *Shalom Aleichem*, frása Eabhraise a chiallaíonn 'Síocháin leatsa'.

Gach duine: *Shalom Aleichem*.

Múinteoir: Guímis ar son leanaí Giúdacha. Tabhair treoir dóibh agus dá dteaghlaigh mar a fhoghlaimíonn siad faoina gcustaim agus faoi na traidisiúin Ghiúdacha.

Gach duine: *Shalom Aleichem*.

Múinteoir: Gabhaimis buíochas as an éagsúlacht bianna uile a thug Dia dúinn.

Cabhraigh linn teacht i gcabhair orthu siúd nach bhfuil go leor le nithe acu.

Gach duine: *Shalom Aleichem*.

Múinteoir: Guímis ar son daoine de gach reiligiún ar fud an domhain, ionas go mbeidh meas acu ar a chéile.

Ná bíodh aon duine ag fulaingt ó bhrú nó ón éagóir.

Gach duine: *Shalom Aleichem*.

Múinteoir: A Dhia ár nAthair, cruthaitheoir gach éinne, beannaigh leanaí de gach traidisiún reiligiúnach.

Cabhraigh leo fás suas i dtimpeallacht ina ndéantar difríocht a cheiliúradh agus a urramú.

Go raibh maith agat as ár dtraidisiúin shaibhir teaghlaigh féin agus don chreideamh a tugadh dúinn ó ghlúin go glúin.

Cabhraigh linn ár gcreideamh a thuiscint agus meas a bheith againn air.

Déanaimid an phaidir seo trí Chríost Ár dTiarna.


Gach duine: Áiméan.

Comhartha na Croise


Bianna den Bhéile Seder a chur le chéile

Haroset	D'íobair na hIosraeilítigh uan mar íobairt speisialta ag Caisc na nGiúdach.
Leitís	Seasann sé do chiorcal na beatha, don earrach agus don athnuachan.
Matzah	Seasann an leitís searbh don saol crua a bhí ag na sclábhaithe san Éigipt.
Lorga uaineola rósta	Seasann an mhilseacht don tsaoirse. Léiríonn cuma an bhia seo an moirtéal a d'úsáid na sclábhaithe Iosraeilíteacha chun brící a dhéanamh d'Fharó.
Sáile	Seasann sí do theacht an earraigh, agus don rath a bhí ar na hIosraeilítigh.
Ubh bhruite	Seasann sí do sclábhaíocht uafásach.
Peirsil	Léiriú ar dheora agus ar allas na sclábhaithe.
Raidis fhiáin	An slimarán a d'ith na sclábhaithe agus iad ag teitheadh ón Éigipt.


Na Siombailí a bhaineann le Béile Seder




Ubh bhruite



Raidis fhiáin



Leitís



Lorga uaineola




Peirsil




Haroset


Na Siombailí a bhaineann le Béile Seder



Ubh bhruite



Raidis fhiáin



Leitís



Lorga uaineola



Peirsil



Haroset

Paidreacha

Comhartha na Croise

In ainm an Athar,
agus an Mhic,
agus an Spioraid Naoimh. Áiméan.

Glóir don Athair

Glóir don Athair,
agus don Mhac,
agus don Spiorad Naomh,
Mar a bhí ó thúis,
mar atá anois
agus mar a bheas go brách,
le saol na saol. Áiméan.

Paidir na Maidine

A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'óiche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.

Paidir na hOíche

A Dhia, a Athair, molaim thú
As ucht do chineáltais liom inniu.
As ucht mo chairde molaim thú,
Agus as an teaghlach a thug tú dom.
I ndorchadas na hoíche cosain mé
Solas na maidine go bhfeice mé.
Áiméan.

Altú roimh Bhia

Beannacht ó Dhia orainne atá ag suí
chun boird le chéile.
Beannacht ar an mbia a ithimid inniu.
Beannacht ar na lámha a
d'ullmhaigh dúinn é.
Beannacht a Dhia dílis orainn féin.
Áiméan.

Altú tar éis Bia

Go raibh maith agat, a Dhia, mar is
tú a thug bia dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is
tú a thug cairde dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is
tú a thug gach rud dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia. Áiméan.

Paidir chuig an Aingeal Coimhdeachta

A Aingil dhil Dé, cuir mé faoi do
smacht,
mar d'ordaigh Mac grámhar Dé ina
reacht.
Seas le mo thaobh gach am den lá.
Soilsigh is cosain is seol mé slán.

Áiméan.

An Phaidir

Ár nAthair, atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn
inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna
féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.

Sé do Bheatha, a Mhuire

Sé do bheatha, a Mhuire,
Atá lán de ghrásta,
Tá an Tiarna leat.
Is beannaithe thú idir mhná,
Agus is beannaithe toradh do
bhroinne, Íosa.
A Naomh Mhuire, a mháthair Dé,
Guigh orainn, na peacaigh,
Anois agus ar uair ár mbáis. Áiméan.

Salve Regina

Go mbeannaítear duit, a Bhanríon,
a Mháthair na trócaire,
ár mbeatha, ár milseacht agus ár
ndóchas,
go mbeannaítear duit.
Is ort a ghlaoidimid, clann dhíbeartha
Éabha.
Is chugat a chuirimid suas ár n-urnaí,
ag caoineadh agus ag gol,
sa ghleann seo na ndeor.
Ar an ábhar sin, ós tú ár n-abhcóide,
iompaign orainn do shúile atá lán de
thrua,
agus tar éis na deoraíochta seo
taispeáin dúinn Íosa, toradh
beannaithe do bhroinne,
A Mhaighdean Mhuire cheansa,
ghrámhar, mhillis.

Paidir don Tríonóid Naofa

Moladh don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh,
An Triúr ina aon.

Paidreacha chuig an Spiorad Naomh

A Spioraid Naoimh, ba mhaith
liom an rud ceart a dhéanamh.

Cabhraigh liom.

A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom
maireachtáil mar a mhair Íosa.
Treoraigh mé.
A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom
guí mar a ghuigh Íosa. Múin dom é.

Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe
na bhfíréan.
Agus las ionainn tine do ghrá.
Cuir amach uait do Spiorad agus
cruthófar muid,
Agus déanfaidh tú aghaidh na talún a
athnuachan.

A Dhia, a mhúin croíthe na bhfíréan
Le solas an Spioraid Naoimh,
Deonaigh dúinn sa Spiorad céanna a
bheith críonna go fíor,
Agus gairdeas a dhéanamh i gcónaí
ina shólás,
Trí Chríost, ár dTiarna. Áiméan.

Gníomh Creidimh

A Dhia liom, creidim ionat
agus i ngach a mhúineann d'Eaglais
Naofa
mar gur tusa a dúirt
agus go bhfuil do Bhriathar fíor.
Is tusa an Críost, Mac Dé beo.
Is tú mo Thiarna agus mo Dhia.
A Dhia, creidim, méadaigh ar mo
chreideamh.

Gníomh Dóchais

A Dhia liom, cuirim mo dhóchas
ionat
mar táim cinnte de do ghealltanais.
Saor sinn, a Thiarna, ó gach olc.
Tabhair dúinn síocháin lenár linn,
agus sinn ag súil go lúcháireach
le teacht ár Slánaitheora, Íosa
Críost. Áiméan.

Gníomh Grá

A Dhia liom, gráim thú ó mo chroí go
hiomlán,
ó m'anam go hiomlán, agus le mo
neart iomlán.
A Thiarna, méadaigh ár ngrá.
Cabhair linn chun grá a thabhairt
dá chéile. Áiméan.

Fáilte an Aingil

Tháinig aingeal an Tiarna le scéala
chun Muire,

Agus ghabh sí ón Spiorad Naomh.
Sé do bheatha, a Mhuire...
Féach, mise banóglach an Tiarna,
Go ndéantar liom de réir d'fhocail.
Sé do bheatha, a Mhuire...
Agus ghlac an Briathar colainn
dhaonna,
Agus chónaigh sé inár measc.
Sé do bheatha, a Mhuire...
Guigh orainn, a Naomh-Mháthair Dé
Ionas go mb'fhiú sinn geallúna
Chríost.

A Thiarna,
Líon ár gcroíthe le do ghrá,
Agus faoi mar a nocht tú dúinn trí
aingeal
Teacht do Mhic i gcolainn dhaonna,
Treoraigh sinn, dá bhrí sin, trína
fhulaingt agus a bhás
Go glóire a aiséirí,
Mar is é a mhaireann agus a
rialáionn in éineacht leatsa
agus leis an Spiorad Naomh,
Aon Dia, trí shaol na saol. Áiméan.

Rúndiamhra na Corónach Muire

Na Rúndiamhra Sólásacha

1. Teachtaireacht an Aingil
2. Cuairt na Maighdine Muire ar Eiliosaibeit
3. Breith Íosa
4. An Toirbhirt sa Teampall
5. Fáil an Linbh Íosa sa Teampall

Na Rúndiamhra Solasmhara

1. Baisteadh Íosa sa Iordáin
2. Bainis Chána
3. Íosa ag fógairt theacht Ríocht Dé
4. Claochlú Íosa
5. Bronnann Íosa an Eocairist orainn

Na Rúndiamhra Dólásacha

1. Anbhroid Íosa sa Ghairdín
2. Sciúrsáil ár dTiarna ag an gCuaille
3. Corónú Íosa le Coróin Spíne
4. Íosa ag iompar na Croise
5. Céasadh Íosa ar an gCros

Na Rúndiamhra Glórmhara

1. Aiséirí ár Slánaitheora
2. Deascabháil ár Slánaitheora
3. Teach an Spioraid Naoimh anuas ar na hAspail
4. Deastógáil na Maighdine Muire suas ar neamh
5. Corónú na Maighdine Muire ar neamh

Cúram don Domhan

A Dhia ár gCruthaitheoir, thug tú an talamh, an spéir agus na farraigí dúinn.

Taispeáin dúinn conas aire a thabhairt don domhan, ní hamháin don lá atá inniu ann, ach do na haoiseanna atá le teacht freisin. Ná milleadh aon phlean ná obair againne áilleacht do chruthaithe. Seol do Spiorad chugainn chun cabhrú linn aire a thabhairt don domhan agus don chruthú ar fad. Áiméan.

Paidir ar an mBíobla a oscailt

Beannaigh mé, a Dhia, ionas nuair a osclaím an Bíobla seo go n-osclóidh mé m'intinn agus mo chroí do do Bhriathar. Go gcothaí sé mé faoi mar a chothaigh sé Íosa. Áiméan.

Paidir ar an mBíobla a dhúnadh

Beannaigh mé, a Dhia, agus an Bíobla seo á dhúnadh agam go gcoinneoidh mé do Bhriathar i mo chroí agus i m'intinn faoi mar a rinne Íosa. Áiméan.

Cré na nAspal

Creidim i nDia,
an tAthair uilechumhachtach,
Cruthaitheoir neimhe agus talún,
agus in Íosa Críost, a Aonmhacsan,
ár dTiarna,
a gabhadh ón Spiorad Naomh,
a rugadh ó Mhuire Ógh,
a d'fhulaing páis faoi Phointias Píoláit,
a céasadh ar an gcros, a fuair bás agus a adhlacadh,
a chuaigh síos go hifreann,
a d'éirigh an treas lá ó mhairbh,
a chuaigh suas ar neamh,
atá ina shuí ar dheis Dé an tAthair uilechumhachtach;
as sin tiocfaidh sé chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh.

Creidim sa Spiorad Naomh,
sa Naomh-Eaglais Chaitliceach,
i gcomaoín na Naomh,
i maithiúnas na bpeacaí,
in aiséirí na colainne,
agus sa bheatha shíoraí. Áiméan.

An Chré Níce-Chathair Chonstaintín

Creidim in aon Dia amháin,
an tAthair uilechumhachtach,
a rinne neamh agus talamh,
agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.

Agus in aon Tiarna amháin Íosa Críost, Mac Aonghine Dé,
an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,
Dia ó Dhia, solas ó sholas,
Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;
an té a gineadh agus nach ndearnadh,
agus atá d'aon substaint leis an Athair:
is tríd a rinneadh an uile ní.
Ar ár son-na, an cine daonna, agus ar son ár slánaithe,
thuirling sé ó neamh.

Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é i mbroinn na Maighdine Muire agus ghlac sé nádúr daonna.

Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit;
d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.
D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scriptoráir;
chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.

Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir, le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,
agus ní bheidh deireadh lena ríocht.

Creidim sa Spiorad Naomh,
Tiarna agus bronntóir na beatha,
an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.
Tugtar dó adhradh agus glóir,
mar aon leis an Athair agus leis an Mac:
is é a labhair trí na fáithe.

Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.
Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.
Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,
agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Áiméan.

An Benedictus (Amhrán Zacairiá)

Moladh don Tiarna, Dia Iosrael,
óir rinne sé a phobal a fhiosrú agus a
fhuascailt;
agus thóg sé dúinn Slánaitheoir
neartmhar
i dteaghlach Dháiví a sheirbhíseach –
de réir mar a labhair
trí bhéal a naomhfháidh anallód –
mar shaoradh dúinn ónár naimhde
agus óna láimh siúd uile ar fuath leo
sinn,
ag déanamh trócaire mar sin ar ár
n-aithreacha,
agus ag cuimhneamh ar a thiomna
naofa –
ar an mionn a mhionnaigh sé
d’Abrahám ár n-athair –
go dtabharfadh sé dúinn,
tar éis ár saortha as láimh ár
naimhde,
bheith ag seirbhís dó gan eagla,
i gcrábhadh agus i bhfíréantacht ina
láthair gach lá dár saol.

Agus tusa, a leanbh, glaofar ortsa
fáidh an té is airde,
óir gluaisfidh tú roimh an Tiarna ag
uillmhú a bhóthar,
ag tabhairt eolas an tslánaithe dá
phobal
trí mhaithiúnas a bpeacaí
de chionn trócaire chroí ár nDé
a bhéarfadh an Láchan dár bhfiosrú
ó uachtar neimhe,
chun a soilsithe siúd atá ina suí sa
dorchadas agus faoi scáil an bháis;
chun ár gcéimeanna a sheoladh i
mbóthar na síochána. (Lúcás 1:68-
79)

An Magnificat

Mórann m’anam an Tiarna,
agus rinne mo spiorad gairdeas i
nDia mo Shlánaitheoir.
Óir dhearc sé le fabhar ar ísle a
bhanóglagh;
mar féach, déarfadh na glúine uile
feasta gur méanar dom.
Óir rinne an té atá cumhachtach
nithe
móra dom agus is naofa a ainm.
Agus tá a thrócaire ó ghlúin go glúin
dóibh seo ar a mbíonn a eagla.
Thaispeáin sé neart a láimhe:
scaip sé an dream a bhí uaibhreach i
smaointe a gcroí.
Leag sé prionsaí óna gcathaoireacha,
agus d’ardaigh sé daoine ísle;
Líon sé lucht an ocrais le nithe fóna,
agus chuir sé na saibhre uaidh
folamh.
D’fhóir sé ar Iosrael a sheirbhíseach,

ag cuimhneamh dó ar a thrócaire –
de réir mar gheall sé dár
n-aithreacha –
d’Abrahám agus dá shliocht go
brách.

An Memorare

Cuimhnigh, a Mhaighdean Mhuire
róghrámhar,
nár chualathas trácht ar éinne riamh
a chuir é féin faoi do choimirce
ná a d’iarr cabhair ort
ná a d’impigh d’idirghuí is gur theip
tú air.
Lán de mhuinín asat, dá bhrí sin,
rithimse chugat,
a Mhaighdean na maighdean is a
Mháthair.
Is chugatsa a thagaim, is os do
chomhair a sheasaim,
i mo pheacach bocht atuirseach.
Ó a Mháthair an Aonmhic, ná
diúltaigh do m’urnaithe
ach éist leo go trócaireach agus
freagair iad.
Áiméan.

Paidir ar son na Marbh

Suaimhneas síoraí tabhair dóibh,
a Thiarna, agus go lonraí solas
suthain orthu. Áiméan.

Paidir le Moladh Ard

A Thiarna, molaimid anam (ainm) do
sheirbhíseach, i do láthair;
i bhfianaise an domhain seo tá sé/sí
marbh anois;
ach os do chomhair go maire sé/sí
beo go deo.
Maith dó/di na peacaí a rinne sé/sí trí
laige an duine
agus as ucht do ghrá tabhair
suaimhneas síoraí dó/di.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.
Áiméan.

Paidir Naomh Proinsias Assisi

A Thiarna, déan díom cuisle do
shíochána,
San áit a bhfuil fuath, go gcuire mé
grá,
Áit a bhfuil éagóir, pardún;
Áit a bhfuil amhras, creideamh;
Áit a bhfuil éadóchas, dóchas;
Áit a bhfuil dorchadas, solas;
Agus áit a bhfuil brón, lúcháir.

A Mháistir Dhiaga, deonaigh gur
mhó liom
Sólás a thabhairt ná a fháil;
Gur mhó liom go dtuigfinn ná go
dtuigfí mé;
Go mba mhó liom grá a thabhairt ná

a fháil.

Óir nuair a thugaimid uainn, tugtar
dúinn;
Nuair a thugaimid maithiúnas, ansin
is ea a mhaitear dúinn;
Agus is ar éag dúinn a shaolaítear sa
bheatha shíoraí sinn. Áiméan.

Lúireach Phádraig

Críost liom.
Críost romham.
Críost i mo dhiaidh.
Críost ionam.
Críost ar mo lámh dheas.
Críost ar mo lámh chlé.
Críost i mo chuideachta is cuma cá
dtéim.
Críost mar chara agam, anois is go
buan. Áiméan.

Gníomh Dóláis

A Dhia, gabhaim buíochas leat as
ucht do ghrá dom.
Tá brón orm faoi mo pheacaí uile:
Nach raibh grá agam duitse ná do
dhaoine eile.
Cabhair liom mo shaol a
chaitheamh ar nós Íosa
Agus gan peaca a dhéanamh arís.
Áiméan.

Paidir ag iarraidh Maithiúnais

A Dhia, ár nAthair, cabhair liom
cuimhneamh ar na huaianta
nár mhair mé mar a d’iarr Íosa orm.
Cabhair liom brón a bheith orm
agus iarracht eile a dhéanamh.
Áiméan.

Paidir tar éis Maithiúnais

A Dhia, ár nAthair, go raibh maith
agat faoi
mhaithiúnas a thabhairt dom.
Cabhair liom grá a thabhairt do
dhaoine eile.
Cabhair liom maireachtáil mar a
d’iarr Íosa orm.
Áiméan.

Paidir roimh Chomaoineach Naofa

A Thiarna Íosa, tar chugam.
A Thiarna Íosa, tabhair dom do ghrá.
A Thiarna Íosa, tar chugam agus
tabhair tú féin dom.

A Thiarna Íosa, a chara na bpáistí,
tar chugam.
A Thiarna Íosa, is tú mo Thiarna agus
mo Dhia.
Moladh leat, a Thiarna Íosa Críost.
Áiméan.

Paidir tar éis Comaoineach Naofa

A Thiarna Íosa, gráim agus adhram
thú.

Is tú mo chara dílis.
Fáilte romhat, a Thiarna Íosa.
Go raibh maith agat as teacht
chugam.

Go raibh maith agat, a Thiarna Íosa,
As ucht tú féin a thabhairt dom.
Cabhraigh liom do ghrá a léiriú
Cibé áit a mbím.

Bí taobh liom, a Thiarna Íosa,
Fan in aice liom go deo.
Beannaigh sinn, na páistí, atá faoi do
chúram

Agus tabhair ar neamh sinn chun
cónaithe leat féin.

Táim réidh anois, a Thiarna Íosa,
Tá grá agam go leor.
Táim réidh anois le do ghrá a
thabhairt
Sa bhaile is don saol mór. Áiméan.

Paidir Thurais

Éirigh liom, a Dhia,
Fan liom i rith an lae,
Sa bhaile agus ar gach turas,
Ná lig dom dul ar strae. Áiméan.

**Paidir ó Chumann na Leanai
Misinéireachta**

Mise ag Íosa

Is Íosa agamsa

'S amhlaidh do leanai an domhain

Eisean

Ár múineadh is ár

Neartú chun guí agus roinnt ár
gcuid lena chéile go sroichfimid an
bheatha shíoraí. Áiméan.

Ár bPaidir Misiúnta

Go roinne

Gach páiste ar domhan

Grá agus cairdeas,

Agus go maire siad

I síocháin ghrá Dé

Anois agus choíche.

Paidreacha don Eocairist

NA DEASGHNÁTHA TOSAIGH

Sagart: In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh.

Pobal: Áiméan.

Beannachtaí

Sagart: Grásta ár dTiarna Íosa Críost agus grá Dé agus cumann an Spioraid Naoimh libh go léir.

Nó

Grásta libh agus síocháin ó Dhia ár nAthair agus ónár dTiarna Íosa Críost.

Nó

Go raibh an Tiarna libh.

Pobal: Agus le do spiorad.

Gníomh Aithrí A

Admhaím do Dhia uilechumhachtach, agus daoibhse a bhráithre, gur pheacaigh mé go trom, le smaoineamh agus le briathar, le gníomh agus le faillí, *(ag bualadh a n-uchta deir siad:)* trí mo choir féin, trí mo choir féin, trí mo mhórchoir féin. *(Leanann siad orthu:)* Ar an ábhar sin, impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh, ar na hAingil agus ar na Naoimh, agus oraibhse, a bhráithre, guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.

Gníomh Aithrí B

Sagart: Déan trócaire orainn, a Thiarna.

Pobal: Óir pheacaíomar i do choinne.

Sagart: Taispeáin dúinn do thrócaire, a Thiarna.

Pobal: Agus tabhair dúinn do shlánú.

A Thiarna, déan trócaire

Sagart: A Thiarna, déan trócaire.

Pobal: A Thiarna, déan trócaire.

Sagart: A Chríost, déan trócaire.

Pobal: A Chríost, déan trócaire.

Sagart: A Thiarna, déan trócaire.

Pobal: A Thiarna, déan trócaire.

Kyrie Eleison

Sagart: Kyrie, eleison.

Pobal: Kyrie, eleison.

Sagart: Christe, eleison.

Pobal: Christe, eleison.

Sagart: Kyrie, eleison.

Pobal: Kyrie, eleison.

An Ghlóir

Glóir do Dhia sna harda, agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.

Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú; tugaimid glóir duit; gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire; a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.

A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar, tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí.

Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn. Óir is tú amháin is naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Áiméan.

LIOTÚIRGE AN BHRIATHAIR

I ndiaidh na Léachta

Léitheoir: Briathar an Tiarna.

Pobal: Buíochas le Dia.

Roimh an Soiscéal

Sagart: Go raibh an Tiarna libh.

Pobal: Agus le do spiorad.

Sagart: Slíocht as an Soiscéal Naofa de réir A. ...

Pobal: Glóir duit, a Thiarna.

Ag deireadh an tSoiscéil

Sagart: Soiscéal an Tiarna.

Pobal: Moladh duit, a Chríost.

Pobal: Moladh agus onóir duit, a Thiarna Íosa. (i rith an Charghais)

Guí an Phobail (An Ghuí Chomhchoiteann)

Léitheoir: A Thiarna, éist linn.

Pobal: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Nó

Léitheoir: Guimis chun an Tiarna.

Pobal: A Thiarna, éist lenár nguí.

LIOTÚIRGE NA HEOCAIRISTE

Sagart: Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne, mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht an t-arán seo a ofrálaimid duit: toradh na talún agus saothar lámha an duine, agus déanfar de arán na beatha dúinn.

Pobal: Moladh go deo le Dia.

Sagart: Is beannaithe thú, a Thiarna, a Dhia na cruinne, mar gur bhronn tú orainn as do lánmhaireacht an fion seo a ofrálaimid duit: toradh na finniúna agus saothar lámha an duine, agus déanfar de deoch spioradálta dúinn.

Pobal: Moladh go deo le Dia.

Sagart: A phobal Dé, guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.

Pobal: Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha, chun onóra agus glóire a ainm, agus chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.

Dialóg na Preafáide

Sagart: Go raibh an Tiarna libh.

Pobal: Agus le do spiorad.

Sagart: Tógaigí bhur gcroíthe in airde.

Pobal: Tá siad tógtha in airde chun an Tiarna againn.

Sagart: Gabhaimis buíochas lenár dTiarna Dia.

Pobal: Is ceart agus is cóir sin.

Sanctus

Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.

Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.

Hósanna sna harda.

Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna.

Hósanna sna harda.

Rúndiamhair an Chreidimh

(Ardmholadh Cuimhneacháin)

Sagart: Rúndiamhair an chreidimh.

Pobal: Táimid ag fógaírt do bháis, a

Thiarna, agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tú.

Nó:

Gach uair a ithimid an t-arán seo agus a ólaimid an chailís seo, fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

Nó:

A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh sinn, tusa a shaor sinn trí do chros agus trí d'aiséirí.

Nó:

Mo Thiarna agus mo Dhia.

DEASGHNÁTH NA COMAOINEACH

An Phaidir

Sagart: Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá:

Pobal: Ár nAthair atá ar neamh, go naofar d'ainm, go dtaga do ríocht, go ndéantar do thoil ar an talamh, mar a dhéantar ar neamh. Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu, agus maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin, agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc.

Sagart: Saor sinn ó gach olc,

impímid ort, a Thiarna. Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn, ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire, saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuaire agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost.

Pobal: Óir is leatsa an ríocht agus an chumhacht agus an ghlóir trí shaol na saol.

Comhartha Síochána

Sagart: Síocháin an Tiarna libh i gcónaí.

Pobal: Agus le do spiorad.

Sagart: Ofrálaigi comhartha síochána dá chéile.

Agnus Dei

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn.

A Uain Dé, a thógann peacaí an domhain, tabhair dúinn síocháin.

Cuireadh chuig Comaoineach Naofa

Sagart: Seo é Uan Dé, seo é an té a thógann peacaí an domhain. Is

méanar dóibh siúd a fuair cuireadh chun séire an Uain.

Pobal: A Thiarna, ní fiú mé go dtiocfá faoi mo dhíon, ach abairse an focal agus leigheasfar m'anam.

Ag Glacadh Comaoineach

Sagart: Corp Chríost.

Pobal: Áiméan.

NA DEASGHNÁTHA DEIRIDH

Sagart: Go raibh an Tiarna libh.

Pobal: Agus le do spiorad.

Sagart: Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh.

Pobal: Áiméan.

Gnás Scaipthe

Sagart: Imígi, tá an tAifreann thart.

Nó:

Imígi le Soiscéal an Tiarna a fhógairt.

Nó:

Imígi faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha.

Nó:

Imígi faoi shíocháin.

Pobal: Buíochas le Dia.

Admhálacha

All Scripture quotations for the children taken from *The Catholic Children's Bible*, Saint Mary's Press, Minnesota, adapted from the Good News Translation © 1992 American Bible Society. All rights reserved.

All Scripture quotations for teachers taken from *The New Revised Standard Edition Bible*, copyright 1989, 1985 Division of Christian Education of the National Council of the Churches of Christ in the United States of America.

Excerpts from *Irish Catholic Catechism for Adults*, copyright Irish Episcopal Conference, 2014. Dublin: Veritas, 2014. Used with permission.

Excerpts from the *Catechism of the Catholic Church*, copyright © 1994 Veritas—Libreria Editrice Vaticana; all rights reserved. Used with permission.

Excerpts from documents of Vatican II from A. Flannery (ed.), *Vatican Council II: Constitutions, Decrees, Declarations* (New York/Dublin: Costello Publishing/Dominican Publications, 1996).

Excerpts from the English translation of *The Roman Missal* © 2010, International Commission on English in the Liturgy Corporation (ICEL); excerpt from the English translation of the Prayer of Commendation from *Order of Christian Funerals* © 1985, ICEL. All rights reserved. Used with permission.

Excerpts from *Pastores Dabo Vobis* (1992), *Evangelii Gaudium* (2013), *Laudato Si'* (2015), *Gaudete Et Exsultate* (2018), and from the Vatican website, copyright © Libreria Editrice Vaticana. All rights reserved.

Lines from *The Great Hunger* (p. 7) by Patrick Kavanagh. Reprinted from *Collected Poems*, edited by Antoinette Quinn (Allen Lane, 2004), by kind permission of the Trustees of the Estate of the late Katherine B. Kavanagh, through the Jonathan Williams Literary Agency.

'Jeremiah the Prophet' (p. 56), 'The Worker' (p. 81), 'The Call' (p. 123) and 'The Voice Within' (p. 185) by Fr Chris O'Donnell. Used with permission.

'Song for a Young Prophet' by Damian Lundy (p. 63) © 1978 Kevin Mayhew Ltd; 'Close to You' by Colin Murphy and John Glynn (p. 61) © 1976 Kevin Mayhew Ltd; 'Go Tell Everyone' by Hubert Richards (p. 323) © 1982 Kevin Mayhew Ltd. Reproduced by permission of Kevin Mayhew Ltd (www.kevinmayhew.com).

'Lay Your Hands' by Carey Landry and Jean Kinghorn (p. 108) © 1977, OCP, 5536 NE Hassalo, Portland, OR 97213. All rights reserved. Used with permission.

Photo of Nano Nagle sculpture (p. 131) copyright Richard Rogusz; used with permission.

'Will You Come And Follow Me (The Summons)' (p. 134) from 'Heaven Shall Not Wait' collection (Wild Goose Publications, 1987). Words and arrangement: John L. Bell and Graham Maule, copyright © 1987 WGRG, c/o Iona Community, Glasgow, Scotland. Reproduced by permission. www.wildgoose.scot

'Advent' by Patrick Kavanagh (p. 141) is reprinted from *Collected Poems*, edited by Antoinette Quinn (Allen Lane, 2004), by kind

permission of the Trustees of the Estate of the late Katherine B. Kavanagh, through the Jonathan Williams Literary Agency.

'Patient People' by Dr Clare Maloney (p. 148), copyright Dr Clare Maloney. Used with permission.

Information on Willie Bermingham and ALONE (p. 195) used with permission of ALONE. Willie Bermingham image courtesy of RTÉ Archives.

'Beatitudes' (p. 227), 'The Washing of the Feet' (p. 257), 'The Holy Spirit' (p. 311), 'Remember' (p. 370) and 'All Saints, All Souls' (p. 399) by Christy Kenneally, copyright © Christy Kenneally. Used with permission.

'Environmental Change' by Patrick Barrett (p. 235) from *Feeling the Heat*, Trócaire and Poetry Ireland Poetry Competition 2015. Used with permission.

Statistics on the number of people who visited Jerusalem in 2014 (p. 251) sourced from: <http://mfa.gov.il/MFA/PressRoom/2015/Pages/3-3-million-visitors-to-Israel-in-2014.aspx>.

Excerpt (p. 253) from Anne Frank, *Diary of a Young Girl: The Definitive Edition*, Otto M. Frank and Mirjam Pressler (eds), Susan Massotty (trans.), New York: Bantam Books, 1997.

The 'Stations of the Cross' prayer time (pp. 261-63) adapted from the CEIST website: www.ceist.ie/_uploads/_cknw/files/Reflection_Stations_of_the_Cross.pdf

- 'Without Seeing You' by David Haas (p. 284) © 1993 by GIA Publications, Inc. 7404 S. Mason Ave., Chicago, IL 60638, USA www.giamusic.com 800.442.138 All rights reserved. Used by permission.
- 'Spirit Filled Day' (p. 326) © Mary Amond O'Brien. Used with permission.

Story 'Jorge Hears and Responds to God's Call' (p. 346) is an adaptation of Mary O'Regan's 'Pope Francis's Vocation Story' from *The Catholic Herald*, March 7 2014: <http://thepathlesstaken7.blogspot.ie/2014/03/pope-franciss-vocation-story.html>

'The Servant Song' by Richard Gillard (p. 352), copyright © 1977 Universal Music – Brentwood Benson Publ. (ASCAP) (adm. at CapitolCMGPublishing.com/UK & Ireland Song Solutions www.songsolutions.org). All rights reserved. Used with permission.

- 'We Come to Your Feast' by Michael Joncas (p. 376) © 1994 by GIA Publications, Inc. 7404 S. Mason Ave., Chicago, IL 60638, USA www.giamusic.com 800.442.138 All rights reserved. Used by permission.
- 'Jesus, Remember Me' (p. 402), music: J. Berthier, copyright © Ateliers et Presses de Taizé, France. Used with permission.

All other songs as credited on the music settings.

Every effort has been made to contact the copyright holders of the material reproduced in *Grow in Love*. If any infringement occurs, the owner of such copyright is requested to contact the publisher.

Téama 1: Bíonn Dia i gCónaí Linn

Ceacht 1: Tá aithne ag Dia orainn agus tá grá aige dúinn

Ceacht 2: Labhraíonn Dia linn tríd an mBíobla

Ceacht 3: Labhraíonn na Fáithe Briathar Dé

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Tá grá Dé buanseasmhach, neamhchoinníollach agus síoraí
- Iarrann Dia orainn conradh a bheith againn leis, agus iarrann sé orainn freagra pearsanta a thabhairt de go toilteanach
- Tá an teanga atá againn faoi Dhia teoranta toisc gur rúndiamhair é Dia

Cruthú an Domhain

- Cruthaíodh Ádhamh agus Éabha go maith agus saor ó pheaca. Bhí siad sona de bhrí go raibh siad cairdiúil le Dia i bpárthas. Chuir Sátan cathú ar Ádhamh agus Éabha saol santach a roghnú agus peaca a dhéanamh

Traidisiúin Reiligiúnacha Eile

Giúdachas

- Creideann na Giúdaigh in aon Dia amháin: Dia a threoraigh Ábrahám chun náisiún nua a bhunú: an Shema. Torah. Tábhacht Mhaoise; Bar/Bat Mitzvah. Cáisc na nGiúdach, Na Taibearnacail agus an Chincís

Ioslam

- Tugann na Moslamaigh adhradh do aon Dia amháin. Tugann siad urraim do Íosa an fáidh, cé nach n-aithníonn siad é mar Dhia agus tugann siad onóir don Mhaighdean Mhuire mar a mháthair agus uaireanta, fiú, glaonn siad uirthi go diaganta. Tugann siad adhradh do Dhia, go háirithe trí urnaí, troscadh agus déirc a thabhairt

BRIATHAR DÉ

An Bíobla

- Tá grá agus urraim ag Críostaithe don Bhíobla toisc gurb é Briathar Dé é
- Is é an Bíobla Briathar inspioráide Dé. Ciallaíonn sé seo: (a) labhraíonn Dia go fírinneach linn tríd an Scrioptúr; (b) déanann teachtaireacht an Scrioptúir Naofa ciall do

dhaoine as gach glúin; (c) ní dhéanann an Bíobla aon bhotún nuair atá aon ghné den slánú i gceist

- Labhraíonn Dia linn ar bhealach sainiúil i mBriathar Dé tríd an Scrioptúr Naofa agus trí Thraidisiún Sácráilte na hEaglaise Caitlicí
- Is caidreamh speisialta idir Dia, a phobal tofa agus gach créatúr, é an conradh, bunaithe ar rogha ghrástúil Dé
- Nuair a rinne na daoine faillí ar an gconradh, d'fhan Dia dílis trína fháithe a chur chucu chun iad a thabhairt ar ais arís chuig an gconradh
- Rinne na fáithe seanmóireacht faoi cheartas, faoi mhoráltacht agus faoi dhílseacht do Dhia (m.sh. Íseáia, Irimia, Amós, Hóisé agus Eizicéil, Eoin Baiste)
- Is faoi ghrá buanseasmhach agus trócaire Dé atá teachtaireacht na bhfáithe, in ainneoin mídhílseacht Iosrael

An Scrioptúr Naofa

Plean Grámhar Dé don Slánú

- Salm 139. A Thiarna chuardaigh tú mé agus tá aithne agat orm
- Ir 1:4-9. Glaoch Irimia
- Ir 7:1-15. Irimia ag seanmóireacht sa teampall
- Ir 31:33-34. Tairngreacht an chonartha nua

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

- Is ionann urnaí agus intinn agus croí an duine a dhíriú ar Dhia nó achainí a dhéanamh ar Dhia
- Is caidreamh pearsanta le Dia í an urnaí
- Glaonn Dia ar gach duine gan staonadh chun bualadh Leis Féin
- San urnaí glaonn Dia orainne ar dtús; Má fhreagraímid sin í an chéad chéim a thugaimid
- Neartaíonn urnaí ár gcairdeas le hÍosa

Paidreacha Breise

- Salm 139
- Ag guí ar son cinntí morálta

MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

Dínit an Duine

- Tá dínit agus cearta ag gach duine de bhrí go bhfuil siad cruthaithe in íomhá agus i gcosúlacht Dé

Teagasc Sóisialta na hEaglaise

- Tá gach cineál leatrom, bíodh sé bunaithe ar

inscne, cine, dath, coinníol sóisialta, teanga nó reiligiún in aghaidh toil Dé

- Cuir san áireamh eiseamláirí a raibh deacrachtaí acu na roghanna cearta a dhéanamh
- Scéalta faoi Chríostaithe comhaimseartha a mhaireann de réir a gcreidimh reiligiúnacha

ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Tógtha ón gCroíshiollabas don
Oideachas Reiligiúnach ón Roinn
Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

Dia agus an Bíobla

A. Briathar Dé.

- Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltáí ábhar agus struchtúr an Bhíobla a iniúchadh agus a fhiosrú.
- Tuiscint a bheith acu go bhfuil cineálacha éagsúla litríochta sa Bhíobla.

C. Conradh Dé lena chine tofa.

- Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a cur ar fáil do dhaltáí éisteacht le scéalta a nochtann buanchúram Dé i leith riachtanais, ábhair imní agus deacrachtaí an duine, agus plé a dhéanamh orthu.

CUSPÓIR FOGHLAMA 2

An Eaglais Chríostaí

C. Adhradh agus Urnaí.

- Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltáí taithí a fháil ar an adhradh agus ar an urnaí ar bhealaí éagsúla.

CUSPÓIR FOGHLAMA 3

An Mhoráltacht

A. Féinmheas.

- Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltáí a aithint gur indibhidí iad a bhfuil grá agus meas orthu.
- Machnamh ar fhás agus ar fhorbairt a n-intinne agus a gcoirp.

B. Meas ar a chéile.

- Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltáí a bheith eolach faoi chultúir agus faoi chreidimh nach mbaineann leo agus meas a léiriú orthu.

Ceacht 1: Tá aithne ag Dia orainn agus tá grá aige dúinn



SULA DTOSAÍONN TÚ

I rith an tsaoil bímid ag tosú agus ag críochnú. De ghnáth, tarlaíonn na hócáidí seo gar dá chéile: nuair a chuirtear deireadh le rud amháin is minic a chuirtear tús le rud eile. Is é deireadh an lae, tús na hoíche. Tá deireadh na bliana agus ceiliúradh na Bliana Nua beagnach mar an gcéanna. Is minic freisin, a bhaineann áthas agus brón le tús nó le críoch nithe éigin. Mar shampla, ag tús na scoilbhliana nua bíonn áthas agus brón ann mar cuirtear deireadh le saoirse na

laethanta saoire ach bímid ag tnúth le rudaí nua atá le teacht.

Tá sé mar aidhm againn sa cheacht seo ná aird na bpáistí a tharraingt ar láithreach leantúnach Dé ina saol – ina dtosaigh go léir, ina gcríocha go léir, agus ar feadh an ama ar fad. Bainimid úsáid as sleachta ó na fáithe Íseáia (49:16) agus Irimia (31:3), a chinntíonn láithreach agus cúram Dé dúinn, agus spreagaimid na páistí chun Salm 139 a ghuí.

EOCHAIRFHOCAL

- **Críostaí:** Tugaimid ainm speisialta eile ar Íosa – sin an t-ainm ‘Críost’. Ciallaíonn sé ‘An duine atá unghtha’. Tugaimid Críostaithe ar na daoine a leanann Críost.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóip den teimpléad ‘Aimsigh duine éigin a ...’ (thíos) do gach páiste. Tá dhá teimpléad ar an leathanach
- Leathanach A3 bán nó daite, ábhair dathúcháin agus roinnt téip ghreamaitheach do gach páiste
- *Do gach páiste:* cloch bheag a rachaidh go héasca isteach i ndorn dúnta; píosa fabraice faoi mhéid pláta beag; píosa olann thart ar 10 cm ar fhad

Féachaimis ...

CLUICHE

AIMSIGH DUINE ÉIGIN A ...

Nóta: Beidh ort fótachóipeáil a dhéanamh ar an teimpléad 'Aimsigh Duine éigin a ...' thíos (tá dhá cheann ar an leathanach) ionas go mbeidh ceann ag gach leanbh. Sula dtosaíonn tú, seiceáil (chomh fada agus is féidir leat!) go bhfuil gach ceann den deich dtuairisc ar an teimpléad fíor maidir le páiste amháin ar a laghad i do rang. Mar shampla, ba cheart go mbeadh sé furasta go leor a sheiceáil an bhfuil lá breithe ag páiste i do rang i mí Meán Fómhair. Mura bhfuil, b'fhéidir gur mhaith leat an mhí a athrú.

Tosaigh trí insint do na páistí gur mhaith leat cluiche a imirt leo. Is é aidhm an chluiche seo ná an méid atá ar eolas acu faoina chéile cheana féin a mheabharrú dóibh, agus chun cabhrú leo aithne níos fearr a chur ar a chéile.

Mínigh nós imeachta an chluiche mar seo a leanas: Gheobhaidh gach duine cóip den teimpléad, ar a bhfuil deich gcur síos éagsúla faoi dhuine. Mar shampla, 'Tá breithlá acu i mí Mheán Fómhair'. An cuspóir, sa chás sin, ná go n-aimseodh gach páiste duine sa rang a bhfuil a lá breithe i mí Mheán Fómhair, agus a iarraidh an duine sin a bhileog a shíniú. Beidh an bua ag an bpáiste a aimsíonn deichniúr chun síniú a chur ar an mbileog sa tréimhse ama is giorra.

Baineann na rialacha seo a leanas leis an gcluiche:

- Ní féidir le páiste bileog duine eile a shíniú faoi dhó. Mar sin, ag an deireadh, caithfidh deich síniú difriúla a bheith ag gach páiste sínithe ar a leathanach.
- Ní féidir leat do leathanach féin a shíniú. Mar sin, ag baint úsáid as an sampla thuas, fiú má tá do bhreithlá i mí Meán Fómhair, bheadh ort duine eile a aimsiú a bhfuil a lá breithe i mí Mheán Fómhair chun do leathanach a shíniú.

Nuair a bheidh an buaiteoir aitheanta, labhair trí fhreagraí an duine sin leis na páistí go léir. Fiafraigh

an bhfuair aon duine eile síniú difriúil do gach ceann de na tuairiscí. Cabhróidh sé seo leis na páistí an méid atá i bpáirt acu lena chéile a aithint.

Cuir i gcuimhne do na páistí go bhfuil go leor ar eolas acu cheana féin faoina chéile (is dócha go bhfuil seacht mbliain caite acu le chéile!), ach gur féidir leo leanúint ar aghaidh agus níos mó a fhoghlaim faoina chéile, agus déanfaidh siad an méid sin de réir mar a théann an bhliain ar aghaidh.

Aimsigh duine éigin a ...

Aimsigh duine éigin a ...

Atá in ann uirlis cheoil a sheinm
Bhfuil deartháir aige
Atá in ann teanga eile a labhairt
Bhfuil súile donna acu
Bhfuil breithlá acu i mí Mheán Fómhair
Bhfuil dhá pheata nó níos mó acu
Chónaigh i dtír eile
Is breá leo tarraingt
Atá ar fhoireann spóirt
Atá ag caitheamh fáinne inniu

Aimsigh duine éigin a ...

Atá in ann uirlis cheoil a sheinm
Bhfuil deartháir aige
Atá in ann teanga eile a labhairt
Bhfuil súile donna acu
Bhfuil breithlá acu i mí Mheán Fómhair
Bhfuil dhá pheata nó níos mó acu
Chónaigh i dtír eile
Is breá leo tarraingt
Atá ar fhoireann spóirt
Atá ag caitheamh fáinne inniu

Tabhair cuireadh do na páistí leathanach 6 dá leabhar a léamh.

Nóta: Léifidh na páistí roinnt véarsaí ó Salm 139 le chéile le linn na hurnaí seo. Is féidir leat véarsa amháin nó níos mó den salm a dháileadh amach do gach páiste nó do ghrúpaí beaga, ag brath ar líon na bpáistí i do rang. Tá na véarsaí ar líne agus is féidir iad a thaispeáint ar an gclár bán. Tá na véarsaí den salm ar leathanach 7 de leabhar na bpáistí freisin.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Cuirimis tús lenár n-urnaí inniu agus coinneal an ranga a lasadh. Cuireann an coinneal in iúl dúinn go bhfuil Dia anseo i láthair linn.

Lasann an múinteoir an choinneal.

Inniu, cuirimid i gcuimhne a chéile go bhfuil go leor ar eolas againn faoi chéile. Tá nithe ann freisin nach bhfuil ar eolas againn faoi chéile. Guímid go gcuirimid aithne níos fearr ar a chéile i mbliana, agus go mbeimid in ann grá agus meas a bheith againn ar na bealaí ina bhfuilimid difriúil ó chéile agus ar na bealaí ina bhfuilimid cosúil lena chéile. Creideann Críostaithe go bhfuil aithne ag Dia orthu, thar na bearta. Tá iomlán eolais ag Dia orainn, fiú nithe nach bhfuil ar eolas againn fúinn féin. Deir Íseáia, fáidh, linn go bhfuilimid greanta ar bhosa lámha Dé. Agus, an t-eolas seo go léir aige, tá buanghrá iomlán ag Dia dúinn. Tá grá síoraí ag Dia dúinn. Is cuma cad a dhéanaimid, bíonn grá ag Dia dúinn i gcónaí.

Déanann Salm 139 sa Bhíobla cur síos ar an ngrá seo atá ag Dia dúinn uile. Léimis roinnt véarsaí ón Salm sin anois.

Leo féin, nó i ngrúpaí beaga, léann na páistí na véarsaí ón Salm.

Léitheoir 1: Scrúdaíonn tú mé, a Thiarna, agus is eol duit mé.

Léitheoir 2: Más luí dom, mas suí dom, is eol duit é; is eol duit mo rún is mé i bhfad uait.

Léitheoir 3: Más siúl dom, más suan dom, feiceann tú; is eol duit mo shlí go léir.

Léitheoir 4: Sula gcluintear focal ar mo theanga, a Thiarna, is eol duit ar fad é.

Léitheoir 5: Imdhruideann tú ar chúl is ar bhéal mé; agus leagann tú do lámh orm de shíor.

Léitheoir 6: Is ró-iontach, ró-uasal liom an t-eolas seo; agus téann sé thar m'acmhainn a thuiscint...

Léitheoir 7: Óir is tú a dheilbhígh go hiomlán mé; agus a d'fhuaigh i mbroinn mo mháthar mé.

Léitheoir 8: Tugaim buíochas duit de bharr iontas mo dhéantúis; de bhrí gurb éachtach iad d'oibreacha. B'eol duit go hiomlán m'anamsa.

Léitheoir 9: Níor ceileadh ort fiú amháin mo chreat, nuair a cumadh os íseal mé, gur múnlaíodh i mbroinn na talún mé. Chonaic do shúile mo ghníomhartha; óir scríobhadh iad uile i do leabhar.

Léitheoir 10: Agus cinneadh dom mo laethanta go léir, sular tháinig ceann amháin acu ann. *Glac sos ar feadh nóiméid.*

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, tá aithne agus grá agat dúinn uile. Cabhraigh linn aithne agus grá a roinnt ar a chéile. Go dtabharfaidh do Bhriathar treoir duinn, toisc go bhfuil a fhios againn gur fíor é do Bhriathar. Go mbeidh níos mó le foghlaim againn fút trí bheith ag éisteacht le do Bhriathar. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Amhrán deiridh: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

SEISIÚN TOBSMAOINTEOIREACHTA

CAD ATÁ AR EOLAS AGAINN FAOI DHIA?

- Tosaigh trí na focail seo ó Salm 139 a mheabhru do na páistí: 'Scrúdaíonn tú mé, a Thiarna, agus is eol duit mé ...' Ansin inis do na páistí go bhfuil go leor ar eolas acu faoi Dhia freisin.
- Scríobh an focal 'Dia' i lár an chláir bháin agus iarr ar na páistí na nithe go léir faoi Dhia a ainmniú agus is féidir leo. Scríobh na nithe seo

ar an gclár. Cuideoidh sé seo leat measúnú a dhéanamh ar an méid atá ar eolas ag na páistí roimh ré.

- Nuair a bheidh an tobsmaointeoireacht críochnaithe, coinnigh é ar bhealach éigin; mar shampla, tóg grianghraf nó seat scáileáin de agus ansin déan é a phriontáil.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

CLÚDAIGH DIALAINNE

Nóta: Beidh leathanach A3 bán nó daite ag teastáil ó gach páiste, ábhair dathúcháin, agus roinnt téip ghreamaitheach chun an clúdach a ghreamú leis an dialann don Oideachas Reiligiúnach.

Sula ndéanann tú na hábhair ealaíne a dháileadh amach ar na páistí, cuir an tobsmaointeoireacht faoi Dhia i gcuimhne na bpáistí, agus inis dóibh go gcuirfidh siad aithne níos mó ar Dhia i mbliana. Cuir i gcuimhne dóibh nach mbeidh gach rud ar eolas againn riamh faoi Dhia toisc go bhfuil Dia i bhfad níos mó ná an méid gur féidir lenár n-intinn dhaonna a thuiscint. In ainneoin gach rud iontach gur féidir lenár n-intinn dhaonna a dhéanamh (códú ríomhaire, intleacht shaorga, innealtóireacht ghéiniteach... tá an liosta gan deireadh!), ní féidir linn Dia a thuiscint go hiomlán. Tá Dia fós ina rúndiamhair againn.

Mar sin féin, léirigh Íosa Dia dúinn agus thaispeáin sé an grá atá ag Dia dúinn trí na rudaí a rinne sé agus an méid a dúirt sé nuair a bhí sé ar domhan agus, ach go háirithe, nuair a fuair sé bás dúinn ar an gCros. Iarr ar na páistí smaoineamh air seo, agus faoi Dhia, de réir mar a dhéanann siad clúdach don dialann don Oideachas Reiligiúnach.

Cuir i gcuimhne na bpáistí go clúdaímid an cóipleabhar seo ar bhealach difriúil leis an bealach a chlúdaímid an chuid eile dár



gcóipleabhair toisc go n-aithnímid go bhfuil Oideachas Reiligiúnach difriúil ó ábhair eile. Sa dialann don Oideachas Reiligiúnach déanfaimid ár gcuid smaointe, ár mothúcháin, ár mianta agus ár riachtanais i rith na bliana a thaifeadadh, chomh maith leis an méid a fhoghlaimfidh. D'fhéadfaimis taifead freisin ar an méid ba mhaith linn a fháil amach.

Ansin déan an páipéar agus na hábhair dathúcháin a dháileadh amach. Taispeáin conas an páipéar a cheangal leis an gcóipleabhar chun clúdach a dhéanamh.

CLEACHTADH DIALAINNE

LITIR CHUIG DIA

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 7 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh a smaointe a roinnt le Dia faoi thosú ar scoilbhliain nua - an dóchas, eagla, aislingí agus imní atá orthu. Is féidir leo urnaí dóibh féin nó do dhaoine eile a chur san áireamh.

Déan comhrá beag leis na páistí faoin gcaoi ina labhróidh siad le Dia sa litir, ag cur na hainmneacha ar Dhia atá foghlamtha acu go dtí seo san áireamh (*m.sh. Athair, Uilechumhachtach, a Thiarna, Cruthaitheoir, Adonai, El Shaddai*).

AG COMHRÁ

FAOIN URNAÍ

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoi conas ba mhaith le cumadóir an amhráin 'Gar Duit' níos mó ná eolas a bheith aige faoi Dhia: ba mhaith leis a bheith gar do Dhia. Léiríonn sé seo an difríocht atá ann idir rud éigin a bheith ar eolas agat i do chloigeann agus é a bheith ar eolas agat i do chroí. Is féidir linn go leor eolais a fháil faoi Dhia agus fós gan a bheith gar do Dhia. Ní féidir linn fás gar do Dia ach trí urnaí - trí labhairt le Dia agus ag éisteacht lena bhfuil á rá ag Dia linn – agus trí dhaoine eile a ghráú.

Déan comhrá leis na páistí faoi urnaí, agus na pointí/ceisteanna seo á n-úsáid agat nó pointí/ceisteanna den chineál céanna:

- Ba mhaith le Dia go ndéanfaimis urnaí. Iarrann Dia orainn urnaí a dhéanamh. Cén fáth go gceapann tú go bhfuil Dia ag iarraidh orainn urnaí? Cén fáth gur mhaith le Dia, cruthaitheoir an domhain, labhairt LEAT? (*Toisc go bhfuil aithne agus grá ag Dia dúinn uile, agus gur mhaith le Dia go gcuirfimid aithne níos fearr air freisin.*)
- Samhlaigh go raibh cara maith agat sa rang seo agus gur bhog siad ar shiúl, agus mar sin nár éirigh leat iad a fheiceáil gach lá níos mó. Conas a d'fhéadfá a chinntiú go leanfadh do chairdeas leo ar aghaidh? Cén chuma a bheadh ar do chairdeas munar labhair tú leis an duine sin go minic? Is tríd an urnaí a dhéanaimid ár

gcairdeas nó ár gcaidreamh le Dia agus le hÍosa a fhorbairt. Mura ndéanaimid guí, b'fhéidir go dtosóimid a bheith i bhfad i gcéin ó Dhia agus ó Íosa.

- Samhlaigh gur bhuail tú le duine nach dtagann as traidisiún reiligiúnach agus nach bhfuil eolas ar bith acu faoi Dhia nó faoin urnaí. Conas a dhéanfá cur síos ar an urnaí dóibh? (*Níl san urnaí ach labhairt le Dia. Déanann an Caiticeasma cur síos ar an urnaí mar seo: 'Ardú an anama chun Dé is ea an urnaí nó an sochar is cuí á iarraidh ar Dhia' 2590.*) Céard iad na rudaí a deirimid agus muid ag guí? An mbíonn orainn urnaí amach os ard i gcónaí? An mbíonn orainn paidreacha cosúil leis *An Phaidir* agus *'Sé do Bheatha, a Mhuire* a úsáid?

Tabhair cuireadh do na páistí 'Coinníonn an urnaí sinn gar do Dhia' ar leathanach 8 dá leabhar a léamh agus beagán ama a caitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'

B'fhéidir gur mhaith leat an seisiún comhrá seo a chríochnú trí insint do na páistí faoi na hamanna i rith an lae nuair a beidh sibh, mar rang, ag guí, de réir amchlár an tseomra ranga (*m.sh. Paidir na Maidine, Altú roimh Bhia/Altú tar éis Bia, Fáilte an Aingil*).

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh suí go ciúin ... le do chosa ar an talamh agus do lámha ina luí ar do ucht ... Agus tú ag sochrú, tabhaire aire do rithim do chroí ag bualadh ... Anois smaoinigh ar na daoine i do theaghlach a bhfuil aithne mhaith acu ort ... ach go háirithe do thuismitheoirí agus do dheartháireacha/dheirfiúracha ... Smaoinigh freisin ar do ghaolta agus ar do chairde ... Smaoinigh ar conas a léiríonn na daoine seo go léir an grá atá acu duit i go leor bealaí éagsúla ... tá siad ann duitse ... tugann siad aire duit ... bíonn spraoi agat

leo ... tugann a ngrá leanúnach smaoineamh duit ar an chaoi ina bhfuil grá ag Dia duit ... i gcónaí ... gan choinníoll ar bith ... tá aithne níos fearr ag Dia ort ná mar atá ag na daoine i do theaghlach ... I mbliana déanfaimid iarracht aithne níos fearr a chur ar Dhia ... trí léamh agus smaoineamh ar bhriathra Dé sa Bhíobla ... trí labhairt leis nuair a dhéanaimid guí le daoine eile nó go ciúin inár gcuid gcroíthe féin ... Gabhaimid buíochas as na deiseanna forbartha atá ann dúinn ... faoi threoir eagna Dé ón mBíobla ... agus a bheith muiníneach go bhfuil grá ag Dia dúinn, is cuma cad a tharlaíonn. Nuair atá sibh réidh, is féidir na súile a oscailt.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

De réir mar a thosaíonn an scoilbhliain nua, is féidir linn am a thógáil chun aithne a chur ar a chéile arís agus rudaí nua a fhoghlaim faoina chéile. I rith na bliana cuirfidimid aithne níos fearr ar a chéile. Foghlaimeoidimid níos mó faoi Dhia freisin. Tá aithne agus grá ag Dia cheana féin do gach duine againn. Is féidir linn labhairt le Dia san urnaí. Cuidíonn sé seo linn fanacht gar do Dhia agus, de réir a chéile, aithne níos fearr a chur air.

DÁN

Sula gcuirfidh tú an dán seo in aithne do na páistí, cuir i gcuimhne dóibh gur úsáideadh íomhá de charraig go minic chun cur síos a dhéanamh ar Dhia sa Sean-Tiomna. Tá carraigeacha láidir agus seasann siad in aghaidh na gaoithe agus na báistí. Tá Dia cosúil carraig toisc go bhfuil sé uilechumhachtach agus tá grá síoraí aige dúinn agus ní athraíonn sé riamh. Agus mar sin is féidir le carraig Dia a mheabhrú dúinn. **Tá an dán seo ar leathanach 9 de leabhar na bpáistí freisin.**

Carraig Urnaí
Is mise carraig d'urnaí
agus seo a dhéanfaidh mé.
Cuir ar bharr do philiúir
go dtí deireadh an lae.

Ansin cas siar na héadaí leapa
agus isteach leat le greann,
agus, beang! Buailfidh an charraig
cnag beag ar do cheann.

Is ansin, a chuimhneoidh tú
agus deireadh leis an lá,
dul ar do ghlúine
is do phaidreacha a rá.

Tugann d'Athair ar neamh
aire duit agus grá;
is mian leis go gcuimhneofá
do phaidreacha a rá.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

CARRAIG URNAÍ A CHRUTHÚ

Nóta: Beidh cloch bheag ag teastáil ó gach páiste a rachaidh go héasca isteach sa dorn dúnta, píosa fabraice faoi mhéid pláta beag, agus píosa olann/ribín thart ar 10 cm ar fhad.

- Tosaigh trí mheabhrú do na páistí cén fáth go bhfuil sé tábhachtach guí a dhéanamh le Dia (*cabhraíonn sé linn fanacht gar do Dhia; chun ár lúcháir, ár mbuarthaí agus ár ndóchas a roinnt*). Ansin abair leo nach ndéanaimid guí chuig Dia ar scoil amháin – is féidir linn guí chun Dé sa bhaile freisin.
- Mínigh do na páistí go ndéanfaidh siad 'Carraig urnaí' – cosúil leis an gceann a chuala siad faoi sa dán – chun cabhrú leo cuimhneamh urnaí a dhéanamh. Is féidir leo é a choinneáil ar a



bpiliúir chun cuimhneamh urnaí a dhéanamh san oíche roimh chodladh agus ag tús an lae.

- Chun an charraig urnaí a dhéanamh: cuir cloch i lár an phíosa fabraice, agus tarraing na coirnéil timpeall na cloiche.

Ceangail an ribín/píosa olann timpeall na cloiche chun é a dhaingniú.



Nóta: Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid carraigeacha urnaí a choinneáil ina lámha acu i rith na hurnaí. Roghnaigh páiste chun an léitheoireacht a dhéanamh. Bíodh coinneal réidh chun lasadh ag an am cuí le linn na hurnaí.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Agus an urnaí á thosú againn, glacaimis nóiméad chun a chur i gcuimhne dúinn féin go bhfuilimid i láthair Dé. (Sos)

Tá Dia i ngach áit. Tá Dia taobh istigh ionainn, os ár gcomhair amach, in aice linn agus taobh thiar dúinn. Gach áit a théimid, táimid timpeallaithe ag grá Dé. (Sos)

Éistimis anois le sliocht ó Íseáia, fáidh.

Léitheoir: Sliocht ó Íseáia, fáidh.

Ná bíodh eagla ort, tá mise i d'fhochair; ná bíodh faitíos ort, mar is mé do Dhia. Cuirimse neart ionat agus cuidím leat, coinním suas le mo dheasláimh bhuach thú. (Íseáia 41:10)

Briathar an Tiarna

Gach duine: Buíochas le Dia

Múinteoir: Tá Dia anseo linn anois. Beidh Dia linn i rith na bliana chun cuidiú linn aon ní nach féidir linn a dhéanamh linn féin. Tabharfaidh Dia cosaint agus neart dúinn. Is féidir linn tada a rá le Dia. Is féidir linn a rá le Dia nuair a bhímid sásta agus buíoch, nó nuair a bhíonn imní agus buairt orainn. Cloisfidh Dia ár bpaidreacha i gcónaí.

Glacaimis nóiméad anois chun labhairt le Dia, ag baint úsáid as ár nguthanna taobh istigh nach féidir ach le Dia amháin a chloisteáil.

Seinn ceol machnamhach agus cuir coinneal ar lasadh.

Múinteoir: Cuireann ár gcoinneal láithreach Dé i gcuimhne dúinn. Tá Dia linn.

Tugaim cuireadh daoibh na súile a dhúnadh anois agus sos a ghlacadh i láithreach ghrámhar Dé. (Sos)

Tabhair aire dod' análú. Tabhair faoi deara é, ach ná hathraigh é. Glac sos agus bí ag análú. (Sos)

Inis le Dia conas atá tú ag mothú faoi bheith ar ais ar scoil. Ainmnigh rud maith amháin a tharla an tseachtain seo. (Sos)

B'fhéidir go raibh eagla nó imní ort i rith na seachtaine. Is féidir leat comhrá le Dia faoi na huaireanta sin freisin. (Sos)

Má tá rud ar bith a chuireann imní ort, nó a ghoileann go mór ort, inis le Dia anois faoi. (Sos)

Cloiseann Dia ár bpaidreacha i gcónaí. Cuirfidh an charraig urnaí atá i do lámh agat, i gcuimhne duit muinín a bheith agat as Dia nuair a bhíonn deacrachtaí agat, agus buíochas a ghabháil leis nuair a bhíonn an saol go maith agat. Tá Dia i gcónaí linn.

Amhrán deiridh: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise



Ceacht 2: Labhraíonn Dia linn tríd an mBíobla

SULA DTOSAÍONN TÚ

Aithníonn an *Curaclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015)* gur foinse phríomha atá sa Scrioptúr don Oideachas Reiligiúnach Caitliceach, agus deir sé go mbeidh cláir cosúil leis an gceann seo ‘scrioptúrtha tríd is tríd’ (lch 25). Sa cheacht seo tá sé mar aidhm againn cur leis an tuiscint atá ag na páistí ar an mBíobla trí bhéim a leagan gurb é Briathar Dé dár saol

atá sa Bhíobla. Cabhraímid leis an páistí chun teacht ar chuid den eagna atá sa Bhíobla – eagna a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an saol laethúil. Táimid ag iarraidh go dtiocfaidh na páistí ar shiúl ón gceacht le tuiscint ar an mBíobla mar bailiúchán scríbhinní ina ndéanann Dia cumarsáid linne, a mhuintir. Briathar Dé dúinn atá sa Bhíobla, agus tá Dia i láthair linn trína Bhriathar.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Caibidil:** Tá gach ceann de leabhair an Bhíobla roinnte i gcaibidlí, díreach mar a bhíonn úrscéal roinnte i gcaibidlí.
- **Véarsa:** Tá na caibidlí sa Bhíobla roinnte i véarsaí. Bíonn abairt amháin nó roinnt abairtí i ngach véarsa de ghnáth.
- **Tagairtí Scrioptúrtha:** Tagraíonn tagairtí Scrioptúrtha do chaibidlí agus do véarsaí sonracha sa Bhíobla. Scríobhaimid iad san fhoirm seo: Matha 3:13 (ainm an leabhair, an chaibidil, an véarsa).

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- 73 bata líreacáin
- Rochtain a bheith ag na páistí ar Bhíobla

Féachaimis ...

CLEACHTADH DIALAINNE

TÁ CUMHACHT LEIGHIS AG FOCAIL

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Tá cumhacht ag focail' ar leathanach 10 dá leabhar a léamh. Ansin iarr orthu aire a thabhairt ar an gCleachtadh Dialainne ar an leathanach céanna, a thugann cuireadh dóibh (1) liosta a dhéanamh de na focail nó frásaí a d'fhéadfadh siad a úsáid chun compord agus tacaíocht a thabhairt do chara a bhfuil bulaíocht á dhéanamh air/uirthi, agus (2) duine fásta/daoine fásta a ainmniú a bheadh ábalta comhairle a thabhairt dó/di.

Nuair a bheidh an cleachtadh críochnaithe ag na páistí, tabhair cuireadh dóibh a gcuid focal leighis a roinnt leis an rang.

Críochnaigh tríd an éifeacht (dearfach agus diúltach) is féidir a bheith ag focail orainn a lua, agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén éifeacht a bheadh ag na focail seo, dar leat, ar dhuine a raibh bulaíocht á dhéanamh air/uirthi?
- An cuimhin leat am nuair a chabhraigh focail leat mothú níos fearr? Ar mhaith leat insint dúinn faoi sin?
- An cuimhin leat am nuair a ghortaigh focail tú?
- An gceapann tú gur rudaí cumhachtacha iad focail? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?

GLAC NÓIMÉAD

Tabhair cuireadh do na páistí nóiméad a ghlacadh agus smaoineamh ar an difríocht a dhéanadh sé dóibh agus do dhaoine eile dá n-úsáidfidís níos mó focail leighis, spreagúla agus grámhara.

PAIDIR

Nóta: Roimhe seo, bailigh roinnt de chóipleabhair na bpáistí a bhaineann leis an Oideachas Reiligiúnach. Beidh tú ag baint úsáid as cuid de na frásaí a scríobh na páistí mar chuid den ghníomhaíocht urnaí seo.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus an choinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Chaitheamar roinnt ama inniu ag smaoineamh ar fhocail: focail a chuireann áthas orainn agus focail a dhéanann a mhalairt.

Is féidir le cumhacht láidir a bheith ag focail ar dhaoine. Is féidir leo leigheas agus compord a thabhairt. Is féidir leo gortú agus pian a thabhairt freisin.

Tugaim cuireadh daoibh na súile a dhúnadh agus cúpla nóiméad a chaitheamh ag smaoineamh ar fhocail a thugann spreagadh, leigheas agus grá agus a d'fhéadfá a úsáid go laethúil.

Léigh cuid de na focail atá liostaithe i gcóipleabhair OR na bpáistí.

Múinteoir: Smaoinigh ar dhaoine a dúirt focail spreagtha, leighis agus grá duit. (Sos) Ag baint úsáid as do ghuth inmhéanach, gabh buíochas le Dia as na daoine sin. (Sos)

Smaoinigh ar roinnt daoine a d'fhógair focail ghortúla, fuathúla agus brónna duit. (Sos) Ag baint úsáid as do ghuth inmhéanach, guí ar ar a son. (Sos) Iarr ar Dhia iad a bheannú agus a chabhrú leo gan focail den sort sin a úsáid arís, agus ina n-ionad a



n-guthanna a úsáid chun cabhrú le daoine forbairt a dhéanamh. (Sos)

Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Tabhair cuireadh do na páistí a súile a oscailt.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

SEANFHOCAIL

Tosaigh trí díospóireacht a eagrú leis na páistí faoi chumhacht focal, bunaithe ar an ábhar a bhí clúdaithe sa chéad chuid den cheacht seo. Inis dóibh go bhfuilimid chun breathnú ar roinnt de na focail is cumhachtaí a scríobhadh riamh i rith na seachtaine seo – focail ón mBíobla, is é sin Briathra Dé dár saol.

Tabhair cuireadh do na páistí 'Labhraíonn Dia linn tríd an mBíobla' ar leathanach 10 dá leabhar a léamh.

Mínigh gur ráiteas gairid is ea seanfhocal ina bhfuil fírinne ghinearálta nó píosa comhairle. Inis do na páistí go n-úsáideann Leabhar na Seanfhocal sa Bhíobla go leor nathanna gearra chun cabhrú linn foghlaim conas a bheith ciallmhar. Cé gur scríobhadh na nathanna, nó na seanfhocail seo a i bhfad ó shin, is féidir leo go leor a mhúineadh dúinn inniu. Déanann Dia cumarsáid linn tríd an mBíobla.

Cuir na seanfhocail seo a leanas, ón mBíobla, in aithne na bpáistí:

- Goineann an duine cruálach é féin. (Seanfhocail 11:17)
- An té a lorgann an urchóid, tagann an urchóid ina threo. (Seanfhocail 11:27)
- Ní aon chabhair an mhaoín lá na feirge. (Seanfhocail 11:4)
- An té a thugann freagra ionraic, pógann sé do bheola, geall leis. (Seanfhocail 24:26)
- Is cuma nó cleith nó claíomh nó ga géar an té a thugann fianaise bhréige in aghaidh a chomharsan. (Seanfhocail 25:18)
- Is méanar don té ar a bhfuil eagla [an Tiarna] i gcónaí. (Seanfhocail 28:14)

Pléigh na seanfhocail leis na páistí trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur orthu:

- An dóigh libh gur nathanna ciallmhara iad seo? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann sibh?
- Cén ceann is mó a thaitníonn leat, agus cén fáth?
- Cad é cuid den eagna atá Dia ag iarraidh orainn a chloisteáil sna seanfhocail seo?
- Ar chuala tú píosa eagna amháin ar mhaith leat a iompar leat i rith do shaol? Céard é sin?

AG COMHRÁ

FAOIN MBÍOBLA

Nóta: Clúdaíodh an t-ábhar ar fad atá sna nótaí thíos sa chlár I nGrá Dé roimhe seo. Is féidir leat measúnú a dhéanamh ar eolas na leanaí agus tú ag comhrá leo.

Déan na páistí a tharchur chuig leathanach 11 dá leabhar, a thaispeánann léiriú den Bhíobla mar leabharlann leabhar.

Cuidigh leis na páistí na rudaí seo a leanas a thabhairt faoi deara:

1. Tá dhá chuid ar leith sa Bhíobla – an Sean-Tiomna agus an Tiomna Nua. Insíonn an Sean-Tiomna scéal Dé agus a mhuintir roimh theacht Íosa. Insíonn an Tiomna Nua scéal Íosa agus an méid a tharla tar éis a bhás agus Aiséirí.
2. Tá an Sean-Tiomna roinnte i gceithre chuid:
 - **An Peintiteoch:** Seo é an chéad chuid den tSean-Tiomna. Is anseo a chloisimid scéal an chruthaithe, scéal Ádhaimh agus Éabha, agus stair an-luath mhuintir Iosrael. Sa Pheintiteoch cloisimid faoi Naoi, Abrahám agus Maois freisin,

agus faoi mar a fhuascail Dia a phobal tofa ón sclábhaíocht san Éigipt.

- **Na Leabhair Stairiúla:** Seo é an dara cuid den tSean-Tiomna. Is anseo a fhaighimid stair na nGiúdach ón am a shroich siad an Tír Tairngire, Iosrael. Tá scéalta ann faoi Rút, Samúéil agus Dáiví. Go minic, mhair na daoine seo go maith. Uaireanta rinne siad dearmad ar Dhia agus d'imigh siad a mbealach féin. Thug Dia seans eile dóibh i gcónaí trí cheannaire ciallmhar (cosúil le Dáiví) a sheoladh chucu chun a thaispeáint dóibh an méid a bhí ag teastáil ó Dhia.
- **Leabhair na hEagna:** Seo an tríú cuid den tSean-Tiomna. Insíonn na leabhair seo dúinn conas maireachtáil agus adhradh a thabhairt do Dhia. Tá Leabhar na Seanfhocal mar chuid de Leabhair na hEagna.
- **Leabhair na bhFáithe:** Seo an ceathrú cuid den tSean-Tiomna. Duine a labhraíonn ar son Dé is ea fáidh. D'inis na fáithe don bPobal Tofa an méid a theastaigh ó Dhia go ndéanfaidís. Gheall siad freisin go dtabharfadh Dia aire dá Phobal Tofa agus go gcuirfeadh sé Slánaitheoir chucu, a

thabharfadh grá Dé agus síocháin don domhan.

3. Tá an Tiomna Nua roinnte i gceithre chuid freisin:

- **Soiscéil:** Scríofa ag Matha, Marcas, Lúcas agus Eoin. Insíonn na leabhair seo scéal Íosa dúinn – beatha, bás, Aiséirí agus Deascabháil ar ais ar neamh.
- **Gníomhartha na nAspal:** Leanann an leabhar seo na Soiscéil. Insíonn sé scéal na luath-deisceabal díreach tar éis Deascabháil Íosa.
- **Litreacha:** Tá fiche a haon litir sa chuid seo den Tiomna Nua, a scríobh an tAspal Naomh Pól, nó ceannairí luatha na hEaglaise, chun na luath-Chríostaithe a threorú agus a mhúineadh agus iad ag iarraidh maireachtáil mar lucht leanúna Íosa.
- **Apacailipsis Eoin:** Seo an leabhar deiridh sa

Tiomna Nua. Tá an leabhar seo lán le siombailí. I measc na siombailí tá uan ar ríchathaoir, dragan, beithígh scanrúla agus loch tine. Deisceabal Chríostaí darb ainm Eoin a scríobh an leabhar seo ag an am nuair a bhí impire na Rómhánach ag imirt géarleanúint agus ag marú Críostaithe. Scríobh Eoin an teachtaireacht seo i gcód le spreagadh a thabhairt do Chríostaithe fanacht láidir ina gcreideamh. Sa lá atá inniu ann, tá scoláirí fós ag obair chun fíor-bhrí go leor de na siombailí atá sa leabhar seo a thuiscint.

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal ‘Focail Eagnaí dár Saol’ ar leathanach 11 dá leabhar a léamh agus na ceisteanna faoin mBíobla a ghabhann leis a fhreagairt.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

LEABHAIR AN BHÍOBLA

Nóta: Beidh 73 bata líreacáin ag teastáil uait don ghníomhaíocht seo.

- Roinn 73 bata líreacáin i measc na bpáistí i do rang.
- Tabhair ainmneacha roinnt leabhar sa Bhíobla do gach páiste, ag brath ar an méid bata atá acu. Iarr orthu na hainmneacha, a tugadh dóibh, a scríobh ar na bataí líreacáin.
- Tabhair cuireadh do na páistí a fháil amach cén chuid den Bhíobla a bhaineann an leabhar/na leabhair a tugadh dóibh: an ón tSean-Tiomna nó ón Tiomna Nua é? An leabhar eagna, stairiúil, srl atá ann?
- Mar ghníomhaíocht ranga, iarr ar na páistí na bataí líreacáin a ghreamú ar bhileog fhada cárta, ag leanúint an oird ina bhfuil siad le fáil sa Bhíobla. Cuir béim ar na catagóirí éagsúla



leabhar sa tSean-Tiomna agus sa Tiomna Nua fad is atá na páistí ag obair leis na bataí líreacáin.

- Faoi dheireadh na gníomhaíochta, ba chóir go mbeadh gach páiste in ann a rá cén chuid den Bhíobla lena mbaineann a leabhar/leabhair.

GNÍOMHAÍOCHT

CONAS TAGAIRT SCRÍOPTÚRTHA A AIMSIÚ

Nóta: Beidh bealach isteach do Bhíobla ag teastáil ó gach páiste chun an ghníomhaíocht seo a dhéanamh.

Tosaigh trí a mhíniú do na páistí, toisc gur leabhar mór atá sa Bhíobla, comhdhéanta de go leor leabhar níos lú, tá córas sonrach ann a úsáidtear chun uimhir gach ceann de na habairtí ann a liostáil, ionas gur féidir linn teacht ar an méid atá á lorg againn.

Ar dtús, roinntear gach ceann de na leabhair sa Bhíobla i **gcaibidlí**, díreach mar a roinntear úrscéal ina gcaibidlí. Ansin, déantar gach ceann de na caibidlí sa Bhíobla a roinnt i véarsaí. Bíonn abairt amháin nó roinnt abairtí i ngach **véarsa** de ghnáth. Tagraíonn tagairtí Scríoptúrtha do chaibidlí agus do véarsaí sonracha sa Bhíobla. Scríobhaimid iad san fhoirm seo: Matha 3:13 (ainm an leabhair, an chaibidil, an véarsa).

Tabhair cuireadh do na páistí an achoimre ar an fhaisnéis seo faoi 'Tagairtí Scríoptúrtha' a

léamh ar leathanach 11 dá leabhar.

Ansin, taispeáin do na páistí conas tagairt Scríoptúrtha a chuardach (m.sh. Matha 3:13) ag baint úsáid as na céimeanna seo a leanas:

- Téigh chuig innéacs an Bhíobla agus faigh an leathanach ar a dtosaíonn an leabhar. Téigh go dtí an leathanach sin.
- Lean uimhreacha na gcaibidlí ag barr an leathanaigh sa leabhar chun an chaibidil atá uait a aimsiú. Feicfidh tú uimhir na caibidle priontáilte go mór áit éigin ar an leathanach céanna.
- Ansin lean na huimhreacha beaga ar an leathanach chun uimhir an véarsa atá uait a aimsiú.

Tabhair na tagairtí Scríoptúrtha seo a leanas do na páistí a aimsiú:

- 1 Samúéil 16:1 (Dáiví á ungadh ina rí)
- Lúcas 5:1 (Glaonn Íosa ar na deisceabail)
- Gníomhartha 12:6 (Peadar á shaoradh ón bpríosún)

GNÍOMHAÍOCHT

CUARDACH BÍOBLA/CLEACHTADH DIALAINNE

- Déan aire na bpáistí a dhíriú chuig an gCuardach Bíobla/Cleachtadh Dialainne **ar leathanach 12 dá leabhar**, a iarrann orthu liosta de thagairtí Scríoptúrtha a aimsiú sa Bhíobla.
- Tabhair tagairt Scríoptúrtha amháin do gach péire páiste. Iarr orthu é a aimsiú agus é a scríobh isteach sa dialann don Oideachas Reiligiúnach, agus a phlé le chéile an chiall a cheapann siad a bhaineann leis.

Síorach 7:18

Ná reic cara ar shochar, ná bráthair dílis ar ór Óifir.

Seanfhocail 16:16

Is fearr an eagna a aimsiú ná an t-ór; tóg tuiscint mar rogha thar an airgead.

Eifeasaigh 4:29

Ná tagadh oiread agus drochfhocal amháin as bhur mbéal ach an dea-fhocal fointeach a oirfidh don ócáid agus a rachaidh chun sochair don lucht éisteachta.

Eacsadas 20:12

Tabhair do d'athair agus do do mháthair onóir i dtreo go mba fada iad do laethanta ar an talamh a thug an Tiarna do Dhia duit.

Galátaigh 6:9

Ná bímis cortha choíche den mhaith a dhéanamh;

má leanaimid de gan staonadh bainfimid an fómhar in am is i dtráth.

1 Eoin 4:20

Má deir duine: "Mo ghrá-sa Dia" agus gur fuath leis a bhráthair, is bréagach é, mar an té nach dtugann grá don bhráthair ar léir dó é, ní féidir leis grá a thabhairt do Dhia nach bhfaca sé riamh.

Rómhánaigh 12:12-13

Bígí suairc le dóchas, seasmhach faoi thrioblóid, ag guí gan staonadh, 13ag tabhairt riar a gcáis do na naoimh, agus ag cleachtadh na féile.

1 Teasalónaigh 5:11

Dá bhrí sin, leanaigí ag spreagadh a chéile agus ag treisiú le chéile faoi mar atá sibh a dhéanamh cheana.

Lúcas 6:31

Dé réir mar ab áil libh daoine a dhéanamh daoibh, déanaigí dóibh sin mar an gcéanna.

Eoin 13:34

Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, go dtabharfadh sibh grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile.

Cóiheilit 4:9-10



Is fearr dís ná duine; mar faigheann siad tuarastal maith ar a saothar. Óir, má thiteann duine acu ar lár, is féidir leis an duine eile a chomhghleacaí a thógáil suas.

Colosaigh 3:13

Cuirigí suas le chéile agus cibé locht a bhíonn ag duine agaibh ar dhuine eile maithigí dá chéile é; faoi mar a mhaith an Tiarna daoibh, déanaigí-se mar an gcéanna.

Seanfhocail 24:17

Má thiteann do namhaid, ná cuireadh sin luchtáir ort; nuair a bhaintear tuisle as, ná tagadh éirí croí ort.

Rómhánaigh 12:18

Más féidir é, chomh fada le bhur ndícheall, mairigí go síochánta le cách uile.

AG COMHRÁ

FAOI THAGAIRTÍ ÓN MBÍOBLA

Tosaigh trí iarraidh ar na páistí a sliocht ón Scriptúr a léamh. Iarr orthu brí an tsleachta a mhíniú, agus déan é a phlé leis an rang iomlán, ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An gceapann tú gur comhairle mhaith é seo? Cén fáth nó cén fáth nach ea?
- Cad iad na bealaí a d'fhéadfadh sé a bheith deacair maireachtáil de réir an tsleachta seo? An gceapann tú arbh fhiú triail a bhaint as? Cén fáth nó cén fáth nárbh fhiú?
- An gceapann tú dá n-éireodh linn maireachtáil de réir an méid a insíonn an Bíobla dúinn, go mbeadh ár saol níos sona? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?

Déan aire na bpáistí a dhíriú chuig an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 12 dá leabhar agus spreag iad chun a gcuid freagraí a roinnt.

Insíonn Naomh Pól dúinn go bhfuil Briathar Dé sa Bhíobla cosúil le 'claíomh dhá bhéal' (Eabhraigh

4:12). Tabhair cuireadh do na páistí machnamh a dhéanamh ar an gciall a d'fhéadfadh a bheith leis sin, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad is claíomh ann agus cén úsáid a bhaintear as?
- Conas a dhéanfa cur síos ar bhéal/imeall claíomh? (*géar*)
- De ghnáth bíonn béal/imeall amháin ag claíomh. Cad a bheadh difriúil faoi chlaíomh le dhá bhéal/imeall? (*Bheadh sé dhá uair chomh géar.*)
- Cathain a d'fhéadfaí a rá go raibh focail 'géar'?
- Cén fáth a d'fhéadfadh duine an focal 'géar' a úsáid agus cur síos á dhéanamh acu ar Bhriathar Dé? An toisc go bhfuil amanna ann nuair a thugann Briathar Dé dúshlán dúinn rud a dhéanamh nár mhaith linn a dhéanamh i ndáiríre, nó a cheapaimid atá ró-dheacair a dhéanamh?
- An féidir leat smaoineamh ar am nuair a fuair tú Briathar Dé an-dúshlánach, nó an-deacair freagra a thabhairt air?

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Is féidir le focail a bheith cumhachtach. Is féidir leo gortú agus is féidir leo leigheas. Is féidir leo dúshlán a thabhairt dúinn freisin. Tá go leor focal sa Bhíobla, eagraithe i véarsaí, caibidlí agus leabhair. Is féidir le focail sa Bhíobla cumhacht éifeachtach a bheith acu ar ár saol. An cúis atá le seo ná go labhraíonn Dia linn tríd an mBíobla. Is féidir leis na

focail sa Bhíobla grá agus compord Dé a thabhairt dúinn. Is féidir leo dúshlán a thabhairt dúinn freisin maireachtáil ar bhealaí a d'fhéadfadh a bheith deacair orainn. Tá lánbhí sa teachtaireachtaí a thugtar dúinn sa Bhíobla don lá atá inniu ann agus i gcónaí.

PAIDIR

Nóta: Roghnaigh páiste chun an léitheoireacht a dhéanamh.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus an choinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

An tseachtain seo d'fhoghlaimíomar níos mó faoin mBíobla. Chualamar freisin faoin éifeacht chumhachtach freisin a d'fhéadfadh a bheith ag an mBíobla ar bheatha an duine.

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Éistimis anois le sliocht ón dTiomna Nua.

Léitheoir: Sliocht as céad litir Naomh Eoin.

A chairde cléibh, tugaimis grá dá chéile mar gur ó Dhia an grá agus an té a thugann grá is ó Dhia a rugadh é, agus aithníonn sé Dia.

An té nach dtugann grá ní aithnid dó Dia, mar is é Dia an Grá.

Mar seo a foilsíodh grá Dé inár measc gur sheol sé a aonMhac sa saol le go mairimis-ne trídsean.

A chairde cléibh, os fíor gur thug Dia grá dúinne nach mithid dúinne grá a thabhairt dá chéile. (1 Eoin 4:7-9, 11)

Briathar an Tiarna

Gach duine: Buíochas le Dia

Múinteoir: Sa sliocht seo ó na Scrioptúir spreag Eoin lucht leanúna Íosa, grá a scaipeadh ar a

chéile. Dúirt sé leo go gcuirfeadh siad a ngrá do Dhia in iúl trí ghrá a thaispeáint dá chéile. Teachtaireacht ó Dhia dúinn, pobal Dé, an teachtaireacht seo, a scríobh Naomh Eoin.

Glac aga anois chun smaoineamh ar conas a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh tionchar a bheith ag focail mar seo ón mBíobla ar ár saol féin.

Tabhair cuireadh do na páistí a súile a dhúnadh. Glac sos ar feadh cúpla nóiméad.

Múinteoir: Ag baint úsáid as do ghuth inmhéanach, nach féidir le haon duine eile a chloisteáil, inis le Dia an rud is fearr a d'fhoghlaim tú faoin mBíobla an tseachtain seo. (Sos)

An gceapann tú go ndéanfadh sé difríocht ar bith i do shaol laethúil dá leanfá comhairle Dé sa Bhíobla? (Sos) Cén dóigh a dhéanfadh sé difríocht? (Sos)

Iarrann Dia orainn fás i ngrá leis féin agus le daoine eile. Is féidir leis an mBíobla cabhrú linn é sin a dhéanamh. B'fhéidir gur mhaith leat an Bíobla a léamh níos minice as seo amach. (Sos)

Éist anois leis an méid atá á rá ag Dia leat inniu.

Tóg sos ar feadh cúpla nóiméad.

Nuair atá tú réidh, is féidir na súile a oscailt.

Comhartha na Croise

Ceacht 3: Labhraíonn na Fáithe Briathar Dé

SULA DTOSAÍONN TÚ

Insíonn an Sean-Tiomna scéal cúnant, nó comhaontú sollúnta Dé, lena phobal tofa, muintir Iosrael Ársa, a nglaohtar Iosrael orthu go minic sa Bhíobla. Níor lean muintir Iosrael aithne Dé i gcónaí agus mar sin chuir Dia fáithe chucu chun cabhrú leo cuimhneamh orthu agus a bheith dílis don chúnant. Ba iad Irimia, Íseáia agus Eizicéil triúr de na fáithe sin, ach tá go leor eile ann. Tá ocht leabhar déag ann de Leabhair na bhFáithe sa Bhíobla. Ní raibh slí bheatha éasca ag fáidh ar bith. Ach is minic a d'fhulaing siad go mór.

Sa cheacht seo déanann na páistí iniúchadh ar chuid de na scéalta a bhaineann le fáithe an

tSean-Tiomna, ag díriú go háirithe ar Irimia. Tabharfar cabhair dóibh machnamh ar an méid is féidir leo a fhoghlaim uathu chun saol níos fearr a chaitheamh. Cuidímid leis na páistí a bheith ar an eolas gurb é Íosa an duine a chomhlíonfadh an méid a bhí na daoine ag súil leis maidir leis an Meisias a gheall Dia. Scrúdóimid é seo a thuilleadh i dTéama 2: 'Íosa' agus i dTéama 7: 'An tSeachtain Mhór agus an Cháisc'. Táimid ag súil, díreach mar a tháinig na céad aspail chuig an tuiscint de réir a chéile ar fhéiniúlacht Íosa agus ar a dhiagacht, gur mar an gcéanna a bheidh sé freisin leis na páistí.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Fáidh:** Duine a labhraíonn thar ceann Dé.
- **Conradh:** Socrú/comhaontú. Rinne Dia conarthaí éagsúla lena mhuintir. Tá na conarthaí sin le léamh sa Bhíobla.
- **Scaradh ar bhonn cine:** Córas dlíthe a chuireann srian ar shaoirse daoine áirithe úsáid a bhaint as áiseanna éagsúla nó chun cónaí in áiteanna áirithe nó chun dul go háiteanna áirithe – na dlíthe seo go léir bunaithe ar bhonn cine.
- **Ceartha sibhialta:** An ceart atá ag gach saoránach, na saoirsí atá ag daoine eile sa tsochaí, a bheith acu féin agus go mbainfear go cothrom leo.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóipeanna de na luaschártaí leis na Fíricí orthu, ionas go mbeidh cárta amháin ann do gach péire páiste
- Go leor de pháipéar siúcra dubh agus cailc bhán ar fáil

SCÉAL

An Tóraíocht Taisce

Mí an Mheithimh a bhí ann agus bhí an ghrian go hard sa spéir. Ní raibh Ade cinnte an raibh sé níos éasca nó níos deacra a bheith ar scoil. Bhí sé níos éasca éirí as an leaba ceart go leor, ach bhí sé níos deacra d'aighe a dhíriú ar feadh an lae. Ach mar sin féin, gheall Iníon Uí Fhlannagáin go mbeadh spraoi iontach acu inniu.

Faoi dheireadh, tar éis sosa na maidine, d'fhógair Iníon Uí Fhlannagáin a fógra. 'Beidh tóraíocht taisce againn inniu,' a dúirt sí.

'Ar fheabhas!' arsa Ade. Níor ghlac sé páirt i dtóraíocht taisce riamh roimhe sin! D'fhéach sé láithreach ar Majeed. Dá mbeadh foirne i gceist, theastaigh ó Ade go mbeadh sé féin agus Majeed le chéile.

'Tá sibh roinnte cheana féin agam i bhfoirne,' arsa Iníon Uí Fhlannagáin, amhail is dá raibh sí in ann a intinn a léamh. 'Is é an t-aon riail amháin atá ann ná go gcaithfidh sibh fanacht laistigh de cheantar na scoile agus sa pháirc ar chúl. Lean na leideanna sa phacáiste seo agus tiocfaidh sibh ar an dtaisce. Ádh mór oraibh!'

Bhí Ade ar bís. Bhí sé ag déanamh iontais faoin 'stór' a bheadh ann ag deireadh na tóraíochta. Uachtar reoite, b'fhéidir? Anois is arís gheall Iníon Uí Fhlannagáin go mbeadh fleá uachtar reoite acu!

'Anois Ade,' bhris guth Iníon Uí Fhlannagáin isteach ina smaointe, 'beidh tusa in éineacht le hOisín, Samantha agus Sadhbh.'

Bhí Ade ag olagón ina cheann, ní hamháin toisc nach raibh sé le Majeed, ach chomh maith le sin toisc nach raibh sé cairdiúil le haon duine de na daltaí sin. Bhí gach duine acu i dtrioblóid le hIníon Uí Fhlannagáin i mbliana, toisc iad a bheith míbhéasach agus gan a gcuid obair bhaile a bheith déanta acu. Fiú amháin, cuireadh Oisín chuig Iníon Breatnach, an príomhoide, cúpla uair. Ní fhaca Ade seomra an phríomhoide riamh, agus níor theastaigh uaidh é a fheiceáil ach an oiread. Shíl sé a iarraidh ar Iníon Uí Fhlannagáin an bhféadfadh sé foirne a aistriú, ach ní dhearna sé dada faoi. 'B'fhéidir go bhfuil cúis aici sinn a roinnt sa tslí seo,' shíl sé.

Thug Iníon Uí Fhlannagáin an pacáiste d'Oisín, d'osail sé é agus leag sé an t-ábhar ar an urlár.

'Pacáiste gan ciall,' a dúirt sé, ag treorú a fhearg i dtreo Iníon Uí Fhlannagáin. 'Cén



fáth nár chuir tú isteach iad go cliathánach?'

'Anois Oisín, ar aghaidh leat,' d'fhreagair Iníon Uí Fhlannagáin, gan aird a thabhairt ar a mhíbhéasa.

'Tosaíonn do fhoireann amuigh sa chlós. Cuardaigh an réalta chorcra.'

'Is fuath liom corcra,' arsa Samantha.

'Is fuath liom tóraíocht taisce,' arsa Sadhbh.

Rinne Ade olagón arís. Ní bheadh sé seo éasca.

Chuaigh an ceathrar acu amach sa chlós agus sheas siad ar an réalta chorcra.

'Bheul,' arsa Ade, ag féachaint ar na cártaí leis na leideanna. 'Is é seo an chéad leid:

*An bhfeiceann sibh báisteach, cloichshneachta,
taitneamh na gréine nó sneachta?
Tá an chéad leid eile in aice le fuinneog
Rang a Cúig/B7.*

'Leadránach!' arsa Oisín, láithreach.

'Tá an ceart agat!' arsa Samantha. 'Rachaimis ag siúl in ionad é seo a dhéanamh.'

'Is féidir linn dul i bhfolach taobh thiar den fhál sa pháirc ar feadh tamaill,' a dúirt Sadhbh. 'Ní bheidh Iníon Uí Fhlannagáin in ann sinn a fheiceáil ansin.'

D'éirigh Ade neirbhíseach. 'Sílím gur cóir dúinn an tóraíocht taisce a dhéanamh,' a mhol sé. 'Tá fuinneog Rang a Cúig/B7 thall anseo díreach. B'fhéidir gurb é an chéad leid eile ná ...'

'LEADRÁNACH!' arsa Oisín arís, ach níos láidre an uair seo. 'Nach maith an buachaill tú, Ade. Cuirimis críoch leis an dtóraíocht taisce leadránach seo. Beidh níos mó spraoi againn

...

...

féachaint ar aghaidh Iníon Uí Fhlannagáin nuair a thuigeann sí go bhfuilimid imithe.'

'Ní fheicimid a haghaidh, a amadain!' arsa Sadhbh. 'Nach é sin an fáth go bhfuilimid i bhFOLACH sa pháirc seo!'

'Féach!' arsa Ade. Anois thosaigh seisean ag béiceadh. Níor chuala na páistí eile Ade ag béiceadh riamh roimhe seo. 'Ní dóigh liom go bhfuil aon spraoi ann a bheith inár

suí taobh thiar den fhál ag fanacht le bheith gafa agus le bheith i dtrioblóid. Má dhéanann tú sin, Oisín, ag am lóin, d'fhéadfá a bheith i do shuí i seomra Iníon Breatnach arís, fad is atá duine eile ag baint taitneamh as an dtaisce atá le fáil ag deireadh na leideanna seo. Bíodh ciall agat agus tabhair cabhair dúinn!'

D'fhéach Oisín, Sadhbh agus Samantha ar Ade ar feadh nóiméid. Ansin, thosaigh siad ag cogar le chéile. Ba léir go raibh siad ag iarraidh teacht ar céard a dhéanadh siad anois.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna bunúsacha a chur orthu, cosúil leis na ceisteanna seo a leanas, atá le fáil **ar leathanach 14 dá leabhar freisin:**

- Cén fáth nár theastaigh ó Ade a bheith ar an bhfoireann chéanna le Samantha, Oisín agus Sadhbh?
- Céard a rinne Oisín nuair a thug Iníon Uí Fhlannagáin an pacáiste leis na treoracha dó?
- Céard a mhol Sadhbh tar éis dóibh an chéad leid a oscailt?
- Cén fáth a raibh Ade míshásta leis an moladh sin? Cad a dúirt sé leis an triúr eile a bhí ar an bhfoireann?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna cosúil leo seo a chur orthu:

- Cén fáth, dar leat, gur chuir Iníon Uí Fhlannagáin Ade isteach i ngrúpa le Oisín, Samantha agus Sadhbh? An gceapann tú gur rud ciallmhar a bhí ann a léithéid a dhéanamh? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?

- Ar mhaith leat a bheith ar fhoireann leo? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith leat?
- An gceapann tú go raibh sé ceart ag Ade iarracht a chur ina luí ar na páistí eile fanacht leis an dtóraíocht taisce? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Níor chuala Oisín, Samantha agus Sadhbh Ade ag béicíl riamh. Cad a insíonn sé seo duit faoi Ade?
- An gceapann tú go raibh sé éasca nó deacair ar Ade labhairt leis na páistí eile mar a rinne sé? Cén fáth go gceapann tú é sin?
- An gceapann tú go raibh sé ceart ag Ade labhairt leis na páistí eile mar a rinne sé? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- An cuimhin leat am nuair a rinne tú iarracht cabhrú le daoine eile an rud ceart a dhéanamh nuair nár theastaigh sé uathu? An raibh tú neirbhíseach faoi rud éigin a rá? Ar éist siad leat? Inis dúinn faoin méid a tharla.
- Cad a cheapann tú gur bheartaigh Oisín, Sadhbh agus Samantha a dhéanamh? Cén fáth, dar leat, go ndéanfaidís an cinneadh sin?

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus an choinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Déanaimid roghanna lá i ndiaidh lae. Uaireanta déanaimid roghanna cearta. Uaireanta eile déanaimid roghanna a bhíonn mícheart agus is minic a bhíonn brón orainn dá bharr.

Tóg aga anois chun breathnú siar ar an tseachtain seo caite, agus smaoinigh ar na roghanna a rinneamar. Tá a fhios againn, nuair a thuigimid ár mbotúin agus nuair a bhíonn athrú chroí orainn, go maitheann Dia sinn agus go spreagann sé sinn chun iarracht a dhéanamh arís.

Sula dtosaíonn tú, bí compordach ar do chathaoir agus, nuair atá tú réidh, dún na súile. (Sos)

Glac anáil dhomhain isteach ... agus amach ... (Sos)

Anois, smaoinigh ar do chaidreamh le Dia ... Sa tseachtain seo caite, ar chaith tú am i láthair Dé? Ar labhairt tú le Dia trí urnaí? (Sos)

Anois, smaoinigh ar do chaidreamh le daoine eile ... Ar thaispeáin tú grá agus ómós dod' thuismitheoirí agus do bhaill eile teaghlach? (Sos)

Ar roinn tú le daoine eile? (Sos) An ndearna tú iarracht daoine a rinneadh neamhaird orthu a chur san áireamh? (Sos)

Smaoinigh ar an gcaoi a gcaitheann tú leat féin ... Ar thug tú an lámh in uachtar don eagla seachas an rud ceart a dhéanamh? (Sos)

Ar thug tú cúram dod' shláinte trí bheith ag ithe go maith, trí chleachtadh lúthchleasach a dhéanamh agus trí do scíth a ligean nuair is cuí? (Sos)

An ndearna tú do dhícheall i gcónaí? (Sos)

A Athair ar Neamh,
cuidigh linn breitheanna ciallmhara a dhéanamh i
gcónaí, agus gan imeacht i bhfad ó do ghrá. Oscail
ár gcroíthe chun do Bhriathar a chloisteáil agus a
thuiscint, ionas gur féidir linn do thoil a roghnú i
gcónaí. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Comhartha na Croise

*Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí
a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul
i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa
Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag
deireadh na seachtaine.*



Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

FAOIN GCONRADH

Déan comhrá leis na páistí faoin gconradh idir Dia agus na daoine, a athnuadh go minic, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth, dar leat, nach ndearna Dia dearmad ar na daoine agus faoin gconradh? Tar éis an tsaoil, is cosúil go ndearna na daoine dearmad ar Dhia go minic!
- Cad a cheapann tú a tharlódh munar chuir Dia na fáithe chuig na daoine? An dóigh leat go mbeadh dearmad déanta acu ar Dhia ar fad? An mbeadh sé sin go maith? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?
- An gceapann tú gur theastaigh ó mhuintir Iosrael go gcuirfí i gcuimhne dóibh go raibh dearmad déanta acu ar Dhia agus ar na geallúintí a thug siad dó? Cén fáth nó cén fáth nár theastaigh?
- Cé na daoine atá inniu ann a chuireann do chaidreamh le Dia i gcuimhne duit? Cad a cheapann tú a d'fhéadfadh a tharlú mura gcuirfeadh na daoine seo Dia i gcuimhne duit?

GNÍOMHAÍOCHT DRAMAÍOCHTA

BUAIL LEIS NA FÁITHE

Nóta: *Beidh ort fótachóip a dhéanamh de na luascháirtaí thíos, a bhfuil na fíricí orthu, ionas go mbeidh cárta amháin ag gach péire páiste sa rang.*

Tarraing aire na bpáistí chuig an ghníomhaíocht ranga nuair a ghreamaigh siad bataí líreacáin ar bhileog fhada cárta, i gceacht 2 den téama seo nó chuig Clár Ábhair ón mBíobla.

Tabhair an méid seo a leanas faoi deara:

- An deighilt atá ann idir an Sean-Tiomna agus an Tiomna Nua
- Na catagóirí leabhar sa Sean Tiomna (*An Peintiteoch, Leabhair Stairiúla, Leabhair na hEagna agus Leabhair na bhFáithe*)
- Líon na leabhar i Leabhair na bhFáithe (*ocht gcinn déag*)
- Níl leabhar faoi leith ag fáithe uile an tSean-Tiomna ar fáil i Leabhair na bhFáithe den Bhíobla. Tá fáithe eile (m.sh. Maois) ainmnithe i gcodanna níos luaithe den Sean Tiomna.

Cuir i gcuimhne na bpáistí, nuair a rinne muintir Iosrael dearmad ar an gconradh, gur fhan Dia dílis trí na fáithe a sheoladh chucu chun iad a glaoch ar

ais. Mheabhraigh na fáithe do na daoine gníomhú go cóir agus gan dearmad a dhéanamh ar Dhia riamh. Labhair na fáithe Briathar Dé.

An ghníomhaíocht drámaíochta: Roinn na páistí i bpéirí. Tabhair ceann amháin de na luascháirtaí 'Fíricí' do gach péire. Abair leis na páistí go bhfuil trí nóiméad acu ceann amháin nó níos mó de na teachtaireachtaí faoin bhfáidh ar a gcárta a mheabhrú. Glacfaidh páiste amháin as gach péire ról an fháidh agus cuirfidh siad iad féin in aithne don rang (*m.sh. 'Íseáia is ainm dom...*).

Nuair a bheidh na rudaí faoi na fáithe roinnte ag na páistí, bí ag faire amach do théamaí comónta maidir leis an gconradh cosúil le:

- Grá agus trócaire Dé gan staonadh, in ainneoin mídhilseacht na ndaoine;
- Gealltanas Dé Slánaitheoir a sheoladh chucu chun grá Dé a thabhairt don domhan. Thug na hIosraeilítigh 'Meisias' ar an duine seo, focal Eabhraise a chiallaíonn 'An Té atá Ungtha' nó 'An Té atá Roghnaithe'. Tá a fhios againn anois gurb é Íosa an Meisias a gheall Dia.

IRIMIA

Tosaigh trí a iarraidh ar na páistí an oiread agus is féidir leo a thabhairt chun cuimhne faoi na fáithe sa Sean-Tiomna, agus iarr orthu na téamaí is coitianta a bhí ag na fáithe a lua (*m.sh. dílseacht Dé in ainneoin peacaí na ndaoine; gealltanais Dé Meisias*

a chur chucu). Ansin iarr ar na páistí éisteacht agus tú ag léamh an scéal faoi ghlaio Irimia, agus faoi Irimia ag craobhscaoileadh Briathar Dé sa Teampall.

Scéal Irimia

Bhí Irimia timpeall fiche bliain d'aois nuair a ghlaoigh Dia air a bheith ina fháidh do na hIosraeilítigh. Seo an chaoi a ndéantar an nóiméad sin a chur in iúl i Leabhar Irimia:

Irimia 1:4-8

Tháinig briathar an Tiarna chugam, á rá: “Sular chum mé thú sa bhroinn bhí aithne agam ort; sular rugadh thú choisric mé thú; d’ordaigh mé thú i d’fháidh do na ciníocha.”

Ansin dúirt mise: “Ó a Thiarna Dia, féach, ní fhéadaim labhairt, óir is leanbh mé.”

Ach dúirt an Tiarna liom: “Ná habair, ‘Is leanbh mé.’ Téigh anois chuig gach duine chuig a gcuirfidh mise thú, agus cibé ní a ordóidh mise duit, déarfadh tú é. Ná bíodh faitíos ort rompu, óir tá mise leat agus tusa faoi mo choimirce, is é an Tiarna a labhraíonn!”

Ansin chuaigh Irimia agus rinne sé mar a d’iarr Dia air. Labhair sé amach i gcoinne na ndaoine a raibh dearmad déanta acu faoin aon Dia fíor amháin agus a chuir a gcreideamh agus a muinín i ríthe eachtracha agus i ndéithe aisteacha. Bhí go leor daoine feargach le Irimia – feargach faoin mbealach a labhair sé leo agus fearg orthu faoin méid a dúirt sé. Uair amháin, caitheadh Irimia isteach i dtobar domhain agus fágadh ann é chun bás a fháil, ach fiú ó dhoimhneacht an tobair lean sé air ag labhairt amach.

Uair amháin eile, sheas Irimia taobh amuigh den Teampall, mar a d’iarr Dia air, agus d’inis sé do an daoine an méid a bhí Dia ag iarraidh orthu a chloisteáil. Seo é an rud a dúirt sé:

Irimia 7:5-7

Ach má leasaíonn sibh bhur n-iompar agus bhur ngníomhartha, má chaitheann sibh go cothrom lena chéile, gan sochar a



bhaint as an strainséir, an dílleachta agus an bhaintreach (agus gan fuil neamhchiontach a dhoirteadh san áit seo), gan dul i ndiaidh déithe eile chun bhur ndochair féin, más ea, fanfaidh mise libh sa dúiche a thug mise anallód do bhur n-aithreacha go brách.

Bhí amanna ann nuair ba mhian le Irimia nár ghlaoigh Dia air a bheith ina fháidh. Ach go domhain ann féin, bhí a fhios aige go raibh an ceart á dhéanamh aige, briathar Dé a chraobhscaoileadh.

Trí Irimia, dúirt Dia leis na daoine go raibh an t-am ag teacht nuair a dhéanfaidh sé conradh nua le muintir Iosrael. Dúirt Dia:

Irimia 31:33-34

Ach is é seo an conradh a dhéanfaidh mé le teach Iosrael nuair a thiocfaidh na laethanta sin – an Tiarna a labhraíonn: Cuirfidh mé mo dhlí iontu istigh agus scríobhfaidh mé ina gcroí é. Beidh mé ansin i mo Dhia acu agus beidh siadsan ina bpobal agamsa. Ní bheidh call feasta le duine a bheith ag iarraidh a chomharsa a mhúineadh, ná le deartháir a rá lena dheartháir: ‘Bíodh aithne ar an Tiarna agat!’ Ní hea, beidh aithne acu go léir orm, ón té is lú díobh go dtí an té is mó – an Tiarna a labhraíonn – óir maithfidh mé a n-éigeart dóibh agus ní chuimhneoidh mé ar a bpeacaí níos mó.”

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Tá Irimia 31:33-34 ar cheann de na tairngreachtaí is cáiliúla ó Irimia, agus creideann Críostaithe go dtagraíonn sé do bhunú an chonartha nua shíoraí trí Íosa. Foghlaimíodh na páistí faoi seo níos déanaí amach sa chlár seo.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí ceistanna simplí cosúil leo seo a

leanas a chur orthu. Tá na ceistanna seo ar fáil **ar leathanach 16 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cén aois a bhí ag Irimia nuair a d'iarr Dia air a bheith ina fháidh?
- Conas a d'fhreagair Irimia glaoch Dé?
- Cad a dúirt Dia le hIrimia chun misneach a thabhairt dó?
- Cén teachtaireacht ó Dhia a thug Irimia do na daoine nuair a sheas sé lasmuigh den Teampall?
- Cá bhfios dúinn nach raibh saol éasca ag Irimia mar fháidh?
- Cá háit a scríobhfadh Dia an conradh nua a dhéanadh sé le pobal Iosrael?

Ansin tochail níos doimhne trí ceisteanna cosúil leo seo a leanas a chur orthu:

- Ar roghnaíodh tú riamh i gcomhair poist

nár theastaigh uait a dhéanamh? Cén fáth nár theastaigh uait é a dhéanamh? Conas a mhothaigh tú nuair a iarradh ort é a dhéanamh? Cén fhreagra a thug tú, agus cén fáth?

- Cén fáth, meas tú, go raibh saol crua ag Irimia?
- Cé go raibh saol crua ag Irimia mar fháidh, lean sé ar aghaidh. Cén fáth, meas tú, gur rinne sé amhlaidh?

Tá an scéal faoi ghlaoch agus faoi sheanmóireacht Irimia taobh amuigh den Teampall, le fáil ar leathanaigh 14-16 de leabhar na bpáistí freisin. Spreag na páistí an scéal a léamh dóibh féin.

CLEACTADH DIALAINNE

AN MÉID A D'FHOGHLAIM MÉ Ó IRIMIA

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne ar leathanach 16 dá leabhar, a thugann cuireadh dóibh machnamh a dhéanamh agus scríobh faoi rud ar bith i scéal Irimia a chabhródh leo ina saol féin.

DÁN

Cuir an dán seo in aithne na bpáistí. **Tá an dán ar leathanach 17 dá leabhar freisin.**

Irimia, Fáidh

'Ní mise, a Thiarna, páiste óg atá ionam.

Roghnaigh duine láidir, chun bheith i do chumann.'

Ach roghnaigh sé Irimia le bheith ina shaoi.

Nach cuma faoi aois – féachann Dia ar an gcroí!

In ainneoin a eagla, d'fhreagair Irimia an glao le bheith ina fháidh ag roinnt theachtaireacht Dé.

Go leor ina choinne, i gcoimhlint de ghnáth, 'Leasaígh bhur n-iompar' b'shin a bhí le rá.

In ainneoin na ndúshlán, choinnigh sé leis an tasc,

Ag craobhscaoileadh ghrá Dé – b'shin é an tasc. Lean sé ar aghaidh, le neart ó neamh, go díograiseach láidir, gan riamh a bheith leamh.

Tar éis duit an dán a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur orthu:

- Cén fáth, meas tú, a raibh drogall ar Irimia freagra a thabhairt ar ghlaó Dé?
- Cad a d'iarr Dia air a dhéanamh/a bheith?
- Arbh tasc éasca é seo do Irimia? Cén fáth nó cén fáth nárbh ea?
- Deir an file linn 'Nach cuma faoi aois'. Cad air a bhreathnaíonn Dia?
- Cén teachtaireacht a bhí ag Irimia?
- Cá bhfuair Irimia an misneach leanúint ar aghaidh in ainneoin na ndeacrachtaí a bhí aige?

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

IRIMIA ISTIGH SA TOBAR

Nóta: Beidh páipéar siúcra dubh agus cailc bhán uait don ghníomhaíocht seo.

- Ar dtús, cuimhnigh, fiú nuair a bhí Irimia istigh sa tobar, áit ar ceapadh go bhfaigheadh sé bás leis an ocras, lean sé air ag craobhscaoileadh Briathar Dé. Cuidigh leis na páistí na focail a d'fhéadfadh Irimia a rá a shamhlú (*m.sh. 'Tá am fós agaibh', 'Déan aithrí', 'Ní hé seo atá á iarraidh ag Dia'*).

- Ansin tabhair an páipéar siúcra dubh agus an chailc bhán do na páistí agus tabhair cuireadh dóibh an tobar a tharraingt. Iarr orthu roinnt focal nó frásaí a scríobh ag teacht aníos as an tobar, chun a thaispeáint go raibh Irimia fós ag seanmóireacht ón dtobar.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Insíonn an Sean-Tiomna scéal caidreamh Dé leis an domhan roimh theacht Íosa. I dtosach chruthaigh Dia an domhan, áit a raibh gach rud agus gach duine ann go maith. Ach d'iompaigh na daoine ó mhaitheas Dé agus pheacaigh siad. Rinne siad dearmad faoina gcaidreamh le Dia. Ach ní dhearna Dia dearmad riamh orthu. Chuir Dia na fáithe chucu chun a Bhriathar a labhairt leo. Ghlaoigh na fáithe na daoine ar ais chuig an gconradh; ar

ais chuig grá Dé. Chuir siad i gcuimhne na ndaoine go raibh grá agus trócaire Dé gan staonadh, agus gur gheall Dia go seolfadh sé Slánaitheoir, ar a thug siad an Meisias air, chucu. Bhí saol crua ag na fáithe. Níor theastaigh ó na daoine éisteacht leis an teachtaireacht a bhí acu. B'fhéidir gur féidir linn ceachtanna a fhoghlaim ó chreideamh agus ó seasmhacht na bhfáithe dár saol féin.

AG FOGHLAIM Ó SHAMPLA

Martin Luther King Sóisear

Meiriceánach Afracach ba ea Martin Luther King Sóisear. Rugadh é i Stáit Aontaithe Mheiriceá i mí Eanáir 1929. Breathnaíonn go leor daoine ar Martin Luther King Sóisear mar fháidh nua-aimseartha. Cosúil le hIrimia, bhraith sé gur ghlaoigh Dia air, agus é ina ógánach, chun labhairt amach faoi na rudaí a bhí mícheart leis an domhan mórthimpeall air agus chun daoine a ghlaoch ar ais chun Dia a leanúint.

Seanmóirí Baisteach ba ea athair Martin, agus mar sin d'fhás Martin i dteaghlach ina raibh teachtaireacht Dé le cloisteáil agus le feiceáil aige. Ní raibh sé ach naoi mbliana déag d'aois nuair a oirníodh é mar mhinistir sa chreideamh Baisteach.

Seanmóirí den chéad scoth ba ea Martin. Ba í an teachtaireacht lárnach a bhí aige ná go mbaineann comhionannas agus dínit le gach duine, toisc gur ball de chlann Dé gach uile dhuine, is cuma cén dath atá ar a gcráiceann, cén teanga a labhraíonn siad, is cuma an bhfuil siad saibhir nó bocht, oilte nó neamhoilte. Cosúil le hIrimia, craobhscaoil Martin a teachtaireacht le misneach agus le fuinneamh.

Ag an am sin i Stáit Dheisceartacha Mheiriceá, déileáladh le daoine gorma mar saoránaigh ísealchéime; is é sin le rá, níor déileáladh leo comhionann lena gcomharsana bána. Mar shampla, bhí ar pháistí gorma freastal ar scoileanna difriúla ó pháistí geala; ar iompar poiblí, ní raibh daoine gorma i dteideal suíochán a fháil, nó bhí orthu suí ar chúil; agus ní raibh go leor gairmeacha beatha ar fáil do dhaoine gorma is a bhí ar fáil do dhaoine geala. Tugadh cinédheighilt ar seo, agus bhí dlíthe ann chun a chinntiú go leanfadh an



choireáil éagórach seo ar dhaoine.

Mhóthaigh Martin ina chroí go raibh sé seo go léir an-éagórach. Ghlac sé páirt i ngluaiseacht na gcearta sibhialta chun cearta sibhialta a bhaint amach do gach duine. Thuig sé cé chomh héasca is a bhí sé do dhaoine a bheith searbh agus feargach agus a bheith ag iarraidh díoltas a lorg nuair a baineadh go dona leo, ach mhol sé do dhaoine i gcónaí agóid a dhéanamh go síochánta agus gan dul i ngleic le foréigean. Bhí a fhios aige gur rud an-deacair é seo a iarraidh ar dhaoine i gcúinsí den sórt sin, ach chreid sé go dtiocfadh athrú ar an domhan trí ghrá seachas trí fhuath. Chreid sé nach bhféadfadh le daoine a bheith saor go hiomlán ach amháin nuair a bheadh a gcroíthe saor ón bhfuath.

Bhí Martin chun tosaigh leis an mBaghcat ar na Busanna i Montgomery, a thosaigh nuair a dhiúltaigh bean ghorm darbh ainm di Rosa Parks a suíochán a thabhairt suas ar an mbus go fear bán. Gabhadh Rosa agus chaith sí oíche sa phríosún. Chuidigh Martin le baghcat a eagrú ar an gcóras iompair poiblí, a mhair

...

...

breis agus bliain. Ar deireadh thiar, bhí an bua ag an mbaghat agus cuireadh deireadh leis an deighilt ar an gcóras iompair poiblí.

Bhí ceathrar clainne ag Martin Luther King Sóisear. Shamhlaigh sé domhan ina ndéileálfaí leo leis an dínit agus an meas céanna is a bhí ar fáil do pháistí eile. Tá an óráid 'I Have A Dream' ar cheann de na hóráidí is cáiliúla ar domhan. San óráid sin, bhí súil ag Martin go dtiocfadh an lá ina mbeadh a pháistí ag maireachtáil i náisiún nach mbainfeadh tábhacht le dath a gcráiceann ach lena gcarachtair amháin.

Cosúil le hIrimia, fáidh, sheas Martin Luther King an fód i gcoinne cur ina éadan ó gach taobh. D'fhulaing sé ionsaí, príosúnacht, maslaí, buamáil, agus bhí a fhios aige go bhféadfai é a mharú ag am ar bith dá leanfadh sé lena chuid iarrachtaí. Ach chreid sé ina bhrionglóid agus, cosúil le hIrimia, lean sé ar aghaidh ag craobhscaoileadh a teachtaireacht.

Mar thoradh ar cheannaireacht Martin Luther King Sóisear, ritheadh an tAcht um Chearta Sibhialta i 1964 agus tugadh aitheantas agus meas do chearta sibhialta na Meiriceánach gorma. An bhliain chéanna,

bronnadh Duais Nobel na Síochána ar Martin, agus thug sé an t-airgead a fuair sé don choimhlint leanúnach um chearta sibhialta. Sa lá atá inniu ann, tá os cionn 730 sráideanna sna Stáit Aontaithe ainmnithe in onóir Martin Luther King Sóisear, agus beidh cuimhneamh air i gcónaí mar fhear, lán de chreideamh, a sheas an fód don mhéid inar chreid sé.

Ní raibh Martin Luther King Sóisear ach tríocha bliain d'aois nuair a dúnmharaíodh é ar bhalcóin an mhóstáin ina raibh sé ag fanacht i Memphis, Tennessee ar an 4ú Aibreán 1968. Bhí sé tar éis teacht go Memphis chun siúlóid agóide síochánta le hoibrithe sláintíochta a threorú. Ina óráid deiridh 'Mountaintop', a thug sé ar an oíche sular maraíodh é, dúirt sé nach raibh sé buartha agus nach raibh eagla air. An t-aon rud a bhí uaidh ná toil Dé a dhéanamh. Bhí a fhios aige go raibh seans ann nach bhfeicfeadh sé comhionannas ar an domhan i rith a shaol, ach bhí sé cinnte go dtarlódh sé lá éigin. Bhí sé buíoch gur thug Dia cead dó dul go dtí barr sléibhe agus an Tír Tairngire a fheiceáil. Chreid sé go mbainfeadh a chuid daoine, cosúil le Cine Tofa Dé sa tSean-Tiomna, an Tír Tairngire amach.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí ceisteanna simplí cosúil leo seo a leanas a chur orthu:

- Cérbh é Martin Luther King Junior?
- Cén aois a bhí aige nuair a oirníodh é mar mhinistir san Eaglais Bhaisteach?
- Cad a spreag é a bheith bainteach le gluaiseacht na gcearta sibhialta?
- Cén teachtaireacht a bhí aige? Cén cineál domhain a shamhlaigh sé a d'fhéadfadh a bheith ann?
- Cad a mhol sé do dhaoine a dhéanamh chun a gcuid cearta a bhaint amach/chun a leithéid de dhomhan a bhaint amach? Cad a mhol sé do dhaoine gan a dhéanamh?
- Cad iad na hathruithe a tháinig mar thoradh ar a chuid ceannaireachta?
- Cá háit agus cathain a dúnmharaíodh Martin Luther King Junior?

Ansin tochail níos doimhne trí ceisteanna cosúil leo seo a chur orthu:

- Cén fáth go ndeirtear gur fáidh é Martin Luther King Junior? Cad iad na bealaí ina bhfuil sé cosúil leis an bhfáidh Irimia?
- Cé nó cad a chuidigh le Martin Luther King Junior a bheith faoi mar a bhí sé? Cén fáth ar lean sé ar aghaidh mar a rinne sé, in ainneoin an fhreasúra agus na bagairtí ar a shaol?
- An gceapann tú go raibh sé deacair air na rudaí go léir a rinne sé a bhaint amach? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?
- Cad a cheapann tú faoi na teachtaireachtaí a thug sé? Conas a d'fhéadfadh sé sampla a thabhairt dúinn inniu?
- Dá ndéanfá óráid ag tosú le 'Tá brionglóid agam...', cad a déarfá fút féin agus faoin domhan?

PAIDIR

Nóta: Roimh an tréimhse urnaí, roghnaigh seachtar páiste chun na paidreacha a léamh os ard, agus páiste amháin chun páirt Irimia a léamh. Tabhair cuireadh do na páistí go léir seasamh i gciorcal don urnaí.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus an

choinneal á lasadh againn, cuimhnimid go bhfuil Dia linn.

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

'Irimia': Deir an Tiarna, 'A Mhuintir Iosrael, ghráigh mé thú le grá síoraí. Ghlaigh mé ort i



d'ainm, agus is liomsa thú. Fill chugam ar ais!'

Gach duine: Fillimid chugat ar ais.

Múinteoir: In aimsir Irimia d'iompaigh na daoine ó Dhia. Ach chuir Irimia in iúl dóibh gur ghráigh Dia iad le grá síoraí, gan athrú. Tá an grá céanna ag Dia dúinn. Glaonn sé orainn freisin. Deir Dia linn, 'Fill chugam ar ais!' Is é an freagra ar na paidreacha éagsúla ná: *Fillimid chugat ar ais.*

D'fhéadfá ceol machnamhach a sheinm idir na bpaidreacha.

Léitheoir 1: A Thiarna, tá brón orainn as na laethanta nuair nár smaoiníomar ort.

Gach duine: Fillimid chugat ar ais.

Léitheoir 2: A Thiarna, tá brón orainn as na laethanta nuair nár ghuíomar chugat.

Gach duine: Fillimid chugat ar ais.

Léitheoir 3: A Thiarna, tá brón orainn as na laethanta nuair a rinneamar dearmad ar do ghrá dúinn.

Gach duine: Fillimid chugat ar ais.

Léitheoir 4: A Thiarna, tá brón orainn as na laethanta nuair nár ligeamar do dhaoine eile páirt a ghlacadh inár ngrúpa.

Gach duine: Fillimid chugat ar ais.

Léitheoir 5: A Thiarna, tá brón orainn as na laethanta nuair a chuireamar an bhéim ar a bheith sa chéad áit.

Gach duine: Fillimid chugat ar ais.

Múinteoir: Is é an freagra a bheidh ar na paidreacha atá fágtha ná: *Go raibh maith agat as do ghrá.*

Léitheoir 6: A Thiarna, gabhaimid buíochas leat as na huaireanta uile nuair a bhí do thoil ar eolas againn.

Gach duine: Go raibh maith agat as do ghrá.

Léitheoir 7: A Thiarna, gabhaimid buíochas leat as na laethanta uile nuair a leanamar do ghlao.

Gach duine: Go raibh maith agat as do ghrá.

Múinteoir: Tógaimis tamall anois chun grá teolaí Dé a mhothú mórthimpeall orainn, ag cur fáilte chuige ar ais.

Glac sos go dtí go stopann an ceol machnamhach.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, tabhair an misneach dúinn a bheith fíor duit féin agus dod' Bhriathar. Go dtabharfaidh na fáithe spreagadh dúinn seasamh i gcónaí leis an méid atá ceart. Iarraimid é seo trí Íosa, ár gcara.

Gach duine: Áiméan.

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise

Aimsigh duine éigin a ...

Aimsigh duine éigin a ...	Aimsigh duine éigin a ...
Atá in ann uirlis cheoil a sheinm	Atá in ann uirlis cheoil a sheinm
Bhfuil deartháir aige	Bhfuil deartháir aige
Atá in ann teanga eile a labhairt	Atá in ann teanga eile a labhairt
Bhfuil súile donna acu	Bhfuil súile donna acu
Bhfuil breithlá acu i mí Mheán Fómhair	Bhfuil breithlá acu i mí Mheán Fómhair
Bhfuil dhá pheata nó níos mó acu	Bhfuil dhá pheata nó níos mó acu
Chónaigh i dtír eile	Chónaigh i dtír eile
Is breá leo tarraingt	Is breá leo tarraingt
Atá ar fhoireann spóirt	Atá ar fhoireann spóirt
Atá ag caitheamh fáinne inniu	Atá ag caitheamh fáinne inniu

Fíricí Faoi Na Fáithe

Ainm: Íseáia Teachtaireacht: Stop a bheith ag creidiúint i ndéithe bréagacha. Lean an fíor-Dhia amháin. Coinnigh na hAitheanta. Nuair a bheidh an t-am ceart, seolfaidh Dia duine uasal agus seirbhíseach grámhar chun a bheith i do cheannaire. Beidh sé mar Slánaitheoir agaibh. Sliocht: ‘Ní dhéanfaidh mise dearmad ortsa go deo! ... Féach, tá tú greanta ar bhosa mo lámh agam.’ (Íseáia 49:15-16)	Ainm: Irimia Teachtaireacht: Tá namhaid ag teacht. Ní bheidh Dia in ann tú a chosaint ón namhaid seo má tá tú iompaithe ar shiúl uaidh. Bí cothrom lena chéile. Tá an t-am ag teacht nuair a dhéanfaidh Dia conradh nua le muintir Iosrael. Sliocht: ‘Is mar seo a deir an Tiarna: Cleachtaigí macántacht agus fíréantacht; saoraigí an truán as láimh an té a dhéanann leatrom air.’ (Irimia 22:3)
Ainm: Barúch Teachtaireacht: Thug Irimia rabhadh duit go raibh namhaid ag teacht ach níor éist tú leis. Anois tá An Tír Tairngire a thug Dia daoibh caillte agaibh. Tá a fhios agam go bhfuil brón oraibh as an méid a rinne sibh mícheart. Tabharfaidh Dia maithiúnas daoibh. Nuair a bheidh an t-am ceart, tabharfaidh Dia sibh ar ais chuig An Tír Tairngire. Sliocht: ‘Bíodh misneach agaibh agus glaoigí ar Dhia! Sciobfaidh sé sibh ón ansmacht agus ó lámha bhur naimhde. Óir is as an Neach Síoraí atá mo dhóchas go sábhálfar sibh.’ (Barúch 4:21-22)	Ainm: Eizicéil Ról Fáidhiúil: Tá clú air as a chuid aislingí fiáine (a dtugtar ‘Fiseanna’ orthu) agus as a chuid fiseanna a chur i ngníomh le súil go gcuideodh sé seo leis na daoine teachtaireacht Dé a thuiscint. Sliocht: ‘Is sibhse mo chaoirigh, an tréad atá ar féarach agam, agus is mise bhur nDia – an Tiarna Dia a labhraíonn.’ (Eizicéil 34:31)
Ainm: Dainéil Ról Fáidhiúil: Bhí clú air toisc go raibh sé in ann brionglóidí a thuiscint. Bhí sé ina chomhairleoir speisialta ag an rí mar gheall ar an mbronntanas speisialta seo. Bhí éad ar dhaoine áirithe as cumas Dainéil brionglóidí a thuiscint. Uair amháin, caitheadh triúr dá chairde isteach i dtine. Tráth eile, caitheadh Dainéil isteach i bpoll chun go n-íosfadh leoin é. Ach bhí Dia ann i gcónaí chun é a shábháil agus a chosaint! Sliocht: ‘Go mbeannaítear ainm Dé ó aois go haois mar gur aige atá eagna agus cumhacht. Athraíonn sé uaine agus réanna agus is é a leagann síos ríthe agus a ardaíonn ríthe, a thugann eagna do shaoithe, agus eolas dóibh siúd a bhfuil tuiscint acu.’ (Dainéil 2:20-21)	Ainm: Hóisé Teachtaireacht: Tá dearmad déanta agaibh ar Dhia arís! Coinnigí na hAitheanta. Caith go cothrom lena chéile. Tá grá fós ag Dia daoibh. Iarr maithiúnas ar Dhia. Sliocht: ‘Leigheasfaidh mé a mídhílseacht, tabharfaidh mé grá dóibh go fonnmhar, mar ní díol feirge liom iad níos mó. Silfidh mé ar Iosrael mar an drúcht.’ (Hóisé 14:5-6)

Ainm: Ióeil Teachtaireacht: D'ionsaigh na mílte lócaistí plandaí feirmeoirí Iosrael agus d'ith siad iad. Dúirt Ióeil do na daoine muinín a bheith acu as Dia, fiú má bhí an chosúlacht ann go raibh gach rud ag dul in olcas. Ba é a theachtaireacht ná 'Tabharfaidh Dia aire daoibh'. Sliocht: D'inis Ióeil do na daoine an méid a theastaigh ó Dhia a bheadh le cloisteáil acu: 'Féach, tá arbhar agus úrfhíon agus ola nua á gcur chugaibh agam agus beidh bhur ndóthain díobh agaibh agus ní dhéanfaidh mé ceap magaidh díbh arís go deo os comhair na náisiún. Seolfaidh mé (na lócaistí) i bhfad uaibh.' (Ióeil 2:19-20)	Ainm: Ámós Teachtaireacht: Chruthaigh Dia an domhan ionas go mbeadh go leor ann do gach duine. Tá daoine áirithe ann atá santach agus daoine eile gan faic. Tá roinnt daoine á ndíol mar sclábhaithe, fiú. Roinn an méid atá agat le daoine eile. Sliocht: D'inis Ámós do na daoine an méid a theastaigh ó Dhia a bheadh le cloisteáil acu: 'Cuirfidh mé bail ar mo phobal Iosrael athuair; tógfaidh siad na cathracha scriosta agus cónóidh siad iontu; cuirfidh siad fíniúna agus ólfaidh siad a bhfíon; saothróidh siad gairdíní agus íosfaidh siad dá dtorthaí.' (Ámós 9:14)
Ainm: Óbaidiá Ról Fáidhiúil: Chuir Dia Óbaidiá chuig muintir Eadóm, tír díreach in aice le hIosrael. Theastaigh ó Dhia go gcabhródh muintir Eadóm leis na hIosraeilítigh nuair a rinne tír eile ionsaí orthu. Ach dhiúltaigh muintir Eadóm an rud a theastaigh ó Dhia a dhéanamh. Sliocht: Dúirt Dia le Óbaidiá é seo a rá le muintir Eadóm: 'Óir tá lá an Tiarna ar an tairseach ag na náisiúin go léir; mar a rinne tú leo, déanfar leat; fillfidh do bhearta ar do mhullach.' (Óbaidiá 1:15)	Ainm: Ióna Teachtaireacht: Tugann Dia grá do gach duine. Fiú nuair a pheacaímid, bíonn Dia ann, ag fanacht linn. Má rinneamar rudaí atá mícheart, is féidir linn athrú. Paidir Ióna: 'Nuair a bhí mé i gcruachás, scread mé ar an Tiarna, agus thug sé cluas do mo ghuí; ó bhroinn an Bháis ghlaigh mé ort agus d'éist tú le mo ghuth.' (Ióna 2:3)
Ainm: Míocá Teachtaireacht: Stop bheith ag creidiúint i ndéithe bréagacha. Lean an Dia fíor amháin. Coimeád na hAitheanta. Tosaigh arís. Cuirfidh mé rialóir láidir chugat le bheith i do cheannaire. Tabharfaidh sé síocháin daoibh. Beidh sé ina rí ar na daoine go léir. Sliocht: 'Míníodh duit, a dhuine, céard is maith agus céard a iarrann an Tiarna ort. Níl uaidh ach seo: an ceart a dhéanamh, buanghrá a chothú agus siúl go humhal i bhfochair do Dhé.' (Míocá 6:8)	Ainm: Nahúm Teachtaireacht: Feiceann Dia na drochrudaí a dhéanann daoine ar a chéile. Breathnaíonn Dia orainn agus cosnóidh sé sinn. Sliocht: 'Is maith é an Tiarna; dún daingean is ea é lá na buartha.' (Nahúm 1:7)

Ainm: Habacúc Teachtaireacht: Is féidir linn labhairt le Dia. Inár gcuid paidreacha táimid in ann tada a rá le Dia. Is féidir linn an méid atá uainn a iarraidh air freisin. Is féidir linn ceisteanna a chur air agus is féidir linn cabhair a iarraidh air. Uaireanta tagann freagra Dé ar ár nguí trí na focail sa Bhíobla. Uaireanta tagann sé trí dhaoine eile inár saol. Sliocht: ‘Ach lúcháirfidh mise sa Tiarna, déanfaidh mé gairdeas i nDia, mo Shlánaitheoir. Is é an Tiarna Dia mo neart; tugann sé dom luathchosa eilite; cuireann sé mé ag céimniú go daingean buach ar na harda.’ (Habacúc 3:18-19)	Ainm: Zafainiá Teachtaireacht: Stop ag creidiúint i ndéithe bréagacha. Lean an Dia fíor amháin. Coinnigí na hAitheanta. Mhúin Dia duit an bealach ceart le maireachtáil. Tosaigh á leanúint! Sliocht: ‘Tá an Tiarna, do Dhia, i do lár mar laoch caithréimeach; déanfaidh sé gairdeas go spleodrach mar gheall ort. Athnuafaidh sé thú le neart a ghrá; tógfaidh sé gártha áthais ar do shon faoi mar a dhéantar ar lá an tsollúntais.’ (Zafainiá 3:17)
Ainm: Haigía Teachtaireacht: Blianta ó shin, scrios ár naimhde ár dTeampall. Tá sé in am anois Teampall nua a thógáil. Is féidir linn dul ann chun Dia a mholadh. Sliocht: ‘Ansin labhair Haigía, teachtaire an Tiarna, leis an bpobal de réir ordú an Tiarna, á rá: “Táimse in bhur dteannta, a deir an Tiarna.”’ (Haigía 1:13)	Ainm: Zacairiá Ról Fáidhiúil: Mionfháidh. Tá clú air de bharr a chuid aislingí (ar a dtugtar ‘físeanna’), a raibh míniú ceilte acu. Cuireann físeanna Zacairiá in iúl dúinn go bhfuil Dia i gceannas ar an domhan ar fad. Beannaíonn Dia na daoine a ghéilleann dó. Sliocht: Deir an Tiarna: ‘Ligfidh mé fead orthu agus cruinneoidh mé iad le chéile; óir, táim tar éis iad a fhuascailt. Agus beidh siad chomh líonmhar agus a bhí siad riamh.’ (Zacairiá 10:8)
Ainm: Malaicí Teachtaireacht: Tá Dia chun teachtaire speisialta a sheoladh. Taispeánfaidh an teachtaire seo duit an bealach ceart le maireachtáil. Beidh sé mar Slánaitheoir agaibh. Sábhálfaidh sé sibh ó bhur bpeacaí. Sliocht: “‘Ar an lá atá á réiteach agam beidh siad ina maoinéach agam, a deir Tiarna na Slua, agus beidh trua agam dóibh faoi mar a bhíonn trua ag duine don mhac a bhíonn umhal dó.” (Malaicí 3:17)	

Téama 2: Íosa

Ceacht 1: Parabal na nOibrithe san Fhíonghort

Ceacht 2: Íosa an Fear Leighis

Ceacht 3: 'Cé hé a deir sibhse mé?'

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- D'ullmhaigh Dia an tAthair na hIosraeilítigh do theacht Íosa

Rúndiamhair Íosa Críost

- Glaodh 'Rabbi' ar Íosa, focal a chiallaíonn múinteoir
- Chaith Íosa le daoine eile, go háirithe na bochtáin agus na díbeartaigh, go cóir agus le trua
- Comhlíonann Íosa na geallúintí a tugadh sa Sean-Tiomna
- Ciallaíonn Críost 'An Té a hUngadh' (Meisias)
- Ba é an misean a bhí ag Íosa, bheith ag seanmóireacht, agus Ríocht Dé a thabhairt chun críche

Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta

- Guíonn Críostaithe as gach traidisiún An Phaidir

BRIATHAR DÉ

An Bíobla

- Comhlíonann Íosa gach geallúint a thug Dia dá Phobal Tofa. Mar sin tuigean Críostaithe Scrioptúir na nEabhrach agus na Soiscéil i dteannta a chéile
- Insíonn Scrioptúir na nEabhrach dúinn faoin am a bhíodas ag fanacht le teacht an tSlánitheora, a tháinig chun críche i dteacht Íosa

- Bhí na Giúdaigh ag tnúth leis an Meisias a gheall Dia dóibh
- Chomhlíon Íosa an gheallúint seo ina mhinistreach

An Scrioptúr Naofa

Plean Grámhar Dé don Slánú

- Ís 7:14. Ímeánúéil

Breith agus Óige Íosa

- Mth 2:1-11. Féile na hEipeafáine: Ionannas Íosa nochtaithe

Saol Poiblí Íosa

- Mth 12:9-14. Ag leigheas ar an Sabóid
- Mth 20:1-16. Parabal na n-oibrithe san fhíonghort
- Lúc 4:14-22. D'éiligh Íosa go mba é féin an Meisias
- Lúc 4:16-22. Spiorad an Tiarna
- Lúc 7:19-23. Comharthaí an Meisias

Páis agus Bás Íosa

- Eoin 12:12-19 Ag dul isteach go Iarúsailéim

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

Paidreacha Breise

- Paidir an tSuaimhnis

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

Beatha Íosa

D. *Mac Dé.*

- Iniúchadh a dhéanamh ar ionchais agus ar dhíomá an chine thofa i dtaca le hÍosa de.
- Iniúchadh a dhéanamh ar na dóigheanna a gcreideann Críostaithe gurb é Íosa an Slánaitheoir - *Íseáia 9:6-7*.

F. *Ministreacht Íosa.*

- Scéalta faoin dóigh ar chuidigh Íosa le daoine a bhí san anás a mheabhrú agus machnamh a dhéanamh orthu - *Marcas 2:1-12; Matha 8:1-3*.
- Iarmhairtí agus impleachtaí chaidreamh Íosa le daoine a fháil amach, a phlé agus a fhorbairt.
- Staidéar a dhéanamh ar theagasc Íosa bunaithe ar pharabail agus ar ráitis thábhachtacha ón tSeanmóir ar an Sliabh go háirithe, agus an bhaint atá acu le saol an lae inniu a thaispeáint - *Lúcás 15; Matha 5:1-12*.

CUSPÓIR FOGHLAMA 2

An Eaglais Chríostaí

1. *Tús agus fás.*

- Machnamh agus athinsint a dhéanamh ar an méid a d'inis na haspail do dhaoine eile faoi Íosa.

CUSPÓIR FOGHLAMA 3

An Mhoráltacht

B. *Meas ar a chéile.*

- Fiosrú faoi na luachanna a bhíonn mar chuidiú le pobal a thógáil agus taithí a fháil orthu.

D. *Meas ar an dtimpeallacht.*

- Plé a dhéanamh ar na deacrachtaí atá ag an duine bheith ina chomhoibrí le Dia le domhan níos fearr a chruthú.

Ceacht 1: Parabal na nOibrithe san Fhíonghort



SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa cheacht seo féachaimid ar Pharabal na nOibrithe san Fhíonghort. B'fhéidir go mbeadh an pictiúr de Ríocht Dé a chuirtear i láthair sa pharabal seo deacair a thuiscint; agus, do roinnt daoine, b'fhéidir go mbeadh an méid a deir sé faoi Ríocht Dé deacair glacadh leis. Sa pharabal, íocann úinéir an fhíonghoirt iad siúd a d'fhostaigh sé go déanach sa lá mar an gcéanna leo siúd a d'fhostaigh sé go luath ar maidin, ag meánlae agus san iarnóin. B'fhéidir go gceapfaidh daoine áirithe é seo a bheith éagórach - agus i bhfad ó ríocht nó réimeas an ghrá agus an cheartais a gheall Íosa. Tugann an parabal dúshlán dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar an sainmhíniú atá againn ar an gciall a bhaineann le bheith flaithiúil - agus comparáid a dhéanamh idir ár gcuid smaointe a bhaineann le cothroime agus flaithiúlacht Dé mar a léirítear é sa pharabal seo. Gníomhaíonn Dia le flaithiúlacht i leith gach duine - an chéad duine agus an duine deireanach mar an gcéanna. Caitear go cothrom le gach

duine i Ríocht Dé.

Molaimid do na páistí breathnú ar an bparabal ó thaobh na gcarachtar go léir a léirítear ann, úinéir an fhíonghoirt san áireamh freisin. A mhéid agus is féidir linn, déanaimid iarracht an léirmhíniú iomlán ar an bparabal seo a cheilt i dtreo is go ndéanfaidh na páistí machnamh air agus teacht ar an mhíniú dóibh féin. Molaimid duit an rud céanna a dhéanamh. Ag deireadh an cheachta, b'fhéidir go gceapfaidh roinnt páistí gur ghníomhaigh úinéir an fhíonghoirt go héagórach, agus go mbeadh sé níos fearr gach duine a íoc bunaithe ar na huairéanta a d'oibrigh siad. B'fhéidir go mbeadh meas ag páistí eile ar úinéir an fhíonghoirt as a fhlaithiúlacht agus go gcuirfeadh sé iad ag smaoineamh ar conas a bheadh sé an fhlaithiúlacht sin a fháil. B'fhéidir go mbeadh siad in ann a shamhlú cé chomh deacair nó chomh furasta a bheadh sé an fhlaithiúlacht sin a chleachtadh iad féin.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Ríocht Dé:** Tugtar ríocht na bhFlaitheas uirthi freisin. Níl suíomh ná áit ar leith i gceist anseo ach an cineál domhain a chruthaímid nuair a mhairimid de réir theagasc Íosa. Tá Ríocht Dé le feiceáil cibé áit a gcónaíonn daoine le chéile, go síochánta agus go grámhar.
- **Parabal:** Scéal simplí a úsáidimid chun rud éigin tábhachtach a mhúineadh. D'inis Íosa parabail go minic chun múineadh faoi Ríocht Dé.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Triopall fionchaor
- Cóip den teimpléad (thíos) 'Úinéir an Fhíonghoirt' do gach páiste
- Cóip den teimpléad (thíos) 'Ag tógáil Ríocht Dé' do gach páiste. B'fhéidir go mbeidh ábhair dathúcháin ag teastáil ó roinnt leanaí freisin

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

FAOIN FHLAITHIÚLACHT

Sula léann tú an scéal, déan comhrá leis na páistí faoin fhlaitiúlacht agus a bhfuil i gceist léi, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Cad is ciall leis an bhfocal ‘flaitiúlacht’? Ainmnigh cuid de na bealaí is féidir le daoine flaitiúlacht a thaispeáint i leith daoine eile.
- An féidir leat smaoineamh ar dhuine ar bith a bhfuil aithne agat orthu atá flaitiúil? Inis don rang faoin gcaoi a ndéanann an duine seo flaitiúlacht a léiriú.
- Nuair a bhíonn duine fial i do leith, conas a bhraitheann tú dá bharr?
- An dóigh leat go mbeadh daoine flaitiúla níos sona ná iad siúd atá santach? Cén fáth?
- Cad a chabhródh le duine a bheith flaitiúil?
- Ar mhaith leat a bheith níos flaitiúla mar dhuine? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith leat?

SCÉAL

Scéal faoi Ghrá agus faoi Fhlaitiúlacht

Bhí Tomás agus Fíona ina gcónaí lena máthair i dteach beag i lár an bhaile. Bhí Tomás ocht mbliana d’aois agus bhí Fíona seacht mbliana d’aois. Lá amháin i mí Feabhra, d’éirigh Tomás breoite go tobann agus tógadh chuig an ospidéal láithreach é. Ar feadh cúpla lá d’fhan sé gan aithne agus ní raibh na dochtúirí nó na haltraí cinnte an mairfeadh sé. Bhí an-áthas ar Fíona agus ar a mam nuair a dhúisigh sé ar deireadh agus bhí sé in ann labhairt leo arís.

Go gairid, bhí sé soiléir go mbeadh ar Thomás cúpla mí a chaitheamh san ospidéal agus go mbeadh go leor cúraim agus aire ag teastáil uaidh. Shuigh a mháthair ag a leaba gach lá, ag coinneáil greim ar a lámh, ag comhrá leis agus ag léamh scéalta dó. Chuaigh Fíona chuig an ospidéal gach lá freisin i ndiaidh am scoile. Bhíodh sí ag imirt cártaí agus cluichí boird lena deartháir agus ag insint dó faoi rud ar bith neamhghnách a tharla óna cuairt dheireanach. Is minic a dúirt a máthair gur deirfiúr iontach a bhí inti.

Le himeacht aimsire, an t-aon rud amháin a bhí ag teastáil ó Fíona ná go mbeadh rudaí ar ais faoi mar a bhí siad cheana, agus an triúr acu sa bhaile le chéile. Le déanaí ní raibh sí in ann am a chaitheamh lena máthair, mar bhí sí i gcónaí tuirseach nuair a tháinig sí abhaile ón ospidéal. Theastaigh uaithe go mbeadh am ag a máthair chun cácaí a bhácáil léi agus chun canadh léi nuair a bheadh sí ag dul a luí san oíche. Thosaigh Fíona ag smaoineamh n’fheadar an raibh an grá céanna ag a máthair di agus a bhí aici do Thomás. Nuair a labhair sí go pearsanta lena máthair, an freagra a fuair sí ná: ‘Ní mór dom bheith le Tomás anois. Ach ná bíodh imní



ort, tá neart ghrá ag máithreacha i gcónaí. Tá raidhse ghrá agam le tabhairt duit.’

Bhí Tomás an-bhuíoch as na cuairteanna agus as an aird a fuair sé óna mháthair agus óna dheirfiúr. Chuir sé áthas air iad a fheiceáil, ach bhí a fhios aige gur chuir sé stró ar a mháthair an t-am a fháil chun teacht isteach gach lá chuige. Is minic a dúirt sé léi gur chóir di dul abhaile toisc go raibh cuma tuirseach uirthi. Uaireanta lig sé air gur theastaigh uaidh dul a chodladh, i dtreo is go mbeadh seans aici dul abhaile go luath. Bhí sé buíoch freisin as an t-am a chaith a dheirfiúr chun cuairt a thabhairt air.

Diadid ar ndiaidh tháinig biseach ar Thomás, agus d’fhill sé abhaile i mí Iúil, dhá sheachtain tar éis lá breithe Fíona. Chuir na comharsana bratach thar doras an tí a léigh ‘Fáilte ar ais abhaile a Thomáis’ agus thug siad go leor cácaí





...

agus milseáin don bhfleá a bheadh ann ina onóir. Déanadh Tomás a iompar isteach sa teach, ach bhí áthas air a bheith sa bhaile arís. Bhí áthas ar Fíona freisin a deartháir a bheith ar ais arís, ach smaoinigh sí chomh maith nár tugadh mórán aird ar a lá breithe. Leis an fhírinne a rá, níor tugadh aird ar bith air, mar go raibh gach duine dírithe ar fhilleadh Thomáis go dtí an teach.

Ansin cúpla lá ina dhiaidh sin, nuair a tháinig Fíona abhaile ón scoil, thug sí faoi deara go raibh go leor carranna lasmuigh dá teach. D'aithin sí carr a haintín agus carr eile a bhain le cara a máthair. Bhí sí corraithe nuair a chuaigh sí chuig doras an tí. Ghuigh sí nach raibh Tomás tinn arís, nó nach bhfuair sé bás. Chomh luath agus a d'oscail sí an doras, d'éirigh gáir mór ard óna gaolta agus óna cairde a bhí bailithe taobh istigh. 'Tá súil agam nach gcuireann

sé isteach ort do lá breithe a cheiliúradh níos déanaí i mbliana,' a dúirt a máthair léi le haoibh gháire, agus í ag tabhairt barróg di agus á tabhairt thall go dtí an tábla áit a raibh ciste lá breithe le hocht gcoinneal agus a hainm air. 'D'iarr Tomás orainn fanacht go dtí go mbeadh sé sa bhaile ón ospidéal ionas go bhféadfadh sé a bheith anseo chun do lá breithe a cheiliúradh in éineacht leat.'

Bhí croí Fíona lán le háthas nuair a chonaic sí Tomás ag lasadh na gcoinne. Ansin, d'iarr a máthair uirthi mian a dhéanamh. 'Tá mo mhianta go léir faighte agam,' shíl Fíona léi féin, agus í ag rá le gach duine gurb é seo an lá breithe is fearr a bhí riamh aici. Smaoinigh sí conas a bhí amhras uirthi nach raibh grá ag a máthair di, nó conas a bhí éad uirthi lena deartháir. Ba í a máthair an duine is fearr ar domhan.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí ceisteanna simplí, cosúil leo seo a leanas, a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 18 dá leabhar freisin:**

- Céard a tharla do Thomás? Cén fáth a raibh air tamall fada a chaitheamh san ospidéal?
- Cén chaoi ar léirigh Fíona agus a máthair go raibh grá acu do Thomás?
- Céard a rinne Tomás chun grá a thaispeáint dá mháthair?
- Cad a chuir iontas mór ar Fhíona, cúpla seachtain tar éis dá deartháir teacht abhaile ón ospidéal? Cén chaoi ar mhothaigh sí ansin?

Ansin tochail níos doimhne trí ceisteanna cosúil leo seo a chur orthu:

- Conas a léirigh gach duine sa scéal seo grá agus flaithiúlacht dá chéile?
- Cén difríocht, dar leat, a rinne na cuairteanna a thug a mháthair agus a dheirfiúr air, do Thomás? Conas a mhothaigh sé, dar leat, go raibh siad sásta an oiread sin ama a chaitheamh

chun a bheith in éineacht leis?

- Uaireanta, lig Tomás air gur theastaigh uaidh dul a chodladh, chun go bhféadfadh lena mháthair imeacht abhaile go luath. Cad a insíonn sé sin leat faoin gcineál duine ba ea Tomás?
- Is féidir le daoine a bheith flaithiúil ar bhealaí éagsúla, mar a thaispeáin na carachtair sa scéal seo dúinn. Daoine an-fhlaithiúla ab ea cuid de na naoimh. Thug Naomh Proinsias Assisi a shaibhreas go léir uaidh. Chaith Naomh Treasa de Calcúta a saol ar fad ag cuidiú leis na boicht. Bhí cáil ar Naomh Bríd as a flaithiúlacht i leith strainséirí. An féidir leat smaoineamh ar aon naoimh eile nó ar fhir agus mná naofa eile a bhí flaithiúil? Cad a spreagann nó a threoraíonn daoine mar sin, meas tú, chun a bheith flaithiúil?
- Roinn scéalta le chéile faoi amanna a raibh taithí agat nó a chonaic tú flaithiúlacht daoine eile.

PAIDIR

Nóta: Tá cúig urnaí achainí ar fáil thíos. Roghnaigh cúigear páiste chun na paidreacha seo a léamh.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus an choinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Inniu, guímis le Dia chun buíochas a ghabháil leis as flaithiúlacht daoine eile. Is é an freagra ar na

paidreacha ná: *A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.*

Léitheoir 1: Guímis ar son ár dtuismitheoirí, caomhnóirí agus cúramóirí. Gabhaimid buíochas le Dia as a bhflaithiúlacht agus iad ag tabhairt aire dúinn agus ag freastal orainn. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 2: Guímis ar son ár gcuid múinteoirí, ár gcúntóirí agus gach duine a oibríonn inár scoil. Gabhaimid buíochas le Dia as an fhlaithiúlacht

agus an cineáltas a léiríonn siad dúinn. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 3: Guímis ar son ár gcairde. Gabhaimid buíochas le Dia as flaithiúlacht ár gcairde, a chabhraíonn linn agus atá ann dúinn nuair a bhíonn tacaíocht agus cairdeas de dhíth orainn. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 4: Guímis ar son na daoine a oibríonn le Trócaire, le Cumann na Leanaí Misinéireachta agus le carthanachtaí eile. Ná dtiocfaidh tuirse orthu agus iad ag tabhairt seirbhís do na daoine a dteastaíonn cabhair uathu. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 5: Guímis ar ár son féin. Go mbeimid flaithiúil i gcónaí dár dteaghlaigh, dár gcairde, do na daoine go léir atá ar an ngannchuid, agus do chruthú an domhain uile. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: Smaoinigh ar dhaoine eile, a bhfuil aithne agat orthu, atá flaithiúil leat agus le daoine eile. Is féidir leat guí ar a son anois, os ard nó i gciúnas do chroí féin.

Lig cúpla nóiméad do na páistí guí os ard nó ina dtost.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, tá a fhios againn go gcloiseann tú ár bpaidreacha. Cabhraigh linn a bheith grámhar agus flaithiúil i gcónaí.

Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.



Foghlaimimis ...

GNÍOMHAÍOCHT ATHGHAIRME

'SCÉAL FAOI GHRÁ AGUS FAOI FHLAITHIÚLACHT'

Tabhair an scéal chun chuimhne. Tabhair cuireadh do na páistí léargas ar bith a fuair siad faoi ghrá agus faoi fhlaithiúlacht a roinnt ón scéal seo.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

MÚINEANN ÍOSA FAOI FHLAITHIÚLACHT

- Tabhair cuireadh do na páistí na sainmhínte ar pharabal agus ar Ríocht Dé **ar leathanach 18 dá leabhar** a léamh.
- Sula léann tú Parabal na nOibrithe san Fhíonghort, cuir i gcuimhne do na páistí gur tháinig Íosa ar domhan chun daoine a mhúineadh faoi Dhia agus chun a insint dóibh faoi Ríocht Dé. Is minic a d'úsáid Íosa parabail chun tuiscint a thabhairt do dhaoine faoi Ríocht Dé.
- Sula léann tú Parabal na nOibrithe san Fhíonghort, mínigh do na páistí, in aimsir

- Íosa, ba ghnáthchleachtas é do dhaoine a bhí dífhostaithe seasamh sa mhargadh gach lá, ag súil go mbeadh obair le fáil acu chun go bhféadfaidís airgead a thuilleamh chun a dteaghlach a bheathú. D'íocfaí na hoibrithe ag deireadh an lae don obair a rinneadh an lá sin. Is annamh a bhí go leor obair ann do gach duine, agus uaireanta bheadh oibrithe ina seasamh ar feadh i bhfad gan á bhfostú, agus ag filleadh abhaile um thráthnóna gan íochaíocht ar bith.
- Anois léigh an chéad chuid den pharabal.

Parabal na nOibrithe san Fhíonghort – Cuid 1 (Matha 20:1-7)

Óir is iad dála ríocht na bhflaitheas mar a bhí ag fear tí a ghabh amach go moch ar maidin chun lucht oibre a fhóstu i gcomhair a fhíonghort. Réitigh sé leis na fir oibre ar dhéanar sa lá agus sheol sé isteach ina fhíonghort iad. Nuair a chuaigh sé amach timpeall an tríú huair, chonaic sé daoine eile ina seasamh díomhaoin in áit an mhargaidh agus dúirt sé leo: 'Isteach i m'fhíonghort libhse freisin, agus díolfaidh mé libh an pá ceart.' Agus isteach leo. Chuaigh sé amach arís timpeall an séú agus an naoú huair agus rinne sé an rud céanna. Ach nuair a chuaigh sé amach timpeall an aonú huair déag, fuair sé tuilleadh acu ann agus dúirt leo: 'Cad a d'fhág anseo ar feadh an lae sibh agus sibh

díomhaoin?' Dúirt siad: 'Mar nár fhostaigh aon duine sinn.' Dúirt sé leo: 'Sibhse freisin, isteach san fhíonghort libh.'



- Tar éis duit an chéad chuid den pharabal a léamh, tabhair nóiméad ciúnais do na páistí chun smaoineamh ar an scéal.
- Déan cinnte de go dtuigeann gach duine na sonraí éagsúla den scéal: fostaíodh cúig shraith oibrithe ag amanna éagsúla i rith an lae chun obair san fhíonghort – go luath ar maidin, 9 am, meán lae, 3 pm agus 5 pm.
- Tá Parabal na nOibrithe san Fhíonghort i leabhar na bpáistí freisin. Spreag na páistí chun cuid a haon den pharabal a léamh ar leathanach 19 dá leabhar agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an nGníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' a leanann an sliocht ó na Scríptúir.

RÓLIMIRT 1

FAOI A BHEITH TOFA

- Divide the class into five groups, with each Roinn an rang i gcúig ghrúpa, agus gach grúpa ag seasamh do na hoibrithe éagsúla sa pharabal a fostaíodh ag amanna éagsúla i rith an lae: go luath ar maidin, ag 9 am, ag meánlae, ag 3 pm agus ag 5 pm.
- Iarr ar na páistí an comhrá a d'fhéadfadh a tharlú idir na hoibrithe agus iad ina seasamh timpeall ag súil go bhfostófar iad a aithris.
- B'fhéidir gur mhaith leat a iarraidh ar pháiste amháin i ngach grúpa páirt úinéir an fhíonghoirt, a d'fhostaigh na hoibrithe, a ghlacadh.
- Déan comhrá leis na páistí faoin gcaoi ar féidir leo mothúcháin na gcarachtar a thaispeáint ag baint úsáid as léiriú aghaidhe agus gothaí chomh maith le focail.
- Ansin tabhair cúpla nóiméad do na grúpaí cleachtadh a dhéanamh ar a rólímirt.
- Tabhair cuireadh do gach grúpa a rólímirt a léiriú don rang, ag tosú leis an ngrúpa go luath ar maidin. Ag deireadh rólímirt gach grúpa, iarr ar an ngrúpa a bheith ina staic d'fhonn íomhá neamhbheo a dhéanamh. Ansin iarr ar gach páiste san íomhá a smaointe agus a mothúcháin a chur in iúl.
- Ansin tabhair cuireadh do bhaill an ghrúpa a scíth a ligean, ach fanacht i gcarachtar, agus na ceisteanna thíos á úsáid agat chun eispéireas an ghrúpa a scrúdú níos mó.
- Tabhair na cosúlachtaí agus na difríochtaí i bhfreagraí na ngrúpaí faoi deara.

An Grúpa Luath Maidin:

- Conas a bhraitheann sé a bheith roghnaithe ar dtús? Cén fáth?
- Cén tábhacht a bhaineann leis an roghnú seo duit féin agus dod' theaghlach?
- An bhfuil tú sásta leis an méid a dúirt úinéir an fhíonghoirt duit a bheadh mar phá agat as an lá oibre?
- Dá bhféadfá rud éigin a rá le húinéir an fhíonghoirt anois faoin gcaoi a bhraitheann tú faoi láthair, cad é déarfá?

Grúpa 9 am:

- Ar shíl tú go dtiocfadh úinéir an fhíonghoirt ar ais? Cén fáth, dar leat, gur tháinig sé ar ais?
- Phioc sé tusa sa dara babhta. Cén fáth a gceapann tú nár roghnaigh sé tú ar dtús?
- Cén tábhacht a bhaineann leis an roghnú seo duit féin agus dod' theaghlach?

Grúpa Meán lae:

- Conas a mhothaigh tú nuair nár roghnaíodh tú roimh mheánlae?

- Conas a mhothaigh tú nuair a roghnaíodh na daoine eile agus nár roghnaíodh tusa?
- Cad a déarfá le húinéir an fhíonghoirt faoin gcaoi a bhraitheann tú anois?

Grúpa 3 pm:

- Cén fáth, dar leat, nár fostaíodh tú roimhe seo?
- Cén fáth, dar leat, ar tháinig úinéir an fhíonghoirt ar ais chugat?
- An bhfuil tú ag súil go n-íocfar an oiread céanna leat agus a n-íocfar leo siúd a thosaigh ag obair níos luaithe?

Grúpa 5 pm:

- Cén fáth, dar leat, nár fostaíodh tú go dtí seo? Conas a mhothaigh tú agus tú i do sheasamh ansin an lá ar fad gan obair?
- Cén fáth, dar leat, a tháinig úinéir an fhíonghoirt ar ais chugat?
- An bhfuil tú ag súil go n-íocfar an oiread céanna leat agus a n-íocfar leo siúd a thosaigh ag obair níos luaithe?

Parabal na nOibrithe san Fhíonghort – Cuid 2 (Matha 20:8-16)

‘Nuair a bhí an tráthnóna ann, dúirt úinéir an fhíonghoirt leis an mbainisteoir: ‘Glaigh ar na fir oibre agus tabhair dóibh a dtuarastal, siar ón dream déanach go dtí an dream is túisce a tháinig.’ Nuair a tháinig muintir an aonú huair déag, fuair siad déanar an duine. Agus shíl an chéad dream nuair a tháinig siad go bhfaighidís níos mó. Ach is déanar an duine a fuair siad sin féin. Agus nuair a fuair siad é, bhí siad ag monabhar ar fhear an tí: ‘An dream déanach seo,’ deiridís, ‘níor thug siad ach an t-aon uair amháin, agus chuir tú ar aon dul iad féin agus sinne a d’fhulaing ualach an lae agus an brothall.’ D’fhreagair sé duine acu á rá: ‘Nílím ag déanamh aon éagóra ort, a chara: nach ar dhéanar a réitigh tú liom? Tóg a bhfuil ag dul duit agus imigh. Ach is áil liomsa oiread a thabhairt don fhear deireanach seo agus a

thugaim duit. An ea nach bhfuil cead agam mo rogha ní a dhéanamh le mo chuid féin? Nó an ea go bhfuil do shúilse éadmhar de bhrí go bhfuilím féin maith?’

[Ag críochnú, dúirt Íosa] “Sin mar a bheidh a bhfuil ar deireadh ar tosach agus a bhfuil ar tosach ar deireadh.”



- Tar éis duit an chuid deiridh den pharabal a léamh, tabhair nóiméad ciúnais do na páistí chun smaoineamh ar an méid a tharla.
- Déan cinnte de go dtuigeann gach duine an deireadh atá leis an scéal: íocadh gach duine mar an gcéanna, is cuma cá fhad a d’oibrigh siad. Seachain aon díospóireacht faoi

chothroime an scéil ag an bpointe seo.

- **Spreag na páistí chun an dara cuid den pharabal a léamh ar leathanach 20 dá leabhar agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht ‘Smaoinigh air seo ...**

RÓLIMIRT 2

DEIREADH AN LAE

- Tabhair cuireadh do na páistí teacht le chéile sna cúig grúpaí: iad siúd a fostaíodh go luath ar maidin, ag 9 am, ag meánlae, ag 3 pm agus ag 5 pm.
- An uair seo, iarr ar na páistí rólímirt a dhéanamh ar an nóiméad nuair a íocadh iad. B’fhéidir gur mhaith leat a iarraidh ar pháiste amháin i ngach grúpa ról an bhainisteora, a d’íoc a dtuarastal, a ghlacadh.
- Mar a rinneadh cheana, déan comhrá leis na páistí faoin gcaoi ar féidir leo mothúcháin na gcarachtar a thaispeáint ag baint úsáid as léiriú aghaidhe agus gothaí chomh maith le focail.
- Ansin tabhair cúpla nóiméad do na grúpaí

cleachtadh a dhéanamh ar a rólímirt.

- Tabhair cuireadh do gach grúpa a rólímirt a léiriú don rang, ag tosú leis an ngrúpa go luath ar maidin. Ag deireadh rólímirt gach grúpa, iarr ar an ngrúpa a bheith ina staic d’fhonn íomhá neamhbheo a dhéanamh. Ansin iarr ar gach páiste san íomhá a smaoineamh agus a mothúcháin a chur in iúl.
- Ansin tabhair cuireadh do bhaill an ghrúpa a scíth a ligean, ach fanacht i gcarachtar, agus na ceisteanna thíos á úsáid agat chun eispéireas an ghrúpa a scrúdú níos mó.
- Tabhair na cosúlachtaí agus na difríochtaí i bhfreagraí na ngrúpaí faoi deara.

Grúpa 5 pm:

(Tabhair faoi deara gur íocadh an grúpa oibrithe seo ar dtús.)

- Conas a bhraitheann tú anois, tar éis duit pá lae a fháil gan ach cúpla uair an chloig oibre?
- Cad iad na focail a d’úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar úinéir an fhíonghoirt agus an méid a rinne sé?

- Cén fáth, dar leat, a ghníomhaigh úinéir an fhíonghoirt ar an mbealach seo?

Grúpa 3 pm:

- D’oibrigh sibh dhá uair an chloig níos faide ná an grúpa 5 pm, ach íocadh mar an gcéanna sibh. Conas a bhraitheann sibh dá bharr?
- An gceapann sibh gur chóir go n-íocfaí níos

mó sibh? Cén fáth nó cén fáth nár cóir?

- An oibreofá d'úinéir an fhíonghoirt seo arís? Cén fáth nó cén fáth nach n-oibreofá?

Grúpa Meán lae:

- Íocadh sibh mar an gcéanna leis an ngrúpa a d'oibrigh cúig uair an chloig níos lú ná sibhse. Cén fáth, meas sibh, go ndearna úinéir an fhíonghoirt amhlaidh?
- Ach níor oibrigh sibh chomh fada leis an gcéad ghrúpa, agus gheobhaidh siad an tuarastal céanna libhse. An gceapann sibh go bhfuil sé sin cóir? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann sibh?
- Cad a cheapann sibh faoi úinéir an fhíonghoirt seo?

Grúpa 9 am:

- Conas a mhothaigh tú nuair a roghnaíodh tú? Ag breathnú siar anois, an raibh sé go maith tú a bheith pioctha go luath? Cén fáth nó cén fáth nach raibh sé go maith?

- Ar íocadh tú níos mó nó níos lú ná mar a cheap tú go ndéanfaí? Conas a bhraitheann tú dá bharr sin?
- Cén fáth, dar leat, a d'íoc úinéir an fhíonghoirt na daoine a thosaigh níos déanaí ná tusa an oiread céanna agus a d'íoc sé leat? Cad a cheapann tú faoin méid a rinne sé?

Grúpa Luath Maidin:

(Tabhair faoi deara gur íocadh an grúpa oibríthe seo ar deireadh.)

- Ag tús an lae, ar cheap tú go raibh sé go maith a bheith pioctha ar dtús? An bhfuil do thuairim athraithe? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- Cén fáth, dar leat, a rinne úinéir an fhíonghoirt an méid a rinne sé?
- Ar íocadh an méid a raibh tú ag súil leis? Cén fáth gur bhraith tú gur caitheadh go héagórach leat?
- An oibreofá d'úinéir an fhíonghoirt seo arís? Cén fáth nó cén fáth nach n-oibreofá?

DÁN

Cuir an dán seo in aithne na bpáistí.

An t-Oibrí

D'éirigh mé go luath chun seans a fháil,
Ach bhí imní orm an scuaine 'fheiceáil.
Níor roghnaíodh mé - fiú an fanacht fada.
Nach trua anois mé – anois mé gan dada.

An chéad uair eile sheas mé go hard is go díreach,
Rud nach bhfuil furasta nuair atá tú beag bídeach.
Ach mo léan, mo léan, níor tugadh dom comhartha,
Gan airgead le fáil nach mé a bhí buartha.

Sheas mé ansin go daingean diongbháilte,
Agus géag agam gan a bheith lán sábháilte.
Sheas mé ansin gan rud i bhfolach,
Nuair a dúirt sé liom: 'Tusa, a mhac.'

Lean mé ag obair in ainneoin mo mhaide croise.
Ó an t-áthas a bhí orm le déanar i lár mo bhoise!
Cad as an fear seo? Ní féidir a rá.
Caithfidh go bhfuil a chroí lán de ghrá.

Tar éis duit an dán a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí ceisteanna cosúil leo seo a chur orthu:

- Cén fáth ar éirigh an fear go luath?
- Cad a cheap sé a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis gan é a bheith á phiocadh go luath?
- Cén chaoi a bhfuil a fhios againn gur duine é an t-oibrí seo a leanann ar aghaidh fiú nuair a bhíonn sé deacair?
- Cad a cheap an t-oibrí seo faoin bhfear a d'fhostaigh é?

Ansin tochail
níos doimhne trí
ceisteanna cosúil leo
seo a chur orthu:

- Cén fáth, dar leat, go bhféadfadh an t-oibrí a bheith ag súil nach bhfostófaí é?
- Cé na daoine eile a mbeadh deacrachtaí acu uaireanta le bheith fostaithe nó roghnaithe?
- Cad a cheap tú a bhí i gceist ag an bhfear seo nuair a dúirt sé 'gan rud i bhfolach'?



AG COMHRÁ

Cuir i gcuimhne do na páistí gur inis Íosa an Parabal faoi na hOibrithe san Fhíonghort chun cabhrú lena lucht leanúna beagán níos mó a thuiscint faoi Ríocht Dé. Tabhair an líne deiridh den sliocht ó na Scrioptúir chun cuimhne: 'Sin mar a bheidh a bhfuil ar deireadh ar tosach agus a bhfuil ar tosach ar deireadh.' Anois déan an pointe seo a scrúdú a thuilleadh trí na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna a úsáid:

- Samhlaigh an ócáid sa pharabal seo ag tarlú inniu. Cén cineál daoine, dar leat, a bheadh ar na daoine a thabharfar fostú dóibh ar dtús? Cén cineál daoine a shíleann tú a d'fhéadfadh a bheith ar na daoine deireanacha le fostú?
- Is cosúil go bhfuil Íosa ag rá go mbeidh na daoine atá 'deireanach' anois sa chéad áit i Ríocht Dé, agus go mbeidh na daoine atá 'ar dtús' anois ar deireadh i Ríocht Dé. Cad a cheapann tú faoi sin? Cad a insíonn sé seo duit faoi Ríocht Dé?

- An gceapann tú go mbeadh ár ndomhan ina áit níos fearr dá mbeadh gach duine níos flaithiúla, go háirithe i dtreo siúd ar gnách go ndéantar dearmad orthu nó neamhaird orthu nó a meastar nach mbíonn tábhachtach ag baint leo? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Nuair a ghuímid *An Phaidir*, deirimid: 'Go dtaga do ríocht, go ndéantar do thoil ar an talamh mar a dhéantar ar neamh'. Mar sin, guímid go mbeidh an domhan seo againne níos 'neamhaí'. An bhfuil aon bhealach ann go bhféadfaimis, inár seomra ranga, rud beag a dhéanamh chun an saol a dhéanamh níos 'neamhaí'? Conas? An dóigh leat gurbh fhiú é sin a dhéanamh? Cén fáth nó cén fáth nárbh fhiú?

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Flaithiúlacht Dé' ar leathanach 20 dá gcuid leabhar a léamh.

GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

ÚINÉIR AN FHÍONGHOIRT

Nóta: Beidh cóip den teimpléad 'Úinéir an Fhíonghoirt' (thíos) ag teastáil ó gach páiste.

- Tabhair cóip den teimpléad 'Úinéir an Fhíonghoirt' do gach páiste.

- Iarr ar na páistí an obair a dhéanamh agus ansin a gcuid freagraí a roinnt leis an bpáiste ina suí in aice leo.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Smaoinigh ar an gcaoi a gcaitheann tú le daoine eile ... Cé na daoine atá 'ar dtús' dar leatsa? ... An iad na daoine is mó éilimh a bhíonn orthu, nó na daoine atá an-mhaith chun nithe áirithe a dhéanamh atá 'ar dtús' i do thuairim? ... An féidir leat áit a dhéanamh i do chroí agus i do shaol do na daoine sin nach roghnaítear i gcónaí ar dtús iad

... agus a ndéantar neamhaird agus dearmad orthu go minic? ... Ag amanna éagsúla mothaíonn gach duine gortaithe as a bheith fágtha amach ... An tusa an té a théann an míle breise chun caitheamh go fial le daoine den sórt sin? ... An féidir leat níos mó de do chuid ama a chaitheamh chun aird a thabhairt do na daoine sin? ... Labhair le Dia ar feadh nóiméid, le do guth inmheánach, faoin bhfáth ar cheart duit é sin a dhéanamh ... Iarr ar Dhia cabhrú leat déileáil i gceart i gcónaí le daoine eile ... go háirithe leis na daoine sin a mbíonn sé an-éasca neamhaird nó dearmad a dhéanamh orthu ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Scéal faoi fhlaithiúlacht flúirseach Dé atá i bParabal na nOibrithe san Fhíonghort. Tugadh an méid a gealladh dóibh do na hoibrithe a fostaíodh ar dtús. Chinn úinéir an fhíonghoirt a bheith díreach chomh flaithiúil leo siúd a tháinig ar deireadh. Íomhá de fhlaithiúlacht Dé atá sa

pharabal. Tá Dia fial le gach duine – na daoine a thagann ar dtús agus ar deireadh, araon. Tugann Dia níos mó dúinn ná mar atá tuillte againn mar is é sin nádúr Dé. Iarrtar orainn a bheith flaithiúil i leith daoine eile, faoi mar atá Dia flaithiúil linne.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

AG TÓGÁIL RÍOCHT DÉ

Nóta: *Beidh cóip den teimpléad 'Ag Tógáil Ríocht Dé' (thíos) ag teastáil ó gach páiste. B'fhéidir gur mhaith le páistí áirithe ábhair dhathúcháin a úsáid freisin.*

- Tosaigh trí mheabhrú conas a thugann Parabal na nOibrithe san Fhíonghort dúshlán dúinn smaoineamh ar conas is féidir linn a bheith fíor-fhlaithiúil i dtreo gach duine. Cuir i gcuimhne do na páistí gur féidir leo cuidiú le Ríocht Dé a thabhairt i gcrích ar domhan trí a bheith cineálta agus flaithiúil le gach duine, go háirithe leo siúd a bhfuil claonadh ann dearmad nó neamhaird a dhéanamh orthu. Seo mar is mian le Dia go mbeimid.

- Tabhair cuireadh do gach páiste taifeadadh ar an teimpléad, ag úsáid focail agus/nó líníochtaí, conas a chabhróidh siad chun Ríocht Dé a thógáil ar bhealach difriúil sna réimsí éagsúla ina saoil (ar scoil, sa bhaile, ina gcuid paróiste/comharsanacht, agus nuair a bhíonn siad lena gcairde). Spreag na páistí chun smaoineamh go domhain ar gach ceann de na réimsí seo agus chun aird a tharraingt ar rud sonrach ar féidir leo a dhéanamh chun a thaispeáint go bhfuil grá acu do dhaoine eile agus go gcaithfidh siad le gach duine mar an gcéanna.

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus an choinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Inniu, déanfaimid machnamh ar an méid a d'fhoghlaimíomar faoi fhlaithiúlacht Dé, ó Pharabal na nOibrithe san Fhíonghort.

Tugaim cuireadh daoibh na súile a dhúnadh agus ligean daoibh féin a bheith socair agus ciúin ... Smaoinigh ar na bronntanais go léir a thug Dia duit ... na daoine go léir a thugann grá duit ... na cairde a bhíonn ag súgradh agus ag roinnt leat ... na tallanna agus na buanna atá agat agus gur féidir leat a úsáid dod' thairbhe féin agus chun tairbhe daoine eile ... an domhan iontach nádúrtha atá mórthimpeall orainn ... agus go leor eile ...

Tá grá neamhchoinniollach ag Dia do gach duine againn, is cuma cé sinn ... nó an mbíonn an-mheas orainn ... beag beann ar an áit as a dtagaimid nó faoin teanga a labhraímid ... is cuma cé chomh maith is atáimid ag foghlaim nó ag obair. Cosúil le húinéir an fhíonghoirt, is mian le Dia gach ní a thabhairt dúinn ní hamháin an méid atá tuillte againn ... ach níos mó fós.

B'fhéidir go mbraitheann cuid agaibh nach bhfuil sibh chomh tábhachtach nó chomh cairdiúil le daoine eile ... B'fhéidir go mbraitheann cuid agaibh nach bhfuil sibh chomh tréitheach le daoine eile ... nó nach bhfuil na rudaí go léir agaibh is atá ag daoine eile ... B'fhéidir go mbraitheann cuid agaibh gur minic a thugann daoine eile neamhaird nó

dearmad oraibh ... Ach cuireann Íosa in iúl dúinn i bParabal na nOibrithe san Fhíonghort go mbeidh na daoine atá 'thíos' anois, 'sa chéad áit' i Ríocht Dé ...

Is féidir le gach duine againn cabhrú le Ríocht Dé a theacht ar ár saol trí chinntiú go gcuirimid gach duine san áireamh, ach go háirithe iad siúd nach dtugtar aird orthu; trí chaitheamh go cothrom le gach duine, ach go háirithe leo siúd a mbíonn a mhalairt de chlaonadh ann; trí bheith flaithiúil lenár gcuid ama agus lenár gcuid tallanna, ach go háirithe i leith na ndaoine sin nach minic a thugtar aird orthu agus nach gcuirtear san áireamh.

Smaoinigh ar feadh nóiméid faoi conas a d'fhéadfá a bheith cairdiúil le daoine a thug tú neamhaird orthu cheana, nó conas a d'fhéadfá teagmháil le duine nár bhac tú leo roimhe seo ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

Gach uair a ghuímid na línte tosaigh den *Phaidir*, iarraimid ar Dhia cuidiú linn Ríocht Dé a bhunú ar an talamh mar atá sé ar neamh. Guímis na línte sin le chéile anois.

Gach duine: Ár nAthair, atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.
Áiméan.

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise

Ceacht 2: Íosa an Fear Leighis

SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá cuntais sna Soiscéil faoi seacht n-uair nuair a leigheas Íosa duine éigin ar an tSabóid, lá sosa na nGiúdach. Sa cheacht seo féachaimid ar ócáid nuair a leigheas Íosa fear a raibh lámh leis seargtha, ar Lá na Sabóide, mar a insítear dúinn faoi sa Soiscéal de réir Mhatha (12:9-14). Tá an scéal seo le feiceáil sa Soiscéal de réir Mharcais (3:1-6) agus Lúcas (6:6-11).

Bhí na Fairisínigh ag iarraidh an Dlí Reiligiúnach a thabhairt isteach i saol laethúil daoine, agus mar sin d'fhorbair siad go leor cleachtas a bhí bunaithe ar a léirmhíniú liteartha ar Dhlí na nGiúdach (lena n-áirítear na Deich nAitheanta). Maidir leis na Fairisínigh, lá sosa iomlán a bhí sa tSabóid, agus cuireadh cosc ar obair agus ar ghníomhaíochtaí neamhriachtanacha ar an lá sin. Mheas siad go raibh na gníomhartha is lú, cosúil le lásaí a cheangal, bheith ag scríobh, tine a lasadh, coiscthe Lá na Sabóide.

Tugann na Soiscéil go leor samplaí dúinn gur lean Íosa dlíthe na nGiúdach. Chaith sé éadaí Giúdacha (Lúcas 8:44), cheiliúir sé Cásc na nGiúdach (Eoin 2:13) agus féilte reiligiúnacha eile (Eoin 5:1, 10:22), agus d'fhreastail sé ar an

tsionagóg go rialta (Lúcas 4:16). Bhí meas ag Giúdaigh eile ar a theagasc (Lúcas 4:15), agus mhúin sé fiú sa Teampall in Iarúsailéim (Lúcas 21:37). Níl aon amhras ann, mar sin, go raibh aithne aige air agus gur choinnigh sé na Deich nAitheanta.

Trí leigheas ar an tSabóid, léirigh Íosa dóibh siúd a chloigh le léirmhíniú docht ar an Dlí go ndearnadh dlíthe chun freastal ar dhaoine, seachas a mhalairt. Ó thaobh Íosa de, bhí daoine sa chéad áit, agus níor bhris leigheas ar an tSabóid dlí na Sabóide. Dáiríre, is é dlí na Sabóide ná maitheas a dhéanamh ar an tSabóid, is é sin an tSabóid a choinneáil naofa, mar a iarrann an Tríú hAithne orainn a dhéanamh. Sa Soiscéal de réir Mharcais cloisimid Íosa ag rá, 'Rinneadh an tsabóid ar son an duine, ní dhearnadh an duine ar son na sabóide' (Marcas 2:27-28).

Sa cheacht seo treoraímid na páistí chun a thuiscint gur cóir go mbeadh freastal agus faire amach do riachtanais daoine eile sa chéad áit ó thaobh Críostaithe de. Molaimid dóibh é seo a chur i bhfeidhm ina saoil féin, áit a ghlaoitear orainn riachtanais daoine eile a chur chun tosaigh.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Sabóid Ghiúdach (Shabbat):** An lá naofa Giúdach, nuair a ghlacann Giúdaigh sos.
- **Sionagóg:** Áit a mbailíonn Giúdaigh le chéile chun Dia a adhradh.
- **Fairisíneach:** Ball de chumann ársa Giúdach atá luaite go minic sa Tiomna Nua.
- **Suaimhneas:** An mothú a bhíonn ag duine nuair atá sé/sí socair agus síochánta.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Bíleog bán páipéir, peann luaidhe agus roinnt ábhair dhathúcháin cosúil le marcóirí, criáin nó pinn glóthacha le haghaidh gach páiste.

Féachaimis ...

GNÍOMHAÍOCHT CHOINSIASA

CÉN ROGHA?

- Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoi rialacha na scoile nó faoi rialacha an tseomra ranga. Labhair faoin réasúnaíocht atá leis na rialacha seo: chun na páistí a choinneáil sábháilte, chun rudaí a choinneáil eagraithe, chun a chinntiú go bhfoghlaímíonn siad, srl.
- Tabhair cuireadh do na páistí an cód ranga a thabhairt chun cuimhne a dhréachtaigh siad i Rang a Trí/Bunscoil 5, agus an comhaontú ranga

- a rinne siad sa Cheathrú Rang/Bunscoil 6.
- Ansin inis do na páistí, uaireanta, nach mbíonn sé simplí rialacha a leanúint. Is féidir leat a bheith an-soiléir ar cad is riail áirithe ann, ach fós gan a bheith cinnte cibé ar cheart nó nár cheart duit é a leanúint i gcónaí.
- Léigh an sampla seo a leanas, a bheidh mar bhunús don ghníomhaíocht choinsiasa.

Bhí Amy dhá bhliain déag d'aois. Bhí cónaí uirthi in eastát tithíochta lena teaghlach. Bhí deartháir beag amháin aici, Marcas. Bhí Marcas trí bhliain d'aois agus ba bhreá le Amy nuair a lig a mam di aire a thabhairt dó nuair a chuaigh sí féin chun seiceáil ar Nellie, a gcomharsa scothaosta. Cé nár fhan a máthair le Nellie níos mó ná cúig nóiméad déag riamh, thaitin sé le Amy a bheith i gceannas agus bhí sí ag tnúth go dtí go mbeadh post mar feighlí leanaí aici cosúil lena col ceathrar Niamh.

Dúirt máthair Amy an rud céanna i gcónaí nuair a chuaigh sí chun seiceáil ar Nellie. D'iarrfhadh sí ar Amy scéal a léamh do Mharcas sa seomra suí agus, díreach sula n-imeodh sí, chuirfeadh sí a ceann timpeall an doras agus déarfadh sí, 'Cuimhnigh, Amy, coinneigh Marcas sa

seomra seo agus mé ar shiúl. Cuir glaoch orm má tá fadhb ar bith agat, ach ná fág an seomra seo.' Bhí an ráiteas seo beagnach de ghlanmheabhair ag Amy agus bhí sí in ann na focail deireanacha a rá in éineacht lena máthair, sular luí sí isteach in aice le Marcas ar an dtolg.

Ar cheann de na hócáidí seo, nuair a bhí a máthair imithe ar feadh deich nóiméad agus Amy i lár scéal a léamh do Mharcas, thit píosa guail amach go tobann as an tine ar an gcairpéad agus thosaigh an seomra ag líonadh le deatach.

Bhí Amy trína céile. Theastaigh uaithi greim a fháil ar Mharcas agus rith amach an doras, ach chuimhnigh sí ar fhocail a máthair 'Ná fág an seomra seo' ... Cad ba cheart di a dhéanamh, dar leat?

Seo a leanas na treoracha don 'Gníomhaíocht Choinsiasa':

- Iarr ar na páistí smaoineamh ar chás Amy ina dtost ar feadh nóiméid.
- Roinn na páistí i ndhá ghrúpa. Inis do ghrúpa amháin, beag beann ar a dtuairimí féin, go smaoineodh siad ar na cúiseanna go léir gur cóir do Amy cloí le treoir a mamaí 'Ná fág an seomra seo' is cuma cad a tharlódh. Abair leis an ngrúpa eile smaoineamh ar na cúiseanna go léir gur chóir le Amy í féin agus Marcas imeacht as an seomra go tapa. Tabhair cúpla nóiméad do na páistí comhrá a dhéanamh le chéile. Roghnaigh páiste amháin chun ról Amy a ghlacadh.
- Ansin, iarr ar na páistí dhá líne a chruthú ag féachaint ar a chéile: líne amháin comhdhéanta as na leanaí a spreagfaidh Amy fanacht sa seomra, agus an líne eile comhdhéanta as na leanaí a inseoidh di an seomra a fhágáil.
- Iarr ar an páiste atá ag glacadh páirt Amy siúl go mall síos idir an dá líne. De réir mar a dhéanann sé/sí amlaidh, tabharfaidh leanaí ón dá líne comhairle di faoin méid ba chóir di a

dhéanamh/a rá.

- Ag an deireadh, iarr ar an leanbh i ról Amy a roinnt leis an rang cad é, dar leis/léi an chomhairle is fearr a chuala siad, agus an cinneadh atá aici ar an méid a dhéanfaidh sí.

Tar éis do na páistí an ghníomhaíocht a dhéanamh, déan comhrá leo ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Sa chás seo, thuig Amy riail na máthar, ach ní raibh sí cinnte an raibh sé ceart é a leanúint, i bhfianaise na gcúinsí a bhí ann. Cén fáth go raibh sí chomh neamhchinnte?
- An cuimhin leat am nuair a thuig tú riail, ach nár cheap tú go raibh sé ceart é a leanúint de bharr na gcúinsí a bhí ann? Inis do scéal dúinn.
- Má dúirt mé libh gan an seomra ranga a fhágáil ar chúis ar bith fad is a bhí mé ag comhrá le tuismitheoir taobh amuigh den doras, ach gur shéid an aláram dóiteáin, an gceapann sibh gur chóir daoibh imeacht as an tseomra sa chás sin? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann sibh? An dóigh libh go mbeadh fearg orm toisc go rinne

sibh neamhaird orm sna cúinsí sin? Cén fáth nó cén fáth nach dóigh libh?

Mínigh do na páistí go mbíonn eagna ag teastáil chun a bheith ar an eolas faoin méid ba cóir a dhéanamh i gcásanna deacra. Ní ionann iad eagna agus eolas. Baineann eolas leis na fíricí i gcás ar leith. Ciallaíonn eagna le tuiscint a fháil ar bhrí na bhfíricí sin. Cuireann eagna ar ár gcumas machnamh a dhéanamh ar chás, na cúinsí go léir a chur san áireamh, iarracht a dhéanamh ar an méid atá ag tarlú faoi mar mar a fheicfeadh daoine eile é, agus cinneadh a dhéanamh ar deireadh. Tagann eagna le taithí; faighimid eagna de réir mar a théimid in aois agus de réir mar a fhaighimid taithí ar chásanna éagsúla agus mar a fhoghlaimimid uathu.

PAIDIR

Nóta: Roghnaigh seisear léitheoir.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus an choinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Éistimis inniu le sliocht ón Tiomna Nua. Sliocht as Litir Naomh Séamas atá ann. Sa litir seo tugann Naomh Séamas comhairle faoin méid ba cheart dúinn a dhéanamh nuair a thagann trialacha chugainn, nó nuair a bhímid i gcruachás.

Léitheoir 1: Sliocht as litir Naomh Séamas.

Ná bíodh oraibh ach barr lúcháire nuair a thiteann sibh i ngach sórt cathaithe, mar tá a fhios agaibh nuair a thástáiltear bhur gcreideamh go ngineann sé buanseasmhacht... Má tá easpa eagna ar aon duine, iarradh sé ar Dhia í, Dia a thugann le féile do gach duine agus nach bhfuil ina dhiaidh orthu, agus tabharfar dó í. (Séamas 1:2-3, 5)

Briathar an Tiarna.

Gach duine: Buíochas le Dia.

Múinteoir: Go leanfaimis an chomhairle a thugann Naomh Séamas dúinn agus go niarrfaimis ar Dhia eagna a thabhairt dúinn nuair atá cinntí le déanamh againn. Is é an freagra ar ár n-urnaí ná: A Thiarna, bronn eagna orainn.

Léitheoir 2: Nuair nach mian linn a bheith umhal dár gcuid tuismitheoirí, caomhnóirí nó múinteoirí, a Thiarna, bronn eagna orainn.

Cuidíonn críonnacht linn freisin a bheith ar an eolas faoi conas an rud ceart a dhéanamh. Cuidíonn críonnacht linn an mhaith a theastaíonn uainn a bhaint amach a aithint agus eolas a bheith againn freisin cad a chaithfidh a dhéanamh – conas ba cheart dúinn gníomhú – chun an rud a bhaint amach. Is suáilcí daonna iad eolas agus críonnacht araon.

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt a léamh dar teideal ‘Eagna i gComparáid le hEolas’ ar leathanach 22 dá leabhar, agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht ‘Smaoinigh air seo ...’.

Gach duine: A Thiarna, bronn eagna orainn.

Léitheoir 3: Nuair a fheicimid go bhfuil á gcaitheamh go héagórach le daoine eile sa scoil, a Thiarna, bronn eagna orainn.

Gach duine: A Thiarna, bronn eagna orainn.

Léitheoir 4: Nuair atáimid i gcás idir dhá chomhairle, a Thiarna, bronn eagna orainn.

Gach duine: A Thiarna, bronn eagna orainn.

Léitheoir 5: Nuair atá duine éigin ag iarraidh orainn rud mícheart a dhéanamh, a Thiarna, bronn eagna orainn.

Gach duine: A Thiarna, bronn eagna orainn.

Múinteoir: Guímis Paidir an tSuaimhnis le chéile anois. ‘Séard atá i gceist ag an bhfocal ‘suaimhneas’ ná a bheith socair agus síochánta. (Tá an phaidir seo ar leathanach 25 de leabhar na bpáistí.)

Gach duine: Paidir an tSuaimhnis

A Dhia, bronn orm

An suaimhneas, glacadh leis an ní

Atá do-athraithe,

An misneach athrú a dhéanamh

Nuair is féidir,

Agus an tsaiocht an dá rud a aithint óna chéile.

Áiméan.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

FAOI NA HAITHEANTA

Déan comhrá leis na páistí faoi na hAitheanta a d'fhoghlaim siad i Rang a Ceathair/B6, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Cad is cuimhin leat faoi na Deich nAitheanta? Cé a thug na Deich nAitheanta dúinn?
- Cad a iarrann aon cheann de na hAitheanta orainn a dhéanamh? An bhfuil rudaí ann freisin a n-iarrann na hAitheanta orainn gan a

dhéanamh?

- Cé acu de na Deich nAitheanta, dar leat, is tábhachtaí duit cuimhneamh orthu, agus cén fáth?

Ansinn iarr ar na páistí éisteacht agus tú ag léamh an cuntas faoi Mhaois ag fáil na Deich nAitheanta ó Dhia i Leabhar Eacsadas.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

NA DEICH NAITHEANTA

Na Deich nAitheanta (Eacsadas 20:1-3, 7-17)

Labhair Dia na briathra seo go léir. Dúirt sé: “Mise an Tiarna do Dhia a thug thú amach as tír na hÉigipte agus as teach na daoirse. Ná bíodh aon déithe eile agat i mo láthair. Ná luaigh ainm an Tiarna, do Dhia, le mí-úsáid a bhaint as. Óir an té a luafaidh ainm an Tiarna le mí-úsáid a bhaint as, ní fhágfaidh an Tiarna gan phionós é. Cuimhnigh ar an tsabóid agus coinnigh naofa í. Caithfidh tú sé lá ag obair agus déanfaidh tú do shaothar go léir, ach an seachtú lá, is sabóid é don Tiarna do Dhia. An lá sin ná déan scaob oibre - tú féin ná do mhac, ná d'iníon, ná

do dhaor ná do dhaoirseach, ná do stoc ná an deoraí atá faoi do dhíon. Óir is i sé lá a rinne an Tiarna neamh agus talamh agus an fharraige, agus gach a bhfuil iontusan, ach ar an seachtú lá scoir sé ó obair. Uime sin bheannaigh an Tiarna lá na sabóide agus naomhaigh é. Tabhair do d'athair agus do do mháthair onóir i dtreo go mba fada iad do laethanta ar an talamh a thug an Tiarna do Dhia duit. Ná déan marú. Ná déan adhaltranas. Ná déan goid. Ná tabhair fianaise bhréige in aghaidh do chomharsan. Ná santaigh teach do chomharsan; ná santaigh bean do chomharsan, ná a dhaor ná a dhaoirseach, ná a dhamh ná a asal, ná aon ní is leis.”

B'fhéidir gur mhaith leat, ag an bpointe seo, an fhoclaíocht thraidisiúnta de na Deich nAitheanta a thabhairt do na páistí:

1. Is mise an Tiarna do Dhia, ná tabhair déithe bréige i mo láthair.
2. Ná tabhair ainm an Tiarna do Dhia gan fáth.
3. Cuimhnigh lá na Sabóide a naomhú.
4. Tabhair onóir do d'athair agus do do mháthair.

5. Ná déan marú.
6. Ná déan drúis.
7. Ná déan goid.
8. Ná tabhair fianaise bhréige in aghaidh do chomharsan.
9. Ná santaigh bean do chomharsan.
10. Ná santaigh cuid do chomharsan.

AG COMHRÁ

FAOIN DTRÍÚ HAITHNE

Tarraing aire na bpáistí chuig an Tríú hAithne: Cuimhnigh ar an tsabóid agus coinnigh naofa í. Cuir i gcuimhne dóibh go nglaoonn Giúdaigh **Lá na Sabóide** ar an lá seo, agus gurbh é ‘Sabóid’ an focal a úsáidtear i Leabhar Eacsadas. Ansinn léigh an sliocht seo a leanas ó na Scríptúir a chuireann síos ar an dTríú hAithne.

Labhair Dia na briathra seo go léir: ‘Cuimhnigh ar an tsabóid agus coinnigh naofa í. Caithfidh tú sé lá ag obair agus déanfaidh tú do shaothar go léir, ach an seachtú lá, is sabóid é don Tiarna do Dhia. An lá sin ná déan scaob oibre ... Óir is i sé lá a rinne an Tiarna neamh agus talamh agus an fharraige, agus gach a

bhfuil iontusan, ach ar an seachtú lá scoir sé ó obair. Uime sin bheannaigh an Tiarna lá na sabóide agus naomhaigh é.' (Eacsadas 20:1, 8-11)

Tá an sliocht thuas ar leathanach 23 de leabhar na bpáistí freisin.

Déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat:

- Is é an tSabóid lá sosa na nGiúdach. Cád é lá sosa na gCríostaithe?
- Cad iad na bealaí ina gcoinníonn Críostaithe Dé Domhnaigh, Lá an Tiarna, 'naofa'?
- An gceapann tú gur smaoineamh maith é do dhaoine 'lá sosa' a urramú? Cén fáth nó cén fáth nach maith? An ndéanann tú féin agus do theaghlach aon rud difriúil ar an Domhnach? Más ea, inis dúinn faoi.

- Giúdach ab ea Íosa. Chuaigh sé go dtí an **tsionagóg** go rialta agus mhúin sé fiú sa Teampall in Iarúsailéim. Sin é an fáth ar tugadh 'Rabbi' air, focal Giúdach a chiallaíonn 'múinteoir'. Cheiliúir Íosa féilte Giúdacha freisin, cosúil le Cáisc na nGiúdach. An gceapann tú gur choimeád Íosa na Deich nAitheanta?
- De ghnáth ní bhíonn lá sosa ag Moslamaigh, ach bíonn lá speisialta acu chun urnaí. An cuimhin leat cathain a bhíonn lá urnaí ag na Moslamaigh? Cá dtéann go leor Moslamach ar an lá sin chun urnaí?

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'An Tríú hAithne' ar leathanach 23 dá leabhar a léamh.

CLEACHTADH DIALAINNE

LÁ AN TIARNA

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne ar leathanach 23 dá leabhar, a thugann cuireadh dóibh scríobh faoi roinnt de na bealaí ina gcoimeádann Críostaithe An Domhnach, Lá an Tiarna, 'naofa'.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

LEIGHEASANN ÍOSA DUINE AR AN TSABÓID

Sula léann tú an scéal faoi Íosa ag cur leigheas ar fhear a raibh lámh leis seargtha, mínigh do na páistí, in aimsir Íosa, go raibh roinnt daoine Giúdacha ann a rinne dian staidéir chun go mbeadh an oiread eolais agus a d'fhéadfadh a bheith acu faoi Dhia agus faoi na Scríptúir. Tugadh **Fairisínigh** ar na daoine seo. Léigh siad na Scríptúir agus thuig siad a gciall sna téarmaí

is déine. Chreid siad maireachtáil go díreach mar atá leagtha amach sna Deich nAitheanta. Mar sin, maidir leis an dTríú hAithne, chloigh siad go docht leis an Aithne Lá na Sabóide a choimeád mar lá sosa, lá nuair nach mbeadh éinne ag obair. Dar leis na Fairisínigh, bhí gníomhartha beaga cosúil le harán a bhácáil, iallacha bróg a cheangal, litir a scríobh, nó tine a lasadh coiscthe ar an tSabóid.

Cuireann Íosa Leigheas ar Fhear a raibh Lámh leis Seargtha (Matha 12:9-14)

D'fhág sé an áit sin agus chuaigh isteach ina shionagóg. Bhí fear ansiúd a raibh lámh leis seargtha, agus chuir siad an cheist seo ar Íosa: "An bhfuil sé dleathach leigheas a dhéanamh lá sabóide?" chun go gcientóidís é.

Ach dúirt sé leo: "Cén duine agaibh a mbeadh an t-aon chaora amháin aige agus go dtitfeadh sí i bpoll lá sabóide, nach mbéarfadh sé greim uirthi á tarraingt as? Agus is mó is fiú duine ná caora. Dá réir sin, tá sé dleathach an mhaith a dhéanamh lá sabóide." Ansin dúirt sé leis an duine: "Sín amach do lámh."



Shín, agus rinneadh comh slán leis an lámh eile arís í. Ach tar éis do na Fairisínigh dul amach, rinne siad comhairle le chéile ina aghaidh chun go millfidís é.



Tar éis duit an slíocht a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna simplí seo a leanas a chur orthu. **Tá na ceisteanna seo ar leathanach 24 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Cén cheist a chuir na daoine ar Íosa ag tús an scéil?
- Cén sampla a thug Íosa dóibh nuair a bheadh orthu roinnt oibre a dhéanamh ar an tSabóid?
- Céard a bhí cearr leis an bhfear a leigheas Íosa?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- An gceapann tú go raibh Íosa ceart cuidiú leis an bhfear? Cén fáth nó cén fáth nach raibh? An gceapann tú gur ghníomhaigh Íosa i gcoinne an Tríú hAithne tríd an méid sin a dhéanamh? Cén fáth nó cén fáth nár ghníomhaigh?

- An gceapann tú gur léirigh Íosa eagna sa mhéid a rinne sé? Cén fáth nó cén fáth nár léirigh?
- Chuir Íosa riachtanais an fhir sa chéad áit. Cad a insíonn sé sin dúinn faoi Íosa?
- An gcuideofá le duine ar Lá an Tiarna? An gceapann tú gurb é sin an rud ceart a dhéanamh? An gceapann tú gur bealach amháin é sin chun Lá an Tiarna a choinneáil naofa? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?

Tá an scéal faoi Íosa ag cur leigheas ar fhear a raibh lámh leis seargtha ar leathanach 24 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí chun an scéal a léamh dóibh féin agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Tabhair aire dod' anáil agus í ag teacht isteach agus ag imeacht ó do chorp ... Análaigh go mall isteach agus amach ... Agus tú ag anáil isteach, mothaigh láithreach leighis Íosa leat. Agus tú ag anáil amach, mothaigh láithreach leighis Íosa ag síneadh amach chuig na daoine atá ina suí in aice leat ... Iarrann Íosa orainn go léir riachtanais

daoine eile a chur roimh ár riachtanais féin, mar a rinne sé ... Tabhair chun chuimhne am nuair a mhothaigh tú grá ó bhall ded' theaghlach nó a chara, b'fhéidir nuair a bhí tú tinn nó ag mothú brónach ... B'fhéidir gur mhaith leat buíochas a ghabháil le hÍosa anois, le do ghuth inmheánach, as láithreach na ndaoine sin i do shaol ... Is féidir leatsa, freisin, leigheas a thabhairt do dhaoine eile trí bheith cineálta agus tuisceanach agus trína gcuid riachtanas a chur os comhair do chuid féin. Go ciúin, iarr ar Íosa cabhrú leat é seo a dhéanamh... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

CLEACHTADH DIALAINNE

IONTRÁIL SA DIALANN

- Sula dtéann na páistí i mbun an 'Cleachtadh Dialainne' **ar leathanach 24 dá leabhar**, tabhair cuireadh dóibh machnamh a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhartha Íosa ar Lá na Sabóide ar an bhfear a leigheasadh. Iarr ar na páistí a shamhlú agus labhairt faoi shaol an fhir sular leigheasadh é. Cad nach mbeadh sé in ann a dhéanamh? Cad a déarfadh daoine faoi? srl.
- Tar éis do na páistí an ghníomhaíocht a chríochnú, tabhair cuireadh do chuid acu a gcuid oibre a roinnt leis an rang.
- Ansin tochail níos doimhne leis na páistí, trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur orthu:
 - » Cén fáth, dar leat, ar leigheas Íosa an fear?
 - » Cén bealach ar chuir Íosa a shaol i mbaol trí cabhrú leis an bhfear seo? Cad a insíonn sé sin linn faoi Íosa?
 - » An gceapann tú go mbeadh áthas ar an bhfear gur roghnaigh Íosa cuidiú leis seachas an Dlí a leanúint mar a thuig na Fairisínigh é? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Glaonn Giúdaigh a lá sosa ar an tSabóid; glaonn Críostaithe Lá an Tiarna ar a lá sosa. Iarrann an Tríú hAithne ar dhaoine Lá na Sabóide, Lá an Tiarna, a choinneáil naofa. Giúdach ba ea Íosa agus thuig sé agus lean sé an Tríú hAithne. Lá Sabóide amháin bhuail Íosa le fear a raibh leigheas de dhíth air. Mhínigh Íosa go raibh an ceart aige an fear a leigheas Lá Sabóide, seachas é a fhágáil ag fulaingt, fiú má chreid daoine go raibh sé sin

mícheart mar gheall ar an chosc a bhí ar obair ar Lá na Sabóide. Bhí a fhios ag Íosa go raibh an Tríú hAithne tábhachtach, ach bhí an eagna aige freisin go mb'fhéidir go mbeadh sé riachtanach gníomhú ar bhealach nach raibh ag dul leis na rialacha chun freagra a thabhairt do riachtanais daoine. Trí chabhrú leis an bhfear, choinnigh Íosa Lá na Sabóide naofa.

GNÍOMHAÍOCHT

CÁSANNA: 'CAD A DHÉANFÁ?'

- Sula dtosaíonn tú, cuir in iúl do na páistí go bhfuil frása coitianta ann a deir, 'Cad a dhéanfadh Íosa?' Úsáidtear an frása seo le súil go bhféadfadh sé cabhrú linn a aimsiú cad ba cheart dúinn a dhéanamh i gcásanna éagsúla. Sa cheacht seo tá sé feicthe againn cheana féin cad a rinne Íosa nuair a bhí deacracht le sárú aige (cibé acu fear a leigheas ar Lá na Sabóide nó a mhalairt), agus mar sin ní mór do na páistí freagra a thabhairt ar an gceist: *Cad a dhéanfa?*
- Léigh na cásanna seo a leanas do na páistí agus tabhair am dóibh a bhfreagraí ar gach ceann acu a scríobh sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach.

Cad a dhéanfa, dá ...

2. Gheall tú dod' mháthair go dtiocfá abhaile díreach tar éis an chluiche, mar theastaigh uait go dtabharfa aire dod' dheartháir agus dod' dheirfiúr. Ar do bealach abhaile, buaileann tú le duine a bhfuil díreach tar éis titim dá rothar agus atá trína chéile. Tá a fhios agat má stopann tú chun cabhrú leo go gcuirfidh sé moill ort. Cad an ndéanfa?
3. Thug do chomharsa béal dorais €5/£5 duit le tabhairt don mbailiúchán do charthanas i do scoil. Ar an mbealach chun na scoile tagann tú ar dhuine atá cráite. Míníonn siad duit gur chaill siad an t-airgead a bhí acu chun bia a cheannach. Tá a fhios agat go bhféadfá cabhrú leo airgead a bhailiú - ach tá a fhios agat freisin go bhféadfá €5/£5 a thabhairt dóibh, toisc go bhfuil airgead de dhíth orthu. Cad a dhéanfa?

4. Gheall tú dod' mháthair nach dtógfa riamh an aicearra síos an lána. Agus tú ag siúl thar an lána, cloiseann tú torann ard. Casann tú agus feiceann tú go bhfuil duine éigin tar éis titim ó dhréimire cúpla méadar suas an lána agus tá siad ag glaoch amach chun cabhair a fháil. Smaoiníonn tú ar an ngealltanas a rinne tú. Cad a dhéanfa?

Cuideoidh na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna leis na páistí machnamh a dhéanamh ar an méid a d'fhéadfaidís a dhéanamh i ngach cás:

- Cérbh é an socrú nó an gealltanas bunaidh a rinneadh i ngach cás agus cén fáth, dar leat, go raibh sé seo tábhachtach?
- Cad iad na smaointe a bheadh agat más rud é go raibh an cruachas céanna agat? An dóigh leat go ndéanfa do chinneadh go héasca agus go tapa? Cén fáth nó cén fáth nach ndéanfa?
- Murar chabhraigh tú leis na daoine i ngach cás, conas a bhraithfeá?
- Má roghnaigh cuidiú le gach duine, conas a bhraithfeá?

Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid freagraí a roinnt ina mbeirteanna. Má bhíonn an t-am ann, tabhair cuireadh do pháistí áirithe a gcuid freagraí a roinnt leis an rang.

Cuidigh leis na páistí a fheiceáil go mb'fhéidir uaireanta go gcaithfidh duine a chur roimh riail nó socrú áirithe.

Nóta: Sa tréimhse urnaí seo déanfaidh na páistí breacaireacht ('doodle') mar bhealach chun cabhrú leo guí go ciúin agus go machnamhach. Sula dtosaíonn tú, mínigh do na páistí go mbaineann breacaireacht lenár rogha cruthanna agus dearaí a dhéanamh ar bhealach ar bith is maith linn, agus iad a dhathú más mian linn. Mínigh gur dóigh go ndearna siad breacaireacht go neamhspleách cheana féin ar thaobh a gcuid cóipleabhar nó ar phíosa páipéir, ach inniu déanfaidh siad a ndícheall chun a n-intinn a dhíriú agus chun machnamh a dhéanamh. Ansin tabhair bileog bán páipéar, peann luaidhe agus roinnt ábhair dhathúcháin ar nós marcóir nó criáin do gach páiste.

Comhartha na Croise

Seinn píosa de cheol machnamhach

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus an choinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Leag do lámh síos i lár do leathanaigh agus déan rian mórthimpeall uirthi le do pheann luaidhe ...

Le linn na hurnaí seo, ainmneoidh mé go mall roinnt de na rudaí a d'fhoghlaimíomar le linn an cheachta seo, chun go mbeidh sibh in ann díriú orthu agus breacaireacht a dhéanamh agaibh ... Is féidir libh dathanna agus cruthanna a úsáid cibé slí is mian libh agus sibh ag machnamh ar na rudaí seo.

Agus sibh ag tosú, smaoinigh ar an bhfear a raibh lámh leis seargtha agus gur leigheas Íosa é ... Smaoinigh ar an saol a bhí ag an bhfear sin sular leigheas Íosa é ... agus ansin an t-athrú a tháinig air ...

Smaoinigh ar do lámha féin agus ar na rudaí go léir gur féidir leat a dhéanamh leo ... ach go háirithe na rudaí maithe a rinne tú le do lámha ... An bhfuil rudaí nua ann gur mhaith leat a dhéanamh le do lámha? ...

Bain úsáid as dathanna agus as cruthanna chun iontas brionntanas na lámha a thaispeáint ... Féach an féidir leat teacht ar bhealach chun léiriú a dhéanamh ar an rud iontach a tharla don bhfear sa scéal nuair a thug Íosa an chumhacht ina lámh air ais dó ...

Lean ar aghaidh anois leis an mbreacaireacht ar feadh tamaill ... agus le cruthanna agus le dathanna, cuir in iúl an méid a thagann i d'intinn.

Lig do na páistí breacaireacht a dhéanamh go ciúin chomh fada agus a theastaíonn uait.

Críochnaigh an urnaí agus An Phaidir a rá le chéile.

Comhartha na Croise

Ceacht 3: 'Cé hé a deir sibhse mé?'

SULA DTOSAÍONN TÚ

An cheist a chuir Íosa ar na haspail ar an mbóthar ó Bhéatsáide go Céasaráia Philib - 'Cé hé a deir sibhse mé?' - spreag sé Peadar Íosa a aithint, den chéad uair, mar an Meisias, an té a gheall Dia a sheoladh chuig a mhuintir. Is í an cheist sin ba cheart do gach Críostaí a fhreagairt dóibh féin ó am go ham.

Le linn ár saoil, bíonn tionchar ag eispéiris éagsúla orainn, agus is féidir leo dul i bhfeidhm ar ár ndearcadh, ar ár meon agus ar ár gcaidreamh le daoine eile. Athraímid ó am go céile, agus athraíonn na daoine timpeall orainn freisin. Athraíonn an tuiscint a bhíonn againn ar dhaoine agus ar imeachtaí an tsaoil le himeacht aimsire. Tiocfaidh athrú ar ár dtuiscint phearsanta ar Íosa freisin. Ó am go ham, mar sin, tá sé tábhachtach go bhfreagróimidne, freisin, an cheist sin a chuir Íosa ar a aspail. Mar sin, sula dtosaíonn tú chun an ceacht seo a mhúineadh, b'fhéidir gur cóir duit

an cheist seo a chur ort féin: duitse, go pearsanta, cé hé Íosa?

Cuireann an ceacht seo leis an mbonn a leagadh síos i dTéama 1, Ceacht 3: 'Labhraíonn na Fáithe Briathar Dé'. Rinneamar iarracht treoir a thabhairt tríd an gceacht sin do na páistí gurbh é Íosa an Meisias a gheall Dia agus a raibh na daoine ag fanacht leis. Luaitear é seo agus déantar iniúchadh níos iomláine sa cheacht seo, a thugann deis do na páistí naisc a dhéanamh idir tairngreachtaí an tSean-Tiomna faoin Meisias agus an méid a deir na Soiscéil faoi shaol Íosa. Níos déanaí, mar chuid de Théama 7 (An tSeachtain Mhór agus an Cháisc), déanfaimid iarracht tuiscint bhreise a thabhairt do na páistí trí chabhrú leo a thabhairt faoi deara, tar éis an Aiséirí, gur fhás tuiscint na nAspal faoi Íosa arís, agus thosaigh siad ag breathnú air, ní amháin mar an Meisias – ach mar Dhia.

EOCHAIRFHOCAL

- **Meisias:** Focal Eabhraise a chiallaíonn 'duine ungha'. Ba é Íosa an Meisias a gheall Dia trí na fáithe.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Bealach isteach ar léarscáil ar líne d'Iosrael.

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

FAOI AITHNE NÍOS FEARR A CHUR AR DHAOINE

Sula léann tú an scéal ‘Nach raibh a fhios agat?’, déan comhrá leis na páistí faoin gcaoi a gcuireann siad aithne níos fearr ar dhaoine, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Conas a chuidíonn tuilleadh a fháil amach faoi dhuine linn, aithne níos fearr a chur orthu?
- An mbeadh sé deacair aithne mhaith a chur ar dhuine mura mbeadh mórán ar eolas agat fúthu? Cén cúis atá leis sin?
- Cad a tharlaíonn do chaidreamh nuair a chuireann daoine aithne mhaith ar a chéile?
- Cad/Cé a chuidíonn leat aithne a chur ar Íosa?
- An gcabhraíonn sé leat aithne níos fearr a chur ar dhuine trí a bheith ag caint leo? Cén fáth nó cén fáth nach gcabhraíonn?
- Cathain nó cá háit ar labhair tú le hÍosa? Abair linn faoi amanna nuair a labhraíonn tú le hÍosa, agus na rudaí a insíonn tú dó.

SCÉAL

‘Nach Raibh a Fhios Agat?’

Bhí brón ar Kaylum agus Ryan nuair a chuala siad an nuacht gur tógadh Nana go dtí an ospidéal. Dúirt a máthair leo go mbeadh sí ceart go leor, agus nár cóir dóibh a bheith buartha. Dúirt sí leo go bhfanfaidís i dteach Nana ar feadh cúpla lá, chun a bheith in éineacht le Grandad go dtí gur tháinig Nana abhaile. Ba chuma leis na buachaillí a bheith ag fanacht i dteach Nana agus Grandad, ach amháin nach raibh teilifís ná Wi-Fi sa teach, agus dá mbeadh an aimsir go dona lasmuigh, d’fhéadfadh sé a bheith beagán leadránach.

Cúpla lá ina dhiaidh sin, nuair a bhí sé ag cur báistí lasmuigh, bhí na buachaillí ag gabháil timpeall an tí féachaint an bhféadfaidís rud éigin suimiúil a dhéanamh, chonaic siad sraith de leabhair mhóra. ‘Cad iad seo, Grandad?’ d’iarr Kaylum.

‘Is iad sin albaim ghrianghraf Nana,’ d’fhreagair Grandad le haoibh gháire, ‘Téann cuid acu ar ais go dtí an tréimhse sular rugadh do mháthair. An mhaith libh féachaint orthu?’

‘Sea’, arsa Kaylum agus Ryan go bríomhar. Shíl Ryan go bhfaighidís pictiúr greannmhar dá máthair a d’fhéadfaidís a úsáid chun sport a bheith acu léi nuair a thiocfadh sí abhaile ón obair! Nuair a d’oscail siad an chéad albam, áfach, is é an chéad phictiúr a chonaic siad ná bean óg a bhí ag marcaíocht ar ghluaisrothar, agus í timpeallaithe ag leanaí gorma.

‘Cé hí sin?’ d’iarr Kaylum.

Thosaigh Grandad ag gáire, ‘Sin Nana!’

d’fhreagair sé. ‘Sin é an t-am nuair a bhí sí ag obair san Afraic.’

‘NÍ HEA?’ Ghlaigh na buachaillí, a



súile oscailte go leathan le hiontas.

‘Nach raibh a fhios sin agaibh?’ d’iarr Grandad.

‘Sin í an áit inar shochraigh Nana a bheith ina banaltra.’

‘BANALTRA ab ea Nana?’ ghlaigh Ryan. ‘Á, sin é an fáth go raibh sí go maith ag tabhairt aire dúinn nuair a bhíomar tinn.’

Chuaigh Kaylum ar aghaidh go dtí an chéad leathanach eile. ‘An í sin Nana arís?’ d’iarr sé ar Grandad, ag pointeáil chuig pictiúr eile de bhean óg.

‘Ní hea,’ d’fhreagair Grandad, ‘is í sin, Maighréad, deirfiúr Nana. Fuair sí bás i dtimpiste bóthair sular bhuail Nana agus mise le chéile.’

‘Maighréad?’ arsa Ryan. ‘Ach sin an t-ainm atá ar Mham. Ar ainmníodh Mam i gcuimhne ar Mhaighréad a fuair bás?’

‘Tá an ceart agat,’ d’fhreagair Grandad.

Shuigh Kaylum agus Ryan ar ais sna cathaoireacha. Bhí go leor á foghlaim acu faoi Nana nach raibh ar eolas acu roimhe seo.

‘Bhuel anois a bhuachaillí, tá an ghrian ag

...

taitneamh arís. Cén fáth nach dtéann sibh lasmuigh?’ arsa Grandad.
‘An féidir linn leanúint ar aghaidh ag

féachaint orthu seo?’ d’iarr Ryan.
‘Cinnte, is féidir libh,’ d’fhreagair Grandad, agus ansin, nuair a d’iompaigh sé leathanach eile san albam, d’iarr sé, ‘An raibh a fhios agaibh gur rinneoir den scoth ba ea Nana nuair a bhí sí óg?’

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí ceisteanna simplí cosúil leo seo a leanas a chur orthu. **Tá na ceisteanna ar leathanach 26 dá leabhar freisin:**

- Cén fáth a raibh Kaylum agus Ryan ag fanacht i dteach Nana?
- Cad é an chéad phictiúr a chonaic siad in albam grianghraf Nana? Cén fáth ar chuir sé iontas orthu?
- Cad eile a d’fhoghlaim siad faoi Nana ó bheith ag féachaint ar na grianghraif?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- An cuimhin leat am nuair a chuala tú rud éigin nua faoi dhuine a bhfuil aithne agat orthu, rud éigin nach raibh ar eolas agat roimhe sin? Abair linn faoi sin.

- An mbeadh iontas ort na rudaí sin go léir a chloisteail faoi Nana dá mbeifeá in áit Kaylum agus Ryan? Cén fáth go mbeadh iontas ort?
- Conas a cheapann tú go smaoiníodh na buachaillí ar bhealach difriúil faoi Nana tar éis dóibh an t-eolas nua seo a fháil fuithi? An gceapann tú go mbeadh suim níos mó acu a bheith ag labhairt léi anois tar éis na rudaí nua seo a bheith ar eolas acu fuithi? An mbeadh caidreamh níos dlúithe eatarthu mar thoradh ar seo? Cén fáth an gceapann tú amhlaidh?
- Conas a chuideodh an scéal seo leat tuiscint a fháil faoi conas a fhorbraímid caidreamh níos dlúithe le hÍosa nuair a fhoghlaimimid níos mó faoi agus faoina shaol?

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus an choinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Tá aithne againn go léir ar dhaoine a bhíonn tinn, uaigneach nó brónach uaireanta. Tabharfaimis na daoine sin chun chuimhne anois agus guímis ar a son.

Tabhair seans do na páistí a gcuid paidreacha a rá os ard. B’fhéidir gur mhaith leat tosú le guí ar son duine atá ar aithne agat.

Ag críoch gach paidir abair ‘A Thiarna, éist linn’, agus an freagra ‘A Thiarna, bí ceansa agus éist linn’ á rá ag na páistí.

Nuair atá deireadh le paidreacha na bpáistí go léir, cuir críoch leis an urnaí mar seo a leanas:

Múinteoir: A Dhia ghrámhair, gabhaimid buíochas leat as bronntanas ár dteaghlach agus ár gcairde. Cabhraigh linn an t-am a ghlacadh chun aithne a chur orthu, chun foghlaim uathu agus chun foghlaim futhu. Iarraimid é seo trí Chríost, ár dTiarna agus ár gcara.

Gach duine: Áiméan.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

FAOIN MBÍOBLA

Tabhair cuireadh do na páistí cuimhneamh ar a bhfuil ar eolas acu cheana féin faoin mBíobla, trí na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna a chur orthu:

- Cé mhéad cuid atá sa Bhíobla? An féidir leat iad a ainmniú?
- Cé mhéad leabhar atá sa Sean-Tiomna? (*daichead a sé*)
- Cé mhéad leabhar atá sa Tiomna Nua? (*fiche seacht*)
- Tá an Sean-Tiomna roinnte i gceithre chuid. An cuimhin leat na hainmneacha atá orthu? (*An Peintiteoch, Na Leabhair Stairiúla, Leabhair na hEagna, Leabhair na bhFáithe*)
- Cén chuid den Bhíobla ina bhfaighimid na scéalta faoi shaol Íosa?
- Cén scéal is fearr leat ón Sean Tiomna?
- Cén scéal is fearr leat ón dTiomna Nua?

Déan comhrá leis na páistí faoi Leabhair na bhFáithe agus cuir i gcuimhne dóibh gur fáidh é duine ar iarr Dia air labhairt thar a cheann. Féach an féidir leis na páistí cuid de na fáithe a ainmniú a chas siad orthu i scéalta ón Bíobla (m.sh. *Abrahám, Maois, Irimia, Íseáia, Eizicéil*).

Ansin féach an féidir leis na páistí aon cheann de na rudaí a thabhairt chun cuimhne a dúirt na fáithe faoi Dhia agus faoin duine a gheall Dia a sheoladh, mar shampla:

- Tá grá agus trócaire Dé neamhchoinníollach; Tá Dia dílis i gcónaí; Coinníonn Dia a gheallúintí, i gcónaí.
- Gheall Dia go gcuirfeadh sé Slánaitheoir, nó **Meisias**, a thabharfadh iomláine ghrá Dé don domhan.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

ÍOSA, AN MEISIAS A BHÍ GEALLTA

Gheall an fáidh Íseáia san Sean-Tiomna, go gcuirfeadh Dia ceannaire séimh, grámhar chuig na daoine, nuair a bheadh an t-am ceart. Bheadh an duine seo ina Shlánaitheoir, ina Meisias, ina Chríost (focal Gréigise a chiallaíonn 'An Duine atá Ungtha'). Sa Sean-Tiomna uaireanta, ungadh fáithe le hola mar chomhartha gur roghnaíodh iad chun tasc speisialta a dhéanamh ar son Dé - a iarraidh ar dhaoine iompú ón bpeaca agus chun a thaispeáint dóibh conas maireachtáil mar a theastaigh ó Dhia uathu. Na céadta bliain ina dhiaidh sin, sheas

Íosa ina shionagóg áitiúil i Nazarat agus léigh sé teachtaireacht Íseáia faoin Meisias a bhí geallta. Dúirt sé leis na daoine gurbh eisean an Meisias. Bhí Dia tar éis é a chur chugainn chun sinn a shábháil ón bpeaca agus chun grá Dé a léiriú dúinn. Rinne Íosa é seo leis an méid a rinne sé agus a dúirt sé i rith a shaoil, agus ach go háirithe trí bhás a fháil ar an gCros dúinn. Ansin tabhair cuireadh na páistí chun éisteacht leis an scéal mar a insítear é sa Soiscéal de réir Lúcais.

Is é Íosa an Meisias (Lúcás 4:16-22)

Tháinig sé go Nazarat, mar ar oileadh é, agus chuaigh isteach mar ba ghnáthbheas dó sa tsionagóg lá na sabóide, agus d'éirigh ina sheasamh chun an léitheoireacht a dhéanamh. Síneadh chuige leabhar Íseáia fáidh, agus ar oscailt an leabhair dó, fuair sé an t-ionad ina raibh scríofa:

"Tá Spiorad an Tiarna orm, mar gur choisric le hola mé.
Chuir sé uaidh mé ag tabhairt an dea-scéil do na boicht,



...

ag fógairt a scaoilte do bhránna
agus aiseag a radhairc do dhaill;
ag scaoileadh lucht géarbhroide saor;
ag fógairt bhliain ghrásta an Tiarna."

D'fhill sé an leabhar ina chéile, thug ar
ais don seirbhíseach é, agus shuigh. Agus
bhí súile a raibh sa tsionagóg dlúite air. Agus
thosaigh sé ag rá leo: "Inniu atá an scríbhinn
seo comhlíonta i gclos bhur gcluas."

Agus thug cách fianaise air, b'ionadh leo na
briathra grástúla a bhí ag teacht as a bhéal,
agus deiridís: "Nach é mac Iósaeaf é seo?"

Tar éis duit an sliocht a léamh, seiceáil tuiscint na
bpáistí trí ceisteanna simplí cosúil leo seo a leanas
a chur orthu. **Tá na ceisteanna ar leathanach 27
dá leabhar freisin:**

- Cén baile ina raibh an tsionagóg ina raibh Íosa,
lá na Sabóide?
- As cén leabhar a léigh Íosa?
- Ainmnigh roinnt de na daoine as an sliocht
Scríoptúrtha a léigh Íosa.

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur
cosúil le:

- An gceapann tú go raibh na daoine a luadh sa
sliocht Scríoptúrtha thuas ag tnúth le teacht an
Mheisias? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?
- Cad a cheap tú a bhí i gceist ag Íosa nuair a
dúirt sé, 'Inniu atá an scríbhinn seo comhlíonta i

gclos bhur gcluas'?

- Cén fáth, dar leat, a d'fhiafraigh na daoine,
'Nach é mac Iósaeaf é seo'? An gceapann tú go
mbeadh iontas orthu a fháil amach gur tháinig
an Meisias as a mbaile féin? An gceapann tú
chreid siad go léir gurbh é an Meisias, an Críost?
Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- An gceapann tú gur fhéach na daoine ar Íosa ar
bhealach difriúil ón lá sin amach? Conas?

**Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt 'Íosa,
an Meisias a bhí geallta' ar leathanach 26
dá leabhar agus an sliocht Scríoptúrtha ar
leathanach 27 dá leabhar a léamh. Ansin
spreag iad chun beagán ama a chaitheamh
ag plé leis an 'Cleachtadh Dialainne' ar bharr
leathanach 28.**

GNÍOMHAÍOCHT

AITHNE A CHUR AR ÍOSA

- Mínigh do na páistí, go gairid tar éis d'Íosa
léamh as Leabhar Íseáia sa tsionagóg, ghlaigh
sé ar a chéad lucht leanúna. Glaotar aspail ar
an gcéad dáréag dá lucht leanúna. Is beag a bhí
ar eolas ag na fir seo faoi Íosa ag an tús, ach de
réir a chéile, is mó a d'fhoghlaim siad faoi. Le
himeacht aimsire, thosaigh siad ag cur gach rud
a bhí ar eolas acu faoi, le chéile.
- Ansin cuir cairt dár teideal 'Ag Cur aithne ar
Íosa' le chéile agus tabhair cuireadh do na páistí
a mholadh conas a b'fhéidir gur líon na haspail

an cairt de réir mar a d'éirigh leo aithne níos
fearr a chur ar Íosa. D'fhéadfá na samplaí a
úsáid ar an gcairt seo a leanas chun na páistí
a spreagadh freagraí bunaithe ar a bhfuil
foghlamtha acu féin faoi Íosa go dtí seo, sa
téama seo, agus in áiteanna eile a úsáid.

- Spreag na páistí breis a chur leis an gcairt seo de
réir mar a fhoghlaimíonn siad níos mó faoi Íosa.
Déan cinnte de go bhfuil dóthain spáis ann chun
moltaí na bpáistí a chur san áireamh.

Ag Cur Aithne ar Íosa



(An méid atá ar eolas againn)	(An méid ba mhaith linn a fháil amach)	(An méid atá foghlamtha againn)
Is múinteoir é Íosa. Chualamar Íosa ag caint faoi Dhia ar bhealach nár cloiseadh riamh roimhe seo. Nuair a insíonn sé scéalta dúinn cosúil le Parabal na nOibrithe san Fhíonghort, smaoinímid ar Dhia ar bhealach atá nua agus difriúil. Is fear leighis é Íosa. Chonaiceamar Íosa ag tabhairt radharc na súl chuig duine dall, leigheas sé daoine le galair craicinn, agus chuir sé leigheas ar fhear a raibh lámh leis seargtha. Chonaiceamar na rudaí seo lenár súile féin. Tá a fhios againn nach dallamullóg nó draíocht de chineál éigin a bhí i gceist. Is fear míorúiltí é Íosa. Chonaiceamar Íosa ag feidhmiú míorúiltí, mar shampla chiúnaigh sé stoirmeacha agus thug sé bia chuig cúig míle duine gan ach cúig builín aráin agus dhá iasc a bheith aige.	An é Íosa an Meisias a gheall Dia? Ar choimeád Dia na geallúintí a rinneadh? An é Íosa an té a labhair na fáithe faoi?	Ní gnáthdhuine é Íosa. Tuigeann sé Dia, an tAthair, ar bhealach speisialta. Tá caidreamh pearsanta aige le Dia an tAthair agus is cosúil go bhfuil intinn an Athar ar eolas aige.

GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

AG TEACHT AR ÍOSA SA SEAN-TIOMNA

- Cuir i gcuimhne na bpáistí go ndúirt fáithe an tSean-Tiomna leis na daoine go gcuirfeadh Dia Meisias, nó Slánaitheoir, chucu.
- Ansin tabhair cuireadh do na páistí breathnú ar gach ceann de na Tagairtí Scrioptúrtha seo ar an gclár bán :
 - » Míocá 5:2
 - » Íseáia 60:6
 - » Íseáia 35:5-6
 - » Zacairia 9:9
- Iarrfar ar na páistí a aithint, i ngach cás, an sliocht ón tSean-Tiomna a thagraíonn do áit bhreithe Íosa, do na bronntanais a gheobhaidh sé, do na míorúiltí a dhéanfaidh sé, agus conas a rachaidh sé isteach i Iarúsailéim.
- Nuair a phiocfaidh na páistí an sliocht ceart ón tSean-Tiomna do gach ceist, déanfar an sliocht ábhartha ón Tiomna Nua a nochtadh.

Seo na sleachta Scrioptúrtha a bhaineann leis an ngníomhaíocht seo:

Íosa sna Scrioptúir: An Sean-Tiomna	Íosa sna Scrioptúir: An Tiomna Nua
1. Míocá 5:1 Ach tusa, a Bheithil Eafráta bíodh gur beag thú i measc chlanna Iúdá is asatsa a thiocfaidh chugam an té a bheidh ina cheann urra ar Iosrael, an té a dtéann a shinsearach na cianta siar go dtí an t-am fadó.	A. Lúcas 2:4 Agus chuaigh Iósaeaf freisin suas ón nGailíl, ó chathair Nazarat, go hIúdáia, go dtí cathair Dháiví ar a nglaothar Beithil, de bhrí gur de theaghlach agus de threabhchas Dháiví é féin.
2. Íseáia 60:6 Beidh tú ar do chlúdach le camail ina sluaite, scoth chamail Mhidián agus Éafá, iad siúd go léir ag triall as Seabá, ór agus túis ar iompar acu, agus iad ag fógart moltaí an Tiarna.	B. Matha 2:11 Agus ar dhul isteach sa teach dóibh, chonaic siad an leanbh le Muire a mháthair, agus d'umhlaigh siad go talamh ag déanamh ómóis dó. Agus d'oscail siad a gcistí agus d'ofráil siad tabhartais dó, ór agus túis agus miorra.
3. Íseáia 35:5-6 Déanfar a súile do na daill an uair sin agus réiteofar cluasa na mbodhar; beidh an bacach ag léimneach mar a bheadh fia ann agus teanga an bhalbháin ag gabháil ceoil le lúcháir.	C. Lúcas 7:20, 22 Nuair a tháinig na fir ina láthair dúirt siad: "Chuir Eoin Baiste chugat sinn á rá: 'An tú an té atá le teacht, nó an ceart dúinn bheith ag súil le duine eile?'" Agus dúirt sé leo á bhfreagairt: "Imígí agus insígí d'Eoin a bhfuil feicthe agus cloiste agaibh: tá radharc ag daill, tá siúl ag bacadh, glantar lobhair agus tá éisteacht ag bodhráin, éiríonn na mairbh, agus fógraítear an dea-scéal do bhoicht.
4. Zacairia 9:9 Déan gairdeas go spleodrach, a iníon Shíón; tóg gártha áthais, a iníon Iarúsailéim. Féach, tá do rí ag teacht chugat, é go caithréimeach slán, agus go ceansa, agus ag marcaíocht ar asal, ar bhromaichín, ar shearrach asail.	D. Eoin 12:12, 14 Lá arna mhárach, an slua mór a tháinig don fhéile, nuair a chuala siad go raibh Íosa ag teacht go Iarúsailéim ... fuair Íosa asal óg agus shuigh air.

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

CEIST DO GACH CRÍOSTAÍ

- Tosaigh trí mheabhúr a dhéanamh ar chuid de na rudaí a dúirt na fáithe faoin Meisias a gealladh, agus mar a comhlíonadh iad seo i saol Íosa.
- Cuir i gcuimhne na bpáistí go raibh cur amach ag na haspail ar theagasc na bhfáithe, agus, de réir mar a chaith siad níos mó agus níos mó ama le hÍosa, bheidís in ann a fheiceáil agus a oibriú

- amach dóibh féin gurb eisean an té a gheall Dia.
- Ansin taispeáin léarscáil Iosrael do na páistí ar líne. Iarr orthu Céasaráia Philib a aimsiú (ó thuaidh ó Mhuir na Gailíle). Mínigh do na páistí, nuair a bhí Íosa ag siúl in aice le Céasaráia Philib lena dheisceabail, gur chuir sé ceist ar a dheisceabail. Ansin léigh an scéal mar a insítear é sa Soiscéal de réir Mharcais.

'Cé hé a deir sibhse mé?' (Marcas 8:27-29)

D'imigh Íosa agus a chuid deisceabal go dtí na bailte i gCéasaráia Philib, agus sa tslí dóibh d'fhiafraigh sé dá dheisceabail: "Cé hé a deir na daoine mise?"

Dúirt siad leis: "Eoin Baiste, agus cuid eile acu Éilias, cuid eile duine de na fáithe."

D'fhiafraigh sé díobh: "Ach cé hé a deir sibhse mé?" Dúirt Peadar leis á fhreagairt: "Is tú an Meisias."



Tar éis duit an sliocht a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí ceisteanna simplí cosúil leo seo a leanas a chur orthu. **Tá na ceisteanna ar leathanach 28 dá leabhar freisin:**

- Cad í an chéad cheist a chuir Íosa ar a dheisceabail agus iad ag siúl le chéile?
- Cérbh iad na daoine a luaigh na deisceabail ina bhfreagraí?
- Cad í an dara ceist a chuir Íosa orthu?

Ansin tochail níos doimhne, trí na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna a chur orthu:

- Cén fáth, dar leat, gur cheap cuid de na daoine gurb é Íosa Eoin Baiste, Éilias, nó duine de na fáithe eile a tháinig ar ais ar an saol? Cén bealach a raibh Íosa cosúil leis na fir sin?
- Dá gcuirfeadh Íosa an cheist chéanna ort, 'Cé hé a deir tusa mé?', Cén freagra a thabharfá?

Tá an scéal faoi Íosa ag fiafraí dá dheisceabail 'Cé hé a deir sibhse mé?' ar leathanach 28 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí an scéal a léamh dóibh féin.

CLEACHTADH DIALAINNE

'CÉ HÉ A DEIR TUSA MÉ?'

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 28 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh a shamhlú agus scríobh conas a thabharfaidís freagra dá gcuirfeadh Íosa an cheist chéanna orthu, 'Cé hé a deir tusa mé?'

GNÍOMHAÍOCHT RÓLIMEARTHA

- Samhlaigh go raibh tú i measc na ndeisceabal a bhí ag siúl le hÍosa in aice le Céasaráia Philib. Le páiste eile déan aithris ar an gcomhrá a d'fhéadfadh a tharlú tar éis d'Íosa bhur gcuideachta a fhágáil.



GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Smaoinigh ar an mbealach a chuireann tú aithne níos fearr ar dhaoine nuair a chaitheann tú am leo ... Ar an gcaoi chéanna, chuir Peadar agus na deisceabail eile aithne níos fearr ar Íosa trí éisteacht lena chuid focal agus trí bhreathnú ar an gcaidreamh a bhí aige le daoine. Thug siad faoi deara, ach go háirithe, an cineáltas a léirigh Íosa dóibh siúd ar thug daoine eile neamhaird orthu ... Thug siad faoi deara freisin gur leigheas Íosa go leor daoine ... Tabhair chun chuimhne cuid de na scéalta a chuala tú ó na Soiscéil faoi Íosa ag cur

leighis ar dhaoine ... Leanann Íosa air ag leigheas daoine inniu ...

Díreach mar a chuir na luath-dheisceabail aithne ar Íosa trí a bheith ag breathnú ar a ghníomhartha agus ag éisteacht lena fhocail, is féidir leatsa, freisin, aithne níos fearr a chur ar Íosa trí a bheith ag éisteacht leis na scéalta a chloiseann tú faoi, ón mBíobla. Is féidir leat aithne níos fearr a chur ar Íosa freisin trí labhairt leis ... Is féidir leat leigheas a iarraidh ar Íosa duit féin agus do dhuine ar bith a bhfuil aithne agat orthu agus a shíleann tú go bhfuil leigheas ag teastáil uathu anois ... B'fhéidir gur mhaith leat labhairt le hÍosa ar feadh nóiméid anois le do guth inmheánach agus inis dó conas atá tú ag mothú ... D'fhéadfá a iarraidh air cabhrú leat aithne níos fearr a chur air ... Nuair atá sibh réidh, is féidir na súile a oscailt.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

De réir mar a chuirimid aithne ar dhaoine, is ea is mó a thuigimid iad, agus tugann sé sin deis dúinn caidreamh níos doimhne a bheith againn leo. De réir mar a chuir na haspail aithne ar Íosa, thuig siad, ní amháin go raibh sé ina mhúinteoir, ina fhear leighis agus ina fhear míorúiltí, ach ba é an Meisias, an Críost, an Slánaitheoir a gheall Dia do phobal

Iosrael trí na fáithe. Tháinig na haspail ar an dearcadh toisc go ndearna siad naisc idir an méid a dúirt na fáithe agus cad a tharla i saol Íosa. Nuair a d'fhiafraigh Íosa de na haspail ar deireadh, 'Cé hé a deir sibhse mé?', d'fhreagair Peadar, 'Is tusa an Meisias.'

AG COMHRÁ

FAOI AITHNE A CHUR AR ÍOSA

Tosaigh trí cheist a chur ar na páistí faoi na daoine is fearr a bhfuil aithne acu orthu: a dteaghlach, dlúthchairde, srl. Cuir i gcuimhne dóibh go gcuirfimid aithne ar dhaoine nuair a chaithimid am leo. D'fhoghlaim na haspail gurbh é Íosa an Meisias trí am a chaitheamh leis agus trí éisteacht leis.

Ansin déan comhrá leis na páistí faoi conas a d'fhéadfaidís aithne níos fearr a chur ar Íosa, agus na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna á n-úsáid agat:

- An gceapann tú go bhfuil Íosa ag iarraidh aithne a chur ort, díreach mar a chuir sé aithne ar a lucht leanúna ó thús? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?

- Cad iad na bealaí inar féidir leat aithne níos fearr a chur ar Íosa? An fiú duit é seo a dhéanamh? Cén fáth nó cén fáth nach fiú duit?
- Dhá bhealach is féidir linn aithne a chur ar Íosa ná guigh chuige agus an Bíobla a léamh chun níos mó a fhoghlaim faoi. An gceapann tú gur mhaith leat

na rudaí seo a dhéanamh? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith leat?

- Go gairid, iarrfar ort smaoineamh an maith leat do chreideamh in Íosa a dhearbhu; cibé acu is mian leat Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh nó a mhalairt. Cén freagra, dar leat, a thabharfaidh tú? Cén fáth?

PAIDIR

Nóta: Tóg roinnt ama roimh ré chun atmaisféar urnaí a chruthú sa seomra ranga. B'fhéidir gur mhaith leat an seomra a dhorchú agus roinnt ceoil machnamhach a sheinm.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus an choinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn. Dúnaimis ár súile agus glacaimis ár scíth i láithreachtaí ghrámhair Dé. (Sos)

Tabhair aire dod' análú. Tabhair faoi deara é, ach ná hathraigh é. Glac sos agus análaigh. (Sos)

Anois, samhlaigh duit féin go bhfuil tú in áit a chuireann áthas ar do chroí. B'fhéidir gur an gairdín, an seomra leapa, nó áit eile a thagann chun cuimhne ... cibé áit a chuireann gliondar ort. (Sos)

Tóg nóiméad le fios a chur ar na rudaí atá san áit sin. Cad is féidir leat a fheiceáil? (Sos) Cad is féidir leat a chloisteáil? (Sos) Cad is féidir leat a thadhaill? (Sos) Cad is féidir leat boladh? (Sos)

Agus tú ag ligean do scíth san áit seo, tuigeanntú nach bhfuil tú i do aonar. Tá Íosa leat. (Sos)

Deir Íosa d'ainm. Éist. (Sos)

Insíonn Íosa leat go bhfuil sé ag iarraidh a fháil amach conas atá tú ag mothú. Más mian leat, ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, nach féidir le haon duine eile a chloisteáil, inis le hÍosa cén chaoi a bhfuil tú ag mothú. (Sos)

Céard eile ar mhaith leat a insint leis anois? (Sos)

An bhfuil rud ar bith atá ag dul go maith leat i



láthair na huaire? B'fhéidir gur mhaith leat é a lua le hÍosa. (Sos)

An bhfuil rud ar bith ann atá ag bagairt nó ag cur imní ort faoi láthair? An bhfuil aon rud ann a chuireann tú trína chéile? Is féidir leat é sin a lua le hÍosa freisin. (Sos)

Is maith le hÍosa éisteacht leat. Éist anois leis an méid atá le rá ag Íosa leat.

(Glac sos ar feadh cúpla nóiméad)

Tá an t-am ag teacht anois chun Íosa agus an áit seo a fhágáil. Ach ba mhaith le hÍosa go dtabharfá cuairt arís air. An ndéanfaidh tú? (Sos)

Nuair atá tú réidh, oscail na súile. (Sos)

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Múinteoir: A Thiarna Íosa, is tú an Meisias a gheall Dia dúinn.

Tháinig tú chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil agus conas grá a roinnt. Cabhraigh linn foghlaim fút, agus foghlaim uait.

Cabhraigh linn maireachtáil mar a mhúin tú dúinn.

Iarraimid é seo ort féin,

a chónaíonn leis an Athair,

in aontacht an Spioraid Naoimh, go deo.

Gach duine: Áiméan.

Comhartha na Croise

Úinéir an Fhíonghoirt

Roghnaigh *ceann amháin* nó *níos mó* de na focail nó frásaí ón mbanc focal thíos is fearr, dar leat, a dhéanann cur síos ar úinéir an fhíonghoirt i bParabal na nOibrithe sa Fhíonghort. Ansin críochnaigh an obair thíos.

Banc focal

Éagórach · Díchéillí · Thar a bheith flaithiúil · Gan a bheith an-chliste · Cineálta · Lách · Gan tuiscint · Trócaireach · Caitheann le gach duine go cothrom · Trioblóidí

Sílim gur fearr a chuireann na focail seo síos ar úinéir an fhíonghoirt:

Roghnaigh mé na focail sin toisc:

Sílim go bhfuil Dia cosúil le húinéir an fhíonghoirt toisc:



Ag Tógáil Ríocht Dé

Slite ina dhéanfaidh mé iarracht Ríocht Dé a thógáil ...

Ar Scoil	Sa Bhaile
Nuair atá mé le mo chairde	Sa chomharsanacht agus sa pharóiste

Téama 3: Ár nGairm Chríostaí

Ceacht 1: Glaonn Dia orainn uile

Ceacht 2: Freagraímid glaoch Dé

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Iarrann Dia orainn conradh a bheith againn leis, agus iarrann sé orainn freagra pearsanta a thabhairt de go toilteanach

Rúndiamhair Íosa Críost

- Ba é an misean a bhí ag Íosa, bheith ag seanmóireacht, agus Ríocht Dé a thabhairt chun críche

Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta

- Tá bronnantas éigin ón Spiorad ag gach ball den Eaglais chun leanúint ar aghaidh le hobair Chríost agus chun go mbeidh Ríocht Dé láithreach, beo ó lá go lá
- Is ionann gairm bheatha agus glaoch. Is cuireadh ó Dhia é, ina n-iarrann sé ar gach duine é a ghráú agus freastal a dhéanamh air féin agus ar a Eaglais ar bhealach faoi leith
- Tugann Íosa gairm bheatha faoi leith do gach duine
- Is iad seo na ceithre ghairm bheatha faoi leith atá ag an saol Chríostaí: saol singil, saol pósta, saol reiligiúnach agus an mhinistreach oirnithe. Is glaoch atá i ngach gairm bheatha, Críost a leanúint go dlúth
- Leanann daoine pósta Críost nuair a thugann siad iad féin dá chéile go hiomlán le grá agus seirbhís. Sa phósadh geallann fear agus bean grá a thabhairt dá chéile agus a bheith dílis dá chéile ar feadh an chuid eile dá saol
- Na daoine a roghnaíonn an saol coisricthe, déanann siad admháil poiblí na gcomhairlí soiscéalacha-bochtaineacht, geannmáíocht agus umhlaíocht le go mbeidh ar a gcumas a ngrá do Dhia agus don chomharsa a bheith foirfe. Déanann siad freastal ar mhisean na hEaglaise trí urnaí, aithrí, obair aspalda agus maireachtáil sa phobal
- Na daoine a roghnaíonn an mhinistreach oirnithe, trí shacraimint na hoirnithe, déanann siad ionadaíocht ar Chríost, an tAoire Maith ar son chlann Dé agus ar son Chríost mar Cheann na hEaglaise. Ní hamháin go n-ofráileann siad a saol féin don Athair, mar a dhéanann gach Críostaí, ach déanann siad freastal ar na fíréin

‘go pearsanta’ mar a rinne Críost

- Leanann daoine singil Críost ina saol laethúil trí sheirbhís a thabhairt do dhaoine eile trí obair agus urnaí
- Daoine eile a léirigh luachanna Críostaí ina gcuid oibre m.sh. Nano Nagle

BRIATHAR DÉ

An Scriptor Naofa

Plean Grámhar Dé don Slánú

- Lúc 1:26-38. Teachtaireacht an Aingil

Breith agus Óige Íosa

- Ís 43:1-4. ‘Ghlaoigh mé ar d’ainm.’

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

- San urnaí glaonn Dia orainne ar dtús; Má fhreagraímid sin í an chéad chéim a thógaimid

Na Sacraimintí

- Iarrann an Baisteadh orainn a bheith páirteach i mbunú Ríocht Dé
- Ag an gCóineartú faighimid an Spiorad Naomh, a thugann an neart agus an misneach dúinn saol naofa a chaitheamh, an soiscéal a fhógairt agus seirbhís a thabhairt do dhaoine eile mar a rinne Íosa

MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

Saoirse agus Freagracht an Duine

- Glaonn Dia orainn agus tá an saoirse againn é a fhreagairt (gairm bheatha)

Teagasc Sóisialta na hEaglaise

- Scéalta faoi eiseamláirí áitiúla, fiú daoine ar chomh aois leo féin, a léiríonn na cinntí agus na gníomhartha a fhéadfadh páistí aithris a dhéanamh orthu ina saol morálta féin

OCG i gcomhthéacs Críostaí

- Is é an grá an ghairm bhunúsach, dhúchasach atá ag gach duine. Cuirtear an ghairm seo i bhfeidhm ar bhealach atá iomlán éagsúil óna chéile: sa phósadh nó i saol aontumhach ar son na Ríochta

Ceacht 1: Glaonn Dia orainn uile

SULA DTOSAÍONN TÚ

Nuair a bhaistear duine san Eaglais, faigheann siad bronnantas an Spioraid Naoimh ó Dhia don chéad uair. Nuair a bhaistear naíonán, glacann na tuismitheoirí leis an gcuireadh, thar cheann an naíonáin, a bheith mar bhall den Eaglais agus Íosa Críost a leanúint. Tugtar cuireadh do na tuismitheoirí ainm a thabhairt don pháiste, agus glaotar an t-ainm sin ar an leanbh as sin amach.

Chuir Dia Íosa ar domhan mar dhuine daonna,

chun cabhrú linn tuiscint a fháil ar conas is féidir linn freagairt do ghlaó Dé a ríocht a thógáil anseo ar domhan. Táimid saor chun freagra a thabhairt ar an nglao seo nó gan é a fhreagairt. Cuireann an freagra a thugaimid tús le haistear ar feadh an tsaoil mar leantóir Íosa. Freagraíonn daoine don gcuireadh seo ar go leor bealaí éagsúla le cabhair ó an Spiorad Naomh, a fuair siad ag an mBaisteadh.

EOCHAIRFHOCAL

- **Gairm Chríostaí:** Glaoch uathúil ó Dhia ar gach duine. Tugann Dia cuireadh dúinn grá agus seirbhís a thabhairt dó. Déanaimid é sin trí mhaireachtáil mar a iarrann Íosa orainn.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Páipéar ealaíne agus ábhair dhathúcháin do gach páiste

SCÉAL

An t-Athaontú Scoile

Chun comóradh céad bliain bunú Scoil Bhríde a cheiliúradh, tugadh cuireadh do na hiarscoláirí ar fad, freastal ar féasta tráthnóna. Bhí Naoise agus Caoimhe cairdiúil i gcónaí ó bhí siad le chéile i Scoil Bhríde agus mar sin bheartaigh siad chun freastal ar an bhféasta. Bhí siad neirbhíseach an mbeadh aithne acu ar go leor daoine a bhí sa scoil fiche bliain ó shin, ach d'éirigh go maith leo. D'éirigh leo aithne a chur arís ar roinnt de na daoine a bhí sa rang chéanna agus roinn siad go léir cuimhní ar a chéile.

Ar ndóigh, theastaigh ó gach éinne a chloisteáil conas a d'éirigh le gach duine eile agus má bhí siad pósta, an raibh clann acu agus mar sin de.

Dúirt Órán go raibh sé ag obair mar thógálaí. Dúirt sé, ón am a fuair sé a chéad shraith Lego, gur thaitin sé go mór leis nithe a thógáil. Bhain sé taitneamh as rudaí a chur le chéile agus ní raibh sé chun nithe a athrú!

Ní raibh ionadh ar dhuine ar bith nuair a chuala siad gur tréidlia ab ea Carmel. Ba í an chéad duine i gcónaí a bhí toilteanach an t-uisce a athrú san umar turtar ar scoil. Bhí uirthi obair go crua agus go fada ach bhí sí sasta é sin a dhéanamh toisc go raibh grá aici do na hainmhithe go léir.

Bhí Jean ag obair in ionad lae, a chuir béilí saor in aisce ar fáil do dhaoine a bhí ar an ngannchuid. Thaitin sé go mór léi a bheith in ann cuidiú le daoine a raibh cabhair ag teastáil uathu. Beannacht ina saol a bhí san obair seo.

Chuir Taidhgín iontas ar gach duine nuair a dúirt sé go raibh sé ina chúramaí baile. Roghnaigh sé aire a thabhairt dá bheirt pháiste óga fad is a d'oibrigh a bhean sa ghruagaire áitiúil. Dúirt sé gur bhain sé taitneamh as am a chaitheamh lena leanaí, agus thug sé deis dó taitneamh a bhaint as a chaitheamh aimsire - cócaireacht!

Mhínigh Rian gur oibrigh sé mar altra in ospidéal i Luimneach. Nuair a d'iarr siad air



cén fáth go ndearna sé staidéar ar an altranas, labhair sé faoin am nuair a chuir comharsa leis, a bhí ina banaltra, cóir ar a lámh ghortaithe. Thaitin sí i gcónaí leis, agus bhí tionchar chomh mór sin ag a cúram air, gur theastaigh uaidh aire a thabhairt do dhaoine eile ó shin i leith.

Arís, ní raibh ionadh ar dhuine ar bith a chloisteáil go raibh Caoimhe fós ag scríobh ceoil, ag canadh i mbanna ceoil agus ag aisteoireacht aon uair a fuair sí an deis. Bhí an ceol tábhachtach di i gcónaí agus mhínigh sí go raibh sí sona agus sásta nuair a bhí sí caillte i bpíosa ceoil nó ag cur a cuid amhrán i láthair daoine eile.

Chríochnaigh Naoise an grúpa agus mhínigh sí go raibh sí ina oibrí sóisialta anois, cé go ndearna sí staidéar ar eolaíocht ar dtús agus chaith sí cúpla bliain ag obair mar réalteolaí. Bhraith sí go raibh an t-ádh léi maireachtáil i dteaghlach grámhar agus anois theastaigh uathu rud éigin a thabhairt ar ais agus difríocht a dhéanamh i saoil daoine a bhí ar an ngannchuid. Thuig sí gur bhain sí taitneamh as oibriú le daoine eile agus a bheith ag cabhrú leo.

Ar an mbealach abhaile, rinne Naoise agus Caoimhe comhrá faoin oíche. Ba shuimiúil é an tslí a ndeachaigh daoine éagsúla le postanna éagsúla. D'aontaigh siad, cé go ndearna gach duine rudaí difriúla, go raibh an chosúlacht ann gur chuir gach duine feabhas ar an saol trína ngairmeacha féin a leanúint.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna simplí a chur orthu cosúil leis na ceisteanna seo a leanas. **Tá na ceisteanna seo ar leathanach 30 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Cén comóradh a bhí á cheiliúradh ag Scoil

Bhríde?

- Cén chaoi a ndearna an scoil an ócáid speisialta seo a cheiliúradh?
- Cathain a thosaigh suim Óráin sa tógáil?
- Cén fáth nach raibh ionadh ar éinne nuair a chuala siad gur thréidlia í Carmel?

- Cén fáth ar bhain Jean taitneamh as a cuid oibre ag an ionad lae?
- Cad a spreag Taidhgín chun bheith ina chúramaí baile?
- Cén t-eispéireas a bhí ag Rian, go luath ina shaol, a chabhraigh leis chun bheith ina altra?
- Cén fáth nach raibh ionadh ar éinne nuair a chuala siad go raibh baint ag Caoimhe le ceol agus le haisteoireacht?
- Cén fáth ar roghnaigh Naoise a gairm bheatha a athrú agus a bheith ina oibrí sóisialta?

Ansín tochail níos doimhne trí cheisteanna cosúil leo seo a chur orthu:

- An bhfuil a fhios agat cén cineál oibre ba mhaith leat a bheith bainteach leis agus tú ag fás aníos? An bhfuil sé seo athraithe ón rud a theastaigh uait a dhéanamh nuair a bhí tú níos óige? An gceapann tú go bhféadfadh sé athrú arís? Cén fáth nó cén fáth nach bhféadfadh?
- Cén fáth, dar leat, a tharraingítear daoine chuig postanna/bealaí maireachtála difriúla? Cad as a thagann an claonadh seo? Cén fáth go gceapann tú é sin?

Tabhair cuireadh do na páistí beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht ‘Smaoinigh air seo’ ar lch 30 dá leabhar.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

AG SAMHLÚ CAD ATÁ IN ANN DOM

Nóta: Beidh páipéar ealaíne agus ábhair dhathúcháin ag teastáil ó gach páiste.

- Tabhair cuireadh do na páistí, ag úsáid cruthanna, dathanna agus/nó íomhánna, cad a shamhlaíonn siad atá in ann dóibh féin nuair a fhásann siad aníos, a léiriú.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus an choinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Inniu gabhaimid buíochas le Dia as na beannachtaí a thug sé dúinn inár saol. Is é an freagra ná: *Molaimid thú agus gabhaimid buíochas leat.*

A Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas leat as na bronnantais agus na buanna uile a thug tú dúinn.
Gach duine: Molaimid thú agus gabhaimid buíochas leat.

Múinteoir: Maidir leis na féidearthachtaí go léir inár saol.

Gach duine: Molaimid thú agus gabhaimid buíochas leat.

Múinteoir: Maidir le cairde, teaghlach agus an scoil.

Gach duine: Molaimid thú agus gabhaimid buíochas leat.

Múinteoir: Maidir leis na daoine a bhfuil meas againn orthu agus iad siúd a spreagann sinn.

Gach duine: Molaimid thú agus gabhaimid buíochas leat.

Múinteoir: A Dhia ár nAthair, tá cónaí orainn i saol iontach len a lán deiseanna. Cabhraigh linn gan talamh slán a dhéanamh de na deiseanna sin ach ár gcuid bronnantais agus buanna a úsáid chun do chuid oibre a dhéanamh agus chun cuidiú leo siúd atá i ngátar timpeall orainn. Cabhraigh linn chun roghanna maithe a dhéanamh. Ná déanaimis dearmad orthu siúd nach bhfuil cúrsaí go maith acu. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

FAOIN MHINIÚ A BHAINNEAN LE GAIRM CHRÍOSTAÍ

- Déan comhrá leis na páistí faoin gcaoi a bhfuilimid uile tarraingthe chuig caitheamh aimsirí agus ábhair suime éagsúla.
- Ansin mínigh dóibh go gcreidimid, mar Chríostaithe, go nglaoonn agus go dtarraingíonn Dia gach duine againn chuig bealach áirithe maireachtála. Tugtar **Gairm Chríostaí** air seo. Is é ár ngairm Chríostaí an glao uathúil ó Dhia a fhaigheann gach duine againn, ag tabhairt cuireadh dúinn ár saol a chaitheamh ag tabhairt grá agus seirbhís do dhaoine eile agus a bheith ar na daoine is fearr agus is féidir linn a bheith.
- Is minic a ghlaogh Dia ar dhaoine le linn an tSean-Tiomna. Féach an féidir leis na páistí cuimhneamh ar ainmneacha na ndaoine ar ghlaogh Dia orthu ag an am sin.
- Faoi dheireadh, chuir Dia a Mhac, Íosa, chun cónaí inár measc ionas go bhféadfadh sé a thaispeáint dúinn conas freagairt dá ghlaoch chun maireachtáil mar a leanáí trína ghrá a thabhairt do dhaoine eile - trí ghrá agus seirbhís a thabhairt do dhaoine eile. Chuir Dia a Spiorad chugainn freisin chun sinn a threorú agus chun cabhrú linn freagra a thabhairt ar a ghla.
- Tabhair cuireadh do na páistí 'Ár nGairm Chríostaí' a léamh **ar leathanach 30 dá leabhar**.
- Inis do na páistí ansin go bhfuil siad chun scéal a chloisteáil anois ón Sean-Tiomna faoi mar a ghlaogh Dia ar bhuachaill óg darb ainm dó Samúéil. Tar éis dó treoir a fháil ó fhear darb ainm Éilí, faoi conas a bheith i do sheirbhíseach don Tiarna, d'fhreagair Samúéil glao Dé.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

GHLAOIGH DIA AR SHAMÚÉIL

Taispeáineann an Tiarna é féin do Shamúéil (1 Samúéil 3:2-10)

Tharla lá amháin go raibh Éilí ina luí ina sheomra féin. Bhí radharc na súl ag teip air i dtreo nach raibh sé in ann dada a fheiceáil. Ní raibh lóchrann Dé imithe as fós, agus bhí Samúéil ina luí i dteampall an Tiarna mar a raibh áirc Dé. Ansin ghlaogh an Tiarna: "A Shamúéil!" D'fhreagair seisean: "Seo anseo mé," agus rith sé leis go dtí Éilí agus dúirt: "Seo anseo mé, mar ghlaogh tú orm."

Ach dúirt seisean: "Níor ghlaogh mé ort; luigh síos arís." D'imigh sé mar sin, agus luigh síos.

Ghlaogh an Tiarna arís. "A Shamúéil!" D'éirigh Samúéil agus chuaigh go dtí Éilí agus dúirt: "Seo anseo mé mar ghlaogh tú orm."

Agus d'fhreagair seisean: "Níor ghlaogh mé ort, a mhic; luigh síos arís."

Ní raibh aon aithne fós ag Samúéil ar an Tiarna, ná níor foilsíodh briathar an Tiarna dó fós. Ghlaogh an Tiarna ar Shamúéil den tríú huair. D'éirigh seisean agus chuaigh go dtí Éilí agus dúirt: "Seo anseo mé, mar ghlaogh



tú orm."

Thuig Éilí ansin gurbh é an Tiarna a bhí ag glaoch ar an ngasúr. Dúirt sé le Samúéil: "Imigh agus luigh síos, agus má ghlaonn aon duine ort abair: 'Labhair, a Thiarna, tá do sheirbhíseach ag éisteacht.'" D'imigh Samúéil mar sin agus luigh sé síos ina áit féin.

Tháinig an Tiarna ansin agus sheas ansiúd agus ghlaogh mar a rinne roimhe sin: "A Shamúéil! A Shamúéil!"

D'fhreagair Samúéil: "Labhair, tá do sheirbhíseach ag éisteacht."

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna simplí a chur orthu cosúil leis na ceisteanna seo a leanas. **Tá na ceisteanna seo ar leathanach 31 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Cé a cheap Samúéil a bhí ag glaoch air?
- Conas a d'fhreagair sé gach uair a chuala sé an glaoch?
- Cé mhéad uair a chuala Samúéil an glaoch sular thuig Éilí gurbh é ón Tiarna é?
- Cad a dúirt Éilí le Samúéil a dhéanamh dá gcloisfeadh sé an glaoch arís?
- Conas a d'fhreagair Samúéil nuair a thuig sé gurbh é an Tiarna a bhí ag glaoch air?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna cosúil leo seo a chur orthu:

- Conas a mhothaigh Samúéil, meas tú, nuair a chuaigh sé chuig Éilí den tríú huair?
- Conas a mhothaigh Éilí, meas tú, nuair a thuig sé gurbh é an Tiarna a bhí ag glaoch ar Shamúéil?
- Conas a mhothaigh Samúéil, meas tú, nuair a chuala sé gurbh é an Tiarna a bhí ag glaoch air? Cén fáth, meas tú, go mb'fhéidir gur mhothaigh sé mar sin?
- Conas a bhraithfeá dá mba tusa Samúéil?

Tá an scéal thuas le fáil ar leathanach 31 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí chun an scéal a léamh dóibh féin.

GHLAOIGH DIA AR DHAOINE IN AIMSIR ÍOSA

Iarr ar na páistí féachaint ar na pictiúir ar leathanach 32 dá leabhar agus ansin cuir ceisteanna, cosúil leo seo, orthu:

- Cé atá á ghlaoh sa phictiúr seo? (*B'fhéidir go mbeidh cabhair ag teastáil ó na páistí chun freagra a thabhairt, mar sin tabhair leideanna dóibh, mar shampla: Cad atá á dhéanamh ag an duine?; Bailitheoir cánach ba ea é, srl.*)

- Cé atá ag glaoch orthu?
- An bhfuil aon rud sa phictiúr a sheasann amach duitse? Cén fáth?
- Conas a cheapann tú go bhfuil an duine/na daoine atá á nglaoch ag mothú?
- Cén fáth go mbeadh ionadh ar an duine/na daoine seo a bheith glaoite?

Pictiúr 1: Glao Mhuire: Lúcas 1:28-38.

Agus ar a theacht isteach chuici dúirt: "Sé do bheatha, atá lán de ghrásta, tá an Tiarna leat; is beannaithe tú idir mná." Ach bhí buaireamh uirthi de chionn na cainte, agus bhí sí ag machnamh cén sort beannachadh é seo. Ach dúirt an t-aingeal léi: "Ná bíodh eagla ort, a Mhuire, óir fuair tú gean ó Dhia. Agus féach, gabhfaidh tú gin agus béarfaidh tú mac agus tabharfaidh tú Íosa mar ainm air. Beidh sé mór, agus glaofar Mac an Té is airde air, agus tabharfaidh an Tiarna Dia dó richathaoir Dháiví a athair, agus beidh sé ina Rí ar theaghlach Iacóib go brách, agus ní bheidh deireadh lena ríocht." Dúirt Muire leis an aingeal: "Conas a bheidh seo amhlaidh, agus gan cuid agam d'fhear chéile?" Agus dúirt an t-aingeal á freagairt: "Tuirlingeoigh an Spiorad Naomh ort, agus beidh cumhacht an té is airde ina scáil anuas ort, agus sin é an fáth a mbeidh an leanbh naofa; glaofar Mac Dé air. Agus féach, Eiliosaibeit do bhean ghaoil, ghabh sise mac freisin ina seanaois, agus is é seo an séu mí aici siúd a dúradh a bheith aimrid. Óir níl ní ar bith dodhéanta ag Dia." Dúirt Muire: "Féach, mise banóglach an Tiarna; déantar liom de réir d'fhocail." Agus d'imigh an t-aingeal uaithi.



Pictiúr 2: Glaonn Íosa Síomón Peadar agus Aindrias: Matha 4:18-20.

Ag siúl dó cois farraige na Gailíle, chonaic sé beirt dearthár, Síomón ar a dtugtar Peadar agus Aindrias a dheartháir, ag caitheamh eangacha san fharraige, mar iascairí a bhí iontu. Labhair sé leo: "Tagaigí i mo dhiaidh, agus déanfaidh mé iascairí ar dhaoine díbh." D'fhág siad na líonta láithreach agus lean siad é.



Pictiúr 3: Glaonn Íosa Séamas agus Eoin: Matha 4:21-22.

Bhuail sé ar aghaidh, agus chonaic sé beirt dearthár eile, Séamas mac Zeibidé agus Eoin a dheartháir: bhí siad sa bhád in éineacht lena n-athair, Zeibidé, ag cóiriú a gcuid líonta; agus ghlaoigh sé iad. D'fhág siad an bád agus a n-athair láithreach agus lean siad é.



Pictiúr 4: Glaonn Íosa Léiví/Matha: Lúcas 5:27-28.

Ina dhiaidh sin chuaigh sé amach agus thug faoi deara poibleacánach darb ainm Léiví, ina shuí i dteach an chustaim, agus dúirt leis: “Lean mise.” D’fhág sé gach aon ní, d’éirigh agus lean é.



Díreach mar a tugadh an t-ainm Peadar do Shíomón, agus an t-ainm Pól do Shól, ghlac Léiví ainm nua agus tugadh Matha air, toisc gur fhág sé a sheanbhealach maireachtála taobh thiar de chun Íosa a leanúint.

Pictiúr 5: Glaonn Íosa ar Zacháias: Lúcas 19:1-6.

Agus ar theacht isteach in Ireachó dó, bhí sé ag gabháil tríd. Agus fear darbh ainm Zacháias a bhí ina cheannphoibleacánach agus é saibhir, bhí sé ag iarraidh radharc a fháil ar Íosa, cérbh é féin; ach ní fhéadfadh de dheasca an tslua, óir bhí sé íseal ina phearsa. Agus rith sé roimhe chun cinn agus chuaigh in airde i gcrann seiceamair chun go bhfeicfeadh sé é, óir is thairis sin a bhí sé le gabháil. Nuair a tháinig Íosa go dtí an áit, bhreathnaigh sé suas agus dúirt leis: “A Zacháias, déan deifir agus tar anuas, óir is i do theachsa nach foláir dom fanacht inniu.” Agus tháinig sé anuas go deifreach agus chuir fáilte roimhe go háthasach.



Bailitheoir cánach ab ea Zacháias, cosúil le Léiví. Ag an am sin, bhí clú ar bhailitheoirí cánach mar chaimiléirí, mar sin ní raibh tóir orthu.

CLEACHTADH DIALAINNE

GLAODH ORM!

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 32 dá leabhar**, a iarrann orthu a shamhlú gur duine de na daoine iad sna pictiúir a ndearna siad staidéar orthu, agus iontráil dialainne a scríobh ar an gcaoi a mtháionn siad faoi bheith glaoite.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Smaoinigh ar ghníomhaíocht a thaithníonn go mór leat ... Samhlaigh go bhfuil sí á dhéanamh anois agat ... b’fhéidir gur amhránaíocht, nó spórt a thaithníonn leat atá i gceist ... b’fhéidir gur bheith ag léamh nó ag siúl nó ag rothaíocht atá ann ... Smaoinigh anois ar an ngníomhaíocht sin agus gabh buíochas le Dia as an bpleisiúr a bhíonn agat agat i á dhéanamh agat ...

Anois déan iarracht tú féin a shamhlú i gceann fiche bliain ... Cén cineál gairme nó poist ar mhaith leat, a bheith agat? ... An bhfuil slí bheatha ann a thaithneodh go mór leat? ...

Anois smaoinigh ar an gcineál duine atá Íosa

ag glaoch ort a bheith, d’fhonn a ghrá a thabhairt do dhaoine eile agus don domhan ... cineálta? ... cabhrach? ... lách? ... flaithiúil? ... foighneach? ... ómósach? ... dícheallach? ... Is féidir linn maireachtáil mar a iarrann Íosa orainn is cuma cén post atá againn ... Is féidir linn Íosa a leanúint is cuma cá bhfuilimid, is cuma cé atá linn.

Smaoinigh gur tusa an cineál duine sin sa phost a thaithníonn go mór leat ... Conas a bhraitheann tú nuair a shamhlaíonn tú é sin? Aoibhneas? ... sonas? ... Cén fáth?

Cibé rud atá i ndán dúinn, is féidir linn ‘Sea’ a rá chuig Íosa chun é a leanúint agus maireachtáil mar a rinne sé. Is féidir linn a rá, mar a rinne Samúéil, ‘Labhair, a Thiarna, tá do sheirbhíseach ag éisteacht.’

Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

AG COMHRÁ

FAOI A BHEITH GLAOITE

Cuir glao Shamúéil agus na pictiúir éagsúla a bhreathnaigh siad orthu faoi dhaoine a ghlaigh Dia orthu in aimsir an Tiomna Nua, i gcuimhne na bpáistí. Ansin déan comhrá leis na páistí agus na

ceisteanna seo nó ceisteanna cosúil leo á n-úsáid agat:

- An cuimhin leat na focail a d’úsáid Íosa nuair a thug sé cuireadh do na deisceabail é a leanúint?

(Tagaigí i mo dhiaidh; Lean mise)

- Dá mbeifeá ag iarraidh ar dhuine páirt a ghlacadh leat ar thuras tábhachtach nó ar mhisean áirithe, an ndéarfá go simplí 'Tar i mo dhiaidh'/'Lean mise'? Cén fáth nó cén fáth nach ndéarfá? An dóigh leat go leanfadh duine éigin tú dá n-úsáidfeá na focail sin? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Cad eile a bheadh ag teastáil ó dhuine a chloisteáil sula d'fhéadfaidís tú a leanúint? (*m.sh. sonraí faoi cad atá beartaithe agat a*

dhéanamh, cá bhfuil tú ag dul agus cén fáth, cá fhad, srl.)

- Ní bhfuair na deisceabail sonraí ar bith ó Íosa nuair a ghlaigh sé orthu – caithfidh go raibh muinín acu as Íosa! Cén fáth, dar leat, a d'fhéadfadh muinín a bheith acu as? An gceapann tú go mbeadh muinín cosúil le sin agat? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?

Tabhair cuireadh do na páistí 'Glaonn Dia Orainn' a léamh ar lch 32 dá leabhar.

GNÍOMHAÍOCHT

DÉAN LEATHANACH D'ÍOSA A DHEARADH!

Nóta: Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh ar pháipéar.

- Sula dtosaíonn na páistí ar an ngníomhaíocht seo, cuir i gcuimhne dóibh go dtugann Íosa cuireadh dúinn é a leanúint inniu, díreach mar a thug sé cuireadh do na deisceabail agus do dhaoine eile é a leanúint agus é ar domhan.
- Ansin tabhair cuireadh do na páistí oibriú i ngrúpaí chun leathanach meán sóisialta a dhearadh, a d'fhéadfadh Íosa a úsáid chun glaoch ar dhaoine chun é a leanúint inniu. D'fhéadfaidís na nithe seo a chur ar an leathanach:

» Roinnt sonraí próifíle/cúlra faoi Íosa

- » Ainmneacha agus/nó íomhánna de dhaoine a bheadh liostaithe ag Íosa mar a chairde
- » Cur síos agus/nó íomhánna ar imeachtaí/ghníomhaíochtaí a bhaineann le hÍosa
- » Teachtaireacht Íosa/a fhocail ag glaoch ar dhaoine é a leanúint
- » An méid atá bainte amach aige go dtí seo a lua
- Breathnaigh ar obair gach grúpa agus cuir ceisteanna orthu faoi na rudaí éagsúla atá a dhéanamh acu agus cén fáth.
- Má bhíonn an t-am agat, iarr ar chúpla grúpa tuairisc amháin a thabhairt faoin phróifíl a chruthaigh siad d'Íosa.

RÓLIMIRT

AG ÉISTEACHT LE GLAO ÍOSA

Tosaigh trí mheabhú do na páistí go ngloitear ar Chríostaithe uile Íosa a leanúint. Tugtar ár nGairm Chríostaí air seo. Nuair a bhaistear muid is lucht leanúna d'Íosa muid. Is ansin a fhaighimid ár ngairm Chríostaí don chéad uair, is é sin maireachtáil le teachtaireacht Íosa inár ndomhan.

Roghnaíonn daoine maireachtáil lena ngairm Chríostaí i mbealaí éagsúla agus i gcásanna éagsúla. Is féidir leo a roghnú saol Críostaí a chaitheamh i ngrá le Dia agus le daoine eile mar dhaoine singil nó mar lánúin phósta. Is féidir leo a roghnú a bheith ina shagart. Is féidir le roinnt daoine eile dul in ord reiligiúnach mar bhean rialta nó mar bhráthair. Cibé bealach maireachtála a roghnaímid, is féidir linn na bronntanais agus buanna a thug Dia dúinn, a úsáid chun Íosa a leanúint.

- Roinn na páistí i ngrúpaí de cheathrar nó cúigear.
- Iarr ar gach grúpa ceann de na pictiúir **ar leathanach 32 dá leabhar** a roghnú agus samhlaigh ar na hábhair imní/buartha a d'fhéadfadh a bheith i gcroí an duine/na ndaoine a tugadh glao dóibh.

- Tabhair cuireadh do pháiste amháin i ngach grúpa páirt Íosa a ghlacadh, agus go gcuirfeadh na daoine eile a n-imní in iúl dó as a bhfuil sé ag glaoch orthu a dhéanamh (*m.sh. Ach cá bhfuil tú ag dul? Conas a mhairfidh mé má fhágaim mo bhád? Cad a déarfadh daoine?*)
- Tabhair cuireadh do roinnt páistí a rólímirt a chur i láthair don rang.

Ina dhiaidh sin, déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An raibh sé éasca nó deacair smaoineamh ar na hábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ag daoine nuair a ghlaigh Íosa orthu é a leanúint? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?
- Ar chuir aon cheann de fhreagraí na ndaoine eagla ort? Más ea, cé na cinn agus cén fáth?
- Cad é mar a mhothaigh na daoine a lean Íosa, dar leat, mar gheall air agus a ghlaigh?
- An dóigh leat go bhfuil glaoch agat a bheith pósta, singil nó dul le saol reiligiúnach? Cé acu a roghnófa? Cén fáth? Cad iad na buarthaí atá agat faoin rogha sin?

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Chuir Dia Íosa chugainn chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil agus conas grá a roinnt. Nuair a baisteadh muid ba lucht leanúna Íosa muid agus tugadh cuireadh dúinn maireachtáil le grá agus le seirbhís. Tugtar ár nGairm Chríostaí air seo. Tá cead ag daoine an glao seo a fhreagairt nó neamhaird a dhéanamh air, agus is féidir leo é sin a dhéanamh

ar bhealaí éagsúla. Is iomaí samplaí atá ar fáil sa Sean-Tiomna agus sa Tiomna Nua de dhaoine a d'fhreagair glao Dé ar bhealaí difriúla. Tá Dia ag fanacht linn freagra a thabhairt ar a ghla, díreach mar a rinne Samúéil nuair a dúirt sé, 'Labhair, tá do sheirbhíseach ag éisteacht.'

DÁN

Dírigh aire na bpáistí chuig an dán thíos. **Tá an dán ar fáil ar leathanach 33 dá leabhar.**

An Glaoch
Chuardaigh mé an bealach do mo shaol;
Duine pósta, duine singil, cá mbeadh mo
thriail?
Ag imirt peile nó ag canadh mar réalta?
Ag obair liom féin nó ag taisteal sna néalta?

Gan smaoineamh agam ná eolas na slí,
Mhóthaigh mé Dia go domhain i mo chroí,
'A leanbh, a chara, féach ar mo phlean.'
Bhí mé imníoch, 'A Thiarna, fan, fan!'

'Tar, is lean mise,' a bhí Dia a' rá,
'Tabharfaidh mé treoir duit gach oíche, gach lá.
Cosán speisialta – roghnaithe go síor;
É deacair go minic, ach i gcónaí fíor.'

'Ní mór an tábhacht atá i d'obair laethúil;
Ach cén sórt duine tú – 'bhfuil tú fíor 'gus
flaithiúil?'

'Cad é an bealach seo, a Dhia gan chrá?'
'Bealach simplí é – bealach an ghrá.'

Tar éis duit an dán a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceistanna seo a leanas, nó ceistanna cosúil leo a chur orthu:

- Ag tús an dáin, cad iad na rudaí a cheap an file go bhféadfadh sé a dhéanamh nuair a d'fhás sé aníos?
- Cad a dúirt sé nuair a chuala sé glaoch Dé den chéad uair?
- Cén cheist a chuir sé ar Dhia?

Ansin tochail níos doimhne trí cheistanna cosúil leo seo a chur orthu:

- Conas a chuala an file Dia ag glaoch air?
- Conas a cheapann tú go bhféadfadh Dia tú a tharraingt chuig cosán nó gairm áirithe? (*Trí do chuid buanna, do chuid spéiseanna, inspioráid daoine eile, mian do chroí, srl.*)
- An mbaineann an Ghairm Chríostaí amháin leis an bpost atá againn? Conas a thugann an dán le tuiscint go bhfuil níos mó ná seo i gceist?
- Dá bhféadfá achoimre a dhéanamh in aon fhocal amháin ar aidhm Dé dúinn, cén focal a bheadh ann?

PAIDIR

Nóta: Tabhair cuireadh do na páistí suí i gciorcal. Cuir éadach glas agus coinneal ar an urlár i lár an chiorcail. Roghnáigh cúigear léitheoir.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus an choinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Glaonna Dia ar gach duine againn maireachtáil le grá. Tosóimis anois go ciúin agus éistimis le Dia ag

labhairt linn inár gcroíthe. (Sos)

Anois, éistimis le Dia ag labhairt linn tríd an Scriptúr Naofa.

Léitheoir 1: Sliocht ó Íseáia, fáidh.

*Anois, seo mar a deir an Tiarna,
do Chruthaitheoirse, a Iacóib,
agus fear do dhealfa, a Iosrael:
"Ná bíodh eagla ort, óir tá tú fuascailte agam;
ghlaoigh mé ort i d'ainm, agus is liomsa thú.*



*Má ghabhann tú trí uiscí doimhne, táimse leat;
má ghabhann tú trí aibhneacha, ní bháfaidh siad thú.
Má shiúlann tú tríd an tine, ní dhófaidh tú thú féin,
ná ní loiscfidh an lasair thú. (Íseáia 43:1-2)*

Briathar an Tiarna.

Gach duine: Buíochas le Dia.

Múinteoir: Is é an freagra ar ár bpaidir inniu ná:
Ghlaoigh mé ort i d'ainm, agus is liomsa thú.

Gach duine: Ghlaoigh mé ort i d'ainm, agus is liomsa thú.

Léitheoir 2: Aon uair a bhraithimid caillte, cuidigh linn do bhriathra a chloisteáil.

Gach duine: Ghlaoigh mé ort i d'ainm, agus is liomsa thú.

Léitheoir 3: Aon uair a bhraithimid gortaithe, cuidigh linn do bhriathra a chloisteáil.

Gach duine: Ghlaoigh mé ort i d'ainm, agus is liomsa thú.

Léitheoir 4: Nuair atá botúin déanta againn agus

nuair a bhíonn díomá orainn féin, cuidigh linn do bhriathra a chloisteáil.

Gach duine: Ghlaoigh mé ort i d'ainm, agus is liomsa thú.

Léitheoir 5: Nuair atáimid uaigneach nó brónach, cuidigh linn do bhriathra a chloisteáil.

Gach duine: Ghlaoigh mé ort i d'ainm, agus is liomsa thú.

Múinteoir: Guímis.

Gach duine: A Íosa, tá aithne agat orm.

Tá a fhios agat cad is maith liom a dhéanamh agus na buanna atá agam.

Tá a fhios agat an méid is fearr dom agus tá a fhios agam go dtuigeann tú mé.

Cabhraigh liom tú a leanúint.

Ba mhaith liom glaoch Dé a fhreagairt.

Cabhraigh liom roghanna maithe a dhéanamh.

Tá a fhios agam go léireoidh tú an bealach dom.

Áiméan.

Comhartha na Croise

Ceacht 2: Freagraímid glaoch Dé



SULA DTOSAÍONN TÚ

Síos tríd na haoiseanna, bhí daoine i gcónaí ag iarraidh saol ar domhan a fheabhsú. Arís agus arís eile, léirigh daoine díomá, míshásamh agus fearg faoin bpian, faoin fhulaingt agus faoin éagóir ar domhan. Glaoitear ar lucht leanúna Íosa obair chun an domhan a fheabhsú do chách. Is feidir an Gairm Chríostaí a fhreagairt i gceithre modh maireachtála difriúla: tríd an saol pósta,

an saol reiligiúnach, an mhinistreacht oirnithe agus an saol singil. Is cuma cén staid saoil atá roghnaithe againn, is í an ghairm atá againn ná Íosa a leanúint go dlúth. Is feidir linn freagra a thabhairt ar ghlaoch Dé trí ghlacadh leis na deiseanna a chuirtear ar fáil dúinn chun feabhas a chur ar an domhan.

EOCHAIRFHOCAL

- **Urramach:** Teideal oifigiúil a thugann an Eaglais do dhuine atá marbh, duine a bhí naofa trína s(h)aol ach nach bhfuil fós ina naomh.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Maighnéad
- Cóip den teimpléad (thíos) 'Ábhair suime agus Gníomhaíochtaí a tharraingíonn mé' do gach páiste
- Cóip den teimpléad 'Cluiche na Beatha' (thíos); gearr amach na stiallacha ionas go mbeidh stiall amháin ann do gach páiste

Féachaimis ...

GNÍOMHAÍOCHT

TURGNAMH LE MAIGHNÉAD

Cuir fáiscín páipéir ar bhileog páipéir agus ardaigh an bhileog páipéir go mall i dtreo is go bhfanann an fáiscín páipéir san aon áit amháin tríd an maighnéad a choinneáil taobh thiar den pháipéar ach in aice leis an bhfáiscín. Bog an fáiscín páipéir timpeall an leathanaigh tríd an maighnéad a bhogadh taobh thiar de.

Ansin déan comhrá leis na páistí faoin dturgnamh ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad a tharla sa turgnamh seo?
- Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an méid a tharla? (*m.sh. mealladh, tarraingthe*)
- An féidir le duine ar bith míniú a thabhairt dúinn faoi conas a oibríonn tarraingt mhaighnéadach?
- Cad iad na hábhair suime ar leith a mheallann tú? An féidir leat a mhíniú cén fáth? Déan cur síos ar an gcaoi a mothaíonn sé a bheith tarraingthe chuig rud éigin.
- An bhfuil aon smaoineamh agat cén ghairm bheatha a d'fhéadfá a bheith tarraingthe chuige? Inis dúinn faoi sin.

GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

ÁBHAIR SUIME AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ A THARRAINGÍONN MÉ

Nóta: Beidh cóip den teimpléad 'Ábhair suime agus Gníomhaíochtaí a tharraingíonn mé' (thíos) ag teastáil ó gach páiste.

- Tabhair cuireadh do na páistí machnamh a dhéanamh ar feadh cúpla nóiméad ar na hábhair suime agus na gníomhaíochtaí a bhraitheann siad a bheith tarraingthe chucu.
- Ansin tabhair cóip den teimpléad do gach páiste.
- Tabhair cuireadh dóibh na ciorcail a líonadh le híomhánna agus/nó siombailí a léiríonn na hábhair suime agus na gníomhaíochtaí a thaitníonn leo.
- Spreag na páistí le triail a dhéanamh ina gcuid líníochtaí ar an bhfáth a gceapann siad go mealltar iad chuig na hábhair suime agus na gníomhaíochtaí seo.

PAIDIR

Nóta: Beidh ort roinnt ceoil machnamhach a roghnú roimh an urnaí.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus an choinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

A Thiarna, creidimid go dtógann cumhacht do ghrá gach duine againn chugat.

Tarraingíonn tú sinn chuig gairmeacha áirithe. Glaonn tú orainn bealaí áirithe maireachtála a leanúint.

Iarraim ar gach duine agaibh a shamhlú anois, laistigh de shíocháin an chroí, cén gairm atá in ann ag Dia duit amach anseo.

Seinn roinnt ceoil machnamhach fad is atá na páistí ag machnamh.

Múinteoir: Anois, samhlaigh, laistigh de shíocháin an chroí, cén gairm atá in ann ag Dia duit amach anseo.

Seinn roinnt ceoil machnamhach fad is atá na páistí ag machnamh.

Múinteoir: Guímis.

Gach duine: A Thiarna, gabhaimid buíochas leat as ár gcroíthe a tharraingt chugat.

Treoraigh sinn ar an mbealach a theastaíonn uait go leanfaimis.

Neartaigh sinn chun a bheith chomh maith agus is féidir linn.

Cabhraigh linn a bheith spreagtha ag daoine a d'éist agus d'fhreagair do ghlaoh.

Go mbeimis tarraingthe i gcónaí chugat féin agus chuig daoine eile a mhaireann mar is mian leat. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

CLEACHTADH DIALAINNE

'LÁMH IN AIRDE, SEACHAS LÁMH DÉIRCE'

- Tabhair cuireadh do na páistí 'Lámh in airde, seachas lámh déirce' a scríobh ar bharr leathanaigh sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach.
- Ansin iarr orthu alt gearr a scríobh faoi cé ar

mhaith leo lámh in airde a thabhairt dóibh. Is féidir leo grúpa nó duine aonair a lua.

- Nó, d'fhéadfaidís a gcuid moltaí a chlárú ag úsáid líníochtaí agus/nó siombailí.

GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

TUGANN DIA CUIREADH DÚINN FREAGRA A THABHAIRT

- Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Freagraíonn daoine glaoh Dé' **ar leathanach 34 dá leabhar** a léamh.
- Ansin iarr ar na páistí breathnú ar na cásanna a chuirtear i láthair ar an leathanach céanna. Spreag iad chun cúpla nóiméad a chaitheamh ag smaoineamh ar a bhfreagraí ar na ceistanna a leanann gach cás. Tabhair cuireadh do leanaí ar bith, ar mian leo, a gcuid machnamh a roinnt

leis an rang.

- Faoi dheireadh, spreag na páistí le roinnt ama a thógáil chun dul i dteagmháil leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' **ar leathanach 35 dá leabhar**, a iarrann orthu machnamh a dhéanamh ar an gcineál duine ba cóir dóibh a bheith d'fhonn freagairt mar is mian le Dia ina leithéid de chásanna.

CLEACHTADH DIALAINNE

AG FREAGAIRT GLAOCH DÉ

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 35 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh (1) liosta a dhéanamh de na daoine a d'fhreagair glaoh Dé go maith, dar leo, agus (2) scríobh faoi chuid de na rudaí a rinne na daoine sin nó a dhéanann siad le maireachtáil

mar a mhair Íosa agus a chabhraíonn le borradh na hEaglaise ar fud an domhain. Mínigh do na páistí, nuair a ghníomhaíonn daoine le grá i dtreo daoine eile, go gcuireann siad grá agus cúram Íosa i láthair do dhaoine eile ar domhan don lá atá inniu ann.

FOGHLAIM Ó DHUINE DEA-SHAMPLACH

NANO NAGLE

Tabhair cuireadh do na páistí éisteacht leis an scéal suimiúil seo faoi chailín beag as Corcaigh a d'fhás aníos chun athrú a dhéanamh le saol leanaí ar fud na hÉireann agus, go deimhin, ar fud an domhain.

Scéal Nano Nagle

In 1718 i mBaile Uí Ghrifín i gContae Chorcaí a rugadh Nano Nagle. Bhí dlíthe an-dian in Éirinn ag an am sin (na Péindlíthe a thugaimid orthu). Mar sin ní raibh cead ag Caitlicigh oideachas a fháil ná sealúchas a bheith acu. Bhí tuismitheoirí Nano saibhir agus chuir siad oideachas ar an gclann sa bhaile agus i scoileanna cois claí. Nuair a bhí Nano deich mbliana d'aois, d'fhág sí Éire agus chuaigh sí ar scoil i gClochar Beinidicteach i bhFlóndras na Fraince. Ag sé bliana déag chuaigh sí ar scoil i bPáras. Bhí saol iontach ag Nano i bPáras



...

mar bhí sí ina cónaí le gaolta saibhre. Chuaigh sí chuig cóisirí agus damhsaí go minic. Oíche amháin, agus í ag filleadh abhaile ó bheith ag rince, chonaic sí scata daoine bochta ag fanacht taobh amuigh de shéipéal. Bhí bia agus dídean á lorg acu. Thuig Nano go raibh saol crua acu. Shocraigh sí cabhrú leis na daoine bochta seo.

Nuair a d'fhill Nano ar Éirinn, thosaigh sí féin agus a deirfiúr Áine ag cuartaíocht agus ag cabhrú le teaghlaigh bhochta. Go gairid ina dhiaidh sin fuair Áine bás.

Shíl Nano go mbeadh sí ábalta cabhrú le daoine bochta dá mbeadh sí ina bean rialta. Mar sin chuaigh sí isteach i gclochar i bPáras. Ach ní raibh dóthain deiseanna ann chun cuidiú leis na daoine bochta, agus mar sin d'fhill sí chun cónaí lena deartháir agus a bhean chéile i gCorcaigh. Chabhraigh Nano le cailíní bochta an cheantair. Chuir sí scoil ar bun i Lána an Chóibh, i gCorcaigh. Tugaimid Sráid Dhúglais ar an tsráid sin anois. D'fhreastail cúig chailín is tríocha ar an scoil. Go gairid ina dhiaidh sin bhí scoileanna aici in áiteanna eile i gcathair Chorcaí.

Bhí Nano ag briseadh an dlí mar bhunaigh sí scoileanna do Chaitlicigh, agus mar sin bhí uirthi a bheith ag obair go rúnda. Laistigh de dheich mbliana bhí deich scoil aici, do bhuachaillí agus do chailíní. D'éirigh sí ar a ceathair a chlog gach maidin agus thug sí cuairt ar na scoileanna go léir chun tacaíocht a thabhairt do na páistí agus do na múinteoirí. I rith na hoíche thug sí cuairt ar na daoine bochta i gcathair Chorcaí. Bhí laindéar (lampa) á iompar aici istoiche, agus mar sin thug daoine an t-ainm 'Bean an Lampa' uirthi.

Sa lá atá inniu ann, tá clochair agus scoileanna ar fud an domhain, ag Siúracha na Toirbhearta, an t-ord reiligiúnach a bhunaigh Nano ar Oíche Nollag 1775. Chuaigh na mílte leanaí ar scoil de bharr spiorad agus daingne Nano. Ina saol thug sí grá agus seirbhís do Dhia agus do dhaoine eile faoi mar a d'iarr Íosa.

Fuair Nano bás leis an eitinn an 26 Aibreán 1784. Ba í an teachtaireacht dheireanach a thug sí dá mná rialta ná 'Gráigí a chéile faoi mar a rinne sibh go dtí seo'. Thug an Pápa Proinsias an teideal 'Nano Urramach' di sa bhliain 1933. Sin céim a dó de cheithre chéim le bheith ina naomh.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna simplí a chur orthu cosúil leis na ceisteanna seo a leanas. **Tá na ceisteanna seo ar leathanach 36 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Cén cineál saoil a bhí ag Nano óg? An raibh a teaghlach saibhir nó bocht?
- Cad a tharla i bPáras a chabhraigh le Nano oibriú ar son na mbocht?
- Cá raibh an chéad scoil ag Nano do chailíní bochta?
- Cén fáth ar thug daoine 'Bean an Lampa' ar Nano?
- Cén t-ord reiligiúnach a bhunaigh Nano in 1775?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna cosúil leo seo a chur orthu:

- Cé/cad a chuidigh le Nano a bheith ina duine cineálta, comhbhách?
- An gceapann tú gur lean Nano a gairm Chríostaí? Conas a rinne sí amhlaidh?
- Conas a d'fhéadfadh Nano a bheith ina sampla dúinn inniu?
- Cén fáth, dar leat, ar theastaigh ón bPápa Proinsias onóir a thabhairt do Nano?

Spreag na páistí chun scéal Nano a léamh dóibh féin ar leathanaigh 35-36 dá leabhar.

AG COMHRÁ

DEALBH DE NANO NAGLE

Nóta: *Dirigh aire na bpáistí chuig dealbh Nano Nagle ar leathanach 36 dá leabhar.*

Déan comhrá gairid leis na páistí faoin dealbh, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Déan cur síos ar a fheiceann tú sa dealbh.
- Cad a theastaigh ón ealaíontóir a thaispeáint tríd an dealbh?
- Cé hiad na páistí, meas tú? Cén ábhar cainte atá acu agus iad ag siúl taobh le Nano Nagle?

- Conas a d'athraigh saol na bpáistí sin trí bhualadh le Nano?
- Conas a d'athraigh saol Nano trí bhualadh leis na páistí?



RÓLIMIRT

Tabhair cuireadh do na páistí oibriú i ngrúpaí de thriúr. Glacann páiste amháin ról Nano, páiste eile an cailín óg agus ceann eile an buachaill beag. Samhlaíonn siad agus ansin déanann siad an comhrá a d'fhéadfadh tarlú agus an triúr ag siúl an bhóthair le chéile.

GNÍOMHAÍOCHT

CLUICHE NA BEATHA

Nóta: Beidh ort fótachóipeáil a dhéanamh agus na stiallacha ón teimpléad 'Cluiche na Beatha' (thíos) a ghearradh amach.

- Tabhair ceann de na stiallacha do gach páiste. Tá uimhreacha ar na stiallacha.
- Roghnaigh páistí go randamach chun na tuairiscí ar na stiallacha páipéir atá acu a léamh amach (*m.sh. Tá mé singil, cúig bliana is fiche d'aois, agus Is siúinéir mé i mo chónaí i mBaile Átha Cliath*).
- Ansin molann na páistí eile bealaí a d'fhéadfadh an duine sin a g(h)airm Chríostaí a leanúint (*m.sh. Bí cothrom agus iad ag déileáil le daoine eile. Úsáid a gcuid scileanna chun cabhrú le daoine eile, mar shampla daoine atá bocht. Déan obair dheonach sa bhaile nó thar lear. Bí go maith mar mhac nó iníon nó deartháir nó deirfiúr*).
- Lean ort go dtí go mbeidh seans ag na páistí

go léir a bhfuil ar a stiallacha páipéir a léamh amach.

Ina dhiaidh sin, seiceáil tuiscint na bpáistí ar an cluiche, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An raibh sé éasca nó deacair smaoineamh ar bhealaí inar féidir le gach duine a g(h)airm Chríostaí a leanúint?
- An gceapann tú gur féidir le daoine a ngairmeacha Chríostaí a leanúint in áit ar bith? Cén fáth nó cén fáth nach féidir leo? An gceapann tú go mbaineann tábhacht leis na bealaí go léir ina leanann daoine a ngairmeacha Chríostaí? Cén fáth nó cén fáth nach mbaineann?
- Conas is féidir leat do ghairm Chríostaí a leanúint i do shaol i láthair na huaire?

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is feidir libh na súile a dhúnadh. Lig dod' chosa bheith go réidh ar an urlár. Tabhair aire dod' anáil agus tú ag anáilú isteach agus amach ... Cuir stop le do chuid smaointe agus samhlaigh cad atá Dia ag glaoch ort a dhéanamh ... Cén tarraingt atá

ann i do shaol ... cén gníomhaíochtaí? ... cad iad na hábhair suime atá agat? ... Cad is maith leat am a chaitheamh leis? ... An bhfuil tarraingt ann chuig aon phost ar leith? ... Cé acu a bhfuil meas agat orthu mar gheall ar an tslí ina mhaireann siad a ngairm Chríostaí? ... Cad is mó a thaitníonn leat faoin mbealach a leanann siad a g(h)airm? ... Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, iarr ar Dhia cabhrú leat agus tú ag iarraidh do ghairm Chríostaí a leanúint ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Tá gairm Chríostaí ag gach duine baiste, is é sin, glaoch chun Dia a ghráú agus chun freastal air i slí bheatha ar leith – bíodh sé sin sa saol pósta, sa saol reiligiúnach, sa mhinistreacht oirnithe nó sa bheatha singil. Táimid uile saor freagra a thabhairt nó gan freagra a thabhairt ar an nglao seo. Is féidir linn muid féin a thabhairt go fial i slí bheatha ar bith. Chuir Dia Íosa chugainn chun an bealach a thaispeáint dúinn, agus thug Dia an Spiorad Naomh dúinn chun sinn a threorú.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

MO GHAIM CHRÍOSTAÍ

- Tosaigh trí mheabhrú leis na páistí an méid atá foghlamtha acu faoin ngairm Chríostaí.
- Tabhair cuireadh do na páistí ansin machnamh a dhéanamh agus cuntas a chur sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach, ag úsáid dathanna agus cruthanna, ar an ngairm a mbraitheann siad go nglaohtar iad ag an am seo ina saol

PAIDIR

Ullmhú: *Tabhair cuireadh do na páistí suí i gcorral. Roghnaigh seachtar léitheoir.*

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus an choinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn agus go ndúirt Íosa “Óir, mar a mbíonn beirt nó triúr tagtha i gceann a chéile i m’ainmse, bím féin ansin ina measc.”

Cuirimid fáilte roimh Íosa, agus anáil dhomhain á ghlacadh againn. Tá fáilte romhat a Íosa, céad fáilte romhat. (Sos)

Tugaimis moladh agus buíochas le Dia, a bhfuil grá agus cúram tugtha aige dúinn, trí na daoine sin a d’fhoghlaimíomar futhu – na daoine a chuala glaoch Dé agus a d’oibrigh chun an domhan a fheabhsú do gach duine.

Léitheoir 1: Nuair a ghlaoigh Íosa ar na deisceabail a bhí ag iascaireacht, dúirt sé, “Tagaigí i mo dhiaidh, agus déanfaidh mé díbh iascairí ar dhaoine.” (Marcas 1:17). Agus deir an Bíobla dúinn gur ‘fhág siad na líonta láithreach agus lean siad é’. (Marcas 1:18).

Léitheoir 2: Nuair a d’inis an t-aingeal Gaibriél le Muire an plean a bhí ag Dia di, d’fhreagair Muire, “Féach, mise banóglach an Tiarna; déantar liom de réir d’fhocail.” (Lúcás 1:38).

Léitheoir 3: Nuair a ghlaoigh an Tiarna ar Shamúéil, d’fhreagair Samúéil, ‘Labhair, a Thiarna, tá do sheirbhíseach ag éisteacht.’ (1 Sam. 3:10).

Múinteoir: Glacaimis sos ar feadh nóiméid chun machnamh a dhéanamh ar na sleachta a chualamar. (Sos)

Is í an ghairm atá againn mar Críostaithe ná seirbhís a thabhairt do dhaoine eile ionas go gcabhróimid Ríocht Dé a bhunú anseo ar domhan. Is é an freagra ar ár n-urnaí inniu ná: *Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é; agus go maireann a bhuanghrá go brách.* (Salm 118:1).

Léitheoir 4: Ar mhaithe leis an bhfonn atá ionainn go léir a bheith ag obair le haghaidh dul chun cinn ar domhan.

Gach duine: Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é; agus go maireann a bhuanghrá go brách.

Léitheoir 5: Maidir leis an misneach a chuireann ar chumas daoine a bheith ag obair ar feadh saol níos fearr, fiú in aghaidh deacrachtaí.

Gach duine: Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é; agus go maireann a bhuanghrá go brách.

Léitheoir 6: Dóibh siúd a bhíonn ag obair ar son na mbocht agus ar son daoine faoi mhíchumas.

Gach duine: Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é; agus go maireann a bhuanghrá go brách.

Léitheoir 7: Ar son daoine a thaispeáin dúinn

conas maireachtáil ar bhealach a chabhróidh linn a bheith in éineacht le Dia i Ríocht na bhFlaitheas.

Gach duine: Tugaigí buíochas don Tiarna toisc gur maith é; agus go maireann a bhuanghrá go brách.

Múinteoir: Guímis le chéile anois.

Gach duine: Glóir don Athair,
agus don Mhac,
agus don Spiorad Naomh,


Mar a bhí ó thús,
mar atá anois
agus mar a bheas go brách,
le saol na saol. Áiméan.

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise.



Ábhair Suime agus Gníomhaíochtaí a tharraingíonn mé ...



Cluiche na Beatha

1. Tá mé singil, cúig bliana is fiche d'aois, agus is siúinéir mé.
2. Is seanathair mé agus táim i mo chónaí i dteach altranais, áit a dtagann mo theaghlach agus mo chairde ar cuairt.
3. Is ceoltóir cáiliúil mé. Bíim ag taisteal ar fud an domhain le haghaidh ceolchoirmeacha agus chun bualadh le mo lucht leanúna.
4. Is máthair shingil mé le triúr leanaí bunscoile. Tá post páirtaimseartha agam.
5. Is altra mé agus oibrím sa Rannóg Timpistí agus Éigeandála in ospidéal sa chathair.
6. Is cúntóir siopa mé i siopa grósaera beag.
7. Is múinteoir bunscoile mé i scoil mheasctha i mbaile mór.
8. Is fear singil dífhostaithe mé. Tá mé i mo chónaí le mo thuismitheoirí.
9. Is bean rialta mé i mo chónaí i gclochar.
10. Is fear gan dídean mé. Caithim mo chuid ama ag iarraidh go leor airgid a bhailiú chun íoc as brú gach oíche.
11. Tá mé aon bhliain déag d'aois agus táim ag ullmhú chun dul faoi lámh an Easpaig.

12. Is cuntasóir mé agus caithim go leor ama ag traenáil an fhoireann Peile Gaelach do leanaí óga.

13. Is athair le ceathrar clainne mé. Oibrím go lánaimseartha.

14. Is bean atá éirithe as obair mé agus táim i mo chónaí in eastát tithíochta i mo sráidbhaile áitiúil.

15. Is peileadóir gairmiúil mé.

16. Is buachaill ceithre bliana d'aois mé. Táim i mo chónaí le mo mháthair, mo athair agus mo dheartháir óg.

17. Is sagart mé agus is séiplíneach mé don ospidéal áitiúil freisin.

18. Is feirmeoir mé. Tá ba agam agus cuirim bainne chuig an uachtarlann.

19. Is chef mé. Oibrím i mbialann gnóthach.

20. Is grianghrafadóir mé. Tógaim grianghrafanna ag póstaí agus ag imeachtaí eile.

21. Oibrím i monarcha. Tá beirt pháiste agam agus is breá liom ceol.

22. Oibrím i leabharlann. Is breá liom léamh agus bainim taitneamh as bualadh le daoine.

Téama 4: An Aidbhint agus An Nollaig

Ceacht 1: Zachairias ag feitheamh

Ceacht 2: Íosaef ag feitheamh

Ceacht 3: Ceiliúrann Críostaithe Breith Íosa

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- D'ullmhaigh Dia an tAthair na hIosraeilítigh do theacht Íosa

Rúndiamhair Íosa Críost

- Is ionann Íosa agus 'Tá Dia linn' (Ímeánúéil)
- Ciallaíonn an t-ainm 'Íosa' 'sábháileann Dia' in Eabhrais
- Comhlíonann Íosa na geallúintí a tugadh sa Sean-Tiomna

Rúndiamhair an Spioraid Naoimh

- Roghnaíodh Muire mar mháthair Dé trí chumhacht an Spioraid Naoimh

Muire

- Thug Dia grásta speisialta do Mhuire dá misean (Lúcás 1:28)
- Ghlac Muire lena ról i bplean Dé don slánú nuair a ghlac sí go toilteanach lena cúram le a bheith mar mháthair Dé

BRIATHAR DÉ

An Scriptúr Naofa

Plean Grámhar Dé don Slánú

- Salm 95:1-5. Ag moladh Dé
- Ís 7:14. Ímeánúéil
- Ís 9:1-7. Na daoine a shiúil sa dorchadas

Breith agus Óige Íosa

- Mth 2:1-11. Féile na hEipeafáine: Ionannas Íosa nochtaithe
- Lúca 1:26-38. Teachtaireacht an Aingil

- Lúca 1:5-24; 57-80. Scéal Zachairias
- Lúca 2:1-20. An Nollaig

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

Urnaí Fhoirmeálta

- Paidir chuig an Aingeal Coimhdeachta

Paidreacha Breise

- Benedictus

An Bhliain Liotúirgeach

- Déanann an Eaglais 'in imeacht bliana, rúndiamhair iomlán Chríost a nochtadh óna bhreith go dtí a Dheascabháil, an Chincís agus sinn ag súil go dóchasach le teacht an Tiarna' (ChEC 1153, 1194; Salm 31:14-15)
- Ceiliúrann an Aidbhint agus an Nollaig geallúint Dé don Slánaitheoir, a chomhlíonadh i gCríost, an Meisias
- Tráth speisialta í an Aidbhint agus sinn ag fanacht go dóchasach le teacht an Mheisias, Íosa Críost
- Tráth í an Aidbhint le fanacht le teacht an tSlánitheora. Is ullmhúchán atá ann freisin do dheireadh an tsaoil, nuair a thiocfaidh Críost athuair le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh
- Um Nollaig comhlíonann Dia a gheallúint, Íosa a chur ar an saol, le bheith linn agus chun sonas agus síocháin a thabhairt don chine daonna
- Is é Íosa Ímeánúéil (Dia linn) (Ís 7:14)

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Beatha Íosa

D. *Mac Dé.*

- Bheith eolach ar shleachta a bhaineann leis an Mheisias tairngire.

E. *Breith agus óige Íosa.*

- Scéal na Nollag a léamh, éisteacht leis, agus é a cheiliúradh.
- Machnamh a dhéanamh ar an saol a raibh Íosa beo ann agus é a chur i gcomparáid lena saol féin.

CUSPÓIR FOGHLAMA 2:

An Eaglais Chríostaí

C. *Adhradh agus Urnaí*

- Paidreacha a léamh ón Bhíobla, agus ó fhoinsí eile.
- A aithint gur féidir go mbíonn baint ag an urnaí agus ag an adhradh le hócáidí agus le háiteanna speisialta.



Ceacht 1: Zachairias ag feitheamh



SULA DTOSAÍONN TÚ

Ciallaíonn an focal 'Aidbhint' teacht sollúnta. Le linn na hAidbhinte déanaimid machnamh ar na gnéithe éagsúla a bhaineann le teacht Íosa: a theacht isteach ar domhan mar leanbh i mBeithil; a theacht inár saol laethúil, go háirithe san Eocairist; a theacht ag deireadh an ama.

Ar feadh na céadta bliain chreid na hIosraeilítigh go daingean go gcuirfeadh Dia Meisias chun a phobal a shábháil, díreach mar a shábháil sé iad le linn an Eacsadas ón Éigipt. Choinnigh na fáithe an dóchas seo beo. Le linn na hAidbhinte glacaimid páirt i mian mhuintir Iosrael do theacht an Mheisias.

Tá Eoin Baiste ar dhuine de dhaoine cáiliúla na hAidbhinte. Tosaíonn scéal Íosa leis an chuairt a thug an t-aingeal Gaibriél ar Zachairias, athair Eoin. Is é Eoin réamhtheachtaí an Mheisias. Eisean an fáidh a fhógraíonn teacht an

tSlánaitheora agus a ghlaonn ar phobal Iosrael filladh ar an Tiarna trí aithrí a dhéanamh dá bpeacaí agus a bheith baiste. Le linn na hAidbhinte aontaímid i spiorad le Zachairias, le Eiliosaibeit, le Muire agus Iósaef, agus iad ag fanacht le breith a leanaí, agus roinnimid a gcuid dóchas, a aislingí agus a n-ullmhúchán do theacht an tSlánaitheora.

Is séasúr dóchais agus ionchais é an Aidbhint. Ullmhaímid chun fáilte a chur roimh Íosa inár gcroí um Nollaig agus táimid ag tnúth lena theacht ag deireadh an ama.

Séasúr é an Aidbhint nuair a chuimhnímid go bhfaca 'na daoine a shiúil sa dorchadas solas mór' (Íseáia 9:2). Tá Solas Chríost, an Té a bhí Geallta, curtha in iúl ag na coinne ar bhláthfhleasc na hAidbhinte.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Teampall:** Áit adhartha na nGiúdach.
- **An Aidbhint:** An chéad séasúr sa Bhliain Liotúirgeach. Ciallaíonn an focal 'Aidbhint' 'teacht'. Ceithre seachtaine atá san Aidbhint. Críochnaíonn an Aidbhint ar Lá Nollag, nuair a cheiliúraimid breith Íosa.
- **Grástúil:** Úsáidtear an focal seo go minic sa Tiomna Nua. Tagraíonn sé do ghrásta Dé, - an chabhair a thugann Dia dúinn maireachtáil mar a lucht leanúna.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Ábhair dhathúcháin

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

FAOI AISLINGÍ AGUS DÓCHAIS

Déan comhrá leis na páistí faoi dhóchais agus aislingí, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cathain a bhíonn brionglóid agat? An mbíonn brionglóid agat istoíche amháin? Cé na hamanna eile a d'fhéadfadh brionglóid a bheith agat? Cad é an brionglóid is fearr leat? Cad a ghlaonn tú ar bhrionglóid a bhíonn agat i rith an lae?
- Cén fáth a mbíonn brionglóidí ag daoine, meas tú? An gceapann tú go bhfuil difríocht ann idir na brionglóidí a bhíonn agat san oíche, nuair a bhíonn tú i do chodladh, agus na haislingí a bhíonn agat agus tú i do dhúiseacht? Cén difríocht a d'fhéadfadh a bheith ann?
- An roinneann tú do chuid dóchais agus aislingí le duine ar bith? Cé a roinnfeá leo iad?
- An gceapann tú go bhféadfadh na dóchais agus na haislingí céanna a bheith ag daoine eile? Cé hiad? Cén fáth?
- An gceapann tú go bhféadfadh do dhóchais agus d'aislingí teacht isteach? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Ar ghuigh tú riamh go dtiocfadh rud éigin a raibh tú ag brionglóideach faoi isteach? Cad faoi a ghuigh tú? An dóigh leat go gcloiseann Dia do dhóchais agus d'aislingí/do phaidreacha? Cén fáth nó cén fáth nach gcloiseann?

CLEACHTADH DIALAINNE

DÓCHAIS AGUS AISLINGÍ ATÁ AGAM

Nóta: *Beidh ábhair dhathúcháin ag teastáil ó na páistí don ghníomhaíocht seo.*

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 38 dá leabhar** a thugann cuireadh dóibh scríobh faoin dóchas agus faoi na haislingí atá acu sa dialann don Oideachas Reiligiúnach. Is féidir leo focail, siombailí agus/nó líníochtaí a úsáid.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus an choinneal á lasadh againn, cuimhnimid go bhfuil Dia linn.

A Dhia, in aimsir an tSean-Tiomna bhí do mhuintir ag feitheamh go dóchasach le teacht an Mheisias. Le linn na hAidbhinte ullmhaímid chun teacht Íosa a cheiliúradh.

Cabhraigh linn cuimhneamh a dhéanamh, le linn an tréimhse ullmhúcháin seo, ar an tslí a chomhlíonadh aisling na nGiúdach nuair a rugadh Íosa, toisc gurb é an Meisias a raibh siad ag fanacht leis, chun iad a shábháil óna gcuid peacaí agus chun a léiriú dóibh conas maireachtáil de réir toil Dé.

Guímis paidir dóchais le chéile anois.

Gach duine: A Dhia,
Cuirim mo dhóchas ionat
mar táim cinnte de do ghealltanais.
Saor sinn, a Thiarna, ó gach olc.
Tabhair dúinn síocháin lenár linn,
agus sinn ag súil go lúcháireach
le teacht ár slánaitheora, Íosa Críost. Áiméan.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

FAOI ZACHAIRIAS AGUS EILIOSAIBEIT

Tabhair chun chuimhne na bpáistí go raibh na hIosraeilítigh in aimsir an Sean Tiomna ag fanacht le teacht an Mheisias, mar a bhí geallta ag na fáithe. Mhair na dóchais seo i measc na nGiúdach síos tríd na céadta bliain, go dtí aimsir Íosa. Bhí súil ag roinnt daoine go mbeadh an Meisias ina rí mór cosúil le Dáiví. Shíl daoine eile go mbeadh an Meisias ag troid ar son na saoirse agus go gcuirfeadh sé deireadh le riail na Róimhe agus go mbeadh Iosrael saor. Nuair a phós lánúin, guífidís go mbeannódh Dia iad le go leor leanaí. Bhí súil ag gach lánúin go mbeadh an Meisias mar cheann dá gcuid leanaí a thabharfadh saoirse d'Iosrael. Mura raibh leanaí ag lánúin, cheap siad nach raibh siad i bhfabhar le Dia.

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Dóchais agus Aislingí na nGiúdach' ar leathanach 38 dá leabhar a léamh.

Ansin cuimhnigh leis na páistí gur sa Soiscéal de réir Lúcaís a léimid scéal Zachairias, fear céile le col ceathrar Muire, Eiliosaibeit agus athair Eoin Baiste. Ní raibh clann ar bith ag Eiliosaibeit agus Zachairias agus, le himeacht aimsire, thosaigh siad ag cailleadh dóchais go mbeadh leanbh riamh acu, mar bhí siad ag éirí ró-aosta. Sa sliocht seo a leanas ón Scriptor Naofa, cloisimid an scéal faoin méid a tharla nuair a chuir Dia an t-aingeal Gaibriél chuig Zachairias.

AN SCRIPOTÚR NAOFA

CUIREANN DIA AN T-AINGEAL GAIBRIÉIL I LÁTHAIR ZACHAIRIAS

Léigh an scéal ó Soiscéal de réir Lúcaís faoi na rudaí a tharla nuair a chuir Dia an t-aingeal Gaibriél i láthair Zachairias. Tá an scéal seo cloiste ag páistí cheana i Rang a Trí/B5.

Cuireann Dia an t-Aingeal Gaibriél i láthair Zachairias. Lúcas 1:8-24.

Tharla, agus é ag déanamh a ghnó sagairt i láthair Dé, in uain a shealaíochta, gur thit ar a chrann, de réir ghnás na sagartóide, dul isteach i sanctóir an Tiarna chun túis a dhó; agus bhí cuallacht iomlán an phobail amuigh ag guí in am na túise. Chonacthas dó aingeal ón Tiarna ina sheasamh ar dheis altóir na túise. Agus nuair a chonaic Zachairias é, bhí sé buartha agus tháinig uamhan air. Ach dúirt an t-aingeal leis: "Ná bíodh eagla ort, a Zachairias, óir tá éiste le do ghuí, agus béarfaidh do bhean Eiliosaibeit mac duit, agus tabharfaidh tú Eoin mar ainm air. Beidh áthas ort agus gairdeas, agus beidh mórán ag déanamh áthais faoina shaolú. Óir beidh sé mór i láthair an Tiarna; fíon ná deoch láidir ní ólfaidh; agus beidh sé líonta den Spiorad Naomh fiú amháin ó bhroinn a mháthar, agus iompóidh sé mórán de



chlann Iosrael chun an Tiarna a nDia. Gluaisfidh sé roimhe amach le spiorad agus le cumhacht Éilias, chun croíthe na n-aithreacha a iompú i leith na clainne, agus lucht na heasumhla chun eagna na bhfíreán, chun pobal a dhiongbhála a ullmhú don Tiarna." Agus dúirt Zachairias leis



...

an aingeal: “Conas a bheidh a fhios sin agam? Óir táim féin aosta, agus mo bhean anonn i mblianta.” Dúirt an t-aingeal leis á fhreagairt: “Mise Gaibriél a sheasann i láthair Dé, agus cuireadh mé chun labhartha leat, agus na dea-scéala seo a thabhairt duit. Agus féach, beidh tú i do thost, agus gan ar chumas duit labhairt go dtí an lá a ndéanfar na nithe seo, de bhrí nár chreid tú mo bhriathra a chomhlíonfar ina

dtrath féin.”

Bhí an pobal ag feitheamh le Zachairias agus ba ionadh leo é bheith ag déanamh moille sa sanctóir. Ach ar theacht amach dó, ní fhéadfadh sé labhairt leo, agus bhí a fhios acu go raibh fíis feicthe sa sanctóir aige. Agus bhí sé ag sméideadh orthu, agus d’fhan balbh. Nuair a bhí laethanta a sheirbhíse críochnaithe, chuaigh sé abhaile. Agus ina dhiaidh sin, ghabh a bhean, Eiliosaibeit, gin, agus d’fholoigh í féin ar feadh cúig mhí.

Tar éis duit an scéal a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna simplí seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 38 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Cén cineál daoine ba iad Eiliosaibeit agus Zachairias? Ar dhaoine reiligiúnacha iad?
- Cén obair a bhí ag Zachairias?
- Cén teachtaireacht a thug an t-aingeal Gaibriél chuig Zachairias? Cad a dúirt an t-aingeal faoin mac a bheadh ag Zachairias agus Eiliosaibeit?
- Conas a d’fhreagair Zachairias teachtaireacht an aingil?
- Níor chreid Zachairias an t-aingeal ar dtús. Mar sin, cad a tharla dó?
- Cén chaoi a raibh a fhios ag na daoine, a bhí ina seasamh lasmuigh, go raibh fíis ag Zachairias nuair a bhí sé sa **Teampall**?

- Conas a mhothaigh Zachairias, dar leat, nuair a chuala sé go raibh freagra le fáil aige ar a phaidir agus go mbeadh mac aige?
- An dóigh leat go gcreidfeá an t-aingeal dá mbeifeá in áit Zachairias? Cén fáth nó cén fáth nach gcreidfeá?
- Conas a mhothaigh Zachairias, dar leat, agus é ag fanacht le breith a mhic? Cad a cheapann tú a raibh Zachairias ag tnúth leis thar aon rud eile: breith a mhic, a chumas cainte ag filleadh, nó rud éigin eile? Cén fáth?
- Cad iad na hamanna feithimh gur cuimhin leat? Conas mar a bhí an tréimhse feithimh?

Dírigh aire na bpáistí chuig an ghníomhaíocht ‘Smaoinigh air seo ...’ ar leathanach 38 dá leabhar agus tabhair cuireadh dóibh a gcuid machnaimh a roinnt leis an rang.

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna cosúil leo seo a chur orthu:

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

BREITH EOIN BAISTE

Léigh an scéal faoi bhreith Eoin Baiste as an Soiscéal de réir Lúcaís. Tá an sliocht seo **ar leathanach 39 de leabhar na bpáistí freisin.**

Breith Eoin Baiste (Lúcás 1:57-66)

Tháinig a hionú d’Eiliosaibeit agus rug sí mac. Agus chuala a comharsana agus a gaolta go ndearna Dia a thrócaire go hiomarcúil uirthi, agus rinne siad comhghairdeas léi.

Agus ar an ochtú lá, ... bhí siad ag tabhairt ainm a athar air, Zachairias. Ach labhair a mháthair agus dúirt: “Ní hea, ach glaofar Eoin air.”

Agus dúirt siad léi: “Níl aon duine ar do chine a bhfuil an t-ainm sin air.” Ach d’fhiafraigh siad le comharthaí sóirt dá athair cad ab áil

leis a thabhairt air.

Agus d’iarr seisean cláirín agus scríobh air: “Is Eoin is ainm dó.” Agus rinne siad uile ionadh de. Bogadh a bhéal agus a theanga láithreach, agus labhair sé ag moladh Dé. Agus tháinig eagla ar a gcomharsana uile; agus sa cheantar go léir ar fud na gcnoc in Iúdáia, bhí ag iomrá ar na nithe seo uile, agus gach ar chuala trácht orthu, chuir siad chucu ina gcroí iad, agus deiridís: “Cad is dán don leanbh seo, mar sin?” Óir go deimhin bhí lámh an Tiarna leis.



Tar éis duit an scéal a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna simplí seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 39 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Cén t-ainm a dúirt Eiliosaibeit a bheadh ar an leanbh? Cén fáth?
- Cén fáth ar cheap na comharsana nár rogha mhaith é an t-ainm sin?
- Conas a chuir Zachairias ainm an linbh in iúl?
- Cén rud iontach a tharla do Zachairias ansin?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna cosúil leo seo a chur orthu:

- Cé a thug d'ainm duit? An bhfuil a fhios agat cén fáth ar tugadh d'ainm duit?
- Conas a mhothaigh Zachairias, dar leat, nuair a bhí a fhios aige go raibh Eiliosaibeit ar tí a mhac a thabhairt ar an saol? An gceapann tú go raibh a fhios aige go mbeadh sé in ann labhairt arís

nuair a thug sé an t-ainm Eoin dá mhac? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?

- In aimsir Íosa, thug tuismitheoirí ainmneacha do pháistí Giúdacha mar bhí ciall nó brí leis na hainmneacha. Níor bhac siad le fuaimniú an ainm. Ciallaíonn an t-ainm Zachairias 'is cuimhin le Dia é', agus ciallaíonn an t-ainm Eiliosaibeit 'duine atá dílis do Dhia', ciallaíonn an t-ainm Eoin 'Tá Dia **grástúil**', agus ciallaíonn an t-ainm Íosa 'Sábhálann Dia'. An gceapann tú go raibh na hainmneacha seo go maith/ina ainmneacha oiriúnacha do gach duine de na daoine seo? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?
- Inis do na páistí go gceiliúraimid lá breithe Naomh Eoin Baiste ar an 24ú Meitheamh.

Tá scéal bhreith Eoin Baiste ar leathanach 39 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí chun an scéal a léamh dóibh féin.

CLEACHTADH DIALAINNE

MO AINM

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne atá **ar leathanach 40 dá leabhar**. Spreagann sé iad chun taighde a dhéanamh ar bhrí a n-ainmneacha.

AG COMHRÁ

FAOIN AIDBHINT

Nóta: Tá an cur síos seo faoin Aidbhint le fáil ar leathanach 40 de leabhar na bpáistí freisin. Séasúr speisialta i bhféilire na hEaglaise is ea an **Aidbhint**. Cuireann sé tús le Bliain Liotúirgeach na hEaglaise. Tá ceithre seachtaine san Aidbhint, a chríochnaíonn ar an 25 Nollaig, nuair a cheiliúraimid breith Íosa. San Aidbhint, ullmhaímid

agus bímid ag tnúth leis an ócáid iontach seo. Bíonn dóchas againn agus bímid ag guí agus ag fanacht le fáilte a chur roimh Chríost inár gcroí agus inár saol. San Aidbhint cuimhnímid freisin gur fhan Muire le breith a mic, Íosa, agus go raibh ar Eiliosaibeit agus Zachairias feitheamh le plean Dé.

DÁN

Cuir an dán i láthair na bpáistí. **Tá an dán ar leathanach 41 de leabhar na bpáistí freisin.**

Daoine Foighneacha

Mar sheomra feithimh, an Aidbhint,
Dóibh siúd a ghlacann an t-am
Le coinne a dhéanamh don Nollaig
-an fíor-Nollaig, ní an bréagcheann.
An Nollaig bhréagach á fógairt
Ar fud an domhain mhóir gach lá
Ag craoladh i nguth leictreonach
'Nollaig Shona, Nollaig Shona, Há há!'
Nollaig bhréagach le soilse ar lasadh
Choíche ní bheidh siad níos mó
Ná an réalta a shoilsigh sa spéir úd
An oíche i mBeithil, fadó.

Iadsan a dhéanann an choinne
Le fíor-spiorad na Nollag ina saol,
Is eol dóibh an mhífhoighid le feitheamh
Atá ar gach duine beagnach, gan bhaol.
Ach tá a fhios ag an té 'tá ag feitheamh,
Ag feitheamh le lúcháir de shíor,
Go dtiocfaidh an breithlá faoi dheireadh
Is go bhfeicfear an Nollaig go fíor.
Ceiliúradh is gliondar an Chríostaí
Am feithimh don Nollaig istigh
Ag canadh le hAingil na spéire
'Imeanúéil, Gairdeas, Dia linn!'

Tar éis duit an dán a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna seo, nó ceisteanna cosúil leo, a chur orthu:

- Cad leis a dhéanann an file comparáid le



'Aidbhint' ag tús an dáin, agus cén fáth a n-úsáideann sí an íomhá sin?

- Cad iad na samplaí a thugann an file den 'Nollaig bhréagach'? An bhféadfá níos mó a chur leis na samplaí sin tú féin?

Ansin tochail níos doimhne le ceisteanna cosúil leo seo:

- An gceapann tú gur íomhá maith é 'seomra feithimh' don Aidbhint? Cén fáth nó cén fáth nach maith?

- Conas a dhéanfa cur síos ar 'fhíor-spiorad' na Nollag?
- Deir an file go bhfaigheann 'daoine foighneacha léargas ar bhrí Chríostaí na Nollag'. Cad a cheapann tú gurb í an bhrí 'Críostaí' atá ag an Nollaig'? Cén fáth go bhféadfadh le 'daoine foighneacha' níos mó léargais a fháil air seo seachas daoine atá mífhoighneach?

CLEACHTADH DIALAINNE

AG FAIRE, AG FANACHT, AG DÉANAMH IONTAIS!

- Aga feithimh atá san Aidbhint. I rith na hAidbhinte bímid ag faire, ag fanacht agus ag déanamh iontais de bhreith Íosa.
- Díriú aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne atá **ar leathanach 40 dá leabhar**. Tugann sé cuireadh dóibh na habairtí seo a leanas a chríochnú: San Aidbhint beidh mé ag faire ar ... San Aidbhint beidh mé ag fanacht le ... San Aidbhint beidh mé ag déanamh iontais de ...
- Nuair atá an cleachtadh thuas déanta acu b'fhéidir go mba mhaith leat cuireadh a thabhairt do roinnt páistí an méid atá scríofa acu a roinnt leis an rang.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Seanfhear ba ea Zachairias nuair a tháinig an t-aingeal Gaibriéil chuige le dea-scéal; bheadh leanbh ag a bhean, Eiliosaibeit. Eoin, an t-ainm a bheadh air. Bhí amhras ar Zachairias glacadh le focail an aingil agus mar sin chaill sé a chumas cainte. Bhí Eiliosaibeit ag iompar clainne tamall ina dhiaidh sin. Nuair a rugadh an leanbh tugadh

Eoin mar ainm air. Chomh luath agus a thug Zachairias a ainm don leanbh tugadh a chumas cainte ar ais dó agus mhol sé an Tiarna. Rinne sé tairngreacht ansin go n-ullmhódh a mhac an bealach don Mheisias. Deirtear *Paidir Zachairias*, nó *An Benedictus*, mar chuid de Phortús na hEaglaise ar maidin.

CLEACHTADH DIALAINNE

MO PHAIDIR DÓCHAIS

Tabhair cuireadh do na páistí paidir a scríobh faoin dóchas atá acu dóibh féin nó dá dteaghlach, sa dialann don Oideachas Reiligiúnach. Is féidir le páiste ar bith ar mian leo an phaidir a léamh amach nuair a thugtar cuireadh dóibh é a dhéanamh le linn urnaí an lae inniu.

PAIDIR

Nóta: Tabhair cuireadh do na páistí suí i giorcal don urnaí seo. Tá focail an Benedictus ar leathanach 146 de leabhar na bpáistí. Bíodh an cóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach ag aon pháiste ar mian leo an 'Paidir dóchais', a scríobh siad, a léamh amach i rith an urnaí.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh coinneal ar bhláthfhleasc na hAidbhinté): Agus an choinneal á lasadh againn, cuimhnimid go bhfuil Dia linn agus sinn ag feitheamh.

Tosóimis inniu agus Paidir na Maidine a rá le chéile.

Gach duine: Paidir na Maidine (A Dhia, tá grá agat dom ...)

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Múinteoir: Guímis an *Benedictus* (nó *Amhrán Zachairias*) anois – is iad seo na focail a ghuigh Zachairias nuair a fuair sé a chuid cainte ar ais, tar éis dó an t-ainm 'Eoin' a thabhairt ar a mhac. Sa dara véarsa, labhraíonn Zachairias le hEoin, a mhac nuabheirthe, a bhfuil aithne againn anois air mar Eoin Baiste.

Gach duine: Moladh don Tiarna, Dia Iosrael, óir rinne sé a phobal a fhiosrú agus a fhuascailt; agus thóg sé dúinn Slánaitheoir neartmhar i dteaghlach Dháiví a sheirbhíseach – de réir mar a labhair

trí bhéal a naomhfháidh anallód –
mar shaoradh dúinn ónár naimhde
agus óna láimh siúd uile ar fuath leo sinn,
ag déanamh trócaire mar sin ar ár n-aithreacha,
agus ag cuimhneamh ar a thiomna naofa –
ar an mionn a mhionnaigh sé d'Abrahám ár n-athair –
go dtabharfadh sé dúinn,
tar éis ár saortha as láimh ár naimhde,
bheith ag seirbhís dó gan eagla,
i gcrábhadh agus i bhfíréantacht ina láthair gach lá dár saol.
Agus tusa, a leanbh, glaofar ortsa fáidh an Té is Airde,
óir gluaisfidh tú roimh an Tiarna ag ullmhú a bhóthar,
ag tabhairt eolas an tslánaithe dá phobal
trí mhaithiúnas a bpeacaí
de chionn trócaire chroí ár nDé
a bhéarfaidh an Láchan dár bhfiosrú ó uachtar neimhe,
chun a soilsithe siúd atá ina suí sa dorchadas agus faoi scáil an bháis;
chun ár gcéimeanna a sheoladh i mbóthar na síochána.
(Lúcás 1:68-79)

Múinteoir: Guímis an 'Glóir don Athair' le chéile anois.

Gach duine: Glóir don Athair, agus don Mhac...

Múinteoir: Is é an freagra atá ar ár n-urnaí inniu ná: An pobal a bhí ag siúl sa dorchadas, chonaic siad solas mór.

Léitheoir 1: An pobal a bhí ag siúl sa dorchadas,



*chonaic siad solas mór;
agus ar mhuintir na tíre gruama
tá solas ag lonnú. (Íseáia 9:1)*

Gach duine: An pobal a bhí ag siúl sa dorchadas,
chonaic siad solas mór.

Léitheoir 2: *Chuir tú go mór lena n-áthas,
mheadaigh tú ar a lúcháir;
tá siad ag déanamh gairdis os do chomhair,
mar a dhéanann in aimsir an fhómhair,
amhail an gairdeas lena roinntear an chreach. (Íseáia 9:2)*

Gach duine: An pobal a bhí ag siúl sa dorchadas,
chonaic siad solas mór.

Léitheoir 3: *Óir an chuing a bhí anuas orthu,
an choirb ar a nguailí,
agus slat an aintiarna,
déanann tú smionagar díobh mar a rinne tú lá briste
Mhidián. (Íseáia 9:3)*

Gach duine: An pobal a bhí ag siúl sa dorchadas,
chonaic siad solas mór.

Léitheoir 4: *Óir rugadh leanbh dúinn,
tugadh mac dúinn;
tá an tiarnas ar a ghualainn,
agus is é ainm atá air:
“Comhairleoir iontach”, “Dia láidir”,
“Athair síoraí”, “Prionsa na síochána”. (Íseáia 9:5)*

Gach duine: An pobal a bhí ag siúl sa dorchadas,
chonaic siad solas mór.

Léitheoir 5: *Níl teorainn lena thiarnas
ná críoch lena shíocháin
ar chathaoir ríoga Dháiví
agus ar a ríogacht,
ag cur bun agus taca leo,
sa cheart agus san fhíréantacht feasta go brách.
(Íseáia 9:6)*

Gach duine: An pobal a bhí ag siúl sa dorchadas,
chonaic siad solas mór.

Múinteoir: *Is é an Tiarna féin mar sin a thabharfaidh
comhartha daoibh.*

*Seo, tá an ógbhean ag iompar agus ar tí mac a shaolú,
agus tabharfaidh sí Ímeánuéil mar ainm air. (Íseáia 7:14)*

*Tabhair cuireadh do na páistí ar mian leo a
bpaidreacha dóchais a léamh amach é a dhéanamh
anois. I ndiaidh gach paidir deir gach duine: A
Thiarna, éist lenár nguí.*

Múinteoir: Guimis anois an *Paidir chuig an Aingeal
Coimhdeachta.*

Gach duine: *Paidir chuig an Aingeal Coimhdeachta
(A Aingil dhil Dé ...)*

Múinteoir: Tugaim cuireadh duit na súile
a dhúnadh ar feadh cúpla nóiméad agus
smaoineamh a dhéanamh ar an gcaoi a mbeidh
tú ag ullmhú le teacht Íosa, i rith séasúr na
hAidbhinte. Le do ghuth inmhéanach, b'fhéidir gur
mhaith leat cabhair a iarraidh ar Íosa. (Sos) Nuair
atá tú réidh, oscail na súile.

Múinteoir: Go mbeidh síocháin Dé,
a sháraíonn gach tuiscint,
in éineacht linn anois agus i rith an lae inniu.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Comhartha na Croise

Ceacht 2: Íosaef ag feitheamh



SULA DTOSAÍONN TÚ

Roghnaigh Dia an tAthair, Muire mar mháthair dá Mhac, Íosa. Tháinig an t-aingeal Gaibriél i láthair Muire agus d'inis di cad a bhí beartaithe ag Dia di. Cé go gcaithfidh go raibh imní agus eagla ar Mhuire, d'aontaigh sí leis an méid a dúirt an t-aingeal léi. Agus mar sin comhlíonadh plean Dé trí Mhuire.

Níl mórán scríofa faoi Naomh Íosaef sa Bíobla. Is féidir linn a ghinealach a léamh sa Soiscéal de réir Mhatha. Ba de theaghlach Rí Dháiví é, an rí ba thábhachtaí in Iosrael. Rugadh Íosaef i mBeithil, cathair Dháiví, in aice le Iarúsailéim. Tar éis tamaill bhí cónaí air i Nazarat sa Ghailíl. Siúinéir ba ea é. Bhí Íosaef geallta (i gcleamhnas) le Muire i Nazarat. I gcultúr na nGiúdach, b'ionann a bheith geallta le chéile

agus a bheith pósta le chéile.

Fear maith ba ea Íosaef, é dílis do Dhia agus don Dlí. Roghnaigh Dia é mar athair altrama d'Íosa. Ní raibh Íosaef saibhir. Nuair a thóg sé Íosa chuig an Teampall den chéad uair, d'ofráil sé péire fearán nó péire colúr. Nuair nach raibh daoine saibhir go leor le huan a ofráil, bhí cead acu éin a ofráil.

Bhí imní ar Íosaef nuair a fuair sé amach go raibh Muire ag iompar clainne, ach thug teachtaireacht an aingil suaimhneas dó gur cuid de phlean Dé a bhí i gceist. D'aontaigh sé le cuireadh Dé a bheith ina athair altrama d'Íosa. Creidimid go bhfuair Naomh Íosaef bás sular thosaigh ministreacht Íosa.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Ginealach:** Staidéar ar shinsearach – sliocht duine, teaghlach nó grúpa ón sinsearach céanna. Tá ginealach Íosa le fáil ag tús an tSoiscéil de réir Mhatha.
- **Ministreacht:** Obair. Tugaimid ministreacht Íosa ar an obair a bhí le déanamh ag Íosa ar domhan. San Eaglais, tugaimid ministreacht ar an obair a dhéanann daoine chun seirbhís a thabhairt do dhaoine eile.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Bileog mhór de pháipéar bán do gach grúpa
- Bileog A4 agus ábhair dhathúcháin do gach páiste nó péire páistí
- Páipéar ealaíne agus ábhair dhathúcháin
- Mainséar folamh agus figiúirí

Féachaimis ...

SCÉAL

Ní Féidir Liom Feitheamh

'Corraigh an ciste agus déan mian ag an am chéanna!' Deireadh mí na Samhna a bhí ann, agus bhí Sinéad, a máthair agus a deartháir Seán sa chistin. Bhíodh Sinéad ag tnúth gach bliain leis an lá seo - an lá a rinne sí féin agus a máthair an ciste Nollag. Chuir an lá seo tús le hullmhúcháin na Nollag. Ba é an traidisiún a bhí acu ná go ndéanadh gach duine an meascán a chorrú faoi thrí agus mian a dhéanamh. Bhí a fhios ag Sinéad cad a bhí uaithi, cé nach gcuirfeadh sí a mian in iúl do dhuine ar bith - ba mhaith léi go mbeadh a deartháir Dónall in ann teacht abhaile don Nollaig. Bhí Dónall tar éis aistriú go dtí an Astráil bliain go leith ó shin. Scaidhpeáil sé gach seachtain agus chuir sé teachtaireachtaí chucu, ach bhí uaigneas orthu an Nollaig seo caite toisc nach raibh sé i láthair. Ní raibh sé cinnte fós an bhféadfadh sé laethanta saoire a fháil ón obair i mbliana.

A haon, a dó, a trí ... Dhún Sinéad a súile agus rinne sí a mian. Choimeád sí a súile dúnta chomh fada sin - go ndúirt Seán, 'Ní féidir ach aon mhian amháin a bheith agat!'

'Sin a rinne mé,' arsa Sinéad, ag oscailt a súile, 'ach mian AN-MHÓR atá inti!'

'An bhfuil aon rud eile ann a d'fhéadfaimís a dhéanamh chun tús a chur le hullmhú don Nollaig?' d'iarr Seán. 'An féidir linn crann Nollag a fháil?'

'Tá sé ró-luath fós,' arsa Mam. 'Níl ann ach tús na hAidbhinte. Céard faoi Fleasc na hAidbhinte a dhéanamh?'

'Ó, tá ceann acu againn ar scoil,' arsa Sinéad.

'Conas a dhéanann tú ceann?' d'iarr Seán.

'Bíonn crochadán cótaí agus roinnt gearrthóga ó chrann síorghlas ag teastáil uait,' arsa Mam. 'Agus beidh cúig choinneal ag teastáil uait freisin - trí chinn corcra, ceann amháin bándearg agus coinneal bhán amháin. Ceannóidh mise na coinnle amárach. Munar féidir linn na coinnle daite a fháil, is féidir linn iad a dhathú sinn féin.'

Bhí na páistí spreagtha anois. 'Tá a fhios agam an bhrí atá ag na coinnle,' a dúirt Sinéad le guth bródúil. 'Tá ceithre choinneal ann, ceann le haghaidh gach seachtain san Aidbhint, agus lastar an choinneal bhándearg ar an tríú seachtain. Ní chuirtear an cúigiú coinneal, an ceann bán, ar an fhleasc go dtí Lá Nollag, nuair a bhíonn ár dtréimhse feithimh thart.'



Agus mar sin thosaigh na hullmhúcháin. An tseachtain ina dhiaidh sin, d'fhill a máthair abhaile ó na siopaí agus paicéad cártaí Nollag aici.

'Cé a chuirimid cártaí chucu?' d'iarr Sinéad.

'Nach fearr glao teileafóin a chur orthu?'

'Ní hea,' arsa Mam, 'is maith liom cárta traidisiúnta a sheoladh, le radharc na Nollag air, chuig na cairde go léir nach mbuailfidh mé leo i rith na Nollag, ach go háirithe chuig mo ghaolta atá thar lear.'

Smaoinigh Sinéad ar Dhónall, láithreach. 'An gcuirfimid ceann chuig Dónall?'

'Tá cárta speisialta agam dó,' arsa Mam, agus cárta dearg á thógáil aici as a mála le litriú ór air a dúirt 'Go mac an-speisialta um Nollaig'.

Go tapa tháinig an t-ochtú lá de Mhí na Nollag. 'Ceannóimid an crann Nollag inniu!' d'fhógair Mam.

Tháinig aoibh gháire ar aghaidh Sinéad. Thaitin sé go mór léi na maisiúcháin go léir a thógáil amach as an áiléar agus a bheith ag cuimhneamh ar an áit as a dtáinig gach ceann acu - an clog airgid a thug Mamó dóibh, an teidí beag órga a cheannaigh siad i Londain, na réaltaí péinteáilte a rinne sí féin agus Seán ar scoil. Nuair a bhí an crann ina sheasamh sa chúinne agus a chuid soilse ar lasadh, bhí an chosúlacht ann go raibh siad níos gaire don Nollaig.

'Cad mar gheall ar an mhainséar?' d'iarr Seán.

'Sea, cuirfimid an mainséar ar an mbord sa halla anois,' arsa Mam, 'ach ná cuir an leanbh Íosa istigh ann, fós. Caithfimid fanacht go dtí Lá Nollag chun é sin a dhéanamh.'

Le dhá sheachtain eile bhí siad gnóthach leis na hullmhúcháin go léir. Bhí Sinéad agus Seán araon ag glacadh páirt i Seirbhís Carúl na hAidbhinte sa séipéal. Bhí an t-atmaisféar go hálainn ann - bhí na soilse maolaithe agus bhí coinnle ar lasadh thart timpeall. Chan an pobal faoi theacht an linbh Íosa. Is é 'O Come, O Come Emmanuel' an carúl a thaitin go mór le Sinéad,





...

agus 'Oíche Chiúin' an ceann a thaitin le Seán.

'Ní féidir liom fanacht don Nollaig!' dúirt Seán ar an mbealach amach as an séipéal.

'Bhuel, caithfidh tú!' arsa Mam, 'ní fada uainn anois é. Rachaimid ar ais tríd an bhaile chun soilse na Nollaig a fheiceáil.'

Nuair a tháinig siad abhaile, d'fhéach Mam ar a fón. Bhí sé ar 'ciúin' i rith na seirbhíse. 'Ó, fuair mé glaoch ó Dhónall,' a dúirt sí, 'tá súil agam go bhfuil sé go maith.'

Chuaigh Seán agus Sinéad thuas staighre

chun ullmhú don leaba agus chuir Mam glao ar ais ar Dhónall.

Go tobann chuala siad béic ard agus rith siad thíos staighre go tapa. 'Cad atá cearr, Mam?' d'iarr siad le chéile. Bhí deora ag a máthair ina súile. 'Tá Dónall ag teacht abhaile don Nollaig,' dúirt sí.

'Thar Barr!' a bhéic Seán.

'Bhí a fhios agam,' arsa Sinéad go ciúin, agus thosaigh siad uile ag léim thart timpeall le háthas.

'Ní féidir liom feitheamh!' arsa Sinéad.

'Bhuel, caithfidh tú!' arsa Mam agus Seán le chéile, agus gháir siad uile go gasta.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna simplí seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 42 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cad a bhí á iarraidh ó Shinéad nuair a bhí na comhábhair don chiste á meascadh aici?
- Cad a d'úsáid Sinéad, a máthair agus Seán chun fleasc na hAidbhinté a dhéanamh? Cad a léiríonn na coinne ar fhleasc na hAidbhinté?
- Cén fáth ar mhaith lena máthair cártaí Nollaig a sheoladh? Cén cineál cártaí Nollaig a roghnaigh sí?
- Cathain a fuair siad an crann Nollaig?
- Cén fáth nár chuir siad an leanbh Íosa sa mhainséar leis na figiúirí eile?
- Cén nuacht iontach a fuair siad nuair a d'fhill siad abhaile ón tseirbhís charúl?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna cosúil leo seo a chur orthu:

- Cad leis a mbíonn tú ag feitheamh ag an am seo den bhliain? An maith leat bheith ag feitheamh? Cén fáth nó cén fáth nach maith leat? Conas a dhéanfá cur síos ar cad is feitheamh ann?
- Conas a ullmhaíonn do theaghlach don Nollaig? An bhfuil aon traidisiúin Nollaig ag do theaghlach? Cad iad?
- Cad a bhfuil tú ag tnúth go mór leis um Nollaig?

Dirigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne ar lch 42 dá leabhar.

GNÍOMHAÍOCHT

AMLÍNE DON TODHCHAÍ

Nóta: Beidh bileog mhór páipéir bháin uait do gach grúpa.

- Tabhair cuireadh do na páistí grúpaí a bhunú. Tabhair bileog mhór páipéir do gach grúpa.
- Iarr ar na páistí líne a tharraingt trasna ar bharr na bileoige. Mínigh gurb é seo a amlíne, ar a dhéanfaidh siad cuimhneacháin suntasacha ina saoil a chlárú - ag tosú leis an lá inniu agus ag dul ar aghaidh. (*D'fhéadfadh a bheith san áireamh: Cóineartú, ag tosú sa mheánscoil, ag*

deanamh scrúduithe, dul chuig an ollscoil, a gcéad phost a fháil, srl.)

- Ansin tabhair cuireadh dóibh nóta gearr a scríobh faoi gach pointe suntasach ar an amlíne agus iad ag smaoineamh ar an dtodhchaí.
- Nuair a bheidh an ghníomhaíocht críochnaithe acu, tabhair cuireadh dóibh comhrá a dhéanamh faoi na nithe a bhfuil siad ag súil go mór leo amach anseo.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh duit suí go ciúin... le do chosa ar an talamh agus do lámha go bog ar do ucht ... Mothaigh d'anáil go réidh ag dul isteach agus ag fágáil do chorp ... anáil na beatha ... Smoinigh ar an gcaoi ina gcoinníonn an anáil tú beo ... is bronntanas beatha Dé chugat é ... Tá gach anáil luachmhar ... bronntanas is ea gach nóiméad ... agus sinn ag fanacht le ceiliúradh a dhéanamh ar bhreith Íosa

um Nollaig, cuimhnigh orthu siúd a d'fhan san am atá thart ... D'fhan Zachairias agus Eiliosaibeit ar bhreith a mac... D'fhan Muire agus Iósaef ar bhreith Íosa ... Le do ghuth inmheánach, iarr ar Dhia cabhrú leat do chroí a ullmhú chun fáilte a chur roimh Íosa an Nollaig seo ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

FAOI BHRIONGLÓIDÍ

Sula dtéann tú ar aghaidh chuig an scéal faoin mbrionglóid a bhí ag Naomh Iósaeaf, inar ullmhaigh an t-aingeal é chun a bheith ina athair altrama d'Íosa, déan comhrá leis na páistí faoi bhrionglóidí, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén ciall a bhaineann leis an bhfrása 'lean do

bhrionglóidí', meas tú?

- An cuimhin leat aon scéalta ón mBíobla ina luaitear brionglóidí? (*m.sh. Abrahám [Geineasas 15:1], Iacób [Geineasas 28:10-17], Samúéil [1 Samúéil 3], Dainéil [Dainéil 2], Zachairias [Lúcás 1: 5-23]*)
- Cad atá i bpáirt ag na scéalta seo go léir?

AN SCRIPTÚR NAOFA

BRIONGLÓID ÍOSAFAF

Tosaigh trí a thabhairt chun chuimhne na bpáistí go smaoinimid ach go háirithe ar Mhuire agus Iósaeaf, i rith na hAidbhinte, agus ar an gcaoi inar fhan siad go himníoch le breith Íosa. Tá go leor foghlamtha ag na páistí faoi Mhuire cheana féin sa chlár *I nGrá Dé*, mar sin i mbliana cuirimid an bhéim ar Iósaeaf.

Rugadh Iósaeaf i mBeithil. Nuair a d'fhás sé aníos siúinéir ba ea é. Níos déanaí bhí sé geallta (i gcleamhnas) le Muire. Chuir Dia aingeal chuig Iósaeaf le teachtaireacht. Thaispeáin aingeal an

Tiarna é féin d'Iósaeaf i mbrionglóid tar éis do Mhuire a rá leis go raibh sí ag iompar clainne trí chumhacht an Spioraid Naoimh. Is dócha go raibh eagla ar Iósaeaf ag an am sin.

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Naomh Iósaeaf, Athair Altrama Íosa' a léamh ar leathanach 42 dá leabhar. Ansin léigh an scéal faoi bhrionglóid Iósaeaf ón Soiscéal de réir Mhatha.

Brionglóid Iósaeaf (Matha 1:18-24)

Seo mar a tharla Íosa Críost a shaolú. Bhí Muire, a mháthair, luaite le Iósaeaf, agus sula ndearnadar aontíos, fuarthas torrach í ón Spiorad Naomh. Ba dhuine cóir a fear céile Iósaeaf, ach níorbh áil leis go dtabharfaí míchlú di, agus chinn sé í a scaoileadh uaidh os íseal. Ag machnamh ar an méid sin dó, áfach, thaispeáin aingeal ón Tiarna é féin dó i mbrionglóid agus dúirt: "A Iósaeaf, a mhic Dháiví, ná bíodh eagla ort do bhean chéile Muire a thabhairt abhaile leat, óir, an leanbh atá gafa aici, is ón Spiorad Naomh é. Béarfaidh sí mac, agus tabharfaidh tú Íosa mar ainm air, óir slánóidh sé a phobal óna bpeacaí."

Thit an méid sin go léir amach chun go gcomhlíonfaí a ndúirt an Tiarna tríd an



bhfáidh: "Beidh an mhaighdean torrach agus béarfaidh sí mac agus tabharfar Imeanúéil mar ainm air," - ainm a chiallaíonn: Tá Dia linn.

Dhúsigh Iósaeaf agus d'éirigh, agus rinne mar d'ordaigh aingeal an Tiarna dó.



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna simplí seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 43 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Cén chaoi ar bhraith Iósaeaf nuair a chuala sé go raibh Muire ag iompar clainne?
- Cad a cheap sé a dhéanamh? Cén fáth a raibh an smaoineamh sin aige?
- Cad a tharla a chabhraigh leis a bheith socair?
- Cén t-ainm, a dúirt an t-aingeal, gur chóir d'Iósaeaf agus Muire a thabhairt don leanbh?
- Cad a chiallaíonn an t-ainm 'Imeanúéil'?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna cosúil leo seo a chur orthu:

- Cén fáth, dar leat, go mbeadh deacrachtaí ag Muire agus Iósaeaf, de bharr í a bheith ag iompar clainne?
- Cad a insíonn an scéal seo dúinn faoin gcineál duine ba ea Iósaeaf? (*m.sh. dílis, cineálta, iontaofa, fear le creideamh domhain*)

Tá an scéal faoi bhrionglóid Iósaeaf ar leathanach 43 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí chun an scéal a léamh dóibh féin.

GNÍOMHAÍOCHT RÓLIMEARTHA

IÓSAEF AGUS CARA LEIS

Dírigh aire na bpáistí chuig an ngníomhaíocht rólimeartha **ar leathanach 44 dá leabhar.**

- Tabhair cuireadh do na páistí obair i bpéirí.
- Iarr orthu comhrá a ullmhú agus a chur i ngníomh faoin gcomhrá a d'fhéadfadh a bheith ag Iósaeaf le duine dá chairde tar éis don

aingeal caint leis i mbrionglóid. Spreag na páistí smaoineamh ar conas a mhothaigh Iósaeaf roimh agus i ndiaidh na brionglóide.

- Tabhair cuireadh do pháistí a rólíomairt a chur i láthair don rang.

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

BREITH ÍOSA

Roghnaigh triúr léitheoir chun scéal Bhreith Íosa a léamh.

Léitheoir 1: Tharla sna laethanta sin go ndeachaigh forógra amach ó Chéasar Agust an domhan uile a chlárú. B'é seo an chéad chlárú a rinneadh nuair a bhí Cuiríon ina ghobharnóir ar an tSuir. Agus chuaigh cách chun a gcláraithe, gach aon duine go dtí a chathair féin. Agus chuaigh Iósaeaf freisin suas ón nGailíl, ó chathair Nazarat, go hIúdáia, go dtí cathair Dháiví ar a nglatar Beithil, de bhrí gur de theaghlach agus de threabhchas Dháiví é féin, chun a chláraithe mar aon le Muire, a bhean chéile, a bhí ag iompar clainne. Agus tharla, le linn dóibh bheith ann, gur tháinig a hionú, agus rug sí a céadghin mic, agus chuir i gcrios ceangail é, agus shín i mainséar é, de bhrí nach raibh slí dóibh san ósta. (Lúcás 2:1-7)

Léitheoir 2: Agus bhí aoirí sa taobh tíre céanna, amuigh faoin spéir, ag faireacháin oíche i mbun a dtréada. Agus sheas aingeal an Tiarna láimh leo, agus shoilsigh glóir an Tiarna ina dtimpeall, agus bhí uamhan agus eagla mhór orthu. Agus dúirt an t-aingeal leo: "Ná bíodh eagla oraibh: óir féach, tá dea-scéala agam daoibh a chuirfidh áthas mór ar an bpobal uile: rugadh Slánaitheoir daoibh inniu - is é Críost an Tiarna é - i gcathair Dháiví. Agus is comhartha daoibh é seo: gheobhaidh sibh naíonán i gcrios ceangail agus é ina luí i mainséar." Agus bhí go tobann, mar aon leis an aingeal, cuallacht de

shlua na bhflaitheas ag moladh Dé agus ag rá: "Glóir do Dhia in uachtar neimhe, agus síocháin ar talamh don mhuintir ar a bhfuil a ghnaoi!" Agus nuair a d'imigh na haingil uathu sna flaitheis, dúirt na haoirí le chéile: "Téimis anonn go Beithil, agus feicimis an ní seo a tharla a d'inis an Tiarna dúinn." (Lúcás 2:8-15)

Léitheoir 3: Agus d'imigh go deifreach, agus fuair siad Muire agus Iósaeaf, agus an naíonán ina luí sa mhainséar. Agus ar a fheiceáil dóibh, d'inis siad an ní a dúradh leo mar gheall ar an leanbh seo. Agus cách a chuala, b'ionadh leo na nithe a dúirt na haoirí leo. Agus thaiscigh Muire ina cuimhne na nithe seo uile, ag machnamh orthu ina croí. Agus chuaigh na haoirí ar ais ag glóiriú agus ag moladh Dé faoinar chuala siad agus a bhfaca siad, de réir mar a bhí ráite leo. (Lúcás 2:16-20)

Tar éis na sleachta a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna simplí cosúil leo seo a chur orthu:

- Cén fáth go ndeachaigh Muire agus Iósaeaf go Beithil?
- Cén bhaint a bhí ag Iósaeaf le Beithil?
- Cén fáth ar rugadh Íosa i mainséar?
- Cén teachtaireacht a thug na haingil do na haoirí?
- Cad a fuair na haoirí i mBeithil?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna cosúil leo seo a chur orthu:

- Conas a mhothaigh Iósaf nuair a tháinig sé go Beithil, dar leat? Cé an chéad rud a bhí le déanamh aige, dar leat? Cén fáth?
- Conas a mhothaigh Iósaf nuair a dúradh leis nach raibh aon áit le fáil sa teach ósta? Cé faoi a d'fhéadfadh imní a bheith air? Cad a rinne sé?

- Conas a mhothaigh Iósaf nuair a chonaic sé an leanbh Íosa den chéad uair, agus é ar an eolas gur choinnigh Dia a gheallúint go gcuirfeadh sé a Mhac, an Meisias ar domhan?
- Cad a cheapann tú a theastaigh ó Iósaf a dhéanamh nuair a rugadh Íosa?
- Conas a d'fhreagair Iósaf, dar leat, nuair a chuala sé an scéal a d'inis na haoirí?

RÓLIMIRT

NA HAOIRÍ

- Tabhair cuireadh do na páistí a ligean orthu gur aoirí iad. Iarr orthu bheith i bpéirí agus an comhrá a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith idir beirt aoire tar éis dóibh cuairt a thabhairt ar an mainséar.
- Tabhair cuireadh do pháistí a rólímirt a chur i láthair don rang.

AG COMHRÁ

FAOI SCÉAL NA NOLLAG

Dírigh aire na bpáistí chuig na pictiúir atá **ar leathanach 44 dá leabhar**.

Déan comhrá faoi na pictiúir ag baint úsáid as na ceisteanna seo, nó ceisteanna eile cosúil leo:

- Cad is cuimhin leat faoi gach cuid de Scéal na Nollag a léirítear sna pictiúir seo?
- Cén chuid de Scéal na Nollag is fearr leat, agus cén fáth gur maith leat an chuid sin?

CLEACHTADH DIALAINNE

SCÉAL NA NOLLAG

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne atá **ar leathanach 44 dá leabhar** agus a thugann cuireadh dóibh scríobh faoi na píosaí is fearr leo ó Scéal na Nollag sa dialann don Oideachas Reiligiúnach. Is féidir leo focail agus/nó íomhánna a úsáid.

GNÍOMHAÍOCHT FILÍOCHTA

SCRÍOBH DÁN FAOIN NOLLAIG

Nóta: Beidh bileog A4 agus ábhair dhathúcháin ag teastáil ó gach péire leanaí.

- Tabhair cuireadh do na páistí obair leo féin nó le páiste eile chun dán gairid a scríobh faoi bhreith Íosa agus faoi conas a chomhlíonadh gealltanas Dé nuair a sheol sé an Meisias chugainn.
- Ba chóir go mbeadh cruth chrainn Nollag ar an dán. Mar sin beidh an chéad líne ar an gceann

is giorra, ag léiriú barr an chrainn Nollag. Ansin beidh gach líne den dán beagán níos faide, ag cruthú corp an chrainn; go dtí línte deireanacha an dáin, a bheidh gearr.

- Tabhair cuireadh do na páistí a leathanach a mhaisiú.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

An tseachtain seo scrúdaigh na páistí ról Naomh Iósaef i scéal na Nollag. Rinne siad machnamh ar conas a roghnaigh Dia Naomh Iósaef chun a bheith ina athair altrama d'Íosa agus ina fhear céile do Mhuire. Thug siad an scéal faoi bhreith Íosa chun cinn.

AG COMHRÁ

FAOI CONAS A THUGAIMID ONÓIR DO NAOMH IÓSAEF

Tabhair cuireadh do na páistí gach a d'fhoghlaim siad faoi Naomh Iósaef a thabhairt chun cuimhne. Ansin déan comhrá faoi Naomh Iósaef ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a dhéanfa cur síos ar Naomh Iósaef?
- Cad iad na cáilíochtaí a bhí aige, agus cén fáth an ndéarfá amhlaidh?
- Cé acu de na cáilíochtaí seo ar mhaith leat a bheith agat? Is féidir leat a iarraidh ar Naomh Iósaef ag am ar bith cabhrú leat na cáilíochtaí seo a fhorbairt.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

AN ÍOMHÁ ATÁ AGAM AR NAOMH IÓSAEF

Nóta: Beidh páipéar ealaíne agus ábhair dhathúcháin de dhíth ort do gach páiste.

- Tabhair cuireadh do na páistí an íomhá is fearr leo de Naomh Iósaef, ó na scéalta a chuala siad faoi sa cheacht seo, a chlárú.

Nóta: Más féidir, bailigh na páistí timpeall an spáis urnaí. Muna bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí. Déan deimhin de go mbeidh an mainséar folamh ina phointe fócais.

Ullmhúchán:

Roghnaigh ochtar léitheoir.

Roghnaigh triúr páiste chun na fíoracha seo a leanas a chur sa mhainséar folamh: 1) Muire agus Iósaf 2) Na hAoirí agus 3) An Triúr Saoithe.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Bhíomar ag fanacht agus ag ullmhú le haghaidh teacht Íosa le tamall anois.

Bhíomar ag smaoineamh ar na daoine go léir a bhí ag feitheamh le breith Íosa, na blianta fada ó shin i mBeithil. Ag an Nollaig bíonn aoibhneas agus áthas orainn mar gur léirigh Dia a ghrá mór dúinn tríd a Mhac, Íosa, a chur chugainn chun sinn a shábháil ón bpeaca agus sinn a thabhairt ar ais go caidreamh grámhar Dé. Tá a fhios againn go mbeimid fíor-shásta nuair atá grá againn do Dhia agus nuair a mhairimid mar lucht leanúna Íosa.

Léitheoir 1: Sliocht as Leabhar Irimia, fáidh.

Féach, tá na laethanta ag teacht – an Tiarna a labhraíonn – agus comhlíonfaidh mé an gheallúint a rinne mé do theach Iosrael agus do theach Iúdá: Sna laethanta sin agus san am sin cuirfidh mise d’fhiacha ar Bheangán fíréanta fás suas do Dháiví, agus déanfaidh sé breithiúnas agus ceart sa tír. Sábháilfear Iúdá sna laethanta sin agus mairfidh Iarúsailéim i ndóchas. Agus is é seo an t-ainm a thabharfar ar an gcathair: An Tiarna Ár bhFíréantacht.’ “Óir is mar seo a deir an Tiarna: ‘Ní bheidh in easnamh ar Dháiví choíche sliochtach fireann a shuífidh i gcathaoir ríoga theach Iosrael.

Briathar an Tiarna.

Gach duine: Buíochas le Dia.

Múinteoir: Gabhaimis buíochas le Dia ag baint úsáid as Salm 95. Is é an freagra ná: Rugadh Slánaitheoir dúinn inniu – is é Críost an Tiarna é.

Léitheoir 2: Téanam agus canaimis don Tiarna; déanaimis gairdeas do charraig ár slánaithe.

Gach duine: Rugadh Slánaitheoir dúinn inniu – is é Críost an Tiarna é.

Léitheoir 3: Druidimis ina láthair le haltú buíochais; déanaimis pléaráca dó le hamhráin mholta.

Gach duine: Rugadh Slánaitheoir dúinn inniu – is é Críost an Tiarna é.

Léitheoir 4: Óir is Dia mór é go dearfa an Tiarna; is rí mór é os cionn na ndéithe go léir.

Gach duine: Rugadh Slánaitheoir dúinn inniu – is é Críost an Tiarna é.

Léitheoir 5: Is ina lámha atá duibheagáin na cruinne, agus is leis mar an gcéanna na hardsléibhte.

Gach duine: Rugadh Slánaitheoir dúinn inniu – is é Críost an Tiarna é.

Léitheoir 6: Is leis an fharraige, óir is é a chruthaigh í; agus is iad a lámha a dhealbhaigh an talamh tirim.

Gach duine: Rugadh Slánaitheoir dúinn inniu – is é Críost an Tiarna é.

Tabhair cuireadh do pháiste na fíoracha de Mhuire agus Iósaf a chur sa mhainséar.

Múinteoir: Guímis ar son ár dteaghlaigh agus muid ag bogadh trí shéasúr na hAidhbhainte i dtreo séasúr áthasach na Nollag, go mbeannóidh an Tiarna iad go grástúil lena chosaint ghrámhair, faoi mar a rinne sé don Teaghlach Naofa. Guímis ar son tuismitheoirí, tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leasmháithreacha agus leasaitheacha, go leanfaidh Dia á mbeannú. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 7: Guímis ar son siúd a bhí ag feitheamh le teacht Íosa ina saoil. Dála na hAoirí, a fuair an nuacht faoi bhreith Mhac Dé ó chóir na n-aingeal neamhaí, go mbeidh áthas orainn agus tuiscint againn ar fhíor-bhrí na Nollag. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Tabhair cuireadh do pháiste fíoracha na nAoirí a chur sa mhainséar.

Léitheoir 8: Ghluais An Triúr Saoithe faoi stiúir réalta go dtí an stábla i mBeithil. Guímis ar son lucht leanúna Íosa, go bhfaighfidh siad treoir ó Bhriathar Dé i rith a saoil. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Tabhair cuireadh do pháiste na fíoracha den Triúr Saoithe a chur sa mhainséar.

Múinteoir: Tugaim cuireadh daoibh anois nóiméad a ghlacadh chun machnamh a dhéanamh ar an áthas a bhraith na daoine sa stábla nuair a chonaic siad an leanbh Íosa. (Sos) Guímis go mbeidh an t-aoibhneas céanna orainn i rith na Nollag seo freisin.

Amhrán Deiridh: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise

Ceacht 3: Ceiliúrann Críostaithe Breith Íosa



SULA DTOSAÍONN TÚ

De réir *Annuario Pontificio* 2017 (Bliainiris Phontaifiúil), bhí líon na gCaitliceach ar domhan thart ar 1.285 billiún ag deireadh 2015. Tá cónaí ar Chaitlicigh in 196 tír ar domhan. Is í an tír leis an líon is lú Caitlicigh per capita ná an Afganastáin (0.0003%) agus is í an áit leis an líon is mó Caitlicigh per capita ná Cathair na Vatacáine (100%) (The World Factbook, 2015). An tír leis an líon is mó Caitlicigh is ea An Bhrasaíl (125,000,000) agus an tír leis an líon is lú is ea Oileáin Mhaildíve, áit nach bhfuil ach 80 Caitlicigh ina gcónaí ann (The World Factbook, 2015). Tá sé cinnte más ea go bhfuil ceiliúradh na Nollag mar Chaitliceach sa Bhrasaíl an-difriúil

ón gceiliúradh a bhíonn acu ar Oileáin Mhaildíve. Mar an gcéanna, caithfidh go mbíonn Cathair na Vatacáine an-difriúil ón Afganastáin ar an 25 Nollaig. Tá sé mar aidhm againn sa cheacht seo roinnt eolais a thabhairt do na páistí faoin gcaoi a ndéantar an Nollaig a cheiliúradh ar fud an domhain ionas gur féidir leo machnamh a dhéanamh ar a dtraidisiúin féin, agus féachaint conas a dhéanann siad comparáid le heispéaras daoine eile atá mar chuid den Eaglais ar fud an domhain. Ba mhaith linn freisin go ndéanfadh na páistí smaoineamh faoi thraidisiúin na Nollag a léiríonn gné reiligiúnach na Nollag, agus na traidisiúin nach ndéanann amhlaidh.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Domhanda:** Baineann leis an domhan ar fad.
- **Saolta:** Úsáidimid an focal chun cur síos a dhéanamh ar rudaí nach bhfuil reiligiúnach. Ní bhaineann siad le reiligiún.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóip amháin de gach ceann de na luaschartaí ‘an Nollaig Timpeall an Domhain’ (thíos)
- *Do gach leanbh:* próca subh, solas oíche, ábhair dhathúcháin, píosa beag páipéir athchúrsáilte, píosa beag greamachán in-athúsáidte agus siosúr

Féachaimis ...

CLEACTADH DIALAINNE

CEILIÚRADH

Iarr ar na páistí an t-alt dar teideal 'Ceiliúradh' ar leathanach 46 dá leabhar a léamh. Ansin tabhair cuireadh dóibh an Cleachtadh Dialainne ar an leathanach céanna a chríochnú. Iarrann an cleachtadh seo orthu liosta a dhéanamh de na rudaí éagsúla a a cheiliúraimid gach mí den bhliain agus líne a chur faoi na cinn a cheiliúránn iad féin agus a dteaghlaigh.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Tugaim cuireadh daoibh na súile a dhúnadh anois agus bhur scíth a ligean i láithreacht ghrámhar Dé. (Sos)

Tabhair aire dod' análú. Tabhair faoi deara é, ach ná hathraigh é. Glac sos agus análaigh. (Sos)

Inniu, thosaíomar ag caint faoi cheiliúradh na Nollag. Ach, i láthair na huaire, samhlaigh tú féin i láthair ag an cheiliúradh ba dhéanaí a bhí ag do theaghlach. B'fhéidir gur ceiliúradh lá breithe a bhí ann, nó Baisteadh linbh, nó spraoi a bhí agat ar Oíche Shamhna. Samhlaigh nóiméad ó cheann de na ceiliúrthaí sin, agus samhlaigh tú féin i láthair ann. (Sos)

Féach mórthimpeall ort: Cad is féidir leat a fheiceáil? Cé atá ann? (Sos)

Cad is féidir leat a chloisteáil? (Sos)

Cad is féidir leat a theagmháil? (Sos)

Cad is féidir leat a bholadh? (Sos)

Agus tú ag smaoineamh ar an méid a tharla ag an gceiliúradh seo, bí cinnte de nach bhfuil tú i do

aonar. Tá Dia leat. (Sos)

Le do ghuth inmheánach, abair le hÍosa cén fáth gur cuimhin leat an ceiliúradh seo. Cad é an chuimhne is fearr atá agat ón ócáid seo? (Sos)

Cé leis/léi a raibh spraoi agat ar an ócáid seo? Cén fáth gur bhain tú taitneamh as? Smaoinigh ar an duine sin anois agus gabh buíochas le Dia astu. (Sos)

Nuair atá tú réidh, is féidir na súile a oscailt. (Sos)

A Dhia uile-chumhachtach a mhaireann de shíor, tugaimid buíochas leat as na hócáidí maithe a chaitheamar lenár dteaghlaigh agus lenár gcairde. Go gcuimhneoimid go bhfuil tú i gcónaí linn. Beannaigh na daoine go léir a thugann aire dúinn agus a chuireann gliondar orainn. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AM I GCIORCAL

TRAIDISIÚIN NA NOLLAG

Cruinnigh na páistí i gCiorcal agus bíodh seisiún ama i gCiorcal agaibh ar an ngnáthbhealach ag úsáid réad/rud labhartha. Ar dtús iarr ar na páistí Traidisiúin na Nollag atá ag a dteaghlaigh a roinnt leis an rang. B'fhéidir gur mhaith leat tosú trí do chuid traidisiúin féin a roinnt mar shampla.

Lean ar aghaidh leis an gcomhrá ansin trí úsáid a bhaint as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Tar éis éisteacht le scéalta faoi thraidisiúin teaghlaigh eile, ar chuala tú faoi rud ar bith a dhéanann teaghlach eile agus a dhéanann do theaghlach féin freisin? Ar chuala tú aon rud

nua – traidisiún na Nollag nach ndéanann tú féin agus do theaghlach?

- Cén chuma a bheadh ar chúrsaí dá leanfadh do theaghlach ag ceiliúradh na Nollag, ach gur shocraigh do chomharsana go léir an Nollaig a 'scipeáil' ar feadh bliana? An gcuirfeadh sé sin isteach ar do cheiliúradh? Cén fáth nó cén fáth nach gcuirfeadh?
- Samhlaigh go bhféadfá ceiliúradh 'foirfe' don Nollaig a bheith agat. Cad a bheadh ann?

Tabhair cuireadh do na páistí na hait a bhaineann le ceiliúradh na Nollag ar leathanaigh 46 agus 47 dá leabhar a léamh.

GNÍOMHAÍOCHT

AN NOLLAIG AR FUD AN DOMHAIN

Nóta: Beidh cóip amháin de gach ceann de na luaschartaí 'An Nollaig Timpeall an Domhain' (thíos) ag teastáil uait.

- Tosaigh trí chuid de thraidisiúin na Nollag a thabhairt chun cuimhne – traidisiúin a luaigh na páistí mar chuid den ghníomhaíocht 'Am i gCiorcal'. Ansin mínigh go bhfuil an tslí ina dhéanaimid an Nollaig a ceiliúradh in Éirinn an-difriúil leis na bealaí ina gceiliúrtar é in áiteanna eile ar domhan.
- Ansin, roinn na páistí i gceithre phéire déag nó grúpaí beaga. Tabhair luaschárta do gach grúpa. Déanann gach luaschárta cur síos ar an gcaoi a ndéantar an Nollaig a cheiliúradh i dtíortha difriúla ar fud an domhain.

- Inis do na páistí go bhfuil dhá nóiméad acu chun an t-eolas ar a luaschárta a chur de ghlanmheabhair. Ansin tabhair cuireadh do gach péire nó grúpa an t-eolas atá ar a luaschárta a roinnt leis an gcuid eile den rang.
- Tar éis gach cur i láthair, cuidigh leis na páistí na difríochtaí agus na cosúlachtaí a bhaineann le ceiliúradh na Nollag ar fud an domhain a aimsiú.

Tabhair cuireadh do na páistí 'An Nollaig ar fud an Domhain' ar leathanach 48 dá leabhar a léamh.

GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

Tabhair cuireadh do na páistí gach traidisiún Nollag a mheaitseáil le bratach na tíre lena mbaineann sé. Mar shampla, rachaidh an pictiúr de na scátaí rollála le bratach Veiniséala, agus an trá le bratach na hAstráile, srl.

AG COMHRÁ

FAOI CHEILIÚRTHAÍ NA NOLLAG

Tosaigh trí a iarraidh ar na páistí cuid de cheiliúrthaí na Nollag, ó gach cearn den domhan, atá foghlamtha acu go dtí seo, a lua. Déan cairt le dhá cholún ar an gclár chun na freagraí a léiriú. Scríobh ceiliúrthaí saolta na Nollag i gcolún amháin (*a bhaineann le Santa, ceannach bronnantas, srl.*) agus na freagraí a bhaineann le 'ceiliúrthaí reiligiúnacha' sa cholún eile (*Freastal ar aifreann, mainséar a thógáil, srl.*), ach ná mínigh do na páistí cad atá á dhéanamh agat ag an bpointe seo.

Ag deireadh an chleachtaidh, mínigh do na páistí cén fáth ar scar tú na freagraí óna chéile agus déan comhrá leo ag úsáid na gceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén colún a raibh an líon is mó freagraí liostaithe ann – an ceann a bhaineann le teacht Íosa nó an ceann nach mbaineann le teacht Íosa? Cén fáth, dar leat?

- Roinnt daoine nach Críostaithe iad, ceiliúrann siad gnéithe neamh-reiligiúnacha na Nollag. Cén fáth, dar leat, a ndéanann siad amhlaidh? An gceapann tú go mbeadh sé ceart go leor do Chríostaithe an rud céanna a dhéanamh? An mbeadh sé ceart dearmad a dhéanamh faoi Íosa agus lár an gheimhridh a cheiliúradh sna bealaí a rinneamar cur síos orthu? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Ceiliúradh Saolta na Nollag' ar leathanach 47 dá leabhar a léamh, agus beagán ama a caitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'

GNÍOMHAÍOCHT

DÍOSPÓIREACHT SIÚLÓIDE

Nóta: *Sula dtosaíonn tú, ainmnigh trí chúinne sa seomra ranga mar seo: cúinne 'Aontaím', cúinne 'Ní aontaím', agus cúinne 'Níl mé cinnte'.*

Ceann ar cheann, tabhair isteach na cúig ráiteas seo a leanas faoin Nollaig do na páistí. Cuir ceist ar na páistí bogadh go dtí an cúinne a léiríonn a dtuairim faoin ráiteas.

1. Tá sé tábhachtach airgead a chaitheamh ar bhronntanais do dhaoine eile i rith na Nollag.
2. Tá sé tábhachtach dul ar Aifreann, Lá Nollag.
3. Ba chóir do dhaoine airgead a thabhairt do

charthanas um Nollaig seachas bronnantais a cheannach dá chéile.

4. Ba chóir go mbeadh mainséar ag gach rang sa scoil.
5. Ní gá breith Íosa a cheiliúradh ar chor ar bith.

Ansin tabhair cuireadh do leanaí ó gach grúpa a dtuairimí a chosaint.

Nuair a bhíonn an díospóireacht faoi gach ráiteas críochnaithe, féach an raibh tionchar go leor ag argóintí páistí éagsúla láidir go leor chun go nathródh páistí eile a gcúinní.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Déanann go leor daoine éagsúla ar fud an domhain an Nollaig a cheiliúradh ar go leor bealaí éagsúla. Tá ár dtraidisiúin Nollag féin againn uile. Ach, is cuma cén traidisiún atá againn, tuigimid gurb é Íosa an 'chúis atá leis an séasúr'. Déanann lucht leanúna Íosa ar fud an domhain breith Íosa a cheiliúradh um Nollaig. Agus mar sin ba chóir go ndéanfadh Críostaithe iarracht traidisiúin reiligiúnacha na Nollag a choinneáil beo ina dtithe.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

COINNEAL NA NOLLAG

Nóta: *Beidh na nithe seo a leanas ag teastáil ó gach páiste: próca subh, solas oíche, ábhair phéinteála, píosa beag páipéir athchúrsáilte, píosa beag greamachán in-athúsáidte agus siosúr.*

- Tosaigh trí a mhiniú do na páistí gur sean-traidisiún Nollag in Éirinn é, coinneal atá ar lasadh a chur sna fuinneoga Oíche Nollag, mar chomhartha fáilte. Tugann sé chun chuimhne freisin faoi mar a bhí ar Mhuire agus Iósaef foscadh a lorg an oíche ar rugadh Íosa.
- Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Traidisiún Gaelach na Nollag' **ar leathanach 48 dá leabhar** a léamh.
- Taispeáin pictiúr (ar líne) d'Áras an Uachtaráin um Nollaig mar shampla de áit a gcoinnítear an traidisiún seo beo.
- Ansin tabhair píosa páipéir athchúrsáilte do gach páiste agus iarr orthu siombail na Nollag a tharraingt agus a ghearradh amach (*réalta*, *coinneal*, *aingeal*, *srl*). Fad is atá sé seo á dhéanamh acu, tabhair próca subh do gach páiste agus píosa beag de ghreamachán in-athúsáidte ionas go mbeidh siad in ann a siombail a ghreamú leis an bpróca subh.
- Cuireann na páistí péint ar an bpróca subh ansin, ag déanamh cinnte de an siombail a phéinteáil freisin. Nuair atá an phéint tirim, is féidir leo a siombail a bhaint, agus beidh bearna cruthaithe sa phéint i gcruth a siombail.
- Tabhair solas oíche do gach páiste ionas go mbeidh siad in ann a gcoinneal Nollag a lasadh go sábháilte, faoi mhaoirseacht duine fásta, sa bhaile.



CLEACHTADH DIALAINNE

BRÍ REILIGIÚNACH NA NOLLAG

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 48 dá leabhar** a thugann cuireadh dóibh cuid de na bealaí ina gceiliúrann siad brí reiligiúnach na Nollag a chlárú. Is féidir leo focail agus/nó íomhánna a úsáid.

PAIDIR

Nóta: Roghnaigh beirt léitheoir.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Múinteoir: Agus sinn le chéile inniu ag guí, tá a fhios againn go bhfuil daoine ar fud an domhain gnóthach ag ullmhú don Nollaig. Tá roinnt daoine ag ceannach bronntanais. Tá daoine eile ag maisiú a dtithe. Tá sinne, freisin, ag ullmhú don Nollaig. Inniu, déanfaimis ár bhfócas a choinneáil ar Íosa. Eisean an chúis a cheiliúraimid an Nollaig. Eisean solas an domhain. Eisean Mac Dé, a cuireadh chugainn chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil agus conas grá a roinnt. Cuirimis tús

lenár n-urnáí trí éisteacht le sliocht ó Íseáia, fáidh.

Léitheoir 1: Sliocht as Leabhar Íseáia, fáidh.

*An pobal a bhí ag siúl sa dorchadas,
chonaic siad solas mór;
agus ar mhuintir na tíre gruama
tá solas ag lonnú.
Chuir tú go mór lena n-áthas,
mheadaigh tú ar a lúcháir.*

*Óir rugadh leanbh dúinn,
tugadh mac dúinn;
tá an tiarnas ar a ghualainn,
agus is é ainm atá air:
"Comhairleoir iontach", "Dia láidir",
"Athair síoraí", "Prionsa na síochána". (Íseáia 9:1-2, 5)*

Briathar an Tiarna.

Gach duine: Buíochas le Dia.

Múinteoir: Cuirfear na coinnle, atá déanta againn, inár bhfuinneoga mar chomhartha fáilte roimh dhaoine eile. Ina theannta sin, cuireann na coinnle fáilte siombalach roimh Mhuire agus Iósaef, a d'iarr foscadh ar an gcéad oíche Nollag sin. Is féidir leis na coinnle seo a chur in iúl dúinn freisin gurb é Íosa solas an domhain a gheall Dia a sheoladh chugainn. Éistimis arís le scéal bhreith Íosa.

Léitheoir 2: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Lúcáis.

Gach duine: Glóir duit, a Thiarna.

Tharla sna laethanta sin go ndeachaigh forógra amach ó Chéasar Agust an domhan uile a chlárú. B'é seo an chéad chlárú a rinneadh nuair a bhí Cuiríon ina ghobharnóir ar an tSuír. Agus chuaigh cách

chun a gcláraithe, gach aon duine go dtí a chathair féin. Agus chuaigh Iósaef freisin suas ón nGailíl, ó chathair Nazarat, go hIúdáia, go dtí cathair Dháiví ar a nglaothar Beithil, de bhrí gur de theaghlach agus de threabhchas Dháiví é féin, chun a chláraithe mar aon le Muire, a bhean chéile, a bhí ag iompar clainne. Agus tharla, le linn dóibh bheith ann, gur tháinig a hionú, agus rug sí a céadghin mic, agus chuir i gcrios ceangail é, agus shín i mainséar é, de bhrí nach raibh slí dóibh san ósta. (Lúcás 2:1-7)

Soiscéal an Tiarna.

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.

Múinteoir: Ar Lá Nollag beimid aontaithe le milliúin daoine eile ar fud an domhain chun breith Íosa a cheiliúradh. Is cuma cén dath atá orthu, cén teanga a labhraíonn siad nó cén tír ina gcónaíonn siad, mar is iad siúd go léir ár ndeartháireacha agus ár ndeirfiúracha i gCríost, agus táimid aontaithe leo go léir ar bhealach speisialta ar an lá sin, toisc go bhfuilimid go léir mar bhaill den aon Eaglais amháin ar fud an domhain.

Táimid aontaithe ar bhealach speisialta le baill eile den Eaglais nuair a chruinnímid le chéile chun an tAifreann a cheiliúradh.

An Nollaig seo, déanaimis iarracht Íosa a choinneáil i lár ceiliúrthaí na Nollag, agus sa tslí sin a thaispeáint do dhaoine eile gurb é Íosa solas an domhain.

Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise

An Nollaig ar Fud an Domhain

An Nollaig san Ungáir Ar an 6 Nollaig, féasta Naomh Nioclás, faigheann leanaí Ungáracha cuairt ó ‘Mikulas’ nó Naomh Nioclás. Caitheann sé éadaí easpag, le bairrin dearg ar a cheann, bachall i lámh amháin agus mála lán de bhronntanais bheaga sa lámh eile. Faigheann gach páiste bronntanas beag, bréagán de ghnáth nó milseáin, ó Mikulas. Oíche Nollag bíonn súil ag leanaí go bhfaighfidh siad bronntanais eile faoi chrann na Nollag. Deirtear leo gur Íosa a thugann na bronntanais seo. Go minic, fanann leanaí taobh amuigh den seomra ina bhfuil an crann, agus nuair a chloiseann siad cloig ag glaoch, is féidir leo dul isteach chun an méid atá fágtha dóibh a fheiceáil.	An Nollaig sa Pholainn Is minic a cheiliúránn muintir na Polainne suipéar speisialta ar a dtugtar Wigilia ar Oíche Nollag. Tosaíonn an ceiliúradh le paidir, ansin bristear arán na Nollag, agus roinntear é i measc na ndaoine a bhíonn i láthair. Sa Pholainn, ní chuirtear crainn Nollag in airde go dtí Oíche Nollag. Cuirtear réalta ar bharr an chrainn chun Réalta Bheithil a léiriú. Cuirtear aráin sinséir, soilse, maisiúcháin agus ornáidí gloine ar an gcrann. I roinnt tithe tá sé de nós ann ceann de ornáidí na Nollag a bhriseadh chun an t-olc a ruaigeadh as an teach ar feadh bliana. Críochnaíonn Oíche Nollag le cuairt ar an séipéal don Aifreann Meán Oíche.
An Nollaig i Meicsiceo I Meicsiceo bíonn ceiliúradh speisialta – <i>La Posada</i> – idir an 16 Nollaig agus Oíche Nollag. Mar chuid den <i>Posada</i>, roghnaítear beirt pháiste chun páirt Mhuire agus Íosaef a ghlacadh, agus téann siad ó dhoras go doras ag lorg lóistín. Nuair a ligtear isteach ar deireadh iad, bíonn féasta acu agus osclaíonn siad piñata – próca cré maisithe ina bhfuil bréagáin bheaga agus milseáin. Cé go mbíonn crainn Nollag ag daoine áirithe i Meicsiceo, bíonn tóir níos mó fós ar mhainséir na Nollag. Is minic go mbíonn siad seo an-mhór, agus uaireanta fiú ar mhéid nádurtha. Chomh maith leis na gnáth figiúirí de Mhuire, Íosaef, Íosa, na haoirí agus na saoithe, is minic a bhíonn go leor figiúirí eile ann de dhaoine difriúla, lena n-áirítear mná ag ullmhú tortillas, daoine ag díol bia, agus figiúirí de ainmhithe, agus éin éagsúla, cosúil le lasairéain (flamingos).	An Nollaig sa tSín Sa tSín, níl ach timpeall is beirt as gach céad duine gur Críostaithe iad, mar sin ní cheiliúránn formhór na ndaoine an Nollaig. Ceiliúránn Críostaithe sa tSín an Nollaig trína gcuid tithe a mhaisiú le lóchrainn déanta as páipéar álainn. Maisíonn siad crainn Nollag freisin, agus tugtar ‘Crainn an tSolais’ orthu. Bíonn siad maisithe le slabhraí páipéir, bláthanna páipéir agus lóchrainn páipéir. Crochann roinnt leanaí Síneacha stocaí agus iad ag fanacht le cuairt ó Dhaidí na Nollag, a ghlaonn siad ‘Dun Che Lao Ren’ air.
An Nollaig i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó Tá Oíche Nollag an-tábhachtach sa tír seo. In a lán séipéil sa Chongó bíonn ceolchoirmeacha móra ann le cúig nó sé chór agus dráma na Nollag. Leanann na drámaí seo i bhfad agus bíonn go leor craic iontu. Déantar deimhin de go dtarlaíonn breith Íosa chomh gar go meán oíche agus is féidir. Críochnaíonn an dráma de ghnáth thart ar 1.00 am. Lá Nollag, déanann mórchuid na dteaghlach iarracht béile mór a bheith acu. Más féidir leo, íosfaidh siad roinnt feola (sicín nó muiceoil de ghnáth). Ní thugann agus ní fhaigheann formhór na ndaoine bronntanais.	An Nollaig san Astráil Bíonn a gcuid laethanta saoire samhraidh ag leanaí san Astráil ó lár mhí na Nollag go dtí luath i mí Feabhra, mar sin, i ndáiríre is ar a laethanta saoire samhraidh a cheiliúránn siad Lá Nollag. Bíonn seirbhísí charúl ag go leor bailte, cathracha agus scoileanna gar don Nollaig. Toisc go mbíonn an aimsir te ar Lá Nollag, áfach, is minic a athraítear na focail do roinnt carúil faoi shneachta agus geimhreadh fuar. Ar Lá Fhéile Stiofáin, tugann daoine cuairt ar a gcairde agus is minic go mbíonn beárbaiciúnna acu ag an trá.
An Nollaig sa Bhrasáil Sa Bhrasáil téann an chuid is mó de na Caitlicigh ar Aifreann Meán Oíche. De ghnáth críochnaíonn sé thart ar 1.00 am. Tar éis Aifreann an Mheán Oíche is minic a bhíonn taispeántais tinte ealaíne móra ann. Lá Nollag, b’fhéidir go rachadh daoine chuig an séipéal arís, ach an uair seo sa tráthnóna. Déantar Féile na hEipeafáine (ag cuimhneamh cuairt an Triúr Saoithe ar an leanbh Íosa) a cheiliúradh go forleathan sa Bhrasáil freisin.	An Nollaig sa tSeapáin Níl ach thart ar bheirt as gach céad duine gur Críostaithe iad sa tSeapáin, mar sin ní cheiliúrtar an Nollaig i ndáiríre mar fhéile reiligiúnach. Ina áit sin, feictear é mar am chun sonas a scaipeadh. Téann an chuid is mó de dhaoine ag obair mar is gnách ar Lá Nollag, ach bíonn na scoileanna dúnta go minic. Sicín friochta an bia is coitianta a i tear sa tSeapáin ar Lá Nollag. Tá Ciste Nollag na Seapáine ann freisin, atá comhdhéanta de chiste spúinse, sútha talún agus uachtar.

An Nollaig san Aetóip Ceiliúránn roinnt Críostaithe san Aetóip an Nollaig ar 7 Eanáir seachas ar 25 Nollaig, mar baineann siad úsáid as féilire difriúil ón gceann a úsáideann an Eaglais Chaitliceach. Glacann a lán daoine ann páirt i dtoscadh speisialta le linn na hAidbhinte, agus gan ach ceann amháin de bhéile veigeatórach a ithe in aghaidh an lae. Cuidíonn sé seo leo ullmhú le breith Íosa a cheiliúradh. Ar maidin Lá Nollag, gléasann mórchuid na ndaoine in éadaí bána agus téann ar Aifreann chomh luath le 4.00 am. Ag an séipéal, tugtar coinneal do gach duine. Siúlann na daoine timpeall an tséipéil trí huair, an choinneal ina lámha acu. Cuidíonn sé seo leo cuimhneamh gurb é Íosa solas an domhain. Ní thugann formhór muintir na hAetóipe bronntanais ná ní fhaigheann siad bronntanais um Nollaig.	An Nollaig sa Spáinn Bíonn béile na Nollag ag formhór na gCríostaithe, atá ina gcónaí sa Spáinn, ithe acu sula dtéann siad ar Aifreann an Mheán Oíche. Nuair a bhíonn an tAifreann thart, siúlann go leor daoine trí na sráideanna ag iompar tóirsí, ag seinm giotáir agus ag bualadh ar tambóiríní agus drumáí chun breith Íosa a cheiliúradh. Cé go bhfaigheann páistí bronntanais áirithe ar Lá Nollag, faigheann mórchuid de páistí na Spáinne a gcuid bronntanais ón Triúr Saoithe ar 6 Eanáir. Scríobhann páistí áirithe chuig an Triúr Saoithe ar 26 Nollaig, ag iarraidh cibé bréagáin ar mhaith leo. Tá an 28 Nollaig an-chosúil le Lá na nAmadán, agus déanann a lán daoine Spáinneacha iarracht siamsaíocht a dhéanamh le scéalta agus le scéalta grinn amaideacha.
An Nollaig san India Níl ach timpeall is beirt as gach céad duine, atá ina gcónaí san India, gur Críostaithe iad, mar sin féile bheag atá sa Nollaig sa tír sin. Téann mórchuid na gCríostaithe chuig Aifreann an Mheán Oíche, agus ina dhiaidh sin itear béile mór, agus déantar bronntanais a mhalartú. I ndeisceart na hIndia, is minic a chuireann Críostaithe lampaí beaga cré ar lasadh ar dhíonta a gcuid tithe chun a thaispeáint dá gcomharsana gurb é Íosa solas an domhain.	An Nollaig sa Phalaistín Tá an Nollaig an-tábhachtach sa Phalaistín toisc gur rugadh Íosa i mBeithil, i gcuid den Phalaistín a dtugtar an Bruach Thiar air. Cé gur Moslamaigh an chuid is mó de na daoine a bhfuil cónaí orthu sa Bhruach Thiar inniu, is minic a bhíonn siad an-bhródúil gur rugadh Íosa i mBeithil. Creideann siad gur fáidh agus fear críonna ba ea Íosa. Oíche Nollag, bíonn mórshuíl trí Bheithil. Ceiliúrtar an t-aifreann i Séipéal Bhreith Chríost. Tá an séipéal tógtha os cionn na háite ina gcreidtear gur rugadh Íosa. Más mian leat an áit bheacht inar rugadh Íosa a fheiceáil, caithfidh tú dul faoi thalamh, isteach i bPluais na Breithe. Marcálann réalta airgid ar an dtalamh an láthair inar rugadh Íosa.
An Nollaig sa Veiniséala Is coitianta tinte ealaíne a úsáid chun an Nollaig a cheiliúradh i Veiniséala. Tá crainn Nollag fíor annamh, mar ní fhástar iad i Veiniséala. Bíonn crainn bhréige ag roinnt daoine, ach is é an mainséar an maisiú Nollag is mó a bhíonn tóir air. Téann a lán daoine i Veiniséala chuig an Aifreann ní amháin ar Lá Nollag ach i rith na seachtaine roimh ré. I gCaracas, príomhchathair Veiniséala, tá traidisiún ann go dtéann daoine ar Aifreann, idir 16 agus 24 Nollaig, ar scátaí rollála. Is minic a bhíonn na bóithre dúnta do thrácht ar na laethanta seo i dtreo is go mbeidh sé sábháilte do na daoine atá ag scátáil.	An Nollaig san Fhionlainn Tráth na Nollag, téann go leor daoine san Fhionlainn chun cuairt a thabhairt ar uaigneanna gaolta a fuair bás. Fágann daoine lóchrainn crochta ar na huaigheanna, le coinne soilsithe iontu. Éiríonn sé dorchá go han-luath san Fhionlainn timpeall na Nollag (thart ar 3.00 san iarnóin), agus is minic a bhraithníonn reilig iomlán an-álainn leis na lóchrainn go léir ag soilsiú. Itar príomhbhéile na Nollag, Oíche Nollag. Bíonn an-tóir ar mhuiceoil agus ar bhradáin. Is minic a bhíonn almóinn i bhfolach sa mhilseog. Creidtear go mbeidh an t-ádh ar an duine a fhaigheann í ar feadh bliana.

Téama 5: Coinsias

Ceacht 1: Is féidir linn guth Dé a chloisteáil taobh istigh ionainn

Ceacht 2: Forbraíonn ár gCoinsias agus muid ag fás

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Bhí grá ag Dia dúinn agus bhí meas aige orainn sular rugadh sinn. ‘Táimid luachmhar i súile Dé’
- Tá Dia i láthair inár gcroí istigh ‘mar is ann a mhairimid agus a ghluaisimid agus atáimid’

Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta

- Tá gach Críostaí páirteach i dtógáil Ríocht Íosa

An Bheatha Shíoraí

- Tá saoirse againn ár saol a threorú i dtreo na maithe, grá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile, an fhírinne a cheartú
- Tá saoirse againn freisin iompú ón mhaith agus cluas bhodhar a thabhairt do ghlaoch Dé agus do dhaoine eile

Traidisiúin Reiligiúnacha Eile

- Oibríonn Caitlicigh ar son cearta daonna, ceartas sóisialta, na moráltachta, na síochána agus na saoirse le daoine a chleachtaíonn creidimh eile

BRIATHAR DÉ

An Scriptor Naofa

Plean Grámhar Dé don Slánú

- Salm 139. A Thiarna chuardaigh tú mé agus tá aithne agat orm

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

- Is urnaí lán le grá i láthair Dé í an urnaí mheanman
- Tá tionchar ag an urnaí ar ár ndearcadh agus ár ngníomhartha

Paidreacha Breise

- Salm 139
- Ag guí ar son cinntí morálta
-

MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

Saoirse agus Freagracht an Duine

- Glaonn Dia orainn agus tá an tsaoirse againn é a fhreagairt (gairm bheatha)
- Is féidir linn coimhlint a bheith againn idir ceart agus mícheart, an mhaith agus an t-olc, solas agus dorchadas
- Baineann na roghanna a dhéanann an duine idir ceart agus mícheart leis an duine ina iomláine-mothúcháin, braistintí agus réasúnú
- Is bronnantas ó Dhia é an coinsias agus cabhraíonn linn an rud ceart a aithint thar an rud mícheart
- Cabhraíonn na rudaí seo linn ár gcoinsias a chur ar an eolas: Briathar Dé, bronnantais an Spioraid Naomh, fianaise nó comhairle daoine eile agus teagaisc údarásach na hEaglaise

Láithreachtaí Ghrástúil agus Cúnamh Dé

- Is ag an bPápa agus na heaspaig atá an t-údarás teagaisc san Eaglais agus treoraíonn siad sinn inár saol morálta
- Is féidir le luachanna agus teagaisc Íosa cabhrú linn roghanna maithe a dhéanamh
- Tugann an Spiorad Naomh inspioráid dúinn agus treoraíonn sé daoine chun an rud ceart a dhéanamh

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

B. *Cruthú agus Titim*

- Fáil amach faoi na héachtaí atá bainte amach ag cruthaitheacht an duine agus machnamh a dhéanamh orthu.
- Fiosrú faoin dóigh a mbaineann daoine mí-úsáid as a gcumhacht chruthaitheach.

CUSPÓIR FOGHLAMA 2

An Eaglais Chríostaí

B. *Ón Luath-Eaglais go dtí an lá atá inniu ann.*

- Fiosrú faoin tábhacht a bhaineann le Críostaithe aitheanta áirithe ó thréimhsí éagsúla staire.

CUSPÓIR FOGHLAMA 3

An Mhoráltacht

A. *Féinmheas*

- Forbairt a dhéanamh ar a scileanna fisiceacha, spioradálta, morálta, mothúchána agus sóisialta féin.

Ceacht 1: Is féidir linn guth Dé a chloisteáil taobh istigh ionainn



SULA DTOSAÍONN TÚ

I Salm 139 insíonn Dáiví dúinn go bhfuil aithne pearsanta ag Dia orainn uile. Fiú sular rugadh sinn, bhí aithne ag Dia orainn agus bhí grá aige dúinn. Táimid cruthaithe in íomhá agus i gcosúlacht Dé, agus tá grá mór aige dúinn. Tá gach duine againn luachmhar i radharc Dé.

Iarrann gach grá freagra. Tugann Dia cuireadh dúinn ár saol a chaitheamh ar an eolas go mbíonn a ghrá neamhchoinníollach timpeall orainn i gcónaí. Is freagra ar Dhia agus ar a ghrá an saol a chaithimid. Mar Chríostaithe baiste, tá a fhios againn go nglaoonn Dia orainn maitheas Dé a léiriú don domhan go laethúil.

An tseachtain seo cabhraimid leis na páistí machnamh a dhéanamh ar an gcineál duine atá iontu anois agus machnamh a dhéanamh ar an gcineál duine ar mhaith leo a bheith amach anseo. Scrúdaíonn an ceacht na rudaí is gá a chothú ionas gur féidir linn borradh faoi mar is mian le Dia. Dearbhaíonn an ceacht seo go bhfuil grá neamhchoinníollach ag Dia dóibh uile. Agus is sa chomhthéacs seo a spreagtar iad éisteacht le 'guth Dé' go domhain istigh iontu - an guth istigh a spreagann gach duine againn i dtreo Dia agus i dtreo na nithe atá go maith.

EOCHAIRFHOCAL

- **Coinsias:** 'Guth Dé' taobh istigh ionainn. Cabhraíonn sé linn an rud ceart a aithint ón rud mícheart.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Bileog an-mhór páipéir agus roinnt ábhair dhathúcháin do gach grúpa páiste
- Bileog de pháipéar A4 agus ábhair dhathúcháin do gach páiste
- Don 'Crann na Beatha' (*roghnach*): brainse beag de chrann nó de chrann gearrtha amach ó pháipéar le brainsí; cóipeanna den teimpléad leis na duilleoga; síosúr agus téad
- Cóip den teimpléad leis an mbalún agus roinnt ábhar dhathúcháin do gach páiste

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

CÉN SÓRT DUINE TÚ?

Tosaigh trí a iarraidh ar pháiste amháin an t-alt a léamh os ard dar teideal ‘Cén sórt duine tú?’ atá **ar leathanach 50 dá leabhar**, a deir:

Tá tréithe éagsúla ag gach duine againn. Tá cuid de na tréithe seo go maith, cineáltas, atrua do dhaoine eile, macántacht agus dílseacht. Ach tá tréithe eile againn nach bhfuil go maith. Uaireanta bímid santach nó in éad le duine eile, nó insímid bréaga. Taispeánaimid na tréithe éagsúla gach lá, ar bhealaí éagsúla, do dhaoine éagsúla agus i gcásanna éagsúla. Déanaimid fás agus forbairt mar dhaoine, ag brath ar na tréithe difriúla a úsáidimid.

Ansín déan comhrá leis na páistí faoi cén sórt daoine atá iontu ag baint úsáid as na ceisteanna seo, **atá ar leathanach 50 dá leabhar freisin:**

- Má iarrann duine éigin ort cur síos a dhéanamh ort féin, cad a deir tú? Cad iad na focail a úsáideann tú chun cur síos a dhéanamh ar cén sórt duine tú?
- Má iarrann tú ar dhuine eile cur síos a dhéanamh ar cén sórt duine tú, cad a déarfadh sé/sí? Cén fáth go ndéanfadh siad cur síos ort ar an mbealach sin? An mbeadh cur síos ó chara difriúil leis an gcur síos a bheadh ag do thuismitheoir/chaomhnóir/mhúinteoir?

GNÍOMHAÍOCHT GHRÚPA

‘MISE’ FAOI LÁTHAIR!

Nóta: Beidh bileog an-mhór páipéir agus roinnt ábhair dhathúcháin ag teastáil do gach grúpa páiste.

- Eagraigh na páistí i ngrúpaí de chúigear nó seisear. Tabhair bileog mhór páipéir do gach grúpa agus iarr ar na páistí imlíne de chorp an duine a tharraingt.
- Ansín iarr orthu a chur i láthair ar/timpeall an ‘choirp’ cuntas ar an gcineál duine atá iontu faoi láthair ag baint úsáid as focail, siombailí, pictiúir, cruthanna, dathanna, srl. Déan cinnte de go bhfaigheann gach páiste deis chun iad

féin a chur i láthair trí seal a ghlacadh ag obair leis an imlíne. B’fhéidir gur mhaith leat é sin a mholadh do na páistí uile.

- Ina dhiaidh sin, déan comhrá gairid leis na páistí faoin ngníomhaíocht ag úsáid na gceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:
 - » Cén chaoi a raibh tú agus an ghníomhaíocht seo á dhéanamh agat?
 - » Cad a bhí éasca duit? Cad a bhí deacair?
 - » Cad iad na smaointe atá agat agus tú ag féachaint ar imlíne an ghrúpa?

GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

SAMHLAIGH

Tabhair cuireadh do na páistí nóiméad a thógáil chun machnamh a dhéanamh ar an gcineál duine ba mhaith leo a bheith, cúig bhliain amach anseo. B’fhéidir gur mhaith leat a mholadh do na páistí a súile a dhúnadh mar a threoraíonn tú iad tríd an mhachnamh seo:

- Samhlaigh go bhfuil duine a bhfuil grá acu duit chun cur síos a dhéanamh ort faoi mar atá tú anois. Samhlaigh ar an méid ba mhaith leat a chloisteáil uathu.

- Anois samhlaigh cén cineál duine ba mhaith leat a bheith ionat i gceann cúig bhliain amach anseo. I d’intinn, samhlaigh tú féin i gceann cúig bhliain (in aois cúig bhliain déag/sé bhliain déag). Samhlaigh an chuma a bheadh ort; cén chuma a bheadh ar do ghuth; cén saghas duine a d’fhéadfá a bheith sa bhaile, le do chairde, ar scoil, ar an bpáirc, ar an bhfaiche, srl.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

'MISE' CÚIG BHLIAIN AMACH ANSEO!

Nóta: Beidh bileog páipéir A4 agus ábhair dhathúcháin ag teastáil ó gach páiste.

- Tabhair bileog páipéir agus roinnt ábhair dhathúcháin do gach páiste. Iarr orthu focail, siombailí, pictiúir agus/nó líníochtaí a úsáid chun íomhá den saghas duine ar mhaith leo

a bheith nuair atá siad cúig bhliain déag/sé bhliain déag d'aois a léiriú.

- Spreag na páistí chun cur síos a dhéanamh ar ghnéithe leathan éagsúla díobh féin a léiriú agus seachain a dhíriú ar ghné amháin.

PAIDIR

Nóta: Nuair atá an ghníomhaíocht ealaine críochnaithe ag na páistí, iarr orthu na bileoga páipéir a chur ar an mbord/an deasc os a gcomhair. Cruthaigh spás machnamhach ciúin. B'fhéidir gur mhaith leat roinnt ceoil macnamhach a sheinm mar a threoraíonn tú na páistí isteach sa mhachnamh seo a leanas.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Le déanaí bhíomar ag smaoineamh agus ag caint faoi cén saghas daoine atá ionainn inniu. Agus bhíomar ag smaoineamh ar an gcineál duine ba mhaith linn a bheith nuair a bheimid níos sine. Tógfaimis tamall anois chun cuimhneamh gur chruthaigh Dia sinn le cúram mór, le grá agus le hatrú do gach duine againn. Tá aithne foirfe ag Dia orainn. Agus tá grá aige dúinn, faoi mar atáimid. Tá grá neamhchoinníollach aige dúinn. Agus tá plean aige dúinn freisin – go mbeimis chomh foirfe agus chomh grámhar agus is féidir linn a bheith. Is cuma cad a dhéanaimid, cad a cheapaimid nó cad a deirimid, tá Dia i gcónaí taobh linn. Is mian le Dia go mbeadh áthas orainn go léir. (Sos)

Tóg roinnt ama anois chun breathnú ar an íomhá atá críochnaithe agat. (Sos) Iarraimis ar Dhia, atá i gcónaí linn, cuidiú linn a bheith chomh foirfe agus

is féidir linn. (Sos) An freagra a bheidh ar ár n-urraí ná: Glóir duit, a Thiarna.

Múinteoir: A Dhia, cruthaitheoir na n-uile, chruthaigh tú sinn ar do dheilbh féin agus ar do chosúlacht féin.

Gach duine: Glóir duit, a Thiarna.

Múinteoir: A Dhia, cruthaitheoir na n-uile, tá aithne foirfe agat orainn.

Gach duine: Glóir duit, a Thiarna.

Múinteoir: A Dhia, cruthaitheoir na n-uile, bhí grá agat dúinn inné.

Tá grá agat dúinn inniu.

Beidh grá agat dúinn i gcónaí.

Gach duine: Glóir duit, a Thiarna.

Múinteoir: Iarraimis ar Dhia, atá i gcónaí linn, sinn a threorú agus a thaispeáint dúinn conas a bheith chomh foirfe agus is féidir linn a bheith inniu. (Sos) Bímis socair agus ciúin agus sinn ag éisteacht leis an méid is mian le Dia a rá linn anois. (Sos)

Guímis an *Glóir don Athair* le chéile anois.

Gach duine: Glóir don Athair ...

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

SCÉAL

Tabhair cuireadh do na páistí éisteacht leat agus tú ag léamh an scéil seo, atá bunaithe ar shean-scéal Cherokee (Indiach Meiriceánach).

Scéal Dhá Shíol

Tráthnóna amháin d'inis seanathair scéal dá gharbhac faoi chath a tharlaíonn i ndaoine. 'A mhic', ar sé, 'tarlaíonn an cath idir dhá "shíol" atá i ngach duine. Is mian le síol amháin fearg, éad, saint, féintrua, ciontacht agus bréaga a chur ag fás sa duine. Teastaíonn ón duine sin a bheith níos fearr ná duine ar bith eile. Is mian

leis an síol eile síocháin, grá, dóchas, suaimhneas, cairdeas, flaithiúlacht, fírinne agus creideamh a spreagadh.'

Smaoinigh an garbhac air seo ar feadh nóiméid agus ansin d'fhiafraigh sé dá sheanathair: 'Cén síol a bhuann an cath?'

D'fhreagair an seanathair, 'An síol a thugann tú aire dó.'

I ndiaidh an scéal a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna simplí a chur orthu cosúil leis na ceisteanna seo a leanas. Tá na ceisteanna **ar leathanach 50 de leabhar na bpáistí freisin:**

- Dúirt an seanathair go dtarlaíonn cath i ndaoine. Cén cath é sin?
- Cad iad na focail a d'úsáid an seanathair chun cur síos a dhéanamh ar thorthaí an dá shíol?
- Cén cheist a chuir an garbhac ag deireadh an scéil?
- Cén freagra a thug an seanathair?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Is minic a bhíonn eagna iontach ag seantuismitheoirí toisc gur mhair siad i bhfad. Cén eagna a cheapann tú go raibh an seanathair ag iarraidh a roinnt lena garbhac? Cén cineál duine, dar leat, a raibh a sheanathair ag iarraidh go mbeadh a gharbhac?
- Labhair an seanathair faoi 'cath a tharlaíonn i ngach duine'. Cad a cheapann tú a bhí i gceist aige?

- An féidir leat smaoineamh ar am nuair a mhothaigh tú go raibh cath ar siúl istigh ionat? Inis dúinn faoi.
- Dúirt an seanathair gurb é an síol a thugtar aire dó an síol a bhuann. Cad a cheapann tú a bhí i gceist aige leis seo? Conas a d'fhéadfadh duine síol a bheathú?
- Cad a thugann tú faoi deara faoi cháilíochtaí an dara síol?
- Cén síol a chuir Dia ionat, meas tú?
- Conas a d'fhéadfá ceachtar de na síolta a bheathú?
- Conas is féidir leat Dia a ligean níos iomláine isteach i do shaol ionas gur féidir leis an síol atá curtha aige fás? (*m.sh. urnaí, gníomhartha grá, ag tabhairt aire do dhaoine eile*)

Tá an scéal 'Scéal Dhá Shíol' ar leathanach 50 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí an scéal a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 51.

AG COMHRÁ

MAIDIR LE BHEITH AN DUINE IS FEARR IS FÉIDIR LEAT

Nóta: Beidh an imlíne 'coirp' ón ngníomhaíocht ealaíne ag teastáil ó na páistí le linn an chomhrá seo.

Déan comhrá leis na páistí faoi na rudaí atá ag teastáil ionas go mbeidh siad ar na daoine a dteastaíonn uathu a bheith, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Más mian leat a bheith i do cheoltóir, cad atá uait a dhéanamh? Más mian leat a bheith i do pheileadóir, cad is gá duit a dhéanamh? Más mian leat a bheith cineálta, foighneach nó misniúil, cad is ceart duit a chothú?
- Cad iad na rudaí a cheapfá, a déarfá nó a dhéanfá a chuirfeadh bac ort ó bheith i do dhuine ba mhaith leat a bheith?
- Cad iad na rudaí a cheapfá, a déarfá nó a



dhéanfá a chuideodh leat a bheith i do dhuine ba mhaith leat a bheith?

- Cén cineál rudaí a déarfadh daoine eile nó a dhéanfadh siad chun iarracht a dhéanamh tú a chur ar shiúl ó bheith ar an an duine is fearr is féidir leat a bheith?

Ag baint úsáid as saigheada atá dírithe ar imlíne an choirp a rinne na páistí don ghníomhaíocht ealaíne níos luaithe, tabhair cuireadh do na páistí a chur in iúl, ag úsáid focail nó siombailí, cad atá le déanamh acu chun iad féin a chothú, ionas gur féidir leo tosú ar a bheith ar an gcineál duine is mian leo a bheith.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Tá an stíl urnaí a thabharfaimid isteach do na páistí san am urnaí seo bunaithe ar shlí ársa urnaí, ar a dtugtar an Examen, a bhfuil dlúthbhaint aige le Naomh Iognáid Loyola. Díríonn sé ar mhachnamh siar ar an lá a d'imigh thart, agus de ghnáth tarlaíonn sé ag an deireadh an lae. Féachann an Examen lenár dtuiscint ar láithreachta Dé inár saol laethúil a ardú. Déanann sé é seo trí spreagadh a thabhairt don duine breathnú siar ar an lá atá thart, mothúcháin an lae a adhmháil, buíochas a ghabháil as an méid a tharla, agus a bheith ag tnúth le pé rud atá le teacht.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Tugaim cuireadh daoibh na súile a dhúnadh ...
Cuir do chosa go daingean ar an urlár agus suí suas díreach ... Braith meáchan do chorp ar an gcathaoir ... Lig dod' chorp a bheith socair agus ciúin ... (Sos)

Anois braith do anáil mar a bhogann sí isteach agus amach as do scamhóga ...
Le gach anáil a thógann tú isteach, samhlaigh go bhfuil tú ag líonadh gach cuid de do chorp le síocháin ...
Le gach anáil a chuireann tú amach, samhlaigh go bhfuil aon teannas nó imní atá ort a bheith scaoilte ...
Análaigh isteach ... síocháin agus suaimhneas ...
Easanálaigh ... do theannas agus do bhuarthaí ...

Déan an méid thuas arís, faoi dhó nó faoi thrí.

Bíonn Dia i gcónaí linn. Uaireanta nuair a ligimid don chorp a bheith socair agus ciúin, ligimid dúinn féin láithreachta Dé a mhothú agus guth Dé a chloisteáil.

Agus tú ag anáil isteach ... braith láithreachta Dé sa tsíocháin agus sa suaimhneas.
Agus tú ag easanáil ... braith láithreachta Dé nuair a thosaíonn an teannas agus na buarthaí ag imeacht.

Tá Dia le gach duine againn anseo, anois.

Análaigh isteach ... agus mothaigh láithreachta Dé i do

chorp atá socair agus ciúin anois.

Easanálaigh ... agus mothaigh láithreachta Dé fad is atá an teannas agus na buarthaí ag imeacht.

Anois, tóg d'intinn ar ais go dtí tús an lae inniu ...
b'fhéidir go dtí an t-am ar maidin nuair a bhí do bhriceasta á ithe agat ... nó b'fhéidir go dtí an t-am nuair a bhí tú ag imeacht ar scoil ... nó nuair a tháinig tú go dtí clós na scoile ... nó b'fhéidir go dtí an t-am nuair a bhí tú ag comhrá le do chara sular thosaigh an rang ... Is cuma cén t-am ar maidin atá ann ... (Sos)

Bhí Dia in éineacht leat gach nóiméad ar maidin.
(Sos) Tá Dia in éineacht leat anois. (Sos)

Smaoinigh ar an gcaoi a bhfuil tú ag mothú anois ...
b'fhéidir go mbraitheann tú sásta le himeachtaí na maidine ... b'fhéidir go bhfuil díomá ort agus gur mhaith leat go raibh an mhaidin imithe ...
b'fhéidir go mbraitheann tú buartha faoi rud éigin ... b'fhéidir go bhfuil áthas ort a bheith in éineacht le do chairde ... b'fhéidir go bhfuil tú ag súil go mór leis an sos ag am lóin ... (Sos)

Le do ghuth inmheánach, nach féidir le haon duine eile a chloisteáil, gabh buíochas le Dia as a bheith leat ar maidin ... (Sos)

Gabh buíochas le Dia as a bheith leat anois ... (Sos)
Tá a fhios againn go mbeidh Dia linn amárach ... (Sos)

Guímis an Glóir don Athair le chéile anois.

Gach duine: Glóir don Athair ...

Comhartha na Croise

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Chun a chur leis an méid a bhí ar siúl agat le déanaí, b'fhéidir gur mhaith leat 'Crann na Beatha' a dhéanamh sa seomra ranga. Bíodh na páistí saor chun páirt a ghlacadh le 'Crann na Beatha'. Dá bhrí sin, ná déan an cleachtadh seo laistigh de Oideachas Reiligiúnach. Ina ionad sin, spreag na páistí chun páirt a ghlacadh ag am ar bith le linn an lae, de réir mar is cuí.

GNÍOMHAÍOCHT ROGHNACH

'CRANN NA BEATHA'

Nóta: Don gcleachtadh seo beidh brainse beag de chrann ag teastáil uait nó crann gearrtha amach le craobhacha aonair, agus cóipeanna den teimpléad leis na duilleoga (thíos). D'fhéadfaí 'Crann na Beatha' a chur sa spás urnaí. D'fhéadfaí bileoga de pháipéar daite (chun duilleoga a dhéanamh), siosúr, téad agus cóipeanna den teimpléad a chur i mbosca in aice leis an spás urnaí.

- Cuir in iúl do na páistí chun a bheith ar an gcineál duine ba mhaith linn a bheith, is gá cleachtadh a dhéanamh ar an gcineál sin duine. Chun é seo a bhaint amach tá gá le ham agus foighne, misneach agus dianseasmhacht.
- Tabhair cuireadh do na páistí a iarraidh ar Dhia an misneach atá uathu a thabhairt dóibh. Cuir i gcuimhne dóibh go mbíonn an Spiorad Naomh, a fuair siad ag an mBaisteadh, i gcónaí leo, á

dtreorú chun roghanna maithe a dhéanamh gach lá.

- D'fhéadfadh siad tosú faoin méid is mian leo a chleachtadh a scríobh ar cheann de na duilleoga, agus ansin é a chrochadh ar an gcrann.
- Le himeacht aimsire, b'fhéidir gur mhaith leo duilleog eile a chrochadh (b'fhéidir de dath difriúil) a léiríonn conas atá ag éirí leo leis an gcleachtadh.



DÁN

Cuir an dán thíos i láthair na bpáistí. **Tá an dán ar leathanach 53 dá leabhar.**

An Guth Taobh Istigh

Gach lá déanaimid cinntí, cuid beag 'gus cuid mór,
Cabhair ag teastáil le cinntí go leor.
An-chuid daoine ann le comhairle is rogha;
Ag iarraidh orainn bóthar a thoghadh.
Eagna ag daoine eile chun cabhair a thabhairt dúinn,
Teacht ar an gcinneadh, le bonn láidir fúinn.

In ainneoin guthanna a thagann an bealach,
Tá guth eile ann lenar cóir dúinn éisteacht;
An guth taobh istigh le treoír agus neart;
Insíonn sé dúinn cad 'tá ceart is mícheart.
Agus fiú nuair is léir céard ba cheart dúinn a dhéanamh,
Bíonn misneach ag teastáil an bóthar a sheasamh.
Nuair a bhíonn cinneadh le déanamh –
cinneadh le cáil,
Beidh an guth taobh istigh agus eagna ar fáil.

Tar éis do na páistí an dán a chloisteáil/léamh, déan comhrá leo ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad é 'an guth taobh istigh' atá i gceist ag an bhfile?
- Cá bhféadfaimis an guth seo a 'aimsíú' dúinn féin? An gceapann tú go bhfuil an guth seo le fáil i gcroílár an duine seachas i gceann an duine? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Bhí an seanathair sa scéal faoin dhá shíol ag iarraidh a insint dá gharhmhac faoin 'rud' sin istigh ionainn a insíonn dúinn conas is féidir linn bheith ar an duine is fearr is féidir linn a bheith. Cad a thug sé ar an 'rud' seo?
- An féidir leat smaoineamh ar aon fhocal/íomhá eile a dhéanann cur síos ar an 'rud' seo atá go domhain istigh i ngach duine againn? Tabhair cuireadh do na páistí na focail/íomhanna go léir ar féidir leo smaoineamh orthu a lua.
- Cá háit eile, dar leat, a chloisimis guth Dé ag labhairt linn - seachas guth Dé a chloisteáil istigh ionainn féin?

Mura dtagann an focal **coinsias** ó na páistí, d'fhéadfá a iarraidh orthu:

- An féidir le duine ar bith smaoineamh ar fhocal

amháin do na focail/íomhánna go léir atá luaite againn? (Glaoidimid ‘coinsias’ ar an nguth taobh istigh ionainn.)

Spreag na páistí chun an dán a léamh agus labhairt faoi le tuismitheoir nó caomhnóir.



CLEACHTADH DIALAINNE

MO CHOINSIAS

Iarr ar na páistí an t-alt dar teideal ‘Ag fás mar dhuine faoi mar a iarrann Dia ort’ a léamh **ar leathanach 51 dá leabhar**. Ansin iarr orthu an

Cleachtadh Dialainne a chríochnú ar an leathanach sin, a iarrann orthu focail agus/nó líníochtaí a úsáid chun cuid de na rudaí maithe a mholann a gcoinsiasa dóibh a dhéanamh ó lá go lá.

GNÍOMHAÍOCHT GHRÚPA

SCÉALTA LE HINSINT

- Eagraigh na páistí i ngrúpaí de chúigear nó seisear. Tabhair ceann amháin de na ráitis seo a leanas do gach grúpa:
 - » Éist le do choinsias
 - » Tá coinsias soiléir agam
 - » Lean do choinsias i gcónaí
 - » Níl aon choinsias aige/aici
- » Tá rud éigin ar mo choinsias
- » Tá mo choinsias ag cur isteach go mór orm
- Tabhair cuireadh do gach grúpa comhrá a dhéanamh i dtosach faoin ráiteas – faoi cad a chiallaíonn sé agus cathain a úsáidfear é.
- Nuair a bhíonn na páistí réidh, tabhair cuireadh dóibh scéal a chumadh a léiríonn brí an ráitis.

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

ÍOSA AGUS AN FEAR ÓG SAIBHIR

Tabhair chun cuimhne na bpáistí go n-iarrann Íosa orainn grá a thabhairt do Dhia agus roghanna a dhéanamh a chabhróidh linn maireachtáil faoi mar a theastaíonn ó Dhia. Ansin tabhair cuireadh do na páistí éisteacht leis an scéal seo ón Soiscéal de réir Mhatha faoi fhear óg saibhir a tháinig chuig Íosa toisc go raibh sé i dtrioblóid.

Íosa agus an Fear Óg Saibhir (Matha 19:16-17, 20-22)

Tháinig an duine áirithe seo chuige agus dúirt leis: “A Mháistir, cad í an mhaith atá le déanamh agam chun go mbeadh an bheatha shíoraí agam?”

Dúirt sé leis: “Cén fáth a bhfiafraíonn tú díomsa faoin maith? Aon neach amháin is maith. Ach más áil leat dul isteach sa bheatha, coinnigh na haitheanta.” ...

Dúirt an fear óg leis: “Choimeád mé iad sin uile: cad é an t-easnamh atá fós orm?”

“Más áil leat bheith foirfe,” arsa Íosa leis, “imigh leat, díol amach a bhfuil agat agus tabhair do na boicht é agus beidh stór agat ar neamh: tar ansin agus lean mise.”



Nuair a chuala an fear óg an chaint sin, bhí buaireamh air agus d’imigh sé leis, mar bhí mórán de mhaoin an tsaoil aige.



Tar éis duit an sliocht a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna simplí a chur orthu cosúil leis na cinn seo a leanas. **Tá na ceisteanna seo ar leathanach 52 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Cad a d'fhiafraigh an fear óg d'Íosa?
- Cén freagra a thug Íosa dó?
- Cad a rinne an fear óg ansin?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Bhí an fear óg ag iarraidh saol maith a chaitheamh. D'éist sé go cúramach leis an méid a d'inis Íosa dó. Cad a cheap an fear óg faoin méid a dúirt Íosa, meas tú?

- Cén fáth, dar leat, gur thug Íosa saoirse don bhfear óg cinneadh a dhéanamh dó féin?
- Cad a cheapann tú a raibh an fear óg ag mothú agus é ag fágáil Íosa?
- Cad a cheapann tú a raibh Íosa ag smaoineamh/ ag mothú nuair a chonaic sé an fear óg ag imeacht?
- Bhí grá fós ag Íosa don bhfear óg, cé nach bhféadfadh sé an méid a d'iarr Íosa air a dhéanamh. Cad a insíonn sé sin dúinn faoi Dhia?

Spreag na páistí chun an sliocht faoi Íosa agus an fear óg saibhir a léamh dóibh féin. Tá sé ar leathanach 52 dá leabhar.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh na súile a dhúnadh ... Tóg nóiméad chun éisteacht le guth Dé ionat ... Éist lena bhfuil le rá ag an 'nguth inmheánach' seo, guth Dé, á rá leat faoi conas plean Dé duit féin a

leanúint ... faoi conas a roghnú an plean seo a chur i gcrích ... Cad ba mhaith leat a rá ar ais chuig do 'ghuth inmheánach'? B'fhéidir go bhfuil ceist ann go mba mhaith leat a chur ... Má tá, is féidir leat é sin a dhéanamh anois, ag baint úsáid as do ghuth inmheánach nach gcloiseann aon duine eile ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

IONTRÁIL SA DIALANN

B'fhéidir gur mhaith leat a mholadh go ndéanfadh na páistí iontráil sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach faoi na rudaí rudaí nua a gcaithfidh siad smaoineamh anois orthu.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Sa cheacht seo rinne na páistí machnamh ar an saghas duine atá iontu anois. Trí chomhrá agus gníomhaíochtaí scrúdaigh siad cad a d'fhéadfadh a bheith in ann dóibh sa todhchaí. D'fhoghlaim siad gur in iomhá Dé agus le grá a chruthaigh Dia iad; go dteastaíonn ó Dhia go dtiocfadh borradh orthu; go bhfuil an-tionchar ag a ngníomhartha orthu;

guth Dé i gcroílár gach duine is ea an coinsias; go dtugann Dia an tsaoirse dúinn muid féin a chruthú; sin díreach mar a léirigh Íosa grá agus trócaire i leith an fhir óig shaibhir, is amhlaidh a bhfuil trua agus grá ag Dia dúinn; agus gur féidir leo a iarraidh ar Dhia cuidiú leo a bheith ar an duine is fearr ar mhaith le Dia go mbeidis.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

MO GHUTH INMHEÁNACH

Nóta: Féachann an ghníomhaíocht ealaíne seo a dhoimhniú do na páistí gurb é guth Dé an guth inmheánach a chloiseann siad. Bíonn an guth seo ag glaoch orthu borradh a chur leis an mhaithas atá iontu. Beidh cóip den teimpléad leis an mbalún (thíos) ag teastáil ó gach páiste. Beidh ábhair dhathúcháin ag teastáil ó na páistí freisin.

- Tosaigh trí chuireadh a thabhairt do na páistí smaoineamh ar amanna nuair a chuir an guth inmheánach - 'guth Dé' laistigh díobh - stop leo rud éigin mícheart a dhéanamh, nó a spreag iad chun rud éigin maith a dhéanamh. Mar shampla, b'fhéidir gur cuireadh cathú orthu rud éigin mícheart a dhéanamh (*m.sh. chaill duine a bhí ag siúl rompu roinnt airgid ar an talamh trí thimpiste*), ach spreag an guth inmheánach iad chun an rud ceart a dhéanamh (*m.sh. an t-airgead a thabhairt ar ais don duine a chaill é*). Spreag na páistí chun roinnt samplaí eile a

roinnt leis an rang.

- Ansin tabhair cóip den teimpléad leis an mbalún do gach páiste. Iarr orthu a léiriú ar an mbalún, ag úsáid dathanna, líníochtaí agus/nó siombailí, am/amanna nuair a spreag an guth inmheánach iad chun rud éigin maith a dhéanamh.
- Tá sé riachtanach a chur in iúl do na páistí nach gá don phíosa críochnaithe 'ciall a dhéanamh' do dhuine ar bith seachas an páiste a chruthaigh é.



PAIDIR

Nóta: Roghnaigh léitheoir

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnimid go bhfuil Dia linn.

Inniu cuimhnimid gur chruthaigh Dia sinn ar a dheilbh agus ar a chosúlacht féin. Tá aithne ag Dia orainn go smior agus tá grá aige dúinn faoi mar atáimid. Tá Dia i gcónaí linn.

Léitheoir: Sliocht ó Leabhar na Salm.

*Scrúdaíonn tú mé, a Thiarna, agus is eol duit mé,
más luí dom, más suí dom, is eol duit é;*

is eol duit mo rún is mé i bhfad uait.

Más siúl dom, más suan dom, feiceann tú;

is eol duit mo shlí go léir.

*Óir is tú a dheilbhigh go hiomlán mé;
agus a d'fhuaigh i mbroinn mo mháthar mé.
Tugaim buíochas duit de bharr iontas mo dhéantúis;
de bhrí gurb éachtach iad d'oibreacha.
B'eol duit go hiomlán m'anamsa. (Salm 139:1-3,
13-14)*

Briathar an Tiarna.

Gach duine: Buíochas le Dia.

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise



Ceacht 2: Forbraíonn ár gCoinsias agus muid ag fás

SULA DTOSAÍONN TÚ

Is i ndiaidh a chéile a bhíonn eolas againn ar an méid atá ceart agus mícheart. Ní thagann aon duine ar an saol le coinsias atá lánfhásta. Is i rith an tsaoil le guí agus le machnamh a fhásann cumas morálta an duine.

Tá difríocht ann idir coinsias páiste i Rang a Cúig/B7 agus coinsias duine lánfhásta. Níl taithí saoil ag na páistí seo go fóill, ach go háirithe ar ghnéithe mhorálta an tsaoil. Mar sin féin, is féidir páistí a mhúineadh chun go mbeidh siad in ann

an ceart agus an mícheart a aithint óna chéile, agus go mbeidh an tuiscint acu go nglaonn Dia orthu an ceart a leanúint. Bíonn treoir ag teastáil ó pháistí ó dhaoine fásta agus ó phobal Críostaí chun go mbeidh siad ag fás i dtreo aibíochta sa mhoráltacht Chríostaí. Sa cheacht seo féachaimid chun na páistí a threorú chun go mbeidh níos mó tuiscint acu ar conas is féidir leis na roghanna a dhéanann siad, an domhan ina mhaireann siad, a mhúnlú.

EOCHAIRFHOCAL

Cóir: Cothroime. Nuair a oibríonn duine ar son an cheartais déanann siad iarracht a bheith cóir agus urramach do gach duine.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Cóip den teimpléad ‘Foghlaimimid agus muid ag fás’ (thíos) do gach páiste
- Cóip den teimpléad leis an gciorcal (thíos). Gearr an ciorcal i sé chuid
- Leathanach bán A4 agus ábhair dhathúcháin do gach páiste

SCÉAL

Coinsias Jamie

Shuigh Coinsias i gcroí Jamie – mar is ansin is féidir leat teacht ar Choinsias i gcónaí – agus cé go raibh Coinsias timpeallaithe ag a chuid cairde – Cineáltas agus Firinne, Maitheas agus Grá – ní raibh Coinsias ag mothú go maith. Leis an fhírinne a rá, bhí díomá ar Choinsias agus bhí sé trína chéile. Bhí rud éigin mícheart. Bhí Jamie ar iarraidh ó Choinsias. Tá's agat, bhíodh Jamie agus Conn (is é sin a ghlaoigh Jamie ar Choinsias) mór le chéile, tráth.

Thosaigh Conn ag smaoineamh ar an spraoi a bhíodh acu le chéile. Ní raibh rún ar bith idir Jamie agus Conn – bhí eolas ag Conn faoi phleananna, faoi bhotúin, faoi bhuarthaí agus faoi aidhmeanna Jamie. Agus bhíodh Conn ag éisteacht – is éisteoir an-mhaith é Conn! Agus uaireanta nuair a bhíodh Fearg nó Éad nó Fuath ag cur isteach ar Jamie, á líonadh le gach cineál droch-smaointe, bhí an chumhacht ag Conn, i gcónaí, suaimhneas a chur orthu. Ansin, bheadh Jamie ag mothú go maith ann féin arís.

Ach le seachtainí beaga anuas d'athraigh rud éigin. Bhí Jamie searbh agus géar le gach duine. Bhí nithe mí-thaitneamhacha á dhéanamh aige – cosúil le bheith searbh lena chara Ben, agus gan a bheith i láthair gach seachtain chun féar an Uasail Mac Ruairí a ghearradh, agus a bheith ag argóint lena mháthair gan cúis ar bith. D'fhéach Conn fad is a d'éirigh Jamie cairdiúil le Fearg, le hÉad agus le Fuath diaidh ar ndiaidh. Chuir siad gach cineál smaointe in aigne Jamie – ar nós nár thuig a mháthair é; nach raibh aon chiall ag Ben; go raibh an tUasal Mac Ruairí sean agus searbh. Rinne Conn iarracht labhairt le Jamie anois is arís, ach bhí Jamie ag éisteacht go mór le Fearg, le hÉad agus le Fuath i dtreo is nach raibh sé in ann guth Chon a chloisteáil. Is é an t-aon rud amháin a d'fhéadfadh Conn a dhéanamh ná fanacht agus dóchas a bheith aige go dtiocfadh athrú ar chúrsaí.

Lá amháin, nuair a bhí Jamie seachtain déanach chun féar an Uasail Mac Ruairí a ghearradh, bhí fearg ar an Uasal Mac Ruairí. 'A leithéid de shotal atá agatsa teacht anseo anois, Jamie Ó Connchúir. Tá coicis imithe ó bhí tú anseo cheana. Féach ar staid mo ghairdín,



agus ar an bhféar ag fás ar an gcosán.' Bhí an tUasal Mac Ruairí ar buile. 'Ba bheag nár thit mé le dris a bhí ar an gcosán an lá cheana agus mé ag dul chuig na siopaí. Nach bhfuil aon choinsias agat, a bhuachaill?'

Agus leis sin, dhún an tUasal Mac Ruairí an doras go tapa, rud a d'fhág Jamie ina sheasamh ar leac an dorais agus an anáil bainte de. Is ansin a thosaigh Fearg agus Fuath ag gáire le chéile le haoibhneas. 'Ná cuir a gheata faoi ghlas, Jamie,' arsa Fearg. 'Fág é oscailte go hiomlán,' a dúirt Fuath, 'múinfidh sé sin ceacht dó. Fág a phost dúr, leis!' Agus d'imigh Jamie abhaile go feargach.

An oíche sin níorbh fhéidir le Jamie codladh a fháil. Bhí trua ag Conn dá chara. D'fhéach sé go holc, trí chéile agus mí-shásta. Ansin, bheartaigh Conn dul i ngleic leis. Go tobann dhúisigh Jamie agus shuigh sé in airde. Thosaigh sé ag smaoineamh ar an gcoicis a bhí imithe. Ní raibh an saol go maith aige. Agus sula raibh a fhios aige, bhí Jamie ag caint le Conn – faoi conas a bhí a bhuanchara Ken ar iarraidh, toisc go raibh sé i gcomórtas sacair scoile; faoi chonas a bhí sé éadmhar le Ken agus feargach leis an dtraenálaí toisc nár roghnaigh sé eisean. Rinne Fearg, Éad agus Fuath a ndícheall cur isteach ar an gcomhrá trí gach cineál smaointe cliste a chur in aigne Jamie – faoi cé chomh héagórach is a bhí an traenálaí leis agus cén chaoi nár chóir dó labhairt le Ken nuair a thiocfadh sé ar ais. Ach creid nó ná creid é, níor thug Jamie aird ar bith orthu. Faoi dheireadh bhí orthu a bheith ciúin.

An oíche sin, thit Jamie ina chodladh go sámh. Agus bhí aoibh sásta ar Conn.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna simplí cosúil leo seo a leanas, a chur orthu. **Tá na ceisteanna ar leathanach 54 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Cérbh é Conn, agus cé a thug an t-ainm sin air?
- Cá mbeifeá in ann teacht ar Chonn i gcónaí?
- Cén sórt caidrimh a bhí idir Jamie agus Conn de ghnáth?
- Cad a bhí ag tarlú le déanaí a chuir imní ar Chonn?
- Cén fáth nach raibh Jamie in ann guth Choinn a chloisteáil?
- Céard a cheapann tú a bhí i gceist ag an Uasal Mac Ruairí nuair a d'fhiafraigh sé de Jamie: 'Nach bhfuil aon choinsias agat, a bhuachaill?'
- Conas a d'athraigh rudaí nuair a thosaigh Jamie ag éisteacht le Conn arís?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- An gcheapann tú go raibh a fhios ag Jamie nach ceart í an tslí ina raibh sé ag iompar lena mháthair, lena chairde agus leis an Uasal Mac Ruairí? Cén fáth, dar leat?
- Cén chaoi a raibh a fhios ag Jamie go raibh sé mícheart a gheallúint leis an Uasal Mac Ruairí a bhriseadh?
- An gcheapann tú go gcuideodh an comhrá le Conn le go ndéanadh Jamie roghanna éagsúla? Cén fáth nó cén fáth nach gcuideodh?
- Cén chaoi a mbíonn a fhios agat nuair atá rud éigin ceart agus rud éigin mícheart? Cé/cad a chuidíonn leat a bheith ar an eolas sin?

(m.sh. tuismitheoirí, seantuismitheoirí, múinteoirí, sagairt, teagaisc/scéalta ón mBíobla, na Deich nAitheanta, scéalta faoi Íosa, srl.)

Dirigh aire na bpáistí chuig an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 54 dá leabhar.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Smaoinigh ar dhuine a chuidíonn leat foghlaim cad atá ceart agus cad atá mícheart ... b'fhéidir gur duine é atá ag cónaí leat ... b'fhéidir gur múinteoir ar scoil é ... b'fhéidir gur cara leat é ... b'fhéidir gur sagart a thagann ar cuairt chuig an seomra ranga é ... b'fhéidir gur duine a chuala tú ar an raidió nó ar an dteilifís é ... nó b'fhéidir gur chuala tú nó gur léigh tú rud a dúirt an Pápa ... Tá daoine inár saol ag teastáil uainn uile, a chuidíonn linn eolas a fháil ar conas maireachtáil mar a iarrann Íosa orainn ... Gabh buíochas le Dia as an duine sin anois a chuidíonn leat ... Iarr ar Dhia an duine sin a bheannú agus iad a choimeád slán ...

Chomh maith le bheith ag éisteacht le daoine eile, is gá dúinn freisin éisteacht le guth Dé ionainn ... Bíonn sé deacair uaireanta cuid de na rudaí a insíonn daoine eile dúinn a chreidiúint, is féidir linn a bheith cinnte i gcónaí go bhfuil an méid a insíonn Dia dúinn fíor. Deir Dia linn go bhfuil grá aige dúinn, agus má leanaimid Íosa beimid fíor-shásta ... Gabh buíochas le Dia as grá a thabhairt duit ... Iarr ar Dhia cabhrú leat Íosa a leanúint gach lá ... Nuair a bheidh tú réidh, oscail na súile.

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Is bronntanas ó Dhia é an coinsias. Ach ní thagaimid ar an saol le coinsias lánfhásta. Féachann an ceacht seo a thaispeáint do na páistí go bhfásann ár gcumas idirdhealú a dhéanamh idir an rud atá ceart agus an rud atá mícheart de réir a chéile le himeacht aimsire, de réir an aois atá againn agus de réir ár gcumas tusceana. Cothaítear an fás seo trí na daoine a bhfuil grá acu dúinn agus a threoraíonn sinn, trí shampla daoine, cosúil leis na naoimh agus daoine eile, a raibh saol an-mhaith acu, tríd an méid a fhoghlaimimid ar scoil, sa séipéal agus ó ullmhúchán sacraimintíúil, agus trí mhachnamh a dhéanamh ar ár dtaithí pearsanta.

AG COMHRÁ

FAOI CONAS A THAGANN BORRADH AR ÁR GCOINSIAS LE HIMEACTH AIMSIRE

Treoraigh na páistí chun féachaint ar an gcaoi ina fhorbraíonn a gcuid coinsiasaí de réir mar a fhásann siad, trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur orthu:

- Nuair a bhí tú i do pháiste óg/sa naíonra, conas a d'fhoghlaim tú faoin méid a bhí ceart agus mícheart? Cén cineál rudaí a d'fhoghlaim tú a chuidigh leat? Cé a chuidigh/a léirigh leat trí sampla a thabhairt duit?
- Nuair a thosaigh tú ar scoil, cad iad na rudaí nua a thosaigh tú ag foghlaim faoin mbealach ceart le maireachtáil? Cé uaidh/uaithi a d'fhoghlaim tú na rudaí seo?
- Céard faoi nuair a bhí tú ag ullmhú don Chéad Comaoineach? Cé a chuidigh leat?
- Cad iad na scéalta ón mBíobla a chuidigh leat a bheith ar an eolas faoi conas is ceart maireachtáil/an difríocht atá ann idir ceart agus mícheart?
- Cad iad na rudaí a d'fhoghlaim tú faoi Íosa a chuidigh leat eolas a fháil ar conas maireachtáil

go maith?

- Cad a chuala nó a léigh tú go dtí seo i mbliana faoi dhaoine nó naoimh a mhair go lúcháireach agus go hiomlán, mar a iarrann Íosa orainn?
- Cé a cheapann tú a threoraigh na daoine seo maireachtáil mar a iarrann Íosa orainn? (*An Spiorad Naomh*)

Cuir i gcuimhne do na páistí go bhfuil rudaí ann gur féidir linn a dhéanamh chun cabhrú lenár gcoinsiasaí fás agus forbairt: táimid in ann éisteacht le Briathar Dé nó é a léamh sa Bhíobla; is féidir linn an méid a mhúineann an Eaglais dúinn faoi conas maireachtáil, a fhoghlaim; agus is féidir linn éisteacht le comhairle ónár dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, múinteoirí agus sagairt.

Ansin tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Tagann borradh agus fás ar ár gcoinsias le himeacht aimsire', a léamh ar leathanach 54 dá leabhar.

CLEACTADH DIALAINNE

DUINE A CHUIDÍONN LIOM

Dírigh aire na bpáistí chuig an gcleachtadh dialainne ar leathanach 55 dá leabhar a thugann cuireadh dóibh scríobh faoi dhuine a chuidíonn leo an rud ceart a aithint ón rud mícheart.

GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

FOGHLAIMÍMID AGUS MUID AG FÁS

Nóta: Beidh cóip den teimpléad (thíos) 'Foghlaimimid agus muid ag fás' ag teastáil uait do gach páiste.

- Tabhair cóip den teimpléad do gach páiste.
- Mínigh do na páistí go seasann na codanna éagsúla, ar an dteimpléad, do na céimeanna éagsúla ina saol go dtí an lá atá anois ann,

nuair a d'fhoghlaim siad rudaí difriúla faoin méid atá ceart agus mícheart – agus sa tslí sin a chabhraigh leo a gcoinsiasaí a fhorbairt.



- Iarr ar na páistí tosú ar an dteimpléad a líonadh trí ‘Mo Bhreith’ a scríobh sa lár. Ansin iarr orthu gach cuid a ‘líonadh isteach’ ag úsáid

focail, íomhánna, ainmneacha daoine, scéalta, imeachtaí, srl óna saol go dtí seo a chuidigh leo a gcoinsias a fhorbairt.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE (CUID A HAON)

AN SAOL MAR ATÁ

Nóta: Beidh cóip den teimpléad ciorcalach (thíos) ag teastáil uait. Gearr an ciorcal i sé chuid. Beidh ábhair dhathúcháin ag teastáil ó na páistí freisin.

- Sula dtosaíonn tú ar an ngníomhaíocht, déan comhrá leis na páistí faoin domhan ina gcónaíonn siad agus na rudaí faoi a d’athródh siad dá mbeidis in ann, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:
 - » An bhfuil rudaí inár ndomhan agus rudaí a tharlaíonn inár ndomhan ar mhaith leat athrú? An féidir leat cuid de na rudaí seo a ainmniú/cur síos a dhéanamh orthu? (*D’fhéadfadh na páistí rudaí a lua cosúil le daoine ag maireachtáil i mbochtaineacht, daoine nach bhfuil tithe acu, cogadh, dídeanaíthe ag iarraidh áit shábháilte le maireachtáil inti, scriosadh na talún trí thruailliú, ocras, easpa uisce, athrú aeráide, srl.*)

- » Cén fáth ar mhaith leat na rudaí sin a athrú?
- » Cén difríocht a dhéanadh sé, dar leat, dá bhféadfá na rudaí sin a athrú?

- Ansin roinn an rang i sé ghrúpa agus tabhair cuid den chiorcal páipéir do gach grúpa. Iarr ar gach grúpa cur síos a dhéanamh, ar a gcuid páipéir féin, faoi na rudaí faoinár saol a chuireann imní orthu. Déan iarracht a chinntiú sula dtosaíonn siad go roghnaíonn gach grúpa ábhar difriúil. Is féidir leis na páistí úsáid a bhaint as dath, líníochtaí, cruthanna, srl. chun an t-ábhar atá roghnaithe acu a léiriú.
- Nuair a bheidh an tasc seo curtha i gcrích ag na páistí, iarr orthu a gcuid píosaí páipéir a athchruthú ar an gcorcal mór.
- Tabhair cuireadh do pháistí áirithe bratach a dhéanamh leis na focail ‘An Saol Mar Atá’ scríofa air ionas gur féidir leo a gcuid saothar ealaíne a thaispeáint/léiriú faoi.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE (CUID A DÓ)

ÁR nDOMHAN DRAÍOCHTÚIL

Nóta: Beidh cóip den teimpléad ciorcalach (thíos) ag teastáil uait. Gearr an ciorcal i sé chuid. Beidh ábhair dhathúcháin ag teastáil ó na páistí freisin.

- Ullmhaigh don dara cuid den ghníomhaíocht, ina ndéanann na páistí a nDomhan Draíochtúil a chur i láthair, trí chomhrá a dhéanamh leo agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:
 - » Dá bhféadfá domhan draíochtúil a chruthú, cén cruth a bheadh air?
 - » Cén cineál domhain a bheadh uait duit féin, dod’ thuismitheoirí, do dhaoine eile a bhfuil aithne agus grá agat dóibh?
- Ansin roinn na páistí sna grúpaí céanna agus a bhí acu don ghníomhaíocht a bhain leis ‘An Saol Mar Atá’. Tabhair cuid den gcorcal do gach grúpa agus iarr orthu na rudaí a bheadh mar

thréithe ag a ‘nDomhan Draíochtúil’ a léiriú air.

- Sula roghnaíonn siad an méid a léireoidh siad, iarr orthu féachaint arís ar an gcairt a rinne siad faoin ‘Saol Mar Atá’ agus smaoiniamh ar an gcruth a bheadh ar an domhan dá mbeadh a mhalairt de na toscaí diúltacha ann (*m.sh. bheadh teach ag gach éinne; ní bheadh ocras ar éinne; bheadh síocháin i ngach áit; bheadh an t-uisce agus an timpeallacht glan, srl.*).
- Nuair a bheidh an tasc seo curtha i gcrích ag na páistí, iarr orthu a gcuid píosaí páipéir a athchruthú ar an gcorcal mór.
- Tabhair cuireadh do pháistí áirithe bratach a dhéanamh leis na focail ‘Ár nDomhan Draíochtúil’ scríofa air ionas gur féidir leo a gcuid saothar ealaíne a thaispeáint/léiriú faoi.

AG COMHRÁ

FAOIN SAOL MAR ATÁ AGUS FAOIN DOMHAN DRAÍOCHTÚIL

Nóta: Cuir na bratacha faoin ‘Saol Mar Atá’ agus faoin ‘Domhan Draíochtúil’ in áit ar féidir leis na páistí go léir iad a fheiceáil.

Déan comhrá leis na páistí faoin méid a d’fhoghlaim siad ón ngníomhaíocht, agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Conas a bhraitheann sibh faoin ‘Saol Mar Atá’ atá léirithe agaibh ar an mbratach?
- Dá mba an rud é go raibh seans ann go dtiocfadh an ‘Domhan Draíochtúil’ a léirigh sibh, cad a chaithfeadh tarlú? An mbeadh sé éasca a leithéid de dhomhan a chur i gcrích? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh? Cad iad na rudaí, dar



leat, a bheadh sé deacair a athrú? Cad iad na rudaí a d'fhéadfadh a bheith níos éasca a athrú?

- Conas a d'fhéadfá féin agus do chairde ag cabhrú leat, aon cheann de na hathruithe ar mhaith leat a dhéanamh a chur i gcrích?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Dúirt an t-Ardeaspag Charles Brown, iar-Nuncio go hÉirinn, uair amháin, 'Is iad daoine le coinsias a mhúnlaíonn ár ndomhan'. Cad a bhí i gceist aige leis an méid sin?

- Cén cineál domhain a chabhródh an coinsias linn a mhúnlú?
- Cén chaoi a bheadh a fhios agat go raibh coinsias ag duine éigin? An féidir leat a leithéid de dhuine a ainmniú? An féidir leat cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ina bhfuil ag an duine seo ag cabhrú lenár ndomhan a mhúnlú?
- Cén cineál roghanna a iarrann Íosa orainn a dhéanamh?
- An bhfuil sé éasca nó deacair roghanna maithe a dhéanamh? Cén fáth?

FOGHLAIM TRÍ SHAMPLA

Léigh an cuntas seo faoi conas ar bhunaigh Willie Bermingham an eagraíocht ALONE, a thugann cabhair agus tacaíocht do dhaoine aosta, a bhfuil cabhair uathu.

Willie Bermingham agus ALONE



Rugadh Willie Bermingham i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1942. D'oibrigh sé le Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Bhunaigh sé ALONE, i ndiaidh an gheimhridh i 1977. Ina chuid oibre leis an mBriogáid Dóiteáin

chonaic sé daoine aosta a bhí an-bhocht, agus a fuair bás ina n-aonar, gan chara, gan chlann, leo. Ghoill sé seo go mór ar Willie agus shocraigh sé rud éigin a dhéanamh chun an saol a fheabhsú do dhaoine aosta i mBaile Átha Cliath. Is é seo a leanas an scéal a d'inis Willie.

Sean-fhear sna seachtóidí a bhí ann.

Chónaigh sé ina aonar agus bhí sé an-lag. Bhí sé ar leathshúil agus, cosúil le go leor seandaoine, d'éirigh sé tuirseach go héasca.

Bhí an seanfhear ina gcónaí i mbothán adhmaid. Ní raibh ach dhá sheomra bheaga aige. Bhí an bothán suite in árasán do phinsinéirí ar Shráid Charlemont, Baile Átha Cliath. Mí Feabhra a bhí ann agus bhí an aimsir an-fhuar. Lá amháin chuaigh an seanfhear amach. Nuair a tháinig sé abhaile arís, bhí sé fliuch go craiceann agus préachta leis an bhfuacht. Bhain sé a sheaicéad de agus luigh sé ar a leaba. Tharraing sé na seanbhlaincíd air féin chun é a choinneáil te. Cá fhad a thóg sé air bás a fháil, níl a fhios agam. Nuair a tháinig mé air, bhí na blaincíd fós ina lámh chlé aige agus a chos dheas ardaithe suas aige. Nuair nach bhfaca a chomharsana an seanfhear, tháinig imní orthu. Glaoigh siad ar an mbriogáid dóiteáin. Nuair a shroicheamar an áit, bhrúigh mé an fhuinneog agus isteach liom sa bhothán. Díreach mar a shíl mé, bhí duine eile de 'mo dhaoine', mar a thug

mé orthu, marbh i seomra beag fuar. Bhí na cófraí folamh. Bhí an dá mhála guail in aice na tine, folamh. Ní raibh aon rud sa teach a d'fhéadfadh aon chompord a thabhairt don fhear. Cosúil le go leor fir agus mná aosta, bhí sé fágtha ina aonar. D'fhulaing sé uaigneas, fuacht, ocras agus dúlagar. Ba chás an-bhrónach é, sa phríomhchathair. Chónaigh an seanfhear ina aonar, agus fuair sé bás ina aonar. Chuir a bhás isteach orm chomh mór sin gur bhunaigh mé an eagraíocht ALONE.

Cuireann ALONE daoine ar an eolas faoin gcaoi ina maireann roinnt daoine aosta. Cabhraíonn ALONE le daoine aosta atá uaigneach agus ina n-aonar. Cabhraíonn siad le daoine aosta atá tinn agus bocht. Cabhraíonn siad le daoine aosta atá i ndrochthithe nó atá gan tithe. Spreagann ALONE daoine chun cuairt a thabhairt ar a gconharsana atá sean nó ina gcónaí leo féin.

Is é mana ALONE: 'A Little Offering Never Ends,'

Thosaigh ALONE feachtas, a lean ar feadh ceithre bliana. D'iarr siad ar an Rialtas tascfhórsa a bhunú, chun cabhrú le daoine aosta a bhí ina gcónaí i ndrochthithe. Ag an am, thug an Rialtas milliún punt don fheachtas. D'úsáid ALONE an t-airgead chun uisce, leithris agus leictreachas a chur ar fáil sna tithe. Níor réitigh sé seo na fadhbanna go léir, ach chuidigh sé go mór le hobair ALONE.

Fuair Willie Bermingham bás sa bhliain 1990. Bhí tionchar ag cineáltas Willie. Tá ALONE fós ag cabhrú le daoine aosta i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre. Téann oibrithe deonacha ar cuairt chuig daoine aosta atá ina n-aonar. Ní raibh a fhios ag Willie go mbeadh ALONE fós ag obair inniu, blianta fada tar éis dó an eagraíocht a bhunú.



Tar éis duit an scéal a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna simplí cosúil leo seo a chur orthu:

- Cén fáth ar bhunaigh Willie Bermingham an eagraíocht ar a dtugtar ALONE?
- Cad é mana na heagraíochta?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cad a insíonn an scéal seo duit faoin gcineál duine ab ea Willie Bermingham?
- Cad a cheapadh Íosa faoin iarracht a rinne Willie cuidiú le daoine bochta agus daoine aosta?
- An gceapann tú gur éist Willie Bermingham lena choinsias? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- An gceapann tú go raibh gníomhartha Willie Bermingham ar aon dul le fíis Dé ar fhirinne, ar

cheartas agus ar an tsíocháin, a mhúnlaigh Íosa dúinn trína

fhocail agus a ghníomhartha? Conas? Cad a cheapann tú is brí leis an mana 'A Little Offering Never Ends'?

- An féidir leat smaoineamh ar thréimhse i do shaol nuair a rinne tú, cosúil le Willie, an rud ceart, an rud go mba mhaith le Dia go ndéanfá, cé go bhféadfadh sé a bheith deacair? Inis dúinn faoi sin.

Tá scéal Willie Bermingham agus ALONE ar leathanaigh 55 agus 56 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí chun an scéal a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Sa cheacht seo chuireamar i gcuimhne do na páistí gur guth Dé ionainn atá sa choinsias agus go bhfásann agus go bhforbraíonn sé i rith an tsaoil. Treoraíonn ár gcoinsias muid i dtreo an rud atá go maith agus cabhraíonn sé linn machnamh a dhéanamh ar an gcineál duine atá ionainn. Mar thoradh air seo mairimid ar aon dul

le Dia, le grá, le háthas agus fírinne, agus le fíís Dé don fhírinne, don cheartais agus don tsíocháin. D'fhoghlaim na páistí freisin go múintear dúinn, agus muid ag fás conas ár gcoinsiasaí a chur ar an eolas, agus go múnlaíonn daoine, a thugann aire don choinsias, ár ndomhan.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Iarrann an ghníomhaíocht 'Is Féidir Liom Cuidiú!' (thíos) leis na páistí smaoineamh ar conas a d'fhéadfaidís cuidiú lena 'nDomhan Draíochtúil' a thabhairt i gcrích trí na gníomhartha beaga a dhéanann siad ina saol laethúil. Mar sin, sa ghníomhaíocht seo beidh tú ag iarraidh ar na páistí gnéithe dá saol laethúil a mheas (sa bhaile, ar scoil, lena gcairde, agus iad ag imirt, ag úsáid a gcuid fón póca, sa chlós, sa seomra ranga, i séipéal, srl.) agus chun roghanna praiticiúla/sonracha a d'fhéadfaidís siad a dhéanamh a ainmniú chun cabhrú leis an domhan a fheabhsú dóibh féin agus dóibh siúd timpeall orthu.

GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

IS FÉIDIR LIOM CUIDIÚ!

Nóta: Beidh leathanach bán A4 agus ábhair dhathúcháin ag teastáil ó gach páiste.

- Sula dtosaíonn na páistí ar an ngníomhaíocht, déan comhrá leo faoin gcaoi a gcuidíonn ár roghanna feabhas a chur ar an domhan. D'fhéadfaidís ceisteanna cosúil leo seo a chur orthu: Cén cineál roghanna an féidir leat a dhéanamh i do shaol laethúil chun feabhas a chur ar an domhan - sa bhaile, ar scoil, le do chairde, agus tú ag imirt, agus tú ag úsáid
- d'fhóin phóca, sa clós, sa seomra ranga, san eaglais, srl.?
- Ansin spreag na páistí chun tamall a thógáil le smaoineamh ar rud amháin a d'fhéadfaidís a dhéanamh nó smaoineamh air nó a rá chun feabhas a chur ar an domhan anois.
- Tabhair cuireadh do na páistí an 'rud amháin' seo a chlárú ag úsáid focail, siombailí, íomhánna nó líníochtaí.

PAIDIR

Nóta: Cuir na cairteacha 'An Saol Mar Atá' agus 'Ár nDomhan Draíochtúil' in áit inar féidir leis na páistí go léir iad a fheiceáil.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn. Inniu cuimhnímid ar na daoine a thugann grá agus tacaíocht dúinn agus a chabhraíonn linn agus muid ag fás. Cuimhnímid ar na daoine a chonaíonn linn, ar ár gcairde agus ar ár múinteoirí sa scoil, ar ár sagairt agus ar ár n-easpaig i dteaghlach na hEaglaise.


Glacaimis cúpla nóiméad go ciúin chun féachaint ar na cairteacha a rinneamar dár teideal 'An Saol Mar Atá' agus 'Ár nDomhan Draíochtúil' ... páirt i ndiaidh a chéile. (Sos) Tá nithe maithe agus nithe olca ar domhan. (Sos) I ndiaidh a chéile, agus ag éisteacht le guth Dé laistigh ionainn, agus


le cabhair ón Spiorad Naomh, is féidir le gach duine againn rudaí móra a dhéanamh dár gcuid deartháireacha agus deirfiúracha, atá ina mbaill de chlann Dé ar fud an domhain. Is féidir le gach duine againn feabhas a chur ar an domhan ina mhairimid.

Glaonna Dia ár n-ainmneacha orainn ...
Tá grá ag Dia dúinn i gcónaí ...
agus glaonn sé orainn a bheith chomh foirfe agus is féidir linn ...
chomh foirfe agus is mian le Dia ...
a bheith áthasach agus sásta é a leanúint ...
Labhraíonn Dia linn i gciúnas ár gcroíthe ...
Cuidíonn Dia linn roghanna maithe a dhéanamh ...
Éistimis le guth Dé inár gcroíthe anois ...
Más mian leat, is féidir leat aon rud a theastaíonn uait a rá le Dia anois ag baint úsáid as do ghuth inmheánach ...


Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.


Comhartha na Croise





Foghlaimimid agus muid ag fás





Téama 6: Ceartas Sóisialta

Ceacht 1: Múineann Íosa dúinn an rud ceart a dhéanamh p. 209

Ceacht 2: Múineann Íosa na Bíáide dúinn p. 220

Ceacht 3: Iarrtar orainn cúram a thabhairt d'Ár mBaile Coiteann p. 230

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Iarrann Dia orainn conradh a bheith againn leis, agus iarrann sé orainn freagra pearsanta a thabhairt de go toilteanach

Rúndiamhair Íosa Críost

- Bhí ardmheas ag Íosa ar mhná
- Nuair a thuirling an Spiorad Naomh ar Íosa, agus Eoin á bhaisteadh, ba comhartha a bhí ann gurbh é an Meisias, Mac Dé é
- Ba é an misean a bhí ag Íosa, bheith ag seanmóireacht, agus Ríocht Dé a thabhairt chun críche
- Chuir Íosa aiséiríthe An Spiorad Naomh chugainn nuair a baisteadh sinn

Rúndiamhair an Spioraid Naoimh

- Tá an Spiorad Naomh gníomhach agus i láthair gach áit sa domhan a bhfuil daoine ag obair ar son an chirt, na síochána, cearta daonna agus ag tabhairt aire don chruthú

Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta

- Bíonn Críostaithe ag comhoibriú lena chéile ar son cearta sóisialta
- Tá gach Críostaí páirteach i dtógáil Ríocht Íosa
- Iarrtar ar gach Críostaí a bheith mar fhinnéithe dá gcreidimh i gCríost le briathar agus le gníomh
- An Eaglais Chaitliceach in Éirinn sa lá atá inniu ann (m.sh. Trócaire)
- Tugann an Spiorad Naomh an chumhacht don Eaglais leanúint ar aghaidh le misean Íosa
- Tá bronnantas éigin ón Spiorad ag gach ball den Eaglais chun leanúint ar aghaidh le hobair Chríost agus chun go mbeidh Ríocht Dé láithreach, beo ó lá go lá
- Is ionann gairm bheatha agus glaoch. Is cuireadh ó Dhia é, ina n-iarrann sé ar gach duine é a ghráú agus freastal a dhéanamh air féin agus ar a Eaglais ar bhealach faoi leith
- Tugann Íosa gairm bheatha faoi leith do gach duine

- Is iad seo na ceithre ghairm bheatha faoi leith atá ag an saol Críostaí: saol singil, saol pósta, saol reiligiúnach agus an mhinistreach oirnithe. Is glaoch atá i ngach gairm bheatha, Críost a leanúint go dlúth

An Bheatha Shíoraí

- Gach rud atá go maith ar domhan faoi láthair, mairfidh sé i Ríocht na bhFlaitheas. Cabhraíonn gach gníomh cineáltais, flaithiúlachta agus seirbhíse chun an Ríocht a thógáil

Traidisiúin Reiligiúnacha Eile

- Oibríonn Caitlicigh ar son cearta daonna, ceartas sóisialta, na moráltachta, na síochána agus na saoirse le daoine a chleachtaíonn creidimh eile

Cruthú an Domhain

- Chruthaigh Dia an duine le maireachtáil i gcaidreamh/i gcomaoín le Dia, le daoine eile agus leis an domhan

BRIATHAR DÉ

An Bíobla

- Déanann Dia cumarsáid linn trí na Scrioptúir Naofa, in oibreacha an chruthaithe, i bpearsa Íosa agus i síor-láithreach an Spioraid

An Scrioptúr Naofa

Plean Grámhar Dé don Slánú

- Gein 1-3. An chéad scéal de chruthú an domhain
- Iób 12:7-9; Salm 19. Is comhartha de ghlóir agus de chumhacht Dé é an cruthú
- Ís 42:1-4. Bhí Íosa ungha ag an Spiorad Naomh chun cabhair a thabhairt dóibh siúd a bhí in ísle brí agus ag fulaingt

Saol Poiblí Íosa

- Mc 3:13, Mth 10:1-42. Cuireann Íosa amach a chuid aspail chun seanmóireacht a dhéanamh
- Mth 5:1-14; 38-48. An tSeanmóir ar an Sliabh (Na Bíáide)

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

- Tá tionchar ag an urnaí ar ár ndearcadh agus ár ngníomhartha
- Is caidreamh pearsanta le Dia í an urnaí
- San urnaí glaonn Dia orainne ar dtús; Má fhreagraímid sin í an chéad chéim a thógaimid

Urnaí Fhoirmeálta

- Gníomh Grá
- *An Phaidir*

Na Sacraimintí

- Iarrann an Baisteadh orainn a bheith páirteach i mbunú Ríocht Dé
- Ag an gCóineartú faighimid an Spiorad Naomh, a thugann an neart agus an misneach dúinn saol naofa a chaitheamh, an soiscéal a fhógairt agus seirbhís a thabhairt do dhaoine eile mar a rinne Íosa

MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

Dínit an Duine

- Bíonn meas ag Críostaithe ar chearta bunúsacha gach duine

Saoirse agus Freagracht an Duine

- Glaonn Dia orainn agus tá an saoirse againn é a fhreagairt (gairm bheatha)

Láithreachtaí Ghrástúil agus Cúnamh Dé

- Is féidir le luachanna agus teagaisc Íosa cabhrú linn roghanna maithe a dhéanamh
- Déanann Críostaithe rudaí maithe de bhrí gurb é sin an rud ceart le déanamh agus de bharr an ghrá atá acu do Íosa
- Is cur síos atá sa Seanmóir a rinne Íosa ar an Sliabh ar na gníomhartha agus na dearcthaí atá riachtanach chun Ríocht Dé a chur i bhfeidhm
- Múineann na Bíaide dúinn Dia a ghráú thar gach ní

Teagasc Sóisialta na hEaglaise

- Cuireann Íosa dínit na mban chun cinn
- Tá dínit chothrom ag fir agus mná
- Tá Íosa go mór in aghaidh na héagóra agus múineann sé dúinn conas maireachtáil de réir an chirt
- Iarrtar ar Chríostaithe gníomhú ar son na síochána agus an cheartais sa domhan
- Staidéar a dhéanamh ar eagraíochtaí a oibríonn ar son na síochána agus an cheartais ar fud an domhain (m.sh. Trócaire, Cumann na Croise Deirge, An Coimisiún Caitliceach ar son an Cheartais, na Síochána agus na hÉiceolaíochta, Lá Idirnáisiúnta na mBan srl)
- Is próiseas leanúnach é an cruthú agus táimid in ann comhoibriú le plan Dé don chruthú
- Nochtann scéal an chruthaithe go bhfuil Dia ag iarraidh ar an gcine daonna bac a chur leis na cúinsí a mhileann nó a dhéanann damáiste don domhan nádúrtha
- Tá torthaí an chruthaithe dlite don chine daonna ar fad agus ba chóir go mbeidís roinnte go cothrom
- Caithfear ár bhfreagracht do fholláine agus dea-bhail gach speiceas eile a thógáil san áireamh mar chuid de cheann scríbe uilíoch na nithe saolta
- Tá luach faoi leith ag gach créatúr ina cheart féin agus níl siad ar an domhan ar mhaithe le húsáid an duine amháin
- Cuntaisí Eolaíochta ar bhunús na cruinne atá ag teacht le cuntaisí neamh-eolaíochta sna Scrioptúir
- Tá an Eolaíocht agus an Scrioptúr Naofa ag teacht le chéile chun cabhrú linn tuiscint a fháil ar iontas chruthú Dé

ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

CUSPÓIR FOGHLAMA 3

An Mhoráltacht

A. Féinmheas.

- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar dhearcthaí dearfacha maidir lena dtallanna, a saintréithe agus a luachanna féin.
- Tosú ar a laigí féin a aithint agus glacadh leo.

B. Meas ar a chéile.

- Na grúpaí éagsúla lena mbaineann siad a aithint.
- Fiosrú faoin dóigh le fáiltiú roimh dhaoine ó thíortha eile agus iad a chuimsiú.

C. Meas ar Dhia.

- Luachanna Ríocht Dé mar a léirigh Íosa iad sna Bíaide a léamh agus machnamh a dhéanamh orthu, agus plé a dhéanamh ar an bhaint atá acu le saol an lae inniu.

D. Meas ar an timpeallacht.

- Plé a dhéanamh ar an mheas ba chóir a thabhairt don chruthú, a thug Dia dúinn mar thíolacadh.
- Bheith freagrach as aire a thabhairt don timpeallacht áitiúil agus as í a chaomhnú.

Ceacht 1: Múineann Íosa dúinn an rud ceart a dhéanamh



SULA DTOSAÍONN TÚ

I saol an lae inniu, caitear le go leor daoine go héagórach agus gan dínit a thabhairt dóibh. Tá idirdhealú éagórach in aghaidh an dlí, agus is peaca freisin é. Léiríonn teagasc sóisialta na hEaglaise comhbhá, tairngreacht agus grá Dé. Ní dhearna Íosa idirdhealú in aghaidh duine ar bith.

Chuir sé fáilte, agus thug sé grá agus seirbhís do gach duine agus tugann sé cuireadh dá lucht leanúna an rud céanna a dhéanamh inniu. Is féidir linn cabhrú leis an domhan a athrú trí mhaireachtáil le luachanna agus dearcadh ríocht Dé, a léirítear dúinn sna Bíáide.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Imirceach:** Duine a ghluaiseann ó áit go háit chun saol níos fearr a lorg.
- **Dídeanaí:** Bíonn brú ar an dídeanaí a thír a fhágáil chun éalú ó chogadh, ó ghéarleanúint nó ó thubaiste nádúrtha.
- **Idirdhealú éagórach:** Caitheamh go héagórach le daoine mar gheall ar rudaí cosúil lena reiligiún, aois, cine, míchumas, inscne agus mar sin de. Deirimid go ndéantar leatrom ar dhaoine nuair a chaitear go héagórach leo ar chúiseanna den sórt sin.
- **Sochaí:** An pobal mór ina mairimid. Tá an pobal sin níos mó ná an pobal áitiúil agus níos mó ná an chomharsanacht ina bhfuil cónaí orainn.
- **Teagasc sóisialta na hEaglaise Caitlicí:** Na rudaí a mhúineann an Eaglais Chaitliceach dúinn chun cabhrú linn caitheamh go cóir agus go cothrom le daoine eile.
- **Ceartas sóisialta:** Nuair a bhíonn sochaí cóir agus cothrom ag plé le daoine, deirimid go bhfuil ceartas sóisialta sa tsochaí sin.
- **Éagóir shóisialta:** Nuair a chaitheann sochaí go héagórach le daoine, deirimid go bhfuil éagóir shóisialta sa tsochaí sin.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Páipéar agus peann luaidhe do gach páiste, agus ciseán nó bosca chun na páipéir a bhailiú.
- Cóipeanna den script drámaíochta 'An Bhean ag an Tobar' (thíos) do na páistí a mbeidh na ról seo a leanas acu: Íosa, an bhean agus an scéalaí i ngach grúpa, chomh maith le cúpla cóip le roinnt i measc na bpáistí eile.
- Cóip den teimpléad 'Meabhrúchán ar an gCeartas Sóisialta' (thíos) do gach páiste
- Próca mór/vása bláthanna

Féachaimis ...

MACHNAMH

ROIMH AN GCLEACHTADH DIALAINNE

Nóta: Cuir na páistí i mbun na gníomhaíochta machnamhach seo díreach sula dtéann siad i mbun an gCleachtadh Dialainne a leanann. Cuir i gcuimhne dóibh na ceisteanna a chuirfidh tú orthu a fhreagairt lena nguth inmheánach seachas os ard. Tabhair faoi deara go bhféadfadh an ghníomhaíocht mhachnamhach seo a bheith deacair do roinnt páistí.

Tugaim cuireadh daoibh na súile a dhúnadh, do lámha a chur ar do ucht, agus glac anáil dhomhain chiúin isteach ...

Anois, ba mhaith liom go dtabharfá chun chuimhneamh am nuair a bhí tú leat féin nó

nuair a bhí ocras ort nó nuair nach raibh bia nó foscadh agat ... Samhlaigh tú féin ag féachaint mórthimpeall ort ag an am sin ... Cad a fheiceann tú? ... Cad a chloiseann tú? ... Cé atá leat? ... Conas a bhraitheann tú? ... An féidir leat do chuid mothúcháin a ainmniú? ... (Sos)

An bhfuil duine éigin ann a chabhróidh leat? ... An gcabhraíonn siad leat? ... An féidir leo cabhrú leat? (Sos) Glac anáil dhomhain isteach. Tá gach rud ceart go leor anois. Tá tú slán sábháilte anois. I gceann nóiméid, táim chun a iarraidh ort do shúile a oscailt. (Sos) Anois, tugaim cuireadh daoibh na súile a oscailt agus bain searradh as na géaga.

CLEACHTADH DIALAINNE

CONAS A MHOETHÁIM ANOIS

Tabhair cuireadh do na páistí a chlárú conas mar a mhothaíonn siad anois sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach.

AG COMHRÁ

FAOI DHAOINE A MBÍONN CABHAIR UATHU

Déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo a n-úsáid agat:

- Cén chaoi a bheadh sé a bheith i d'aonar nó bheith ocrach nó gan bia nó foscadh a bheith agat?
- An gceapann tú go bhfuil go leor daoine inár dtír féin agus ar fud an domhain atá

ag maireachtáil mar seo anois? Tá go leor cúiseanna ann le go dtarlaíonn a leithéid; an bhfuil aithne agat ar aon cheann acu? (*m.sh. daoine a chaill a dtithe mar gheall ar easpa airgid; daoine nach bhfuil cairde acu agus a bhraitheann nach dtugann éinne aire dóibh*)

AG FOGHLAIM TRÍ SHAMPLA

Léigh an cuntas faoin ghéarchéim imirceach agus freagairt chabhlach na hÉireann di. Tá an cuntas **ar leathanach 58 de leabhar na bpáistí**.

An Ghéarchéim Imirceach agus Freagairt Chabhlach na hÉireann

Sa bhliain 2015, tháinig a lán daoine trasna na Meánmhara go dtí an Eoraip. Tháinig siad ón Afraic, ón Áise nó ón Mheánoirthear. Tá daoine fós ag teacht. Cuireann siad a mbeatha i mbaol, ag iarraidh teacht go dtí an Eoraip, chun sábháilteacht agus síocháin a fháil agus chun saol nua a thosú. Teitheadh

cuid acu ón mbochtaineacht atá ina dtíortha féin. Tugaimid imircigh ar na daoine seo. Teitheadh daoine eile ó chogadh, ó ghéarleanúint nó ó thubaiste nádúrtha. Tugaimid dídeanaithe ar na daoine seo. Go minic, díolann siad gach rud atá acu agus íocann siad smuglaeirí chun iad a thabhairt isteach

...



san Eoraip. Go minic, ní bhíonn suim ag na smuglaeirí ach in airgead agus – is cuma leo faoi shábháilteacht na ndaoine. Iompraíonn siad na daoine éadóchasacha seo trasna na farraige i seanbháid. Ní bhíonn caoi mhaith ar na seanbháid agus bíonn siad plódaithe le daoine.

Téann go leor de na báid seo go tóin poill gach bliain, agus báitear fir, mná agus

leanaí.

D'iarr Rialtas na hÉireann ar Chabhlach na hÉireann dul go dtí an Mheánmhuir chun na daoine a tharrtháil. Ar bord na mbád Éireannach, faigheann na himircigh bia, uisce agus aon chóireáil leighis a theastaíonn uathu. Idir Bealtaine 2015 agus Meitheamh 2016, d'éirigh le Cabhlach na hÉireann 15,621 duine a shábháil ón Meánmhuir.

B'fhéidir gur mhaith leat cuid de na pictiúir (ar líne) d'imircigh atá á dtarrtháil ón Mheánmhuir a thaispeáint. Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid freagraí a roinnt ar an gcuntas thuas agus ar na pictiúir.

PAIDIR

Nóta: *Beidh píosa páipéar folamh agus peann luaidhe ag teastáil uait do gach páiste, agus bosca/ciseán chun na páipéir a bhailiú (mar úsáidfear arís iad le linn na hurnaí ag deireadh an cheachta).*

Ullmhúchán:

Roinn amach na píosaí páipéir agus na pinn luaidhe idir na páistí. Tabhair cuireadh dóibh rud amháin a scríobh, ar thaobh amháin den pháipéar, faoi aon rud a chuireann imní orthu, agus a n-ainmneacha a scríobh ar an taobh eile. De réir mar a bhíonn na páistí ag scríobh, bíodh an sliocht seo ó Íseáia 41:10 le feiceáil ar an gclár bán:

*Ná bíodh eagla ort, tá mise i d'fhochair;
ná bíodh faitíos ort, mar is mé do Dhia.
Cuirimse neart ionat agus cuidim leat,
coinnim suas le mo dheasláimh bhuach thú.*

Comhartha na Croise

Múinteoir: Inniu, cuimhnimid ar na daoine a chaitear go mí-ómósach leo toisc go bhfuil siad gan dídean, eaglach, uaigneach nó ocrach. Guímis ar ár son féin freisin, gur féidir linn maireachtáil gan an iomarca stró. Guímis le chéile na focail ó Íseáia, fáidh.

Gach duine: Ná bíodh eagla ort, tá mise i d'fhochair;
ná bíodh faitíos ort, mar is mé do Dhia.
Cuirimse neart ionat agus cuidim leat,
coinnim suas le mo dheasláimh bhuach thú.

Múinteoir: Féach ar do phíosa páipéir agus léigh go ciúin an méid atá scríofa agat. Nuair atá tú réidh, fill an píosa páipéir ionas go mbeidh an taobh le d'ainm air, ar an taobh amuigh, agus ansin

chuir sa chiseán/bhosca é. Is féidir leat a iarraidh ar Dhia, le do ghuth inmheánach, a chur in iúl duit go bhfuil sé i gcónaí in éineacht leat. Ná bíodh faitíos ort. Tá grá ag Dia duit díreach mar atá tú. Tá aithne ag Dia ort go smior.

Osclaíonn an múinteoir an spás fíorúil ar láithreán gréasáin I nGrá Dé.

Agus sinn ag smaoineamh orthu siúd ar fad ar domhan, a dteastaíonn cabhair uathu, lasaimis coinneal fíorúil i spás urnaí fíorúil *I nGrá Dé* do na daoine a thugann cabhair dóibh siúd a bhfuil a leithéid de dhíth orthu.

Lasann an múinteoir an choinneal fhíorúil. Bíodh machnamh ciúin ann ar feadh cúpla nóiméad.

Múinteoir: Guímis.

An Phaidir (Ár nAthair, atá ar neamh ...)

Múinteoir: A Dhia ár nAthair, guímid ar son siúd atá gan dídean, eaglach, uaigneach agus ocrach. Go gcabhróidh ár gcuid paidreacha, agus na gníomhartha a leanann iad, le gach duine maireachtáil le dínit agus go mbraithfidh siad go bhfuil meas againn orthu toisc gur baill den teaghlach daonna iad, dála sinn féin. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Comhartha na Croise
Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

FAOI DHAOINE I LÁITHREÁIN ÉAGÓIREACHA

Tabhair chun cuimhne an méid a d'fhoghlaim na páistí cheana féin faoin ghéarchéim imirceach agus freagra Chabhlach na hÉireann uirthi. Ansin déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat:

- An cuimhin leat aon cheann de na cúiseanna go raibh gá ann imircigh agus dídeanaithe a tharrtháil?
- Ar tháinig tú riamh ar dhuine i measc do chairde nó anseo ar scoil a raibh cúnamh nó tarrtháil ag teastáil uathu? Cén fáth? (*m.sh. uaigneas, eagla, bulaíocht*)
- An bhfuil gá ann go ndéanfaí tarrtháil ar dhaoine áirithe in Éirinn, sa lá atá inniu ann?

Mínigh do na páistí go mbíonn daoine i gcruachás uaireanta mar gheall ar chúiseanna éagóracha nach mbíonn aon smacht acu orthu. Mar shampla, dúnann an mhonarcha ina n-oibríonn daoine agus cailleann siad a bpost. I dtíortha áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh ocras ar dhaoine mar gheall ar easpa báistí a chuireann cosc ar bharraí

fás. Bíonn na milliúin daoine gan dídean gach bliain de bharr cogaí. Mar thoradh ar na nithe seo, is minic a bhíonn daoine ina n-imircigh nó ina ndídeanaithe ag lorg dídean i dtíortha iasachta. Ansin lean ar aghaidh leis an gcomhrá le ceisteanna cosúil le:

- An bhféadfá cúiseanna ar bith eile a lua le go mbíonn daoine i gcruachás?
- An raibh amanna ann nuair a bhí tú cóir agus cothrom le daoine eile? Inis dúinn faoi.
- Inis dúinn faoi uair nuair a bhí duine cóir agus cothrom leat. Conas a mhothaigh tú?
- Ar chuala tú nó ar chonaic tú ar an Nuacht daoine a raibh cabhair uathu? Inis dúinn faoi.
- An bhfaca tú duine ar bith ar an Nuacht a thugann cúnamh agus tacaíocht in áiteanna eile ar domhan? Inis don rang faoi sin.

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Is iomaí duine a mbíonn tarrtháil uathu' ar lch 59 dá leabhar a léamh.

GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

RIACHTANAIS I GCOMPARÁID LEIS AN MÉID IS MIAN LIOM

Níl mar aidhm ag an ngníomhaíocht seo ach díospóireacht a spreagadh faoi riachtanais i gcomparáid le mianta.

CLEACHTADH DIALAINNE

SAMHLAIGH!

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 59 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh a shamhlú go gcaithfidh siad a dteach a fhágáil go tapa le dul go dtí áit nach bhfuil aithne acu uirthi, agus níl ach cúig nóiméad tugtha dóibh chun pacáil. Iarrtar orthu

pictiúr a tharraingt sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach a thaispeánann conas atá siad ag mothú.

Spreag na páistí chun labhairt faoina gcuid pictiúr.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

ÍOSA AGUS AN BHEAN AG AN TOBAR

Sula léann tú an sliocht faoin Bhean ag an Tobar, tabhair an cúlra stairiúil seo do na páistí:

In aimsir Íosa bhí Iosrael roinnte i gcúigí: Iúdáia, an tSamáir agus an Ghailíl. Tír dhúchais na nGiúdach ba ea Iúdáia, agus ba í an tSamáir tír dhúchais

na Samáirach. Níor thaitin na Samáraigh le roinnt Giúdaigh agus chaith siad go héagórach leo. Ní raibh meas acu orthu agus níor theastaigh uathu a bheith le feiceáil ina gcuideachta. Ní úsáidfeadh Giúdaigh na babhlaí nó na cupáin chéanna is a d'úsáid na Samáraigh.

Caitheadh go héagórach le mná ag an am sin freisin. Níor tugadh aon chúraimí nó freagrachtaí tábhachtacha dóibh agus ní bheidís ina gceannairí sa tsochaí. Nuair a chaitear le daoine go difriúil

ó dhaoine eile, ar bhealach éagórach de bharr a náisiúntacht nó a inscne, tugaimid idirdhealú éagórach air seo.

Íosa agus an Bhean ag an Tobar (Eoin 4:5-19, 25-30)

Tháinig bean ón tSamáir ag tarraingt uisce. Dúirt Íosa léi: "Tabhair dom deoch." Bhí a dheisceabail imithe isteach don chathair ag ceannach bia.

Dúirt an Samárach mná leis ansin: "Conas go n-iarrann tusa, agus gur Giúdach thú, deoch ormsa agus gur Samárach mná mé?" Ní bhíonn aon chaidreamh ag Giúdaigh ar Shamáraigh.

D'fhreagair Íosa: "Dá mba eol duit tabhartas Dé," ar sé léi, "agus cé hé a deir leat: 'Tabhair dom deoch,' is tusa a bheadh ag iarraidh airsean, agus thabharfadh sé duit uisce beo."

"Níl aon bhuicéad agat, a dhuine uasail," arsa an bhean leis, "agus tá an tobar domhain. Cad as mar sin a gheobhfá an t-uisce beo seo? An amhlaidh gur mó thú ná ár n-athair Iacób a thug dúinn an tobar agus gur ól sé féin as agus a chlann agus a thréada?"

D'fhreagair Íosa: "Gach duine a ólann an t-uisce seo," ar sé léi, "beidh tart arís air. Ach má ólann aon duine an t-uisce a thabharfaidh mise dó, ní bheidh tart air go brách na breithe. Ach an t-uisce a thabharfaidh mise dó, déanfaidh tobar uisce de istigh ann, ag brúchtaíl chun na beatha síoraí."

Dúirt an bhean leis: "A dhuine uasail, tabhair dom an t-uisce sin i dtreo nach mbeidh tart orm choíche, agus nach gcaithfidh mé teacht anseo ag tarraingt uisce."

Dúirt sé léi: "Imigh agus glaoigh ar d'fhear agus fill anseo."

D'fhreagair an bhean: "Níl fear agam," ar sí leis.



Dúirt Íosa léi: "Is maith a dúirt tú: 'Níl fear agam'; óir bhí cúigear fear agat agus an té atá anois agat ní hé d'fhear é. D'inis tú an fhírinne sa mhéid sin."

Dúirt an bhean leis: "A dhuine uasail, feicim gur fáidh thú... 'Tá a fhios agam go bhfuil an Meisias ag teacht' - is é sin le rá an Críost - 'agus nuair a thiocfaidh seisean inseoidh sé gach aon ní dúinn.'"

Dúirt Íosa léi: "Mise é atá ag caint leat."

Lena linn sin tháinig a dheisceabail agus rinne siad ionadh de go raibh sé ag caint le bean. Ní dúirt aon duine acu, áfach: "Cad tá uait?" ná "Cén fáth tú a bheith ag caint léi?"

Lig an bhean a crúsca uaithe ansin agus d'imigh léi isteach don chathair agus dúirt leis na daoine: "Tagaigí go bhfeicfidh sibh fear a d'inis dom gach ní dá ndearna mé. An féidir gurb é an Críost é?" Ghluais daoine amach as an gcathair agus bhí siad ag dul ina threo.

Tar éis duit an sliocht a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna simplí, cosúil leo seo a leanas, a chur orthu:

- Cad a bhí á dhéanamh ag an mbean ag an tobar?
- Cad a d'iarr Íosa ar an mbean?
- Cén fáth ar chuir iarratas Íosa iontas ar an mbean?
- Cén cineál uisce a dúirt Íosa a d'fhéadfadh sé a thabhairt don bhean, in ionad uisce as an tobar?
- Cad a dúirt Íosa a tharlódh dóibh siúd a ólfadh an t-uisce a thabharfadh sé dóibh?
- Cad a dúirt Íosa nuair a dúirt an bhean leis, 'Tá a fhios agam go bhfuil an Meisias ag teacht, agus nuair a thiocfaidh seisean, inseoidh sé gach aon ní dúinn'?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur

cosúil le:

- Cad a cheapann tú a bhí i gceist ag Íosa nuair a labhair sé faoi 'uisce beo'? An gcheapann tú go raibh sé ag caint faoi uisce spioradálta chun cabhrú linn lenár gcreideamh? Cén fáth nó cén fáth nach gcheapann tú?
- Cad é an difríocht idir 'uisce beo' agus an t-uisce a thagann as sconná nó tobar?
- An gcheapann tú go raibh sé ceart d'Íosa labhairt leis an bhean, toisc gur fear Giúdach é agus bean Samárach í? Cén fáth nó cén fáth nach raibh sé ceart?
- Bhí easpa cairdis agus neamhionannas idir Giúdaigh agus Samáraigh agus idir fir agus mná mar chuid den saol laethúil in aimsir Íosa. An bhfuil aithne agat ar dhaoine faoi láthair a gcaitear go dona leo faoi mar a tharla do na

Samáraigh?

- Cén cosúlacht atá ann, dar leat, idir scéal na Mná ag an Tobar agus staid na n-imirceach agus daoine eile i gcásanna éagóracha in Éirinn, agus ar fud an domhain inniu?
- Thaispeáin Íosa do dhaoine an cineál domhain atá Dia ag iarraidh a thógáil. Cad a insíonn an scéal seo dúinn faoin gcineál domhain atá i gceist ag Dia?

Tá sliocht den scéal faoi Íosa agus an bhean ag an tobar ar leathanach 59 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí chun an sliocht seo a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 60.

DRAMA

ÍOSA AGUS AN BHEAN AG AN TOBAR

Nóta: Beidh cóipeanna den script (thíos) ag teastáil ó na páistí a bhfuil na páirteanna seo a leanas acu: *Íosa, an bhean, agus an scéalaí i ngach grúpa, chomh maith le cúpla cóip a roinnt i measc na bpáistí eile. Leagan giorraithe den sliocht Scrioptúrtha atá ann as an Soiscéal de réir Eoin (Eoin 4:1-42).*

- Taispeáin an léarscáil (ar líne) den Phalaistín in aimsir Íosa ar an gclár bán.
- Tabhair cuireadh do na páistí grúpaí a bhunú.

Tabhair cuireadh do pháiste amháin ó gach grúpa páirt Íosa a ghlacadh, páiste eile páirt na mná, agus páiste eile an scéalaí. Glacfaidh na páistí atá fágtha ról muintir an bhaile.

- Tabhair cuireadh do na páistí an scéal a chur i ngníomh ag baint úsáid as an script a cuireadh ar fáil.
- Tabhair cuireadh do ghrúpa nó dhó a gcuid drámaíochta a léiriú don rang.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir na súile a dhúnadh ... Bíodh d'intinn ciúin agat agus tabhair aire do rithim do anála agus do bhualadh do chroí ... Smaoinigh ar an mbean ag an tobar ... Samárach ab ea í, agus ní raibh an-mheas ag go leor daoine ar Samáraigh ag an am sin ... Chaith Íosa leis an bhean seo le meas, le cothroime agus le comhbhá ... I súile

Dé, táimid uile cothrom ... An gcaitheann tú go cothrom i gcónaí le gach duine a mbuaileann tú leo? ... An féidir leat an lámh grámhar a shíneadh chucu siúd a bhfuil cairdeas de dhíth orthu, chucu siúd a mbíonn cabhair uathu? ... I gciúnas do chroí, iarr ar Dhia cabhrú leat teagmháil a dhéanamh le daoine eile i do chomharsanacht le cineáltas agus le flaithiúlacht ... Anois, gabh buíochas le Dia as an lá nua seo agus as na deiseanna go léir atá againn maireachtáil mar a iarrann Íosa orainn ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

AG COMHRÁ

FAOI CHEARTAS SÓISIALTA

- Abair leis na páistí gur chaith Íosa na blianta deireanacha dá shaol ag múineadh na ndaoine a bhí ina gcónaí sa Ghailíl agus sa tSamáir. D'inis Íosa faoi Dhia an tAthair do na daoine agus faoin gcineál domhain atá Dia ag iarraidh orainn a thógáil. Thug Íosa Ríocht Dé ar an domhan nua seo. Dúirt Íosa leis na daoine go bhféadfaidís Ríocht Dé a thógáil trí ghrá a thabhairt do Dhia agus dá chéile ar an mbealach céanna agus a bhí grá acu dóibh féin. Ba theachtaireacht í seo nár chuala na daoine riamh cheana.
- Cuir ceisteanna ar na páistí cosúil le: An cuimhin libh aon scéalta ón mBíobla inar léirigh Íosa do dhaoine conas maireachtáil go cóir - i bhfocail

eile, conas ceartas sóisialta a chleachtadh?

- Cuir i gcuimhne na bpáistí go nglaoonn an Eaglais inniu ar dhaoine meas a bheith acu ar dhínit an duine, agus caitheamh go cothrom agus go trócaireach le gach duine. Nuair a chaitheann an sochaí go cothrom le daoine, deirimid go mbíonn ceartas sóisialta sa tsochaí sin.
- Tugann an Eaglais cuireadh dúinn dúshlán a thabhairt don éagóir a fheicimid timpeall orainn, éagóir cosúil le bochtanas, easpa dídine, nithe a dhéanann damáiste nó a scriosann an comhshaol, agus córais a chuireann míbhuntáistí ar dhaoine.
- Freagraíonn Críostaithe don cuireadh obair ar son an cheartais shóisialta nuair a chaitheann



siad go cóir le daoine eile i ngátar, agus nuair a thugann siad tacaíocht dóibh siúd a gcaitear go dona leo. Is féidir le Críostaithe páirt a ghlacadh in eagraíochtaí a thugann tacaíocht dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste. I bhfocail eile, eagraíochtaí a oibríonn ar son an cheartais shóisialta.

- Tugtar ‘Teagasc Sóisialta na hEaglaise Caitlicí’

ar theagasc na hEaglaise a bhaineann leis na nithe seo.

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal ‘Iarrtar ar Chríostaithe oibriú ar son Ceartas Sóisialta’ ar leathanach 60 dá leabhar a léamh. Tugann sé achoimre ar an ábhar thuas.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: B’fhéidir gur mhaith leat an nasc seo a sheiceáil faoi iarrachtaí Trócaire, Christian Aid agus Friends of the Earth chun dul i ngleic leis an athrú aeráide: <https://www.trocaire.org/news/trocaire-and-ngo-partners-organise-north-and-south-climate-action-lobby-events>

CLEACHTADH DIALAINNE

AG OBAIR AR SON AN CHEARTAIS

- Tabhair cuireadh do na páistí mír ghearr a scríobh sa Dialann don Oideachas Reiligiúnach ar conas is féidir le gach Críostaí oibriú le chéile chun ceartas agus cosaint an phláinéid a chur chun cinn.
- Spreag na páistí chun a gcuid smaointe a roinnt leis an rang.

GNÍOMHAÍOCHT FILÍOCHTA

Nóta: Tá an ghníomhaíocht seo ar leathanach 61 de leabhar na bpáistí freisin.

Tabhair cuireadh do na páistí an dán seo a chríochnú lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus comhrá a dhéanamh faoina naislingí don todhchaí.

An Saol ...

Deis atá sa saol, bain tairbhe as.

Tá an saol go hálainn, bain taitneamh as.

Aisling atá sa saol, fíoraigh í.

Dúshlán atá sa saol, _____.

Gealltanais atá sa saol, _____.

Amhrán atá sa saol, _____.

Is luachmhar é an saol, _____.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

An tseachtain seo d'fhéachamar ar ghnéithe áirithe de Theagasc sóisialta na hEaglaise: go bhfuil an ceart ag daoine go gcaithfí leo le dínit agus le meas, go bhfuil sé de dhualgas orainn go léir na cearta seo a chosaint dúinn féin agus do dhaoine eile. D'fhoghlaim na páistí faoin bhean ag an Tobar ón Soiscéal de réir Eoin agus d'fhoghlaim siad faoi

na freagrachtaí sóisialta atá ag lucht leanúna Íosa sa lá atá inniu ann. Rinne siad machnamh ar an nglao atá ag gach Críostaí obair ar son an chirt do dhaoine inár dtír féin agus timpeall an domhain agus ar an gcaoi ina dtagann Críostaithe ó thraidisiúin dhifriúla le chéile chun é seo a dhéanamh.

MEABHRÚCHÁN AR AN GCEARTAS SÓISIALTA

Nóta: *Beidh cóip den teimpléad 'Meabhrúchán ar an gCeartas Sóisialta' (thíos) ag teastáil uait don ghníomhaíocht seo.*

- Tabhair cóip den teimpléad do gach páiste.
- Tabhair cuireadh dóibh scríobh sa bhandá timpeall an chiorcail na focail: 'Tugtar cuireadh dom maireachtáil go cóir'.
- Ansin iarr ar na páistí cuimhneamh ar an méid

a d'fhoghlaim siad faoi imircigh agus faoin obair a rinne Trócaire agus Christian Aid, agus an scéal faoi Íosa agus an bhean ag an tobar. Tabhair cuireadh dóibh smaoineamh ar fhocail a chuireann síos ar domhan atá cóir agus ceann de na focail a scríobh i ngach cuid den chiorcal (*m.sh. ómós, cothroime, comhbhá, síocháin, dínit, flaithiúlacht*).

PAIDIR

Nóta: *Roghnaigh ceathrar léitheoir. Cuir próca mór/ vása sa spás urnaí. Beidh an bosca/ciseán ina bhfuil na píosaí páipéir, a scríobh na páistí orthu, ag teastáil le linn an tréimhse urnaí. B'fhéidir gur mhaith leat ceol machnamhach a sheinm sa chúla le linn an tréimhse urnaí seo.*

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnimid ar an méid a dúirt Íseáia, fáidh, faoi láithreach Dé linn: 'Ná bíodh eagla ort, tá mise i d'fhochair; ná bíodh faitíos ort, mar is mé do Dhia. Cuirimse neart ionat agus cuidím leat, coinním suas le mo dheasláimh bhuach thú.' (Íseáia 41:10)

Agus muid ag breathnú ar ár spás urnaí, feicimid an vása/próca, rud a chuireann in iúl dúinn conas a chaith Íosa leis an mbean ag an tobar, le meas agus le dínit. Guímid ar son siúd a bhfuil eagla orthu agus atá ag fulaingt go héagórach in Éirinn agus ar fud an domhain. Guímis.

Gach duine: A Dhia ghrámhair, cruthaitheoir na n-uile, guímid ar son siúd go léir atá ag fulaingt: iad siúd atá ag fulaingt go ciúin agus iad siúd a

bhfuil a bpian le feiceáil go soiléir. Cabhraigh linn a bheith lách, atruach agus grámhar do bhaill uile ár dteaghlach daonna. Cabhraigh linn cuimhneamh go bhfuil luach agus fiúntas ag gach duine, beag beann cé hiad, cá bhfuil cónaí orthu nó cén chreideamh a chleachtaíonn siad. Cabhraigh linn domhan le ceartais shóisialta a thógáil trí chaitheamh le gach duine le dínit. Cabhraigh linn cothroime agus grá a léiriú do gach duine agus sa tslí sin Íosa a leanúint go fíor.

Léitheoir 1: Gabhaimis buíochas le Dia as na daoine go léir a chaith linn le dínit agus le meas. Iarraimid ar Dhia iad a bheannú de bharr a gcineáltais. (Sos) A Thiarna, éist linn.
Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 2: Iarraimid ar Dhia cuidiú linn a bheith níos atruach agus níos tuisceanach le daoine eile. (Sos) A Thiarna, éist linn.
Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 3: Guímis ar son siúd a chaitear go héagórach leo sa lá atá inniu ann. (Sos) A Thiarna, éist linn.
Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 4: Cabhraigh linn a bheith cosúil le hÍosa

gach lá. (Sos) A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Cuir an bosca/ciseán, leis na píosaí páipéir, thart timpeall ó lámh go lámh. Iarr ar na páistí an píosa a bhaineann leo féin a thógáil ar ais.

Múinteoir: Uaireanta bíonn eagla orainn an rud ceart a dhéanamh. Iarraimid ar Dhia anois an misneach a thabhairt dúinn chun ár n-eagla a shárú ionas go ndéanfaimid an rud ceart i gcónaí. Labhair le Dia go ciúin i do chroí féin, ag ainmniú na rudaí a chuireann eagla ort. (Sos)

Iarr ar na páistí a gcuid píosaí páipéir a thógáil agus iad a scríosadh. Téigh thart arís leis an mbosca/ciseán

agus tabhair cuireadh do na páistí na blúirí páipéir a chur ann. Is féidir ábhar an bhosca/an chiseáin a chur isteach sa bhosca athchúrsála i ndiaidh an tréimhse urnaí.

Múinteoir: Guímis *Gníomh Grá* le chéile anois.

Gach duine: A Dhia liom,
Gráim thú ó mo chroí go hiomlán,
Ó m'anam go hiomlán, agus le mo neart iomlán.
A Thiarna, méadaigh ár ngrá.
Cabhraigh linn chun grá a thabhairt dá chéile.
Áiméan.

Comhartha na Croise



Ceacht 2: Múineann Íosa na Biáide dúinn

SULA DTOSAÍONN TÚ

Croílár múineadh Íosa atá sna Biáide. Cuireann siad in iúl na dearcthaí agus na gníomhartha ar cóir a bheith ag lucht leanúna Íosa. Glaoitear ar lucht leanúna Íosa na Biáide a leanúint - aithne a bheith acu ar Dhia, grá a thabhairt dó agus ar deireadh a bheith sona leis ar neamh. Sna Biáide, molann Íosa bealach le maireachtáil a bhí i gcoinne bhealach an domhain ag an am. In *Gaudete Et Exsultate*, deir an Pápa Proinsias go bhfuil na Biáide 'contrártha go soiléir leis an bealach a dhéantar rudaí de ghnáth inár

ndomhan' (uimh. 65). Cuireann na Biáide na dearcaí seo a leanas chun cinn: gan a bheith i ngrá le saibhreas, umhlaocht, uaisleacht, glaine chroí, trócaire, síocháin, agus fulaingt ar son an chirt. Tugann Íosa cuireadh dá lucht leanúna a bheith sona, nó beannaithe, trí mhaireachtáil le grá agus meas orthu féin agus ar dhaoine eile. Tugann Aithne Nua an ghrá, in éineacht le na Biáide, treoirphlean do lucht leanúna Íosa maidir le conas Ríocht Dé a thógáil anseo ar domhan.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Dearcthaí:** Smaointe agus mothúcháin a bhíonn ag daoine faoi dhaoine eile agus faoi rudaí ar fud an domhain.
- **Biáide:** Na dearcthaí agus na luachanna maithe, a mhol Íosa dúinn, a chleachtadh inár saol.
- **Bocht ó spiorad:** Tuigeann daoine atá 'bocht ó spiorad', gur féidir leo bheith níos fearr mar dhaoine. Bíonn siad umhal (ceansa) freisin.
- **Ceansa:** Tuigeann daoine atá ceansa go bhfuair siad a gcuid buanna ó Dhia. Ní bhíonn siad ag maíomh ná ag déanamh gaisce.
- **Déan géarleanúint:** Má dhéanann tú géarleanúint ar dhuine, caitheann tú go holc leis. Déanann tú géarleanúint mar nach maith leat an duine ná na rudaí a chreideann sé.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Cóip den teimpléad a léiríonn an ciúb 'Dearcthaí' (thíos) - cóipeáilte ar chárta éadrom, maide glíú, siosúr agus roinnt ábhar dathúcháin do gach páiste
- Na leabharmharcanna a chóipeáil agus a ghearradh amach ón teimpléad (thíos) ionas go mbeidh ceann ar fáil do gach páiste; beidh ort ábhair dhathúcháin a sholáthar do gach páiste freisin
- Na ciúbanna 'Dearcthaí' críochnaithe

Féachaimis ...

SCÉAL

Léigh an scéal seo do na páistí, ag stopadh mar a léirítear, chun cuireadh a thabhairt dá bhfreagraí.

Droch-Lá do Sheosamh

Ní raibh ag éirí go maith le Seosamh inniu. Nuair a dhúisigh sé ar maidin chuimhnigh sé nach ndearna sé a chuid obair bhaile. Nuair a tháinig sé abhaile ón scoil an tráthnóna roimhe sin, ba chuma leis faoin obair bhaile – theastaigh uaidh bheith ag imirt peile lena chairde. ‘Déanfaidh mé níos déanaí é, a Mham,’ an freagra a thug sé gach uair a ghlaigh a mháthair air, agus ar ndóigh ... ní dhearna sé níos déanaí é! Níor theastaigh uaidh éirí as a leaba deas te; ach theastaigh uaidh fanacht ann agus dul ar ais a chodladh. (*Glac sos agus iarr ar na páistí: Cad a dhéanfa dá mbeifeá in áit Sheosaimh?*)

Chuala Seosamh a mháthair ag siúl timpeall an tí agus bhí a fhios aige nach fada go dtiocfadh sí in airde go dtí a sheomra. Bhí a fhios aige go raibh dhá rogha aige: a rá lena mháthair go ndearna sé a chuid obair bhaile, agus an dóchas a bheith aige nach n-iarrfadh an múinteoir air é, nó a rá lena mháthair nach ndearna sé a chuid obair bhaile ... agus a fheiceáil cad a tharlódh! (*Glac sos agus iarr ar na páistí: Cad a dhéanfa?*)

Agus Seosamh ag siúl ar scoil le nóta óna mháthair ina dhialann obair bhaile, bhraith sé brónach agus trína chéile. Dúirt a mháthair leis, toisc nach raibh a obair bhaile déanta aige, nach raibh cead aige dul amach i ndiaidh am scoile. Bhí sochrú déanta ag Seosamh, cheana féin, féachaint ar scannán lena chara an tráthnóna sin, agus anois bheadh air a rá lena chara nach bhféadfadh sé dul. Bhí brón air nuair a shiúl sé isteach i gclós na scoile. Díreach ansin, tháinig buachaill ag rith ón taobh eile den gclós, agus bhuail sé Seosamh trí thimpiste; thit an buachaill eile siar ar an talamh. ‘Bí ag faire!’ a ghlaigh Seosamh, agus an buachaill ag féachaint in airde air. ‘Cén fáth nach bhfeiceann tú cá bhfuil tú ag dul? Ba bheag nár leag tú mé!’ Bhí Seosamh ar buile anois agus bhuail sé cic ar chos an bhuachaill. Cuireadh an dubh-iontas ar an mbuachaill agus bhí sé trína chéile. Ní dhearna Seosamh tada ach imeacht leis. (*Glac sos agus iarr ar na páistí: Cad a déarfá faoi sin?*)

D’imigh an mhaidin thart go mall. Ní raibh múinteoir Sheosaimh sásta nach raibh a chuid obair bhaile déanta aige, agus ag am lóin bhraith Seosamh go raibh cuma



leadránach ar an lá! Níor chuala sé cad a bhí ar siúl sa rang toisc nár theastaigh uaidh éisteacht. Bhí brón air fós toisc nach bhféadfadh sé dul chuig teach a chara agus bhí a lámh tinn san áit inar bhuail an buachaill í. Bhí Seosamh míshásta. Ní raibh sé ag iarraidh a bheith sásta, agus ní raibh sé ag iarraidh go mbeadh aon duine eile sásta, ach an oiread. Mar sin, shochraigh Seosamh ar gach duine eile a chrá! Bhrúigh sé isteach sa líne ag am lóin. Rug sé ar liathróid a chara agus bhuail i bhfad siar í. Nuair a baineadh an clog ag deireadh am lóin, rith sé go dtí an líne agus bhrúigh sé na páistí móorthimpeall air. Ní raibh cairde Seosaimh sásta leis. Bhí a fhios acu go raibh rud éigin mícheart. (*Glac sos agus iarr ar na páistí: Sa chás sin, cad a dhéanfa? Cad a déarfá?*)

Ag a trí a chlog, bhí a chairde agus a mhúinteoir cráite ag Seosamh. Leis an fhírinne a rá, bhí gach duine cráite ag Seosamh. Bhí a fhios aige go raibh sé mícheart, ach ba chuma leis. (*Glac sos agus iarr ar na páistí: Cén tionchar a bhí ag gníomhartha Seosaimh ar dhaoine eile?*)

Níor léirigh Seosamh dá chairde go raibh grá aige dóibh – ach, taobh istigh, ina chroí, bhí. Níor léirigh sé go raibh meas aige dá mhúinteoir – ach thaitin sí leis. Níor léirigh sé caoinfhulaingt don bhuachaill a bhuail é trí thimpiste – cé nach ndearna sé é d’aonghnó. Chuir sé isteach ar an líne, cé go raibh a fhios aige go raibh sé mícheart é sin a dhéanamh. Níor léirigh sé comhoibriú lena chara nuair a thóg sé agus nuair a thug sé cic don liathróid, cé go raibh foighne aige de ghnáth. (*Glac sos agus iarr ar na páistí: Cad ba chóir do chairde Seosaimh a dhéanamh? Cad ba chóir do Sheosamh a dhéanamh?*)

Tar éis duit an scéal a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna simplí, cosúil leis na cinn seo a leanas, a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 62 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Conas a chaith Seosamh leis na daoine eile sa scéal? Cé na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar a iompar?
- Chuaigh na rudaí a rinne Seosamh i bhfeidhm ar dhaoine eile. Cé na daoine sin? Conas a chuaigh na rudaí sin i bhfeidhm ar na daoine seo?
- Ar iompar Seosamh é féin ar an mbealach sin i gcónaí, nó an raibh sé sin neamhghnách?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- An gceapann tú gur ghníomhaigh Seosamh chomh maith agus a bhí ar a chumas sa scéal? Cén fáth nó cén fáth nár ghníomhaigh sé?

- An gceapann tú go bhfeiceann daoine an duine is fearr atá ionat i gcónaí trí na rudaí a dhéanann tú? Cén fáth nó cén fáth nach bhfeiceann?
- Cén cineál duine ar mhaith leat go gceapfadh daoine atá ionat? Cad iad na focail ar mhaith leat a bheadh in úsáid ag daoine nuair a dhéanann siad cur síos ort?
- Cá bhfaighfeá samplaí dearfacha i ngníomhartha daoine sa phobal/ar domhan inniu?
- Conas is féidir le do dhearcthaí cabhrú le Ríocht Dé teacht i láthair - nó bac a chur leis?

Spreag na páistí chun dul i ngleic leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 62 dá leabhar.

CLEACHTADH DIALAINNE

AN DUINE IS FEARR ATÁ IONAM

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 62 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh imlíne dóibh féin a tharraingt, agus dathanna, siombailí agus/nó focail a chur leis laistigh den imlíne nó timpeall air le cur síos a dhéanamh ar cén chuma atá orthu nuair a bhíonn siad chomh maith agus is féidir leo a bheith.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid gur comhartha láithreach Dé linn atá inti, mar dúirt Íosa: 'Óir, mar a mbíonn beirt nó triúr tagtha i gceann a chéile i m'ainmse, bím féin ansin ina measc.' (Matha 18:20) (Sos)

Guímid inniu ar son na daoine go léir a oibríonn le heagraíochtaí agus le carthanachtaí a bhfuil sé mar aidhm acu cuidiú le daoine eile in Éirinn agus ar fud an domhain.

Cuimhnímid, ach go háirithe, ar bhaill de na fórsaí cosanta a théann ar mhisin tarrthála; orthu siúd a thacaíonn agus a chabhraíonn le daoine atá gan dídean, bocht, nó ag maireachtáil faoi mhíchumas; agus orthu iad siúd a dhéanann iarracht speisialta chun aire a thabhairt don domhan, ár mbaile coiteann.

Gabhaimid buíochas gur roghnaigh na daoine seo go léir maireachtáil de réir na luachanna a thug Íosa dúinn agus a ndearna sé a mhúnú dúinn. (Sos)

Guímis le chéile.

Gach duine: A Dhia ár nAthair, chruthaigh tú sinn i do dheilbh agus i do chosúlacht féin.

Tabhair misneach dúinn leanúint ar aghaidh chun do ríocht a thógáil anseo ar domhan.

Cabhraigh linn cearta agus dínit daoine eile a chosaint, go háirithe iad siúd atá bocht agus leochaileach;

meas a bheith againn ar an tsíocháin agus iarracht a dhéanamh deireadh a chur le hargóintí agus coimhlintí;

meas a bheith againn ar chaoimhleadh agus orthu siúd nach bhféachann ar an domhan mar a fheicimid é;

meas a bheith againn ar an mhacántacht agus ar an fhirinne, fiú nuair atá sé deacair é sin a dhéanamh,

meas a bheith againn ar chomhoibriú agus oibriú le daoine eile ar mhaithe le leas gach duine, meas a thabhairt don ghrá mar an luach is mó atá againn.

Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna. Áiméan.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

FAOI DHEARCTHAÍ

Mínigh do na páistí gurb iad ár ndearcaí ná na smaointe agus na mothúcháin a bhíonn againn faoi dhaoine eile agus faoi rudaí ar fud an domhain.

Téann ár ndearcaí i bhfeidhm ar an gcaoi a fheicimid daoine eile agus ar an gcaoi a fheiceann siad muid. Bíonn tionchar ag ár ndearcthaí ar ár ngníomhartha - na rudaí a dhéanaimid. Is féidir le dearcthaí a bheith dearfach nó diúltach. De ghnáth bíonn dea-ghníomhartha mar thoradh ar dhearcthaí maithe, agus bíonn drochghníomhartha mar thoradh ar dhearcthaí dona.

Seiceáil tuiscint na bpáistí faoi dhearcthaí, trí na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna a chur orthu:

- Dá mbeadh dearcadh 'comhbhách' agat, cén cineál rudaí a dhéanfá nó nach ndéanfá? Cén saghas rudaí a ndéarfá nó nach ndéarfá? Roinn roinnt samplaí leis an rang.
- Dá mbeadh dearcadh 'santach' agat, cén cineál rudaí a dhéanfá nó nach ndéanfá? Cén saghas

rudaí a ndéarfá nó nach ndéarfá? Roinn roinnt samplaí leis an rang.

Iarr ar na páistí roinnt dearcthaí eile a ainmniú (*m.sh. Ag glacadh le daoine eile, Cairdiúil, Freagrach, Féinmhuinéach, Spreagtha, Flaithiúil, Féinsmachtaithe, Ag taispeáint dea-thoil, Cúramach, Buíoch, Dícheallach, Macánta, Neamhspleách, Gealgháireach, Umhal, Cancrach, Cabhrach, Cróga, Cineálta, Díograiseach, Iontaofa, Dearfach, Caoinfhulangach, Dóchasach, Réalaíoch, Leisciúil, Uaibhreach, Diúltach, Cruálach, Míshásta, Drochbhéasach, Suarach, Féiniúil, Leithleach, Éadmhar, Gan-mhothú, Drochmhúinte, Éadmhar*).

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Bíonn tionchar ag ár ndearcthaí ar ár ngníomhartha' ar leathanach 62 dá leabhar a léamh agus na ceisteanna a ghabhann leis a fhreagairt.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

AN CIÚB LE 'DEARCTHAÍ' A DHÉANAMH

Nóta: Teastóidh cóip den teimpléad ciúb uait (thíos). Déan cóip de ar chárta éadrom, do gach páiste. Beidh siosúr, bata gliú agus ábhair dhathúcháin ag teastáil ó gach páiste freisin.

Tabhair cóip den teimpléad do gach páiste, chomh maith le siosúr, bata gliú agus roinnt ábhar dathúcháin.

Treoracha chun an ciúb a dhéanamh:

1. Scríobh dearcadh amháin ar mhaith leat a bheith agat ar gach cearnóg den teimpléad agus déan é a mhaisiú. Scríobh ar thaobh amháin den teimpléad, ionas go mbeidh na focail go léir le feiceáil nuair a bheidh an ciúb curtha le chéile.
2. Gearr timpeall línte seachtracha an teimpléid.

3. Fill ar na línte.
4. Bain triail as an ciúb a chur le chéile, leis an taobh maisithe ar an dtaobh amuigh, sula gcuirtear gliú air.
5. Cuir gliú ar na cluaisíní agus greamaigh an ciúb le chéile.



AN SCRÍPTÚR NAOFA

NA BIÁIDE

Sna **Biáide**, tugann Íosa dearchtaí agus luachanna maithe dúinn. Iarrann sé orainn iad a chur i

bhfeidhm inár saol. Tá na Biáide **ar leathanach 63 de leabhar na bpáistí freisin.**

Na Biáide (Matha 5:3-12)

Is méanar dóibh seo atá bocht ó spiorad, óir is leo riocht na bhflaitheas.

Is méanar do lucht an dobróin, óir sólásófar iad.

Is méanar dóibh seo atá ceansa, óir gheobhaidh siad an talamh mar oidhreacht.

Is méanar dóibh seo a bhfuil ocras agus tart chun na fíréantachta orthu, óir sásófar iad.

Is méanar do lucht na trócaire, óir déanfar trócaire orthu.

Is méanar dóibh seo atá glan ó chroí, óir feicfidh siad Dia.

Is méanar do lucht síochána a dhéanamh, óir glaofar clann Dé orthu.

Is méanar dóibh seo a d'fhulaing géarleanúint mar gheall ar an bhfíréantacht, óir is leo riocht na bhflaitheas.

Is méanar daoibh féin nuair a thabharfar aithis daoibh agus a ghéarleanfar sibh, agus nuair a chuirfear gach sórt drochrud in bhur leith go bréagach mar gheall ormsa.

Bíodh áthas oraibh agus gairdeas, mar is mór é bhur dtuarastal ar neamh; óir is mar sin a rinneadh géarleanúint ar na fáithe a chuaigh romhaibh.

Dírigh aire na bpáistí chuig an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 64 dá leabhar.

AG COMHRÁ

FAOI NA BIÁIDE AGUS 'DLÍ AN GHRÁ'

Nóta: D'fhoghlaim na páistí na Deich nAithne agus 'Dlí an Ghrá' (an Aithne Nua) i Rang a Trí/B5 agus i Rang a Ceathair/B6.

Déan comhrá leis na páistí faoi na Biáide agus Dlí an Ghrá (an Aithne Nua) ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Is treoirilínte iad na Biáide maidir le conas ba cóir do lucht leanúna Íosa maireachtáil. An féidir libh treoirilínte eile a thug Dia dúinn a lua? (Na Deich nAithne) Cé dó a thug Dia na Deich nAithne ar dtús? An cuimhin libh aon cheann de na Deich nAithne? Cén fáth gur thug Dia treoirilínte dúinn le leanúint?

(Nuair a mhairimid mar a thugann Dia cuireadh dúinn a dhéanamh, táimid ag cabhrú chun go mbeadh an domhan faoi mar a theastaíonn ó Dhia go mbeadh sé.

Tá Ríocht Dé á thógáil againn.)

- Thug Íosa Aithne Nua dúinn freisin. Dúirt sé, 'Tá aithne nua á tabhairt agam daoibh, go dtabharfadh sibh grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile' (Eoin 13:34). Tasc mór atá ann grá a thabhairt dá chéile faoi mar a thug Íosa grá dúinn. Conas a d'fhéadfá tosú? An gceapann tú go n-éireodh leat? Cén fáth nó cén fáth nach n-éireodh leat?
- An gceapann tú go bhfuil rud ar bith comónta idir an Aithne Nua agus na Biáide? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Na Deich nAithne agus Dlí an Ghrá' ar leathanach 64 dá leabhar a léamh.

CLEACTADH DIALAINNE

BEALAÍ MAITHE CHUN MAIREACTÁIL

- Díriú aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 64 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh a chlárú, ag úsáid focail agus/nó íomhánna, cuid de na bealaí inar féidir le daoine maireachtáil leis na Bíáide, na Deich nAithne agus an Aithne Nua sa lá atá inniu ann.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

LEABHARMHARC 'GRÁIGÍ A CHÉILE'

Nóta: Beidh ort an leabharmharc a chóipeáil agus a ghearradh amach ón dteimpléad (thíos), ionas go mbeidh tú in ann leabharmharc amháin a thabhairt do gach páiste. Beidh ort ábhair dhathúcháin a thabhairt do gach páiste freisin.

- Tabhair leabharmharc do gach páiste.
- Tabhair cuireadh do na páistí a scríobh ar thaobh amháin den leabharmharc an véarsa ón mBíobla 'Gráigí a chéile faoi mar a thug mise grá daoibhse'.
- Ar an taobh eile, is féidir leo trí rud a scríobh nó a tharraingt faoi na bealaí inar féidir leis na Bíáide cuidiú leo grá a thaispeáint do dhaoine eile.
- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid leabharmharcanna a mhaisiú.
- Nuair a bheidh siad críochnaithe, is féidir na leabharmharcanna a lannú ionas go mbeidh siad buanseasmhach.



DÁN

Cuir an dán in aithne na bpáistí. **Tá sé ar leathanach 65 dá leabhar.**

Na Bíáide

Más duine le saibhreas tú,
Gan ligean dó, tú a shealbhú;
Is má thugtar moladh mór duit
Agus fós gur Dia atá dod' rialú;

Má chabhraíonn tú le daoine atá lag,
Agus má ardaíonn tú an té atá thíos,
Ag cuidiú go tapa le bochtáin
Leo siúd a mbíonn a saol ar cíós;

Má bhíonn an croí agat saor,
Gan oibriú i gcónaí duit féin,
Le solas Dé ag síor-lasadh
Ar dhaoine anseo is i gcéin;

Má mhaitheann tú daoine go fial
Fiú nuair a ghoilleann siad do chroí;
Agus droichead idir naimhde a thógáil
An mac tíre leis an uan ina luí;

Más féidir leat olcas a admháil
Is an ceart a dhéanamh de ghnáth,
'Gus an fód a sheasamh go láidir,
Is cuma an méid 'bheadh le rá;

Más cara thú le cách,
Tú láidir agus ceart de shíor,
Istigh ionat beidh ag fás
Ríocht Dé go láidir mar thír.

Tar éis duit an dán a léamh déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as a léithéid de cheisteanna:

- Cad is sonas ann, dar leat?
- Cad iad cuid de na rudaí a aithníonn daoine de ghnáth mar rudaí a thabharfaidh sonas dóibh?
- An féidir leat cur síos a dhéanamh, i do chuid focal féin, ar chuid de na samplaí a thugann an file de rudaí a chuirfidh ag fás 'Ríocht Dé go láidir mar thír'? 'Sé sin le rá, rudaí is féidir linn a dhéanamh a chabhróidh linn maireachtáil de réir luachanna agus dhearcadh Ríocht Dé.
- An féidir le duine atá bocht i ndáiríre a bheith sásta? Conas a tharlódh sé sin?
- An féidir le duine a bheith saibhir agus gan a bheith sásta? Conas a tharlódh sé sin? (Leid: Féach arís ar an gcéad dá líne den dán.)
- Muna mbeadh cairde ar bith ag duine an mbeidís sásta? Conas a tharlódh sé sin?
- Má thuigimid go bhfuil grá ag Dia dúinn, an gcuirfeadh sé sin sonas orainn? Conas a tharlódh sé sin?

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Tá luachanna agus dearchtaí pearsanta againn a mhúnlaíonn conas a mhairimid. Bíonn tionchar ag na luachanna agus ag na dearchtaí seo orainn féin agus conas a ghníomhaímid i dtreo daoine eile. Múineann Íosa dúinn sna Bíáide, cad iad na dearchtaí ba chóir a bheith ag a lucht leanúna. Má mhairimid leis na dearchtaí seo, beidh áthas orainn. Tugann Aithne Nua Íosa cuireadh dúinn ár saol a chaitheamh ónár gcroí seachas ónár gceann. Cuidíonn gach gníomh grá a dhéanaimid linn, luach

an ghrá a fhorbairt ionainn féin agus a bheith sona sásta dá bharr.

An tIonad Cúram Lae Caipisíneach
Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'An tIonad Cúram Lae Caipisíneach do Dhaoine gan Dídean' ar leathanach 64 dá leabhar a léamh agus ansin dul i ngleic leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar an leathanach céanna.

PAIDIR

Nóta: Roghnaigh naonúr léitheoir.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Guimis go mbeimid in ann maireachtáil mar a ghlaonn Íosa orainn sna Bíáide.

Léitheoir 1: A Dhia ár nAthair, cuidigh linn a fheiceáil agus a bheith réidh le feabhas a chur orainn féin i gcónaí. Is féidir linn tuilleadh a dhéanamh i gcónaí agus sinn ag iarraidh maireachtáil go maith.

Gach duine: *Is méanar dóibh seo atá bocht ó spiorad, óir is leo ríocht na bhflaitheas!*

Léitheoir 2: A Dhia ár nAthair, cuidigh linn cuimhneamh go mbíonn tú linn i gcónaí, ach go háirithe nuair a bhíonn brón orainn.

Gach duine: *Is méanar do lucht an dobróin, óir sólásófar iad!*

Léitheoir 3: A Dhia ár nAthair, cuidigh linn a bheith umhal, agus cuimhneamh gur comhionann sinn go léir i do shúile. Cabhraigh linn gan a bheith ró-bhródúil riamh chun cuidiú le daoine eile.

Gach duine: *Is méanar dóibh seo atá ceansa, óir gheobhaidh siad an talamh mar oidhreacht!*

Léitheoir 4: A Dhia ár nAthair, cuidigh linn an misneach a bheith againn a bheith ag obair don méid atá ceart agus cóir do gach duine.

Gach duine: *Is méanar dóibh seo a bhfuil ocras agus tart chun na fíréantachta orthu, óir sásófar iad!*

Léitheoir 5: A Dhia ár nAthair, cuidigh linn trua agus trócaire a bheith againn dóibh siúd atá lag nó brónach, nó dóibh siúd a mbíonn sólás de dhíth orthu. Cabhraigh linn maithiúnas a thabhairt dóibh siúd a ghortaigh sinn.

Gach duine: *Is méanar do lucht na trócaire, óir déanfar trócaire orthu!*

Léitheoir 6: A Dhia ár nAthair, cuidigh linn maireachtáil i bhfírinne, i gceartas, i síocháin agus i ngrá.

Gach duine: *Is méanar dóibh seo atá glan ó chroí, óir feicfidh siad Dia!*

Léitheoir 7: A Dhia ár nAthair, cuidigh linn síocháin a chothú inár dtithe, inár scoileanna, i measc ár gcairde agus inár bpobail.

Gach duine: *Is méanar do lucht síochána a dhéanamh, óir glaofar clann Dé orthu!*

Léitheoir 8: A Dhia ár nAthair, cuidigh linn an misneach a bheith againn an rud ceart a dhéanamh, fiú má bhíonn fulaingt i gceist.

Gach duine: *Is méanar dóibh seo a d'fhulaing géarleanúint mar gheall ar an bhfíréantacht, óir is leo ríocht na bhflaitheas!*

Léitheoir 9: A Dhia ár nAthair, taispeáin dúinn conas maireachtáil de réir luachanna do ríochta.

Gach duine: A Thiarna, iarraimid ort éist linn.

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise

Ceacht 3: Iarrtar orainn cúram a thabhairt d'Ár mBaile Coiteann



SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá an ceacht seo spreagtha ag imlitir an Phápa Proinsias ‘*Laudato Si’: Maidir le Cúram a thabhairt d'Ár mBaile Coiteann*’ (2015). San imlitir, cuireann an Pápa Proinsias i gcuimhne dúinn go bhfuilimid cruthaithe in íomhá agus i gcosúlacht Dé, agus gur thug Dia an domhan dúinn mar bhronntanas. Tagann freagracht mhór leis an mbronntanas seo, aire a thabhairt agus an domhan a chosaint don lá atá inniu ann agus do na glúnta atá le teacht. Cuireann *Laudato Si’* béim ar an gceangal atá ann idir an cruthú go léir. Tá an ceangal atá

ann idir Dia, daoine agus an domhan nádúrtha ríthábhachtach. Muna mbíonn an ceangal sin ann déantar dochar don phláinéid agus do gach rud atá ann.

Sa cheacht seo tugaimid cuireadh do na páistí a gcuid ‘domhan beag’ a dhéanamh dóibh féin mar rang. Déanann siad machnamh ansin ar na bealaí inar féidir an domhan seo a scriosadh, agus cad is féidir leo a dhéanamh chun athshlánú agus a áilleacht a chaomhnú.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Éabhlóid:** An próiseas a cheaptar go dtagann forbairt ar orgánaigh agus ar fhoirmeacha beatha éagsúla le linn stair an domhain.
- **Imlitir:** Litir a scríobh an Pápa chuig baill uile na hEaglaise ar fud an domhain.
- **Laudato Si’:** Frása Iodáilise a chiallaíonn ‘Moladh Leat’; teideal litreach (imlitir) a scríobh an Pápa Proinsias, chuig pobal an domhain is ea *Laudato Si’*.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Déan fótachóip den teimpléad ‘Conas tá gach rud ar domhan gaolmhar le chéile’ (thíos) roimh ré. Gearr ar na línte briste agus cuir an fiche luaschárta i gcoimeádán.
- Déan fótachóip den teimpléad ‘An Domhan Beag Againn’ (thíos) roimh ré. Gearr ar na línte briste agus cuir an fiche luaschárta i gcoimeádán. Beidh leathanach A4 ag teastáil uait freisin, siosúr agus ábhair dhathúcháin do gach páiste freisin.
- Roinnt bruascair glan i mála, m.sh. páipéar, páipéar stáin, srl.

Féachaimis ...

GNÍOMHAÍOCHT


CONAS TÁ GACH RUD AR DOMHAN GAOLMHAR LE CHÉILE

Nóta: Déan fótachóip den teimpléad ‘Conas tá gach rud ar domhan gaolmhar le chéile’ (thíos) roimh ré. Gearr ar na línte briste agus cuir an fiche luascárta i gcoimeádán.

- Tarraing trí chiorcal ar an gclár, beagán óna chéile, agus scríobh ceann de na focail seo i ngach ciorcal: ‘Dia’, ‘An Domhan Nádúrtha’ agus ‘Daoine’, mar atá léirithe thíos.
- Tabhair cuireadh ansin do pháiste amháin i ndiaidh a chéile le luascárta a thógail ón gcoimeádán, agus a catagóir a mholadh don fhocal a roghnaigh siad: Dia, An Domhan Nádúrtha nó Daoine.
- Scríobh an focal a roghnaigh gach páiste sa

catagóir oiriúnach agus, fad is atá sé sin á dhéanamh agat, spreag an páiste le rá cén fáth gur roghnaigh siad an focal a chur sa chatagóir sin, agus tabhair dúshlán dóibh smaoineamh ar chatagóirí eile a d’fhéadfadh a bheith oiriúnach freisin (m.sh. Baineann ‘paidir’ le daoine agus le Dia araon; B’fhéidir go mbaineann ‘grá’ le gach catagóir).

- Más féidir focal ar bith a chur i níos mó ná catagóir amháin, tarraing líne go dtí an chéad chiorcal oiriúnach eile, agus scríobh an focal ansin freisin.
- Faoi dheireadh na gníomhaíochta, ba chóir go mbeadh do bhord trína chéile go mór!



Nuair a bheidh a gcuid focal glaoite amach ag na páistí go léir, déan comhrá leo ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An raibh aon cheann de na focail a bhain le catagóir AMHÁIN? Cén fáth, dar leat?
- Ar thug tú faoi deara aon naisc nár smaoinigh tú air riamh roimhe seo? Cérbh é/iad?

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal ‘Tá Beatha Uile an Domhain Ceangailte le chéile’ ar leathanach 66 dá leabhar a léamh, agus beagán ama a chaitheamh ag gabháil leis an ngníomhaíocht ‘Smaoinigh air seo ...’.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Múinteoir: A Dhia ár gCruthaitheoir, chruthaigh tú an domhan agus gach a bhfuil ann. Is tú foinse na beatha ar fad. Cabhraigh linn a thuiscint go bhfuilimid go léir ceangailte leat féin agus le gach créatúr beo.

Iarraimid é seo trí Íosa, do Mhac.

Gach duine: Áiméan.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

AN DOMHAN BEAG AGAINN

Nóta: Déan fótachóip den teimpléad 'An Domhan Beag Againn' (thíos) roimh ré. Gearr ar na línte briste agus cuir an fiche luaschárta i gcoimeádán. Beidh leathanach A4 ag teastáil uait freisin, siosúr agus ábhair dhathúcháin do gach páiste freisin.

- Tabhair an ghníomhaíocht 'Conas tá gach rud ar domhan gaolmhar le chéile' chun chuimhne. Thaispeáin sé an gaol atá ann idir Dia, daoine agus an domhan nádúrtha. Chruthaigh Dia daoine chun maireachtáil i gcaidreamh leis féin, le daoine eile agus leis an domhan ar fad.
- Tabhair leathanach A4 do gach páiste. Ansin tabhair cuireadh do gach páiste luaschárta a roghnú as an gcoimeádán, agus léiriú a dhéanamh ar an méid atá scríofa air ar an leathanach A4. Is féidir leo úsáid a bhaint as ábhair dhathúcháin cosúil le criáin nó péint, is féidir leo colláis a dhéanamh, nó, más féidir, macasamhail a dhéanamh.
- Nuair a bheidh na páistí críochnaithe leis an obair, is féidir leo é a ghearradh amach.

- De réir mar a bhíonn na páistí ag obair, tarraing ciorcal mór ar phíosa páipéir agus gearr amach é. Seasfaidh sé seo do phláinéad an Domhain.
- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid saothar ealaíne críochnaithe a chur os comhair pláinéad an Domhain.

Tar éis na gníomhaíochta, déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna den chineál céanna:

- Anois ó tá ár ndomhan beag féin déanta againn; cad a cheapann tú faoi? An gcheapann tú go mbeadh sé ina áit deas le cónaí ann? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?
- An gcheapann tú go bhfuil aon rud in easnamh ónár ndomhan beag? (*m.sh. gluaisteáin, foirgnimh, earraí déanta ag daoine*)
- An gcheapann tú go mbraithfeá na rudaí sin uait muna mbeadh siad ann? Cén fáth nó cén fáth nach mbraithfeá?

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Ag an leibhéal seo, b'fhéidir go dtosóidh páistí áirithe ag smaoineamh conas scéal an chruthaithe ón Scrioptúr Naofa a réiteach leis an méid a insíonn an eolaíocht dúinn faoi bhunús na cruinne. Is pointe tábhachtach é seo agus ba chóir é a phlé. Freagraíonn eolaíocht an cheist 'conas' faoin domhan dúinn, mar shampla - cad a chuireann na réaltaí ag taitneamh, cén fáth go bhfuil uisce fliuch, agus an chaoi a gcuirtear faisnéis ghéiniteach in iúl ó ghlúin amháin go dtí an chéad cheann eile. Ach ní mór dúinn freisin a bheith ar an eolas faoi 'cén fáth' go bhfuil cúrsaí amhlaidh: an bhfuil aon bhrí, luach nó cuspóir ag an gcruthú? Bíonn traidisiúin reiligiúnacha ag plé leis na cineálacha ceisteanna seo. Dá bhrí sin, tá an Scrioptúr Naofa agus an Eolaíocht comhlántach lena chéile seachas contrártha lena chéile chun cabhrú linn ionadh chruthú Dé a thuiscint. Mar sin ní cóir scéal an Chruthaithe i Leabhar Geineasas a thógáil go litriúil (*Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí*, uimhir 337). Tá na cuntais eolaíochta faoi bhunús na cruinne ar aon dul le cuntais neamh-eolaíochta sna Scrioptúir. Dúirt an Pápa Proinsias, 'Ní théann teoiric na hOllphléisce, a mholtar inniu mar bhunús an domhain, salach ar idirghabháil cruthaitheoir diaga ach braitheann sé air. Ní thagann éabhlóid sa nádúr salach ar choincheap an Chruthú, toisc go nglacann éabhlóid le cruthú daoine a bheith ann cheana féin' (an Pápa Proinsias, Aitheasc d'Acadamh Eolaíochtaí Pontaifiúil, 27 Deireadh Fómhair 2014).

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

SCÉAL AN CHRUTHAITHE

Nóta: Chuala agus rinne na páistí staidéar ar scéal an Chruthaithe gach bliain ó Naíonáin Shóisearacha/B1. Léigh an cuntas seo a leanas faoi chruthú an domhain agus na créatúir bheo éagsúla a mhaireann ar domhan mar a insítear é i Leabhar Geineasas sa Bhíobla.

Scéal an Chruthaithe (Oiriúnaithe ó Gheineasas 1:1-31)

I dtús báire ní raibh tada ann. Ní raibh an spéir, an ghrian, an ghealach ná na réaltaí ann. Ní raibh ann ach uisce ag gluaiseacht sa dorchadas. Níor theastaigh ó Dhia go bhfanfadh cúrsaí amhlaidh. Mar sin dúirt Dia: “Bíodh solas ann,” agus bhí an solas ann. Thug Dia “lá” ar an solas agus “oíche” ar an dorchadas.

Ansin scar Dia na huiscí a bhí sna néalta bána ó na huiscí a bhí ar domhan thíos. Agus mar sin chruthaigh Dia an spéir.

Ansin dúirt Dia “bíodh talamh tirim le feiceáil.” Agus bhí sin amhlaidh. Tháinig an talamh tirim aníos faoin uisce. Thug Dia “talamh” ar an talamh tirim agus “farraige” ar na huiscí a bhí bailithe le chéile.

Ansin dúirt Dia: “Bíodh plandaí éagsúla ag fás ar an talamh.” Agus bhí sin amhlaidh. Thosaigh gach saghas planda ag fás. D’fhéach Dia ar gach rud a chruthaigh sé: an solas, an spéir, an fharraige, an talamh agus na plandaí. Bhí Dia sásta leis an méid a chruthaigh sé. Bhí sé go maith.

Ansin chruthaigh Dia an ghrian gheal sa spéir chun bheith ag lonradh i rith an lae. Agus ina dhiaidh sin chruthaigh sé an ghealach álainn agus na réaltaí chun a bheith ag lonradh

i rith na hoíche. Anois ní raibh an spéir lom – bheadh na soilse sin inti i gcónaí. Bhí Dia sásta leis an méid a chruthaigh sé. Bhí sé go maith.

Ansin dúirt Dia: “Bíodh rath ar na huiscí le hiomad dúl beo, agus bíodh éanlaith ar eitilt os cionn na talún faoi fhirimint neimhe.” Mar sin chruthaigh Dia na hainmhithe chun maireachtáil san fharraige, agus na héin chun eitilt trasna na spéire. D’fhéach Dia ar an méid a chruthaigh sé: an ghrian, an ghealach agus na réaltaí, créatúir na farraige agus éin an aeir. Bhí Dia sásta leis an méid a chruthaigh sé. Bhí sé go maith.

Ach bhí a fhios ag Dia go raibh rud éigin in easnamh ag an domhan – rud éigin speisialta. Bhí rud éigin a bheadh *an-mhaith* ag teastáil. Mar sin, chruthaigh Dia daoine. Theastaigh uaidh go mbeadh tiarnas acu ar iasc na farraige, ar éanlaith an aeir, ar an eallach, ar an talamh go léir, agus ar na péisteanna go léir agus go dtabharfaidís aire dóibh féin chomh maith. Mar sin chruthaigh Dia na daoine ar a dheilbh féin. Bheidís maith, cineálta agus grámhar. Bheadh buanna éagsúla ag gach duine acu, agus le chéile thabharfaidís aire don domhan. Agus nuair a chonaic Dia gach a ndearna sé agus, féach! bhí sé go *sármhaith*.

Tar éis duit an sliocht a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna simplí, cosúil leo seo a leanas, a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 68 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Conas a bhraith Dia tar éis dó an solas, an spéir, an fharraige, an talamh agus na plandaí a chruthú?
- Cén fáth ar chruthaigh Dia daoine?
- Cad a theastaigh ó Dhia go ndéanfadh daoine?
- De réir leabhar Gheineasas, cén fáth arbh iad daoine an ghné ab fhearr a chruthaigh Dia?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna cosúil leo seo a chur:

- Nuair a chruthaigh Dia an domhan, cén ról faoi leith a thug sé do dhaoine? (*aire a thabhairt don domhan, a bheith ‘i gceannas air’* [Gheineasas 1:28])

- An gceapann tú go gciallaíonn sé sin gur féidir linn pé rud ba mhaith linn a dhéanamh leis an domhan agus a chréatúir? Cén fáth nó cén fáth nach gciallaíonn sé? (*Tá luach ag gach créatúr ann féin agus níl siad anseo chun daoine a úsáid amháin.*)
- Múineann scéal an Chruthaithe dúinn go nglaonn Dia air daoine chun an domhan nádúrtha a chosaint ó aon rud a d’fhéadfadh damáiste a dhéanamh dó nó é a scriosadh. Cad iad na rudaí a ndéanann dochar don domhan againn?

Tá ‘Scéal an Chruthaithe’, mar a insítear é i Leabhar Gheineasas, ar leathanach 67 de leabhar na bpáistí freisin. Tabhair cuireadh do na páistí an scéal a léamh dóibh féin.

AM I GCIORCAL

AG SCRÍOSADH ÁR NDOMHAN BEAG

Nóta: Beidh roinnt brúascair glan i mála ag teastáil uait m.sh. páipéar, páipéar stáin, srl.

- Cruinnigh na páistí i gciorcal agus bíodh comhrá agaibh ag úsáid an réad labhartha. Cuir an colláis ‘An Domhan Beag Againn’ i lár.

- Iarr ar na páistí an cheist seo a fhreagairt: ‘Dá mbeadh Dia chun grád (A-F) a thabhairt do dhaoine de bharr aire á tabhairt don domhan go dtí seo, cén grád an gceapann tú go dtabharfadh Dia dúinn?’ Iarr ar na páistí a mhíniú cén fáth go



bhfuil an grád sin i gceist acu.

- Tabhair (ag brath ar an méid bruscar atá agat) píosa bruscair le caitheamh ar an gcolláis ‘An Domhan Beag Againn’ do roinnt páistí. Ansin folmhaigh an mála bruscair ar fud ‘An Domhan Beag Againn’. Ciallaíonn sé seo, go siombalach, an méid atá á dhéanamh ag daoine don domhan.
- Ag deireadh, spreag na páistí chun cúpla nóiméad a chaitheamh ina dtost, agus ansin abair leo: ‘Tá an domhan beag againn scriosta.’ Bíodh ciúnas ann ar feadh cúpla nóiméid eile roimh dheireadh a chur le ham an chiorcail.

Laudato Si’: **Maidir le Cúram a Thabhairt d’Ár mBaile Coiteann**

Nóta: Chuala na páistí faoi imlitir an Phápa Proinsias *Laudato Si’: Maidir le Cúram a thabhairt*

dár mBaile Coiteann sa chlár *I nGrá Dé* do Rang a Ceathair/B6.

- Tabhair cuireadh do na páistí féachaint ar an bpictiúr den bPápa Proinsias **ar leathanach 68 dá leabhar** agus mínigh ról an Phápa mar phríomhcheannaire na hEaglaise dóibh. Sa bhliain 2015 scríobh an Pápa Proinsias litir thábhachtach – **imlitir** – chuig gach duine ar an bpláinéad. Is é *Laudato Si’*, frása Iodáilise a chiallaíonn ‘Moladh leat’ an teideal a bhí ar an litir. Tá fotheideal ag an litir, ‘*Maidir le Cúram a Thabhairt d’Ár mBaile Coiteann*’. Cabhraigh leis na páistí féachaint ar an domhan mar ‘ár mbaile coiteann’.
- Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dár teideal ‘*Laudato Si’: Maidir le Cúram a Thabhairt d’Ár mBaile Coiteann*’ **ar leathanach 68 dá leabhar** a léamh.

CLEACHTADH DIALAINNE

ÁR MBAILE COITEANN

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 68 dá leabhar**, a iarrann freagra pearsanta uathu faoin ngá atá ann le cúram a thabhairt don domhan, ‘Ár mBaile Coiteann’. Tugtar cuireadh dóibh, freisin, roinnt de na rudaí a d’fhéadfadh daoine a dhéanamh chun aire níos fearr a thabhairt don domhan, a lua.

DÁN

Sula léann tú an dán, abair leis na páistí gur scríobh buachaill darb ainm Pádraig Bairéid, ó Chontae Mhaigh Eo, an dán seo i mBéarla do chomórtas filíochta a d’eagraigh Trócaire sa bhliain 2015. **Tá an dán ar leathanach 69 de leabhar na bpáistí freisin.**

Athrú ar an gComhshaol

An teocht ag ardú,
Agus farraigí arda,
Níl canú agam,
Céard a mholfá domsa?

Bogadh go Críoch Lochlann,
Agus mair le hoighir ‘s sneachta?
Ach má leanann an teocht ag ardú,
Ní bheidh siad ann feasta.

D’fhéadfainn athchúrsáil,
Is soilse a mhúchadh,
Crann nó dhó a chur ag fás.
Cabhair de shórt, is dócha.

Tá an comhshaol athraithe,
Ní féidir é a shéanadh.
Ach ar son ár bpáistí uile
Cuirimis stop leis an gclaonadh.

Tar éis do na páistí an dán a chloisteáil/léamh, déan comhrá leo faoi, ag úsáid a léithéid de cheisteanna:

- Cad a airíonn an buachaill óg mar chuid de na comharthaí infheicthe ar athrú aeráide atá ann inniu?
- Cad iad na bealaí beaga a mholann sé a d’fhéadfadh sé a dhéanamh chun cabhrú leis an gcomhshaol a chosaint? An dóigh leat go gcabhródh aon cheann de na rudaí sin? Conas a gcabhróidís?
- Cé acu de na rudaí a luaigh an buachaill a dhéanann tú féin? Cad iad na rudaí eile a dhéanann tú chun cosaint agus aire a thabhairt don timpeallacht?

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

An tseachtain seo rinneamar iniúchadh ar theagasc sóisialta na hEaglaise faoin gcomhshaol, bunaithe ar imlitir an Phápa Proinsias *Laudato Si': Maidir le Cúram a Thabhairt d'Ár mBaile Coiteann*. I Leabhar Gheineasas, tugann Dia an fhreagracht aire a

thabhairt don domhan, do dhaoine.

Ach ina ionad sin, bhaineamar leas as an domhan dúinn féin agus rinneamar damáiste dó. Tá sé de dhualgas orainn aire a thabhairt don domhan ní hamháin dúinn féin ach do na glúnta atá le teacht.

AM I GCIORCAL

ÁR NDOMHAN BEAG A THABHAIRT AR AIS

Nóta: *Beidh 'An Domhan Beag Againn' (leis an mbruscar air) ag teastáil don ghníomhaíocht seo.*

- Cruinnigh na páistí i gciorcail agus bíodh comhrá agaibh ag úsáid an réad labhartha. Cuir an colláis 'An Domhan Beag Againn', leis an mbruscar air, i lár.
- Mínigh do na páistí go ndearnamar 'An Domhan Beag Againn' mar shiombail den domhan álainn a thug Dia dúinn, agus an nasc atá ann eadrainn féin, Dia agus an domhan nádúrtha. Ach rinneadh damáiste dó.
- Iarr ar na páistí cuid de na bealaí a ainmniú ina rinneamar dochar don domhan. Ansin abair leis na páistí gur féidir linn 'An Domhan Beag

Againn' agus ár bplainéad a thabhairt ar ais chun áilleachta.

- Ansin iarr ar na páistí rud amháin a lua gur féidir leo a dhéanamh chun aire a thabhairt don bplainéad. Iarr ar roinnt páistí (ag brath ar an méid bruscair atá agat) chun píosa bruscair a bhaint ón 'Domhan Beag Againn'. Nuair a bheidh an bruscar ar fad bainte, cuir i gcuimhne do na páistí go leanann obair an chruthaithe ar aghaidh, agus gur féidir linn comhoibriú le plean Dé maidir leis an gcruthú trí chuid de na rudai a mhol siad a dhéanamh.

PAIDIR

Nóta: *Más féidir, bíodh na páistí ina suí nó ina seasamh i gciorcail in aice le 'An Domhan Beag Againn'. B'fhéidir gur mhaith leat ceol a sheinm sa chúla chun atmaisféar machnamhach a chothú le linn an urnaí seo.*

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Tóg nóiméad anois le breathnú arís ar 'An Domhan Beag Againn'. (Sos)

Tabhair siombail Dé faoi deara ... (Sos)

Cad a fheiceann tú a chuireann daoine i gcuimhne duit? (Sos)

Cad iad na híomhánna in 'An Domhan Beag Againn' a chuireann an domhan nádúrtha in iúl duit? (Sos)

Is é an domhan ár mbaile coiteann. Is ar an domhan a fhaighimid na naisc éagsúla idir sinn féin, Dia agus an domhan nádúrtha. Táimid ag brath ar Dhia, agus tá Dia ag brath orainn. Táimid ag brath ar an domhan, agus tá an domhan ag brath orainn. (Sos)

Dún do shúile ar feadh nóiméid. Smaoinigh ar bhealach amháin go ndéanfaidh tú iarracht an pláinéad a chosaint óna thuilleadh damáiste. (Sos)

Ag baint úsáid as do ghuth inmhéanach, iarr ar Dhia cabhrú leat a bheith dílis don ghealltanas seo. (Sos)

Nuair atá tú réidh, is féidir na súile a oscailt.

A Dhia ár nAthair, d'iarr tú orainn aire a thabhairt don chruthú.

Go mbeimid ag obair i gcónaí chun an nasc leanúnach a choimeád idir tú féin, an domhan nádúrtha agus na daoine go léir a chónaíonn ar ár bplainéad.

Chun críoch a chur lenár n-urnaí inniu éistimis le paidir a tógadh ó *Laudato Si'*, imlitir an Phápa Proinsias. Tugtar 'Paidir don Domhan againn' ar an bpaidir seo.

A Dhia atá cumhachtach, tá tú i láthair ar fud na cruinne ar fad
agus sna créatúir is lú.
Tá grá ceanúil agat do gach a chruthaigh tú.
Doirt amach orainn cumhacht do ghrá,
ionas go mbeimid in ann beatha agus áilleacht a chosaint.

Líon sinn le síocháin, ionas go mairimid mar dheartháireacha agus deirfiúracha, gan dochar a dhéanamh d'aon duine ...
Gabhaimid buíochas leat as a bheith linn gach lá.
Spreag sinn, impímid ort, obair ar son ceartais, grá agus síocháin.

Gach duine: Áiméan.

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise



Script don Dráma

ÍOSA AGUS AN BHEAN AG AN TOBAR (BUNAITHE AR EOIN 4:1-42)

Scéalaí: D'fhág Íosa Iúdáia agus chuaigh sé arís don Ghailíl. Ar an mbealach, chuaigh sé trí bhaile Suchar sa tSamáir. Bhí tobar Iacóib in aice láimhe, agus shuigh Íosa síos ag an tobar chun sos a ghlacadh fad is a chuaigh na deisceabail isteach sa bhaile chun bia a cheannach. Bhí sé thart ar mheánlae, an chuid is teo den lá. Tháinig bean Samárach chun uisce a tharraingt as an tobar.

Íosa: Tabhair deoch uisce dom.

Bean: Is Giúdach tú, agus is Samárach mé - mar sin conas is féidir leat deoch a iarraidh orm?

Íosa: Dá mbeadh a fhios agat faoi na rudaí a thugann Dia, agus cé hé atá ag iarraidh deoch ort ...

Scéalaí: D'fhéach an bhean ar Íosa agus mearbhall uirthi.

Íosa:... d'iarrfá, agus thabharfadh sé uisce beo duit.

Bean: A dhuine uasail, níl buicéad agat, agus tá an tobar domhain.

Scéalaí: Dúirt an bhean, gan a thuiscint cad a bhí i gceist ag Íosa.

Bean: Cá bhfaighfeá an t-uisce beo sin? Ba é ár sinsear Iacób a thug an tobar seo dúinn. Níl tú níos tábhachtaí ná Iacób, an bhfuil?

Scéalaí: D'fhéach Íosa ar an mbean agus dúirt:

Íosa: Beidh tart orthu siúd arís a ólann an t-uisce seo, ach iad siúd a ólann an t-uisce a thabharfaidh mise dóibh ní bheidh tart orthu arís. Beidh an t-uisce a thabharfaidh mé dóibh ina thobar a sholáthróidh iad le huisce a thabharfaidh beatha dóibh agus a thabharfaidh beatha shíoraí dóibh.

Bean: A dhuine uasail, tabhair dom an t-uisce sin! Ansin ní bheidh tart orm arís, ná ní bheidh orm teacht anseo chun uisce a tharraingt.

Íosa: Téigh agus glaoigh ar d'fhear céile agus tar ar ais.

Bean: Níl fear céile agam.

Íosa: Tá an ceart agat nuair a deir tú nach bhfuil fear céile agat. Bhí tú pósta le cúigear fear, agus níl fear céile agat anois i ndáiríre. D'inis tú an fhírinne dom.

Bean: Feicim gur fáidh tú, a dhuine uasail. Bhí mo shinsir Samárach ag adhradh Dé ar an sliabh seo, ach deir sibhse/Giúdaigh gurb í Iarúsailéim an áit ar cheart dúinn Dia a adhradh.

Íosa: Creid mé, a bhean, tiocfaidh an t-am nuair nach ndéanfaidh daoine an tAthair a adhradh ar an sliabh seo nó in Iarúsailéim ...

Scéalaí: Ansin lean **Íosa:**

Íosa:... Ach tá an t-am ag teacht agus tá sé anseo cheana féin, nuair a dhéanfaidh daoine, le cumhacht Spiorad Dé, an tAthair a adhradh faoi mar atá sé i ndáiríre, ag tabhairt dó an fíor-adhradh atá uaidh. Spiorad is ea Dia, agus is le cumhacht an Spioraid a dhéanfaidh daoine é a adhradh mar atá sé i ndáiríre.

Bean: Tá a fhios agam go dtiocfaidh an Meisias, agus nuair a thiocfaidh sé, inseoidh sé gach rud dúinn.

Íosa: Is mise é, mise atá ag caint leat.


Scéalaí: Ag an nóiméad sin, d'fhill deisceabail Íosa, agus bhí iontas mór orthu é a fheiceáil ag caint le bean. Ach ní dúirt aon duine acu léi, 'Céard atá uait?' Nó níor fhiafraigh siad dó, 'Cén fáth a bhfuil tú ag caint léi?' Ansin d'fhág an bhean a crúsca agus rith sí chun insint do mhuintir an bhaile faoin bhfear ar labhair sí leis agus conas a d'fhéadfadh sé a bheith mar an Meisias! Dúirt sí:

Bean: Tar agus féach ar an bhfear a d'inis dom gach rud a rinne mé riamh. An bhféadfadh an Meisias a bheith ann?


Scéalaí: D'fhág muintir an bhaile an méid a bhí á dhéanamh acu agus chuaigh siad chun Íosa a fheiceáil. D'iarr siad air fanacht leo, agus d'fhan Íosa ansin ar feadh dhá lá. Chreid go leor eile mar gheall ar a theachtaireacht, agus dúirt sé leis an **mbean**:



Gach duine: Creidimid anois, ní mar gheall ar an méid a dúirt tú, ach toisc gur chualamar féin é, agus tá a fhios againn gurb é Slánaitheoir an domhain é i ndáiríre.

Ceartas Sóisialta



An Ciúb le 'Dearcthaí'





Conas tá gach rud ar domhan gaolmhar le chéile

Grian	Crann
Íosa	Urnaí
Cruithneacht	Teaghlach
Capall	Sliabh
Tine	Feirmeoir
Cairde	Éin
Eaglais	Bainne
Bogha báistí	Sagart
Corp	Grá
Gáire	Arán

An Domhan Beag Againn

Sioráf	Lochán
Bíobla	Cros
Géag	Deirfiúr
Bolb	Cloch
Gaoth	Ór
Barróg	Crogall
Bláthanna	Paidrín
Scamaill	Bean
Beach	Barróg
Gáire	Leanbh

Téama 7: An tSeachtain Mhór agus an Cháisc

Ceacht 1: Lorg Íosa a leanúint

Ceacht 2: 'Mo Thiarna agus Mo Dhia'

Ceacht 3: Leanann obair Íosa ar aghaidh inniu

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Is é Íosa an dara pearsa den Tríonóid Naofa, ar chomh chéim leis an Athair agus leis an Spiorad
- Nuair a dhéanaimid An Chré a aithris, léirimid ár gcreideamh agus tugaimid onóir do Dhia an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh

Rúndiamhair Íosa Críost

- D'fhás Íosa in aois agus in eolas díreach mar a dhéanann daoine eile
- Tá Íosa go hiomlán daonna agus go hiomlán diaga
- Ba é an misean a bhí ag Íosa, bheith ag seanmóireacht, agus Ríocht Dé a thabhairt chun críche
- Chuir Íosa uaidh an Dáréag chun Ríocht Dé a fhógairt agus chun daoine a leigheas
- Gheall Íosa go n-iarrfadh sé ar a Athair neamhaí an Spiorad Naomh a thabhairt dá lucht leanúna mar abhcóide
- D'fhulaing Íosa an phianpháis i nGairdín Geitséamainí áit ar ghlac sé go toilteanach le toil Dé
- Tiocfaidh Íosa Críost ina ghlóir chun breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh agus chun flaithis nua agus chun domhan nua a chruthú

Rúndiamhair an Spioraid Naoimh

- Tá an Spiorad Naomh ag obair sa domhan iomlán
- Tá an Spiorad Naomh gníomhach agus i láthair gach áit sa domhan a bhfuil daoine ag obair ar son an chirt, na síochána, cearta daonna agus ag tabhairt aire don chruthú

BRIATHAR DÉ

An Scrioptúr Naofa

Saol Poiblí Íosa

- Mc 3:13, Mth 10:1-42. Cuireann Íosa amach a chuid aspail chun seanmóireacht a dhéanamh
- Lúc 24:49; Eoin 16:12-15. An gealltanais a

thug Íosa go gcuirfeadh sé an Spiorad Naomh chugainn

- Eoin 14:15-17. An Spiorad mar abhcóide
- Eoin 14:25-26. Múinfidh an tAbhcóide gach rud daoibh

Páis agus Bás Íosa

- Mth 26:20-30. An Suipéar Déanach
- Mth 26:36-46. Fulaingt agus glacadh go fonnmhar le toil Dé
- Mth 26:47-56. Gabháil Íosa
- Mth 26:57-68; Mth 27:11-26. An Triail os comhair an Sainidrin agus Pointias Píoláit
- Lúc 22:54-62; Mth 26:69-75. Séanann Peadar Íosa

Aiséirí agus Deascabháil Íosa

- Lúc 24:36-49. Taispeánann Íosa é féin don aon aspal déag
- Eoin 20:1-18. Máire Mhaigdiléana agus Peadar ag an tuama
- Eoin 20:11-18. Buaileann Máire Mhaigdiléana le hÍosa

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

Urnaí Fhoirmeálta

- Cré Nicea-Constantínópail
- Paidir chuig an Spiorad Naomh

Paidreacha Breise

- Turas na Croise (ceithre cinn déag)

An Bhliain Liotúirgeach

- Tráth í an Cháisc chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhás agus ar Aiséirí Íosa, ar a ghlóiriú agus ar theacht an Spioraid Naoimh
- Ceiliúrtar Aiséirí Íosa um Cháisc: an bua ag an mbeatha ar an mbás, an mhaith ar an olc

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

g. *Páis, bás agus aiséirí Íosa.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai: Laethanta deiridh shaol Íosa a insint agus plé a dhéanamh orthu, lena n-áirítear:

- Ag teacht isteach in Iarúsailéim - Eoin 12:12-19.
- An Suipéar Déanach - Lúcas 22:7-20.
- Fealltóireacht Iúdais agus gabháil Íosa - Lúcas 22:47-53; Marcas 14:10-11.
- Gairdín Gheitséamainí - Marcas 14:32-42.

CUSPÓIR FOGHLAMA 2

An Eaglais Chríostaí

c. *Adhradh agus Urnaí.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai:

- Taithí a fháil ar an adhradh agus ar an urnaí ar bhealaí éagsúla.

Ceacht 1: Lorg Íosa a leanúint



SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa bhliain 2014, thug 3.3 milliún duine cuairt ar chathair Iarúsailéim, ba Chríostaithe 56% díobh. Shainmhínigh 21% de na hoilithrigh uile go raibh a gcuid mar chuid de oilithreach. Dúirt Naomh Iaróm (c. 347-420), 'Déanann cúig Shóiséal cur síos ar shaol Íosa. Tá ceithre cinn le fáil i leabhair agus an cúigiú ceann le fáil sa Tír Bheannaithe. Má léann tú an cúigiú soiscéal, osclófar domhan na gceann eile duit.' Duine ar bith a thug cuairt ar an dTír Bheannaithe mar chuid dá dturas

creidimh tuigfidh siad fírinne an ráitis seo. Nuair a thugann tú cuairt ar an dtír ina raibh cónaí ar Íosa agus ina bhfuair sé bás cuireann sé doimhneacht le do thuiscint nach féidir a mhíniú go héasca.

Sa cheacht seo cuirimid sleachta Scrioptúrtha faoi pháis agus bás Íosa le chéile le híomhánna agus píosaí físe ó chathair Iarúsailéim. Táthar ag súil go gcuirfidh sé seo le tuiscint na leanaí ar an ócáid is suntasaí i stair an tslánaithe.

EOCHAIRFHOCAIL

- **An Pháis:** Na laethanta deiridh i saol Íosa. Thosaigh an Pháis nuair a chuaigh Íosa isteach i gcathair Iarúsailéim. Chríochnaigh an Pháis nuair a chéas na saighdiúirí Íosa ar Chnoc Chalvaire.
- **Gairdín Gheitséamainí:** An gairdín ag bun Chnoc na nOlóg. Chuaigh Íosa chun guí ann nuair a bhí an Suipéar Déanach thart.
- **Via Dolorosa:** Ainm Laidine ar Shráid laistigh de Shean-Chathair Iarúsailéim. Shiúil Íosa ar an tsráid sin, ar a bhealach go dtí a bhás ar Chnoc Chalvaire.
- **Turas na Croise:** An turas deiridh a rinne Íosa go dtí a bhás ar an gCros. Tá an turas le feiceáil mar pháis ealaíne i gceithre stáisiún déag. Cuireann gach stáisiún eachtra ar an turas sin i gcuimhne dúinn.
- **Golgatá:** Fuair Íosa bás ar an gCros ar chnoc – Golgatá. Tugaimid Calvaire air freisin.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- Bileog mór páipéar ealaíne agus ábhair dhathúcháin do gach leanbh

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

FAOI ANNE FRANK

Tabhair chun chuimhne leis na páistí aon eolas atá acu faoi Anne Frank. Ansin iarr orthu a súile a dhúnadh fad is a léann tú an sliocht seo a leanas as dialann Anne, a chuireann síos ar na seomraí ina raibh an teaghlach ina gcónaí iontu idir na blianta 1942 agus 1944.

9 Iúil 1942: Seo cur síos ar an bhfoirgneamh ... Téann staighre adhmaid ón halla thíos staighre go dtí an tríú hurlár. Tá léibheann ag barr an staighre, le doirse ar an dá thaobh. Téann an doras ar chlé suas go dtí an áit stórála spíosraí, go dtí an áiléar agus go dtí an lochta sa chuid tosaigh den teach. Téann staighre eile atá casta agus an-ghéar ón chuid tosaigh den teach go doras eile a osclaíonn go dtí an tsráid. Téann an doras ar dheis ar an léibheann go dtí an Annex Rúnda ag cúl an tí. Ní bheadh a fhios ag éinne riamh go raibh an oiread sin seomraí taobh thiar den doras simplí sin. Níl ann ach céim beag amháin os comhair an

dorais, agus ansin bíonn tú taobh istigh. Díreach os do chomhair amach tá staighre géar. Ar an taobh clé tá halla caol a osclaíonn isteach i seomra atá mar seomra suí agus seomra leapa ag teaghlach Frank. Tá seomra beag eile taobh le seo, atá mar seomra leapa agus staidéar ag mná óga an teaghlaigh (beirt acu). Ar thaobh na láimhe deise den staighre tá seomra níocháin gan fhuinneog le doirteal. Tá doras sa chúinne a théann go dtí an leithreas agus doras eile a théann go dtí mo sheomra agus seomra Margot ... Anois tá eolas agat faoinar Annex álainn ar fad!

Déan comhrá leis na páistí faoi úsáid teanga Anne chun cuidiú leis an léitheoir a thuiscint cén chaoi a bhí ar áit chónaithe a teaghlaigh. Fiafraigh de na páistí cé chomh furasta nó chomh deacair is atá sé an áit a dhéanann Anne cur síos uirthi a shamhlú.

PAIDIR

Nóta: Roghnaigh seisear léitheoir.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnimid go bhfuil Dia linn.

Inniu guímis ar son daoine, cosúil le Anne Frank agus a teaghlach, atá ag fulaingt de bharr daoine eile. D'fhulaing Íosa eagla, pian, diúltú agus bás freisin. Is é an freagra ar gach paidir ná: *Éist lenár nguí.*

Léitheoir 1: A Thiarna Íosa, d'fhulaing tú pian de bharr a bheith diúltaithe ag do chara. Go mbeidh iad siúd atá diúltaithe ag daoine eile in ann athmhuintearas a dhéanamh. A Thiarna, i do thrócaire ...

Gach duine: Éist lenár nguí.

Léitheoir 2: A Thiarna Íosa, d'fhulaing tú pian de bharr a bheith séanta.

Go mbeidh cairdeas agus grá acu siúd atá séanta

ag daoine eile. A Thiarna, i do thrócaire ...

Gach duine: Éist lenár nguí.

Léitheoir 3: A Thiarna Íosa, d'fhulaing tú pian de bharr uaigneas agus eagla.

Bíodh misneach acu siúd a mhothaíonn aonarach agus eaglach. A Thiarna, i do thrócaire ...

Gach duine: Éist lenár nguí.

Léitheoir 4: A Thiarna Íosa, céasadh agus baineadh mí-úsáid asat.

Go mbeidh leigheas agus dóchas ar fáil ag na daoine sin atá gortaithe ag daoine eile. A Thiarna, i do thrócaire ...

Gach duine: Éist lenár nguí.

Léitheoir 5: A Thiarna Íosa, d'fhulaing tú agus d'éag tú ar an gCrais.

Bíodh síocháin ar fáil acu siúd atá ag fáil bháis, agus go mbeidis go sona leatsa ar neamh go deo. A Thiarna, i do thrócaire ...

Gach duine: Éist lenár nguí.

Léitheoir 6: A Thiarna Íosa, fuair tú cabhair agus

tú ag fulaingt.

Go mbeidh beannacht agus neart ar fáil acu siúd a chabhraíonn le daoine eile. A Thiarna, i do thrócaire ...

Gach duine: Éist lenár nguí.

Múinteoir: A Thiarna, tá aithne agat ar na daoine go léir atá ag fulaingt.

Cabhraigh leo a bheith dóchasach, agus go mbeidh grá le fáil acu ó na daoine atá thart timpeall orthu.

A Thiarna, i do thrócaire ...

Gach duine: Éist lenár nguí.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.



Foghlaimimis ...

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Beidh ort clár fógraí folamh a ullmhú nó roinnt spáis balla gar don spás urnaí don saothar ealaíne 'Aistear na Seachtaine Móire' a chuirfidh na páistí ar fáil le linn na seachtaine seo. Tabhair cuireadh do na páistí bratach a dhéanamh leis na focail 'Aistear na Seachtaine Móire' air agus é a chur os cionn an spáis seo. Nuair a bheidh a gcuid 'aistir' críochnaithe ag na páistí, cuir iad ag taispeáint faoin mbratach.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

AISTEAR NA SEACHTAINE MÓIRE

Nóta: Beidh bileog mhór páipéir ealaíne ag teastáil uait agus ábhair dhathúcháin do gach leanbh.

- Tabhair an páipéar ealaíne agus ábhair dhathúcháin do gach páiste.
- Tabhair cuireadh dóibh imlíne cosáin a tharraingt ar an mbileog. Mínigh dóibh go léireoidh 'Aistear na Seachtaine Móire' seo 'cosán' turas deiridh Íosa chuig a bhás ar an gCros.

- Tar éis do na páistí sliocht a léamh, a bhaineann leis na háiteanna éagsúla, cuirfidh siad siombail nó pictiúr lena gcuid 'Aistear na Seachtaine Móire'. Cuirfidh siad lipéad ar gach pointe ar an aistear chomh maith leis na focail/frása a mholtar sa nótaí thíos.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

BALLAÍ IARÚSAILÉIM

Tosaigh leis an sliocht seo a léamh do na páistí:

An Imríom Chaithréimeach (Eoin 12:12-19)

Lá arna mhárach, an slua mór a tháinig don fhéile, nuair a chuala siad go raibh Íosa ag teacht go Iarúsailéim, thóg siad craobhacha pailme agus amach leo ina choinne, agus na gártha á gcur suas acu: "Hósana! Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna, sea, rí Iosrael." Agus fuair Íosa asal óg agus shuigh air mar atá scríofa: "Na bíodh eagla ort, a iníon Shíón; féach, tá do rí ag teacht agus é ina shuí ar shearrach asail." Níor thuig a dheisceabail na nithe ar dtús ach nuair a glóiríodh Íosa, ansin is ea a chuimhnigh siad air go raibh na nithe seo scríofa agus go ndearna siad na nithe sin leis. An slua, dá bhrí sin, a bhí ina fhochair nuair a ghlaoigh sé Lazaras as an tuama agus a thóg sé é ó mhairbh, bhí siad ag tabhairt fianaise uathu. Is dá bharrsan chomh maith a tháinig an slua amach ina choinne, de bhrí gur chuala siad go ndearna sé an mhíorúilt sin. Dúirt na Fairisínigh le chéile ansin: "Féach, ní



aon tairbhe dúinn aon ní atá ar siúl againn. Tá an saol mór imithe ina dhiaidh!"

Mínigh do na páistí gur baill de ghluaiseacht Ghiúdach a raibh an-mheas acu ar Dhlí na nGhiúdach a bhí sna Fairisínigh. Mínigh freisin go dtagann an sliocht Scríoptúrtha, a ndéanann an scríbhneoir tagairt dó sa sliocht thuas, as leabhar Zacairia (9:9), fáidh.

Dírigh aire na bpáistí chuig an íomhá agus an tuairisc a bhaineann le 'Ballaí Iarúsailéim' ar leathanach 70 dá leabhar agus tabhair cuireadh dóibh gabháil leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

AISTEAR NA SEACHTAINE MÓIRE: TÉANN ÍOSA ISTEACH I GCATHAIR IARÚSAILÉIM

Nóta: Beidh an bhileog mhór a bhaineann le 'Aistear na Seachtaine Móire' agus ábhair dhathúcháin ag teastáil chun an ghníomhaíocht seo a dhéanamh.

- Tabhair cuireadh do na páistí an chéad phointe a lipéadú ar 'Aistear na Seachtaine Móire' leis na

focail 'Téann Íosa isteach i gcathair Iarúsailéim' agus siombail nó pictiúr a chur leis chun an nóiméad sin a léiriú ar aistear deiridh Íosa go dtí a bhás ar an gCros.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

AN SEOMRA BIA UACHTARACH

Tosaigh agus an sliocht a bhaineann leis an Suipéar Déanach a léamh.

Bunú na Naomh-Shacraiminte (Matha 26:26-30)

Le linn dóibh bheith ag ithe, thóg Íosa arán, agus ar a bheannú dó, bhris, agus á thabhairt do na deisceabail dó, dúirt: "Tógaigí, ithigí: is é seo mo chorp." Agus thóg sé cupa, agus ar altú dó, thug dóibh é ag rá: "Ólaigí uile as seo, óir is í seo m'fhuilse an tiomna, atá le doirteadh ar son mórán chun peacaí a mhaitheamh. Deirim libh, ní ólfaidh mé as seo amach den sú

seo na fíniúna go dtí an lá sin a n-ólfaidh mé ina fhíon nua libhse é i ríocht m'Athar." Tar éis dóibh an t-iomann a chanadh, chuaigh siad amach go dtí Cnoc na nOlóg.



Dírigh aire na bpáistí chuig an alt a bhaineann leis 'An Seomra Bia Uachtarach' ar leathanach 70 dá leabhar agus tabhair cuireadh dóibh tabhairt faoin ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin.

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Smaoinigh ar Íosa an oíche sula bhfuair sé bás ... Bhí a fhios ag Íosa go raibh sé ar tí bás a fháil ... Samhlaigh conas a mhothaigh sé ... Anois

samhlaigh tú féin i measc na n-aspal agus iad bailithe le chéile le haghaidh an 'Suipéar Déanach' ina theannta ... Éist leis na focail a labhair Íosa ... An dtuigeann tú an bhrí a bhaineann lena chuid focal? ... Má tá rud ar bith ann ba mhaith leat a rá le hÍosa, is féidir leat é sin a dhéanamh anois le do ghuth inmheánach ... Nuair atá tú réidh, oscail na súile.

GNÍOMHAÍOCHT

AISTEAR NA SEACHTAINE MÓIRE: SUIPÉAR DÉANACH ÍOSA

Nóta: Beidh an bhileog mhór a bhaineann le 'Aistear na Seachtaine Móire' agus ábhair dhathúcháin ag teastáil chun an ghníomhaíocht seo a dhéanamh.

- Tabhair cuireadh do na páistí an dara pointe ar 'Aistear na Seachtaine Móire' a lipéadú leis na focail 'Suipéar Déanach Íosa' agus siombail nó pictiúr a chur leis chun an nóiméad sin a léiriú ar thuras deiridh Íosa chun a bháis ar an gCros.

DÁN

Sula léann tú an dán, mínigh do na páistí é go dtugann gach ceann de na ceithre Soiscéal cuntas ar an Suipéar Déanach. Sa Soiscéal de réir Eoin, faighimid cuntas ar an gcaoi ar nigh Íosa cosa na n-aspal. Tá an dán seo bunaithe ar an gcuntas sin.

Níochán na gCos

'Tá an t-am ag teacht,' arsa an Máistir,
'Nuair nach mbeidh mé anseo libh beo
Ach ullmhóidh mé áit úr daoibhse
Áit ina mbeimid le chéile go deo.'

Tháinig cuma achrannach ar Pheadar,
Cuma uaigneach ar Eoin,
Cuma aisteach ar na deisceabail eile.
Cineál imní b'fhéidir, agus brón ...

D'itheamar go mall an t-arán.
D'ólamar go léir an fíon.
Níorbh fhéidir linn féachaint san aghaidh air.
Níorbh fhéidir ná le haon duine dínn.

D'éirigh ár gcara ina sheasamh.
Is líon babhla le huisce úr.
Agus chrom ar ár gcosa a ní,
Ár gcosa a bhí salach agus dúr.

'Ní cóir!' arsa Peadar. 'Ní cóir
D'ár Máistir dul ar a ghlúine romhainn
Chun cosa seirbhísigh a ní.
Éirigh i d'sheasamh is lig dúinn ...'

Ach labhair Íosa, 'A Pheadair,
Sa domhan seo de ghnáth
Is seirbhíseach a níonn cosa an Mháistir
San ord sin is amhlaidh atá.

Ach dá mbeifeá cairdiúil liomsa
Lean mo shampla de shíor,
Freastal go laethúil ar dhaoine
Agus beidh tú i mo theannta go fíor.'

Tar éis do na páistí an dán a chloisteáil, seiceáil a gcuid tuiscint trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur orthu:

- Cá raibh Íosa ag dul, agus cad a dúirt sé lena aspail a dhéanadh sé nuair a bheadh sé ann?
- Cén chaoi ar fhreagair na haspail Íosa?
- Cad a rinne Íosa ansin?
- Conas a d'fhreagair na haspail nuair a thosaigh Íosa ag ní a gcosa?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Tar éis do Íosa cosa na n-aspal a ní, dúirt sé leo an rud céanna a dhéanamh do dhaoine eile. Cad a bhí i gceist aige le seo? An dóigh libh gur úsáid sé níochán a gcosa mar shiombail do rudaí eile a thiocfadh leo a dhéanamh? Cad iad na rudaí eile seo?

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

GAIRDÍN GHEITSÉAMAINÍ

Léigh an sliocht seo a leanas faoi conas a gabhadh Íosa i nGairdín Gheitséamainí nuair a rinne a chara Iúdás Isceiriót feall air.

Íosa á Ghabháil (Matha 26:47-50)

Sula raibh an focal as a bhéal, seo Iúdás, duine den dáréag, agus slua mór lena chois a raibh claimhte agus bataí acu, ag teacht ó uachtaráin na sagart agus ó sheanóirí an phobail. Bhí an comhartha ag fear a bhraite dóibh: "An duine a bpógfaidh mé é," ar seisean, "sin é é: gabhaigí é." Rinne sé anonn ar Íosa díreach gan stad, agus "Sé do bheatha, a Raibí!" ar seisean, agus phóg sé é. Dúirt Íosa leis: "A chara, déan an beart a thug anseo thú. Tháinig siad ar aghaidh ansin, leag siad a lámha ar Íosa agus ghabh siad é.



Dírigh aire na bpáistí chuig an alt dar teideal 'Gairdín Gheitséamainí' ar leathanach 71 dá leabhar agus tabhair cuireadh dóibh dul i ngleic leis an ghníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

AISTEAR NA SEACHTAINE MÓIRE: TÁ ÍOSA GAFA

Aistear na Seachtaine Móire: Tá Íosa Gafa

Nóta: Beidh an bhileog mhór a bhaineann le 'Aistear na Seachtaine Móire' agus ábhair dhathúcháin ag teastáil chun an ghníomhaíocht seo a dhéanamh.

- Tabhair cuireadh do na páistí an tríú pointe ar 'Aistear na Seachtaine Móire' a lipéadú leis na focail 'Tá Íosa Gafa' agus siombail nó pictiúr a chur leis chun an nóiméad sin a léiriú ar thuras deiridh Íosa chun a bháis ar an gCros.

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

SÉIPÉAL NAOMH PEADAR ÁIT GHLAOITE AN CHOILIGH (GALLICANTU)

Tosaigh leis an sliocht seo a leanas a léamh ón Soiscéal.

Íosa i Láthair na Comhairle (Matha 26:57-60)

An dream a bhí tar éis Íosa a ghabháil, sheol siad leo é go teach Cháiafas, an t-ardsagart, agus is ann a bhí na scríobhaithe agus na seanóirí cruinnithe le chéile. Bhí Peadar á leanúint i bhfad uaidh chomh fada le cúirt an

ardsagairt, agus ar dhul isteach ann dó, chuaigh ina shuí i measc na seirbhíseach d'fhonn go bhfeicfeadh críoch an scéil. Bhí uachtaráin na sagart agus an tsainidrin ar fad ag lorg fianaise bréige in aghaidh Íosa d'fhonn é bhású, ach ní bhfuair siad í in ainneoin gur tháinig an-chuid d'fhinnéithe bréige i láthair.

Séanann Peadar Críost faoi Thrí (Matha 26:69-75)

Bhí Peadar ina shuí amuigh, sa chúirt. Tháinig cailín aimsire chuige agus dúirt: “Bhí tusa freisin in éineacht le hÍosa an Gailíleach.” Ach shéan seisean é os comhair cách: “Níl a fhios agam cad tá tú a rá,” ar seisean. Ar dhul amach sa phóirse dó, chonaic cailín eile é agus dúirt sí leis na daoine a bhí ann: “Bhí sé seo in éineacht le hÍosa an Nazórach.” Agus shéan sé arís é le mionn: “Níl aithne agam ar an duine.” Tamall ina dhiaidh sin, tháinig na daoine a bhí i láthair agus dúirt siad le Peadar: “Go dearfa, is duine díobh sin tusa freisin, mar sceitheann do chaint ort.” Ansin a thosaigh sé ag eascaine agus ag tabhairt na mionn: “Níl aithne



agam ar an duine.” Agus ghlaigh an coileach láithreach. Agus ba chuimhin le Peadar an focal a dúirt Íosa “Roimh ghlaoch don choileach, séanfaidh tú mé faoi thrí.” Agus chuaigh amach agus ghoil sé go goirt.

Dírigh aire na bpáistí chuig an alt dar teideal ‘Séipéal Naomh Peadar Áit Ghlaite an Choiligh (Gallicantu)’ ar leathanach 71 dá leabhar agus tabhair cuireadh dóibh dul i ngleic leis an ghníomhaíocht ‘Smaoinigh air seo ...’.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

AISTEAR NA SEACHTAINE MÓIRE: SÉANANN PEADAR ÍOSA

Nóta: Beidh an bhileog mhór a bhaineann le ‘Aistear na Seachtaine Móire’ agus ábhair dhathúcháin ag teastáil chun an ghníomhaíocht seo a dhéanamh.

- Tabhair cuireadh do na páistí an ceathrú pointe ar ‘Aistear na Seachtaine Móire’ a lipéadú leis na focail ‘Séanann Peadar Íosa’ agus siombail nó pictiúr a chur leis chun an nóiméad sin a léiriú ar thuras deiridh Íosa chun a bháis ar an gCros.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

AN DÚNFORT

Tosaigh leis an sliocht seo a leanas a léamh ón Soiscéal.

Daortar Íosa chun báis (Matha 27:15-24)

Ach ba ghnáthbheas don ghobharnóir, i ngach féile, go scaoilfeadh sé saor chun an tslua cibé príosúnach ba rogha leo. Bhí príosúnach iomráiteach ar láimh an uair sin arbh ainm dó Barabas. Mar sin, nuair a bhí siad cruinnithe le chéile dúirt Píoláit leo: “Cé acu ba rogha libh mé a scaoileadh chugaibh, Barabas, nó Íosa ar a dtugtar an Críost?” – mar bhí a fhios aige gur formad faoi deara é thabhairt ar láimh. Ach le linn dó bheith ina shuí breithimh, chuir a bhean scéala chuige: “Scaoil tharat an fear cóir seo gan baint leis, óir ba mhór í m’fhulaingt i mbrionglóid inniu mar gheall air.” Ach d’áitigh na hardsagairt agus na seanóirí ar na sluaite Barabas a iarraidh agus Íosa a mhilleadh. Labhair an gobharnóir leo: “Cé acu den bheirt is rogha libh mé a scaoileadh chugaibh?” “Barabas!” ar siad. Dúirt Píoláit leo: “Más ea, cad a dhéanfaidh mé le hÍosa ar a dtugtar an Críost?” Dúirt siad:



“Céastar é!” Dúirt seisean: “Ach cén t-olc a rinne sé?” Ach is ea ba mhó a bhí siad ag screadaidh: “Céastar é!” Nuair a chonaic Píoláit nach raibh aon mhaith dó ann ach gur mhó a bhíothas ag dul chun calláin, fuair sé uisce agus nigh a lámha os comhair an tslua ag rá: “Nílimse freagrach i bhfuil an fhírén seo: féachaigí sibhse chuige.”

Dírigh aire na bpáistí chuig an alt dar teideal 'An Dúnfort' ar leathanach 71 dá leabhar agus tabhair cuireadh dóibh dul i ngleic leis an ghníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

AISTEAR NA SEACHTAINE MÓIRE: DAORTAR ÍOSA CHUN BÁIS

Nóta: Beidh an bhileog mhór a bhaineann le 'Aistear na Seachtaine Móire' agus ábhair dhathúcháin ag teastáil chun an ghníomhaíocht seo a dhéanamh.

- Tabhair cuireadh do na páistí an cúigiú pointe ar 'Aistear na Seachtaine Móire' a lipéadú leis na focail 'Daortar Íosa chun báis' agus siombail nó pictiúr a chur leis chun an nóiméad sin a léiriú ar thuras deiridh Íosa chun a bháis ar an gCros.
- Cuir i gcuimhne na bpáistí gurb é seo an chéad eachtra i **dTuras na Croise**.



AN VIA DOLOROSA (BEALACH NA NDÓLÁS)

Dírigh aire na bpáistí chuig an léarscáil den Via Dolorosa **ar leathanach 72 dá leabhar**. Sráid is ea an **Via Dolorosa** laistigh de Shean-Chathair Iarúsailéim. Creidimid gurb é seo an bealach a thóg Íosa agus é ar a shlí go dtí a bhás.

bhaineann leis an Via Dolorosa a léamh. Tá sé **ar leathanach 72 dá leabhar**.

Tá ainmneacha na ceithre Stáisiún déag de Thuras na Croise ar leathanach 73 dá leabhar freisin.

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt a

CLEACHTADH DIALAINNE

STÁISIÚIN NA CROISE

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 72 dá leabhar**. Tugann sé seo cuireadh dóibh cúig Stáisiún de Thuras na Croise a roghnú agus abairt a scríobh ar gach ceann acu sa dialann don Oideachas Reiligiúnach.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Ar an lá a thugaimid Domhnach na Pailme anois air, tháinig Íosa isteach i gcathair Iarúsailéim ag marcaíocht ar asal. Dúirt Zacairia, fáidh, go ndéanfadh an Meisias a leithéid. Ní raibh gach duine sásta Íosa a fheiceáil. Thug na Fairisínigh agus ceannairí Giúdacha eile breab do Iúdás Isceiriót, duine den dáréag aspal, chun feall a imirt ar Íosa. Tharla an feall seo i nGairdín Gheitséamainí. As sin, thóg siad Íosa chuig teach

Cháiafas, an tArd-Sagart Giúdach, agus ansin chuig Pálás an Ghobharnóra Rómhánaigh, Píoláit. Is anseo a dhaor sé Íosa chun báis. Taispeánann na ceithre Stáisiún déag de Thuras na Croise an bealach ó phálás Píoláit go dtí an cnoc, an áit inar chuir na saighdiúirí Íosa chun báis. Is féidir le hoilithrigh go Iarúsailéim na háiteanna seo go léir a bhaineann le hÍosa, a fheiceáil sa lá atá inniu ann.

AG COMHRÁ

FAOI PHÁIS ÍOSA

Tosaigh trí a mhíniú do na páistí go dtugann Críostaithe **Páis Íosa** ar na laethanta deiridh i saol Íosa, ag tosú lena bhealach isteach in Iarúsailéim agus ag críochnú lena chéasadh ar an gCros. Déan comhrá faoin Pháis ag úsáid na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- An tseachtain seo bhíomar in ann a fheiceáil, chomh maith le léamh faoi, na háiteanna in Iarúsailéim a bhaineann le Páis Íosa. An gceapann tú gur chabhraigh sé seo leat tuiscint níos fearr a bheith agat ar an scéal? Conas?
- Cén fáth ar céasadh Íosa? An raibh an dlí briste aige? Cén fáth ar lig sé é féin a chéasadh? (*toisc go bhfuil grá aige do Dhia agus go bhfuil grá aige dúinn*)
- Tugann an Eaglais Páis Íosa chun chuimhne ag Aifreann Domhnach na Pailme, nuair a

dhéanaimid comóradh ar Iontráil bhuacach Íosa in Iarúsailéim; agus

le linn Aoine an Chéasta, nuair a fhógraíonn an Eaglais Páis an Tiarna de réir Soiscéal Eoin, nuair a thagann na daoine go léir ar aghaidh chun urraim a thabhairt d'adhmaid na Croise agus nuair a ghlacann na daoine an Comaoineach Naofa.

- Téann a lán Críostaithe go dtí an Tír Bheannaithe chun cuairt a thabhairt ar na háiteanna a bhaineann le Páis agus le bás Íosa. An bhfuil aithne agat ar éinne a rinne an turas seo? An gceapann tú gur rud maith é seo chun Críostaithe a dhéanamh? Cén fáth nó cén fáth nach ea? Ar mhaith leat cuairt a thabhairt ar an dTír Bheannaithe lá éigin? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith leat?

PAIDIR (TURAS NA CROISE)

Nóta: Roghnaigh deichniúr léitheoir. Iarr ar na páistí tagairt a dhéanamh do leathanach 73 dá leabhar chun Turas na Croise a leanúint.

Cruthaigh atmaisféar urnaí tríd an seomra a dhéanamh dorcha, coinneal a lasadh, agus ceol machnamhach a sheinm sa chúlra.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnimid go bhfuil Dia linn.

Inniu cuimhnimid ar an turas a ghlac Íosa ó phálás Píoláit, áit a ndearnadh é a dhaoradh chun báis, go dtí an tuama inar adhlacadh é.

Ó tharla gur fhulaing Íosa, tá sé linn nuair a bhímid ag fulaingt. Bhí Dia an t-Athair le hÍosa agus é ag fulaingt, cé gur cosúil gur mhothaigh Íosa nár éist a Athair leis. Ach bhí muinín ag Íosa as grá a Athair, fiú nuair a bhí sé ag fulaingt go mór. Is féidir linne, freisin, muinín a bheith againn i gcónaí as grá Dé ár nAthair, nuair atáimid ag fulaingt.

Tugann ceithre stad déag de Thuras na Croise an bealach a ghlac Íosa ar a thuras deiridh chun chuimhne dúinn, agus cuirfimid roinnt de na Stadanna sin le chéile chun cabhrú linn cuimhneamh ar thuras Íosa. Agus muid ag guí ag na Stadanna sin, cuimhnimid freisin, go mbíonn orainn fulaingt anois is arís freisin. Nuair a tharlaíonn sé seo iarraidimid ar Dhia neart agus



misneach a thabhairt duinn.

Gach uair a deirim, *'Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú'*, tabharfaidh sibh an freagra, *'mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros'*.

Nuair a fuair sé bás ar an gCros dúinn, bhuaigh Íosa cumhacht an pheaca agus an bháis, mar sin, le hÍosa inár saol, ní féidir le peacaí nó leis an mbás sinn a scaradh ó ghrá an Athar.

Múinteoir: Guímis an chéad dá Stad: 'Íosa á dhaoradh chun báis' agus 'Leagtar an chros ar Íosa'.

Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.

Gach duine: Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

Léitheoir 1: Cuirtear breith an bháis ar Íosa agus tugann an slua feargach maslaí gan tuilleamh dó. Fanann sé ciúin agus iarrann sé ar Dhia maithiúnas a thabhairt do na daoine.

Nuair a cuireann na saighdiúirí an Chros throm ar a ghualainn, ní dhéanann Íosa gearrán faoi.

Tá a fhios aige go mbeidh an bóthar amach roimhe an-deacair.

Iarrann sé ar Dhia, an tAthair, cabhrú leis.

Iarrann sé ar Dhia, an tAthair, a bheith leis.

Léitheoir 2: Tá sé éasca smaoineamh nach gcuirimid breith an bháis ar dhaoine nó nach gcuirimid ualach ar a gcuid guaillí, ach uaireanta déanaimid é seo nuair a dhéanaimid daoine eile a ghortú.

Smaoinigh ar na hamanna a ghortaigh tú daoine eile leis an méid a dúirt tú nó a rinne tú. (Sos)

Smaoinigh ar na hamanna a rinne tú rud éigin a rinne saol an duine eile níos deacra. (Sos)

Go mbeadh brón orainn i gcónaí as ár mbotúin agus iarraimid ar Íosa cabhrú linn a bheith cneasta.

Múinteoir: Guímis anois an Tríú, an Seachtú agus an Naoú Stad. Tabharfaimis chun chuimhne na huaireanta nuair a thit Íosa.

Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.

Gach duine: Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

Léitheoir 3: Tá an Chros trom agus tá Íosa an-tuirseach. Gach uair a thit Íosa is cinnte go raibh sé an-phianmhar.

Ní hamháin gur thit Íosa go talamh ach, bhuail an Chros throm é nuair a thit sé. Is minic a bhraith Íosa nach bhféadfadh sé dul ar aghaidh.

In ionad gearán a dhéanamh, gach uair a thit sé d'éirigh sé aníos agus lean sé ar aghaidh.

Is ag Dia amháin atá a fhios, cá bhfuair Íosa an neart agus an creideamh leanúint ag siúl.

Léitheoir 4: Ar thit tú riamh? Nach mbraitheann

tú gortaithe? Uaireanta cuireann sé náire ort, fiú.

An raibh deacracht agat le rud éigin riamh?

Conas a bhraitheann tú ag amanna den sórt sin?

Ar theastaigh uait riamh deireadh a chur leis?

Iarrfaimis ar Íosa bheith linn agus neart a thabhairt dúinn nuair is cosúil go bhfuil rudaí ró-chrua dúinn agus go mbíonn an fonn orainn éirí as. (Sos)

Múinteoir: Guímis anois na Stadanna nuair a bhuaíl Íosa le daoine éagsúla. Ag an gCeathrú Stad cuimhnimid gur bhuaíl Íosa lena mháthair, ag an gCúigiú Stad chuidigh Síomón Círeineach le hÍosa a chros a iompar, ag an Séú Stad ghlan Veronica aghaidh Íosa, agus ag an Ochtú Stad labhair Íosa le mná Iarúsailéim.

Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.

Gach duine: Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

Léitheoir 5: Ní mór croí Mhuire a bheith briste.

Níor labhair sí focal ach bhí cuma an ghrá agus cuma imníoch ar a haghaidh.

Cuireadh brú ar Shíomón cuidiú leis an strainséir seo a chros throm a iompar, ach is cinnte gur bhraith sé go raibh rud éigin speisialta ag baint leis an duine seo.

Bhain Veronica úsáid as an méid a bhí aici – píosa éadaigh, chun aghaidh Íosa a ghlanadh, agus déantar cuimhneamh ar a gníomh simplí gráuil ó shin i leith.

Rinne mná Iarúsailéim iarracht solás a thabhairt d'Íosa.

Léitheoir 6: Ar chabhraigh tú riamh le duine éigin nuair a bhí cabhair uathu? Cén fáth gur chabhraigh tú? Conas a bhraith tú? (Sos)

An ndearna tú rud beag riamh gan smaoineamh ar an difríocht a d'fhéadfadh sé a dhéanamh? (Sos)

Guímis anois ar son daoine a chaitheann a saol ag cuidiú le daoine eile, go háirithe le daoine breoite, le daoine gan dídean agus le dídeanaithe. (Sos)

Iarr ar Íosa cabhrú leat a bheith flaithiúil le do chuid ama agus buanna agus smaoineamh ar dhaoine eile. (Sos)

Chomh maith leis sin iarr ar Íosa cabhrú leat glaoch ar dhaoine eile nuair is gá. (Sos)

Múinteoir: Guímis anois an Deichiú Stad, an t-Aonú Stad Déag agus an Dóú Stad Déag.

Cuimhnimid gur baineadh a chuid éadaigh d'Íosa, gur táirneáladh Íosa den Chros agus go bhfuair sé bás ar an gCros.

Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.

Gach duine: Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

Léitheoir 7: Nuair a shroicheann Íosa barr chnoc Chalvaire, baineann na saighdiúirí a chuid éadaí de. Táirneáltar Íosa den Chros ansin. Tá sé gortaithe go



mór agus tá tart air. Ach tá sé fós ag smaoineamh ar dhaoine eile. Iarrann sé ar Eoin agus ar a mháthair aire a thabhairt dá chéile. Ar deireadh, tar éis an phian ar fad agus an tsiúlóid fhada, cromann Íosa a cheann agus faigheann sé bás ar an gCros. Fuair Íosa bás toisc go raibh grá aige dúinn uile agus go bhféadfaimis maireachtáil chun grá a thabhairt do dhaoine eile.

Léitheoir 8: Pian agus brón a thugann na stadanna seo chun chuimhne dúinn. An féidir leat smaoineamh ar am nuair a bhí tú tinn nó i bpian? Conas a bhraith tú? Cé a chabhraigh leat? (Sos) Glacaimis nóiméad anois chun smaoineamh ar na daoine, a bhfuil grá againn dóibh, atá breoite nó tinn ag an am seo. (Sos) Déanaimis smaoineamh freisin ar na daoine ba bhreá linn agus a fuair bás. (Sos) Tá aithne ag Íosa ar an bhfulaingt agus ar an mbás, agus fós tá a fhios aige nach iadsan deireadh an scéil. Iarraimis ar Íosa cabhrú leo siúd atá tinn, leo siúd a fuair bás agus leo siúd atá brónach dá bharr. (Sos)

Múinteoir: Tugann an dá Stad deireanach: corp Íosa á bhaint anuas den Chros agus corp Íosa á leagadh sa tuama, chun chuimhne.

Adhraimid thú, a Chríost, agus molaimid thú.

Gach duine: Mar shlánaigh tú an domhan le do Naomh-Chros.

Léitheoir 9: Baintear corp Íosa anuas den Chros. Ullmhaíonn a chairde a chorp agus leagann siad é i dtuama a thug fear darbh ainm Iósaef ó Aramatáia dóibh. Imíonn siad go brónach toisc go raibh cara mór agus múinteoir cáiliúil caillte acu.

Léitheoir 10: An dtugann tú meas dod' chorp?

(Sos)

An dtugann tú meas do dhaoine eile? (Sos)

An gcabhraíonn tú le daoine eile a bhíonn brónach?

(Sos)

Iarraimis ar Íosa cabhrú linn i gcónaí meas a bheith againn ar an mbeatha, meas a thabhairt don nádúr agus meas a thabhairt dá chéile. (Sos)

Iarraimis ar Íosa freisin cuidiú linn muinín a bheith againn nach é an bás deireadh an scéil. (Sos)

Múinteoir: A Íosa gheanúil, thug tú do bheatha ar ár son.

Cabhraigh linn buíochas a ghabháil leat as an íobairt ghrámhar seo.

Cabhraigh linn a bheith buíoch as na híobairtí a dhéanann daoine eile toisc go bhfuil grá acu dúinn.

Gach duine: Áiméan.

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise.

Ceacht 2: 'Mo Thiarna agus Mo Dhia'



SULA DTOSAÍONN TÚ

Le linn roinnt ceachtanna sa chlár seo táimid ag iarraidh cabhrú leis na páistí a fheiceáil gur de réir a chéile a thuig na haspail agus na luath-dheisceabail, Íosa. Ar dtús b'fhéidir gur cheap siad gur fáidh a bhí ann, agus ansin, b'fhéidir, níos mó ná sin – an Meisias, a gheall Dia. Tar éis an Aiséirí thuig siad níos mó, ag críochnú le ráiteas Thomáis, nuair a ghlaoigh sé 'Tiarna' agus 'Dia' ar Íosa.

Fíor-Dhia is ea Íosa; an dara duine den Tríonóid Naofa. Tá dhá nádúr aige: ceann amháin go hiomlán daonna agus ceann eile go hiomlán diaga. Ní beirt atá i gceist ach an t-aon duine amháin, Íosa. Tá an duine daonna agus an duine diaga aontaithe san aon duine amháin. Cén fáth go bhfuil sé seo tábhachtach? Tá sé tábhachtach do Chríostaithe mar léiríonn sé go bhfuil a fhios

ag ár nDia cad is daonnacht ann. I bpearsa Íosa, tá taithí ag ár nDia ar tuirse (Eoin 4: 6), tart (Eoin 19:28), ocras (Matha 4:2), brón (Eoin 11:35) agus iontas (Matha 8:10). Tá an oiread sin grá ag ár nDia don chine daonna gur ghlac sé nádúr daonna é féin. Ghlac sé nádúr daonna chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil le grá agus go mbíonn sé in éineacht linn nuair atá áthas nó díomá orainn agus teastaíonn uaidh go mbeadh muinín againn as.

Pheacaigh Ádhamh agus Éabha i nGairdín Éidin agus mar thoradh air sin beirtear gach duine le peaca an tsinsir. Mar sin féin, gheall Dia ó thús go gcuirfeadh sé Slánaitheoir chugainn chun sinn a shábháil ó pheaca an tsinsir. Comhlíonadh an gealltanas sin le breith, beatha, fulaingt, bás agus Aiséirí Íosa

EOCHAIRFHOCAIL

- **Creideamh:** Creideamh i nDia.
- **Cré Níce:** Ráiteas ar an méid a chreideann duine is ea cré. Ráiteas faoin méid a chreideann Caitlicigh is ea *Cré Níce*. Faigheann an chre a hainm ó Níce (sa Tuirc inniu), mar scríobh daoine an Chré ansin.

NITHE A BHEIDH AG TEASTAIL UAIT

- An cairt 'Ag Cur Aithne ar Íosa' ó Théama 2.

Féachaimis ...

GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

FÍOR NÓ BRÉAGACH

- Abair leis na páistí go bhfuil tú chun cúpla ráiteas a chur os a gcomhair agus go mbeidh orthu a shocrú an bhfuil siad fíor nó bréagach.
- Iarr ar an rang vóta a chaitheamh faoi gach ráiteas – an bhfuil sé fíor nó bréagach.
- Tabhair na ráitis, ceann i ndiaidh a chéile, don rang:

Na Ráitis

- Tá sé dodhéanta d'fhormhór daoine an teanga a chuimil dá uillinn. **Fíor**
- Ní féidir leat píosa páipéir a fhilleadh ina dhá leath (is cuma an méid, an fad nó an leithead) níos mó ná seacht n-uaire. **Fíor**
- Is é an focal 'dó' an t-aon fhocal a bhfuil an líon céanna litreacha aige agus atá ag a ainm (m.sh. 'cúig' ceithre litir, tá sé litir ag 'seacht'). **Bréagach** (tá trí litir ag 'trí')
- Níl aon fhocail i mBéarla a dhéanann rím le 'orange', 'month', 'purple' agus 'silver'. **Fíor**

Tar éis na gníomhaíochta, déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- Nuair a chuala tú an chéad ráiteas, cad é an chéad rud a theastaigh uait a dhéanamh? (*trial a dhéanamh do theanga a chuimil dod' uillinn*) Cén fáth?
- Dá ndéarfainn libh nach raibh cead agaibh triail a bhaint as aon cheann de na ráitis thuas – ach go raibh oraibh glacadh leis an méid a dúirt mé – an mbeadh sé níos éasca nó níos deacra mé a chreidiúint? An bhfuil sé níos éasca rud éigin a chreidiúint nuair a bhíonn cruthúnas ar fáil? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- Uaireanta deir daoine, nach gcreideann i nDia, nach féidir leo a chreidiúint toisc nach bhfuil aon chruthúnas ar fáil go bhfuil Dia ann. Cad a cheapann tú faoi sin? An dóigh leat go mbeadh sé níos éasca creidiúint i nDia más rud é go raibh cruthúnas dosheachanta ann go bhfuil Dia ann? Cén fáth nó cén fáth nach dóigh leat?

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Inniu, glacaimis nóiméad chun machnamh a dhéanamh ar an bhfíric go gcreidimid, mar Chríostaithe i nDia, cé nach féidir linn Dia a fheiceáil. Níor bhuaileamar riamh le hÍosa, ach leanaimid é. Déanaimid é seo toisc go bhfuil creideamh againn, ní toisc go bhfuil cruthú againn. Éistimis go cúramach le focail an amhráin seo a leanas.

Gan tú a fheiceáil, tá grá againn duit;
Gan tú a theagmháil, tugaimid barróg duit;
Gan bualadh leat, leanaimid thú;
Gan tú a fheiceáil, creidimid.

Múinteoir: A Íosa, ár dTiarna, creidimid gur mhair tú, go bhfuair tú bás agus gur aiséirigh tú ó na mairbh.

Creidimid é seo cé nach bhfacamar é.
Neartaigh sinn inár gcreideamh.

Gach duine: Áiméan.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AG COMHRÁ

FAOI CHREIDEAMH I nDIA

Déan comhrá leis na páistí faoi cé chomh deacair nó chomh furasta is atá sé creideamh a bheith ag duine i nDia. Cuir na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna orthu:

- An bhfuil sé éasca creideamh i nDia a bheith agat? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- Ainmnigh cuid de na daoine nó na rudaí a chuidíonn leat creidiúint i nDia?
- Ainmnigh cuid de na rudaí a ndéanann siad deacair ort creidiúint i nDia?

- An gceapann tú go mbeadh sé níos éasca creideamh a bheith agat i nDia dá mbeifeá in ann Dia a fheiceáil? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?

Mínigh do na páistí go raibh an deacracht céanna ag lucht leanúna Íosa nuair a fuair siad amach nach raibh Íosa sa tuama, áit ar cuireadh ann é.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

AN TUAMA FOLAMH

Tabhair cuireadh do na páistí éisteacht leis an sliocht seo fad is a léann tú é.

An Tuama Folamh (Eoin 20:1-10)

Agus an chéad lá den tseachtain tháinig Máire Mhaigdiléana go moch, agus an dorchadas fós ann, chun an tuama agus chonaic sí an liag aistrithe ón tuama. Rith sí ansin agus tháinig sí go dtí Síomón Peadar agus go dtí an deisceabal úd eile a raibh grá ag Íosa dó. “Thóg siad an Tiarna as an tuama,” ar sí leo, “agus níl a fhios againn cár chuir siad é.”

Amach le Peadar agus leis an deisceabal eile ansin agus chuaigh siad chun an tuama. Thosaigh siad beirt ag rith in éineacht agus rith an deisceabal eile níos tapúla ná Peadar agus is é is túisce a tháinig go dtí an tuama. Nuair a chrom sé síos chonaic sé na línéadaí ina luí ansiúd, ach ní dheachaigh sé isteach. Ansin tháinig Síomón Peadar ina dhiaidh agus chuaigh sé isteach sa tuama, agus chonaic sé na línéadaí agus an brat a bhí ar a cheann



- ní i dteannta na línéadaí a bhí sé, ach fillte in aon áit amháin leis féin. Ansin an deisceabal eile, a tháinig ar dtús chun an tuama, chuaigh sé isteach agus chonaic agus chreid sé. Óir níor thuig siad go fóill an scríptúr nárbh fholáir é a aiséirí ó mhairbh. Ansin d’imigh na deisceabail abhaile arís.

Tar éis duit an sliocht a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna simplí seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 74 dá leabhar freisin**.

- Cérbh é an chéad duine a d’aimsigh an tuama folamh?
- Cad a dúirt Máire Mhaigdiléana le Síomón Peadar agus leis an deisceabal eile faoin méid a tharla?
- Cé acu den bheirt deisceabal a chuaigh isteach sa tuama ar dtús? Agus cad a d’aimsigh sé ann?

- Cad a rinne an dara deisceabal nuair a chonaic sé an tuama folamh?
- Cá ndeachaigh na deisceabail ina dhiaidh sin?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- An í an chéad fhreagairt a bhí ag Máire ná go raibh Íosa aiséirithe ó mhairbh? (*Níorbh ea*) Cén fhreagairt a bhí aici? (*Gur thóg duine éigin corp Íosa*)
- Cén fáth, dar leat, gur rith Peadar agus ‘an

deisceabal a raibh grá ag Íosa dó' (*creidimid gurb é Eoin a bhí i gceist*) go dtí an tuama (*le feiceáil dóibh féin an méid a d'inis Máire dóibh*)? Cén fáth nár ghlac siad leis an méid a d'inis Máire leo? Dá mbeifeá ar dhuine de na deisceabail sin, an ndéanfá an rud céanna? Cén fáth nó cén fáth nach ndéanfá?

- Deir an sliocht ón Soiscéal: 'Óir níor thuig siad go fóill an scríoptúr nárbh fholáir é a aiséirí ó mhairbh'. Chonaic siad an tuama folamh,

agus na héadaí, ach níor leor an méid sin. Cad a cheapfa a chabhródh leo creidiúint (*Íosa aiséirithe a fheiceáil dóibh féin*)?

Tá an scéal faoin tuama folamh, mar a insítear é sa Soiscéal de réir Eoin, le fáil ar leathanach 74 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí chun an scéal a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.

RÓLIMIRT

PEADAR AGUS AINDRIAS

- Roinn na páistí ina mbeirteanna. Glacfaidh páiste amháin i ngach péire ról Pheadair agus an páiste eile ról a dheartháir, Aindrias. Ní raibh Aindrias in éineacht le Peadar nuair a chonaic Peadar agus Eoin an tuama folamh.

Tabhair cuireadh do na páistí an comhrá a chruthú a bhí ag Peadar agus a dheartháir nuair a d'fhill Peadar ón tuama.

- Tabhair cuireadh do pháistí éagsúla a gcuid rólimeartha a chur i láthair don rang.

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

BUAILEANN MÁIRE MHAIGDILÉANA LE HÍOSA AISÉIRITHE

Tabhair chun chuimhne na bpáistí an fáth nár chreid lucht leanúna Íosa i dtosach go raibh sé aiséirithe ó mhairbh (*toisc nach raibh aon chruthúnas acu*). Ansin léigh an scéal faoi Íosa Aiséirithe á thaispeáint féin do Mháire Mhaigdiléana ón Soiscéal de réir Eoin.

Íosa á Thaispeáint Féin do Mháire Mhaigdiléana (Eoin 20:11-18)

Agus bhí Máire ina seasamh lasmuigh in aice an tuama agus í ag gol. Sa ghol di chrom sí síos agus d'fhéach isteach sa tuama, agus chonaic an dá aingeal in éidí geala ina suí mar ar luigh corp Íosa, aingeal acu ag an gceann agus an t-aingeal eile ag na cosa. "Cén fáth a bhfuil tú ag gol, a bhean," ar siad léi.

"Mar gur thóg siad mo Thiarna," ar sí leo, "agus nach eol dom cár chuir siad é."

Arna rá sin di, d'iompaigh sí thart agus chonaic sí Íosa ina sheasamh ansiúd ach nár aithin sí gurbh é Íosa é. Dúirt Íosa léi: "A bhean, cén fáth a bhfuil tú ag gol? Cé atá uait?"

Mheas sí gurbh é an garraíodóir é

agus dúirt leis: "A dhuine uasail, más tusa a thóg é, inis dom cár chuir tú é agus tabharfaidh mé liom é."

"A Mháire," arsa Íosa léi.

D'iompaigh sise agus dúirt as Eabhrais: "Rabúnaí," is é sin le rá: "A Mháistir!"

"Scaoil liom!" arsa Íosa léi, "óir ní dheachaigh mé suas chun an Athar fós; ach imigh chun mo bhráithre agus abair leo: 'Táim ag dul suas chun m'Atharsa agus chun bhur nAtharsa, chun mo Dhé-se agus chun bhur nDé-se.'"

Tháinig Máire Mhaigdiléana leis an scéala do na deisceabail: "Chonaic mé an Tiarna," agus go ndúirt sé na nithe sin léi.

Tar éis duit an sliocht a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna simplí, cosúil leo seo a leanas, a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 75 de leabhar na bpáistí freisin**.

- Cén fáth go raibh Máire Mhaigdiléana ag caoineadh?
- Cé a chonaic Máire ar dtús nuair a d'fhéach sí isteach sa tuama?
- Cé a cheap Máire a bhí ann nuair a chonaic sí Íosa?
- Cad a dúirt Máire le hÍosa Aiséirithe nuair a

thuig sí cé a bhí ann?

- Cad a dúirt Íosa Aiséirithe le Máire faoin áit a raibh sé ag dul? Cad a d'iarr sé ar Mháire a dhéanamh?
- Cad a rinne Máire i ndiaidh di a bheith ag caint le hÍosa Aiséirithe?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- An gceapann tú go gcreidfídh na deisceabail Máire anois os rud é go bhfaca sí Íosa Aiséirithe



di féin? Cén fáth nó cén fáth nach gcreidfidh?
Cad a cheapfa a bheadh uathu chun go
gcreidfeadh siad go raibh Íosa i ndáiríre
aiséirithe ó mhairbh?

- An cuimhin leat am nuair a bhí deacracht agat
rud éigin a chreidiúint a dúirt duine éigin leat?
Inis dúinn faoi sin.
- Dá mbeadh Íosa Aiséirithe le feiceáil inár
seomra foirne amárach, ach do na múinteoirí
amháin, an gcreidfeadh sibh dá ndéarfaimis libh

go bhfacamar é? Cad a tharlódh dá mbeadh sé
le feiceáil sa chlós agus go bhfaca na páistí é
ach nach bhfaca na múinteoirí ... an gcreidfidimid
sibh? Cén fáth nó cén fáth nach gcreidfidimid?

**Tá scéal Íosa Aiséirithe á thaispeáint féin do
Mháire Mhaigdiléana ar leathanach 75 de
leabhar na bpáistí. Spreag iad chun an scéal a
léamh dóibh féin.**

GNÍOMHAÍOCHT

AITHNE A CHUR AR ÍOSA

- Is beag a bhí ar eolas ag na deisceabail faoi
Íosa ag an tús, ach de réir a chéile, is mó a
d'fhoghlaim siad faoi. Le himeacht aimsire,
thosaigh siad ag cur gach rud a bhí ar eolas acu
faoi, le chéile.
- Ansin taispeáin an cairt dár teideal 'Ag Cur
aithne ar Íosa' a thosaigh na páistí a chur le
chéile i dTéama 2. Ansin tabhair cuireadh dóibh
a mholadh conas a b'fhéidir gur líon na haspail
an cairt tar éis dóibh scéal Máire Mhaigdiléana
a chloisteail.
- D'fhéadfá na samplaí seo thíos a úsáid ar an
gcairt chun na páistí a spreagadh, freagraí
bunaithe ar a bhfuil foghlamtha acu féin faoi
Íosa go dtí seo, sa téama seo, agus in áiteanna
eile a úsáid.

(An méid atá ar eolas againn)	(An méid ba mhaith linn a fháil amach)	(An méid atá foghlamtha againn)
Is múinteoir é Íosa. Chualamar Íosa ag caint faoi Dhia ar bhealach nár cloiseadh riamh roimhe seo. Nuair a insíonn sé scéalta dúinn cosúil le Parabal na nOibrithe san Fhíonghort, smaoinímid ar Dhia ar bhealach atá nua agus difriúil.	Ar ghoid duine éigin corp Íosa? An é sin an fáth nach raibh sé istigh an tuama?	Nuair a chuaigh na mná go dtí an tuama áit a raibh corp Íosa curtha, chonaic siad go raibh an tuama folamh. Ansin thaispeáin Íosa Aiséirithe é féin do Mháire Mhaigdiléana. Dúirt sí leis na deisceabail eile go raibh Íosa tar éis éirí ó mhairbh.
Is fear leighis é Íosa. Chonaiceamar Íosa ag tabhairt radharc na súl chuig duine dall, leigheas sé daoine le galair craicinn, agus chuir sé leigheas ar fhear a raibh lámh leis seargtha. Chonaiceamar na rudaí seo lenár súile féin. Tá a fhios againn nach dallamullóg nó draíocht de chineál éigin a bhí i gceist.	An bhfaca Máire Mhaigdiléana taibhse an mhaidin sin sa ghairdín? Nó ar shamhlaigh sí go bhfaca sí Íosa toisc go raibh sí chomh trína chéile?	
Is fear míorúiltí é Íosa. Chonaiceamar Íosa ag feidhmiú míorúiltí, mar shampla chiúnaigh sé stoirmeacha agus thug sé bia chuig cúig míle duine gan ach cúig builín aráin agus dhá iasc a bheith aige.	Conas a d'fhéadfadh le hÍosa teacht ar ais ar an saol? Bhí sé marbh agus sa tuama ar feadh trí lá.	
Is é Íosa an Meisias a gheall Dia a sheoladh. Rugadh é i mBeithil (mar a dúirt Míocá, fáidh) do bhean óg (mar a dúirt Íseáia, fáidh). Rinne Íseáia tairngreacht freisin go dtiocfadh cuairteoirí ón Oirthear chun é a fheiceáil, mar a tharla leis na saoithe. De réir Leabhar Íseáia, fáidh, nuair a thiocfadh an Meisias, 'Beidh an dall in ann a fheiceáil, agus cloisfidh na bodhair. Léimfidh na bacaigh agus beidh siad ag damhsa, agus beidh na bailbh ag béicil le háthas', agus is é sin go díreach a rinne Íosa. Agus chuaigh Íosa isteach in Iarúsailéim ar asal, mar dúirt Zacairía, fáidh go ndéanfadh an Meisias.	An bhféadfadh Íosa a bheith níos mó fós ná an Meisias?	

ÍOSA Á THAISPEÁINT FÉIN DÁ DHEISCEABAIL

Léigh an sliocht seo a leanas do na páistí. Tá sé **ar leathanach 76 de leabhar na bpáistí freisin.**

Íosa á Thaispeáint Féin dá Dheisceabail (Eoin 20:19-20, 24-29)

Tráthnóna an lae chéanna, an chéad lá den tseachtain, agus na doirse faoi ghlas le heagla na nGiúdach, san áit ina raibh na deisceabail, tháinig Íosa agus sheas ina measc agus dúirt leo: “Síocháin daoibh!” Á rá sin dó, thaispeáin sé dóibh a lámha agus a chliathán. Bhí áthas ar na deisceabail nuair a chonaic siad an Tiarna...

Tomás, duine den dáréag ar a dtugtaí an Leathchúpla, ní raibh sé leo nuair a tháinig Íosa. Dúirt na deisceabail eile leis: “Chonaiceamar an Tiarna.”

Ach dúirt seisean leo: “Mura bhfeicfidh mé rian na dtairní ar a dhearnana, agus mura gcuirfidh mé mo mhéar i bpoll na dtairní, agus mo lámh ina chliathán, ní chreidfí mé.”

Ocht lá ina dhiaidh sin, bhí a dheisceabail istigh arís, agus Tomás in éineacht leo. Tháinig Íosa agus na doirse faoi ghlas, sheas sé ina measc agus dúirt: “Síocháin daoibh!” Ansin



dúirt sé le Tomás: “Tabhair i leith do mhéar agus féach mo dhearnana, sín amach do lámh agus cuir i mo chliathán í, agus ná bí díchreidmheach ach creidmheach.”

D’fhreagair Tomás: “Mo Thiarna agus mo Dhia!”

Dúirt Íosa leis: “De bhrí go bhfaca tú mé, a Thomáis, chreid tú.

Is méanar dóibh seo nach bhfaca agus a chreid.”

Tar éis duit an sliocht a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna simplí, cosúil leo seo a leanas, a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 76 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Cá raibh na deisceabail bailithe le chéile? Cén fáth a raibh siad bailithe ansin?
- Cad a dúirt Íosa Aiséirithe nuair a thaispeáin sé é féin dóibh?
- Cé acu de na deisceabail nár chreid gurbh é Íosa Aiséirithe a bhí ann – bhí cruthúnas uaidh?
- Cad a dúirt Tomás nuair a d’inis na deisceabail eile dó go bhfaca siad an Tiarna?
- Cad a dúirt Tomás nuair a thaispeáin Íosa Aiséirithe é féin den dara huair – nuair a léirigh sé cruthúnas dó?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- An cuimhin leat cén deisceabal, i gceann de na cuntais eile thuas, a chreid go raibh Íosa aiséirithe ó mhairbh a luaithe a chonaic sé an

tuama folamh, cé nach bhfaca sé Íosa Aiséirithe go dtí sin – murab ionann agus Tomás, a raibh cruthúnas ag teastáil uaidh? (*An deisceabal a raibh grá ag Íosa dó*)

- Glaonn Tomás ‘Mo Thiarna agus mo Dhia’ ar Íosa. Bhí na deisceabail ag teacht ar an tuairim gurbh é Íosa An Meisias, an té a gheall Dia a sheoladh, ach tugann na focail seo le tuiscint dúinn go bhfuil Tomás tar éis Íosa a aithint mar dhuine níos mó ná An Meisias. Aithníonn Tomás gur Dia i ndáiríre, i bhfoirm dhaonna, atá in Íosa. An bhfuil sé éasca nó deacair ort a chreidiúint gur Dia é Íosa? Cén fáth?

Tá an scéal faoi Íosa Aiséirithe á thaispeáint féin dá dheisceabail ar leathanach 76 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí an scéal a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht ‘Smaoinigh air seo ...’

GNÍOMHAÍOCHT

AN CAIRT: 'AG CUR AITHNE AR ÍOSA'

Téigh ar ais go dtí an cairt thuas agus iarr ar na páistí ar mhaith leo aon ábhar breise a chur leis anois.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Bígi ciúin agus socair ... Tá a fhios againn gur fíordhuine é Íosa, a rugadh as Muire, a máthair ... D'fhás sé aníos cosúil le haon buachaill óg eile. Chaith sé an chéad tríocha bliain dá shaol ag maireachtáil le Muire agus Iósaf i mBeithil ... Ansin thaistil sé timpeall na Gailíle, ag bualadh le daoine agus á múineadh faoi Dhia an tAthair ... Faoi

dheireadh, cuireadh chun báis é toisc nár thaitin an teachtaireacht a bhí á teagasc aige le daoine áirithe ... Ach níorbh é sin deireadh an scéil ... D'aiséirigh Íosa ó mhairbh agus sheas i measc a dheisceabal agus labhair sé leo ... Ghlaoigh Tomás 'Mo Thiarna agus mo Dhia' air ... Níorbh gnáth dhuine é Íosa ... duine daonna ba ea é ach ba Dhia é freisin ... Is féidir leatsa 'Mo Thiarna agus mo Dhia' a ghlaoch ar Íosa freisin ... Má tá rud ar bith ba mhaith leat a rá le hÍosa anois, is féidir leat é sin a dhéanamh le do ghuth inmheánach ... Nuair atá sibh réidh, is féidir na súile a oscailt.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Bíonn sé deacair rudaí a chreidiúint gan taithí phearsanta a bheith agat orthu nó gan cruthúnas a bheith ann. Níor cheap na chéad deisceabail, a chonaic an tuama folamh, go raibh Íosa tar éis éirí ó mhairbh. Cheap siad gur goideadh a chorp. Is nuair a chonaic Máire Mhaigdiléana Íosa Aiséirithe

di féin gur thuig sí go raibh sé éirithe ó mhairbh. Níor chreid Tomás ach oiread go dtí go bhfaca sé cruthúnas. Ach nuair a bhí a fhios acu go raibh Íosa tar éis filleadh ar an saol i ndáiríre, chreid siad gur níos mó ná duine daonna ba ea Íosa, níos mó ná an Meisias, fiú. Chreid siad gur Dia a bhí ann.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Creideann Críostaithe go raibh dhá nádúr ag Íosa - Diaga agus daonna. Tá gach nádúr iomlán agus críochnaithe. Tá Íosa go hiomlán diaga agus go hiomlán daonna. Ní leath Dia agus leath daonna atá i gceist. B'fhéidir go gceapann daoine eile ó chreidimh reiligiúnacha eile (cosúil le Giúdaigh agus Moslamaigh) gur dhuine naofa amháin ab ea Íosa, ach ní chreideann siad gur Dia a bhí ann.

AG COMHRÁ

FAOIN GCRÉ NÍCÉ

- Dírigh aire na bpáistí chuig an *Chré Nícé* atá **ar leathanach 145 dá leabhar**. Tabhair chun chuimhne gur ráiteas ar an méid a chreideann duine is ea cré. Ráiteas faoin méid a chreideann Caitlicigh is ea *Cré Nícé*. Faigheann an chré a hainm ó Nícé (sa Tuirc inniu), mar scríobh daoine an Chré ansin sa bhliain 325. Guímid an phaidir seo de ghnáth ag an Aifreann tar éis an homaile.
- Cabhraigh leis na páistí an ceithre chuid ar leith sa *Chré Nícé* a aimsiú: baineann siad le Dia an tAthair, le hÍosa, leis an Spiorad Naomh agus leis an Eaglais. I ngach cuid tá liosta de na rudaí a chreidimid.
- Ansin díriú aire ar an dara chuid den Chré, a bhaineann le hÍosa, an dara phearsa den Tríonóid Naofa.
- Déan comhrá leis na páistí faoi na ráitis éagsúla a bhaineann le hÍosa atá sa Chré agus úsáid á bhaint agat as na ceisteanna agus na noda thíos:

Creidim in aon Tiarna amháin Íosa Críost,
Mac Aonghine Dé,
an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann.

Cad iad na teidil a thugtar d'Íosa anseo?
(Tiarna, Críost, Mac Aonghine Dé)

Cad is brí leis an ráiteas gur rugadh Íosa 'ón Athair sula raibh aon saol ann'? (Mhair Íosa, an dara phearsa den Tríonóid Naofa ar neamh, díreach mar a mhair Dia i gcónaí ar neamh.)

Dia ó Dhia, solas ó sholas,
Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;
An té a gineadh agus nach ndearnadh, agus atá d'aon substaint leis an Athair: is tríd a rinneadh an uile ní.

Cuireann an sliocht seo i gcuimhne dúinn gur comhionann agus cothrom iad Dia, Íosa agus an Spiorad Naomh ('Dia ó Dia', 'Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia'). Ní Dia 'páirteach' atá in Íosa. Is neach amháin iad Íosa agus Dia déanta den 'tsubstaint' chéanna ('d'aon substaint'). Ní raibh Íosa 'déanta' ar an mbealach céanna le daoine. Tháinig Íosa ó Dhia agus is Dia é.

Ar ár son-na, an cine daonna, agus ar son ár slánaithe,
thuirling sé ó neamh.
Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é i mbroinn na Maighdine Muire agus ghlac sé nádúr daonna.

Conas a d'fhoghlaim Muire go raibh sí le bheith ag iompar clainne 'le cumhacht an Spioraid Naoimh'? (Tháinig an t-aingeal Gaibriél, mar theachtair ó Dhia, chun é a rá léi.)

Nuair a rugadh Íosa, ghlac Dia nádúr daonna i bpearsa Íosa. Is é Íosa 'Dia linn'



Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é. D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir.

Cad is cuimhin leat faoi pháis agus bás Íosa?

(Rinne Iúdás feall ar Íosa agus cuireadh Íosa chun báis faoi Phointias Píoláit, an Rialóir Rómhánach ag an am. Trí lá tar éis a bháis, chuaigh Máire Mhaigdléana agus roinnt mná eile go dtí an tuama, áit ar leagadh a chorp, chun a fháil amach nach raibh sé ann. Dúirt aingil leo go raibh sé aiséirithe.)

Chuaigh suas ar neamh;
tá ina shuí ar dheis an Athar.

Cathain a chuaigh Íosa ar ais go dtí a Athair, ar neamh? (Daichead lá ó d'aiséirigh sé ón mbás)

Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,
le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,
agus ní bheidh deireadh lena ríocht.

An é sin an deireadh? Mhair Íosa, fuair sé bás, agus tá sé ar neamh anois go deo? (Ní hea, creidimid go bhfuil Íosa Aiséirithe linn anois sna

sacraimintí, agus go háirithe nuair a ghlacaimid an Comaoineach Naofa, agus go dtiocfaidh sé ar ais arís, ag deireadh an ama, nuair a chruthóidh sé neamh nua agus domhan nua.)

Tar éis na pointí thuas a phlé leis na páistí, tochail níos doimhne trí na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna a chur orthu:

- An bhfuil aon rud ráite faoi Íosa sa *Chré Nícé* nach raibh ar eolas agat riamh roimhe seo, nó nár smaoinigh tú riamh roimhe seo air? An bhfuil aon rud ann a chuireann iontas ort?
- Ón méid atá ar eolas agat cheana féin faoi Íosa, agus ón méid atá foghlamtha agat ón *Chré Nícé*, b'fhéidir go bhfuil tú ag tosú a fheiceáil gur bhain dhá rud le hÍosa ag an am céanna: ba dhuine daonna é, duine a rugadh agus a d'fhás in aois agus in eolas mar a dhéanann daoine eile, ach Dia a bhí ann chomh maith. Is é sin an méid a d'fhoghlaim na haspail tar éis an Aiséirí. Cad a cheapann tú faoi sin?
- Mar Chríostaithe, is féidir linn an *Chré Nícé* a ghuí chun a thaispeáint go gcreidimid na rudaí seo go léir faoi Dhia - Dia an tAthair, Dia an Mac (Íosa) agus Dia an Spiorad Naomh.
- Cathain a ghuítear an *Chré Nícé* de ghnáth (ag an Aifreann, tar éis an homaile)? An gcheapann tú gur paidir maith í le rá? Cén fáth nó cén fáth nach ea?

CLEACHTADH DIALAINNE

AN CHRÉ NÍCÉ

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 76 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh an *Chré Nícé* a léamh agus rud amháin a scríobh sa Dialann don Oideachas

Reiligiúnach a deir sé faoi Dhia an tAthair, Dia an Mac (Íosa), agus Dia an Spiorad Naomh, agus rud amháin a deir sé faoin Eaglais. (Tá an chré ar fad le fáil **ar leathanach 145 de leabhar na bpáistí**.)

PAIDIR

Nóta: B'fhéidir gur mhaith leat go mbeadh léitheoirí nó grúpaí beaga ann chun an ceithre chuid den *Chré Nícé* a thosú, seachas na páistí go léir a léamh le chéile. Tá focail an *Chré Nícé* ar leathanach 145 de leabhar na bpáistí.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Ag an Cháisc gach bliain ceiliúraimid aiséirí Íosa ó na mairbh. Léiríonn an t-Aiséirí dúinn go bhfuil Íosa níos láidre ná an bás. Tá Íosa níos láidre ná an t-olc freisin. Dia is ea Íosa.

Guímis le chéile anois an *Chré Nícé*, admháil ár gcreideamh i nDia: Athair, Mac agus Spiorad

Naomh.

Gach duine: Is féidir le léitheoirí leo féin, nó le grúpaí beaga, na codanna éagsúla den *Chré* a thosú.

Creidim in aon Dia amháin, ...

Agus in aon Tiarna amháin Íosa Críost, ...

Creidim sa Spiorad Naomh, ...

Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.

Múinteoir: Is é seo ár gcreideamh. Is é seo creideamh na hEaglaise. Táimid bródúil as é a admháil i gCríost Íosa ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise

Ceacht 3: Leanann obair Íosa ar aghaidh inniu

SULA DTOSAÍONN TÚ

Ar lá a Dheascabhála, thug Íosa cuireadh dá aspail an Dea-Scéal a roinnt le gach duine. Gheall sé go mbeadh sé in éineacht leo i gcónaí, go deireadh an ama, agus go gcuirfeadh sé an An Spiorad Naomh, a bheadh mar chúntóir agus mar threoir acu agus iad ag freagairt a chuireadh. Dúirt Íosa, 'Ach gheobhaidh sibh cumhacht nuair a bheidh an Spiorad Naomh tar éis teacht oraibh; agus beidh sibh i mo fhinnéithe in Iarúsailéim, in Iúdáia agus sa tSamáir go léir, agus go críoche an domhain' (Gníomhartha na nAspal 1:8). Faoi thionchar an Spioraid Naomh, scaip lucht leanúna Íosa Dea-Scéal na Ríochta do gach cuid d'Impireacht na Róimhe. Leis na cianta spreag an Spiorad Naomh an Eaglais chun misinéirí a sheoladh chuig gach cuid den domhan chun Críost a chur in iúl do chách. Leanann an Spiorad Naomh obair Íosa san Eaglais – ag leigheas, ag teagasc agus ag

tabhairt athmhuintearais – trí na sacraimintí, trí theagasc ón bPápa agus ó na heaspaig, agus trí bheatha Críostaithe a mhaireann de réir an tSoiscéil. Glaoitear ar Chríostaithe go léir a bheith ina misinéirí. Glaoitear ar cuid acu a bheith ina misinéirí lánaimseartha.

Sa cheacht seo cuirimid na páistí in aithne Ministreachtaí NET (National Evangelisation Teams). Eagraíocht de mhisinéirí Caitliceacha óga is ea NET Ministries Ireland. Roinneann siad an teachtaireacht as an Soiscéal le leanaí agus le daoine fásta i séipéil, i scoileanna agus i bparóistí ar fud na hÉireann. Mar chuid dá misean, cuireann Ministreachtaí NET cúrsaí spioradálta ar fáil do pháistí bunscoile atá ag ullmhú don Chóineartú. Sa cheacht seo tosaímid ag fiafraí de na leanaí conas a d'fhéadfadís, freisin, leanúint ar aghaidh le hobair Íosa.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Craobhscaoil an Soiscéal:** An Soiscéal a mhúineadh.
- **Misean:** Tasc nó post. Bhí misean ag Íosa. Mhúin sé do na daoine faoi Dhia. Thaispeáin sé dóibh conas maireachtáil i ngrá Dé agus i ngrá daoine eile.
- **Misinéirí:** Daoine a leanann misean Íosa tríd an Dea-Scéala a roinnt.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Píosa páipéir do gach páiste
- Cóip den teimpléad 'Lucht Leanúna Íosa' do gach páiste

Féachaimis ...

GNÍOMHAÍOCHT

AM CHUN ROGHA A DHÉANAMH

Nóta: Beidh píosa páipéir ag teastáil ó gach páiste. Tabhair píosa páipéir do gach páiste. Cuir in iúl dóibh go bhfuil tú chun ocht gcás éagsúla a ainmniú agus caithfidh siad duine amháin a roghnú, a bhfuil aithne acu orthu, chun cabhrú leo i ngach ceann. Spreag na páistí smaoineamh go cúramach faoi na daoine a roghann siad do gach tasc. Ní cóir go mbeadh aon díospóireacht ann ag an bpointe seo den ghníomhaíocht.

Ansin léigh na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé a roghnófa le dul leat dá mbaifá saoire i Disneyworld?
2. Cé a roghnófa dá mbeifeá tréigthe ar oileán agus gan ach compánach amháin le bheith agat?
3. Cé a roghnófa le bheith i do mhúinteoir i rith na bliana seo chugainn, dá bhféadfá múinteoir ar bith a roghnú sa scoil?
4. Cé a roghnófa chun cabhrú leat dá mbeadh fadhb Matamaitice agat ag an obair bhaile?
5. Cé a roghnófa chun cónaí leat dá mbeadh ort maireachtáil le duine amháin eile seachas na daoine a mhaireann tú anois leo?
6. Cé a roghnófa chun cabhrú leat an Spáinnis a labhairt?
7. Cé a roghnófa dá mbeadh ort foghlaim conas eitleog a bhualadh deich n-uaire as a chéile?

8. Cé a roghnófa chun cabhrú leat pictiúr a phéinteáil mar bhronntanas do dhuine éigin?

Sula ndéanann na páistí a gcuid freagraí a roinnt, déan comhrá faoin bpróiseas chun daoine a roghnú, ag baint úsáid as na ceisteanna thíos nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad iad na rudaí a chuaigh trí d'intinn agat agus tú ag smaoineamh ar cé a roghnófa gach uair? Ar athraigh tú d'intinn ag céim ar bith? Cén fáth?
- Ar roghnaigh tú an duine céanna gach uair? Cén fáth nó cén fáth nár roghnaigh?
- Ar smaoinigh tú riamh ar roghnaigh tú an duine is fearr don tasc?

Tabhair roinnt ama do na páistí a gcuid freagraí a roinnt leis an duine in aice leo ar dtús agus ansin leis an rang ar fad. Spreag na páistí le míniú a thabhairt dá chéile ar an bhfáth ar roghnaigh siad an duine a roghnaigh siad i ngach cás.

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Gach éinne difriúil, ach iad go léir comhionann i súile Dé!' a léamh ar lch 78 dá leabhar.

CLEACHTADH DIALAINNE

NITHE MAITHE FÚM

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 78 dá leabhar** a thugann cuireadh dóibh a n-ainm a scríobh i lár leathanaigh sa dialann don Oideachas Reiligiúnach agus ansin ciorcal a tharraingt mórthimpeall air;

ansin línte a tharraingt amach ón gciorcal sin. Ag deireadh na línte sin iarrtar orthu pointe dearfach fúthu féin a scríobh – an bhfuil siad cneasta, spráíúil, go maith ag éisteacht le daoine eile srl.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Inniu chaitheamar roinnt ama ag smaoineamh ar na daoine éagsúla atá mar bhaill dár dteaghlach

agus dá gcairde. Tá cáilíochtaí éagsúla, scileanna éagsúla agus buanna éagsúla ag gach ceann de na daoine seo. Gabhaimid buíochas le Dia as na daoine seo go léir.

Tugaim cuireadh daoibh anois na súile a dhúnadh agus cúpla nóiméad a chaitheamh ag smaoineamh ar na daoine go léir a bhfuil aithne agat orthu agus



a roinneann tú grá leo.

Smaoinigh ar na daoine go léir a bhfuil aithne agat orthu atá iontaofa. (Sos) Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Dia as na daoine sin. (Sos)

Smaoinigh ar na daoine go léir a bhfuil aithne agat orthu agus gur maith leat a bheith in éineacht leo. (Sos) Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Dia as na daoine sin. (Sos)

Smaoinigh ar na daoine go léir a bhfuil aithne agat orthu atá cneasta agus cabhrach. (Sos) Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Dia as na daoine sin. (Sos)

Smaoinigh ar na daoine go léir a bhfuil aithne agat orthu atá go maith ag obair scoile. (Sos) Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Dia as na daoine sin. (Sos)

Smaoinigh ar na daoine go léir a bhfuil aithne agat orthu atá spórtúil. (Sos) Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Dia as na daoine sin. (Sos)

Smaoinigh ar na daoine go léir a bhfuil aithne agat orthu atá ealaíonta. (Sos) Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Dia as na daoine sin. (Sos)

Bíonn cabhair ag teastáil uainn ó dhaoine difriúla ag amanna éagsúla. Gabhaimid buíochas le Dia as na daoine go léir atá ann dúinn nuair is gá. (Sos)

Nuair atá sibh réidh, oscail na súile.

A Dhia ghrámhair, cuidigh linn a bheith ann do dhaoine eile freisin. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

AN SCRÍPTÚR NAOFA

ROGHNAÍONN ÍOSA AN DÁRÉAG ASPAL

Tosaigh trí na gníomhaíochtaí, áit ar roghnaigh siad daoine difriúla chun cabhrú leo roinnt tascanna a dhéanamh, a thabhairt chun chuimhne na bpáistí. Ansin inis dóibh, nuair a bhí Íosa ar domhan, b'éigean dó daoine a roghnú freisin a d'fhoghlaimedh uaidh agus a leanfadh ar aghaidh

lena chuid oibre tar éis dó filleadh ar a Athair ar neamh. Ansin léigh an cuntas seo a leanas as na Scríptúir ina roghnaíonn Íosa an dáréag aspal agus ina gcuireann sé amach iad chun an Soiscéal a scaipeadh.

Roghnaíonn Íosa an Dáréag Aspal (Marcas 3:13-14, Matha 10:11-12, 14, 16, 40, 42)

Chuaigh sé an sliabh suas agus ghlaigh sé chuige iad seo ab áil leis féin. Tháinig siad chuige, agus cheap sé dáréag mar chompánaigh aige féin agus chun go gcuirfeadh sé uaidh iad ag seanmóir...

'Cibé cathair nó baile a rachaidh sibh isteach ann, cuirigí fiafraí ar dhuine geanúil ann, agus fanaigí aige sin nó go mbeidh sibh ag fágáil. Beannaigí romhaibh isteach ansin... Duine ar bith nach nglacfaidh sibh agus nach n-éistfidh le bhur mbriathra, gabhaigí amach as an teach nó as an gcathair sin agus croithigí an deannach de bhur gcosa.'

'Táim do bhur gcur uaim ar nós caorach i



measc faolchúnna; dá bhrí sin, bígí chomh géarchúiseach leis an nathair nimhe agus chomh macánta leis an gcolm.'

'An té a ghlacann sibhse, glacann sé mise; agus an té a ghlacann mise, glacann sé an té a chuir uaidh mé... Agus má thugann duine ar bith oiread is an cupán d'fhíoruisce do dhuine den mhuintir bheag seo, as ucht gur deisceabal é, ní bheidh sé gan a thuarastal a fháil.'

Tar éis duit an sliocht a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna simplí, cosúil leo seo a leanas, a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 79 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Cé mhéad duine a roghnaigh Íosa mar aspal? Cad a bhí sé ag iarraidh orthu a dhéanamh?
- Cad a dúirt Íosa lena haspail a dhéanamh nuair a chuaigh siad isteach i mbaile nó i sraidbhaile?
- Cad a dúirt Íosa leo a dhéanamh nuair nár chuir daoine fáilte rompu?
- Nuair a bhí Íosa ag caint leis na haspail faoin obair, rinne sé comparáid. Cén chomparáid a rinne sé? Cén chomhairle a thug sé dóibh?
- Cad a dúirt Íosa faoi na daoine a chuirfeadh fáilte roimh na haspail agus roimh an teachtaireacht a bhí acu?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cad iad na cáilíochtaí, dar leat, a bhí ag an

dáréag aspal gur roghnaigh Íosa iad?

- Cad a bhí Íosa ag iarraidh ar a chuid aspal a dhéanamh? Cén teachtaireacht a bheadh acu, agus cé dó?
- Samhlaigh go raibh ort insint faoi Dhia do ghrúpa daoine nár chuala riamh faoi Dhia/faoi Íosa. Cad a déarfá leo?
- An gceapann tú go ndéanann Íosa an tasc atá le déanamh ag na haspail tarraingteach? Deir sé leo go mbeidh siad 'ar nós caorach i measc faolchúnna'! Cén fáth, dar leat, a insíonn sé sin dóibh? An aontaíonn tú go mbeadh seanmóireacht faoi Dhia deacair? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh?

Spreag na páistí chun an t-alt dar teideal 'Roghnaíonn Íosa an Dáréag Aspal' ar leathanach 79 dá leabhar a léamh agus an sliocht ó na Scríptúir ar an leathanach céanna a léamh freisin.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir na súile a dhúnadh ... Bí ciúin agus socair ... Smaoinigh ar an bhfáth gur fhreagair na haspail cuireadh Íosa ... An gceapann

tú go raibh muinín acu as? ... An gceapann tú gur cheap siad go raibh tábhacht ag baint leis an obair a theastaigh ó Íosa go ndéanfaid siad? ... Má tá tú baiste, is leantóir Íosa thú freisin; agus ghlac tú le cuireadh Íosa freisin ... Is féidir leat glacadh le cuireadh ó Íosa gach lá chun maireachtáil mar a leantóir ... Nuair atá sibh réidh, oscail na súile.

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

GEALLANN ÍOSA AN SPIORAD NAOMH

Tabhair an scéal faoi Íosa ag roghnú a chuid aspal agus á seoladh amach chun a theachtaireacht a scaipeadh, i gcuimhne na bpáistí. Ansin cuir i gcuimhne dóibh go raibh a fhios ag Íosa go raibh deacrachtaí ag baint leis an obair seo. Tabhair

cuireadh do na páistí éisteacht mar a léann tú an cuntas ón Soiscéal de réir Eoin faoi Íosa ag gealladh Cúntóir a sheoladh, an Spiorad Naomh, chun cuidiú leis na haspail ina gcúram.

Gealltanas an Spioraid Naoimh (Eoin 14:15-17, 26)

[Dúirt Íosa] 'Má tá grá agaibh dom, coinneoidh sibh m'aitheanta. Agus iarrfaidh mé ar m'Athair é, agus tabharfaidh sé Abhcóide eile daoibh chun fanacht faraibh go deo - Spiorad na Fírinne...

Ach aithníonn sibhse é mar fanann sé faraibh, agus beidh sé ionaibh.'

'Ach an tAbhcóide, an Spiorad Naomh, a chuirfidh an tAthair uaidh i m'ainmse, múinfidh seisean an uile ní daoibh, agus cuirfidh sé i gcuimhne daoibh, ar inis mise daoibh.'



Tar éis duit an sliocht a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna simplí, cosúil leo seo a leanas, a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 80 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Cé air a d'iarr Íosa Cúntóir a sheoladh chuig na haspail agus na deisceabail eile?
- Cérbh é an Cúntóir sin?
- Cad a dúirt Íosa go ndéanfaidh an Cúntóir?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Insíonn an sliocht seo ón Scríoptúr dúinn gur iarr Íosa ar an Athair an Spiorad Naomh a sheoladh dá aspail. An gceapann tú gur choinnigh Íosa a gheallúint? Cén fáth nó cén fáth nár choinnigh?
- An cuimhin leat rud ar bith faoin méid a tharla nuair a tháinig an Spiorad Naomh ar na haspail ar dtús?
- Dúirt Íosa go bhfanann an Spiorad Naomh leat agus go mbíonn sé ionat. An bhfuil an Spiorad Naomh leat? Cathain a chuir Íosa an Spiorad Naomh chugainn don chéad uair? (Nuair a baisteadh muid) An cuimhin leat na focail a deir

- an sagart nuair a bhaistear duine? (*Baistim tú in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. Áiméan.*) Mar sin, díreach mar a chuir Íosa an Spiorad Naomh chuig a chuid aspal chun cabhrú leo, chuir sé an Spiorad Naomh chugainn freisin ag ár mBaisteadh, chun cabhrú linn maireachtáil mar bhaill dá lucht leanúna.
- Chuir Íosa an Spiorad Naomh chuig na haspail chun cabhrú leo daoine a insint faoi, agus cabhrú leo maireachtáil faoi mar a theastaigh ó Dhia. An gceapann tú gur rud deacair é sin fós do dhaoine a dhéanamh inniu? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
 - Cad iad na bealaí ina bhfreagraíonn daoine inniu d'Íosa chun a theachtaireacht a scaipeadh agus maireachtáil sa tslí a thaispeáin sé dóibh? Conas a dhéanfa amhlaidh?

Spreag na páistí chun an sliocht ón Scríoptúr dár teideal 'Gealltanas an Spioraid Naoimh' ar leathanach 80 dá leabhar a léamh dóibh féin.

GNÍOMHAÍOCHT

Spreag na páistí chun an t-alt dar teideal 'Tagann an Spiorad Naomh Chugainn ag an mBaisteadh agus sa Chóineartú' ar leathanach 80 dá leabhar a léamh agus beagán ama a chaitheamh ag dul i ngleic leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.

GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

AG MAIREACHTÁIL MAR LEANTÓIR ÍOSA

- Sula dtosaíonn siad ar an ngníomhaíocht seo, cuidigh leis na páistí chun ainmneacha dáréag aspal Íosa a thabhairt chun cuimhne: Peadar agus Aindrias (ar deartháireacha iad), Séamas agus Eoin (deartháireacha freisin), Séamas eile agus a dheartháir Tadáias, Pilib, Parthalán, Síomón, Matha, Iúdás Isceiriót agus Tomás.
- Iarr ar na páistí bheith i ngrúpaí de thriúr nó ceathrar. Ansin tabhair isteach an ghníomhaíocht, ag úsáid na focail seo nó focail den chineál céanna:

Samhlaigh go bhfuil gach duine agaibh mar bhall de na haspail – is cuma cén ceann a roghnaíonn tú. Tá Íosa tar éis filleadh ar a Athair ar neamh agus thug sé an tasc duit féin agus do na haspail

eile insint mar gheall air do dhaoine eile – faoi na rudai iontacha go léir a rinne sé agus a dúirt sé. Tá tréimhse fhada chrua caite agat ag seanmóireacht i rith an lae, ag teagasc agus ag iarraidh treoir Íosa a leanúint. Ach gach uair a thosaíonn tú ag insint do dhaoine gur Dia é Íosa, agus gur tháinig sé ar domhan mar dhuine chun daoine a theagasc faoi Dhia agus faoin gcaoi ar chóir dóibh maireachtáil, dar leis na daoine go bhfuil tú craiceáilte. Is obair an-deacair é. Filleann tú abhaile tuirseach oíche amháin agus insíonn tú dod' theaghlach faoi do lá, faoin méid a dúirt tú faoi Íosa agus conas a d'fhreagair na daoine. Déan comhrá leis na baill eile i do ghrúpa faoin gcomhrá a bhíonn ar siúl idir tú féin agus do theaghlach. Nuair atá tú réidh, cuir an comhrá i láthair don rang.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh ... Smaoinigh ar cén chaoi a bhfuil sé a bheith i do leantóir d'Íosa inniu ... An bhfuil sé éasca nó deacair maireachtáil mar a iarrann Íosa orainn? ... An bhfuil sé éasca nó deacair freastal ar Aifreann gach seachtain? ... An bhfuil sé éasca nó deacair

guí a dhéanamh gach lá? ... An bhfuil sé éasca nó deacair ár ngeallúintí a choinneáil i rith an Charghais? ... Cuimhnigh, gur féidir leis an Spiorad Naomh cabhrú leat le bheith i do leantóir maith d'Íosa... Le do ghuth inmheánach, b'fhéidir gur mhaith leat a iarraidh ar an Spiorad Naomh a bheith leat agus misneach a thabhairt duit i gcónaí an rud ceart a dhéanamh ... Nuair atá sibh réidh, is féidir na súile a oscailt.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

LUCHT LEANÚNA ÍOSA SA LÁ ATÁ INNIU ANN

Nóta: Beidh cóip den teimpléad (thíos) 'Lucht Leanúna Íosa' ag teastáil uait do gach páiste.

- Tabhair cóip den teimpléad do gach páiste.
- Iarr orthu íomhá dóibh féin a tharraingt sa phictiúr. Cuir i gcuimhne dóibh gur leantóirí Íosa iad ó baisteadh iad.
- Ansin iarr orthu íomhá de dhuine eile a

tharraingt sa phictiúr – íomhá de dhuine a leanann Íosa sa lá atá inniu ann.

- Spreag na páistí chun roinnt leantóirí eile d'Íosa a tharraingt sa phictiúr freisin.
- Tabhair cuireadh do na páistí ceanteideal oiriúnach a scríobh faoin bpictiúr.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Roghnaigh Íosa dáréag aspal chun leanúint ar aghaidh lena chuid oibre ar domhan tar éis dó filleadh ar an Athair. Dúirt Íosa leo nach tasc éasca a bheadh ann agus go mbeidís 'ar nós caorach i measc faolchúnna'. Gheall sé dóibh go n-iarrfadh sé ar Dhia, an tAthair, an Spiorad Naomh a

sheoladh chucu chun cabhrú leo. Tagann an Spiorad Naomh céanna chugainn ag ár mBaisteadh, agus arís ag an gCóineartú. Cuidíonn an Spiorad Naomh linn misean Íosa a chur chun cinn inniu agus maireachtáil de réir mar a mhúnlaigh Íosa dúinn.

MINISTREACHTAÍ NET

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Ministreachtaí NET' atá **ar leathanach 80 dá leabhar** a léamh.



PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnimid go bhfuil Dia linn.

An tseachtain seo, bhíomar ag foghlaim faoi conas a chuir Íosa a chuid aspal amach chun leanúint ar aghaidh lena chuid oibre. Bhí a fhios ag Íosa nach mbeadh an obair seo éasca, mar sin d'iarr sé ar Dhia an tAthair, an Spiorad Naomh a sheoladh chun cabhrú leo. Tá teachtaireacht grá Dé anois tar éis gach tír ar domhan a bhaint amach.

Ach tá obair fós le déanamh. Toisc gur chuala daoine faoi Dhia ní chiallaíonn sé sin go bhfuil siad ag maireachtáil ar an mbealach a d'iarr Íosa orthu. Is féidir linn samplaí a fheiceáil mórthimpeall orainn ina léiríonn daoine nach bhfuil grá acu do Dhia agus do dhaoine eile. Is minic a bhíonn daoine ag gáire futhu siúd a bhíonn ag guí chuig Dia, nó faoi dhaoine eile a chreideann i nDia. Ach fanann Spiorad Naomh Dé leis na daoine a chreideann. Cuidíonn an Spiorad Naomh linn leanúint ar aghaidh le misean Íosa.

Tugaim cuireadh daoibh anois na súile a dhúnadh agus a bheith socair agus ciúin ... Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, nach féidir le haon duine eile a chlosteáil, inis le Dia conas a bhraitheann tú toisc go bhfuil Íosa á leanúint agat. (Sos) An gcuireann sé taitneamh ort? (Sos) Cén fáth? (Sos) An bhfuil deacrachtaí ag baint leis? (Sos) Céard iad? (Sos)

Tá a fhios againn go bhfuil daoine ar fud an domhain inniu atá ag leanúint leis an obair a thosaigh Íosa nuair a bhí sé ar domhan. Sampla amháin de seo is ea Ministreachtaí NET. An féidir leat smaoineamh ar bhealach amháin gur féidir leat leanúint ar aghaidh le misean Íosa, ag maireachtáil ar an mbealach a d'iarr sé ort - grá a thabhairt do Dhia agus dá chéile? (Sos)

Cad iad na bealaí inar féidir leat grá Dé a thabhairt isteach i do theach? (Sos)

Cad iad na bealaí inar féidir leat grá Dé a thabhairt isteach ar scoil? (Sos)

Cad iad na bealaí inar féidir leat grá Dé a thabhairt isteach i do phobal? (Sos)

Cuimhnigh go bhfuil an méid a gheall Íosa leis na haspail, fíor chomh maith duitse: beidh an Spiorad Naomh in éineacht leat agus cabhróidh sé leat nuair a dhéanann tú iarracht maireachtáil mar a d'iarr Íosa ort. (Sos)

Nuair atá sibh réidh is féidir na súile a oscailt. (Sos) Guímis le chéile anois chuig an Spiorad Naomh.


Gach duine: Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan.

Agus las ionainn tine do ghrá.

Cuir amach uait do Spiorad agus cruthófar muid, Agus déanfaidh tú aghaidh na talún a athnuachan. Áiméan.

Comhartha na Croise

Lucht Leanúna Íosa



Téama 8: An Spiorad Naomh

Ceacht 1: An Spiorad Naomh

Ceacht 2: Tíolacthaí an Spioraid Naoimh

Ceacht 3: Tar, a Spioraid Naoimh

Ceacht 4: Ag maireachtáil lán den Spiorad

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair Dé

- Ciallaíonn rúndiamhair na Tríonóide gur é Dia an tAthair, Dia an Mac agus Dia an Spiorad Naomh agus gur iad seo na trí phearsa in aon nádúr diaga amháin
- Tá an teanga atá againn faoi Dhia teoranta toisc gur rúndiamhair é Dia

Rúndiamhair Íosa Críost

- Oibríonn Íosa tríd an Spiorad Naomh ina Eaglais chun a phobal a shábháil
- Nuair a thuirling an Spiorad Naomh ar Íosa, agus Eoin á bhaisteadh, ba comhartha a bhí ann gurbh é an Meisias, Mac Dé é
- Rinneadh Íosa a choisreacan ag an Spiorad Naomh le faoiseamh a thabhairt dóibh siúd atá lag agus ag fulaingt
- Nuair a bhí Íosa glóirithe tar éis a Aiséirí chuir sé a Spiorad chucu siúd a chreid ann
- Chuir Íosa aiséirithe An Spiorad Naomh chugainn nuair a baisteadh sinn
- Bhronn Íosa an Spiorad go fial ar a dheisceabail, mar a bhí geallta ag an Athair

Rúndiamhair an Spioraid Naoimh

- Is é an Spiorad Naomh an tríú pearsa den Tríonóid Naofa, ar chomh chéim leis an Athair agus leis an Mac
- Tá an Spiorad Naomh ag obair sa domhan iomlán
- Tá cabhair an Spioraid Naoimh ag teastáil le go gcreidfimid
- Teidil atá ag an Spiorad Naomh: Spiorad Dé, Spiorad Chríost, Spiorad na Fírinne, Fortaitheoir, Abhcóide, Múinteoir, Treoraí, Bronntanas ó Dhia na Glóire
- Seo iad bronntanais an Spioraid Naoimh: eagna, tuiscint, breithiúnas cóir, misneach, eolas, urraim agus iontas agus uamhan i láthair Dé (Ís 11:2-3)

- Cabhraíonn bronntanais agus cairiosma an Spioraid Naoimh le daoine toil Dé a dhéanamh
- Seo iad torthaí an Spioraid Naoimh: grá, lúcháir, síocháin, foighne, cineáltas, maitheas, uaisleacht, dílseacht, agus féinsmacht

Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta

- Tugann an Spiorad Naomh an chumhacht don Eaglais leanúint ar aghaidh le misean Íosa
- Tá bronntanas éigin ón Spiorad ag gach ball den Eaglais chun leanúint ar aghaidh le hobair Chríost agus chun go mbeidh Ríocht Dé láithreach, beo ó lá go lá

BRIATHAR DÉ

An Bíobla

- Thug an Spiorad Naomh inspioráid do na scríobhneoirí daonna a scríobh leabhair an Bhíobla
- Nuair a éistimid le Briathar Dé labhraíonn an Spiorad Naomh linn agus cabhraíonn sé linn Íosa a leanúint go dlúth inár saol laethúil

An Scrioptúr Naofa

Plean Grámhar Dé don Slánú

- Seanfh 4:5-8. Eagna
- Ís 43:1-4. 'Ghlaoigh mé ar d'ainm.'

Saol Poiblí Íosa

- Eoin 1:29-34; Mth 3: 1-17. Baisteadh Íosa
- Lúc 4:16-22. Spiorad an Tiarna

An Chincís

- Gníomh 2:1-13. An Chincís

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

Urnaí Fhoirmeálta

- Paidreacha don Spiorad Naomh
- Paidreacha do shearmanas an Chóineartaithe



An Bhliain Liotúirgeach

- Um Chincís déanann an Eaglais ceiliúradh ar an ngeallúint a thug Íosa go gcuirfeadh sé an Spiorad Naomh chuig na haspail chun cabhrú leo leanúint ar aghaidh lena chuid oibre ar talamh, agus iad ag fanacht lena theacht athuair ar lá an bhreithiúnais
- An Chincís: ceiliúradh de thús na hEaglaise agus an cumhacht atá ag an Spiorad Naomh gach lá a dhéanamh naofa

Na Sacraimintí

- Is sna sacraimintí a bhuailimid le hÍosa ag na tráthanna cinniúnacha inár saol agus déantar ócáidí lán de ghrásta astu
- Faighimid na sacraimintí chun sinn a dhéanamh níos naofa, chun an Eaglais a neartú agus chun Dia a adhradh
- Tá sé tábhachtach ullmhú cúramach a dhéanamh chun na sacraimintí a cheiliúradh
- Is iad an Baisteadh, an Cóineartú agus an Eocairist na sacraimintí insealbhaithe
- Bronnann an Baisteadh agus an Cóineartú ‘séala’ sacraimintiúil nó lorg/marc spioradálta agus dá bharr sin ní féidir iad a ghlacadh ach aon uair amháin
- Déantar Críostaí de dhuine nuair a ungtar é/i le hola an Chríosma
- Ag an gCóineartú faighimid an Spiorad Naomh, a thugann an neart agus an misneach dúinn saol naofa a chaitheamh, an soiscéal a fhógairt agus seirbhís a thabhairt do dhaoine eile mar a rinne Íosa
- Méadaíonn agus láidiríonn an Cóineartú ionainn an Spiorad Naomh a fuaireamar ag an mBaisteadh: Is é seo an sacraimint a thugann an Spiorad Naomh le go mbeimid aontaithe níos dlúithe le Críost, ár gceangal leis an Eaglais láidirthe, a thugann cúnamh dúinn páirt a ghlacadh ina misean agus fianaise a thabhairt do Chríost i mbriathar agus i ngníomh

- I ndeasghnáth an Chóineartaithe ungtar an clár éadain le Criosma naofa, leagann an ministéir lámha ar cheann an iarrthóra agus deir na focail seo: ‘ungaím tú le bronnantas an Spioraid Naoimh’
- Úsaideann an Cóineartú na comharthaí seo: leagan lámh ar an iarrthóir, ungadh, comhartha na síochána
- Siombail an Spioraid Naoimh: uisce, ungadh, tine, scamall agus solas, an séala, an lámh, an mhéar, an colúr, gaoth, anáil (Ruah)
- Sa Chóineartú séalaítear Críostaithe le bronnantas an Spioraid Naoimh a léiríonn go mbaineann siad le Críost
- Tráth atá sa Chóineartú geallúintí an Bhaiste a thabhairt chun cuimhne agus iad a athnuachan
- Tugann Íosa Aiséirithe a Spiorad dúinn i sacraimint an Chóineartaithe
- Bronntanais agus torthaí an Spioraid Naoimh (ChEC 1831, féach an snáithe ar an gCreideamh Críostaí)
- Is é an t-easpag a bhíonn mar mhinistéir ag sacraimint an Chóineartaithe de ghnáth, ach is féidir leis an dualgas seo a thabhairt do shagart más gá
- Beannaíonn an t-easpag an Criosma naofa don deoise ar fad ag Aifreann an Chríosma ar Dhéardaoin na Comaoineach
- Tugann an Spiorad Naomh cúnamh dúinn fás agus athrú (iompú)

MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

Láithreacht Ghrástúil agus Cúnamh Dé

- Tugann an Spiorad Naomh inspioráid dúinn agus treoraíonn sé daoine chun an rud ceart a dhéanamh
- Cabhraíonn an Spiorad Naomh le daoine grá a thabhairt don mhaith agus an t-olc a sheachaint

ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

h. An Deascabháil agus An Chincís.

- An Chincís – Gníomhartha 2:1-13.

CUSPÓIR FOGHLAMA 2

An Eaglais Chríostaí

A. Tús agus fás.

- Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltai: Éisteacht le tuairiscí faoin dóigh ar thosaigh lucht leanúna Íosa ar iad féin a eagrú ina stíl bheatha nua agus iad a fhiosrú – Gníomhartha.

B. Ón Luath-Eaglais go dtí an lá atá inniu ann.

- Plé a dhéanamh ar an dóigh ar tháinig forbairt ar ghné amháin dá bpobal Chríostaí áitiúil.

Ceacht 1: An Spiorad Naomh



SULA DTOSAÍONN TÚ

Tosaíonn ceacht na seachtaine seo le scéal a léiríonn an deacracht atá ann cur síos a dhéanamh ar rud nach bhfuil le feiceáil. Bogann sé ar aghaidh chun aitheantas a thabhairt do na dúshláin a bhaineann le cur síos a dhéanamh ar an Spiorad Naomh agus cuireann sé i gcuimhne do na páistí an méid atá foghlamtha acu faoin Spiorad Naomh cheana féin ó cheachtanna

roimhe seo sa chlár *I nGrá Dé*. Luann an ceacht foinsí ár gcuid foghlama faoin Spiorad Naomh (lena n-áirítear ár dtaithí pearsanta féin ar an Spiorad) ach díríonn sé go sonrach ar éifeacht an Spioraid Naoimh i saol Íosa. Déanaimid iniúchadh ar an méid a rinne Íosa, líonta leis an Spiorad, nuair a bhí sé ar domhan agus cad a iarrann sé ar a lucht leanúna.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Siombail:** Rud a sheasann do smaoineamh. Bíonn luach ag an rud. Tugann sé brí don smaoineamh.
- **Grásta:** Bronntanas ghrá Dé a chuidíonn linn maireachtáil faoi mar a thaispeáin Íosa dúinn. Tagann grásta trí na sacraimintí.
- **Misean:** Tasc nó post. Bhí misean ag Íosa – mhúin sé do na daoine faoi Dhia agus thaispeáin sé dóibh conas maireachtáil i ngrá le Dia agus le daoine eile.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cúig bhileog bheaga páipéir nó cárta. Beidh dhá chóip den teimpléad 'An méid atá ar eolas againn faoin Spiorad Naomh' (thíos) ag teastáil uait freisin
- Cóip den teimpléad 'Íosa, lán den Spiorad Naomh' (thíos) do gach páiste

Féachaimis ...

SCÉAL

Finscéal Indiach

Fadó fadó bhí seisear fear i sráidbhaile a rugadh gan radharc na súl ag duine acu. Os rud é nach bhféadfadh leis na fir an domhan a fheiceáil dóibh féin, bhí orthu a gcuid samhlaíochta a úsáid chun cruth an domhain a shamhlú. D'éist siad leis na tuairiscí a thug na daoine mórthimpeall orthu dóibh. Uaireanta bhídís ag argóint eatarthu féin; mar shampla, faoi eilifintí agus an cruth a bheadh orthu.

'Sílím go gcaithfí le heilifintí a bheith fíochmhar, cumhachtach agus suarach,' arsa duine amháin de na fir, toisc gur chuala sé go bhféadfadh le heilifintí duine a mharú trí sheasamh air. D'aontaigh fear eile leis, mar chuala sé go bhféadfadh le heilifintí foraois iomlán a leagadh go tapa lena gcosa amháin.

'Ní ceart an méid sin!' arsa ceann eile de na fir, os rud é go raibh a fhios aige gur minic a bhíodh iníon an Ráiseá ag taisteal tríd an tsráidbhaile ar eilifint. Fiú amháin, chuala sé maolú mall chosa na heilifinte agus í ag siúl thart. 'Táim cinnte nach gceadódh an Ráiseá dá iníon taisteal ar ainmhí contúirteach!'

Lean an díospóireacht ar aghaidh, agus a thuairim á léiriú ag gach aon fear. D'aontaigh siad go léir ar rud amháin – dá mbeadh seans acu eilifint a thadhaill, go mbeadh eolas níos fearr acu fuithi.

Lá amháin, agus iad ag argóint fós faoi eilifintí, tharla ceannaí a bheith ag dul tríd an mbaile. Chuala an ceannaí an díospóireacht agus chuir sé isteach orthu. 'Gabh mo leithscéal,' a dúirt sé, 'chuala mé an díospóireacht a bhí agaibh. Ba mhaith libh teagmháil a dhéanamh le heilifint chun tuiscint níos fearr a fháil uirthi, an ea? Tá mo eilifint sa sráidbhaile inniu agam agus tugaim cuireadh daoibh teacht agus lámh a leagan uirthi sibh féin, chun gur féidir libh tuilleadh eolais a fháil faoi eilifintí. Ní mór daoibh a bheith ciúin, áfach, toisc go bhfuil sí ina codladh.'

Ghlac na fir leis an gcuireadh agus tháinig siad go dtí an áit ina raibh an eilifint ina seasamh, mar bhí sí ina codladh ... nach raibh a fhios agat gur féidir le heilifintí codladh agus iad ina seasamh?

Sheas an chéad fear os comhair na heilifinte agus leag sé lámh ar starrfhiacail bhiorach an ainmhí. 'Tá an créatúr seo chomh géar agus



marfach le sleá,' a dúirt sé leis féin.

Sheas duine eile de na fir os comhair na heilifinte agus leag sé a lámh ar thiúchosach na heilifinte agus mheas sé go raibh an eilifint cosúil le nathair nimhe mhór.

Thadhaill an tríú fear cluas ollmhór na heilifinte, a bhog fad is a bhí sí ina codladh. Gach uair a bhog sí, bhraith an fear séideán bog gaoithe. 'Creidim go bhfuil an eilifint cosúil le gaothrán ollmhór chun daoine a fhuarú san aimsir bhogthais seo,' a dúirt sé.

Chuaigh an ceathrú fear i dteagmháil le taobh na heilifinte. 'Tá an t-ainmhí seo réidh agus láidir cosúil le balla!' shíl sé dó féin.

'Caithfidh sé a bheith an-chumhachtach!'

Tháinig an cúigiú fear agus thadhaill sé ceann de chosa na heilifinte. 'Ó, a thiarcais!' shíl sé, 'tá an t-ainmhí seo cosúil le tamhan crainn.'

Sheas an séú fear ar chúl na heilifinte agus tharraing sé eireaball fada garbh na heilifinte. 'Tuigim anois é! Níl san ainmhí seo ach píosa de sheanrópa,' a dúirt sé.

Ansin shiúl an seisear fear ón eilifint agus bhailigh siad le chéile chun a n-íomhánna den eilifint a roinnt.

'Bheul,' arsa an chéad fear, 'tá an fhírinne againn ar deireadh. Is cosúil le sleá ghéar í an eilifint.'

'Sleá ghéar, an ea?' arsa an dara fear dall, go hamhrasach. 'Tá tú mícheart. Is nathair nimhe ollmhór í an eilifint.'

'Tá an bheirt agaibh mícheart,' bhéic an tríú fear, 'gaothrán ollmhór atá inti.'

Lean an triúr eile lena gcuid tuairimí - 'Tá sí chomh cumhachtach sin,' arsa duine amháin, 'go bhfuil sí cosúil le balla.' 'Crann gan aon duilleoga atá inti,' arsa duine eile. 'Rópa atá inti,' arsa an fear dall deireanach.

Lean a n-argóintí agus d'éirigh a ngártha níos airde agus níos airde fós.

'Sleá!' 'Nathair nimhe!' 'Gaothrán!' 'Balla!' 'Crann!' 'Rópa!'

Chuala an ceannaí a n-argóintí, chuir sé isteach orthu agus thug sé comhairle dóibh ...



Tar éis duit an scéal a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna simplí, cosúil leis na cinn seo a leanas, a chur orthu. **Tá na ceisteanna seo ar leathanach 82 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Chuala na fir sa scéal rudaí difriúla faoin gcruth atá ar eilifint. Cé mhéad de na rudaí sin ar féidir leat cuimhneamh orthu?
- An féidir leat cuimhneamh ar na smaointe éagsúla a bhí ag na fir faoin eilifint, tar éis dóibh lámha a leagan ar an ainmhithe?

Ansin iarr ar na páistí tuairimíocht a dhéanamh faoin gcomhairle a d'fhéadfadh an ceanná a thabhairt don seisear fear.

Lean ar aghaidh le roinnt ceisteanna breise a spreagann na páistí chun 'tochailt níos doimhne' isteach sa scéal, mar shampla:

- Cad a tharlódh mura mbeadh an deis ag na fir chun teagmháil a dhéanamh leis an eilifint? Cad iad na foinsí eile de fhaisnéis faoin eilifint a d'fhéadfadh a bheith acu chun tuiscint a thabhairt dóibh faoi eilifintí?
- An bhfuil aon rud ann a mbíonn sé deacair ort cur síos a dhéanamh air – aon rud nach féidir leat a fheiceáil nó teagmháil a dhéanamh leis, faoi mar a rinne na fir sa scéal leis an eilifint? Inis dúinn faoi sin.

Tar éis roinnt de mholtaí na leanaí a mheas, maidir le rudaí a mbíonn sé deacair orthu cur síos a dhéanamh orthu, tabhair cuireadh dóibh an Spiorad Naomh, an Tríú Duine den Tríonóid Bheannaithe, a mheas mar aonad nach féidir a fheiceáil ná teagmháil a dhéanamh leis. Cuir ceisteanna cosúil le:

- Cosúil leis na fir sa scéal nach bhfaca an eilifint, ní féidir linn an Spiorad Naomh a fheiceáil. Ná ní féidir linn lámh a leagan ar an Spiorad Naomh mar a rinne na fir leis an eilifint. Mar thoradh ar sin an gceapann tú go mbíonn sé níos deacra an Spiorad Naomh a thuiscint agus cur síos a dhéanamh air? Cén fáth nó cén fáth nach mbíonn?
- Foghlaimimid go leor faoin Spiorad Naomh ó fhoinsí éagsúla, ach go háirithe ó fhocail agus ó ghníomhartha Íosa. Cad is féidir leat cuimhneamh air, a bhfuil foghlamtha agat cheana féin faoin Spiorad Naomh?

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'An Spiorad Naomh' ar leathanach 82 dá leabhar a léamh.

GNÍOMHAÍOCHT THOBSMAOINTEOIREACHTA

AN SPIORAD NAOMH

Déan tobsmaointeoireacht chun a fháil amach cad atá ar eolas ag na páistí cheana féin faoin Spiorad Naomh. Cláraigh smaointe na leanaí ar chairt.

PAIDIR

Tabhair cuireadh do na páistí a lámha a chur le chéile i bhfoirm urnaí (bíodh na méara fite le chéile).

Ag baint úsáid as ordóg amháin, iarr ar na páistí Comhartha na Croise a ghearradh ar bhos na láimhe eile. Taispeáin dóibh conas é seo a dhéanamh, agus ansin iarr orthu é a dhéanamh agus na focail seo a leanas á rá acu: 'Athair, Mac' (go hingearach), 'Spiorad Naomh' (go cothrománach).

Déan é seo arís agus arís eile chun go mbeadh na páistí ag machnamh ar na focail. Abair 'Spiorad Naomh' go mall agus bíodh sos ann sula leanann na páistí ar aghaidh – chun díriú ar an Tríonóid Naofa.

Déan do ghuth a íslíú gach uair, go cogar agus, ar deireadh, bíodh ciúnas ann agus Comhartha na Croise á dhéanamh.

Ar deireadh, tar éis a bheith ciúin ar feadh cúpla nóiméad, guí an urnaí seo a leanas chuig an Spiorad Naomh.

Múinteoir: Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan.

Agus las ionainn tine do ghrá.

Cuir amach uait do Spiorad agus cruthófar muid, Agus déanfaidh tú aghaidh na talún a athnuachan.

Gach duine: Áiméan.

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Tá a lán foghlamtha ag na páistí faoin Spiorad Naomh tríd an churaclaim (Leibhéal 1, 2 agus 3) a mhúintear sna téacsanna éagsúla in *I nGrá Dé*. Sa ghníomhaíocht ghrúpa thíos, déanfaimid an t-eolas seo a chlárú faoi chúig cheannteideal: Siombailí an Spioraid Naoimh; An Spiorad Naomh mar bhall den Tríonóid Naofa; Is é an Spiorad Naomh ár gCúntóir agus ár dTreoraí; An Spiorad Naomh i scéal na Cincíse; An Spiorad Naomh agus na Sacraimintí.

GNÍOMHAÍOCHT GHRÚPA

AN MÉID ATÁ AR EOLAS AGAINN FAOIN SPIORAD NAOMH

Nóta: *Beidh cúig bhileog bheaga páipéir nó cárta ag teastáil uait. Teastóidh dhá chóip den teimpléad 'An méid atá ar eolas againn faoin Spiorad Naomh' (thíos) uait freisin. Coinnigh ceann de na teimpléid seo slán mar thagairt duit féin, ach gearr amach na ráitis ar an gceann eile (gan na ceannteidil).*

- Sula gcuirfidh tú an ghníomhaíocht i láthair na bpáistí, scríobh ceann de na tuairiscí seo ar cheann de na cúig bhileog páipéir nó cárta:
 - » Siombailí an Spioraid Naoimh
 - » Tá an Spiorad Naomh mar bhall den Tríonóid Naofa
 - » Is é an Spiorad Naomh ár gCúntóir agus ár dTreoraí
 - » An Spiorad Naomh i scéal na Cincíse
 - » An Spiorad Naomh agus na Sacraimintí
- Tosaigh trí smaointe na bpáistí ón ngníomhaíocht thobsmainteoireachta a dhearbhu. Cuir i gcuimhne na bpáistí, cé nach féidir linn an Spiorad Naomh a fheiceáil ná a theagmháil, gur féidir linn eolas agus tuiscint a bheith againn ar an Spiorad Naomh ó fhoinsí éagsúla, mar shampla ón mBíobla, na sacraimintí, teagasc na hEaglaise, sampla daoine eile, agus trinár dtaithí féin ar an Spiorad Naomh ag obair inár saol.
- Tabhair cuireadh do na páistí bheith i gcúig ghrúpa. Tabhair ceann de na cártaí do gach grúpa.
- Mínigh do na páistí go mbeidh tú ag glaoch amach ráitis éagsúla faoin Spiorad Naomh agus go mbeidh orthu cabhrú leat gach ráiteas a chur leis an gcárta is oiriúnaí.
- Ionas go dtuigean na páistí an méid atá i gceist

againn leis an bhfocal 'siombail', cuir i gcuimhne dóibh an Finscéal Indiach ón lá roimhe sin, a léirigh cé chomh deacair is atá sé cur síos a dhéanamh ar rud nach féidir linn a fheiceáil. Nuair a tharlaíonn sé seo, is minic a úsáidimid siombailí chun an méid a thuigimid a chur in iúl. Tugann daoine onóir don bhratach náisiúnta, mar shampla, mar siombail den ghrá agus den bhród a bhraitheann siad as a dtír. Tugann lánúineacha pósta bainise fáinní dá chéile mar shiombail dá ngrá dá chéile.

- Ansin, tosaigh agus na ráitis ó na píosaí páipéir atá gearrtha amach agat ón teimpléad, a léamh.
- I ndiaidh gach ráitis a bheith léite agat, ardaíonn na páistí a bhraitheann go mbaineann an ráiteas lena gcárta, a lámha in airde. Má aontaíonn tú gurb é an ráiteas is fearr a oireann do chárta an ghrúpa sin, tabhair an píosa páipéir dóibh. Má roghnaíonn grúpa ráiteas nach mbaineann leis an tuairisc ar a gcárta, glaoigh amach an ráiteas arís go dtí go gcuireann an grúpa ceart a lámha in airde.

Tar éis duit an ghníomhaíocht a chríochnú, tabhair cuireadh do fhreagraí pearsanta na bpáistí le ceisteanna cosúil le:

- Cén ceann de na ráitis faoin Spiorad Naomh a léiríonn an tréith is fearr leat den Spiorad Naomh?
- An bhfuil taithí agat ar aon cheann de thréithe an Spioraid Naoimh? Cén chaoi?
- Cén tréith is tábhachtaí, dar leat, i do shaol faoi láthair? Cén fáth atá le sin?

AN SCRÍPTÚR NAOFA

BAISTEADH ÍOSA

- Sula dtugann tú aghaidh ar an sliocht Scríptúrtha, a chuireann síos ar bhaisteadh

Íosa, cuir i gcuimhne na bpáistí go bhfoghlaimimid go leor faoin Spiorad Naomh



ó fhocail agus ó ghníomhartha Íosa. Inis dóibh go mbeidh siad ag foghlaim faoi láithreach an Spioraid Naoimh ag baisteadh Íosa, sa cheacht inniu.

- Mínigh do na páistí go n-insíonn an Bíobla fíorbheagán dúinn faoi Íosa ón am a rugadh é go dtí an t-am nuair a thosaigh sé ar a shaol poiblí. Tá a fhios againn ón mBíobla gur chónaigh Íosa lena theaghlach i Nazarat agus gur ann a d'fhás sé aníos. Tá a fhios againn, mar shampla, an scéal faoi na rudaí a tharla nuair a bhí sé dhá bhliain déag d'aois agus é in Iarúsailéim lena theaghlach le haghaidh féile Cháisc na nGiúdach. *Tabhair cuireadh do pháiste an scéal a insint.*
- Seachas an méid sin, is beag atá ar eolas againn

faoi Íosa le linn a chéad tríocha bliain. Níl scéal ar bith sa Bhíobla mar gheall air a bhaineann leis an dtréimhse seo.

- Nuair a bhí Íosa tríocha bliain d'aois, bhaist Eoin Baiste é in Abhainn na hIordáine. Tháinig an Spiorad Naomh anuas ar Íosa ag a bhaisteadh. Dúirt an tAthair le hÍosa, 'Is tú mo Mhac muirneach.' Tagann an Spiorad Naomh céanna chugainn, freisin, ag ár mBaisteadh, nuair a deir an tAthair na focail chéanna dúinn.
- Tá cur síos ar bhaisteadh Íosa i ngach leagan den Soiscéal: Matha (3:13-17), Marcas (1:9-11), Lúcas (3:21-22) agus Eoin (1:29-34). Éistimis anois leis an scéal mar a insítear é sa Soiscéal é de réir Mhatha.

Baisteadh Íosa (Matha 3:13-17)

Tháinig Íosa i láthair ansin: ón nGailíl a tháinig, go dtí an Iordáin ag triall ar Eoin chun baisteadh a fháil uaidh. Ach bhí Eoin ag iarraidh é a stopadh. "Is domsa is gá baisteadh a fháil uaitse," ar seisean, "agus an bhfuil tusa ag teacht chugamsa?"

Dúirt Íosa leis á fhreagairt: "Lig dó anois: is mar seo is cuí dúinn an fhiréantacht

a chur i gcrích go hiomlán." Lig sé dó ansin.

An túisce is a baisteadh é, tháinig Íosa aníos as an uisce, agus osclaíodh na flaithis dó, agus chonaic sé Spiorad Dé ag teacht anuas mar a bheadh colm agus é ag tuirlingt air. Agus tháinig glór ó na flaithis a dúirt: "Is é seo mo Mhac muirneach dár thug mé gnaoi."

Tá an cuntas seo faoi bhaisteadh Íosa ar leathanach 83 de leabhar na bpáistí. Tabhair cuireadh dóibh an sliocht a léamh ina dtost agus beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

LÉANN ÍOSA AS LEABHAR ÍSEÁIA

- Mínigh do na páistí go n-insíonn an Soiscéal de réir Lúcais dúinn faoin tionchar a bhí ag Íosa ar na daoine nuair a d'fhill sé ar Nazarat tar éis d'Eoin é a bhaisteadh.
- Léirigh an láthair don rang – tharla sé sa tsionagóg agus tá Íosa ag léamh os ard as Leabhar Íseáia, fáidh.
- Roghnaigh beirt pháiste - ceann amháin chun gníomhú mar scéalaí agus ceann eile chun páirt Íosa a ghlacadh. Tabhair nóiméad nó dhó dóibh le hullmhú. Tá an sliocht ón scríoptúr 'Spiorad an Tiarna' ar leathanaigh 83-84 de leabhar na bpáistí.
- Fad is a bhíonn an bheirt pháiste ag cleachtadh,

fiafraigh den chuid eile den rang chun páirt na ndaoine a bhí i láthair sa tsionagóg an lá sin a ghlacadh.

Úsáid na treoracha seo nó treoracha cosúil leo:

Samhlaigh go bhfuil tú i láthair ar an lá nuair a léann Íosa ón mBíobla. Éist go cúramach le na focail ó Íseáia a léann Íosa amach. Ansin éist go cúramach leis an méid a deir Íosa tar éis dó an sliocht a chríochnú. Cuimhnigh, tá aithne agat ar an duine seo, Íosa, ar feadh i bhfad, agus b'fhéidir nár thug tú aon rud iontach faoi deara faoi go dtí seo.

Spiorad an Tiarna (Lúcas 4:16-22)

Tháinig sé go Nazarat, mar ar oileadh é, agus chuaigh isteach mar ba ghnáthbheas dó sa tsionagóg lá na sabóide, agus d'éirigh ina sheasamh chun an léitheoireacht a dhéanamh. Síneadh chuige leabhar Íseáia fáidh, agus ar oscailt an leabhair dó, fuair sé an t-ionad ina raibh scríofa:

"Tá Spiorad an Tiarna orm, mar gur choisric le hola mé. Chuir sé uaidh mé ag tabhairt an dea-scéil do na boicht, ag fógart a scaoilte do bhránna agus aiseag a radhairc do dhail;



...
ag scaoileadh lucht géarbhroide saor;
ag fógairt bhliain ghrásta an Tiarna.”
D’fhill sé an leabhar ina chéile, thug ar ais
don seirbhíseach é, agus shuigh. Agus bhí

súile a raibh sa tsionagóg dlúite air. Agus
thosaigh sé ag rá leo: “Inniu atá an scríbhinn
seo comhlíonta i gclos bhur gcluas.” Agus
thug cách fianaise air, b’ionadh leo na briathra
grástúla a bhí ag teacht as a bhéal.

Seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna seo a
leanas, nó ceisteanna cosúil leo, a chur orthu. **Tá
na ceisteanna seo ar leathanach 84 de leabhar
na bpáistí freisin.**

- Cén chuid den Bhíobla a léigh Íosa?
- Cad iad na cúig ní a dúirt Spiorad an Tiarna ba chóir a dhéanamh?
- Cad a bhí i gceist ag Íosa nuair a dúirt sé, “Inniu atá an scríbhinn seo comhlíonta i gclos bhur gcluas”?
- Céard a rinne na daoine nuair a chuala siad Íosa?

Scrúdaigh freagraí pearsanta na bpáistí le
ceisteanna cosúil le:

- Cad atá ag dul trí d’intinn anois faoin méid a dúirt Íosa?

**Tabhair cuireadh do na páistí beagán ama a
chaitheamh ag plé leis an gcéad gníomhaíocht
‘Smaoinigh air seo ...’ ar leathanach 84 dá
leabhar.**

AMHRÁN

‘IMIGH, INIS DO CHÁCH’

Iarr ar na páistí a shamhlú go bhfuil na focail seo a
leanas á rá ag Íosa. Tá na focail **ar leathanach 85
de leabhar na bpáistí freisin.**

Sheol Dia mé chun dea-scéal a thabhairt do na
boicht,

Chun insint do phríosúnaigh go bhfuil siad anois
saor,
Chun insint do na daill go bhfeicfidh siad arís,
Is chun an dream atá faoi chois a scaoileadh saor,
Agus imigh inis do chách
An scéala go bhfuil Ríocht Dé tagtha anois.

GNÍOMHAÍOCHT MHACHNAMHACH

ÍOSA, LÁN DEN SPIORAD

Nóta: Teastóidh cóip den teimpléad ‘Íosa, lán den
Spiorad Naomh’ (thíos) uait do gach páiste.

- Téigh ar ais ar an méid eolais atá ag na páistí
faoi Íosa, roimh a bhaisteadh; ócáid a baisteadh;
agus cuid de na rudaí iontacha a rinne sé, nuair
a bhí sé líonta leis an Spiorad Naomh, tar éis a
bhaisteadh.
- Tabhair cóip den teimpléad ‘Íosa, lán den
Spiorad Naomh’ do gach páiste. Tabhair
cuireadh dóibh cur síos a dhéanamh sa chéad

cholún ar ghnéithe de shaol Íosa roimh a
bhaisteadh – rudaí a dúirt sé nó a rinne sé; déan
cur síos sa cholún i lár ar conas ar baisteadh
é; agus déan cur síos sa tríú cholún ar na rudaí
a dúirt sé agus a rinne sé tar éis a bhaisteadh,
nuair a líonadh é leis an Spiorad Naomh.

- Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid
agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla
nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh
chiúin:

GLAC NÓIMÉAD

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh
nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Agus
sinn ag ullmhú le bheith séalaithe le bronntanas
an Spioraid Naomh ag an gCóineartú, beannaimid
muid féin in ainm an Athar agus an Mhic agus an
Spioraid Naomh ... Úsáidimid siombailí cosúil le
tine, gaoth agus colm chun gníomh an Spioraid
Naomh a thabhairt chun cinn ... Foghlaimimid go
leor faoin Spiorad Naomh ón mBíobla ... Díreach
mar a tháinig an Spiorad Naomh ar Íosa ag a
bhaisteadh, fuaireamar bronntanas an Spioraid
Naomh freisin nuair a baisteadh muid ... Dúirt

an tAthair le hÍosa, ‘Is tú mo Mhac muirneach’...
Samhlaigh Íosa ag rá leat gur tusa a leanbh ...
Le do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Dia
as do Bhaisteadh ... Ag an gCóineartú, beidh tú
beannaithe le bronntanas an Spioraid Naomh ...
Bíodh a fhios agat go mbeidh an Spiorad Naomh
in éineacht leat i rith do shaol, ag cabhrú leat
agus ag tabhairt treoir duit ... Díreach anois, le do
ghuth inmheánach, is féidir leat aon rud atá uait a
iarraidh ar an Spiorad Naomh. Nuair atá sibh réidh,
is féidir na súile a oscailt.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Bíonn sé deacair cur síos a dhéanamh ar na rudaí nach féidir linn a fheiceáil nó a theagmháil. Ní féidir linn an Spiorad Naomh a fheiceáil ná a theagmháil, ach is féidir linn an Spiorad Naomh a mhothú agus taithí a fháil air ag obair inár saol agus i saol daoine eile. Foghlaimimid faoin Spiorad Naomh ó shaol Íosa freisin - ó na rudaí a dúirt sé agus ón mbealach a chaith sé le daoine. Insíonn an Bíobla dúinn go ndearna Íosa gníomhartha iontacha nuair a bhí sé lán den Spiorad Naomh tar éis a bhaisteadh.

CLEACHTADH DIALAINNE

AN SPIORAD NAOMH

Tabhair cuireadh do na páistí alt a scríobh sa dialann don Oideachas Reiligiúnach ag cur síos ar a gcuid smaointe agus mothúcháin faoin méid atá foghlamtha acu sa cheacht seo. D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas cabhrú leo:

- Cén ghné den Spiorad Naomh is fearr leat?
- An mbraitheann tú an Spiorad Naomh i do shaol? Conas?
- Cad atá tú ag smaoineamh, ag mothú, ag samhlú anois faoin Spiorad Naomh?
- An bhfuil rud éigin ba mhaith leat a rá leis an Spiorad Naomh anois?

PAIDIR

Nóta: Roghnaigh seisear léitheoir.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Dúirt Íosa lena lucht leanúna go niarrfhadh sé ar Dhia an tAthair, an Spiorad Naomh a chur chucu, chun cabhrú leo maireachtáil mar a d'iarr sé orthu.

Tá an Spiorad Naomh in éineacht linn agus le lucht leanúna Íosa inniu.

Go gcabhróidh an Spiorad Naomh linn obair Íosa a chur ar aghaidh ...

Léitheoir 1: Sa bhaile

Léitheoir 2: Ar scoil

Léitheoir 3: Inár gcomharsanachtaí

Léitheoir 4: Lenár gcairde

Léitheoir 5: Nuair a fheicimid duine éigin i ngátar

Léitheoir 6: Nuair a bhíonn an deis againn aire a thabhairt don phláinéad

Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid moltaí féin a chur leis an liosta thuas.

Gach duine: An Phaidir chuig an Spiorad Naomh (Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan ...)

Comhartha na Croise

Ceacht 2: Tíolacthaí an Spioraid Naoimh

SULA DTOSAÍONN TÚ

Ag an gCóineartú deir an ceiliúraí (easpag nó sagart) do gach iarrthóir, ‘Bí séalaithe le brontanas an Spioraid Naoimh linn gairm Dia chugainn a aithint agus freagra a thabhairt uirthi trí chabhrú linn a bheith inár bhfinnéithe agus seasamh ar son Íosa agus a luachanna ar bhealach poiblí. Mar Críostaithe, ciallaíonn sé seo freagairt don Aithne Nua a thug Íosa dá lucht leanúna, ‘sibh a thabhairt grá dá chéile faoi mar a thug mé grá daoibh’ (Eoin 15:12). Ciallaíonn sé seo maireachtáil de réir na ndearcaí a d’iarr Íosa ar a lucht leanúna glacadh leo sna Bíáide.

Tagann an Spiorad Naomh chugainn, sa

Chóineartú, agus méadaíonn sé na seacht dtíolacthaí ionainn, a fuaireamar den chéad uair ag ár mBaisteadh. Is iad na seacht dtíolacthaí ná: eagna, tuiscint, breithiúnas cóir [comhairle], misneach [neart], eolas, urraim [diagantacht], agus iontas agus uamhan i láthair Dé [eagla an Tiarna]. Ní chuireann tíolacthaí an Spioraid Naoimh teorainn orainn; táimid saor glacadh leo agus freagra a thabhairt orthu nó a mhalairt. Má táimid oscailte do thíolacthaí an Spioraid Naoimh, fásfaidh a dtorthaí inár saol. Is iad torthaí an Spioraid Naoimh ná: grá, luchtáir, síocháin, foighne, cineáltas, maitheas, uaisleacht, dílseacht agus féinsmacht.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Múintear páistí faoi Shacraimint an Chóineartaithe i Rang a Cúig agus i Rang a Sé. Tá aistriúchán nua ar Dheasghnáth an Chóineartaithe ullmhaithe ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Bhéarla sa Chorpáid Liotúirge. Níor ghlac Comhdháil Easpagúil na hÉireann leis an aistriúchán nua seo go fóill le húsáid in Éirinn, agus mar sin is é an t-aistriúchán den deasghnáth ó 1978 atá in úsáid in Éirinn faoi láthair agus atá ar fáil i *I nGrá Dé*. B’fhéidir go mbeidh an t-aistriúchán nua ar fáil amach anseo, agus má tá beidh sé ar fáil anseo ar líne. San aistriúchán nua, ainmnítear ceithre cinn de sheacht dtíolacthaí an Spioraid Naoimh go difriúil. Cé nach bhfuil an fhoclaocht nua do thíolacthaí an Spioraid Naoimh in úsáid go fóill in Éirinn, luaitear iad i lúibíní tar éis an tsean- aistriúcháin.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Abhcóide:** Teideal ar an Spiorad Naomh. Déanann an focal cur síos ar dhuine a chabhraíonn le duine eile.
- **Fortaitheoir:** Teideal eile ar an Spiorad Naomh. D’úsáid Íosa an teideal seo chun cur síos a dhéanamh ar an Spiorad Naomh. Ciallaíonn sé sólásaí, comhairleoír nó abhcóide.
- **Tíolacthaí an Spioraid Naoimh:** Eagna, Tuiscint, Breithiúnas cóir [Comhairle], Misneach [Neart], Eolas, Urraim [Diagantacht], agus Iontas agus Uamhan i láthair Dé [Eagla an Tiarna].

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Leathanach bán A4 do gach páiste
- Cóip den teimpléad ‘Tíolacthaí an Spioraid Naoimh’ (thíos). Gearr amach an cuntas ar gach tíolacadh ionas go mbeidh ceann amháin agat do gach grúpa de na seacht ngrúpa leanaí. B’fhéidir go mbeidh ábhair ealaíne ag teastáil ó na páistí freisin atá ag iarraidh a n-achóimre a chur i láthair ar bhealach físiúil
- Rogha ábhar ealaíne agus íomhánna ó irisí éagsúla do na páistí, ag brath ar an meán ealaíne a roghnaíonn siad a úsáid

Féachaimis ...

GNÍOMHAÍOCHT

CLUICHE LE CLOCHA SNEACHTA

Nóta: Is é cuspóir na gníomhaíochta seo ná leas a bhaint as roinnt de na dúshláin nó na hábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ag na páistí maidir le maireachtáil mar lucht leanúna tiomanta Íosa. Beidh leathanach bán A4 ag teastáil uait do gach páiste.

Tabhair leathanach bán A4 do gach páiste agus iarr orthu é a fhilleadh i gceithre cheathrú. Mínigh gurb é cuspóir na gníomhaíochta seo ná a gcuid smaointe a roinnt ar bhealach rúnda. Ní chuirfear aon spéis in údair an méid atá scríofa. Ansin lean ar aghaidh mar seo a leanas:

Glaigh amach Ceist 1: Cén dath is fearr leat?

- Scríobhann gach páiste an freagra i gceathrú. Ansin déanann siad an páipéar a chromadh suas agus, nuair a deir tú 'Tosaigh', caitheann siad a gcuid liathróidí páipéir ag daltaí eile, amhail is dá mba i gcomhrac liathróidí sneachta a bhí siad.
- Ansin tógann gach páiste ceann de na 'liathróidí' aníos agus osclaíonn siad é chun a fháil amach an méid atá scríofa air. Tabhair cuireadh do roinnt páistí an méid atá scríofa ar an bpíosa páipéir acu a léamh amach.

Glaigh amach Ceist 2: Cad é an leabhar is fearr ar léigh tú riamh, nó an scannán is fearr a chonaic tú riamh?

- Leanann na páistí an próiseas thuas arís agus an freagra a scríobh i gceathrú eile den pháipéar.

Ansin bíonn cluiche liathróidí sneachta arís acu.

- Arís eile, tógann gach páiste ceann de na 'liathróidí' aníos agus osclaíonn siad é chun a fháil amach an méid atá scríofa air. Tabhair cuireadh do roinnt páistí an méid atá scríofa ar an bpíosa páipéir acu a léamh amach.
- Más gá, cuir i gcuimhne do na páistí nach mbaineann tábhacht ar bith le cé a scríobh an méid atá scríofa. Tá sé seo tábhachtach ionas go roinnfidh na páistí go hoscailte na freagraí ar na ceisteanna seo a leanas, sábháilte agus a fhios acu go mbeidh a gcuid freagraí rúnda.

Glaigh amach Ceist 3: Cad iad na deacrachtaí atá ann le go mbraitheadh páistí, cosúil libhse, gar do Dhia nó maireachtáil, líonta leis an Spiorad Naomh mar a rinne Íosa? Ainmnigh cuid de na rudaí sin.

- Leanann na páistí an próiseas thuas arís - scríobh, caith, pioc aníos, léamh, roinnt leis an ngrúpa.

Glaigh amach Ceist 4: An bhfuil aon rud ann a dhéanann tá sé deacair duit mothú gar do Dhia agus a bheith mar fhinné do Dhia go poiblí, nó an misneach a bheith agat leanúint ar aghaidh ag dul chuig an Aifreann, fiú mura dtéann aon cheann de do chairde?

- Leanann na páistí an próiseas thuas arís.
- Nuair a bhíonn na 'liathróidí sneachta' go léir caite, osclaíonn na páistí iad agus léann siad amach cuid de na freagraí, ag cur an bhéim ar na buarthaí coitianta i measc na ndaltaí.

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir: A Dhia ár nAthair, aithnímid na dúshláin go léir atá ann Íosa a leanúint.

Cabhraigh linn fáilte a chur roimh tíolachtaí an Spioraid Naoimh, a chabhraíonn linn maireachtáil mar a iarrann tú orainn. Guimis an Phaidir chuig an Spiorad Naomh le chéile anois.

Gach duine: An Phaidir chuig an Spiorad Naomh (Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan ...)

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AN SCRÍOPTÚR NAOFA

ABHCÓIDE DÚINN ATÁ SA SPIORAD NAOMH

Cuir i gcuimhne na bpáistí gur thuig Íosa chomh deacair is atá sé, maireachtáil mar Chríostaí. Sula ndeachaigh sé ar ais go dtí a Athair ar neamh, gheall Íosa go gcuirfeadh sé Cúntóir, nó **Abhcóide**, chuig a lucht leanúna. Thabharfadh an Cúntóir sin tacaíocht agus treoir dóibh. Ba é an Spiorad Naomh an Cúntóir sin.

Tabhair cuireadh do na páistí an sliocht ón Soiscéal de réir Eoin a léamh arís – áit ar gheall Íosa go gcuirfeadh sé an Spiorad Naomh chucu. Tá an sliocht seo **ar leathanach 80 de leabhar na bpáistí**.

Tar éis do na páistí an sliocht ón Scríoptúr a léamh arís, seiceáil a dtuiscint trí cheisteanna cosúil leo seo a chur orthu:

- Cad a dúirt Íosa a dhéanfadh an Spiorad Naomh

chun cabhrú le daoine?

- An cuimhin leat cathain a tugadh an Spiorad Naomh do na haspail ar dtús? Déan cur síos ar an méid a tharla ag an gCincis.

Inis do na páistí nach bhfuil sa teideal ‘Cúntóir’ ach ceann de na teidil a úsáidtear sa Bhíobla chun cur síos a dhéanamh ar an Spiorad Naomh. Tabhair cuireadh do na páistí cuid de na hainmneacha eile ar an Spiorad Naomh atá liostaithe **ar leathanach 86 dá leabhar** a léamh.

Ansin déan iniúchadh níos doimhne ar an sliocht Scríoptúrtha ó Eoin ag fiafraí:

- Dúirt Íosa freisin faoin Spiorad Naomh, ‘Is é an Spiorad, a nochtann an fhírinne faoi Dhia.’ Cén cineálacha fírinne a nochtann an Spiorad Naomh faoi Dhia, dar leat?

NÓTA DON MHÚINTEOIR: D’fhéadfaí an fhoclaíocht d’ainmneacha tíolacthaí an Spioraid Naoimh, a úsáidtear ag an gCóineartú, a athrú amach anseo. Tá an fhoclaíocht nua atá beartaithe curtha san áireamh againn i lúibíní.

AG COMHRÁ

FAOI THÍOLACTHAÍ AN SPIORAID NAOIMH

Tugann Dia tíolacthaí an Spioraid Naoimh dúinn ag ár mBaisteadh. Tugann sé na seacht dtíolacthaí seo dúinn chun cabhrú linn maireachtáil mar lucht leanúna Íosa. Ag ár gCóineartú, méadaíonn an Spiorad Naomh na seacht dtíolacthaí ionainn.

Tá seacht dtíolacthaí an Spioraid Naoimh (thíos) liostaithe **ar leathanaigh 87-88 de leabhar na bpáistí**.

EAGNA

Cuidíonn tíolacadh na hEagna ón Spiorad Naomh le daoine tuiscint dhomhain a bheith ar Dhia agus meas a bheith acu ar nithe spioradálta. Tuigeann daoine, a ghlacann le tíolacadh na hEagna, nach bhfuil rudaí ábhartha (domhanda) chomh tábhachtach le rudaí spioradálta (rudaí a bhaineann le Dia). Tá na rudaí ábhartha sealadach, ach leanfaidh Dia ar feadh na síoraíochta.

TUISCINT

Cabhraíonn tíolacadh na Tuisceana ón Spiorad Naomh le Críostaithe aithne níos fearr a chur ar Dhia. Ní féidir linn aithne iomlán a chur ar Dhia mar nach féidir leis an intinn dhaonna rúndiamhair Dé a thuiscint. Ach is féidir linn go leor rudaí a thuiscint faoi Dhia, trí thíolacadh na Tuisceana.

BREITHIÚNAS CÓIR [COMHAIRLE]

Trí thíolacadh an Bhreithiúnais Chóir, spreagann agus treoraíonn an Spiorad Naomh Críostaithe chun cinntí cearta a dhéanamh agus an rud ceart a dhéanamh, go háirithe i gcásanna deacra, nuair nach mbíonn sé éasca an rud ceart a aimsiú agus a roghnú.

MISNEACH [NEART]

Tugann tíolacadh an Mhisnigh ón Spiorad Naomh neart do Chríostaithe, chun toil Dé a dhéanamh agus seasamh ar son an chirt. Is minic nach mbíonn an seasamh seo ag dul le tuairimí an phobail i gcoitinne ná éasca le déanamh, agus is minic freisin a mbeidh diúltú, cáineadh nó dochar le fulaingt againn dá bharr.

EOLAS

Cuidíonn tíolacadh an Eolais ón Spiorad Naomh le Críostaithe fírinne Dé agus plean Dé a bheith ar eolas acu agus a thuiscint ar bhealach domhain. Is é Dia a nochtann fírinne áirithe faoi féin dúinn – tugaimid Foilsiú Dé air seo.

URRAIM [DIAGANTACHT]

Cuidíonn tíolacadh na hUrraime ón Spiorad Naomh le Críostaithe a ngrá do Dhia a thaispeáint. Tá meas mór ag daoine, atá líonta leis an tíolacadh seo, ar Dhia agus is mian leo é seo a thaispeáint, trí bheith rannpháirteach i liotúirgí poiblí na hEaglaise, agus trí bheith ag guí ag amanna éagsúla leo féin.

IONTAS AGUS UAMHAN I LÁTHAIR DÉ [EAGLA AN TIARNA]

Cuidíonn tíolacadh an Iontais agus an Uamhain i láthair Dé ón Spiorad Naomh le Críostaithe a fháil amach cé chomh hiontach is atá Dia. Cuidíonn an tíolacadh seo le daoine aitheantas a thabhairt d'iontais chruthú Dé agus a fhios a bheith acu gurb é Dia amháin atá foirfe.

GNÍOMHAÍOCHT

CUIR SEACHT DTÍOLACTHAÍ AN SPIORAID NAOIMH DE GHLANMHEABHAIR

- Tabhair cúpla nóiméad do na páistí chun ainmneacha seacht dtíolacthaí an Spioraid Naoimh a chur de ghlanmheabhair. Déan comhrá faoi cad a chabhródh leo é seo a dhéanamh. Tabhair cuireadh do leanaí a mhíniú cad a chuidíonn leo le rudaí a chur de ghlanmheabhair.

GNÍOMHAÍOCHT

TUILLEADH A FHOGHLAIM FAOI THÍOLACHTHAÍ AN SPIORAID NAOIMH

Nóta: Beidh cóip den teimpléad 'Tíolachtaí an Spioraid Naoimh' (thíos) ag teastáil uait. Gearr amach an cuntas ar gach tíolacadh ionas go mbeidh ceann amháin agat do gach grúpa de na seacht ngrúpa leanaí. B'fhéidir go mbeidh ábhair ealaíne ag teastáil ó na páistí freisin atá ag iarraidh a n-achóimre den mhéid atá foghlamtha acu a chur i láthair don rang.

- Nuair a bheidh na páistí eolach ar ainmneacha na seacht dtíolachtaí agus tuiscint orthu faighte acu tabhair cuireadh dóibh iad féin a eagrú i seacht ngrúpa.
- Tabhair tíolacadh amháin den Spiorad Naomh do gach grúpa. Go hidéalach, roghnóidh na páistí an tíolacadh is mó a thaithníonn leo, ach b'fhéidir nach mbeidh sé seo indéanta.
- Is é an tasc atá ag gach grúpa ná níos mó a fhoghlaim faoina dtíolacadh féin ionas go

mbeidh siad in ann an t-eolas a d'fhoghlaim siad a roinnt leis na grúpaí eile níos déanaí. Is féidir leo an t-eolas a chur i láthair ag úsáid focail, ceol nó drámaíocht.

- Tabhair an chuid den teimpléad, a bhaineann lena dtíolacadh, do gach grúpa. Chomh maith le cur síos ar an dtíolacadh, tá ceisteanna ann a chabhróidh leis na páistí an tíolacadh a cheangal lena n-eispéireas féin.
- Tabhair am do na páistí cinneadh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanfaidh siad an fhaisnéis faoin dtíolacadh a chur i láthair an ranga.
- Nuair a bheidh an tasc críochnaithe ag na páistí, tabhair am dóibh an méid atá foghlamtha acu a roinnt leis an chuid eile den rang ag úsáid meán a rogha.

CLEACHTADH DIALAINNE

MO THÍOLACADH Á ÚSÁID AGAM

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 88 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh samhlú gurb é lá a gCóineartaithe atá ann, nuair a bheidh tíolachtaí an Spioraid Naoimh le fáil acu. Is é an tasc atá acu ná an tíolacadh is mó a bhfuil súil acu leis a chlárú

ina ndialann don Oideachas Reiligiúnach, agus conas a cheapann siad a bhainfidh siad úsáid as an dtíolacadh seo. Is féidir leo focail, pictiúir agus/nó siombailí a úsáid chun a dteachtaireacht a chur in iúl.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Gheall Íosa go gcuirfeadh sé an Spiorad Naomh chuig a lucht leanúna chun cabhrú leo leanúint lena chuid oibre ar domhan. Is muidne lucht leanúna Íosa inniu. Faigheann gach Críostaí tíolacadh an Spioraid Naoimh ag an mBaisteadh chun cabhrú leo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh amach rompu agus iad ag iarraidh Íosa a leanúint agus fás níos gaire le Dia. An tseachtain seo thosaíomar trí na dúshláin atá ag na páistí ina

saoil laethúil a aithint – dúshláin a chuireann cosc orthu maireachtáil ar bhealaí a thugann níos gaire le Dia iad. Faighimid seacht dtíolachtaí an Spioraid Naoimh ag ár gCóineartú. Ní féidir linn saol sonasach a chaitheamh gan an chabhair seo ón Spiorad Naomh. Cosúil le haon bhrontanas, nuair a thugtar tíolachtaí an Spioraid Naoimh dúinn, is fúinn atá sé glacadh leo agus úsáid a bhaint astu.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

TÍOLACHTAÍ AN SPIORAID NAOIMH

Nóta: Beidh rogha ábhar ealaíne ag teastáil uait agus íomhánna as irisleabhair do na páistí, ag brath ar an meán ealaíne a roghnaíonn siad a úsáid.

- Tabhair cuireadh do na páistí ceann amháin nó níos mó de sheacht dtíolachtaí an Spioraid Naoimh a roghnú agus íomhá a tharraingt nó a fháil a chuireann an tíolacadh sin/na tíolachtaí sin in iúl.
- Lig do na páistí freagairt trí cibé meán is fearr

leo – péint, teicstíl, irisleabhair srl. D'fhéadfá rogha meán ealaíne a sholáthar freisin, lena n-áirítear íomhánna as irisleabhair, más é sin rogha na bpáistí.



PAIDIR

Nóta: Beidh na téacsleabhair ag teastáil ó na daltaí don phaidir deireanach.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Chuireamar tús leis an tseachtain seo agus an cluiche leis an liathróid sneachta a imirt, áit a d'aithníomar na dúshláin ar féidir a bheith againn nuair a dhéanaimid ár ndícheall fás níos dlúithe le Dia agus feabhas a chur orainn féin. D'fhoghlaimíomar faoi chuid de na rudaí iontacha a rinne Íosa toisc go raibh sé líonta leis an Spiorad Naomh. Tá a fhios againn go dtugann Íosa an Spiorad Naomh mar bhrontanas dá lucht leanúna ag an mBaisteadh. Ag an gCóineartú faighimid seacht dtíolachtaí an Spioraid Naoimh. De réir mar a úsáidimid na tíolachtaí seo, is ea is treise a fhásann siad, agus ar an mbealach sin tagann sonas orainn.

Tóg aga go ciúin chun smaoineamh ar an méid

seo go léir. Cén chaoi a bhraitheann tú faoi na tíolachtaí a thugann an Spiorad Naomh duit? Cén ceann de na tíolachtaí seo a d'fhéadfadh tacaíocht a thabhairt duit leis an dúshlán a d'aithin tú le linn ár gcluiche leis an liathróid sneachta? (Sos)

Guímis an Phaidir chuig an Spiorad Naomh le chéile anois atá **ar leathanach 89 ded' leabhar**.

Gach duine: A Spioraid Naoimh, tabhair na beannachtaí seo dom –
Eolas chun an rud ceart a aithint ón rud mícheart;
Misneach chun an fód a sheasamh agus a bheith láidir;
Tuiscint chun bealach Dé a leanúint;
Urraim chun adhradh agus guí a dhéanamh;
Breithiúnas cóir chun mé a shoilsiú agus a threorú;
Eagna chun do láithreach a chuardach;
Iontas agus Uamhan chun moladh a thabhairt do Dhia agus ar chruthú an domhain. Áiméan.

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise

Ceacht 3: Tar, a Spioraid Naoimh

SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá roinnt eilimintí i liotúirge an Chóineartaithe a chuidíonn linn nádúr agus brí na sacraiminte a thuiscint: fógairt an Bhriathair, athnuachan ghealltanais an Bhaiste, leagan lámh, ungadh le criosma, láithreach an phobail Chríostaí, láithreach an easpaig nó ceiliúraí/ceiliúraithe eile, ceiliúradh na hEocairiste.

Tar éis liotúirge an Bhriathair, glaonn sagart/múinteoir ainm gach iarrthóra amach agus seasann siad. Ansin tugann an ceiliúraí (easpag nó sagart) míniú gairid ar bhrí an Chóineartaithe. Leanann athnuachan ghealltanais an Bhaiste. Tar éis an chuireadh chun guí, leagann an ceiliúraí agus na sagairt a d'fhéadfadh a bheith ag cuidiú leis a lámha ar na hiarrthóirí (trí leathnú a lámh

os a gcionn). Ansin guíonn an ceiliúraí paidir speisialta ag iarraidh ar an Spiorad Naomh teacht anuas ar na hiarrthóirí, agus ina dhiaidh sin téann na hiarrthóirí go dtí an ceiliúraí agus ungann sé iad le hola chriosma. Ina dhiaidh sin deirtear Guí an Phobail, agus leanann an tAifreann ar aghaidh mar is gnách.

Scrúdaíonn an ceacht seo na heilimintí éagsúla i gceiliúradh an Chóineartaithe. Fiú muna bhfuil na páistí ag ullmhú chun Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh i mbliana, is cóir an ceacht seo a chríochnú. Tá sé tábhachtach nach bhfágтар an obair ar Shacraimint an Chóineartaithe go dtí an bhliain ina bhfuil na páistí ag ullmhú don sacraimint.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Múintear páistí faoi Shacraimint an Chóineartaithe i Rang a Cúig agus i Rang a Sé. Tá aistriúchán nua ar Dheasghnáth an Chóineartaithe ullmhaithe ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Bhéarla sa Chorpáraid Liotúirge. Níor ghlac Comhdháil Easpagúil na hÉireann leis an aistriúchán nua seo go fóill le húsáid in Éirinn, agus mar sin is é an t-aistriúchán den deasghnáth ó 1978 atá in úsáid in Éirinn faoi láthair agus atá ar fáil i *I nGrá Dé*. B'fhéidir go mbeidh an t-aistriúchán nua ar fáil amach anseo, agus má tá beidh sé ar fáil anseo ar líne. San aistriúchán nua, ainmnítear ceithre cinn de sheacht dtíolacthaí an Spioraid Naoimh go difriúil. Cé nach bhfuil an fhoclaíocht nua do thíolacthaí an Spioraid Naoimh in úsáid go fóill in Éirinn, luaitear iad i lúibíní tar éis an tsean- aistriúcháin.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Sacraimint:** Cruinniú speisialta le hÍosa Aiséiríthe.
- **Grásta:** Bronntanas ghrá Dé a chuidíonn linn maireachtáil faoi mar a thaispeáin Íosa dúinn. Tagann grásta trí na sacraimintí.
- **Ola Chriosma:** An t-ola a úsáidtear i sacraimintí na hionadachta críostaí (an Baisteadh agus an Cóineartú), agus i searmanas tiomnaithe do shéipéal nó do altóir. Beannaíonn an t-easpag an t-ola seo le linn Aifreann an Chriosma, Déardaoin Mandála, agus ina dhiaidh sin scaiptear é ar fud paróistí na deoise.
- **Veni Creator Spiritus:** Frása Laidine a chiallaíonn 'Tar, a Spioraid Naoimh'.
- **Iarrthóir Cóineartaithe:** Duine baiste atá, ag leanúint ar aghaidh ar chonair na hionadachta críostaí, agus a bheidh le marcáil go buan trí Shacraimint an Chóineartaithe le carachtar an Tiarna.
- **Ainm Cóineartaithe:** Ainm a roghnaíonn an t-iarrthóir ar Chóineartú. Is comhartha é go bhfuil sé/sí réidh le maireachtáil ar bhealach nua.
- **Cara as Críost don iarrthóir ar Chóineartú:** Duine a roghnaíonn an t-iarrthóir ar Chóineartú, chun tacú leis/léi Íosa a leanúint. Go hidéalach, cara as Críost do Bhaisteadh an iarrthóra a bheidh ann, ach ní chuirtear bac ar dhuine eile a roghnófar go háirithe chun tachaíocht a thabhairt don iarrthóir.
- **Sacraimintí na hIonadachta Críostaí:** Tugtar sacraimintí na hionadachta críostaí ar an Baisteadh, an Cóineartú agus an Eocairist. Is trí na sacraimintí seo a bhíonn daoine ina mbaill iomlána den Eaglais Chaitliceach.

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

FAOI ÓCÁIDÍ SPEISIALTA

Cuir i gcuimhne na bpáistí go bhfuil ócáidí speisialta ann i saol gach duine gur maith leo cuimhneamh orthu agus iad a cheiliúradh. Spreag na páistí chun comhrá a dhéanamh faoi chuimhneacháin den sórt sin ina saol féin agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á úsáid agat:

- Cad iad na hócáidí speisialta i do shaol a dhéanann tú cuimhneamh orthu?
- An bhfuil ceiliúradh speisialta agat chun aon cheann de na hócáidí speisialta sin a cheiliúradh? Cad a dhéanann tú chun na hócáidí sin a cheiliúradh agus cé a cheiliúránn leat?
- Cé acu is tábhachtaí, dar leat, de na hócáidí speisialta sin?

Ansin mínigh do na páistí go bhfuil ócáidí tábhachtacha inár saol mar bhaill de theaghlach na hEaglaise, freisin. Féach an féidir leis na páistí na hócáidí seo a lua: *Baisteadh, Comaoineach Naofa agus Athmhuintearas*. Cuidigh leis na páistí

ainmneacha a chur leis na hócáidí seo (*sacraimintí*).

Mínigh do na páistí gur cruinnithe speisialta, nó teagmhálacha speisialta, le hÍosa Aiséirithe, atá sna sacraimintí. Nuair a cheiliúraimid na sacraimintí faighimid bronnantas ghrá Dé, ar a dtugtar grásta, fásaimid níos gaire do Dhia agus déanaimid ár gcuidreamh leis a dhoimhniú.

Dirigh aire na bpáistí chuig na pictiúir ar leathanach 90 dá leabhar, féachaint an féidir leo sacraimintí na hEaglaise a ainmniú.

(*Baisteadh, Cóineartú, Eocairist, Athmhuintearas, Ola na nEaslán, Pósadh agus Sacraimint an Oird Choisricthe*)

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Teaghlach na hEaglaise' ar leathanach 90 dá leabhar a léamh, agus roinnt ama a chaitheamh leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.

PAIDIR

Nóta: Roghnaigh seachtar léitheoir.

Comhartha na Croise

Múinteoir (*ag lasadh an choinneal*): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

I Sacraimint an Bhaiste tháinig Spiorad Dé anuas orainn agus d'fhan sé linn ó shin i leith. Thug an Spiorad sin treoir dúinn agus chabhraigh sé linn maireachtáil mar lucht leanúna Íosa.

Sa lá atá inniu ann, guímis ar son teacht nua úr den Spiorad chéanna isteach inár saol, ionas gur féidir linn Íosa a leanúint i mbealach an ghrá. Is é an freagra ar gach paidir ná: *Tar, a Spioraid Naoimh!*

Gach duine: Tar, a Spioraid Naoimh!

Léitheoir 1: A Spioraid Naoimh, líon sinn le tíolacadh na heagna, ionas gur féidir linn cinntí maithe a dhéanamh in amanna deacra.

Gach duine: Tar, a Spioraid Naoimh!

Léitheoir 2: A Spioraid Naoimh, líon sinn le tíolacadh na tuisceana, ionas gur féidir linn Briathar Dé a thuiscint inár

saol.

Gach duine: Tar, a Spioraid Naoimh!

Léitheoir 3: A Spioraid Naoimh, líon sinn le tíolacadh an bhreithiúnais chóir [*comhairle*], ionas go ndéanfaimid an rud ceart, go háirithe nuair is deacair é a dhéanamh.

Gach duine: Tar, a Spioraid Naoimh!

Léitheoir 4: A Spioraid Naoimh, líon sinn le tíolacadh an mhisnigh [*neart*], le do thoil, ionas nach mbeidh eagla orainn riamh labhairt amach nuair is é an rud ceart le déanamh.

Gach duine: Tar, a Spioraid Naoimh!

Léitheoir 5: A Spioraid Naoimh, líon sinn le tíolacadh an eolais, ionas nach mbeidh eolas amháin againn ar Dhia, ach go gcuirfimid aithne air agus go dtabharfaimid grá dó.

Gach duine: Tar, a Spioraid Naoimh!

Léitheoir 6: A Spioraid Naoimh, líon sinn le tíolacadh na hurraime [*diagantacht*], ionas go mbraithfimid agus go dtaispeáinimid ómós do Dhia, do dhaoine eile agus dúinn féin.

Gach duine: Tar, a Spioraid Naoimh!



Léitheoir 7: A Spioraid Naoimh, líon sinn le tíolacadh an iontais agus an uamhain i láthair Dé [eagla an Tiarna], ionas nach dteipfidh orainn riamh adhradh a thabhairt do Dhia agus glóir an domhain a chruthaigh sé a fheiceáil.

Gach duine: Tar, a Spioraid Naoimh!

Múinteoir: Guímis an Phaidir chuig an Spiorad Naomh le chéile anois.

Gach duine: *An Phaidir chuig an Spiorad Naomh*
(Tar, a Spioraid Naoimh, líon croíthe na bhfíréan ...)

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

GNÍOMHAÍOCHT

CLUICHE FOCAL

Scríobh an focal ‘Cóineartú’ ar an gclár dubh/bán agus iarr ar na páistí an oiread focal beaga agus is féidir leo a dhéanamh as. Is féidir leo na litreacha a bhogadh timpeall agus na focail á dhéanamh acu, ach níor chóir dóibh aon cheann de na litreacha a úsáid arís agus arís eile. Is féidir leis na páistí é seo a dhéanamh sa dialann don Oideachas

Reiligiúnach.

Tar éis cúpla nóiméad, iarr ar na páistí na focail a rinne siad a roinnt leis an rang. Scríobh na focail ar an gclár dubh/bán. An bhfuil aon bhaint ag na focail le Sacraimint an Chóineartaithe? (*neart, tú, cóta, cóir, ceart, tóir, nóta, srl.*)

PAIDIR TRADISIÚNTA

Cuir an phaidir traidisiúnta (thíos) in aithne na bpáistí. **Tá sé ar leathanach 93 dá leabhar.**

An Spiorad Naomh

Tar anuas, a Spioraid Naoimh,
Tar anuas, a Spioraid Naoimh,

Tar anuas, a Spioraid Naoimh
Is líon ár gcroí ded’ ghrásta caomh.

I ngaol Dé, i ngrá Dé, i dtoil Dé,
I súil Dé, i rún Dé, i gcúram Dé.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Tá sé an-tábhachtach go gcuirtear Cóineartú i láthair na bpáistí mar sacraimint a bhfuil rogha acu glacadh/diúltú leis, seachas ócáid dosheachanta a thagann mar chuid dá mblianta deireanacha sa bhunscoil. Go hidéalach, ba chóir go mbeadh múinteoirí, sagairt agus tuismitheoirí/caomhnóirí aontaithe agus ceiliúradh na sacraiminte a chur i láthair mar chinneadh atá le déanamh, a thiocfaidh leis freagracht gníomhú ar bhealach ar leith ar domhan. Tá sé dúshlánach Cóineartú a chur i láthair ar an mbealach seo. Bheadh sé i bhfad níos éasca gníomhú amhail is go mbeifear ag súil go nglacfadh gach páiste leis an gCóineartú! Níl sé seo ag teacht le brí na sacraiminte. Tá ról tábhachtach ag múinteoirí chun cuidiú leis na páistí fíorbhrí an Chóineartaithe a thuiscint.

AG COMHRÁ

DEASGHNÁTH AN CHÓINEARTAITHE

Mínigh do na páistí go ndéantar Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh de ghnáth mar chuid den Aifreann. Ciallaíonn sé seo go mbíonn dhá shacraimint á ceiliúradh ar an lá céanna: Sacraimint an Eocairist (Comaoineach Naofa) agus Sacraimint an Chóineartaithe. Mínigh freisin go bhféadfadh sagart nó easpag a bheith mar cheiliúraí ag an gCóineartú.

Ansin díriú air na bpáistí chuig an cur síos ar an gceithre chuid de Dheasghnáth an Chóineartaithe **ar leathanach 91 dá leabhar**. Tar éis duit an tuairisc ar gach cuid a léamh amach, déan comhrá leis na páistí ag úsáid na nótaí agus na ceisteanna seo a leanas, nó ceisteanna den chineál céanna.

Tá an téacs i gcló iodálach mar an gcéanna leis an téacs i leabhar na bpáistí.

1: Ag glaach de réir ainm

Tar éis Liotúirge an Bhriathair, glaonn sagart/múinteoir ainm gach iarrthóra agus seasann na hiarrthóirí. Tugann an ceiliúraí míniú gairid ar bhrí an Chóineartaithe.

- Cén t-ainm iomlán a tugadh duit ag an mBaisteadh? Cén fáth ar tugadh an t-ainm seo duit?
- An nglaothar d’ainm iomlán ort riamh? Cén fáth nó cén fáth nach nglaothar?
- Cén fáth go mbeadh sé tábhachtach go nglaothar?

ort le d'ainm agus tú ag ceiliúradh Sacraimint an Chóineartaithe?

2: Athnuachan ghealltanais an Bhaiste

Iarrann an ceiliúraí ar na hiarrthóirí a ngealltanais bhaiste a athnuachan. Seo iad na gealltanais a rinne a dteaghlaigh ar a son ag an mbaisteadh. Tá siad fásta go leor anois chun na gealltanais sin a dhéanamh iad féin. Tá siad ag dearbhú na ngealltanais, a rinne daoine eile ar a son ag an mbaisteadh.

Mínigh do na páistí nuair a cheiliúránn na hiarrthóirí Sacraimint an Chóineartaithe, go ndearbhaíonn Dia tiolacadh an Spioraid Naoimh iontu, a tugtha dóibh cheana féin ag an mBaisteadh agus anois a tugtar dóibh ar bhealach níos iomláine ag an gCóineartú.

3: Leagan lámh agus glaoh ar an Spiorad Naomh

In aimsir an tSean-Tiomna, comhartha beannachta a bhí sa leagan lámh. Insíonn na Soiscéil dúinn, gur leag Íosa a lámha ar dhaoine. Ba Chomhartha beannachta nó leighis é. Insíonn Gníomhartha na nAspal dúinn freisin gur leag Peadar agus Eoin a lámha ar na

daoine baiste, 'agus fuair siad an Spiorad Naomh' (Gníomhartha 8:17).

Mar sin, ag an gCóineartú, leagan an ceiliúraí a lámha orthu siúd atá ag dul faoi Lámh an Easpaig (ag leathnú a lámh os a gcionn). Comhartha é seo go bhfuil tiolacadh an Spioraid Naoimh á thabhairt dóibh. Ansin deir an ceiliúraí paidir speisialta ag iarraidh ar an Spiorad Naomh teacht anuas ar na daoine atá ag dul faoi Lámh an Easpaig.

4: Ungadh le críosma

Téann na hiarrthóirí go dtí an ceiliúraí agus ungann sé iad le hola chríosma. Cuireann an ceiliúraí a ordóg dheas isteach sa chríosma agus gearrann sé comhartha na croise ar éadan an iarrthóra, ag rá 'A (Ainm), séalaítear thú leis an Spiorad Naomh, tiolacadh Dé.' Ansin déanann an ceiliúraí comhartha na síochána leis an iarrthóir.

Inis do na páistí go mbeannaíonn an t-easpag an t-ola chríosma le linn Aifreann an Chríosma, Déardaoin Mandála. Úsáidfear an t-ola chríosma seo le linn aon Bhaisteadh agus Cóineartú atá le bheith ceiliúrtha ina dheoise i rith na bliana.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Tá níos mó faoi dheasghnáth an Chóineartaithe le fáil ar líne.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

I saol gach duine bíonn ócáidí speisialta ann le ceiliúradh. Bíonn ócáidí le ceiliúradh ag Críostaithe mar bhaill de theaghlach na hEaglaise. Déantar go leor de na hócáidí seo a cheiliúradh trí cheann amháin nó níos mó de na sacraimintí. Cruinnithe nó teagmhálacha speisialta le hÍosa Aiséirithe atá sna sacraimintí. Is le linn na dteagmhálacha seo a fhaighimid bronntanas ghrá Dé, nó 'grásta'. Cuidíonn grásta Dé linn ár saol a chaitheamh mar lucht leanúna Íosa.

Sa Chóineartú dearbhaímid na geallúintí a rinneadh ar ár son ag an mBaisteadh. I Sacraimint

an Chóineartaithe bíonn deis againn na geallúintí sin a athnuachan muid féin mar dheisceabail Íosa. Le linn deasghnátha an Chóineartaithe iarrann an ceiliúraí (easpag nó sagart) ar Spiorad Dé teacht anuas ar na hiarrthóirí. Téann gach iarrthóir ansin, in éineacht lena c(h)ara as Críost, le bheith ungha ag an ceiliúraí le hola chriosma. Roghnaíonn gach iarrthóir Cóineartaithe ainm nua mar chomhartha go bhfuil siad réidh maireachtáil ar bhealach nua mar leantóir Íosa.

AG COMHRÁ

FAOI SHACRAIMINT AN CHÓINEARTAITHE

Mínigh do na páistí nuair a bhíonn sacraimintí na hionadachta críostaí (an Baisteadh, an Cóineartú agus an Eocairist) ceiliúrtha acu go mbíonn siad ina mbaill iomlána den Eaglais Chaitliceach. Murab ionann agus an Eocairist, áfach, a mbíonn seans againn glacadh leis gach uair a fhreastalaímid ar an Aifreann, ní cheiliúraímid Sacraimint an Bhaiste agus Sacraimint an Chóineartaithe ach uair amháin.

Ansin déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat:

- An bhfuil tú ag tnúth le do Chóineartú a

cheiliúradh? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?

- Cad é an difríocht atá ann, dar leat, idir an lúcháir a fhaigheann tú ag an gCóineartú agus an mothú áthais a bhíonn agat nuair a bhíonn mar shampla, barra seacláide á ithe agat? (*Is é lúcháir an Spioraid Naoimh an rud a léirítear inár saol nuair a thugaimid do dhaoine eile, nó nuair a ghníomhaímid le grá*).
- An bhfuil ceisteanna fós agat faoi Shacraimint an Chóineartaithe? Cad iad? Cé a d'fhéadfadh cabhrú leat iad a fhreagairt?

AG COMHRÁ

FAOI AINMNEACHA CÓINEARTAITHE AGUS CAIRDE AS CRÍOST DON CHÓINEARTÚ

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Fiú muna bhfuil na páistí ag ullmhú chun Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh i mbliana, d'fhéadfá iad a spreagadh chun smaoineamh a dhéanamh ar a n-ainmneacha Cóineartaithe agus cairde as Críost don Chóineartú.

Tosaigh trí a mhíniú do na páistí gur roghnaigh ár dteaghlaigh ár n-ainmneacha agus ár gcairde as Críost don Bhaisteadh. Ag an gCóineartú, glacann na hiarrthóirí an fhreagracht as a gcreideamh féin, agus roghnaíonn siad féin, le treoir óna dtuismitheoirí, a n-ainmneacha agus a gcairde as Críost. Molann an Eaglais gur chóir do na cairde as Críost a bhí ann ag an mBaisteadh, a bheith ina gcairde as Críost ag an gCóineartú, ach is féidir le daoine fásta cóineartaithe eile a bheith ina gcairde as Críost don Chóineartú.

Ainmneacha Cóineartaithe

Tá ainmneacha speisialta agus tábhachtach. Tá aithne ag gach duine orainn as ár n-ainmneacha. Tá ár n-ainmneacha ar eolas ag Dia. Deir Dia linn, 'Ghlaoigh mé ort i d'ainm, agus is liomsa thú.' De ghnáth, roghnaíonn daoine ainm nua ag an gCóineartú. Is comhartha é go bhfuil siad ag iarraidh Íosa a leanúint ar bhealach nua. Molaimid ainm naoimh a roghnú mar ainm Cóineartaithe, mar taispeánann na naoimh dúinn conas maireachtáil mar lucht leanúna Íosa. Tá sé tábhachtach roinnt ama a chaitheamh ag cabhrú

na páistí smaoineamh ar na naoimh a bhfuil meas acu orthu, agus conas a d'fhéadfadh a sampla cuidiú leo maireachtáil mar lucht leanúna Íosa.

Cairde as Críost don Chóineartú

Ag an mbaisteadh, roghnaíonn tuismitheoirí, agus baill eile den teaghlach, cairde as Críost a chabhróidh leis na tuismitheoirí, chun an leanbh a thógáil i ngrá Dé. Ag an gCóineartú, roghnaíonn iarrthóirí cara as Críost dóibh féin daoine, a chabhróidh leo an bheatha Chríostaí a leanúint, le cabhair ón Spiorad Naomh. Is maith an rud é iarraidh ar athair baistí/mháthair bhaistí a bheith mar chara as Críost don Chóineartú, mar is dócha

go raibh siad ag cabhrú leis an duine óg go dtí sin. Uaireanta, ní féidir é seo a dhéanamh. Mar sin, is féidir le hiarrthóirí smaoineamh ar dhuine eile a chabhróidh leo Íosa a leanúint mar bhall den Eaglais. Ní mór don chara as Críost a bheith cóineartaithe, a bheith ag cleachtadh an chreidimh, agus an Chomaoineach Naofa a bheith ghlactha aige/aici. Ní ceart go mbeadh cara as Críost níos óige ná sé bliana déag d'aois ach amháin i gcásanna eisceachtúla.

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 92 dá leabhar, áit ar féidir leo léamh faoi ainmneacha cóineartaithe agus cairde as Críost don Chóineartú.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Mar phríomh-oideoirí na bpáistí, tá sé tábhachtach go mbeadh ról gníomhach ag tuismitheoirí agus ag an dteaghlach maidir leis na páistí a ullmhú le haghaidh Sacraimint an Chóineartaithe. Bealach amháin inar féidir leo a bheith bainteach leis an ullmhú ná cuidiú leo ainm cóineartaithe a roghnú, go hidéalach ainm naoimh.

GNÍOMHAÍOCHT

M'AINM CÓINEARTAITHE

Tabhair cuireadh do na páistí tabhairt faoin trí thasc seo a leanas maidir lena n-ainm cóineartaithe a roghnú:

- Faigh amach cé na hainmneacha cóineartaithe a roghnaigh baill de do theaghlach agus cén fáth.
- Roghnaigh ainm cóineartaithe duit féin. B'fhéidir gur ainm naoimh atá i gceist agat.
- Sa dialann don Oideachas Reiligiúnach mínigh

cén fáth ar roghnaigh tú an t-ainm seo agus an nasc atá aige leis an gCreideamh Críostaí.

B'fhéidir gur mhaith leat seachtain a thabhairt do na páistí chun é seo a dhéanamh. Ansin tabhair cuireadh do pháistí deonacha a gcuid freagraí a roinnt leis an rang.

PAIDIR

Nóta: Roghnaigh léitheoir amháin.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

An tseachtain seo chuimhníomar ar na hócáidí speisialta inár saol mar bhaill de theaghlach na hEaglaise. Éistimis anois le sliocht ón Soiscéal de réir Mharcais, ina dhéanann sé cur síos ar bhaisteadh Íosa.

Léitheoir: Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Mharcais.

Gach duine: Glóir duit, a Thiarna.

Léitheoir 1: Lá de na laethanta sin tháinig Íosa ó Nazarat sa Ghailí agus fuair baisteadh sa Iordáin ó Eoin. Agus an túisce a tháinig sé aníos as an uisce, chonaic sé na flaithis ag oscailt ó chéile agus an Spiorad mar a bheadh colm ag teacht anuas air. Agus

tháinig glór ó na flaithis: "Is tú mo Mhac muirneach; is duit a thug mé gnaoi." (Marcas 1:9-11)

Soiscéal an Tiarna.

Gach duine: Moladh duit, a Chríost.

Múinteoir: Nuair a baisteadh sinn mar naíonáin, tugadh bronntanas Spiorad Dé dúinn. Os rud é go rabhamar ró-óg chun geallúintí an bhaiste a dhéanamh dúinn féin, labhair ár dtuismitheoirí agus ár gCairde as Críost ar ár son. Anois ó táimid in ann na geallúintí a rinne siad dúinn a athnuachan, freagraimid na ceisteanna céanna a d'fhreagair siad dúinn.

Múinteoir: An ndiúltaíonn tú do Shátan agus dá oibreacha agus dá chleasa go léir?

Gach duine: Diúltaím.

Múinteoir: An gcreideann tú i nDia, an tAthair uilechumhtach, cruthaitheoir neimhe agus talún?

Gach duine: Creidim.

Múinteoir: An gcreideann tú in Íosa Críost, a aon

Mhacsan, ár dTiarna, a rugadh ó Mhuire Ógh, a céasadh, a fuair bás agus a adhlacadh, a d'éirigh ó mhairbh, agus atá anois ina shuí ar dheis an Athar?

Gach duine: Creidim.

Múinteoir: An gcreideann tú sa Spiorad Naomh, Tiarna agus bronntóir na beatha, a tháinig ar na haspail um Chincís agus atá á bhronnadh ort [inniu] i Sacraimint an Chóineartaithe?

Gach duine: Creidim.

Múinteoir: An gcreideann tú sa Naomh Eaglais Chaitliceach, i gcomaoín na naomh, i maithiúnas na bpeacaí, in aiséirí na colainne agus sa bheatha shíoraí?

Gach duine: Creidim.

Múinteoir: Is é seo ár gcreideamh. Is é seo creideamh na hEaglaise. Fógraímís go bródúil é trí

Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Múinteoir: Guímis *Paidir chuig an Spiorad Naomh* le chéile anois.

Gach duine: A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom an rud ceart a dhéanamh. Cabhraigh liom.

A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom maireachtáil mar a mhair Íosa.

Treoraigh mé.

A Spioraid Naoimh, ba mhaith liom guí mar a ghuigh Íosa.

Múin dom é.

Áiméan.

Comhartha na Croise



Ceacht 4: Ag maireachtáil lán den Spiorad

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Níor chóir an ceacht seo a dhéanamh ach amháin le páistí a cheiliúir Sacraimint an Chóineartaithe. Múinfear an ceacht seo arís i gclár Rang a Sé.

SULA DTOSAÍONN TÚ

Síos tríd na cianta, ó aimsir na n-aspal agus na luath-Eaglaise go dtí an lá atá inniu ann, chuir an Spiorad Naomh beocht sna milliúin daoine i ngach cearn den domhan. D'oibrigh na daoine seo - cuid acu ar bhealaí beaga agus cuid eile ar bhealaí níos mó - chun Ríocht Dé a thógáil anseo ar domhan. Titeann an fhreagracht maireachtáil de réir an tSoiscéil orainn anois. Ní mór dúinn a bheith ullamh chun obair ar son an ghrá, an cheartais agus na síochána i measc na ndaoine a mhairimid leo agus a oibrímid leo, ach go háirithe i measc na ndaoine sin nach féidir leo aire a thabhairt dóibh féin - na sean daoine, na daoine óga, na daoine atá tinn nó bocht nó go mbíonn

riachtanais speisialta acu.

Sa cheacht seo cabhraímid leis na páistí a fheiceáil conas is féidir le Spiorad Dé difríocht mhór a dhéanamh ina saol. Tá súil againn go mbeidh siad spreagtha ag beathaí daoine a bhí/ata faoi stiúir ag an Spiorad agus iarracht a dhéanamh Ríocht Dé a chur i láthair ar domhan. Cheadaigh na daoine sin do thíolacthaí an Spioraid Naoimh torthaí a bhaint amach ina saol trí na nithe seo a léiriú: grá, luchtáir, síocháin, foighne, cineáltas, maitheas, uaisleacht, dílseacht agus féinsmacht. (Féach Galataigh 5:22.)

EOCHAIRFHOCAL

- **Torthaí an Spioraid Naoimh:** Nuair a ghlacann duine le tíolacthaí an Spioraid Naoimh, is féidir linn torthaí an Spioraid Naoimh a fheiceáil ag gníomhú ina saol.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Bileoga de pháipéar póstaear agus ábhar ealaíne don naoi ngrúpa

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

FAOIN GCINCÍS AGUS AN CÓINEARTÚ

Tosaigh tríd an méid a tharla ar an gcéad Chincís a thabhairt chun chuimhne na bpáistí: Chuir lucht leanúna Íosa iad féin faoi ghlas i seomra ar eagla go marófaí iad ar an gcaoi chéanna a tharla d'Íosa, nuair a mhothaigh siad cumhacht Spiorad Dé. Mar thoradh ar seo, ní raibh eagla orthu a thuilleadh. Ach d'imigh siad amach ar shráideanna Iarúsailéim chun a insint do dhaoine faoi Íosa agus faoi na rudaí go léir a chonaic siad agus é á leanúint acu.

Léigh an sliocht seo faoin gCincís do na páistí ó Gníomhartha na nAspal:

Nuair a tháinig Lá Cincise bhí siad go léir le chéile ar aon láthair. Agus de phreib tháinig glór ón

spéir mar a bheadh séideán gaoithe móire agus líon sé an teach ar fad ina raibh siad ina suí. Agus chonacthas dóibh mar bheadh teangacha tine ag scaradh ó chéile nó gur shuigh an tine ar gach duine acu; agus líonadh iad go léir den Spiorad Naomh agus thosaigh siad ag labhairt i dteangacha difriúla de réir mar thug an Spiorad urlabhra dóibh. (Gníomhartha 2:1-4)

Tar éis do na páistí éisteacht leis an sliocht ón Scriptúr, féach an féidir leo cuimhneamh ar cad é an deir údar an phíos a tharla sa seomra.

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'An Chincís agus an Cóineartú' ar leathanach 94 dá leabhar a léamh.

GNÍOMHAÍOCHT

Tabhair cuireadh do na páistí dul i ngleic leis an ngníomhaíocht san alt dar teideal 'Bogtha ag an Spiorad' ar leathanach 94 dá leabhar. Ansin spreag iad chun aga a chaitheamh leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar an leathanach céanna.

PAIDIR

Nóta: Roimh ré, roinn an rang i ndhá ghrúpa.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

Creidimid go bhfuil Íosa, a d'aiséirigh ó na mairbh, agus atá ina shuí ar dheis an Athar, i gcumhacht an Spioraid Naoimh, ag tabhairt spreagadh dúinn chun cúram a thabhairt do dhaoine eile. Guímis le chéile anois go dtreoróidh an Spiorad sinn, anseo sa seomra ranga, an méid sin a dhéanamh.

Grúpa 1: Tá mistéir ag baint leis an ngaoth. Ní féidir linn í a fheiceáil, níl a fhios againn cad as ar tháinig sí nó cá dtéann sí, ach tá an chumhacht aici rudaí a bhogadh.

Grúpa 2: Is mar an gcéanna é le Spiorad Dé. Ní féidir linn é a fheiceáil, ach tá an chumhacht aige sinn a bhogadh agus a athrú. Go mbeimis bogtha

agus aistrithe ag an Spiorad. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Grúpa 1: Creidimid go bhfuil Spiorad Dé ag bogadh ionainn óná r mBaisteadh.

Grúpa 2: Go mbeimis i gcónaí oscailte do ghluaiseacht an Spioraid. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Grúpa 1: Go minic gluaisear daoine chun gníomhú, chun oibriú le haghaidh rudaí a athrú.

Grúpa 2: Go dtabharfadh Spiorad Dé spreagadh dúinn maireachtáil mar lucht leanúna Íosa agus é a aithris i ngach rud a dhéanaimid agus a deirimid. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Grúpa 1: Tá Spiorad Dé ag gluaiseacht inár bpobal



chun go dtiocfadh daoine i gcabhair orthu siúd atá i ngátar, chun cuidiú leo siúd atá bocht, agus chun aire a thabhairt dá chéile.

Grúpa 2: Go gcabhródh Spiorad Dé linn oibriú le chéile chun Ríocht Dé a chur i gcrích. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: A Dhia ár nAthair, go mbeadh gaoth do

Spiorad ag bogadh go saor in ár gcroíthe agus in ár saol. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

AN SCRÍPTÚR NAOFA

NA CRÍOSTAITHE TOSAIGH

Tabhair chun chuimhne arís an méid a tharla ag an gCincís. Ansin léigh an sliocht thíos as Gníomhartha na nAspal, a dhéanann cur síos ar an méid a tharla nuair a chuala muintir Iarúsailéim teachtaireacht Pheadair ar an gcéad Chincís.

Beatha na gCríostaithe Tosaigh (Gníomhartha 2:41-47)

An méid díobh a ghlac lena theachtaireacht, baisteadh iad agus cuireadh tuairim is trí mhíle duine lena líon an lá sin. Agus chloígh siad go daingean le teagasc na n-aspal, le comaoin ar a chéile, le briseadh an aráin agus leis na hurnaithe.

Is iomaí míorúilt agus éacht a bhí á ndéanamh ag na haspail, rud a chuir uamhan ar chách. Bhí na creidmhigh go léir in aon bhuíon le chéile agus bhí gach ní i bpáirt acu; dhíolaidís a gcuid sealúchais agus a gcuid maoine agus roinnidís a luach ar chách de réir mar a bhíodh aon duine acu ar an gcaolchuid. Thagaidís le chéile in aon bhuíon sa Teampall gach lá ach bhrisidís arán i dtithe a chéile agus chaithidís



a gcuid le chéile le mórathas agus le sástacht chroí agus iad ag moladh Dé. Agus bhí gnaoi an phobail orthu. Agus ó lá go lá bhí an Tiarna ag cur le líon na ndaoine a bhí ar bhealach a slánaithe.

Tar éis duit an sliocht a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí ceisteanna simplí, cosúil leo seo a leanas, a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 95 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Cén rud speisialta a tharla do na daoine a chreid teachtaireacht Pheadair?
- Ainmnigh cuid de na rudaí a rinne na creidmhigh ó lá go lá, rudaí a thaispeáin gur lucht leanúna Íosa iad?

Ansin tochail níos doimhne le ceisteanna cosúil le:

- An bhfuil iontas ort a chloisteáil gur tháinig níos mó daoine isteach sa ghrúpa gach lá chun a bheith ina lucht leanúna Íosa? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?
- An gceapann tú go mbeifeá i dteannta na gCríostaithe tosaigh dá mbeifeá beo ar ais ansin? Cén fáth nó cén fáth nach mbeifeá?
- An féidir leat smaoineamh ar shamplaí de

dhaoine inniu a mhaireann mar a mhair na Críostaithe tosaigh? (*m.sh. siúracha reiligiúnacha agus bráithre agus sagairt, a thugann a saol chun cabhrú le daoine eile agus teachtaireacht Íosa a scaipeadh; daoine tuata a oibríonn leis na carthanais, nó a chuidíonn le daoine eile ar bhealaí éagsúla, mar a rinne Íosa; daoine tuata a dhéanann obair dheonach ina gcuid paróistí áitiúla*)

- Ar mhaith leat dul in éineacht le daoine eile ionas go mbeifeá ag obair mar sin? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith leat?

Tá an sliocht Scríoptúrtha, a dhéanann cur síos ar bheatha na gCríostaithe Tosaigh, le fáil ar leathanach 95 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí chun an sliocht a léamh dóibh féin.

CLEACHTADH DIALAINNE

NA CRÍOSTAITHE TOSAIGH

Dírigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 95 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh liosta a dhéanamh, sa dialann don Oideachas Reiligiúnach, de na focail a dhéanadh cur síos ar na Críostaithe tosaigh.

AG COMHRÁ

FAOI THORTHAÍ AN SPIORAID NAOIMH

Déan comhrá leis na páistí faoi na bealaí inar léirigh na Críostaithe Tosaigh gur Críostaithe ab ea iad.

Ansin pléigh na cáilíochtaí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ag na Críostaithe Tosaigh – cáilíochtaí a bhí le feiceáil sa bhealach inar bhain siad le daoine eile. Déan iarracht cáilíochtaí cosúil leo seo a leanas a fháil: grámhar, lúcháireach, síochánta, foighneach, cineálta, maith, uasal, dílis, séimh.

Más gá, d'fhéadfá na ceisteanna seo a leanas a chur agus cuireadh a thabhairt do na páistí cúiseanna a thabhairt lena bhfreagraí:

- An gceapann tú gur ghníomhaigh baill de na Críostaithe tosaigh le grá?
- An gceapann tú go raibh siad lúcháireach?
- An gceapann tú go raibh saol síochánta acu?
- An gceapann tú gur daoine foighneacha ab ea iad?
- An gceapann tú gur daoine cineálta iad?

- An ndéanfá cur síos orthu mar dhaoine maithe?
- An gceapann tú gur daoine séimhe a bhí iontu?
- An ndéanfá cur síos orthu mar dhaoine dílse?
- An gceapann tú go mbeadh smacht acu ar a gcuid mothúcháin, mar shampla, nuair a bhí siad ag mothú feargach?
- Cad a thug an chumhacht dóibh a bheith ina ndaoine grámhara?
- Cad a cheapann tú atá i gceist sa sliocht Scrioptúrtha nuair a luann sé 'comaoin ar a chéile, ... briseadh an aráin ... na hurnaithe?

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Torthaí an Spioraid Naoimh' ar leathanach 95 dá leabhar a léamh. Tá torthaí an Spioraid Naoimh liostaithe ar leathanach 95 freisin. Ansin spreag na páistí chun roinnt ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' atá le fáil ar leathanach 96.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

TORTHAÍ AN SPIORAID NAOIMH

Nóta: Beidh naoi mbileog de pháipéar bán ag teastáil uait agus rogha ábhar ealaíne do gach ceann de na naoi ngrúpa.

- Roinn an rang i naoi ngrúpa agus tabhair ceann amháin de thorthaí an Spioraid Naoimh do gach grúpa.
- Tabhair cuireadh do gach grúpa póstaer a dhéanamh a thaispeánann conas

is féidir leis an 'toradh' a tugadh dóibh a bheith le feiceáil i saol daoine. Mar shampla, d'fhéadfadh póstaer a léiríonn 'grá' tuismitheoir a thaispeáint ag tabhairt barróg do pháiste, nó beirt pháiste ag gealladh cairdeas dá chéile, nó páiste ag cabhrú le daoine aosta, nó deirfiúr ag léamh leabhar dá deartháir óg, agus mar sin de.

- Tabhair cuireadh do na páistí a gcuid póstaer a mhíniú don rang.



TORTHAÍ AN SPIORAID NAOIMH AG OIBRIÚ

Tabhair chun chuimhne na bpáistí nuair a cheiliúraimid Sacraimint an Chóineartaithe go mbíonn tíolacthaí an Spioraid Naoimh, a tugadh dúinn ag ár mBaisteadh, séalaithe ionainn. D'fhéadfá a iarraidh ar na páistí: An bhfuil a fhios agaibh cad is 'séala' ann agus cathain a úsáidtear é?

Mínigh do na páistí, má úsáidimid tíolacthaí an Spioraid inár saol, go dtagann torthaí an Spioraid ina ndiaidh. Beidh na 'torthaí' nó na rudaí maithe sin le feiceáil againn féin agus ag daoine eile – faoi mar a bhíomar in ann torthaí nó éifeachtaí an Spioraid Naoimh le feiceáil i saol na gCríostaithe tosaigh.

Léiríonn na cuntais thíos an méid a tharlaíonn nuair a cheadaíonn daoine do thorthaí an Spioraid Naoimh a bheith ag obair ina saol.

Rugadh **an tSiúr Stanislaus Ní Chinnéide**, nó an tSiúr Stan, mar a thugaimid uirthi, i gContae Chiarraí sa bhliain 1940. Nuair a bhí sí ocht mbliana deag d'aois, bhraith sí go raibh Dia ag iarraidh uirthi rud speisialta a dhéanamh ina saol. Bheartaigh sí a bheith ina bean rialta. Níorbh fhada go bhfaca sí go raibh difríochtaí móra ann idir saol na ndaoine a raibh go leor airgid acu agus saol na ndaoine a bhí ag maireachtáil i mbochtaineacht. Bhog sí go Baile Átha Cliath go luath sna 1980aidí agus rinne sí iarracht dul i ngleic le fadhb na ndaoine gan dídean. Sa bhliain 1985 bhunaigh sí 'Focus Ireland'. Cabhraíonn 'Focus Ireland' le

daoine bochta chun teach a fháil agus a choinneail. Sa bhliain 1998 bhunaigh an tSiúr Stan 'The Sanctuary'. Is ionad machnaimh i gcathair Bhaile Átha Cliath é. Téann daoine ann le sos a fháil ón saol gnóthach.

Rugadh **Willie Bermingham** i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1942. In 1964 thosaigh sé ag obair le Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Fear múchta dóiteán ba ea é. Nuair a bhí sé ag obair, chonaic sé go raibh go leor seandaoine ina gcónaí i dtithe uafásacha. Ní raibh aon teas i gcuid de na tithe. Ní raibh go leor bia ag na daoine, agus bhí a lán acu an-uaigneach. Mar sin, sa bhliain 1977, bhunaigh Willie an eagraíocht ALONE. Cabhraíonn ALONE le seandaoine agus téann siad ar cuairt chucu. Úsáideann ALONE an mana 'A Little Offering Never Ends'. Fuair Willie bás sa bhliain 1990, ach leanann an eagraíocht leis an obair a thosaigh sé. Cabhraíonn siad le seandaoine atá uaigneach agus ina n-aonar. Cabhraíonn siad le daoine atá tinn, nó atá bocht. Tacaíonn siad le daoine atá ina gcónaí i ndrochthithe agus cabhraíonn siad le daoine gan tithe.

Tá na próifílí thuas ar an tSiúr Stanislaus Ní Chinnéide agus Willie Bermingham ar leathanach 96 de leabhar na bpáistí. Spreag na páistí chun na próifílí sin a léamh dóibh féin agus ansin beagán ama a chaitheamh ag plé leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ag bun leathanaigh 96.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Séalaítear tíolacthaí an Spioraid Naoimh, a thugtar ag an mBaisteadh, iontu siúd a cheiliúránn Sacraimint an Chóineartaithe. Le himeacht aimsire, de réir mar a úsáidimid na tíolacthaí seo inár saol laethúil, beireann siad ‘torthaí’ – feicimid na héifeachtaí maithe a tháirgeann siad. Tugaimid

torthaí an Spioraid Naoimh ar na héifeachtaí seo: grá, luchtáir, síocháin, foighne, cineáltas, maitheas, uaisleacht, dílseacht agus féinsmacht. Má fhéachaimid ar dhaoine atá líonta leis an Spiorad, beimid in ann torthaí an Spioraid Naoimh a fheiceáil trína gcuid gníomhartha ar domhan.

GNÍOMHAÍOCHT TAIGHDE

TIONSCADAL SEIRBHÍSE BUNAITHE SA PHOBAL ÁITIÚIL

Tabhair cuireadh do na páistí taighde a dhéanamh ar bhealaí inar féidir leo a bheith bainteach lena bpobal/paróiste áitiúil. D’fhéadfaidís tuairisc gearr a scríobh sa dialann don Oideachas Reiligiúnach faoin méid atá i gceist leis an obair seo. Nó,

d’fhéadfaidís siombailí agus/nó líníochtaí a úsáid chun séirbhísí áitiúil a léiriú.

PAIDIR

Nóta: B’fhéidir gur maith leat ceol machnamhach a sheinm i rith an urnaí seo.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, tá a fhios againn agus creidimid go bhfuil Spiorad Dé i láthair linn anseo inniu. Iarraimis ar an Spiorad Naomh, sinn a spreagadh arís le meoin agus le dearcadh Íosa.

Seinn ceol machnamhach.

Múinteoir: Tugaim cuireadh daoibh na súile a dhúnadh agus a bheith socair agus ciúin ... Lig aon teannas atá i do chorp imeacht. (Sos)

Samhlaigh anois go bhfuil tú ar ais sa seomra sin, atá faoi ghlas, le Peadar agus le lucht leanúna eile Íosa ... Tabhair faoi deara cá bhfuil tú i do shuí agus conas a mhothaíonn tú. (Sos)

Tabhair faoi deara go bhfuil gaoth ag séideadh timpeall an fhoirgnimh ... Éist léi agus í ag éirí níos láidre. (Sos)

Tá an chosúlacht ann anois go bhfuil an ghaoth sa seomra leat, agus fuinneamh nua, neart nua agus misneach nua á thabhairt aici duit. (Sos)

Is cosúil go dtugann an ghaoth fonn nua duit, grá a thabhairt do dhaoine eile ar bhealach nua. (Sos)

Tá an chosúlacht ann go mbogann an ghaoth duit an seomra a thrasnú agus an doras a oscailt. (Sos)

Tá sé mar a bheadh Íosa féin ag cogar, ‘Téigh amach agus scaip mo ghrá’ ... ‘Téigh amach agus lean an obair a thosaigh mé’ ... ‘Téigh amach agus déan an ríocht a thógáil’. (Sos)

B’fhéidir gur mhaith leat freagra a thabhairt do chuireadh Íosa anois le do ghuth inmheánach. (Sos ar feadh cúpla nóiméad)

Nuair atá tú réidh, tabhair faoi deara go bhfuil tú anseo sa seomra ranga, agus oscail do shúile go mall.

Comhartha na Croise

An méid atá ar eolas againn faoin Spiorad Naomh

SIOMBAILÍ AN SPIORAID NAOIMH

- Tine
- Gaoth
- Colm

CEANN DE THRÍ PHEARSA NA TRÍONÓIDE RÓNAOFA IS EA AN SPIORAD NAOMH

- Athair, Mac agus Spiorad Naomh atá san Aon Fhíor-Dhia amháin.
- Beannaíonn Críostaithe iad féin in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh.
- Déantar Críostaithe a bhaisteadh in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh.

CÚNTÓIR AGUS TREORAÍ DÚINN IS EA AN SPIORAD NAOMH

- Ag a Dheascabháil, gheall Íosa a bheith linn go deo. Comhlíonn seoladh an Spioraid Naoimh an gealltanais sin. Fanfaidh an Spiorad Naomh linn go deo.
- Cuidíonn an Spiorad Naomh linn guí.
- Threoraigh an Spiorad Naomh na daoine a scríobh leabhair an Bhíobla.
- Cuidíonn an Spiorad Naomh linn éisteacht le Briathar Dé sa Bhíobla, é a thuiscint agus é a fhreagairt.
- Tugann an Spiorad Naomh an neart dúinn grá a thabhairt do Dhia agus dá chéile.
- Treoraíonn agus tugann an Spiorad Naomh aire don Eaglais.

AN SPIORAD NAOMH I SCÉAL NA CINCÍSE

- Lá na Cincíse tháinig an Spiorad Naomh ar na deisceabail chun cabhrú leo.
- Ag an gCincís ceiliúrann teaghlach na hEaglaise bronntanas an Spioraid Naoimh.
- Is é bronntanas an Spioraid Naoimh ag an gCincís tús na hEaglaise.
- Sheol an tAthair agus an Mac an Spiorad Naomh chun cabhrú linn a bheith níos cosúla le Dia.

AN SPIORAD NAOMH AGUS NA SACRAIMINTÍ

- Tagann an Spiorad Naomh chugainn ag an mBaisteadh agus ag an gCóineartú.
- Ciallaíonn ‘grásta’ láithreach agus obair an Spioraid Naoimh ionainn.
- Ciallaíonn ‘grásta sacraiminte’ grásta an Spioraid Naoimh a thugann Críost dúinn sna sacraimintí.
- Ag an Aifreann, iarrann an sagart ar an Athair an Spiorad Naomh a sheoladh ionas go ndéanfar Corp agus Fuil ár dTiarna Íosa Críost den arán agus den bhfíon.
- Nuair a deir an sagart paidir na haspalóide i Sacraimint an Athmhuintearais, táimid maite in ainm Dé trí chumhacht an Spioraid Naoimh.
- Tugtar grásta an Spioraid Naoimh don duine tinn i Sacraimint Ola na nEaslán.

Íosa, lán den Spiorad Naomh

Rudaí a dúirt agus a rinne Íosa roimh a bhaisteadh	An méid a tharla ag Baisteadh Íosa	Rudaí a dúirt agus a rinne Íosa tar éis a bhaisteadh

Tíolacthaí an Spioraid Naoimh

Eagna

- Cuidíonn tíolacadh na hEagna ón Spiorad Naomh le daoine tuiscint dhomhain a fháil ar Dhia agus meas a bheith acu ar nithe spioradálta.
- Tugann an tíolacadh seo ‘grásta don duine a bheith in ann gach rud a fheiceáil le súile Dé’ (an Pápa Proinsias).
- Cuidíonn an tíolacadh seo le daoine a bheith ar an eolas faoi láithreach Dé ina saol agus ar domhan.
- Tuigeann daoine, a ghlacann le tíolacadh na hEagna, nach bhfuil rudaí ábhartha (domhanda) chomh tábhachtach le rudaí spioradálta (rudaí a bhaineann le Dia). Tá na rudaí ábhartha sealadach, ach leanfaidh Dia ar feadh na síoraíochta.
- Nuair a úsáideann daoine tíolacadh na hEagna ón Spiorad Naomh is mian leo iad féin a cheangal níos mó le Dia. Mar thoradh ar seo, tugann siad aire do dhaoine gar dóibh agus tugann siad am do dhaoine eile.

An féidir leat smaoineamh ar shamplaí de dhaoine a úsáideann tíolacadh na hEagna ón Spiorad Naomh go maith – daoine atá ceangailte níos mó le rudaí spioradálta (rudaí a bhaineann le Dia) ná le rudaí ábhartha (rudaí an domhain seo)?

An féidir leat smaoineamh ar amanna nuair a d’fhéadfá an tíolacadh seo a úsáid?

Tuiscint

- Cabhraíonn tíolacadh na Tuisceana ón Spiorad Naomh le Críostaithe aithne níos fearr a chur ar Dhia.
- Ní féidir linn aithne iomlán a chur ar Dhia mar nach feidir leis an intinn dhaonna rúndiamhair Dé a thuiscint. Ach is féidir linn go leor rudaí a thuiscint faoi Dhia, trí thíolacadh na Tuisceana.
- Cuidíonn an tíolacadh osnádúrtha seo le Críostaithe rudaí faoi Dhia agus faoi Ríocht Dé atá deacair a mhíniú, a thuiscint.
- Tuigeann daoine atá líonta leis an dtíolacadh seo, Dia ar bhealach níos doimhne agus déanann siad an tuiscint seo a fhorbairt trí urnaí, tríd an Bíobla a léamh agus trí na sacraimintí.

An féidir leat smaoineamh ar shamplaí de dhaoine a úsáideann tíolacadh na Tuisceana ón Spiorad Naomh go maith?

An féidir leat smaoineamh ar amanna nuair a d’fhéadfá an tíolacadh seo a úsáid?

Breithiúnas cóir [Comhairle]

- Trí thíolacadh an Bhreithiúnais chóir, spreagann agus treoraíonn an Spiorad Naomh Críostaithe chun cinntí cearta a dhéanamh agus an rud ceart a dhéanamh, go háirithe i gcásanna deacra, nuair nach mbíonn sé éasca an rud ceart a aimsiú agus a roghnú.
- Úsáideann daoine an tíolacadh seo trí éisteacht go géar le Dia – agus is fearr é seo a dhéanamh i gciúnas.
- Ní chabhraíonn bealaí smaointeoireachta daonna i gcónaí linn le cinntí cearta a dhéanamh, ach, trí ghrásta an tíolactha seo, faigheann daoine an cúnamh a theastaíonn uathu chun cinntí maithe a dhéanamh a rachaidh chun leasa dóibh féin, le daoine eile agus le Dia, agus tabharfaidh sé cabhair dóibh éagóir a sheachaint.

An féidir leat smaoineamh ar shamplaí de dhaoine a úsáideann tíolacadh an Bhreithiúnais chóir ón Spiorad Naomh go maith?

An féidir leat smaoineamh ar amanna nuair a d’fhéadfá an tíolacadh seo a úsáid?

Misneach [Neart]

- Tugann tíolacadh an Mhisnigh ón Spiorad Naomh neart do Chríostaithe, chun toil Dé a dhéanamh agus seasamh ar son an chirt. Is minic nach mbíonn an seasamh seo ag dul le tuairimí an phobail i gcoitinne ná éasca le déanamh, agus is minic freisin a mbeidh diúltú, cáineadh nó dochar le fulaingt againn dá bharr.
- Nuair a chuirtear duine éigin, a bhfuil an tíolacadh seo acu, i staid ina gcaithfidh siad a bheith misniúil agus an rud atá taitneamhach le Dia a dhéanamh, soláthraíonn Dia an grásta is gá dóibh chun an rud ceart a dhéanamh.
- Mar shampla, níor tháinig misneach na mairtíreach Críostaí uathu féin, ach ó Dhia.
- Daoine atá ag fulaingt nó a bhfuil deacrachtaí acu ina saol, agus atá líonta leis an dtíolacadh seo, faigheann siad solás agus neart dóibh féin déileáil níos fearr lena gcuid deacrachtaí.

An féidir leat smaoineamh ar shamplaí de dhaoine a úsáideann tíolacadh an Mhisnigh ón Spiorad Naomh go maith?

An féidir leat smaoineamh ar amanna nuair a d’fhéadfá an tíolacadh seo a úsáid?

Tíolacthaí an Spioraid Naoimh

Eolas

- Cuidíonn tíolacadh an Eolais ón Spiorad Naomh le Críostaithe fírinne Dé agus plean Dé a bheith ar eolas acu agus a thuiscint ar bhealach domhain.
- Is é Dia a nochtann fírinní áirithe faoi féin dúinn – tugaimid Foilsiú Dé air seo.
- Daoine a úsáideann tíolacadh an Eolais ón Spiorad Naomh is féidir leo cad atá ceart agus cad atá mícheart ar domhan a fheiceáil. Bíonn brón mór orthu faoi na rudaí atá mícheart ar domhan agus déanann siad iarracht a saol a chaitheamh ar an mbealach a mhúnlaigh Íosa dúinn.
- Teastaíonn cúnamh an Spioraid Naoimh uainn chun creideamh a bheith againn, agus cuidíonn an Spiorad Naomh le Críostaithe grá a bheith acu don rud atá go maith agus dul ar shiúl ón rud atá olc.

An féidir leat smaoineamh ar shamplaí de dhaoine a úsáideann tíolacadh an Eolais ón Spiorad Naomh go maith?

An féidir leat smaoineamh ar amanna nuair a d'fhéadfá an tíolacadh seo a úsáid?

Urraim [Diagantacht]

- Cuidíonn tíolacadh na hUrraime ón Spiorad Naomh le Críostaithe a ngrá do Dhia a thaispeáint.
- Ba mhaith le daoine atá líonta leis an dtíolacadh seo an rud atá taitneamhach le Dia a dhéanamh.
- Tá meas mór ag daoine, atá líonta leis an dtíolacadh seo, ar Dhia agus is mian leo é seo a thaispeáint, trí bheith rannpháirteach i liotúirgí poiblí na hEaglaise, agus trí bheith ag guí ag amanna éagsúla leo féin.
- Cuidíonn tíolacadh na hUrraime le Críostaithe cabhrú le cruthú Dé go léir. Úsáideann Críostaithe an tíolacadh seo chun cabhrú leo grá a thaispeáint do theaghlach Dé go léir, is cuma cé hiad féin nó cad as a dtagann siad.

An féidir leat smaoineamh ar shamplaí de dhaoine a úsáideann tíolacadh na hUrraime ón Spiorad Naomh go maith?

An féidir leat smaoineamh ar amanna nuair a d'fhéadfá an tíolacadh seo a úsáid?

Iontas agus Uamhan i láthair Dé [Eagla an Tiarna]

- Cuidíonn tíolacadh an Iontais agus an Uamhain i láthair Dé ón Spiorad Naomh le Críostaithe a fháil amach cé chomh hiontach is atá Dia.
- Uaireanta tugtar 'Eagla an Tiarna' ar an dtíolacadh seo, ach ní chiallaíonn sé go mbeadh eagla Dé ar dhuine. Ach ciallaíonn sé go mbíonn eagla ar dhaoine Dia a mhaslú toisc go bhfuil Dia chomh mór sin agus go bhfuil meas acu ar Dhia agus níor mhaith leo riamh grá Dé a chailleadh.
- Cuidíonn an tíolacadh seo le daoine aitheantas a thabhairt d'iontais chruthú Dé agus a fhios a bheith acu gurb é Dia amháin atá foirfe.

An féidir leat smaoineamh ar shamplaí de dhaoine a úsáideann tíolacadh an Iontais agus an Uamhain i láthair Dé ón Spiorad Naomh go maith?

An féidir leat smaoineamh ar amanna nuair a d'fhéadfá an tíolacadh seo a úsáid?

Téama 9: Iarrtar Orainn chun Grá agus Seirbhís a Thabhairt don Eaglais

Ceacht 1: Ag breathnú ar ár nDeoise

Ceacht 2: Sacraimint an Oird Choisricthe

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta

- Bhunaigh Íosa Críost an Eaglais chun Réimeas Dé a fhógairt agus chun leanúint ar aghaidh ag scaipeadh an Dea-Scéil-Grá sábhálach Dé dá dhaoine.
- Is í an Eaglais an bealach nua atá ag Críost Aiséirithe le bheith lena lucht leanúna go dtí deireadh an tsaoil, mar a gheall sé.
- Is í an Eaglais Corp Chríost. Is é Críost ceannaire an Choirp seo agus roinneann na bail ar fad a Spiorad.
- Iarrtar ar an Eaglais grá, trua agus maithiúnas Íosa a léiriú do cách.
- Leanann na heaspaig orthu le ministreacht na n-aspal trína n-aire do na heaglaisí áitiúla.
- Maidir le ceannairí na hEaglaise, dúirt Íosa ‘an duine ar mian leis bheith ina uasal eadraibh, beidh sé ina sheirbhíseach daoibh, agus an duine ar mian leis bheith ina cheann oraibh, beidh sé ina sclábhaí daoibh’.
- Staidéar ar Dheoise áitiúil. Seirbhísí Forbartha Creidimh sa Deoise. Comhairleoirí Deoise.
- Is é an Pápa agus easpaig eile na hEaglaise comharbaí na nAspal. Tugann Críost an chumhacht dóibh gníomhú go pearsanta ar a shon.
- Thug Íosa ceannasaíocht na hEaglaise do chomharbaí an dá aspal déag: An Pápa agus na heaspaig.

BRIATHAR DÉ

An Bíobla

- Lean na heaspaig ar aghaidh go dílis le hobair na n-aspal agus iad ag scaipeadh an Traidisiúin Chríostaí.

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Na Sacraimintí

- Is sacraimintí seirbhísí iad Sacraimint an Phósta agus Sacraimint an Oird Choisricthe.
- I sacraimint an Oird Choisricthe, glaoitear fir chun seirbhís a thabhairt do dhaoine eile i bpobal na hEaglaise mar dheochaine, mar shagairt nó mar easpaig.
- Trí shacraimint an Oird Choisricthe, faigheann an sagart bronntanas ón Spiorad Naomh le go mbeidh ar a chumas a mhinistreacht a chur i gcrích le ceannasaíocht agus chun seirbhís a thabhairt
- Is é an t-easpag a bhronnann sacraimint an Oird Choisricthe trí shearmanas coisreacain a leanann leagan na lámh.
- Ar nós an Bhaisteadh agus an Cóineartú, fágann sacraimint an Oird Choisricthe lorg sacraimintiúil agus mar sin ní féidir é a ghlacadh ach aon uair amháin.
- Tá trí chéim ag baint le Sacraimint an Oird Choisricthe: deagánach, sagart agus easpag.
- Bíonn sagairt coisricthe chun an soiscéal a chraobhscaoileadh, a bheith i gceannas na liotúirge agus a bheith rannpháirteach in aire agus rialachas tréadach.
- Tugann sagairt aird faoi leith ar na bochtáin, na heasláin agus iad siúd atá ar an ngannchuid.
- Cleachtann sagairt agus deochaine an rud a mhúineann siad ina saol féin.

An tAifreann

6. Struchtúr an Aifreinn

- Baintear úsáid as an Seanmóir chun Ríocht Dé/ láithreach Íosa Críost a fhógairt agus chun cabhrú linn briathar Dé a chleachtadh.

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

h. *An Deascabháil agus An Chincís.*

- Coimisiúnú na ndeisceabal – Matha 28:16-20.

CUSPÓIR FOGHLAMA 2

An Eaglais Chríostaí

a. *Tús agus fás.*

- Machnamh agus athinsint a dhéanamh ar an méid a d’inis na haspail do dhaoine eile faoi Íosa.

Ceacht 1: Ag breathnú ar ár nDeoise



SULA DTOSAÍONN TÚ

Cosúil le haon institiúid mhór, tá córas ag an Eaglais Chaitliceach chun a lucht leanúna a eagrú. Baineann Caitlicigh le pobal paróiste áitiúil. Rinne na páistí staidéar ar a bpobal paróiste áitiúil go mion mar chuid den chlár *I nGrá Dé* do Rang a Trí/B5.

Baineann paróistí le deoise faoi mar a bhaineann cathracha, bailte, sráidbhailte agus bailte fearainn le contae ar leith. Ní leanann deoisí na hÉireann teorainneacha geografacha ná polaitiúla. San Eaglais Chaitliceach in Éirinn, tá sé dheoise is fiche. Tá fiche de na deoisí seo i bPoblacht na hÉireann, tá dhá cheann i dTuaisceart Éireann, agus tá ceithre cinn ar an dá thaobh den teorainn. Tá easpag mar cheannaire ar gach deoise.

Tá deoisí na hÉireann eagraithe i bproibhinsí.

Tá ceithre phroibhinse eaglasta in Éirinn: Ard Mhacha, Caiseal, Baile Átha Cliath agus Tuaim. Tá na proibhinsí seo beagnach ar aon dul le ceithre chuige gheografacha na tíre, Uladh, Mumhan, Laighean agus Connacht. Oibríonn na hEaspaig sna sé dheoise is fiche le chéile mar chuid de Chomhdháil Easpag Caitliceach Éireann. Cuireadh teorainneacha eaglasta na hÉireann le chéile sa bhliain 1111 agus, ach amháin i gcás roinnt athruithe beaga, d'fhan siad gan athrú ó shin i leith. Tá sé mar aidhm againn sa cheacht seo cabhrú leis na páistí cuimhneamh ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoina bparóiste, agus taighde a dhéanamh ar a nDeoise féin agus ar an easpag áitiúil. Déanaimid é seo le súil go gcuirfeadh sé lena dtuiscint go mbaineann siad leis an Eaglais, Corp Chríost.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Paróiste:** An pobal eaglasta áitiúil agus an áit ina bhfuil an pobal sin suite.
- **Sagart paróiste:** Ceannaire an pharóiste.
- **Deoise:** Grúpa paróistí. San Eaglais Chaitliceach in Éirinn, tá sé dheoise is fiche.
- **Easpag:** Sagart a oirníodh le bheith mar cheannaire na deoise.
- **Searbhónta:** Sa Bhíobla, nuair a bhí duine i seirbhís do dhuine eile, searbhónta ba ea é.
- **Deochaine:** Fir, atá oirnithe chun freastal ar an eaglais. Ní sagairt iad.
- **Pátrún:** Duine a thugann airgead agus tacaíocht eile d'eagraíocht, do dhuine nó do chúis.
- **Comhairle Tréadach an Pharóiste:** Grúpa daoine a chabhraíonn le hobair an pharóiste a eagrú.
- **Cairdinéal:** Sagart (Ardeaspag de ghnáth nó easpag) a ainmníodh chun bheith ina chomhairleoir speisialta don Phápa.

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

FAOINÁR BPARÓISTE

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoi bhailte, contaetha agus cúigí in Éirinn, ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Tá Éire roinnte i gceithre chúige. Cad iad? Cén ceann ina bhfuilimid inár gcónaí ann?
- Tá na cúigí sin roinnte i gcontaetha. Cé mhéad contae atá ar oileán na hÉireann? An féidir leat contae ar bith inár gcúige a ainmniú?
- Sna contaetha sin tá go leor cathracha, bailte, sráidbhailte agus bailte fearainn. An féidir leat cathair nó baile mór tábhachtach inár gcontae a ainmniú?

Ansin mínigh do na páistí go n-eagraíonn an Eaglais Chaitliceach í féin ar an gcaoi chéanna, ach in ionad cathracha, bailte, sráidbhailte agus bailte

fearainn, tá paróistí aici.

Dírigh aire na bpáistí chuig an alt dar teideal 'An Paróiste' agus chuig na ceisteanna seo a leanas atá ar leathanach 98 dá leabhar.

- Ainmnigh an paróiste ina bhfuil an scoil againn suite.
- Má tá cónaí ort i bparóiste difriúil, an féidir leat an paróiste sin a ainmniú?
- Cé mhéad séipéal atá inár bparóiste? An féidir leat na séipéil sin a ainmniú?
- Cé mhéad sagart atá inár bparóiste? Ainmnigh iad.
- An bhfuil aithne agat ar dhuine ar bith eile, a oibríonn leis an sagart/na sagairt inár bparóiste?

TIONSCADAL

AN PARÓISTE, AN EAGLAIS ÁITIÚIL

- Tabhair cuireadh do na páistí oibriú i ngrúpaí chun tionscadal ar 'An Paróiste, an Eaglais Áitiúil' a dhéanamh. Iarr orthu nuachtlitreacha óna bparóistí áitiúla a thabhairt isteach ar scoil.
- Má tá níos mó ná paróiste amháin ar fáil i do rang, d'fhéadfadh gach grúpa paróiste difriúil a roghnú. D'fhéadfadh go mbeadh na paróistí ina bhfuil na páistí ina gcónaí iontu a bheith eagraithe mar chuid de chnuasach paróistí nó i limistéar tréadach inar tháinig roinnt paróistí le chéile chun acmhainní a roinnt. Más ea, is féidir é sin a thabhairt faoi deara freisin.
- Tabhair cuireadh do na páistí an fhaisnéis a

fhaigheann siad a chur le chéile chun próifíl den pharóiste a chruthú. Bíodh na nithe seo a leanas curtha san áireamh:

- » Suíomh an pharóiste
- » Na daoine ar Fhoireann an Pharóiste
- » Oibrithe Deonacha sa pharóiste
- » Na tascanna éagsúla a bhíonn idir lámh ag baill an pharóiste
- » Scoileanna, clubanna, cumainn, srl.
- Ansin spreag na páistí chun bealach tarraingteach a fháil chun a bpróifíl a chur i láthair.

GNÍOMHAÍOCHT EILE (IDIRGHNÍOMHACH)

AN PARÓISTE AR AN NGRÉASÁN

Nóta: Leanaí a bhaineann le hEaglais na hÉireann, b'fhéidir gur mhaith leo an ghníomhaíocht seo a dhéanamh faoina bparóiste féin.

Tabhair cuireadh do na páistí breathnú ar shuíomh gréasáin an pharóiste. Ag obair mar ghrúpa ranga iomlán, i ngrúpaí beaga nó ina n-aonair, is é an tasc atá acu ná an fhaisnéis seo a leanas faoin bparóiste a aimsiú:

- Ainm (neacha) iomlána an tsagairt/na sagart sa

pharóiste

- Ainm (neacha) iomlána an tséipéil/na séipéal sa pharóiste
- An t-am/na hamanna a cheiliúrtar an tAifreann le linn na seachtaine
- Amanna ina cheiliúrtar an tAifreann ar an Domhnach
- Trí phíosa faisnéise eile atá ar shuíomh gréasáin an pharóiste.

Comhartha na Croise

Múinteoir (*ag lasadh an choinneal*): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

A Dhia ghrámhair,
beannaigh pobal ár bparóiste agus gach duine a chónaíonn agus a oibríonn anseo.
Cabhraigh linn grá, atrua agus maithiúnas Íosa a léiriú do gach duine.
Cabhraigh linn fáilte a chur roimh daoine nua inár bpobal, agus flaithiúlacht a léiriú dóibh siúd atá i ngátar.

Gabhaimid buíochas leat as ár sagart (sagairt) _____ (*ainm*) agus as na daoine go léir a oibríonn leis chun freastal ar do Eaglais.
Go gcabhróimid, freisin, Dea-Scéala grá Dé a scaipeadh do gach duine.
Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.



Foghlaimimis ...

NÓTA DON MHÚINTEOIR: B'fhéidir gur mhaith leat a dheimhniú cén deoise ina bhfuil an scoil agat suite sula dtéann tú i ngleic leis an gComhrá seo a leanas, toisc nach ionann teorainneacha geografacha agus teorainneacha eaglasta. Mar shampla, tá Deoise na Mí comhdhéanta de pharóistí i gContaetha na Mí, An Iarmhí, Uíbh Fhailí, an Longfort, Lú, Baile Átha Cliath agus an Cabhán.

AG COMHRÁ

FAOI DHEOISÍ NA HÉIREANN

Taispeáin póstaer uimh. 7, léarscáil eaglasta na hÉireann, do na leanaí. Tá sé seo ar fáil ar líne freisin mar shleamhnán.

Mínigh do na páistí, díreach mar atá ár dtír roinnte i gcontaetha, tá an Eaglais Chaitliceach roinnte i gceantair a dtugtar **deoisí** orthu. Tá sé dheoise is fiche ann ar oileán na hÉireann. Is é an t-easpag ceannaire na deoise. Tá oileán na hÉireann eagraithe i bproibhinsí eaglasta freisin. Seo a leanas proibhinsí eaglasta na hÉireann: Ard Mhacha, Caiseal, Baile Átha Cliath agus Tuaim.

Dírigh aire na bpáistí chuig léarscáil dheoisí na hÉireann **ar leathanach 98 dá leabhar**, áit a bhfuil na ceisteanna seo ar fáil:

- Cé mhéad deoise Chaitliceach atá in Éirinn?
- Cén deoise ina bhfuilimid?
- Ainmnigh na deoisí eile atá in aice linn.
- Tá deoisí na hÉireann eagraithe i bproibhinsí. Tá ceithre phroibhinse eaglasta in Éirinn, faoi mar atá ceithre chúige gheografacha, ach ní ghlaoidimid Cúige Uladh, Mumhan, Laighean ná Chonnacht orthu. Cad a thugaimid orthu?
- Cén phroibhinse Eaglasta ina bhfuil tú i do chónaí?

CLEACHTADH DIALAINNE

PROIBHINSÍ AGUS DEOISÍ

Dirigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 98 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh liosta de na deoisí Caitliceacha atá i ngach proibhinse Eaglasta in Éirinn, a dhéanamh sa dialann don Oideachas Reiligiúnach.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Tá Ard-Deoise comhdhéanta de roinnt deoise agus tá Ardeaspag i gceannas uirthi. Tá ceithre Ard-Deoise in Éirinn.

RÓL AN EASPAIG

Dirigh aire na bpáistí chuig an mhír a bhaineann leis an easpag ar leathanach 99 dá leabhar. Is féidir leo a léamh anseo faoi na freagrachtaí atá ar an easpag. Ar an leathanach céanna is féidir leo eolas a fháil faoi chros bhrollaigh, fáinne, bairrín agus bhachall an easpaig freisin.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Roghnaíonn an Pápa easpaig le cabhair ó easpaig eile. Ainmníonn an Pápa Cairdinéil de ghnáth, Ardeaspag nó easpaig, freisin. Cabhraíonn siad leis an bPápa an Eaglais uilíoch a rialú (cé go bhfuil freagrachtaí áitiúla ar an easpag). Tá an onóir agus an fhreagracht ag Cairdinéil an Pápa a thoghadh.

GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

RÓL AN EASPAIG (ÓN NGRÉASÁN)

Nóta: *Leanaí a bhaineann le hEaglais na hÉireann b'fhéidir gur mhaith leo an ghníomhaíocht seo a dhéanamh faoina n-easpag féin.*

- Tabhair cuireadh do na páistí, ag obair mar rang iomlán, i mbeirteanna, nó ina n-aonair, suíomh Gréasáin na deoise áitiúla a chuardach.
- Iarr orthu Comhad Fíricí a chur le chéile faoin easpag sa dialann don Oideachas Reiligiúnach

bunaithe ar na ceisteanna seo:

- Ainm an easpaig
- Cár rugadh é agus cén bhliain?
- Cathain a rinneadh sagart de?
- Cathain a rinneadh easpag de?
- Scríobh trí phíosa faisnéise eile atá foghlamtha agat faoi do easpag.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Tá líon beag easpaig chúnta in Éirinn. Cuidíonn easpaig chúnta le heaspag na deoise. Má tá easpag cúnta i do dheoise, b'fhéidir go bhféadfadh le leath de na páistí Comhad Fíricí a chur le chéile faoi agus an leath eile taighde a dhéanamh ar an easpag.

OBAIR NA DEOISE

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanach 100 dá leabhar, áit ar féidir leo foghlaim faoin Easpag Seán Pléimeann.

dar teideal 'Obair Dheoise' a léamh, ar leathanach 100 freisin, agus ansin beagán ama a chaitheamh leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...'.

Ansin tabhair cuireadh do na páistí an t-alt

GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

OBAIR DHEOISE (ÓN NGRÉASÁN)

- Tabhair cuireadh do na páistí, ag obair mar rang iomlán, i mbeirteanna, nó ina n-aonair, féachaint ar shuíomh gréasáin na deoise áitiúla.
- Cuidigh leis na páistí obair na deoise i mbunscoileanna a fháil amach, agus luaigh go sonrach ról na gComhairleoirí Deoise don

Oideachas Reiligiúnach Bunscoile, mar is é/í seo an t-ionadaí deoise a mbeadh aithne acu air/ uirthi. Tugann an duine seo cuairt ar sheomraí ranga de ghnáth chun tacú le múinteoirí agus Oideachas Reiligiúnach á múineadh acu.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Tá an Eaglais Chaitliceach ar oileán na hÉireann eagraithe i sé dheoise is fiche. Tá easpag i gceannas ar gach deoise. Comharbaí na nAspal atá sna heaspaig (lena n-áirítear an Pápa ina measc). Tá deoise freagrach as réimsí cosúil le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna Caitliceacha, aireacht an óige, forbairt an chreidimh, ag tabhairt aire do

riachtanais na sagart, go háirithe iad siúd atá sean nó tinn, ag tabhairt aire do dhaoine atá tinn nó atá ag maireachtáil i mbochtaineacht. Tugann an Comhairleoir Deoise um Oideachas Reiligiúnach Bunscoile cuairt ar scoileanna chun tacú le múinteoirí Oideachas Reiligiúnach a mhúineadh.

GNÍOMHAÍOCHT

AG TABHAIRT CHUN CUIMHNE A BHFUIL FOGHLAMA

Nóta: *Beidh liathróid bhog ag teastáil uait don ghníomhaíocht seo. B'fhéidir gur mhaith leat an ghníomhaíocht a dhéanamh sa chlós, sa halla nó i spás oscailte.*

- Iarr ar na páistí seasamh i gciorcail agus tabhairt míniú dóibh faoi conas a oibríonn an cluiche: Tá na páistí chun cuimhneamh ar a bhfuil foghlamtha acu an tseachtain seo tríd an liathróid spúinse a chaitheamh lena chéile. Am ar bith a fhaigheann páiste an liathróid, caithfidh siad rud éigin a rá a d'fhoghlaim siad faoina ndeoise/easpag. Is féidir leat tosú trí ainm do dheoise a rá. Ansin caith an liathróid chuig páiste.
- Ag cur le freagraí na bpáistí, mínigh dóibh go mbíonn daoine maithe at teastáil ón bparóiste agus ón deoise, chun an Dea-Scéal faoi ghrá Dé a roinnt leis an domhan. Déan comhrá faoin

bpointe seo ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- » Ag smaoineamh ar na rudaí go léir a tharlaíonn inár bparóiste áitiúil agus inár ndeoise, cad leis a bhfuil suim agat? Cén fáth? Cad ar mhaith leat tuilleadh a fháil amach faoi?
- » Dá dtiocfadh ár sagart paróiste isteach anseo inniu agus a iarraidh, 'Cad is féidir liom a dhéanamh chun cabhrú le daoine óga sa pharóiste aithne níos fearr agus grá níos mó a bheith acu do Dhia?', cad a mholfaí dó a dhéanamh? Dá n-iarraidh an t-easpag an rud céanna ort faoinár ndeoise, cad a déarfá leis?
- » An bhfuil aon rud ba mhaith leat baint a bheith agat leis inár bpobal paróiste áitiúil? Conas thabharfaí faoi sin?

PAIDIR

Nóta: *Roghnaigh ceathrar léitheoir.*

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnímid go bhfuil Dia linn.

An tseachtain seo, bhíomar ag foghlaim faoinár ndeoise, agus an tslí ina dtacaíonn sí leis an obair atá a dhéanamh sa phobal paróiste áitiúil. Le chéile, guimís ar son na daoine atá ina gcónaí anseo i ndeoise _____ (ainm na deoise), dár gceannairí Eaglasta agus do gach duine a chuidíonn linn fás i gcreideamh agus i ngrá.

Léitheoir 1: Ar son ár n-easpag (n-easpaig), _____ (ainm/ainmneacha).

Go dtabharfaidh Dia dó (dóibh) na bronntanais atá ag teastáil uaidh (uathu) chun na daoine inár ndeoise a threorú. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 2: Ar son muintir uile ár ndeoise.

Go mbeimis aontaithe inár ngrá le Dia agus lena chéile. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 3: Ar son sagart (sagairt) ár bparóiste, _____ (ainm/ainmneacha).

Go mbeannaí Dia é (iad) agus an obair a dhéanann sé (siad) inár measc. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 4: Ar ár son féin, poball pharóiste _____ (ainm an pharóiste).

Go leanaimis ar aghaidh in eolas, grá agus seirbhís do Dhia mar phobal paróiste. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: A Dia ghrámhair, go leanfaidh do Eaglais anseo i ndeoise

_____ (*ainm na deoise*) ag fás i ngrá leat féin agus i ngrá le daoine i ngach áit. Cabhraigh linn a fheiceáil conas is féidir linn ár

bpáirt a ghlacadh chun comhartha do sholais ar domhan a lonradh inár bparóiste. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise



Ceacht 2: Sacraimint an Oird Choisricthe

SULA DTOSAÍONN TÚ

Cuireann an ceacht seo leis an gceann roimhe agus déanann sé an tsagartacht a chur i láthair mar bhealach amháin ina roghnaíonn fir freastal ar an Eaglais. I Sacraimint an Oird Choisricthe, déantar iad siúd a nglaothar orthu a saol agus a mbronntanais a roinnt i seirbhís don phobal creidimh, a ungadh le Spiorad Dé chun a saoil a chaitheamh mar dheochaine, sagairt agus easpaig. Bíonn siad i gceannas an phobail ag ceiliúradh na sacraimintí, craobhscaoileann siad an Soiscéal agus múineann siad an creideamh. Ar bhealach an-speisialta, déanann sagart láithreachta Dé ar domhan a léiriú i ndáiríre.

Tá sé tábhachtach, agus an ceacht seo á múineadh againn, go cuirimid an tsagartacht i láthair mar shlí bheatha réadúil d'fhir óga. Déanaimid é seo agus a fhios againn gur rogha frithchultúrtha mór atá ann. Ach mar sin féin, is féidir le ceacht mar seo bunsraith a leagan síos dóibh siúd a d'fhéadfaí glaoch chun na sagartachta a bheith acu amach anseo. Agus tugann an ceacht seo deiseanna do na páistí freisin a fheiceáil go mbraitheann an Eaglais, ní amháin ar a ministrí oirnithe, ach ar ról na gcreidmheach tuata freisin.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Gairm Chríostaí:** Glao uathúil ó Dhia chuig gach duine againn, ag tabhairt cuireadh dúinn grá a thabhairt dó agus freastal air agus ar a Eaglais trí mhaireachtáil mar a iarrann Íosa orainn.
- **Oirniú:** An searmanas le fear a oirniú ina dheochain, ina shagart nó ina easpag.
- **Cliarscoil:** An t-ainm a thugaimid ar an gcoláiste ina mbíonn fir ag traenáil chun bheith ina sagairt.
- **Coláisteánach:** Fear atá ag traenáil le bheith ina shagart. De ghnáth tógann sé seo thart ar seacht mbliana.
- **Sacraimint an Oird Choisricthe:** Glacann fear Sacraimint an Oird Choisricthe le bheith ina dheochain, ina shagart nó ina easpag.
- **Deochain:** Ceann de thrí leibhéal an Oird Choisricthe is ea deochain (sagart agus easpag an dá cheann eile). Tá dhá chineál de dheochain ann: deochaine idirthréimhseacha agus deochaine seasta. Is deochaine idirthréimhseacha iad na daoine a ndéantar deochaine dóibh sula ndéantar sagairt dóibh. Go ginearálta feidhmíonn deochaine idirthréimhseacha sa ról sin ar feadh sé mhí go bliain. Is cuid dá gcuid oiliúna don tsagartacht é. Is fir bhaiste iad deochaine seasta, agus d'fhéadfadh fir atá pósta a bheith iontu, a dhéanann tiomantas ar feadh an tsaoil chun ról deochaine a ghlacadh.

SCÉAL

Cloiseann Jorge agus Freagraíonn Sé Glao Dé

Bhí Jorge sé mbliana déag d'aois agus é i ngrá. An bhliain 1953 a bhí ann agus bhí sé tar éis teacht ar an mbean óg a cheap sé go mbeadh ina bhean chéile. Ar 21ú Meán Fómhair na bliana sin bhí sé ag iarraidh an misneach a fháil chun a iarraidh uirthi é a phósadh. Agus é ar a bhealach chun bualadh léi, chuaigh sé thar an séipéal áitiúil agus bheartaigh sé dul isteach chun cuairt a thabhairt air.

Agus é ag dul isteach sa séipéal, thug Jorge sagart faoi deara nach bhfaca sé riamh roimhe sin. D'iarr sé ar an sagart a fhaoistin a chloisteáil. Ba é seo an uair inar athraíodh beatha Jorge go deo. Agus é ag labhairt leis an sagart, thosaigh Jorge ag tuiscint go raibh a chroí á líonadh le grá, ní hamháin don bhean seo ach do Dhia freisin. Trí bheith ag caint leis an sagart, thuig sé gur theastaigh uaidh é féin agus a chuid grá go léir a thabhairt don Eaglais. Go leor blianta ina dhiaidh sin, dúirt Jorge gur thuig sé ansin go raibh Dia ag fanacht leis.

Ar dtús, níor inis Jorge le héinne gur theastaigh uaidh a bheith ina shagart, agus ina áit sin dúirt sé lena mháthair gur theastaigh uaidh a bheith ina dhochtúir. Bhí an-áthas ar a mháthair, agus thosaigh sí ag sochrú staidéar dó san áiléar, ionas go mbeadh áit chiúin ag Jorge chun a bheith ag obair. In ionad a bheith ag rince an tangó nó ag imirt peile, dhá caitheamh aimsire a thaitin go mór leis, chaith Jorge a chuid ama ag léitheoireacht. Ach ní raibh sé ag léamh faoin leigheas! Bhí sé ag léamh faoi Dhia.

Bhí iontas ar a mháthair lá amháin, nuair a chuaigh sí go dtí an áiléar chun slacht a chur air agus nach bhfaca sí téacsleabhar leighis ar bith. Bhí sí trína chéile anois agus d'iarr sí ar Jorge céard a bhí ag tarlú. D'fhreagair sé, 'Tá mé ag déanamh staidéir ar an leigheas ceart go leor, ach leigheas don anam atá á lorg agam.'

Faoin am a chuaigh Jorge chuig an chliarscoil chun staidéar a dhéanamh ar bheith ina shagart, bhí sé cinnte dá rogha féin. Ach bhí sé neamhchinnte arís nuair a bhuail sé le bean óg eile ag bainis teaghlaigh. Dúirt



sé níos déanaí, 'Ní raibh mé in ann guí ar feadh seachtaine ina dhiaidh sin, mar, nuair a thosaigh mé ag guí, is í an cailín a bhí in mo intinn agam.' Mar sin, bhí ar Jorge a shocrú cad a bhí le déanamh aige – caidreamh a dhéanamh leis an mbean óg nó leanúint ar aghaidh lena thuras go dtí an sagartacht.

Ar deireadh bhí a rogha déanta ag Jorge. Cé nach raibh sé éasca an rogha a dhéanamh, bhí a fhios aige gurb é an rogha ceart dó féin a bhí ann, agus bhí sé cinnte go raibh Dia ag glaoch air. Bhí Jorge oirnithe ina shagart ar an 13ú Nollaig 1969, ceithre lá roimh a bhreithlá, nuair a bheadh sé tríocha trí bhliain d'aois.

Lean Jorge ar aghaidh agus rinneadh ceannaire den Eaglais san Airgintín de, áit a raibh cónaí air. Ina dhiaidh sin oirníodh ina easpag é, ansin ina ardeaspag agus ina dhiaidh sin arís ina chairdinéal. Agus é ina chairdinéal, bhí sé ar cheann de na fir a raibh an fhreagracht mhór acu Pápa nua a thoghadh, nuair a d'éag an Pápa Eoin Pól II sa bhliain 2005 agus arís nuair a d'éirigh an Pápa Beinidict XVI as oifig sa bhliain 2013. Bhí iontas mór ar Jorge, nuair a shocraigh na cairdinéil gur chóir dó an Eaglais a threorú nuair a d'éirigh an Pápa Beinidict as oifig. Mar sin, ar an 13ú Márta 2013, díreach seasca bliain tar éis dó a bheartú gan a iarraidh ar a chailín é a phósadh ach ina ionad sin a bheith ina shagart, ceapadh Jorge Bergoglio ina Phápa. Bhí sé seachtó agus sé bliain d'aois nuair a ghlac sé leis an bpost speisialta seo. Roghnaigh sé an t-ainm Proinsias, agus glaotar an Pápa Proinsias anois air.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna simplí seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 102 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Cén aois a bhí ag Jorge nuair a bheartaigh sé a iarraidh ar a chailín é a phósadh?
- Ar a bhealach chun bualadh léi, cá ndeachaigh sé?
- Cad a dúirt Jorge faoin nóiméad a thuig sé gur theastaigh uaidh é féin agus a ghrá go léir a thabhairt don Eaglais?
- Cad a dúirt Jorge lena mháthair faoin ngairm a bhí uaidh?
- Cad iad na caithimh aimsire ab fhearr leis?
- Cén aois a bhí ag Jorge nuair a oirníodh ina shagart é?
- Cén aois a bhí aige nuair a rinneadh Pápa de?
- Cén t-ainm a roghnaigh sé nuair a rinneadh Pápa de?

Ansín tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Cén fáth, dar leat, nár inis Jorge dá mháthair gur theastaigh uaidh a bheith ina shagart? An bhfuil aithne agat ar aon bhuachaillí sé bhliain déag d'aois? Cad a déarfá dá ndéarfadh duine acu leat go raibh sé ag iarraidh a bheith ina shagart?
- Dúirt Jorge gur bhraith sé go raibh Dia ag fanacht leis chun a rá gur theastaigh uaidh a bheith ina shagart. Seo Gairm Chríostaí. Séard is gairm Chríostaí ann ná cuireadh ó Dhia, glao Dé ar gach duine chuig an ghrá agus chun freastal ar a Eaglais i slí bheatha faoi leith. Conas a thaispeánann sagairt a ngrá do Dhia agus don Eaglais?
- Tá Dia ag brath, ní hamháin ar shagairt ordaithe, ach ar gach duine baiste. Cad iad na bealaí inar féidir linn, nach bhfuil ordaithe, ár ngrá a thaispeáint do Dhia agus don Eaglais?

PAIDIR

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnimid go bhfuil Dia linn.

Guímis inniu ar son lucht leanúna Íosa, go mbeadh tuilleadh eolais acu ar a ngairm Chríostaí. Cuimhnimid, ach go háirithe ar na fir, a roghnaigh a saol a chur i seirbhís do Dhia agus do Phobal Dé, trí bheith oirnithe mar sagairt. Cuimhnimid freisin ar an nglaoch a fuaireamar ag ár mBaisteadh agus guímid go bhfeicimid plean Dé dúinn, díreach mar a chonaic an Pápa Proinsias.

Tabhair cuireadh do na páistí aon sagart a bhfuil aithne acu air a ainmniú. Tar éis gach sagart a bheith ainmnithe, abair, 'Go mbeannaí Dia é ina chuid oibre'.

Múinteoir: A Dhia eagnaí, ag an mBaisteadh glaonn tú orainn do ghrá agus do sholas a thabhairt don domhan.

Guímid inniu ar son na fir, a nglaoonn tú orthu chun aire a thabhairt don Eaglais, mar shagairt. Go mbeadh an misneach acu freagra a thabhairt ar an nglao seo, agus go dtabharfaimid tacaíocht dóibh agus guí ar a son mar a chomhlíonann siad a ngairm Chríostaí.

Beannaigh ár sagairt anseo i ndeoise

_____ (ainm na deoise), chomh maith leis na fir atá ag ullmhú chun bheith ina sagairt.

Seol do Spiorad orthu i gcónaí chun cúnamh agus treoir a thabhairt dóibh.

Guímid an phaidir seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

Foghlaimimis ...

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Tugtar **coláisteánach** ar fhear atá ag traenáil le bheith ina shagart. Traenáilann coláisteánaigh i gcoláiste ar a dtugtar **cliarscoil**. De ghnáth tógann sé seo thart ar seacht mbliain. Tá cliarscoil amháin in Éirinn, - Coláiste Phádraig i Maigh Nuad, Contae Chill Dara.

AN GLAO CHUN SAGARTACHTA

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Cuir aithne an Thomás Ó Caoilte, coláisteánach' atá **ar leathanaigh 102-103 dá leabhar** a léamh.

Ansin spreag iad tabhairt faoin ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 103 dá leabhar, agus b'fhéidir gur mhaith leo a smaointe a chlárú sa dialann don Oideachas Reiligiúnach.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Ceann de thrí leibhéal an Oird Choisricthe is ea deochain (sagart agus easpag an dá cheann eile). Tá dhá chineál de dheochain ann: deochaine idirthréimhseacha agus deochaine seasta. Is deochaine idirthréimhseacha iad na daoine a ndéantar deochaine dóibh sula ndéantar sagairt dóibh. Go ginearálta feidhmíonn deochaine idirthréimhseacha sa ról sin ar feadh sé mhí go bliain. Is cuid dá gcuid oiliúna don tsagartacht é. Is fir bhaiste iad deochaine seasta, agus d'fhéadfadh fir atá pósta a bheith iontu, a dhéanann tiomantas ar feadh an tsaoil chun ról deochaine a ghlacadh. Tógann sé cúpla bliain chun bheith i ndeochain seasta. Is féidir le deochaine san Eaglais Chaitliceach daoine a bhaisteadh, an Soiscéal a chraobhscaoileadh, homaile a thabhairt, cabhrú le ceiliúradh na hEocairiste, cabhrú agus beannacht a thabhairt ag póstaí, agus bheith i gceannas ag sochraidí. B'fhéidir gur mhaith leat cuid den fhaisnéis seo a roinnt le do rang, go háirithe más rud é go bhfuil deochain ag freastal i do pharóiste áitiúil.

GNÍOMHAÍOCHT

CUARDACH BÍOBLA

Nóta: Beidh roinnt Bíobla ag teastáil don ghníomhaíocht seo.

Dáil na Bíoblaí amach agus iarr ar na páistí na tagairtí Scrioptúrtha seo a leanas a aimsiú, ag obair ina n-aonair nó i mbeirteanna.

- Lúcas 6:12-16
- Matha 28:16-20
- Eoin 20:21-23
- Lúcas 22:14, 19-20

Déan comhrá faoi gach ceann de na sleachta Scrioptúrtha ag úsáid na ceisteanna thíos nó ceisteanna den chineál céanna.

Lúcas 6:12-16 Tharla sna laethanta sin go ndeachaigh sé amach faoin sliabh chun guí, agus thug an oíche go léir ag guí Dé. Agus nuair a bhí ina lá, ghoir sé chuige a dheisceabail, agus thogh dáréag astu agus thug mar ainm orthu, aspal:

Síomón, ar ar thug sé Peadar, agus Aindrias a dheartháir, Séamas agus Eoin, Pilib agus Parthalán, Matha agus Tomás, Séamas mac Alfáias, agus Síomón ar a nglaothar an díograiseach, Iúdás mac Shéamais, agus Iúdás Isceiriót a d'iompaigh ina bhrathadóir.

- Tuigimid gurb iad an dáréag aspal a roghnaigh Íosa a bhí mar cheannairí ar an Eaglais ó thús. An cuimhin leat rud ar bith a chuala tú cheana faoi aon cheann den dáréag aspal? Cén fáth, dar leat, a roghnaigh Íosa an dáréag seo?
- An cuimhin leat am nuair a roghnaíodh tú chun rud éigin a dhéanamh? Conas a mhothaigh tú?
- Sa sliocht Scrioptúrtha seo déantar cur síos ar Iúdás Isceiriót mar 'bhrathadóir'. Conas a rinne Iúdás feall ar Íosa?

Matha 28:16-20 D'imigh an t-aon deisceabal déag leo go dtí an Ghailíl, go dtí an sliabh a cheap



Íosa mar ionad coinne dóibh, agus ar a fheiceáil dóibh d'umhlaigh siad dó, ach go raibh amhras ar chuid acu. Tháinig Íosa chucu agus labhair sé leo: "Tá gach údarás tugtha domsa ar neamh agus ar talamh. Imígí dá bhrí sin, déanaigí deisceabail de na náisiúin uile, á mbaisteadh in ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh, ag múineadh dóibh gach ní atá ordaithe agam a choinneáil. Agus féach, táim in éineacht libh i gcónaí go dtí deireadh an tsaoil."

- Cén fáth nach raibh ach aon aspal déag ann nuair a tharla an eachtra seo? (*Ní raibh Iúdás i láthair, tar éis feall a imirt ar Íosa*) Cén fáth a raibh amhras ar chuid acu? (*Níor chreid siad go raibh Íosa aiséirithe ó mhairbh*)
- Dúirt Íosa leis na haspail imeacht agus baill nua a dhéanamh don Eaglais trí dhaoine a bhaisteadh. Cé san Eaglais a bhaistean baill nua sa lá atá inniu ann? (*sagairt/deochaine*)

Eoin 20:21-23 Dúirt Íosa leo ansin arís: "Síocháin daoibh! Amhail mar a chuir an tAthair uaidh mise, táimse do bhur gcursa uaim freisin." Arna rá sin dó, d'análaigh sé orthu agus dúirt leo:

"Glacaigí an Spiorad Naomh.

Na daoine a maithfidh sibh a bpeacaí dóibh, beidh siad maite dóibh;

na daoine a gcoinneoidh sibh a bpeacaí, beidh a bpeacaí coinnithe."

- Bhí a fhios ag Íosa go ndéanann daoine botúin. Bhí a fhios aige, fiú tar éis dóibh a bheith baiste, go ndéanfadh a lucht leanúna droch-roghanna ó am go ham, agus go mbeadh gá ann len iad a mhaitheamh. Mar sin, thug sé an chumhacht do na haspail peacaí a mhaitheamh. Tugann sagairt maithiúnas do pheacaí, in ainm Íosa'. An cuimhin leat ainm na sacraiminte nuair a thugtar maithiúnas do dhuine? (*Sacraimint an Athmhuintearais*)
- An cuimhin leat an uair dheireanach a rinne tú Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh?

Ar mhaith leat an Sacraimint a cheiliúradh arís? Cén fáth nó cén fáth nár mhaith leat?

Lúcás 22:14, 19-20 Nuair a tháinig an uair, lig sé faoi ag bord agus na haspail mar aon leis. Ansin, thóg sé arán, agus ar altú dó, bhris, agus thug dóibh é ag rá: "Is é seo mo chorp atá le tabhairt ar bhur son. Déanaigí é seo mar chuimhne orm." Agus mar an gcéanna an cupa, tar éis na proinne, ag rá: "Is é an cupa seo an tiomna nua i m'fhuil atá le doirteadh ar bhur son."

- Bhí na haspail go léir i láthair ag an Suipéar Déanach. Is ansin a d'athraigh Íosa gnáth arán agus fíon isteach ina Chorp agus ina Fhuil féin. D'iarr sé ar na haspail, ceannairí na hEaglaise: 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa'. Conas a chomhlíonann sagairt iarratas Íosa inniu? (*Le ceiliúradh na hEocairiste*)
- Cén fáth, dar leat, a iarrann Íosa orainn bailiú le chéile ag an Aifreann gach Domhnach chun 'é seo a dhéanamh i gcuimhne air'? An gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach go ndéanaimid amhlaidh? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil?

Críochnaigh trí chabhrú leis na páistí a fheiceáil go bhfuil cuid de na ról a dhéanann sagairt inniu mar an gcéanna leis na tascanna a thug Íosa do na haspail. Is é Dia a roghnaíonn sagairt, a fhreastalaíonn ar pharóistí, chun daoine a bhaisteadh, a bpeacaí a mhaitheamh agus an tAifreann a cheiliúradh le lucht leanúna uile Íosa.

Dírigh aire na bpáistí chuig an mhír dar teideal 'Lorg na nAspal a Leanúint' ar leathanach 103 dá dtéacs, a dhéanann achoimre ar an méid a bheidh foghlamtha acu ó na sleachta Scriptortha thuas.

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Cuir aithne ar an Athair Gearard Ó Móra' ar leathanach 104 dá leabhar a léamh.

CÉN OBAIR A DHÉANANN SAGART?

Dírigh aire na bpáistí chuig an nGníomhaíocht Athbhreithnithe **ar leathanach 104 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh liosta a dhéanamh sa dialann don Oideachas Reiligiúnach de na rudaí go léir a dhéanann sagart i bparóiste. Is féidir leis na páistí oibriú ina n-aonar, i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga.

Nithe atá le háireamh in obair sagairt:

- Baisteadh daoine
- Peacaí a mhaitheamh i Sacraimint an Athmhuintearais
- Na daoine a threorú agus an Eocairist á ceiliúradh
- Póstaí a cheiliúradh
- Cúram an pharóiste a eagrú agus aire a thabhairt don séipéal, do scoileanna agus d'aon rud eile a bhaineann leis an bparóiste
- Cuairt a thabhairt ar scoileanna
- Cabhair, tacaíocht agus comhairle a thabhairt do dhaoine
- Cuairt a thabhairt ar dhaoine atá tinn agus Sacraimint Ola na nEaslán a cheiliúradh leo
- Cuidiú le hairgead a bhailiú do charthanais agus cabhrú le daoine atá i ngátar
- Ag guí ar son daoine
- Ag múineadh daoine faoi Dhia, ach go háirithe faoi Shoiscéal Íosa Críost, trína homaile

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Tugtar homaile i ndiaidh an tSoiscéil. Cabhraíonn an homaile linn Briathar Dé a chur i ngníomh.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Braitheann Dia ar bhealach speisialta ar gach duine baiste a ról a imirt chun Ríocht Dé a scaipeadh ar domhan. Glaonn Dia ar fhir áirithe freastal air agus grá a thabhairt do phobal Dé mar shagairt agus mar easpaig. Taispeánann na fir seo a ngrá do Dhia trí bheith i gceannas ag ceiliúradh na hEocairiste agus na sacraimintí eile; trí Bhriathar Dé a mhíniú agus a bheith mar fhinné air go

laethúil; trí chuairt a thabhairt ar dhaoine agus iad a chur san áireamh i saol an phobail; trí dhaoine a mhúineadh chun aithne a chur ar Dhia; agus trí a thaispeáint do dhaoine conas is féidir leo freastal ar dhaoine eile. Oirnítear fear ina dheochain, ina shagart nó ina easpag i Sacraimint an Oird Choisricthe.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

CÁRTA BUÍOCHAIS

Nóta: Beidh páipéar bán nó cárta uait agus ábhair dhathúcháin do gach páiste.

- Tosaigh tríd an sagart/na sagairt (agus na deochaine, más ann iad) sa pharóiste ina bhfuil an scoil suite, a ainmniú.
- Tabhair chun cuimhne cuid de na rudaí a dhéanann sagart chun freastal ar mhuintir a pharóiste.
- Ansin díriú air na bpáistí chuig an

nGníomhaíocht Ealaíne ar leathanach 104 dá leabhar, a thugann cuireadh dóibh 'Cárta Buíochais' a dhéanamh do shagart/shagairt agus/nó do dheochain/dheochaine an pharóiste.



PAIDIR BHREACAIREACHTA

Nóta: Ní mór duit na focail den Aithne Nua, 'Sibh a thabhairt grá dá chéile, faoi mar a thug mé grá daoibh' (Eoin 15:12) a thaispeáint ar an gclár bán nuair a bhíonn an gníomhaíocht seo ar siúl ag na páistí. Beidh a gcuid cóipleabhair don Oideachas Reiligiúnach agus roinnt criáin nó marcóirí ag teastáil ó na páistí freisin.

Comhartha na Croise

Seinn ceol machnamhach.

Spreag na páistí chun tús a chur leis an ngníomhaíocht agus croí mór a tharraingt ar leathanach sa chóipleabhar don Oideachas Reiligiúnach.

Cuir i gcuimhne dóibh go n-iarrann Dia ar gach duine againn grá Dé a chur in iúl don domhan ar fad, trí ghrá a thabhairt do dhaoine eile mar a rinne Íosa, agus sa tslí sin beimid ag cuidiú le Ríocht Dé a theacht i láthair.

Léirigh na focail den Aithne Nua ar an gclár bán.

Iarr ar na páistí na focail seo a scríobh i lár an chroí ar an leathanach acu.

Nuair atá sé seo déanta acu, cabhraigh leo páirt a ghlacadh sa phaidir bhreacaireachta, ag baint úsáid as na focail seo a leanas nó as focail den chineál céanna:

Múinteoir: Féach ar na focail a scríobh tú ... Samhlaigh Íosa ag rá na focail seo duit ... Éist le hÍosa ag labhairt i do chroí ... Cén ciall atá ag na focail, meas tú? ... Samhlaigh méid an ghrá atá ag Íosa duit ... Smaoinigh ar an méid a iarrann Íosa ort sna focail seo ... Anois, ag baint úsáid as criáin nó marcóirí, líon isteach an croí le dathanna agus le cruthanna a léiríonn brí na bhfocal duitse anois.

Críochnaigh an urnaí agus An Phaidir a rá le chéile.

Comhartha na Croise

Téama 10: An tAifreann

Ceacht 1: Ar an mBóthar chuig Eamáús p. 357

Ceacht 2: Bord an Tiarna p. 366

ÓN GCURACLAM

Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

BRIATHAR DÉ

An Scriptor Naofa

Aiséirí agus Deascabháil Íosa

- Lúc 24:13-35. An Bóthar go hEamáús

LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

Urnaí

Urnaí Fhoirmeálta

- An Phaidir
- Freagraí uile an Aifrinn

An tAifreann

- Is í an Eocairist croílár agus buaic phointe saol na hEaglaise
- Comharthaí riachtanacha: 1) Arán cruithneachta agus fíon fionnúna; 2) focail an choisreacain a dúirt Íosa ag an Suipéar Déanach 'is é seo mo Chorp...'

Láithreachta na hEocairiste

- Trí chumhacht an Spioraid Naoimh, déantar Fuil agus Corp Íosa Críost den arán agus den fhíon
- Bíonn Críost i láthair ar bhealach atá réalaióch, substaintiúil: a Chorp agus a chuid Fola, a anam agus a dhiagacht. Tugtar 'tras-substaintiú' ar an aistriú seo
- Tarlaíonn an coisreacan i rith na Paidre Eocairistí

Moladh agus Buíochas

- Thar aon ní eile ciallaíonn Eocairist 'buíochas'
- Glacann an Phaidir Eocairisteach buíochas leis an Athair as ucht Íosa Críost a thabhairt dúinn
- Ag an Eocairist glacaimid buíochas le Dia as ucht beannachtaí an chruthaithe

Comaoineach: comhartha aontachta

- Ag an Aifreann faighimid neart agus cothú spioradálta chun grá a thabhairt do Dhia agus don chomharsa
- Tugann ceiliúradh na hEocairiste dúshlán dúinn maitheas an domhain a roinnt le cách, go háirithe na bochtáin agus a bheith airdeallach ar fholláine an chruthaithe

Struchtúr an Aifrinn

- Is é bunús na hEocairiste ná cleachtas Íosa bord a roinnt lena chairde, cleachtas a chríochnaigh leis an Suipéar Déanach
- Struchtúr an Aifrinn a chur i gcomparáid leis an mbéile a bhí ag Íosa lena dheisceabail tar éis dó a bheith ag comhrá leo ar an mbóthar go hEamáús
- Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn éisteacht le briathar Dé agus é a thuiscint ionas go mbeimid in ann maireachtáil dá réir
- Baintear úsáid as an Seanmóir chun Ríocht Dé/ láithreachta Íosa Críost a fhógairt agus chun cabhrú linn briathar Dé a chleachtadh
- I 'nGuí an Phobail' déantar idirghuí ar son na hEaglaise, ar son na n-údarás sibhialta, ar a son siúd atá faoi chois de bharr riachtanais faoi leith, ar son gach duine agus ar son slánaithe an domhain uile
- Sna Créanna (An Chré Nícé-Chathair Chonstaintín agus Cré na nAspal) cuirimid in iúl fírinne lánacha an chreidimh Chríostaí
- I rith na hEocairiste tá uaireanta faoi leith i gcóir maithiúnais: Gníomh Aithrí, An Phaidir, Comhartha na Síochána, Uain Dé

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ó Eochairchéim 2:

CUSPÓIR FOGHLAMA 1

Foilsíú Dé

Dia agus an Bíobla

a. *Briathar Dé.*

- Eolas a fháil ar na háiteanna a n-úsáidtear an Bíobla agus a mbíonn sé faoi urraim.

g. *Páis, bás agus aiséirí Íosa.*

- Aiséirí agus taispeántaí - Marcas 16; Lúcas 24:13-35.

Ceacht 1: Ar an mBóthar chuig Eamáús



SULA DTOSAÍONN TÚ

Díríonn an ceacht seo ar eispéireas beirt deisceabal – Cleopas ab ainm do dhuine amháin acu – ar an mbóthar chuig Eamáús trí lá tar éis bhás Íosa. Bhí siad an-dóchasach go dtí sin, faoi Íosa ó Nazarat agus an méid a d'fhéadfadh sé a dhéanamh ar son a muintire, muintir Iosrael. Ach an lá sin, agus iad ag siúl leo féin, bhí siad ag teacht leis an dtuairim nárbh é Íosa an duine a cheap siad a bhí ann. Chuala siad tuairiscí faoina Aiséirí, ach níor chreid siad iad. Gach seans gur bhraith siad éadóchasach, trína chéile agus scanraithe. Bhí siad ag imeacht go tapa ó Iarúsailéim, buartha b'fhéidir faoin gcinniúint a bheadh ag fanacht leo dá bhfanfaidís. Agus iad ar an mbóthar, ag taisteal an seacht míle go dtí Eamáús, bhuail siad le fear nár aithin

siad. Tá a fhios againn, ar ndóigh, gurb é Íosa Aiséirithe a bhí ann, agus gur chabhraigh sé leis na deisceabail seo tuiscint a bheith acu ar bhrí a chuid fulaingthe agus bás, mar a bhí ráite ag na fáithe. Is níos déanaí a d'aithin siad é nuair a shuigh siad síos chun béile a ithe le chéile. Cuidíonn an ceacht seo leis na páistí na naisc a fheiceáil idir an béile a roinn Íosa leis na deisceabail a bhuail sé leo ar an mbóthar go dtí Eamáús, agus an

Béile Eocairisteach a roinneann lucht leanúna Íosa inniu ag an Aifreann. Is féidir linn, freisin, láithreach Chríost a mhothú, díreach mar a rinne an bheirt deisceabal, nuair a ghlacaimid páirt iomlán san Aifreann.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Eocairist:** Tagann an focal 'Eocairist' ó fhocal Gréigse a chiallaíonn 'buíochas'. Is í an Eocairist ceann de sheacht sacraimintí na hEaglaise Caitlicí. Is minic a úsáidimid an focal 'Eocairist' nuair a labhraímid ar an Aifreann.
- **Sácráil:** An t-ainm ar an gcuid sin den Aifreann, nuair a athraíonn an t-arán agus an fíon go Corp agus Fuil Íosa Críost. Tarlaíonn an tSácráil i rith Phaidir Eocairisteach an Aifrinn.
- **Tras-substaintiú:** An t-ainm ar an mbealach a n-athraíonn gnáth-arán agus fíon, go Corp agus Fuil Íosa Críost ag Sácráil an Aifrinn (Eocairist). Tarlaíonn tras-substaintiú trí chumhacht an Spioraid Naoimh. I ndiaidh na Sácrála, tá Críost é féin i láthair ar bhealach fíor, réadach agus substaintiúil. Bíonn Íosa Críost i láthair sa tSacraimint Bheannaithe i ndiaidh an Aifrinn. Nuair a fhaigheann daoine an Chomaoineach Naofa i Sacraimint na nEaslán, faigheann siad an Abhlann Choisricthe a bhí coinnithe sa taibearnacal.

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

FAOI BHÉILÍ SPEISIALTA

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoi cé ba mhaith leo cuireadh a thabhairt teacht chuig bhéile speisialta. D'fhéadfadh teaghlach, cairde, fiú daoine cáiliúla a bheith san áireamh. Iarr orthu tuairisc a roinnt faoi bhéilí speisialta a roinn siad le daoine eile.

Mínigh do na páistí gur féile is ea Cáisc na nGiúdach ina ndéanann na Giúdaigh cuimhneamh, agus ina ngabhann siad buíochas le Dia as an gcaoi ar fhuascail sé a sinsir ó sclábhaíocht san Éigipt agus inar thóg sé go sábháilte iad tríd an bhfásach go dtí an Tír Tairngire. Déanann Giúdaigh an ócáid seo a cheiliúradh gach bliain le béile speisialta. An Suipéar Déanach a roinn Íosa lena aspail, an oíche sula bhfuair sé bás, béile Cháisc na nGiúdach a bhí

ann. Ach mar sin féin, d'athraigh Íosa brí bhéile Cháisc na nGiúdach trí arán agus fíon a thógáil, iad a bheannú agus iad a athrú go dtí a Chorp agus a Fhuil féin. Bhí a fhios ag Íosa go bhfaigheadh sé bás go luath ar an gCros agus go dtabharfadh sé a chorp agus a fhuil chun sinn a shábháil ó bpeaca, díreach mar a shábháil Dia clann Iosrael ó sclábhaíocht san Éigipt. Ansin d'iarr Íosa ar a lucht leanúna an rud céanna a dhéanamh faoi mar a bhí déanta aige, i gcuimhne air. Is é seo a dhéanaimid nuair a théimid chuig an Aifreann.

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'An Suipéar Déanach' ar leathanach 106 dá leabhar a léamh.

PAIDIR

Nóta: Roghnaigh léitheoir amháin.

Comhartha na Croise

Múinteoir (ag lasadh an choinneal): Agus ár gcoinneal á lasadh againn, cuimhnimid go bhfuil Dia linn.

Inniu, bhíomar ag caint faoi bhéilí a roinnt le daoine eile. Éistimis anois le sliocht ó litir Naomh Pól chuig na Corantaigh. Sa litir seo, cuimhníonn Naomh Pól ar an mbéile ba mhó a bhí ann, an Suipéar Déanach. Cuireann sé i gcuimhne dúinn an méid a dhéanaimid gach uair a théimid ar Aifreann.

Léitheoir: Sliocht as Céad Litir Naomh Pól chuig na Corantaigh.

Is é fios a fuair mé féin ón Tiarna agus a thug mé daoibhse: mar atá, an oíche a bhí an Tiarna Íosa le tabhairt ar láimh, thóg sé arán agus, ar altú dó, bhris agus dúirt: "Is é seo mo chorp atá le tabhairt suas ar bhur son; déanaigí é seo mar chuimhne orm." Mar an gcéanna tar éis na proinne thóg sé an cupa ag rá: "Is é an cupa seo an nuachonradh i mo chuid fola. Déanaigí é seo mar chuimhne orm a mhinice a ólfaidh sibh é." (1 Corantaigh 11:23-25)

Briathar an Tiarna.

Gach duine: Buíochas le Dia.

Múinteoir: Roinn cairde Íosa a bhéile deireanach ar domhan leis, ach tugann Íosa cuireadh dúinn go léir béile speisialta a roinnt leis agus lena lucht leanúna nuair a théimid ar Aifreann agus a Chorp agus a Fhuil a roinnt. Tá ár n-ainmneacha ar liosta aíochta Íosa! Agus tá súil aige go nglacaimid leis an gcuireadh.

Cuirimis críoch leis an urnaí inniu agus *An Phaidir* a rá le chéile.

Gach duine: Ár nAthair, atá ar neamh, go naofar d'ainm, go dtaga do ríocht, go ndéantar do thoil ar an talamh, mar a dhéantar ar neamh. Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu, agus maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin, agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc. Áiméan.

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

GNÍOMHAÍOCHT

CUARDACH BÍOBLA/CLEACHTADH DIALAINNE

Nóta: *Beidh bealach isteach chuig Bíobla ag teastáil ó gach páiste.*

Tosaigh trí mheabhrú do na páistí conas tagairt Scrioptúrtha a aimsiú (féach Téama 1, Ceacht 2, ‘Labhraíonn Dia Linn Tríd an mBíobla’ agus **leathanach 11 de leabhar na bpáistí**).

Ansin díriú aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 106 dá leabhar**, a thugann cuireadh dóibh trí mhír a roghnú as an liosta Scrioptúrtha a dhéanann tagairt do scéalta sa Bhíobla faoi Íosa ag roinnt béilí le daoine. Is é an tasc atá acu ná na tagairtí a aimsiú agus na véarsaí a scríobh sa dialann don Oideachas Reiligiúnach.

Seo iad na véarsaí ó na tagairtí Scrioptúrtha sin:

Matha 9:10 Ina shuí chun boird dó sa teach, tháinig mórán de na poibleacánaigh agus de na peacaigh agus shuigh siad isteach le hÍosa agus lena dheisceabail.

Marcas 2:15 Agus nuair a bhí sé ag bord ina theach, bhí mórán poibleacánach agus peacach ina suí le hÍosa agus lena dheisceabail, mar bhí mórán díobh á leanúint.

Matha 14:19 D’ordaigh sé do na sluaite luí fúthu ar an bhféar; thóg sé na cúig builíní agus an dá iasc, agus, ar dhearcadh suas chun na bhflaitheas dó, bheannaigh, bhris, agus thug na builíní do na deisceabail, agus thug na deisceabail do na sluaite iad.

Marcas 14:3 Nuair a bhí Íosa i mBeátaíne, i dteach Shíomóin, an lobhar, agus é ag bord, tháinig bean le próicín alabastair d’ola nard dhílis mhórluaigh; bhris sí an próicín alabastair, agus dhoirt sí an ola ar a cheann.

Lúcás 22:19 Ansin, thóg sé arán, agus ar altú dó, bhris, agus thug dóibh é ag rá: “Is é seo mo chorp atá le tabhairt ar bhur son. Déanaigí é seo mar chuimhne orm.”

Eoin 21:12 Dúirt Íosa leo: “Tagaigí agus ithigí.” Ní raibh sé de mhisneach ag aon duine de na deisceabail a fhiafraí de: “Cé hé thú féin?” mar go raibh fhios acu gurbh é an Tiarna é.

Lúcás 7:36 Thug duine de na Fairisínigh cuireadh dó chun proinne aige féin; agus ar dhul isteach dó i dteach an Fhairisínigh, chuaigh ina luí ag bord.

Lúcás 15:2 Agus bhí na Fairisínigh agus na scríobhaithe ag monabhar: “Glacann an duine seo peacaigh chuige,” deiridís, “agus itheann sé ina gcuibhreann.”

Nuair a bheidh an Cleachtadh Dialainne críochnaithe ag na páistí, glaoigh amach gach véarsa Scrioptúrtha, ceann i ndiaidh a chéile, agus tabhair cuireadh do pháistí éagsúla na sleachta a léamh don rang.

Ansin déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat:

- Tá téama comónta sna tagairtí Scrioptúrtha seo ar fad. Cad é?
- Cén fáth, dar leat, a thaifead scríbhneoirí an tSoiscéil na béilí seo go léir? An gceapann tú go raibh béilí a roinnt, tábhachtach d’Íosa? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?
- An gceapann tú go bhfuil ceann de na béilí sin níos speisialta nó níos tábhachtaí ná na cinn eile? Cé acu? Cén fáth? (*An Suipear Déanach - tá bunús na hEocairiste sa Cháisc agus i gcleachtadh Íosa béilí a roinnt le peacaigh*)

AN TSIÚLÓID CHUIG EAMÁÚS

Tosaigh trí a thabhairt chun cuimhne na bpáistí, cuid de na cuntais faoi Íosa ag roinnt béilí le daoine eile (compántas boird) sna Soiscéil. Ansin inis do na páistí go bhfuil siad chun scéal a chloisteáil faoi ócáid nuair a roinn Íosa Aiséirithe béile speisialta le beirt dá dheisceabail.

An tSiúlóid chuig Eamáús (Lúcás 24:13-35)

Agus an lá sin féin, bhí beirt acu ag dul go dtí baile darbh ainm Eamáús a bhí céad staid seascad ó Iarúsailéim, agus bhí siad ag comhrá le chéile faoi na nithe seo uile a bhí tar éis titim amach. Agus sa chomhrá dóibh agus sa chur trí chéile, dhruid Íosa féin leo agus shiúil lena gcois; ach bhí a súile coinnithe chun nach n-aithneoidís é. Dúirt sé leo: “Cad iad na scéala iad seo atá sibh a reic le chéile sa tslí?” Agus stad siad suas agus iad go gruama. Dúirt duine acu leis á fhreagairt – Cleopas ab ainm dó: “An tusa an t-aon duine amháin atá ag cur fút in Iarúsailéim atá in ainbhios ar na nithe a tharla ann sna laethanta seo?” Dúirt sé leo: “Cad iad na nithe?”

Dúirt siad leis: “Mar gheall ar Íosa – Nazairéanach, duine a bhí ina fháidh éifeachtach ó ghníomh agus ó bhriathar i bhfianaise Dé agus an phobail uile; mar a thug ár n-ardsagairt agus ár gcinn urra ar láimh é lena dhaoradh chun báis, agus mar a chéas siad é. Agus sinne ag súil leis gurbh eisean a bhí chun Iosrael a fhuascailt! Ach chomh maith leis an méid sin uile, tá an treas lá inniu ann ó thit na nithe sin amach. Agus go deimhin, tá mná dár muintir tar éis alltacht a chur orainn. Ar dhul go dtí an tuama dóibh go moch ar maidin, nuair nach raibh a chorp le fáil acu ann, tháinig siad agus scéala acu, fiú amháin, gur thaispeáin aingil iad féin dóibh a dúirt go bhfuil sé beo. Chuaigh cuid dár gcompánaigh go dtí an tuama ansin, agus fuair gurbh amhlaidh a bhí mar a dúirt na mná, ach ní fhaca siad é féin.”

Ansin dúirt sé féin leo: “A dhaoine gan tuiscint atá dúr ó chroí chun a bhfuil ráite



ag na fáithe a chreidiúint! Nárbh fholáir go bhfulaingeach an Críost na nithe úd chun go dtiocfadh sé isteach ina ghlóir?” Agus ag tosú dó ó Mhaois agus ó na fáithe uile, mhínigh sé dóibh na nithe a bhí sna scríoptúir uile mar gheall air féin.

Nuair a bhí siad i ngar don bhaile ar a raibh a dtíall, bhí de chuma air féin go raibh sé ag dul níos faide, agus rinne siad tathant air á rá: “Fan againn, óir tá sé i mbéal tráthnóna agus an lá siar síos cheana féin.” Chuaigh sé isteach dá réir sin chun fanacht acu. Agus ansin, nuair a bhí sé ag bord in éineacht leo, thóg sé an t-arán agus bheannaigh, bhris sé ansin agus thug dóibh é. Osclaíodh a súile agus d’aithin siad é; ach chuaigh sé ar neamhní uathu. Agus dúirt siad le chéile: “Nach raibh ár gcroí ar lasadh ionainn le linn dó bheith ag labhairt linn feadh na slí, agus é ag nochtadh na scríoptúr dúinn?”

Chuir siad chun bóthair an uair sin féin agus chuaigh ar ais go Iarúsailéim. Fuair siad an t-aon duine dhéag agus a gcompánaigh bailithe le chéile agus é de scéal acu: “Tá an Tiarna éirithe go deimhin agus chonacthas do Shíomón é.”

Agus rinne siad féin ar tharla sa tslí a aithris, agus mar a d’aithin siad é i mbriseadh an aráin.

Tar éis duit an sliocht a léamh seiceáil tuiscint na bpáistí trí na ceisteanna simplí seo a leanas a chur orthu. Tá na ceisteanna seo **ar leathanach 108 de leabhar na bpáistí freisin.**

- Cá raibh sráidbhaile Eamáús suite?
- Cad a d’fhiafraigh Íosa Aiséirithe den bheirt deisceabal nuair a bhuail sé leo?
- Cén dóchas a bhí ag na deisceabail sula bhfuair Íosa bás?
- Cén fáth a ndúirt Íosa Aiséirithe go raibh na deisceabail ‘amaideach’?
- Cad a tharla nuair a tháinig siad chuig Eamáús?
- Cathain a d’aithin na deisceabail Íosa Aiséirithe?
- Cá ndeachaigh na deisceabail ansin agus cad a

rinne siad?

- Cé eile a chonaic Íosa Aiséirithe?

Ansin tochail níos doimhne trí cheisteanna a chur cosúil le:

- Bhí an bheirt deisceabal ag imeacht ó Iarúsailéim, áit ar maraíodh Íosa trí lá roimhe sin. Cén fáth, meas tú, go raibh siad ag imeacht ó Iarúsailéim? Conas, meas tú, a raibh siad ag mothú? Cén fáth?
- Cén fáth, dar leat, ar theastaigh ó na deisceabail go bhfanadh Íosa Aiséirithe leo? An cuimhin leat am nuair a bhí tú in éineacht le duine agus go raibh sé/sí ar tí imeacht, ach dúirt



tú, ‘Fan, le do thoil, beagán níos faide?’ Cén fáth go ndearna tú sin?

- Insíonn an scéal dúinn nár aithin na deisceabail Íosa Aiséirithe go dtí gur bheannaigh sé agus gur roinn sé an t-arán agus fíon leo. Cén fáth, dar leat, gur aithin siad ansin é? Cá bhfuil Íosa Aiséirithe i láthair inniu?
- Tar éis d’Íosa iad a fhágáil, conas a rinne na deisceabail cur síos ar an gcuma a bhí orthu

nuair a chuala siad Íosa Aiséirithe ag caint leo agus ag míniú na Scriptúir dóibh? (*‘Nach raibh ár gcroí ar lasadh ionainn’*)

Tá an scéal faoin tSiúlóid chuig Eamáús ar leathanaigh 106-107 de leabhar na bpáistí freisin. Spreag na páistí chun an scéal a léamh dóibh féin agus ansin aga a chaitheamh ag plé le ‘Smaoinigh air seo ...’ ar leathanach 108.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Deir Lúcas gur ‘ag tosú dó ó Mhaois agus ó na fáithe uile, mhínigh sé dóibh na nithe a bhí sna scriptúir uile mar gheall air féin.’ B’fhéidir gur mhaith leat tuilleadh eolais a fháil faoin ráiteas seo agus Téama 1, Ceacht 3 a thabhairt chun cuimhne: ‘Labhraíonn na Fáithe Briathar Dé’. Tagraíonn an ceacht sin chuig teachtaireacht na bhfáithe faoin Mheisias.

AG COMHRÁ

FAOIN AIFREANN

Tosaigh trí a thabhairt chun cuimhne nár aithin na deisceabail Íosa Aiséirithe go dtí gur roinn sé béile leo. Léig Lúcas 24:30 arís: *‘Agus ansin, nuair a bhí sé ag bord in éineacht leo, thóg sé an t-arán agus bheannaigh, bhris sé ansin agus thug dóibh é.’*

Ansin déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat:

- Cén fáth, dar leat, gur aithin an bheirt deisceabal Íosa nuair a bhris sé an t-arán?
- Ní féidir le hÍosa Aiséirithe, an Tiarna, béilí a roinnt linn ar an mbealach céanna agus a rinne sé leo siúd. Ach, tá béile ann gur féidir linn páirt a ghlacadh ann, áit a bhfuil Íosa Aiséirithe i láthair i ndáiríre. Cén béile é sin? (*Ag an Aifreann tá an Tiarna i láthair i ndáiríre sa chomhthionól, i bpearsa an tsagairt, i mBriathar Dé a fhógraítear, agus tá sé i láthair faoin speiceas Eocairisteach freisin.*)
- Creideann Críostaithe, gur i rith Phaidir

Eocairisteach an Aifrinn, atá mar chuid de gach Aifreann, go n-athraíonn gnáth-arán agus fíon go Corp agus Fuil Íosa Críost, trí ghníomhaíocht an Spioraid Naoimh. Tugaimid **‘tras-substaintiú’** ar an athrú seo. An bhfuil sé sin furasta nó deacair duit é sin a chreidiúint? Cén fáth?

- Is féidir linn freagairt do láithreach Chríost i ndaoine eile trí ghrá a thabhairt dóibh agus trí freastal orthu. An féidir leat smaoineamh ar bhealaí inar féidir leat grá a thabhairt do dhaoine eile agus freastal orthu sa bhaile, ar scoil agus i bpobal do pharóiste? Is féidir le láithreach Dé IONAT cabhrú leat é sin a dhéanamh.

Spreag na páistí chun an t-alt dar teideal ‘Tagann Íosa Aiséirithe chugainne, freisin, ag an Aifreann’ a léamh, ar leathanach 108 dá leabhar.

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

SCÉALCHLÁR FAOIN ‘TSIÚLÓID CHUIG EAMÁÚS’

Nóta: Déan fótachóip agus gearr amach na luaschártaí (thíos) a bhaineann leis an tSiúlóid chuig Eamáús. Beidh seacht mbileog de pháipéar ealaíne agus roinnt ábhair dhathúcháin ag teastáil freisin.

- Tosaigh tríd an scéal faoin tSiúlóid chuig Eamáús a thabhairt chun cuimhne na bpáistí. Ansin mínigh dóibh gur mhaith leat go léireoidís an scéal i seacht bpictiúr. Cuirfear na pictiúir le chéile chun scéalchlár a dhéanamh.
- Tabhair cuireadh do na páistí iad féin a eagrú i seacht ngrúpa. Tabhair luaschárta amháin do gach grúpa agus iarr orthu an véarsa a léamh. Ansin tabhair cuireadh do na páistí a súile a dhúnadh – agus tabhair cúpla nóiméad dóibh

chun an radharc ar an gcárta a shamhlú.

- Tabhair bileog amháin de pháipéar ealaíne agus ábhair dhathúcháin do gach grúpa. Tabhair cuireadh do na páistí oibriú le chéile chun pictiúr a dhéanamh den radharc a ndéanann a véarsa cur síos air. Iarr orthu an véarsa a scríobh ag bun na bileoige.
- Nuair a bheidh an saothar ealaíne críochnaithe ag na páistí, tabhair cuireadh dóibh na pictiúir a thaispeáint san ord ceart ar an mballa, faoin gceannnteideal ‘An tSiúlóid chuig Eamáús’.

GLAC NÓIMÉAD

Agus na focail seo nó focail cosúil leo á n-úsáid agat, tabhair cuireadh do na páistí cúpla nóiméad a ghlacadh le haghaidh machnaimh chiúin:

Tugaim cuireadh daoibh sos a ghlacadh ar feadh nóiméid. Is féidir libh na súile a dhúnadh. Samhlaigh go dtéann tú le Cleopas agus le deisceabal eile d'Íosa ag siúl ar an mbóthar go hEamáús ... Agus tú ag taisteal, labhraíonn tú faoi imeachtaí na laethanta atá caite in Iarúsailéim ... Tá gach duine ag caint faoin méid a tharla ... Ansin tagann strainséir in éineacht libh agus is cosúil nach bhfuil aon eolas aige faoin méid a tharla in Iarúsailéim ... Níl a fhios ag an strainséir cén fáth nach gcreideann sibh sa mhéid go léir atá ráite ag na fáithe faoin bhfulaingt a bhí in ann d'Íosa ... Ansin tugann sé scéalta ó leabhair Mhaoise agus ó fáithe eile ón tSean-Tiomna chun cuimhne ...

Is cuimhin leat cuid de na scéalta a insíonn sé ... agus roinnt a raibh dearmad déanta agat orthu ... Ag titim na hoíche, stopann an ceathrar agaibh chun béile a roinnt le chéile ... Agus tú i do shuí ag an mbord, chuir focail an strainséara tú ar bís ... Ansin sé briseann sé an t-arán agus roinneann é le gach duine agaibh ... agus is ansin atá feasacht tobann ann gurb é Íosa atá ag briseadh an aráin agus á roinnt ... Tá sé mar a bheadh an Suipéar Déanach ann arís ... Agus ansin imíonn Íosa agus tá iontas oraibh go léir ... Téann sibh go léir amach agus roinneann sibh an nuacht go bhfuil 'an Tiarna aiséirithe!' ... Díreach mar a shiúil Íosa Aiséirithe leis na deisceabail ar an mbóthar go hEamáús, siúlann sé leatsa freisin ... Le do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Íosa as a bheith ag taisteal leat ... Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Chuimhnigh na páistí ar scéalta ón mBíobla faoi Íosa ag roinnt béilí le daoine. Ba é an Suipéar Déanach an béile ba thábhachtaí, béile a roinn Íosa lena aspail ar an oíche sula bhfuair sé bas. An Domhnach ina dhiaidh sin, bhí beirt de dheisceabail Íosa ag siúl go dtí sráidbhaile Eamáús, thart ar

sheacht míle lasmuigh d'Iarúsailéim. Bhuailead siad le hÍosa Aiséirithe ach níor aithin siad ar dtús é. Níor aithin na deisceabail é, go dtí gur ith siad béile le chéile. Cuireadh i gcuimhne do na páistí freisin go mbíonn Íosa Aiséirithe linn ag an Aifreann.

SIÚLÓID URNAÍ

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Tá go leor spásanna ann inar féidir siúlóid urnaí a dhéanamh: lasmuigh, i halla Corpoideachais, sa séipéal, srl. Tá go leor bealaí ann chomh maith chun go nglacfadh na páistí páirt i ngach stad, nó 'stáisiún'. Is dóichí gurb é seo an chéad siúlóid urnaí a bheidh ag na páistí, mar sin tá an ceann seo curtha le chéile go simplí.

Ullmhúchán: Beidh ort cinneadh a dhéanamh roimh ré cá bheidh an tsiúlóid urnaí. Muna bhfuil tú ag dul lasmuigh, déan iarracht atmaisféar urnaí a chruthú trí na soilse a laghdú, ceol machnamhach a sheinm, srl. Roghnaigh cúig stad. Tóg cúig phíosá páipéir A3 agus scríobh ceann amháin díobh seo a leanas ar gach píosa páipéir: Stad 1: Ár Riachtanais; Stad 2: Ár mBuíochas; Stad 3: Ár Moladh; Stad 4: Ár nDólais; Stad 5: Riachtanais Daoine Eile. Ansin cuir ceann de na píosaí páipéir seo ag gach stad.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Bhí Íosa Aiséirithe in éineacht leis an mbeirt dheisceabal agus iad ag siúl ar an mbóthar chuig Eamáús. Tugaim cuireadh daoibh inniu Siúlóid Urnaí a dhéanamh, agus is féidir libh labhairt le hÍosa, agus guí ar bhur son féin agus ar son daoine eile. Neartaíonn aon urnaí ár gcairdeas le hÍosa. Tá sé tábhachtach go mbeimid ciúin agus muid ag siúl, ionas go mbeidh sé níos éasca orainn machnamh agus guí a dhéanamh.

Siúl go dtí an chéad stad.

Múinteoir: Ag an stad seo, cuimhnímid ar ár riachtanais féin. (Sos)
Smaoinigh ar feadh nóiméid: An bhfuil aon ní ann lena dteastaíonn cabhair uait? (Sos)
An mbíonn sé deacair ort foighne a bheith agat le daoine eile? (Sos)
An mbíonn sé deacair ort a bheith cneasta agus grámhar? (Sos)
Smaoinigh ar an méid a dteastaíonn ó Dhia uait anois agus, ag baint úsáid as do ghuth inmheánach,

iarr ar Dhia anois é. (Sos)

Siúl go dtí an dara stad.

Ag an stad seo, gabhaimid buíochas le Dia. (Sos)
Smaoinigh ar feadh nóiméid faoi na nithe go léir a thug Dia duit. (Sos)
Do theaghlach, do shláinte, do chairde, do bhia, do dhídean, do ghrá. (Sos)
Uaireanta déanaimid dearmad ar an t-ádh atá orainn.
Uaireanta ní ghabhaimid buíochas as na brontannais go léir atá againn.
Smaoinigh ar cé chomh ábharach is atá tú ... smaoinigh ar na rudaí maithe i do shaol. (Sos)
Anois, ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, gabh buíochas le Dia as a fhlaithiúlacht. (Sos)

Siúl go dtí an tríú stad.

Ag an stad seo, molaimid Dia. (Sos)
Smaoinigh ar feadh nóiméid: chruthaigh Dia an domhan agus gach a bhfuil ann. (Sos)
Níl rud ar bith nach féidir le Dia a dhéanamh. (Sos)
Ní raibh aon rud riamh ann agus ní bheidh aon rud ann amach anseo a bheidh níos mó ná níos cumhachtaí ná Dia. (Sos)
Smaoinigh ar rud amháin iontach a bhaineann le Dia. Agus é sin á dhéanamh agat, tá moladh á tabhairt agat do Dhia. (Sos)
Nuair atá tú réidh, ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, tabhair moladh do Dhia. (Sos)

Siúl go dtí an ceathrú stad.



Ag an stad seo, cuimhnímid ar an ndólás atá orainn mar thoradh ar nithe éagsúla. (Sos)

Smaoinigh ar feadh nóiméid: Níl aon duine anseo foirfe. An féidir leat smaoineamh ar rud ar bith a dúirt tú nó a rinne tú le déanaí agus atá brón ort anois faoi? (Sos)

An ndearna tú magadh faoi dhuine ar bith nó ar labhair tú futhu go díobhálach? (Sos)

An amhlaidh nach raibh tú umhal dod' thuismitheoirí nó dod' chaomhnóirí, dod' mhúinteoirí, nó do dhaoine a thugann aire duit? (Sos)

Smaoinigh ar an méid a bhfuil brón ort anois faoi, agus, ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, inis le Dia go bhfuil brón ort. (Sos)

Siúl go dtí an cúigiú stad.

Ag an stad seo, cuimhnímid ar riachtanais daoine eile. (Sos)

Smaoinigh ar feadh nóiméid: Ar iarr duine ar bith ort le déanaí paidir a rá ar a son? (Sos)

An bhfuil aithne agat ar dhuine ar bith atá breoite, brónach nó uaigneach? (Sos)

An bhfuil duine ar bith i do theaghlach gur mhaith leat go ndéanfadh Dia iad a bheannú? (Sos)

Smaoinigh ar dhuine éigin gur mhaith leat guí ar a son díreach anois, agus, nuair atá tú réidh, ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, iarr ar Dhia cuidiú leo. (Sos)

Téigh ar ais go dtí an áit inar thosaigh tú an tSiúlóid Urnaí.

Múinteoir: A Íosa, ár dTiarna, thaispeáin tú, tú féin chuig na deisceabail ar an mbóthar go hEamáús chun míniú a thabhairt dóibh ar an méid nár thuig siad.

Bí linn anois agus iarracht á dhéanamh againn aithne níos fearr a chur ort. Cabhraigh linn grá a roinnt le daoine eile, agus grá a roinnt leatsa.

Cuirimis críoch anois agus *An Phaidir* á rá againn le chéile.

Gach duine: *An Phaidir*

Comhartha na Croise

Ceacht 2: Bord an Tiarna



SULA DTOSAÍONN TÚ

Féachann an clár *I nGrá Dé* gach bliain tuiscint na bpáistí a dhoimhniú agus a fhorbairt maidir leis an Eocairist, atá mar ‘foinse agus buaic na beatha críostaí ar fad’ (Lumen Gentium, uimh. 11). Sa cheacht seo déanaimid iniúchadh ar struchtúr an Aifrinn mar a fhreagraíonn sé don eispéaras a bhí ag Íosa lena lucht leanúna ar an mbóthar go Eamáús. Ar an aistear sin, thaistil an bheirt deisceabal le hÍosa, d’éist siad leis agus na Scrioptúir á miniú aige dóibh, roinn siad béile le chéile, agus, nuair a d’imigh Íosa as a radharc, rinne siad a mbealach ar ais go Iarúsailéim chun an méid a chuala agus a chonaic siad a insint do na deisceabail eile. Deir *Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí* (uimh. 1347) dúinn gur cóir go mbeadh gach ceiliúradh na hEocairiste mar an gcéanna le

heispéaras na ndeisceabal ag Eamáús, - teacht le chéile, éisteacht le agus iarracht déanta chun Briathar Dé a thuiscint, roinnt na hEocairiste, agus imeacht ‘faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha’. (Na Deasghnátha Deiridh).

Scrúdaíonn an ceacht seo na ceithre phríomhchuid den Aifreann: na Deasghnátha Tosaigh, Liotúirge an Bhriathair, Liotúirge na hEocairiste agus na Deasghnátha Deiridh. An bealach is fearr chun cuidiú leis na páistí an tAifreann a thuiscint, áfach, ná chun deis a thabhairt dóibh freastal air. Dá bhrí sin, bheadh sé oiriúnach ceiliúradh Aifreann ranga a eagrú le cabhair ó shagart áitiúil, nó na páistí a thabhairt chuig Aifreann na maidine leis an bpobal áitiúil.

EOCHAIRFHOCAIL

- **Na Deasghnátha Tosaigh:** Tús an Aifrinn.
- **Liotúirge an Bhriathair:** An chuid sin den Aifreann nuair a éistimid le Briathar Dé, nuair a dhéanaimid machnamh air, agus nuair a ghuímid ar son ár gcuid riachtanas.
- **Liotúirge na hEocairiste:** An chuid sin den Aifreann nuair a ghabhaimid buíochas le Dia as gach rud atá againn. Athraítear an t-arán agus an fíon go Corp agus Fuil Íosa Críost, a ghlacaimid sa Chomaoineach Naofa.
- **An Phaidir Eocairisteach:** Tá an Phaidir Eocairisteach ag croílár Liotúirge na hEocairiste. Is paidir bhuíochais do Dhia an tAthair í. Deir an ceiliúraí (sagart nó easpag), a sheasann in áit Chríost, an Phaidir Eocairisteach thar ceann na ndaoine go léir.
- **An tSácráil:** An t-ainm a thugaimid ar an gcuid sin den Phaidir Eocairisteach nuair a athraítear an t-arán agus an fíon go Corp agus Fuil Íosa Críost.
- **Na Deasghnátha Deiridh:** An chuid deiridh den Aifreann.

NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Roinnt ábhar dathúcháin do gach páiste
- Leathanach A4 agus roinnt ábhar dathúcháin do gach páiste
- Smaoineamh ar shocrúithe a dhéanamh chun an tseirbhís urnaí deiridh sa téama seo a dhéanamh sa séipéal. B’fhéidir gur mhaith leat iarraidh ar shéiplíneach na scoile cabhrú leat.

Féachaimis ...

AG COMHRÁ

FAOI EISPÉIRIS AN AIFRINN

Tosaigh trí iarraidh ar na páistí ransú smaointe a dhéanamh ar an rudaí a tharlaíonn ag an Aifreann (*m.sh. éist le sleachta ón mBíobla; Comaoineach Naofa a ghlacadh; comhartha síochána a mhalartú, srl.*) Cláraigh na nithe seo ar an gclár bán agus sábháil iad, más féidir leat (ionas gur féidir leat filleadh orthu níos déanaí sa cheacht).

Ansín déan comhrá leis na páistí faoin Aifreann, ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An cuimhin leat an tAifreann nuair a fuair tú Comaoineach Naofa den chéad uair? Inis dúinn faoi.
- Cathain a bhraitheann tú go mbíonn Aifreann speisialta ann? An mbíonn sé speisialta mar gheall ar na hamhráin? Na ceoltóirí? An é

go léann an léitheoir sa chaoi is gur mhaith leat éisteacht? An bhfuil sé nuair a thairgtear Comaoineach duit ón gcailís agus cabhraíonn sé seo leat toisc go bhfuil éadulaingt ar ghlútan agat? An freastalaí altóra tú agus is maith leat an fhreagracht a thugtar duit?

- Cén fáth, dar leat, go mbíonn aifreann comórtha againn do dhaoine a fuair bás? An gceapann tú gur smaoineamh maith é sin? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?

Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal 'Eispéiris an Aifreann' ar leathanach 110 dá leabhar a léamh. Sa sliocht seo déanann beirt pháiste cur síos ar an eispéireas a bhí acu ag an Aifreann agus an chaoi a mhothaigh siad.

CLEACHTADH DIALAINNE

AIFREANN SPEISIALTA

Dirigh aire na bpáistí chuig an gCleachtadh Dialainne **ar leathanach 110 dá leabhar** a thugann cuireadh dóibh cur síos a dhéanamh ar na cuimhní atá acu faoi Aifreann speisialta a ghlac siad páirt ann.

PAIDIR

Nóta: Tá an phaidir seo bunaithe ar an *Sanctus* (Is Naofa, Naofa...) agus ar *Phaidir Eocairisteach III*.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Inniu bhíomar ag caint faoi na rudaí a tharlaíonn ag an Aifreann. Deirimid go bhfuil an t-Aifreann 'naofa' toisc go mbaineann sé le Dia; is é an bealach is speisialta atá againn chun bualadh le Dia agus le pobal Dé agus le Dia a adhradh mar phobal.

Ceann de na paidreacha a deirimid ag an Aifreann ná an *Sanctus*, (Is Naofa, Naofa, Naofa thú...). Is é an chéad líne den phaidir seo ná – *Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua* – as Leabhar Íseáia, fáidh. Deirimis (nó canaimis) an líne sin le chéile anois.

Gach duine: Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.

Múinteoir: A Thiarna, is Naofa thú go firinneach, agus gach dúil a chruthaigh tú, molann sé thú mar is dual duit.

Gach duine: Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.

Múinteoir: Óir le cumhacht an Spioraid Naoimh,

trí do Mhac, ár dTiarna, Íosa Críost, déanann tú gach rud a bheochan agus a naomhú.

Gach duine: Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.

Múinteoir: Agus bíonn tú de shíor ag bailiú pobail chugat féin, ionas go mbeadh íobairt ghlan á hofráil do d'ainm, ó éirí go luí na gréine.

Gach duine: Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.

Múinteoir: Guímis an *Sanctus* ar fad le chéile anois.

Gach duine: Is Naofa, Naofa, Naofa thú, a Thiarna Dia na Slua.

Tá neamh agus talamh lán de do ghlóir.

Hósanna sna harda.

Is beannaithe an té atá ag teacht in ainm an Tiarna. Hósanna sna harda.

Comhartha na Croise

Cuimhnigh, cuireadh a thabhairt do na páistí a gcuid leabhar a thógáil abhaile leo agus dul i dteagmháil leis an leathanach dar teideal Sa Bhaile lena dtuismitheoirí/caomhnóirí ag am cuí ag deireadh na seachtaine.

AG COMHRÁ

FAOIN MÉID A THARLAÍONN AG AN AIFREANN

Nóta: D'fhoghlaim na páistí faoi struchtúr an Aifrinn gach bliain ó Rang a hAon/B3.

Na Deasghnátha Tosaigh (Bailimid le chéile)

Bailíonn Pobal Dé le chéile chun an tAifreann a cheiliúradh. Bailimid mar phobal creidimh. D'fhéadfadh daoine a bheith i láthair ag an Aifreann nach Críostaithe fós iad, ach atá ag ullmhú le bheith ina mbaill den Eaglais trí shacraimintí an Baisteadh, Cóineartú agus an chéad Chomaoineach Naofa a cheiliúradh.

- Cá dtagaimid le chéile don Aifreann?
- Cén fáth a mbailimid le chéile? (*Mar go ndéanann Dia cumarsáid níos iomláine linn nuair a bhailimid le chéile mar phobal Dé seachas a bheith ag guí linn féin. Bailimid 'in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh'.)*
- Cuireann an sagart fáilte romhainn sula dtosaíonn sé ar an Aifreann. Tá focail fáilte éagsúla ann go bhféadfadh an sagart a úsáid. Ceann díobh seo ná, 'Go raibh an Tiarna libh.' Conas a thugaimid freagra? (*'Agus le do spiorad'*)
- Le linn na Deasghnátha Tosaigh, guímid an *Fhaoistin Choiteann* chun a rá le Dia agus le daoine eile go bhfuil brón orainn as aon rud mícheart a rinneamar. Tugaimid an *Gníomh Aithrí* air seo. Cén fáth, dar leat, a dhéanaimid é sin? (*Chun muid féin a ullmhú chun an tAifreann a cheiliúradh*)
- Leanaimid le *A Thiarna, déan trócaire ansin.*
- Ina dhiaidh sin, tugaimid moladh do Dhia sa *Ghlóir*.

Liotúirge an Bhriathair (Éistimid)

Sa chuid seo den Aifreann, éistimid leis na léachtaí agus leis na sleachta as an mBíobla. Ní scéalta faoi Dhia iad seo. Is Briathar Dé iad.

- As cén leabhar a léann na léitheoirí? (*Leicseanár*)
- Cé a léann an Soiscéal? (*Sagart nó deochain*)
- Cé mhéad léacht atá ann ar an Domhnach? (*An Chéad léacht, an Dara Léacht, an Salm agus an Soiscéal*).
- Cad a thugaimid ar an áit inar léitear ón leicseanár? (*ambó*)

- Tá dhá Chré ann gur féidir linn a rá ag an Aifreann. Cad a thugtar orthu? (*An Chré Nicé-Chathair Chonstaintín agus Cré na nAspal*). Príomh-fhírinní an chreidimh Chríostaí atá liostaithe san dá Chré.
- As cén chuid den Bhíobla a thagann an Chéad Léacht de ghnáth? (*An Sean-Tiomna, ach amháin i séasúr na Cásca, nuair a thagann sé ó Gníomhartha na nAspal, atá sa Tiomna Nua*)
- As cén leabhar den Bhíobla a thagann an salm le freagra? (*Leabhar na Salm*)

Liotúirge na hEocairiste (Gabhaimid buíochas)

Sa chuid seo den Aifreann gabhaimid buíochas le Dia as gach rud atá againn agus as gach rud a rinne Dia dúinn.

- Cad a chiallaíonn an focal 'Eocairist'? (*buíochas*)
- Cad a thugaimid ar an gcuid sin den Aifreann ina dtugtar bronntanas aráin agus fíona chun na haltóra? (*An Ofráil/Ullmhú na mBronntanas*)
- Cén phaidir a ghuíonn an sagart le linn Liotúirge na hEocairiste? (*Paidir Eocairisteach*)
- Cad as a dtugaimid buíochas do Dhia? (*Gabhaimid buíochas le Dia ach go háirithe as bronntanas a Mhic, Íosa, a thabhairt dúinn; as obair iomlán an tslánaithe, nó as gnéithe áirithe de*)
- Cá seasann an sagart le linn an chuid seo den Aifreann? (*ag an altóir*)
- Cé leis na focail agus na gníomhartha a úsáideann an sagart le linn na Socrála, nuair a bheannaíonn sé an t-arán agus an fíon agus nuair a deir sé na focail a dúirt Íosa ag an Suipéar Déanach? (*Focail agus gníomhartha Íosa*) Cad iad na focail a deir an sagart ag an tSocráil? (*'Glacaigí agus ithigí uile as seo: óir is é seo mo Chorp a thabharfar ar bhur son.' Ansin deir sé, 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa.'*)
- I rith cén phaidir a tharlaíonn an tSocráil? (*Paidir Eocairisteach*)
- Cén téarma a úsáidimid nuair a athraíonn an t-arán agus an fíon go Corp agus Fuil Chríost? (*Tras-substaintiú*)
- Cad is brí leis an bhfocal 'Alleluia'? (*Moladh*)



le Dia) Cén fáth, dar leat, a chanaimid nó a deirimid 'Alleluia' roimh an Soiscéal a léamh?

- Úsáidtear an Homaile chun láithreachta Íosa Críost a fhógairt agus chun cabhrú linn Briathar Dé a chur i ngníomh. Cé a thugann an Homaile de ghnáth?

(deochain, sagart nó easpag)

- I nGuí an Phobail, deirtear paidreacha ar son na hEaglaise, ar son ceannairí na tíre agus an domhain, dóibh siúd atá i ngátar, agus ar son gach duine ar domhan. Críochnaíonn gach paidir leis na focail, 'A Thiarna, éist linn'. Conas a thugaimid freagra? (A Thiarna, bí ceansa agus éist linn)
- Gabhann an Phaidir Eocairisteach buíochas leis an Athair as gach a thug sé dúinn in Íosa Críost. Guímis (nó canaimis) an Sanctus (Is Naofa, Naofa) agus an Comhgháir Cuimhneacháin anois. Tá siad seo mar chuid den Phaidir Eocairisteach.

Deasghnáth na Comaoineach (Ithimid)

Nóta: Is é Deasghnáth na Comaoineach an chuid dheireanach de Liotúirge na hEocairiste.

- Cé a mhúin An Phaidir dúinn? (Tá sé, i ndáiríre, an t-aon phaidir amháin a mhúin Íosa dá lucht leanúna. Nuair a ghuímid an Phaidir ag an Aifreann, is bealach eile é chun ár n-aontacht mar chreidmhigh in Íosa Críost a thaispeáint.)

- Nuair a thagaimid ar aghaidh chun an Eocairist a fháil, cad a fhaighimid i ndáiríre? (Corp agus Fuil Íosa Críost)
- Cén fáth go bhfaighimid an Eocairist? (Chun an neart a fháil maireachtáil cosúil le hÍosa)
- Nuair a deir an sagart nó ministir eile 'Corp Chríost', nó 'Fuil Chríost' linn, conas a thugaimid freagra? (Áiméan)

Na Deasghnátha Deiridh (Imimid)

Ag deireadh an Aifrinn cuireann an sagart beannacht ar an bpobal agus molann sé, nó an deochain, dúinn taispeaint go bhfuil Íosa á leanúint againn.

- Cad a deir an sagart/deochain ag deireadh an Aifrinn? (Ceann de na ráitis seo: 'Imígí, tá an tAifreann thart'; nó 'Imígí le Soiscéal an Tiarna a fhógairt'; nó 'Imígí faoi shíocháin ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha'; nó 'Imígí faoi shíocháin'). Cuirtear amach muid chun maireachtáil cosúil le hÍosa.

Dírigh aire na bpáistí chuig leathanaigh 111-112 dá gcuid leabhar, áit ar féidir leo tuairiscí ar an gceithre chuid den Aifreann a léamh. Spreag na páistí dul i dteagmháil leis an ngníomhaíocht 'Smaoinigh air seo ...' ar leathanach 112.

DÁN

CUIMHNIGH

Cuimhnigh

Cuimhnigh nuair a thosaigh tú ar scoil.
Bhí tú chomh beag gur suíodh tú ar stól.
Cuimhnigh!

D'fhoghlaim tú conas léamh agus scríobh.
D'fhoghlaim tú conas tarraingt is guí.
Cuimhnigh!

Agus cuimhnigh gur fhoghlaim tú faoi ghrá,
Chun cabhrú le daoine eile nuair is gá.
Cuimhnigh!

Anois ar scoil is sinne na daoine fásta.
Cabhraigh linn, a Dhia, a bheith cneasta.
Cuimhnigh!

Léigh an dán faoi dhó do na páistí. Ansin cuir na ceisteanna seo a leanas orthu:

- Cad a roinn Íosa agus a chairde le chéile?
- Cathain a roinn Íosa agus na hAspail arán agus fíon?
- Cathain a chuirimid béim ar an gcuimhne áirithe seo?

GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

ORD A CHUR AR CHODANNA AN AIFRINN

Tabhair cuireadh do na páistí na codanna seo a leanas den Aifreann a chur in alt a chéile:

- ‘In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. Áiméan.’
- An Gníomh Aithrí.
- An Ghlóir.
- An Chéad Léacht, An Salm le freagra agus an

Dara Léacht.

- An Soiscéal.
- An Phaidir Eocairisteach.
- An tSácráil.
- Deasghnáth na Comaoineach.
- An Beannacht Deiridh.

CLEACHTADH DIALAINNE

AG CUIMHNEAMH AR AN SUIPÉAR DÉANACH

Nóta: Beidh ábhair dhathúcháin ag teastáil ó na páistí don ghníomhaíocht seo.

Samhlaigh go raibh tú ar dhuine de na haspail ag an Suipéar Déanach, agus gur chaith tú trí bhliain roimhe sin le hÍosa – á leanúint, ag éisteacht leis na

rudaí a dúirt sé agus ag breathnú ar an mbealach inar rinne sé caidreamh le daoine eile. Cláraigh sa dialann don Oideachas Reiligiúnach roinnt imeachtaí ó shaol Íosa a tháinig chun cuimhne duit agus tú ag roinnt an béile deireanach sin leis. Úsáid líníochtaí, focail agus/nó siombailí.

Mairimis ...

CAD A MHÚIN TÚ?

Tá struchtúr an Aifrinn le feiceáil san eispéireas a bhí ag na deisceabail ar an mbóthar chuig Eamáús: bailiúnn lucht leanúna Íosa le chéile, éistean siad le Briathar Dé sna Scrioptúir, roinneann siad béile i láthair Íosa Aiséirithe, agus ansin téann siad chun

grá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile. Ba cheart dúinne, freisin, imeacht ón Aifreann réidh le léiriú i mbriathar agus i ngníomh gur lucht leanúna Íosa sinn.

AG COMHRÁ

SULA NDÉANANN TÚ AN GHNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

- Díriú aire na bpáistí chuig an ghníomhaíocht ‘Cuimhnigh ar an tSiúlóid chuig Eamáús’ **ar leathanach 110 dá leabhar**. Ansin féach an féidir leo cuimhneamh ar an méid a rinne na deisceabail, a bhuail le hÍosa Aiséirithe ar an mbóthar, tar éis dó imeacht uathu. (*Rith na deisceabail ar ais go Iarúsailéim chun a insint do na daoine eile an méid a bhí feicthe agus cloiste acu.*)
- Mínigh do na páistí nár chríochnaigh an scéal tar éis dóibh teacht ar ais go Iarúsailéim. Bhí na deisceabail sin agus na daoine eile spreagtha ag an eispéireas in Eamáús chun forbairt a chur leis an luath-Eaglais Chríostaí. Ag an Aifreann, tugtar treoir dúinn freisin faoi conas is féidir linn cuidiú leis an Eaglais a chothú sa lá atá inniu ann.
- Tabhair cuireadh do na páistí an t-alt dar teideal ‘Leanann an Scéal ar aghaidh Inniu’ **ar leathanach 112 dá leabhar** a léamh. Treisíonn an ghníomhaíocht sin an méid atá foghlamtha acu, agus cuireann sé in iúl dóibh gur cóir dúinne, freisin, imeacht ón Aifreann réidh le léiriú i mbriathar agus i ngníomh gur lucht leanúna Íosa sinn.
- Ag an deireadh, tabhair cuireadh do na páistí a súile a dhúnadh ar feadh nóiméid fad is a threoraíonn tú iad chun machnamh a dhéanamh ina dtost ar na ceisteanna seo:
 - » Tar éis an Aifrinn, b’fhéidir nár mhaith leat rith amach ar na sráideanna chun a insint do dhaoine cad a tharla ag an Aifreann, ach an bhfuil bealaí eile ann ina bhféadfá a thaispeáint gur leantóir Íosa tú? (Sos)
 - » Smaoinigh ar do theaghlach sa bhaile. An bhfuil bealaí ann ina bhféadfá a bheith foighneach, grámhar nó lúcháireach le baill eile do theaghlach? (Sos)
 - » Anois smaoinigh ar ár rang. An bhfuil bealaí ann ina bhféadfá síocháin, maitheas agus uaisleacht a thaispeáint do pháistí eile sa rang? (Sos)
 - » Mar fhocal scoir, smaoinigh ar an bpobal ina bhfuil cónaí ort. An bhfuil bealaí ann ina bhféadfá a bheith níos flaithiúla le daoine i do phobal? (Sos)

GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

LEANANN SCÉAL EAMÁÚS AR AGHAIDH INNIU

Nóta: Beidh leathanach bán A4 agus roinnt ábhair dhathúcháin ag teastáil do gach páiste.

- Déan an páipéar agus na hábhair dhathúcháin a dháileadh ar na páistí.
- Tabhair cuireadh dóibh imlíne a mbróg a tharraingt ar an leathanach agus é a ghearradh amach.

- Ansin tabhair cuireadh dóibh scríobh/léiriú laistigh den bhróg bealach amháin inar féidir leo a thaispeáint gur leantóirí Íosa iad nuair fágann siad an tAifreann – trí grá a thaispeáint do Dhia agus do dhaoine eile sa bhaile, ar scoil nó sa phobal áitiúil.

NÓTA DON MHÚINTEOIR: Is sa séipéal an áit is oiriúnaí don tseirbhís urnaí. B’fhéidir gur mhaith leat iarraidh ar do shéiplíneach scoile a bheith libh. Mura féidir é sin a dhéanamh, bíodh sé sa seomra ranga agat. Iarr ar na páistí suí timpeall nó gar don spás urnaí. Mura féidir é sin a dhéanamh, iarr ar na páistí a gcuid cathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.

Nóta: Roghnaigh naonúr Léitheoir.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Seasaimis chun an t-amhrán oscailte a chanadh.

Amhrán: Can iomann nó amhrán oiriúnach.

Comhartha na Croise

Múinteoir: Ag tús an Aifrinn stopaimid agus déanaimid smaoineamh ar ghrá Dé. Tá grá ag Dia dúinn i gcónaí, fiú nuair nach mairimid agus nuair nach roinnimid grá mar a d'iarr Íosa orainn. Bíonn Dia ag fanacht linn i gcónaí filleadh ar ais go dtí a ghrá. Smoinimis ar na hamanna sin anois. (Sos)

Léitheoir 1: A Thiarna Íosa, tá tú cairdiúil le cách. A Thiarna, déan trócaire.

Gach duine: A Thiarna, déan trócaire.

Léitheoir 2: A Íosa Críost, tháinig tú chun a insint dúinn faoi Dhia. A Chríost, déan trócaire.

Gach duine: A Chríost, déan trócaire.

Léitheoir 3: A Thiarna Íosa, léirigh tú dúinn go bhfuil grá ag Dia do chách. A Thiarna, déan trócaire.

Gach duine: A Thiarna, déan trócaire.

Múinteoir: Guímis an *Fhaoistin Ghinearálta* le chéile anois, faoi mar a dhéanaimid ag an Aifreann.

Gach duine: Adhmaim do Dhia uilechumhachtach, agus daoibhse a bhráithre, gur pheacaigh mé go trom, le smaoineamh agus le briathar, le gníomh agus le faillí, trí mo choir féin, trí mo choir féin, trí mo mhórchoir féin.

Ar an ábhar sin, impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh, ar na hAingil agus ar na Naomh, agus oraibhse, a bhráithre, guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia. Áiméan.

Múinteoir: Is é an chéad rud eile a dhéanaimid ag an Aifreann ná éisteacht le sleachta ón mBíobla, Briathar Dé. Déanaimis é sin anois.

Suíonn na páistí.

Léitheoir 4: Sliocht ó Íseáia, faidh.

*Ná bíodh eagla ort, tá mise i d'fhochair;
ná bíodh faitíos ort, mar is mé do Dhia.
Cuirimse neart ionat agus cuidím leat,
coinním suas le mo dheasláimh bhuach thú.
(Íseáia 41:10)*

Briathar an Tiarna.

Gach duine: Buíochas le Dia.

Seasann gach duine agus cantar 'Alleluia'

Múinteoir: Guímis chuig Dia a chosnaíonn agus a chothaíonn sinn lena Bhriathra sláintiúla.

Léitheoir 5: Ar son _____ ár bPápa, _____ ár n-easpag (easpaig), _____ ár sagart (sagairt) agus gach ball den Eaglais. Go mbeimis ag obair le chéile chun Íosa a chur in iúl do dhaoine eile, faoi mar a rinne na deisceabail ar an mbóthar chuig Eamáús. A Thiarna, éist linn.
Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 6: Ar son ceannairí na tíre agus an domhain.

Go mbeidis spreagtha ag teachtaireacht an ghrá a thug Íosa dúinn, chun domhan sábháilte agus síochánta a thógáil. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 7: Ar son siúd atá tinn, brónach nó uaigneach.

Go dtabharfaidh an Tiarna céanna, a bhuail leis na deisceabail ar an mbóthar go hEamáús, suaimhneas agus leigheas dóibh ag an am seo. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 8: Ar son gach duine againn atá bailithe anseo inniu.

Go dtabharfaidh an Spiorad Naomh neart dúinn chun leanúint ar aghaidh le grá a thabhairt do Dhia agus don chomharsa mar a mhúin Íosa dúinn. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Léitheoir 9: Ar son siúd a fuair bás.

Go dtabharfaidh Dia fáilte shíoraí dóibh ar neamh. A Thiarna, éist linn.

Gach duine: A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Múinteoir: D'iarr Íosa ar a lucht leanúna guí ar an mbealach a mhúin sé dóibh. Mar sin, seasaimis



agus guímis *An Phaidir* le chéile.

Gach duine: Ár nAthair, atá ar neamh,
go naofar d'ainm,
go dtaga do ríocht,
go ndéantar do thoil ar an talamh
mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
agus maith dúinn ár bhfiacha,
mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
agus ná lig sinn i gcathú,
ach saor sinn ó olc. Áiméan.

Múinteoir: A Dhia ghrámhair,
tabhair dúinn radharc na súl chun tú a fheiceáil faoi

mar a chonaic na deisceabail tú ar an mbóthar go hEamáús.

Tabhair dúinn an éisteacht chun do Bhriathar a chloisteáil agus a thuiscint.

Tabhair croíthe oscailte dúinn chun cabhrú leo siúd a dteastaíonn cabhair uathu.

Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna.

Gach duine: Áiméan.

Múinteoir: Fágaimis an áit seo anois, mar a rinne na deisceabail, réidh le dea-scéala ghrá Dé a roinnt le daoine eile.

Comhartha na Croise

Luaschartaí don 'tSiúlóid chuig Eamáús'

Bhí beirt de lucht leanúna Íosa ag dul go dtí baile darbh ainm Eamáús ...

Agus sa chomhrá dóibh agus sa chur trí chéile, dhruid Íosa féin leo agus shiúil lena gcois; ach bhí a súile coinnithe chun nach n-aithneoidís é.

Agus ag tosú dó ó Mhaois agus ó na fáithe uile, mhínigh sé dóibh na nithe a bhí sna scríoptúir uile mar gheall air féin.

Agus ansin, nuair a bhí sé ag bord in éineacht leo, thóg sé an t-arán agus bheannaigh, bhris sé ansin agus thug dóibh é.

Osclaíodh a súile agus d'aithin siad é; ach chuaigh sé ar neamhní uathu.

Chuir siad chun bóthair an uair sin féin agus chuaigh ar ais go Iarúsailéim. Fuair siad an t-aon duine dhéag agus a gcompánaigh bailithe le chéile.

Agus rinne siad féin ar tharla sa tslí a aithris, agus mar a d'aithin siad é i mbriseadh an aráin.

